

**‘A Bhfuil ar Iarraidh’**  
**Gannionadaíocht na mban i stair na Gaeilge agus ról**  
**Ainm.ie in athshlánú scéalta ban**

Orlaith Hickey, B.A., M.A.

Tráchtas PhD a cuireadh faoi bhráid Fiontar & Scoil na Gaeilge,  
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU)

Stiúrthóirí: An Dr Úna Bhreathnach, Fiontar & Scoil na Gaeilge, DCU  
An Dr Pádraig Ó Liatháin, Fiontar & Scoil na Gaeilge, DCU

Nollaig 2025

## **Dearbhú**

Dearbhaím leis seo gurb é mo shaothar féin amháin an t-ábhar seo atá á leagan isteach agam i gcomhair measúnaithe ar an gclár staidéir le haghaidh na dámhachtana PhD agus go bhfuil gach cúram réasúnach glactha agam a dheimhniú, agus tá na rialacháin agus dearbhú a bhaineann le hIntleacht Shaorga Ghiniúnach comhlíonta agam, ar feadh m'eolais, gur saothar bunaidh é seo nach sáraíonn aon dlí cóipchirt, agus nár baineadh as saothar aon duine eile é ach amháin agus a mhéid go luaitear agus go n-aithnítear an saothar sin laistigh de théacs mo shaothairse.

**Sínte:** Orlaith Hickey (Iarrthóir)

**Uimhir Aitheantais:** 21269315

**Dáta:** 12/12/2025

## Nóta Buíochais

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le gach duine a chabhraigh liom agus an tráchtas seo á scríobh agam. Tá mo bhuíochas ag dul ar an gcéad dul síos do mo stiúrthóirí, an Dr Úna Bhreathnach agus an Dr Pádraig Ó Liatháin. Roinn sibh bhur gcuid ama, bhur gcuid tuisceana, agus bhur gcuid saineolais go fial, go flaithiúil, agus go leanúnach ón gcéad lá den togra seo. Tá mé go mór faoi bhur gcomaoin dá bharr sin. Go raibh míle maith agaibh!

Táimse buíoch chomh maith don Dr Brian Ó Raghallaigh as an ról mar bhall painéil neamhspleách a ghlacadh don togra taighde seo, agus don Dr Gearóidín Uí Laighléis, agus don Dr Deirdre Nic Mhathúna as a bheith ar phainéil éagsúla le linn an aistir. Gabhaim buíochas le mo (iar)chomhghleacaithe ar fad in Fiontar & Scoil na Gaeilge, an Ceann Scoile, an Dr Gearóidín Uí Laighléis, agus na hiar-Chinn Scoile, an Dr Ciarán Mac an Bhaird, agus an tOllamh Ciarán Mac Murchaidh. Bhí sé de phribhléid agam a bheith mar chuid d'fhoireann chomh fáilteach agus cabhrach le linn na ceithre bliana. Caithfidh mé buíochas a thabhairt d'fhoireann taighde Gaois, idir baill reatha agus iarbhaill, as an gcomhairle, cuidiú, agus as na comhráite sna hoifigí, agus don riarthóir Tara Nic Cana agus don iar-riarthóir, Clare Coughlan as bhur gcabhair ar fad i rith an phróisis. Táimse buíoch chomh maith do mhaoinitheoirí an togra, An Roinn Forbartha Pobail agus Tuaithe agus Gaeltachta.

Táim go mór faoi chomaoin ag an Ollamh Ciarán Mac Murchaidh, Alma Ní Bhroin, Micheál Ó Conghaile, agus foireann agus iarbhaill fhoirne ar fad Ainm.ie, as fáilte mhór a chur romham freastal ar bhur gcruinnithe, as tacaíocht a thabhairt don taighde idir lámha agam, agus as cuidiú go mór dom i bhfoirm comhráite agus agallaimh chun scéal an bhunachair a insint. Anuas air sin, is mian liom buíochas a thabhairt d'údair na sraithe leabhar *Beathaisnéis*, Diarmuid Breathnach a cailleadh ar 13 Samhain 2023, suaimhneas síoraí dá anam, agus Máire Ní Mhurchú. Murach a gcuid oibre ceannródaíche, bheadh easnaimh ollmhóra inár stair agus na mílte scéalta 'ar iarraidh'.

Míle buíochas do gach éinne a ghlac pháirt in agallaimh an taighde seo, roinn sibh eolas luachmhar agus spéisiúil liom, gan é nach mbeadh tráchtas críochnúil agam. Mo bhuíochas freisin le foireann an *Dictionary of Irish Biography* agus an *Indigenous Australian Dictionary of Biography* as cuidiú liom agus as bhur dtuairimí a roinnt liom. Caithfidh mé buíochas a thabhairt d'fhoireann na leabharlainne in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus i gColáiste na Rinne, agus foireann na cartlainne i dTaisce Cheol Dúchais Éireann, san Oireachtas, agus in Ollscoil na Gaillimhe as cabhrú liom teacht ar fhoinsí. Is mór an tionchar a bhíonn ag múinteoirí ar na conair a roghaíonn a ndaltaí, agus tá mé thar a bheith buíoch do Mary

Loughnane agus Eugene Cahill i bPobalscoil Charraig Uí Leighin. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil freisin le stiúrthóir mo thráchtais M.A, an Dr Síle Ní Mhurchú i gColáiste na hOllscoile Corcaigh.

Is iomaí cara agus ball teaghlaigh a chuidigh liom i slí amháin nó eile san aistear seo, go raibh míle maith agaibh uilig. Is mian liom mo bhuíochas a chur in iúl do mo chairde i gcúirt an PhD, Méabh, Dara, Craig, Pól, Cáit, agus Rachel, agus do na hiarmhic léinn PhD in Gaois a chuidigh liom le linn an turais seo, Justin, Jamie, agus Michelle. Mo cheol sibh uilig, agus míle buíochas daoibh. Ba mhian liom mo bhuíochas a ghabháil le mo dheartháireacha Diarmuid agus Cormac, as bhur dtuiscint agus bhur gcabhair leanúnach le linn na ceithre bliana in ainneoin na n-athruithe móra in bhur saolta. Ar deireadh, teastaíonn uaim mo bhuíochas a ghabháil do mo thuistí, Tom agus Josephine. Is mór agam an tacaíocht agus spreagadh a thugann sibh dom ar bhonn laethúil, as a bheith ann i gcónaí in amanna an ghátair, as an spéis a mhúscail sibh ionainn triúr i gcúrsaí staire, agus as bhur ndóchas a chur ar snámh “i mbáidín teangan” bhur bpáistí. Beidh mé buíoch go deo daoibh.

## Admhálacha na mBeathaisnéisí

Gabhaim buíochas leis na daoine seo a leanas agus d'éinne eile a chuir eolas ar fáil dom faoi na beathaisnéisí sa taighde seo:

Síobhra Aiken (Eithne Ní Chumhaill)

Úna Bhreathnach (Róisín Mhic Dhonnchadha)

Róisín Conlon (Gráinne Yeats)

Aengus Finnegan (Seosaimhín Ní Mhuirí)

Maeve Gebreurs (Gráinne Yeats)

Níoclás Óg Mac Craith (Nóra Ní Chinnéide)

Colm Mac Gearailt (Eibhlín Ní Shúilleabháin; Helena Uí Choncheanainn)

Seán Mac Labhraí (Charlotte Milligan Fox; Máire Nic a Liondain)

Alma Ní Bhroin (Máire Ní Cheallacháin; Maggie Dirrane; Bríd Iarnáin)

Ríona Nic Congáil (Áine, Bríd agus Cáit Stac)

Aoibheann Nic Dhonnchadha (Nóra Ní Chinnéide; Cáit Tóibín; Máire Ní Dhroma)

Aileen Nic Suibhne (Gráinne Ní Eaghraín)

Deirdre Ní Chonghaile (Maggie Dirrane; Sidney Robertson Cowell; Bríd Iarnáin)

Caoimhe Nic Lochlainn (Marion King)

Róisín Ní Ghairbhí (Eilís Ní Mhurchadha; Mary Shinkwin Ievers)

Ailbhe Ní Ghearbhuigh (Cáit Ní Dhonnchadha)

Gearóid O'Brien (Seosaimhín Ní Mhuirí)

Stiofán Ó Cadhla (Nóra Ní Chinnéide)

Brian Ó Catháin (Neans de Paor; Máire de Paor; Mary Kate McGurl)

Justin Ó Gliasáin (Elizabeth Zouche Fitzgerald; Maggie Dirrane)

Pádraig Ó Liatháin (Bríd Uí Ógáin)

Diarmuid Ó Maoileoin (Bairbre Ní Fhualáin; Móirín Chavasse)

Jamie Ó Murchú (Mary Blyth)

Cáit Pléimíonn (Róis Ní Dhochartaigh)

Noel Sharkey (Máire Nic a Liondain)

Gearóid Trimble (Máire Nic a Liondain; Máire Ní Néill)

Caitríona Yeats (Gráinne Yeats)

## **Tiomnú**

Tá an tráchtas seo tiomnaithe dom' mham, Josephine.

Ar iasacht

a thug sí dom í

sractha óna béal aici

# Clár an Tráchtais

|   |           |
|---|-----------|
| Dearbhú .....   | i         |
| Nóta Buíochais.....   | ii        |
| Admhálacha na mBeathaisnéisí.....   | iv        |
| Tiomnú.....   | v         |
| Liosta Giorrúchán.....  | x         |
| Liosta na bhFigiúirí .....  | xi        |
| Liosta na dTáblaí .....   | xii       |
| Achoimre.....   | xiii      |
| <b>Réamhrá an Tráchtais.....</b>  | <b>1</b>  |
| a. Brollach.....  | 1         |
| b. Cúlra agus Réasúnaíocht an Taighde .....                                       | 1         |
| i. #cábhfuilnamná? .....  | 2         |
| ii. Doiciméadú Beathaisnéiseach na mBan sa Ghaeilge .....                         | 2         |
| iii. Mná & Tionscadail Bheathaisnéisí .....                                       | 3         |
| iv. Réasúnaíocht an Taighde .....   | 3         |
| c. Ceisteanna agus Cuspóirí an Taighde .....                                      | 4         |
| d. Leagan Amach an Tráchtais.....   | 4         |
| <b>Caibidil 1. Comhthéacs an Taighde: <i>Beathaisnéis &amp; Ainm.ie</i> .....</b> | <b>6</b>  |
| 1.1. <i>Beathaisnéis</i> (1986–2007) .....  | 6         |
| 1.1.1. Diarmuid Breathnach & Máire Ní Mhurchú .....                               | 6         |
| 1.1.2. Tús Aistir .....   | 7         |
| 1.1.3. ‘Gach sórt duine’: Ábhair <i>Beathaisnéis</i> .....                        | 9         |
| 1.1.4. Cur Chuige .....   | 10        |
| 1.1.5. Amlíne.....  | 11        |
| 1.1.6. Deacrachtaí.....   | 11        |
| 1.1.7. Clú na Sraithe.....  | 12        |
| 1.2. <i>Ainm.ie</i> (2011– .....  | 13        |
| 1.2.1. Rannpháirtithe <i>Ainm</i> .....   | 13        |
| 1.2.2. Maoiniú <i>Ainm.ie</i> .....   | 15        |
| 1.2.3. Ó <i>Beathaisnéis</i> go <i>Ainm.ie</i> .....                              | 16        |
| 1.2.4. Obair Reatha an Tionscadail .....  | 17        |
| 1.3. Conclúid na Caibidle.....  | 29        |
| <b>Caibidil 2. An Bheathaisnéis &amp; an Bhean.....</b>                           | <b>30</b> |
| 2.1. An tSaolscribhneoireacht & an Bheathaisnéis .....                            | 30        |
| 2.1.1. An Bheathaisnéis Ghaeilge .....  | 31        |
| 2.1.2. Beathaisnéisí & Athshlánú Scéalta Ban .....                                | 31        |
| 2.1.3. “And what is greatness?”: Critic ar an mBeathaisnéis .....                 | 32        |
| 2.2. Saghsanna Cnuasaigh Bheathaisnéisí .....                                     | 32        |
| 2.2.1. Cén Saghas Beathaisnéise é <i>Ainm.ie</i> ?.....                           | 35        |
| 2.3. Tionscadail na mBeathaisnéisí.....   | 35        |
| 2.3.1. Dictionary of National Biography & Oxford DNB .....                        | 35        |
| 2.3.2. Dictionary of Irish Biography .....  | 37        |
| 2.3.3. Dictionary of Ulster Biography.....  | 38        |
| 2.3.4. Timpeall na Cruinne.....   | 40        |
| 2.4. An Bheathaisnéis agus an Ré Dhigiteach.....                                  | 42        |
| 2.4.1. Dúshlán na Ré Dhigití.....   | 43        |
| 2.4.2. Buntáistí an Digitithe .....   | 43        |
| 2.4.3. Anailís Líonra: Ré Nua Eile? .....   | 45        |
| 2.5. Conclúid na Caibidle.....  | 47        |
| 2.5.1. Ionadaíocht na mBan i gCnuasaigh Bheathaisnéisí.....                       | 48        |

|   |            |
|---|------------|
| <b>Caibidil 3. Ionadaíocht na mBan in Ainm.ie .....</b>                           | <b>51</b>  |
| 3.1. Scagadh ar Bheathaisnéisí na mBan in <i>Beathaisnéis &amp; Ainm.ie</i> ..... | 51         |
| 3.1.1. Amlíne & Dátaí .....   | 52         |
| 3.1.2. Tíreolaíocht .....   | 58         |
| 3.1.3. Líon Focal .....   | 59         |
| 3.1.4. Gairmeacha Beatha .....  | 60         |
| 3.1.5. Oideachas .....  | 61         |
| 3.1.6. Ainmneacha Cleite .....  | 62         |
| 3.2. Todhchaí na bhForbairtí Ionadaíochta .....                                   | 63         |
| 3.2.1. Dul chun cinn na hIonadaíochta go dtí seo .....                            | 63         |
| 3.2.2. Athruithe Féideartha.....  | 65         |
| 3.3. Conclúid na Caibidle.....  | 69         |
| <br>  |            |
| <b>Caibidil 4. Teoiricí an Fheimineachais sa Taighde seo.....</b>                 | <b>71</b>  |
| 4.1. An Fheimineachas.....  | 71         |
| 4.1.1. Aidhmeanna an fheimineachais .....   | 73         |
| 4.1.2. Dúshláin agus critic an fheimineachais .....                               | 73         |
| 4.2. Teoiric an fheimineachais .....  | 73         |
| 4.2.1. Fréamhacha na Teoirice .....   | 75         |
| 4.2.2. Modhanna Taighde Fheimineacha .....  | 75         |
| 4.3. Teoiric Fheimineach na nIldearthaí.....                                      | 76         |
| 4.3.1. Naisc le Teoiricí Eile.....  | 77         |
| 4.3.2. Prionsabail Theoiric Fheimineach na nIldearthaí .....                      | 77         |
| 4.3.3. Tábhacht na Teoirice.....  | 79         |
| 4.3.4. Critic ar an Teoiric seo .....   | 80         |
| 4.3.5. An Teoiric sa Taighde seo.....   | 80         |
| 4.4. Teoiric Iarchoilíneach an Fheimineachais .....                               | 81         |
| 4.4.1. Iarchoilíneachas .....   | 82         |
| 4.4.2. Idé-eolaíochtaí Iarchoilíneacha agus a dTionchar ar Mhná.....              | 84         |
| 4.4.3. Buntáistí na Teoirice .....  | 87         |
| 4.4.4. Critic ar an Teoiric seo .....   | 88         |
| 4.4.5. An Teoiric sa Taighde seo.....   | 89         |
| 4.5. Conclúid: Teoiricí sa Taighde seo .....                                      | 90         |
| 4.5.1. Ábharthacht na dTeoiricí.....  | 90         |
| 4.5.2. Úsáid na dTeoiricí sa Taighde seo .....                                    | 91         |
| <br>  |            |
| <b>Caibidil 5. Fearainn na mBan i Stair na Gaeilge .....</b>                      | <b>93</b>  |
| 5.1. “dignified and decorous”: Mná na Gaeilge .....                               | 94         |
| 5.1.1. Mná i Réimsí na bhFear .....   | 94         |
| 5.1.2. “they do muche harme”: Baic roimh na Banfhilí agus Banfhiannaithe.....     | 96         |
| 5.2. Réimse Samplach 1: An Caoineadh.....   | 97         |
| 5.2.1. An Caoineadh: Réimse Ban?.....   | 98         |
| 5.2.2. Fir Caointe .....  | 101        |
| 5.2.3. Stádas Tairseachúil & Imeachaithe na gCaointe sa Stair.....                | 102        |
| 5.3. Réimse Samplach 2: Fadscannánaíocht na Gaeilge .....                         | 104        |
| 5.3.1. Réimse Iasachta?.....  | 105        |
| 5.3.2. Scannánaíocht na Gaeilge .....   | 106        |
| 5.3.3. Fadscannánaíocht na hÉireann: “a boy’s club”? .....                        | 108        |
| 5.4. Conclúid: Fearainn Inscneacha? .....   | 110        |
| 5.4.1. Súil Siar: Teoiric Iarchoilíneach an Fheimineachais.....                   | 111        |
| 5.4.2. Súil Siar: Teoiric Fheimineach na nIldearthaí .....                        | 112        |
| <br>  |            |
| <b>Caibidil 6. Modheolaíocht an Taighde .....</b>                                 | <b>114</b> |
| 6.1. Cur Chuige Taighde na Staire .....   | 114        |
| 6.1.1. Lionsa an Fheimineachais .....   | 115        |
| 6.1.2. Buntáistí an Chur Chuige .....   | 115        |
| 6.1.3. Dúshláin an Chur Chuige .....  | 115        |
| 6.2. Critéir na mBeathaisnéisí Nua .....  | 116        |
| 6.2.1. Critéir an Taighde seo .....   | 117        |

|  |     |
|--|-----|
| 6.2.2. Sainchritéir an Taighde seo .....             | 119 |
| 6.2.3. Clabhsúr ar Chritéir an Taighde .....         | 122 |
| 6.3. Céim 1: Bailiú Sonraí.....                      | 122 |
| 6.3.1. Anailís Doiciméad.....                        | 122 |
| 6.3.2. Agallaimh.....                                | 127 |
| 6.4. Céim 2: Anailís Sonraí.....                     | 130 |
| 6.4.1. Sáithiú Sonraí.....                           | 130 |
| 6.4.2. Anailís Théamach .....                        | 131 |
| 6.5. Céim 3: Scríobh suas, Scaipeadh & Stóráil ..... | 132 |
| 6.5.1. Scríobh Suas.....                             | 133 |
| 6.5.2. Scaipeadh Torthaí .....                       | 133 |
| 6.5.3. Cúrsaí Stórála.....                           | 133 |
| 6.6. Conclúid: Achoimre ar an Modheolaíocht .....    | 134 |
| 6.6.1. Bailiú Sonraí .....                           | 134 |
| 6.6.2. Anailís Sonraí.....                           | 135 |
| 6.6.3. Scríobh Suas & Stóráil .....                  | 135 |

## **Caibidil 7. Príomhbheathaisnéisí an Tionscadail..... 137**

|   |     |
|---|-----|
| 7.1. NIC A LIONDAIN, Máire ( <i>fl.</i> 1755).....                  | 139 |
| 7.1.1. “a musician and a composer by blood”: Dúchas Mhailligh ..... | 140 |
| 7.1.2. Mailligh agus a “many sweet songs” .....                     | 141 |
| 7.1.3. Agallaimh Bheirte .....                                      | 143 |
| 7.1.4. Deireadh a Saoil.....  | 143 |
| 7.1.5. Foinsí na Beathaisnéise .....                                | 144 |
| 7.2. NÍ CHINNÉIDE, Nóra (1859–1936).....                            | 146 |
| 7.2.1. Béaloideas agus Bailitheoirí.....                            | 147 |
| 7.2.2. “her kitchen was an academy” .....                           | 147 |
| 7.2.3. “Grásta na Foighne Chugainn” .....                           | 148 |
| 7.2.4. Bás & a “rian pearsanta banúil” .....                        | 149 |
| 7.2.5. Foinsí na Beathaisnéise .....                                | 150 |
| 7.3. DIRRANE, Maggie (1899–1995).....                               | 151 |
| 7.3.1. <i>Man of Aran</i> .....                                     | 151 |
| 7.3.2. Londain & <i>Oidhche Sheanchais</i> .....                    | 152 |
| 7.3.3. <i>Première Scannáin &amp; Seal i Nua Eabhrac</i> .....      | 154 |
| 7.3.4. <i>Songs of Aran</i> .....                                   | 155 |
| 7.3.5. An “Woman of Aran” .....                                     | 156 |
| 7.3.6. Foinsí na Beathaisnéise .....                                | 156 |
| 7.4. YEATS, Gráinne (1925–2013).....                                | 158 |
| 7.4.1. <i>Repertoire</i> Ghráinne.....                              | 159 |
| 7.4.2. Taighdeoir Mionchúiseach.....                                | 161 |
| 7.4.3. Duaiseanna .....   | 161 |
| 7.4.4. Teagasc & Cairde na Cruite .....                             | 162 |
| 7.4.5. Oidhreacht Ghráinne .....                                    | 162 |
| 7.4.6. Foinsí na Beathaisnéise .....                                | 163 |

## **8. An Taighde ar Mhná ‘ar iarraidh’ ..... 165**

|  |     |
|--|-----|
| 8.1. Scagadh ar Bheathaisnéisí an Taighde seo.....       | 165 |
| 8.1.1. Ainmníocht agus Údarhacht.....                    | 166 |
| 8.1.2. Amlíne & Dátaí.....                               | 170 |
| 8.1.3. Tíreolaíocht.....                                 | 173 |
| 8.1.4. Oideachas.....                                    | 177 |
| 8.1.5. Cúiseanna Cáile.....                              | 179 |
| 8.1.6. Foinsí Bheathaisnéisí an Taighde.....             | 188 |
| 8.2. “An tsíleáil ghloine”: Ról na mBan sa tSochaí ..... | 193 |
| 8.2.1. An Lámh in Uachtar: Cumhacht sa tSochaí .....     | 193 |
| 8.3. Conclúid na Caibidle.....                           | 197 |

|  |            |
|--|------------|
| <b>Conclúid an Tráchtais .....</b>   | <b>198</b> |
| a. Brollach.....   | 198        |
| b. Freagraí ar na Ceisteanna Taighde.....  | 198        |
| 1. Cén fáth nach bhfuil ach thart ar 10% de na beathaisnéisí in Ainm.ie faoi mhná? ..... | 198        |
| 2. Cé hiad na mná nach bhfuil a gcuid scéalta curtha i láthair go fóill? .....           | 199        |
| 3. Cad is féidir a dhéanamh chun cur le hionadaíocht na mban? .....                      | 200        |
| c. Súil Siar ar Aidhmeanna an Taighde.....   | 202        |
| d. Tábhacht an Taighde.....  | 203        |
| e. Srianata agus Laigí an Taighde.....   | 204        |
| f. Toghcháin agus Moltáin .....  | 205        |
| g. Críoch .....  | 206        |
| <br>   |            |
| <b>Leabharliosta.....</b>  | <b>209</b> |
| <b>Aguisín A: Mionbheathaisnéisí.....</b>  | <b>237</b> |
| <b>Aguisín B: Ceisteanna na n-Agallamh .....</b>   | <b>355</b> |
| <b>Aguisín C: Próiseas na hEitice.....</b>   | <b>360</b> |
| <b>Aguisín D: Eolas faoi Ainm.ie .....</b>   | <b>376</b> |

## Liosta Giorrúchán

**ADB:** Australian Dictionary of Biography

**ANB:** American National Biography

**ARÉ:** Acadamh Ríoga na hÉireann (*The Royal Irish Academy*)

**BPD:** Bardic Poetic Database

**BT:** Bantracht na Tuaithe (*Irish Countrywomen's Association*)

**CARÉ:** Ceol Acadamh Ríoga na hÉireann (*The Royal Irish Academy of Music*)

**CBÉ:** Cnuasach Bhéaloideas na hÉireann

**CIC:** Cló Iar-Chonnacht

**COBÁC:** An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

**DAB:** Dictionary of American Biography

**DIB:** Dictionary of Irish Biography

**DBF:** Dictionnaire Biographie Française

**DNB:** Dictionary of National Biography

**DNZB:** Dictionary of New Zealand Biography

**DUB:** Dictionary of Ulster Biography

**eDIL:** Electronic Dictionary of the Irish Language

**EAC:** Equality Action Committee

**FÉ:** Fís Éireann (*Screen Ireland*)

**FSG:** Fiontar & Scoil na Gaeilge, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

**IADB:** Indigenous Australian Dictionary of Biography

**LNÉ:** Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

**MACMORRIS:** Mapping Actors and Contexts: Modelling Research in Renaissance Ireland in the Sixteenth and Seventeenth Century

**NUWGA:** National University Women' Graduates Association

**OCBÁC:** Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

**ODAB:** Oxford Dictionary of African Biography

**ODNB:** Oxford Dictionary of National Biography

**RECIRC:** The Reception and Circulation of Early Modern Women's Writing, 1550–1700

**RTÉ:** Raidió Teilifís Éireann

**SDFB:** Six Degrees of Francis Bacon

**SPIL:** Cumann Buan-Choimeádta na Gaeilge (*The Society for the Preservation of the Irish Language*)

**ÚAO:** An tÚdarás um Ard-Oideachas (*The Higher Education Authority*)

**WFT:** Women in Film and Television Ireland

## Liosta na bhFigiúirí

|   |     |
|---|-----|
| Figióir 1: Diarmuid Breathnach (1930–2023) & Máire Ní Mhurchú, údair <i>Beathaisnéis</i> .....                    | 7   |
| Figióir 2: Clúdaigh <i>Beathaisnéis</i> .....   | 9   |
| Figióir 3: Beathaisnéis agus bosca eolais ar Ainm.ie.....   | 25  |
| Figióir 4: Líonra Nuala Ní Dhomhnaill (c.1575–c.1630) ar shuíomh MACMORRIS. ....                                  | 46  |
| Figióir 5: Ionadaíocht na mban i gcnuasaigh bheathaisnéisí timpeall na cruinne.....                               | 49  |
| Figióir 6: Líon na mban in imleabhair Beathaisnéis .....  | 52  |
| Figióir 7: Líon na mban in Ainm.ie de réir dáta breithe .....   | 53  |
| Figióir 8: Amlíne beathaisnéisí reatha Ainm.ie de réir dáta breithe .....   | 54  |
| Figióir 9: Amlíne beathaisnéisí reatha an DIB de réir dáta breithe.....   | 55  |
| Figióir 10: Comparáid idir líon na mban in Ainm.ie agus sa DIB de réir dáta bhreithe .....                        | 56  |
| Figióir 11: Amlíne beathaisnéisí reatha nasctha leis an nGaeilge sa DIB de réir dáta breithe.....                 | 57  |
| Figióir 12: Ionadaíocht na mban ó thaobh contaetha na hÉireann de in Ainm.ie de réir áit breithe. ....            | 58  |
| Figióir 13: Líon na mban ó thaobh thíortha nach Éire de in Ainm.ie de réir áit breithe. ....                      | 59  |
| Figióir 14: Dáileadh líon focal i mbeathaisnéisí na mban in Ainm.ie.....  | 60  |
| Figióir 15: Ionadaíocht na mban in Ainm.ie de réir dátaí báis (%).....  | 64  |
| Figióir 16: Sampla ón scarbhileog mheiteashonraí ábhair bheathaisnéisí an taighde seo.....                        | 118 |
| Figióir 17: Nóra Ní Chinnéide (Leabharlann Phort Láirge 1935).....  | 146 |
| Figióir 18 & 19: Gairdín Neaineo & Ballán Neaineo (glactha ag Orlaith Hickey ar 15/07/2024). ....                 | 149 |
| Figióir 20: Maggie Dirrane (glactha ag Mrs. Frances Flaherty)- CBÉ An Bailiúchán Grianghraf, D018.01.00015.....   | 151 |
| Figióir 21: Oidhche Sheanchais (Ní fios cé a ghlac) CBÉ An Bailiúchán Grianghraf, M003.01.00504 .....             | 152 |
| Figióir 22: Maggie Dirrane in 1964 (glactha ag Heinz Papst) (BBAG.00123) . ....                                   | 156 |
| Figióir 23: Gráinne Yeats (ó ITMA).....   | 158 |
| Figióir 24: Amlíne beathaisnéisí mhná Ainm.ie agus an tionscadail seo de réir dáta breithe.....                   | 171 |
| Figióir 25: Ionadaíocht na mban ó thaobh contaetha na hÉireann de sa tionscadal PhD seo de réir áit breithe. .... | 174 |
| Figióir 26: Cluaisín ‘Amlíne’ Ainm.ie.....  | 378 |
| Figióir 27: Ainmneacha cleite agus eile atá faoin gcluaisín ‘Téamaí’ in Ainm.ie.....                              | 379 |

## Liosta na dTáblái

|   |     |
|---|-----|
| Tábla 1: Saghsanna cnuasaigh bheathaisnéisí.....                                      | 34  |
| Tábla 2: Tionscadail bheathaisnéisí timpeall na cruinne .....                         | 40  |
| Tábla 3: Na gairmeacha beatha is coitianta i mbeathaisnéisí reatha Ainm.ie .....      | 61  |
| Tábla 4: Staitisticí ar oideachas ábhar beathaisnéisí reatha Ainm.ie .....            | 61  |
| Tábla 5: Ainmneacha cleite ábhair beathaisnéisí na mban in Ainm.ie. ....              | 63  |
| Tábla 6: Sainchritéir an taighde seo (Cuid A).....                                    | 120 |
| Tábla 7: Sainchritéir an taighde seo (Cuid B).....                                    | 121 |
| Tábla 8: Catagóirí na n-agallamh.....   | 127 |
| Tábla 9: Céimeanna na hanailíse téamaigh sa taighde seo. ....                         | 131 |
| Tábla 10: Ainmneacha cleite ábhair beathaisnéisí na mban sa taighde seo. ....         | 167 |
| Tábla 11: Na cúiseanna cáile is coitianta i mbeathaisnéisí mhná an taighde seo.....   | 180 |
| Tábla 12: Naisc idir beathaisnéisí ban an taighde seo agus beathaisnéisí Ainm.ie..... | 189 |

# Achoimre

## ‘A Bhfuil ar Iarraidh’

### Gannionadaíocht na mban i stair na Gaeilge agus ról Ainm.ie in athshlánú scéalta ban

Orlaith Hickey

Déanann an taighde seo ceist ionadaíocht na mban a chíoradh maidir le [Ainm.ie](http://Ainm.ie), an Bunachar Náisiúnta Beathaisnéisí Gaeilge. Ag tús an tionscadail seo, bhí 185 beathaisnéis faoi mhná sa bhunachar as 1,794 beathaisnéis (10.31%). Tháinig formhór bheathaisnéisí an bhunachair óna réamhtheachtaí, an tsraith leabhar *Beathaisnéis* (1986–2007), le Diarmuid Breathnach agus Máire Ní Mhurchú. I réamhrá an chúigiú himleabhar den tsraith, mhol na húdair dóibh siúd a aithníonn bearnaí, “forlíonadh dar teideal ‘A Bhfuil ar Iarraidh’ a chur le chéile” (1997, 13). Ceist chigilteach, phráinneach, agus idirnáisiúnta is ea an cheist seo, agus is fadhb fhorleathan í gannionadaíocht na mban i mbunachair bheathaisnéisí timpeall na cruinne. Chuir tionscadail bheathaisnéisí ar nós an [Oxford Dictionary of National Biography](http://Oxford Dictionary of National Biography) agus an [Australian Dictionary of Biography](http://Australian Dictionary of Biography) rompu dul i ngleic le tearcléiriú ghrúpaí ar leith trí thionscadail ‘daoine ar iarraidh’ (*missing persons*) a chur i gcrích. Tá dhá phríomhaidhm ag an taighde seo mar sin:

1. Na hiontrálacha faoi mhná atá in Ainm.ie cheana féin a chíoradh agus comparáid a dhéanamh idir meiteashonraí na mbeathaisnéisí sin.
2. Na heasnaimh i dtaca le bearnaí in ionadaíocht na mban a aimsiú agus tús a chur lena líonadh.

Tríd an scagadh a rinneadh, bhíothas in ann tuiscint níos fearr a fháil ar shaolta na mban a bhfuil a mbeathaisnéisí sa bhunachar, agus bunchritéir a leagan amach do na beathaisnéisí a roghnaíodh mar chuid den tionscadal PhD seo. Tá ceithre príomhbheathaisnéis ionadaíocha (1,500–2,500 focal) i gcorp an tráchtais: Máire Nic a Liondain (*fl.* 1755), Nóra Ní Chinnéide (1859–1936), Maggie Tom Dirrane (1899–1995), agus Gráinne Yeats (1925–2013). Cuirtear 181 beathaisnéis de na mná eile a aimsíodh i bhfoirm mionbheathaisnéise (150–250 focal) in Agusín A an tráchtais. Faightear cur síos sa tráchtas seo ar chúiseanna ghannionadaíocht na mban i stair na teanga agus na gcnuasach beathaisnéisí, beathaisnéisí 185 mhná ‘ar iarraidh’, agus moltaí maidir le leanúnachas an tionscadail athshlánaithe beathaisnéisí seo.

## Réamhrá an Tráchtais

Ba mhian linn daoine dearmadta a chur in aithne arís do léitheoirí na Gaeilge agus níorbh fhada i mbun oibre dúinn nuair ba rí-léir an phráinn a bhí leis (1993, 14).

### a. Brollach

Is mar seo a rinne Diarmuid Breathnach agus Máire Ní Mhurchú cur síos ar na príomhaidhmeanna a bhí acu ag seoladh *Beathaisnéis a Trí* (1992) ag Scoil Merriman in Eanáir 1993. Is ar na mná atá ina “[n]daoine dearmadta” nó “ar iarraidh” i gcomharba na sraithe seo, [Ainm.ie](#), a dhírítear aird sa tráchtas seo. Is é [Ainm.ie](#) an Bunachar Náisiúnta Beathaisnéisí Gaeilge, a seoladh in 2011, agus a sholáthraíonn beathaisnéisí daoine mór le rá i stair na teanga atá imithe ar shlí na fírinne. Mar aon lena réamhtheachtaí, is mná iad thart ar dhuine as gach deichniúr d’ábhair bheathaisnéisí an bhunachair. As 1,794 beathaisnéis a bhí sa bhunachar ag tús obair pháirce an tionscadail seo, ba faoi mhná 185 dóibh, is é sin 10.31%<sup>1</sup>.

Tuigtear gur léiriú é seo ar staid na mban i stair na teanga agus mar sin, cíortar ceist na gannionadaíochta i réimsí saoil, tréimhsí ama, agus áiteanna ar leith chun teacht ar na scéalta atá ar iarraidh le fonn iad a fhógairt agus a n-áit i stair na teanga a thabhairt ar ais do na mná seo. Dírítear isteach ar ionad na mban i stair na mbeathaisnéisí chomh maith toisc go dtuigtear gur fadhb idirnáisiúnta atá anseo le bunachair bheathaisnéisí, go bhfágtar mná mar athsmaoineamh, fonóta, nó eireaball ar stair agus ar bheathaisnéisí na bhfear. Sa réamhrá seo, déantar cur síos ar na príomhchúiseanna, an fáth gur tugadh faoin taighde seo anois, agus ar réamhtheachtaí an taighde seo. Pléitear na ceisteanna taighde agus cuspóirí an taighde seo, mar aon le cur síos ar a bhfuil i gceist le gach caibidil agus aguisín den tráchtas seo.

### b. Cúlra agus Réasúnaíocht an Taighde

Is tionscadal ‘daoine ar iarraidh’ é an tionscadal seo ag tógáil ar an obair atá déanta i ngort na mbeathaisnéisí faoi athshlánú saolta ban agus i léann na Gaeilge faoin tost baineann i ndoiciméadú stair na teanga. Go bhfios don taighdeoir, is é seo an chéad iarracht taighde ar leith a dhéanamh ar mhná i mbeathaisnéisí na Gaeilge. Ciallaíonn sé sin gur leathan an scóip thaighde agus go mbeidh tuilleadh oibre ag teastáil i réimsí ar leith. Sa phlé seo, leagtar cúlra an taighde amach, cén spreagadh a bhí ann, cad atá déanta sa ghort, agus cén fáth a bhfuil gá leis anois.

---

<sup>1</sup> Dáta aimsithe na staitisticí: 02/11/2023.

### i. #cábhfuilnamná?

B'fhadhb í tearcléiriú na mban a d'admhaigh údair réamhtheachtaí an bhunachair, *Beathaisnéis*. Luaigh Breathnach agus Ní Mhurchú a gcuid iarrachtaí líon beathaisnéisí na mban a ardú in alt a scríobhadar le haghaidh *Studia Hibernica* in 2001 (2001b, 19) agus ina n-ochtú himleabhar den tsraith (2003, 13). Tháinig an cheist chun cinn arís tar éis d'fhoireann [Ainm.ie](http://Ainm.ie) freastal ar an gcomhdháil *Biographical Data in a Digital World* i mí Aibreáin, 2015 (Agallamh GÓC)<sup>2</sup>. Ba i mí na Samhna 2019 a seoladh baisc beathaisnéisí d'ochtair a tharraing aird ar an ngannionadaíocht ban sa bhunachar beathaisnéisí [Ainm.ie](http://Ainm.ie).

... scaoil muid amach saghas baisc beathaí ... agus fir a bhí iontu ar fad agus bhí muid saghas náirithe... agus tharraing duine éigin aird air ar Twitter ag an am... '#cábhfuilnamná?' (Agallamh CME, 00:24:14)<sup>3</sup>.

Ba é carnadh na gcúiseanna thuas an spreagadh atá taobh thiar den tionscadal seo ar cuireadh tús leis in 2021<sup>4</sup>. Fuarthas amach go han-luath gur snáth coiteann gannionadaíocht na mban idir na tionscadail mhóra beathaisnéisí timpeall na cruinne, agus thar gach réimse i stair na teanga. Dá dheasca seo, tugtar faoi ghrinnanailís orthu siúd ar fad le linn an taighde seo.

### ii. Doiciméadú Beathaisnéiseach na mBan sa Ghaeilge

There are two tragedies here: the undoubted reality that women have played a small part in literary composition and the fact that much of the part they did play has gone unnoticed and unpublished (Harris 1995, 34).

Ó na 1980idí i leith, tá borradh tagtha ar líon na bhfoilseachán faoi mhná i stair na teanga, go háirithe stair litríochta chló na teanga. I measc an taighde seo, tá saothar Shíobhra Aiken, Angela Bourke, Mháire Ní Annracháin, Mhuireann Ní Bhrolcháin, Ríona Nic Congáil, Bhríona Nic Dhiarmada, Mháirín Nic Eoin, Nuala Ní Dhomhnaill, Ríona Ní Fhrighil, Tríona Ní Shíocháin, agus Ríonach Uí Ógáin, gan ach dornán a lua. Maidir le beathaisnéisí, is iad *B'ait leo bean: Gnéithe den Idé-eolaíocht Inscne i dTraidisiún Liteartha na Gaeilge* (Nic Eoin 1998), *Field Day Anthology IV & V* (Bourke et. al 2002), agus an leabhar beathaisnéisí dátheangach *Dictionary of Munster Women Writers* (O'Toole et. al 2005)<sup>5</sup> na saothair a sholáthraíonn

<sup>2</sup> Agallamh 1c an taighde seo. Agalláí: Gearóid Ó Cleircín (GÓC). Dáta an agallaimh: 13 Feabhra 2024

<sup>3</sup> Agallamh 1b an taighde seo. Agalláí: Conchúr Mag Eacháin (CME). Dáta an agallaimh: 23 Feabhra 2024.

<sup>4</sup> Ó thosaigh an taighde seo, tháinig alt amach san iris chultúir *Nós* dar teideal 'Gan aon athrú ar chéatadán na mban ar Ainm.ie tar éis ceithre bliana' i mBealtaine 2023 (Ó Coimín).

<sup>5</sup>Ba iad Gearóidín Nic Cárthaigh agus Síle Ní Chochláin a chuir an t-ábhar Gaeilge in eagar sa chnuasach seo.

beathaisnéisí nó eolas beathaisnéiseach faoi mhná na Gaeilge. Má bhreathnaítear, áfach, ar an traidisiún béil nó ar stair na n-eagraíochtaí agus na ngníomhaithe teanga, is tearc iad na scéalta saolta atá ar fáil faoi mhná iontu. Táthar ag súil leis, mar sin, gur féidir cur leo agus scéalta nua a sholáthar le linn an taighde seo.

### iii. Mná & Tionscadail Bheathaisnéisí

“... a matter of necessity, not an afterthought” (Baigent 1993, 829)

Tar éis iarrachtaí an *Dictionary of National Biography* líon na mban a ardú trína imleabhar ar *Missing Persons* (Nicholls 1993) a fhoilsiú, ba mar seo a rinne Elizabeth Baigent cur síos ar an athrú a bhí tagtha ar ionadaíocht na mban san fhoclóir. Lean tionscadail eile a lorg ag iarraidh cur le líon na mban agus grúpaí mionlaigh eile, faoi mar a rinne an *Australian Dictionary of Biography* (Konisho 2018) agus iad ag iarraidh réiteach a fháil ar an “cult of forgetfulness” i stair na tíre (Stanner 1968; 2012, 149). Is ag iarraidh tionscadal mar seo a chur in oiriúint do stair na teanga atá an taighde sa tráchtas seo. Tá cúinsí eile, ar ndóigh, cosúil le stádas mionlaithe agus stair breachthaifeadta na teanga (Bhreathnach et. al 2019; Clarke agus McKibben 2021; Ó Torna 2005), a chuireann leis an tost atá le feiceáil i dtaifeadtaí baineanna beathaisnéiseacha na teanga. Os a choinne sin, is spéisiúil gur fadhb fhorleathan í an ghannionadaíocht ban sna bunachair beathaisnéisí, mar a phléitear i gCaibidil 2. Cuirtear athruithe critéar nó meoin i bhfeidhm in amanna chun na bearnaí ionadaíocha seo a líonadh, agus scrúdaítear féidearthachtaí na n-athruithe sin sa chás seo i gCaibidil 2.

### iv. Réasúnaíocht an Taighde

“If we lose the past how can we appreciate the present or imagine the future?” (Jenkinson 2004, 39).

Is as léirmheas a scríobh Bidy Jenkinson ar an ochtú himleabhar de *Beathaisnéis* a thagann an sliocht seo, sliocht a chuimsíonn an géarghá le taighde beathaisnéiseach na teanga. Go dtí go bhfuil tuiscint cheart againn ar staid na mban go stairiúil sa teanga agus a n-ionchur ar an stair sin, conas is féidir linn staid na mban faoi láthair a thuiscint, agus conas is féidir linn pleanáil don todhchaí? Is é seo croílár réasúnaíocht an taighde seo. Is le fonn leas a bhaint as an mborradh atá tagtha ar thaighde bunaithe ar shaolta ban atá an taighde seo. Táthar ag súil leis gur féidir breathnú ar an taighde seo mar bhunchloch de shaghas maidir le hathshlánú scéalta mhná na teanga.

### **c. Ceisteanna agus Cuspóirí an Taighde**

Feictear go bhfuil tagairtí don trí mhórchéist taighde ar fud an tráchtais seo. Is ó 1560 go dtí an lá atá inniu ann a thagann na beathaisnéisí atá in [Ainm.ie](http://Ainm.ie). Níl teorainn tíreolaíochta i gceist le [Ainm.ie](http://Ainm.ie) agus ní dhírítear ar réimse ar leith den teanga, agus is mar an gcéanna an scéal é sa taighde seo, agus fáiltítear roimh ábhair ó thréimhse ama níos luaithe. Ciallaíonn sé sin gur i bhfad agus i ngearr a bhí an cuardach don taighde agus gur fíorleathan scóip an taighde dá dheasca sin. Beartaíodh, mar sin, díriú isteach ar na trí cheist seo chun an tráchtas a shrianadh:

1. Cén fáth nach bhfuil ach thart ar 10% de na beathaisnéisí in [Ainm.ie](http://Ainm.ie) faoi mhná?
2. Cé hiad na mná nach bhfuil a gcuid scéalta curtha i láthair go fóill?
3. Cad is féidir a dhéanamh chun cur le hionadaíocht na mban?

Anuas air sin, tá cúpla aidhm ag an taighde seo:

1. Na hiontrálacha faoi mhná atá in [Ainm.ie](http://Ainm.ie) cheana féin a chíoradh agus comparáid a dhéanamh idir meiteashonraí na mbeathaisnéisí sin.
2. An suíomh idirnáisiúnta a chíoradh agus na slite ina ndeachaigh (má chuaigh) tionscadail agus bunachair idirnáisiúnta beathaisnéisí i ngleic le fadhb tearcléiriú na mban a imscrúdú.
3. Réimsí ar leith i stair na teanga a imscrúdú agus aitheantas a thabhairt don obair a bhí agus atá ar siúl chun tost na mban a réiteach.
4. Tuiscint a fháil ar conas is féidir teoiricí an fheimineachais a chur i bhfeidhm chun tuiscint níos fearr a fháil ar scéalta na mban agus ar na cúiseanna lena n-easnamh ón stair.
5. Modheolaíocht an taighde a leagan amach go cruinn agus go mion chun gur féidir tionscadail ‘daoine ar iarraidh’ a dhéanamh amach anseo ar ghrúpaí mionlaithe eile ó stair na teanga.
6. Na heasnamh i dtaca le bearnaí in ionadaíocht na mban a aimsiú agus tús a chur lena líonadh.

### **d. Leagan Amach an Tráchtais**

Is é Caibidil 1 Comhthéacs an Taighde, agus sa chaibidil seo, déantar cur síos ar [Ainm.ie](http://Ainm.ie), agus ar a réamhtheachtaí, an tsraith leabhar *Beathaisnéis* le Diarmuid Breathnach agus Máire Ní Mhurchú (1986–2007). Chun an comhthéacs is cuimsithí agus is féidir a chur le chéile don tionscadal seo, cuireadh cuid de rannpháirtithe an bhunachair faoi agallaimh chun an scéal ar fad a insint. Pléitear cúlra an tionscadail PhD seo ar leibhéal níos mine sa chaibidil seo, agus

léirítear tuairimí rannpháirtithe Ainm.ie ina leith. Déantar cur síos ar stair na gcnuasach beathaisnéisí agus ar áit Ainm.ie i measc na dtionscadal seo, go háirithe maidir le hionadaíocht na mban, sa dara caibidil. Pléitear buntáistí an digitithe do thionscadail athshlánaithe beathaisnéisí, nó tionscadail ‘daoine ar iarraidh’. Sa tríú caibidil, díritear aird ar leith ar ionadaíocht na mban sna himleabhair agus sa bhunachar. Cuirtear moltaí le chéile le linn na caibidle seo le haghaidh fadsaoil thionscadail athshlánaithe scéalta na mban in Ainm.ie. I gCaibidil 4, pléitear úsáid theorici an fheimineachais le haghaidh an tionscadail. Díritear ar dhá theoric faoi scáth theoric an fheimineachais: teoric fheimineach na n-ildearthaí agus teoric iarchoilíneach an fheimineachais.

I gCaibidil 5, caitear súil ar réimsí laistigh de stair na teanga, cinn a bheadh bainteach le mná agus cinn nach mbeadh cead ag mná iad a chleachtadh. Díritear ar thraidisiún na caointeoireachta agus na fadscannánaíochta go háirithe agus pléitear cúinsí taifeadta agus stairiúla a bheadh i gceist sa dá réimse. Sa séú caibidil, ‘Modheolaíocht an taighde’, téitear trí na céimeanna uile a bhain leis an tionscadal PhD seo. I gCaibidil 7, cuirtear ceithre phríomhbheathaisnéis ionadaíocha an tionscadail ar fáil mar spléachadh ar na scéalta a d’fhéadfadh eascairt ón saghas seo taighde. Baineann Caibidil 8 leis na mná ‘ar iarraidh’ a tháinig chun cinn le linn an taighde. Léirítear meiteashonraí 185 beathaisnéis an taighde seo agus déantar plé ar chúinsí ar leith a bhaineann le sochaí agus stair na tíre seo agus na teanga. Sa chonclúid, filltear ar phríomhaidhmeanna agus príomhcheisteanna an taighde agus déantar achoimre ar an eolas is tábhachtaí atá le baint ón tráchtas seo, chomh maith le plé ar na laigí, agus moltaí le haghaidh taighde amach anseo.

Tá aguisíní an tráchtais an-tábhachtach le tuiscint a fháil ar an ábhar a phléitear le linn chorp an tráchtais, go háirithe Aguisín A: ‘Mionbheathaisnéisí an Tráchtais’, 181 beathaisnéis ghearr faoi mhná nach bhfuil a scéalta ar fáil in Ainm.ie. Sna hagusíní eile, soláthraítear ceisteanna agallaimh an tionscadail seo (Aguisín B), eolas ar phróiseas eitice an tionscadail seo agus na foirmeacha a bhaineann leis (Aguisín C), agus is aguisín le heolas forlíontach ar [Ainm.ie](#) é Aguisín D.

# 1. Comhthéacs an Taighde: *Beathaisnéis* & [Ainm.ie](http://ainm.ie)

Chun tús a chur leis an tráchtas seo, pléitear cúlra na sraithe leabhar *Beathaisnéis*. Déantar cur síos ar an obair cheannródaíoch a rinne údair na sraithe sin, Diarmuid Breathnach agus Máire Ní Mhurchú. Le forbairtí teicniúla a tháinig san fhichiú haois, beartaíodh an obair a thosaigh Diarmuid agus Máire a leanúint, is é sin beathaisnéisí *Beathaisnéis* a dhigitiú agus a chur i mbunachar nua darbh ainm Ainm.ie, agus beathaisnéisí nua a chur leis an mbunachar chomh maith. Déantar cur síos anseo ar an bpróiseas aistrithe agus ar leagan amach na mbeathaisnéisí atá in Ainm.ie<sup>6</sup>. Mar chuid d’obair pháirce an taighde seo, cuireadh agallaimh ar bhaill / iarbhaill d’fhoireann Ainm.ie, agus baintear úsáid as cuid den eolas seo chun cur síos níos cuimsithí a thabhairt ar obair Ainm.ie.

## 1.1. *Beathaisnéis (1986–2007)*

Tagann formhór bheathaisnéisí Ainm.ie óna réamhtheachtaí, an tsraith leabhar *Beathaisnéis* a scríobh Diarmuid Breathnach agus Máire Ní Mhurchú. Tá thart ar 1.3 milliún focal<sup>7</sup> sna himleabhair sa tsraith. Pléitear anseo aistear scríbhneoireacht na beirte. Scrúdaítear na naoi n-imleabhar a scríobhadh idir 1986 agus 2007 agus pléitear na deacrachtaí a bhí ag an mbeirt agus an moladh is duaiseanna a thuill siad sa tréimhse sin.

### 1.1.1. Diarmuid Breathnach & Máire Ní Mhurchú

Rugadh Diarmuid Breathnach ar 5 Lúnasa 1930 i gCill tSiómóin, Contae Chill Mhantáin, agus d’fhreastail sé ar scoil i mBré agus i nDún Laoghaire. Ba leabharlannaí é Diarmuid a fuair a cháilíocht ó Chumann Leabharlann na hÉireann. D’oibrigh sé i mBré, i gCill Chainnigh agus ansin mar phríomhleabharlannaí i Raidió Teilifís Éireann (RTÉ) (Breathnach agus Ní Mhurchú 2001b, 17). Ba scríbhneoir agus taighdeoir é agus i measc a shaothair tá: *Almanag Éireannach* (1981); *Almanag Éireannach 2* (2001); *Titim agus Éirí* (2013), agus aistriúchán ar *Lámhleabhar Ginearálta don Cheoltóir* (1973) leis an tSiúr Cecily OP. Cailleadh Diarmuid ar 13 Samhain 2023, agus é 93 bliana d’aois.

---

<sup>6</sup> Dáta aimsithe na staitisticí: 02/11/2023.

<sup>7</sup> <https://www.ainm.ie/Info.aspx?Topic=welcome.ga> [Rochtain faighte: 02/11/2023].



Figiúr 1: Diarmuid Breathnach (1930–2023) & Máire Ní Mhurchú, údair *Beathaisnéis*<sup>8</sup>.

Is as An Stúinín, lasmuigh de Bhaile Mhic Andáin i gCill Chainnigh do Mháire Ní Mhurchú. Rugadh í ar 4 Lúnasa 1932. D’fhreastail sí ar scoil i mBaile Mhic Andáin agus ansin i Móinteach Mílic, Contae Laoise. Sula ndeachaigh sí ag obair in RTÉ, ba státseirbhíseach í. Bhain sí cáilíocht amach mar leabharlannaí ó Chumann Leabharlann na hÉireann agus faoi 1977, bhí sí ina leabharlannaí cúnta sa leabharlann tagartha in RTÉ (Breathnach agus Ní Mhurchú 2001b). Ba i gcartlann fhuaimne RTÉ, ar Shráid Anraí a chas Diarmuid agus Máire ar a chéile (Breathnach g.d., 1). Ba iad an bheirt acu a rinne an scríbhneoireacht, an taighde, agus an taisteal “... but it would be fair to describe Máire as chief researcher and Diarmuid as chief editor” (Breathnach g.d., 5). Mhair comhpháirtíocht scríbhneoireachta na beirte seo tríocha bliain agus iad ina “committed amateur biographers” (Bhreachnach, et al. 2019, 3), cás agus caidreamh eisceachtúil ina bhfocail féin (Breathnach g.d., 5).

### 1.1.2. Tús Aistir

Ag obair dóibh i gcartlann náisiúnta, ba ríshoiléir d’údair na sraithe go raibh ganntanas mór ann i dtaobh saothair bheathaisnéisigh sa tír, go háirithe san fhichiú haois (Breathnach g.d., 1; Breathnach agus Ní Mhurchú 2010c). Ba in 1928 a foilsíodh *A Concise Dictionary of Irish Biography*, le John S. Crone, agus in 1938 a foilsíodh an chéad imleabhar de *Clár litridheacht*

---

<sup>8</sup> Cóipcheart @ Gaois 2022.

na *Nua-Ghaedhilge, 1850–1936* le Risteárd de Hae agus Bríd Ní Dhonnchadha (Breathnach agus Ní Mhurchú 2001b, 17). Ba é 1979 tús smaointeoireacht na beirte i dtaobh *Beathaisnéis* (Breathnach agus Ní Mhurchú 2001b, 17). Cuireadh ar a súile dóibh an bhliain sin go raibh Acadamh Ríoga na hÉireann (ARÉ) chun tús a chur le Díolaim Beathaisnéisí na hÉireann, an *Dictionary of Irish Biography* (DIB). In 1982, céad bliain ó chéad fhoilsiú *Irisleabhar na Gaedhilge* agus ó thús Athbheochan na teanga, foilsíodh an chéad imleabhar de *Beathaisnéis* (Breathnach g.d., 1). Thuigeadar gur “geall le hobair an bhéaloidis a bhailiú go pointe áirithe é”, mura ndéanfaí an t-eolas a bhailiú agus na scéalta a chur le chéile, rachadh na scéalta agus na daoine a raibh na scéalta acu i léig. Anuas air sin, bhí a fhios acu go mbeadh innéacs ábhar a bhain leis an Athbheochan agus le forbairt na teanga úsáideach chomh maith (Breathnach g.d., 2). Bheartaigh an bheirt seo tabhairt faoi ar eagla nach ndéanfadh aon duine eile é (Breathnach agus Ní Mhurchú 2001b, 18). Is iad seo teidil na n-imleabhar agus líon na mbeathaisnéisí iontu<sup>9</sup>:

1. *1882–1982 Beathaisnéis a hAon* (1986): 120 beathaisnéis.
2. *1882–1982 Beathaisnéis a Dó* (1990): 109 beathaisnéis.
3. *1882–1982 Beathaisnéis a Trí* (1992): 131 beathaisnéis.
4. *1882–1982 Beathaisnéis a Ceathair* (1994): 147 beathaisnéis.
5. *1882–1982 Beathaisnéis a Cúig* (1997): 216 beathaisnéis.
6. *1782–1881 Beathaisnéis* (1999): 162 beathaisnéis.
7. *1560–1781 Beathaisnéis* (2001): 171 beathaisnéis.
8. *1983–2002 Beathaisnéis* (2003): 206 beathaisnéis.
9. *Beathaisnéis a Naoi: Forlíonadh agus Innéacsanna* (2007): 121 beathaisnéis.

Ó *Beathaisnéis a Dó* ar aghaidh, tugtar innéacs d’ainmneacha na n-imleabhar ar fad go dtí sin Tá aguisíní de shaghsanna eile ar fáil cosúil le liosta básanna idir 1983 agus 1996 (Breathnach agus Ní Mhurchú 1997, 298–299), agus idir 1983–2003 (2003, 251–271). Is forlíonadh formhór imleabhar a naoi ach soláthraítear innéacsanna ginearálta na sraithe ar fad (Breathnach agus Ní Mhurchú 2007, 163–346) agus liostaí (Breathnach agus Ní Mhurchú 2007, 347–358) chomh maith.

---

<sup>9</sup> Gan forlíontaí agus ceartúcháin san áireamh.

### 1.1.3. ‘Gach sórt duine’: Ábhair *Beathaisnéis*



Figiúr 2: Clúdaigh *Beathaisnéis*

Bhí ‘Gach sórt duine’ mar theideal ar chaint a thug Breathnach agus Ní Mhurchú faoi ábhair a mbeathaisnéisí (Gan údar 1995), mórphearsana ó stair na teanga iad “arbh fhiú iad go gcuirfí cloch ina leacht” (2001b, 25), nó “A grand post mortem céilí of *Gaeilgeoirí*. Only the dead would be admitted” (Jenkinson 2004, 37). Mar chritéir de chuid *Beathaisnéis*, bhí ar ábhar na beathaisnéise a bheith imithe ar shlí na fírinne agus leabhar scríofa aige nó aici, a bheith mar amhránaithe sa teanga, nó cáil éigin a bheith orthu i saol na Gaeilge. Chaithfeadh go n-aithneofaí é / í “mar dhuine cáiliúil... agus go bhfeicfeá an t-ainm sách minic...” (Breathnach agus Ní Mhurchú 2010c) De réir réamhrá *Beathaisnéis a hAon*, ba Ghaeilgeoirí ábhar beathaisnéisí na sraithe “a rinne gníomh suaithinseach nó a shroich caighdeán feabhais ina saol” (1986, 11). Níor tugadh beathaisnéisí do charachtair ó mhiotas na teanga. Ar cheann de chinntí na n-údar an chéad lá ná gan déithe a dhéanamh as ábhair na mbeathaisnéisí. Bhíodar chun a bheith ionraic faoi chúiseanna cháile, bhuanna, agus laigí na ndaoine (Breathnach agus Ní Mhurchú 2001b). Tharla sé an-mhínic go mbeadh ábhair na mbeathaisnéisí gaolmhar lena chéile: cairde, gaolta, comhghleacaithe oibre nó rannpháirtithe gluaiseachta (Breathnach agus Ní Mhurchú 2001b). Is féidir comparáid agus codarsnacht a dhéanamh idir a suíomhanna agus saolta:

... an talmhaí agus an tiarna talún, fear na tuaithe agus jeaicín Bhaile Átha Cliath, file óg réabhlóideach na seascaidí agus an file a bhí comhaimsearach le Raiftearaí, an sóisialach agus an faisisteach, an Caitliceach, an Protastúnach, fear na Gaeltachta agus fear na Galltachta, an scoláire agus an fear cúise, iad go léir ag seanchas le chéile i gcré na cille (Breathnach agus Ní Mhurchú 2001b, 23–4).

Bhí an chéad chúig imleabhar bunaithe ar an tréimhse ama idir 1882 agus 1982, rud a d'fhág go raibh claonadh i dtreo na tréimhse ama sin sa tsraith ar fad (Bhreachnach, et al. 2019). Ina dhiaidh sin, chuarar siar ag iarraidh ionadaíocht níos leithne ó thaobh tréimhsí ama de a bheith ann (Agallamh GÓC). Cé gur thagair na húdair “i dtaobh a bháúla a bhíomar le pearsana na hathbheochana” (Breathnach agus Ní Mhurchú 2001b, 18–9), rinneadar cinnte nach raibh adhradh neamhthuillte á thabhairt d’aon duine:

... d'fháilteoimis roimh dhúnmharfóirí, roimh striapaigh – idir fhir is mhná – agus roimh ghadaithe, bhacaigh, andúiligh drugaí... Mo léan, in ainneoin ár ndíchill níor éirigh linn a leithéidí a aimsiú. Tá an corrspiaire againn, an t-alcólach fánach, agus, anseo is ansiúd, an té a d’iompaigh a chóta (Breathnach agus Ní Mhurchú 2001b, 18–9).

Bhí sé mar aidhm ag údair *Beathaisnéis* gur saothar a bheadh ann a bhfillfeadh daoine air am i ndiaidh a chéile agus go dtiocfaí ar eolas nua gach uile bhabhta, “go mbeadh sé chomh hiontasúil le beathaí na naomh sa tseanaimsir!” (Breathnach agus Ní Mhurchú 2001b, 18).

#### **1.1.4. Cur Chuige**

Bhí cur chuige cuimsitheach ag an mbeirt, thugadar cuairteanna ar an Leabharlann Náisiúnta, ar Chartlann an Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath (COBÁC), ar Institiúid Ard-Léinn na hÉireann agus ar an leabharlann in RTÉ (Breathnach agus Ní Mhurchú 2010). Chuarar trí fhógraí báis ar Raidió na Gaeltachta, san *Irish Times*, agus in *Scéala Éireann* (Breathnach agus Ní Mhurchú 2010c), agus trí irisí na Gaeilge go léir “ó thús deireadh” (Breathnach agus Ní Mhurchú 2010a). Léadar gach tréimhseachán a bhain leis an teanga agus leis an náisiúnachas ó 1882 ar aghaidh (Breathnach g.d.). Scríobh siad chuig eagarthóirí nuachtán le haghaidh eolais a bhí ar lár i mbeathaisnéisí (Breathnach agus Ní Mhurchú 1995, 5; Ní Mhurchú 1995, 6). Bhaineadar úsáid as *Clár litridheacht na Nua-Ghaedhilge* chun dul trí údair leabhar idir 1850 agus 1937 (Breathnach g.d., 2). Léadar irisí Béarla chomh maith (Breathnach agus Ní Mhurchú 2001b, 20), agus agallaimh *Scéala Éireann* agus *Inniu* le scríbhneoirí agus gníomhaithe teanga idir 1954 agus 1973 a aimsiú (Breathnach g.d., 1). Bailíodh eolas in amanna faoi dhaoine agus iad fós beo, “ag smaoineamh ar aghaidh ar na beathaí a d’fhéadfadh a bheith ann nuair a

gheobhadh duine éigin bás... le go mbeadh rudaí is dócha níos éasca amach anseo mar thuig siad na daoine a mbeadh cuntas fúthu” (Agallamh MNL, 00:24:49<sup>10</sup>). Ní taighde deisce amháin a bhí i gceist ar chor ar bith. B’iomaí reilig ar tugadh cuairt orthu ag iarraidh teacht ar an lúb ar lár i mbeathaisnéis éigin (Breathnach g.d., 4). Téama a thagann aníos am i ndiaidh a chéile, is ea an chabhair a fuairadar ó dhaoine ar leith i bpobal na Gaeilge. In 2007, mheas na húdair go raibh níos mó ná 800 duine i ndiaidh cabhair a thabhairt dóibh (2007, 8), agus chuireadar liosta admhálacha ag tús gach imleabhair<sup>11</sup>.

### 1.1.5. Amlíne

Is é 1560–2002 an amlíne ó thaobh dátaí báis de atá luaite leis an tsraith ar fad. Pléann an chéad chúig imleabhar leis an tréimhse ama 1882–1982. Tá 720 beathaisnéis sa chéad chúig imleabhar, 52.06% den tsraith ar fad<sup>12</sup>. Pléann an séú himleabhar leis an tréimhse 1782–1881, an seachtú himleabhar leis an tréimhse 1560–1781, an t-ochtú imleabhar le 1983–2002, agus baineann an naoú himleabhar le forlíonadh agus innéacsanna na sraithe ar fad (Agallamh MÓCo<sup>13</sup>). Is é 1560 an dáta a roghnaíodh i gcomhair an seachtú himleabhar, toisc gur tháinig “Eilís i gcoróin” in 1558, agus toisc gur clóbhuaileadh an chéad leabhar Gaeilge in 1567<sup>14</sup> (2001, 13).

### 1.1.6. Deacrachtaí

Bhain na fadhbanna is mó ar bhuail scríbhneoirí *Beathaisnéisí* leo, cinn bainte leis an teanga í féin, go háirithe le “problems arising from centuries of linguistic neglect: spelling, print, standardization, publishing, theatre, the war of the dialects, a modern literature, terminology... and so on” (Breathnach g.d., 2). Maidir leis na beathaisnéisí iad féin, bhí sé deacair ar uairibh idirdhealú a dhéanamh idir daoine a raibh na hainmneacha céanna acu, “There are 79 instances [of the same name] in Beathaisnéis. In three we erred” (Breathnach g.d., 5). In amanna, ní rabhadar in ann brath go hiomlán ar dhírbheathaisnéisí daoine (Breathnach g.d.). Aidhm lárnach le teacht ar shonraí do na scríbhneoirí ná cruinneas a bheith ann le dátaí (Breathnach agus Ní Mhurchú 2001b, 18), “bhí sé deacair dátaí báis is breithe a fháil... d’fhiosródh siad teastas breithe / teastas báis daoine, agus b’fhéidir go mbeadh ainm Gaeilge orthu nó ainm i mBéarla” (Agallamh MÓCo, 00:45:15). Chiallaigh a gcur chuige cuimsitheach gur éirigh leo

---

<sup>10</sup> Agallamh 1d an taighde seo. Agalláí: Máiréad Nic Lochlainn (MNL). Dáta an agallaimh: 19 Feabhra 2024.

<sup>11</sup> I gcainnt a thug Diarmuid Breathnach i nGlaschú luann sé teileafónaí ó Mhaigh Eo a raibh in ann teacht ar eolas dóibh ar ainmneacha agus ar sheoltaí thar na blianta (Breathnach g.d., 4).

<sup>12</sup> Gan forlíontaí agus ceartúcháin san áireamh.

<sup>13</sup> Agallamh 1i an taighde seo. Agalláí: Micheál Ó Conghaile (MÓCo). Dáta an agallaimh: 25 Márta 2024.

<sup>14</sup> Fuair Maghnas Ó Domhnaill (c.1490–1563) bás thart ar 1563, “... and it’s conjectured that he envisaged his life of Colm Cille as a printed book” (Breathnach g.d., 2)

teacht orthu, “Catherine Smith of Glendalough is our only failure to find the date of death” (Breathnach g.d., 3). Cinntíodh go raibh gach píosa eolais “iomlán agus cruinn” sular cuireadh isteach é (Breathnach agus Ní Mhurchú 2001b, 23). Thagair na scríbhneoirí seo don “oideachas leanúnach” a bhain leis an togra ceannródaíoch seo (2001b, 25):

If we knew at the start what we now know, what would we have done differently? The probability is that we’d simply have taken fright and attempted nothing at all! Innocence or ignorance is surely not an indecent element in many ventures! If asked what did we bring to this work, our answer would be that we were of an age to have known an older rural Ireland (Breathnach g.d., 5–6).

### **1.1.7. Clú na Sraithe**

Tharraing an tsraith seo clú náisiúnta agus moladh ó gach cearn den tír. Ón gcéad imleabhar, ba léir go raibh pobal na Gaeilge dóchasach faoin tsraith agus faoi na scéalta a bhí le teacht (Coogan 1986, 8). Léiríodh ardmheas don tslí ar láimhseáil na húdair eolas beathaisnéiseach chun ábhar léitheoireachta taitneamhach a sholáthar,

This may sound as if it could be a dull accumulation of dry facts but those who wrote [i stair na Gaeilge] were such an odd collection that the book is unusually lively. The joint authors have an eye for the quirky and the bizarre and the result is a most readable book (Roche 1986, 11).

#### *1.1.7.1. Duaiseanna*

I measc na nduaiseanna a bhuaigh na húdair, bronnadh ‘Gradam Bhord na Gaeilge’ ar an mbeirt in 1997 (1997, 25), agus Dochtúireacht Oinigh orthu in 2022 ó Ollscoil Mhá Nuad (2002, 1). Bhuaigh siad ‘Leabhar na Bliana’ Chumann Merriman don seachtú himleabhar in 2002 (Ketch 2002, 84) agus ‘Gradam an Oireachtais’ in 2008 (RTÉ 2023). Bhuaigh Máire an ‘Spirit of Columbus Award’ ón Association of American Women in Ireland in 1994 chomh maith (1997, 25).

#### *1.1.7.2. Léirmheasanna*

B’iomaí trácht sna léirmheasanna ar an meascán den scríobh acadúil agus an stíl snasta agus soiléir (Ó Cróinín 2005, 86; Mac Murchaidh 2002 / 3, 215) agus den scéalaíocht agus stíl ornáideach (Titley 2003, B10; Ó Gadhra 1990, 46; Mac Airt 1990, 29): “Their ability to incorporate the available research, as well as the sources of their information, into the narrative is unrivalled” (Mac Cóil 2000, B9). Tugadh faoi deara an meas a léiríodh sna beathaisnéisí ar

na Gaeil a bhásaigh (Jenkinson 2004, 38). Déantar tagairt do theirce togra dá leithéid, “mura bhfuil draíocht ag baint leis, ní lá fós é” (Ó Cróinín 2005, 86), don ionadaíocht thíreolaíoch (1993, 14; Ó Gadhra 1990, 46), agus do thionchar fadtéarmach obair na beirte: “Here we have a history that we should know for a deeper knowledge of present-day Ireland” (Ó Laoghaire 1995, 331).

An t-aon chomhairle a bhí ag Bidy Jenkinson ina léirmheas ar an ochtú himleabhar, go raibh sí ag súil leis go gcasfadh an bheirt ar an tréimhse ama roimh 1560 (2004, 39). Is spéisiúil gur léiríodh sna léirmheasanna an tábhacht atá ag an tsraith mar eiseamláir do chnuasaigh bheathaisnéisí eile amach anseo, go háirithe cnuasaigh orthu gur ghan na tráchtanna orthu sa stair “such as the women’s movement, trade unionism, the war of independence and much more” (Kelly 1997, 10).

## **1.2. Ainm.ie (2011–**

Ba in 2011 a cuireadh [Ainm.ie](http://Ainm.ie) ar fáil saor in aisce don phobal. Comhfhiontar Ainm.ie idir Gaois (Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (OCBÁC)), Cló Iar-Chonnacht (CIC), Diarmuid Breathnach (nach maireann) agus Máire Ní Mhurchú. Tionscnamh dhigitiú an ODNB agus an ADB a thug inspioráid do [Ainm.ie](http://Ainm.ie) (Ó Raghallaigh agus Ó Cleircín 2015, 21). I measc na bhfocal a úsáidtear chun cur síos ar an mbunachar tá “acmhainn” (Agallamh RUC, 00:00:34<sup>15</sup>), “tobar” (Agallamh MÓCi, 00:02:57<sup>16</sup>), “foinse” (Agallamh MÓCo, 00:11:53), “mórhógra” (Agallamh ENA, C.2<sup>17</sup>), “corpas”, agus “oidhreacht ... na beirte a chruthaigh *Beathaisnéis*” (Agallamh FdB, 00:00:35<sup>18</sup>). Is minic a luaitear Ainm.ie in aon anáil leis an DIB (Agallamh ENA; RUC), cé go bhfuil “remit” i bhfad níos leithne ag an tionscadal úd (Agallamh GÓC, 00:01:45).

### **1.2.1. Rannpháirtithe Ainm**

Déantar cur síos níos mine ar obair reatha Ainm.ie níos déanaí sa chaibidil seo, ach déantar cur síos anseo ar na daoine ar fad a bhíonn ag obair ar an tionscadal.

#### **1.2.1.1. Cló Iar-Chonnacht**

Is é comhlacht foilsitheoireachta CIC a sholáthraíonn beathaisnéisí nua (Agallamh MÓCo; ANB<sup>19</sup>; CME). Is faoi stiúir CIC (Agallamh ANB) agus iarstiúrthóir CIC, Micheál Ó

---

<sup>15</sup> Agallamh 1f an taighde seo. Agallai: Regina Uí Chollatáin (RUC). Dáta an agallaimh: 5 Bealtaine 2024

<sup>16</sup> Agallamh 1g an taighde seo. Agallai: Mártan Ó Ciardha (MÓCi). Dáta an agallaimh: 17 Aibreán 2024

<sup>17</sup> Agallamh 1j an taighde seo. Agallai: Éilis Ní Anluain (ENA). Dáta an agallaimh: 25 Márta 2024

<sup>18</sup> Agallamh 1h an taighde seo. Agallai: Fiontán de Brún (FdB). Dáta an agallaimh: 12 Aibreán 2024.

<sup>19</sup> Agallamh 1e an taighde seo. Agallai: Alma Ní Bhroin (ANB). Dáta an agallaimh: 16 Nollaig 2023.

Conghaile, atá an painéal comheagarthóirí. Bunaíodh an painéal seo in 2013, chun cuid de na beathaisnéisí ó *Beathaisnéis* a nuashonrú, agus beathaisnéisí nua don bhunachar a scríobh (Bhreathnach, et al. 2019, 1; Agallamh ANB). In 2024, ba iad Lillis Ó Laoire, Seán Mac Labhraí, Mártan Ó Ciardha, Micheál de Mórdha, agus Éilis Ní Anluain a bhí ar an bpainéal seo. Is iar-chomheagarthóirí iad Regina Uí Chollatáin agus Fionntán de Brún, a d'éirigh as an gcúram in 2016. Tá meascán cúlraí ag an bpainéal seo, idir chúlraí poist (iriseoirí, craoltóirí, lucht léinn, aistriitheoirí)<sup>20</sup>, agus chúlraí tíreolaíochta, “... tá sé iontach tábhachtach go mbeadh daoine ann go mbeadh an t-eolas áitiúil acu agus an t-eolas réigiúnach sin” (Agallamh FdB, 00:04:11).

#### 1.2.1.2. *Diarmuid & Máire*

Ba “bróga móra le líonadh” (Agallamh ENA, C.2) iad cinn Dhiarmuda agus Mháire agus chabhraigh an bheirt go mór le foireann Ainm.ie agus iad ag cur a dtreoir le chéile “faoi conas beatha nua a scríobh agus conas beatha a nuashonrú; cá bhfuair siad an t-eolas agus mar sin de” (Agallamh MNL, 00:24:49). Idir na cuairteanna a thug foireann Gaois orthu i mBré, teagmháil i bhfoirm ríomhphost nó glao guthán, nó iad a bheith i láthair ag cruinnithe tosaigh coiste stiúrtha an bhunachair, bhíodar ar bord ón tús (Agallamh MNL) agus go dtí gur bunaíodh an painéal eagarthóirí in 2013 (Agallamh MNL; MÓCo).

#### 1.2.1.3. *Gaois*

Is grúpa taighde Gaois<sup>21</sup> in Fiontar & Scoil na Gaeilge (FSG), OCBÁC, a sholáthraíonn “acmhainní iontaofa nuálaíochta... chun teanga agus saíocht na Gaeilge a chothú agus a chlaochlú” (Gaois 2024)<sup>22</sup>. I measc na mbunachar eile a bhíonn á riar ag an ngrúpa tá:

- a. [Téarma.ie](#): An Bunachar Náisiúnta Téarmaíochta don Ghaeilge
- b. [Dúchas.ie](#): Tionscadal Digitithe Chnuasach Bhéaloideas Éireann, COBÁC
- c. [Logainm.ie](#): Bunachar Logainmneacha na hÉireann

Tá coiste bainistíochta ag Gaois, “grúpa beag a mbíonn forléargas acu ar obair na dtionscadal éagsúil ar fad agus a bhíonn ag plé le nithe a bhaineann le bainistiú na dtionscadal agus rudaí ar nós cúrsaí airgeadais agus maoinithe... ceapadh foirne” (Agallamh CMM, 00:00:10<sup>23</sup>). Is

---

<sup>20</sup> Ní hé ról an comheagarthóra an t-aon ról / phost ag duine ar bith den phainéal. Tá cuid acu ar scor chomh maith, “déanann siad méid áirithe de seo as grá don teanga nó as spéis sa teanga, ach bíonn rudaí ar siúl acu... níl siad ag obair ar na rudaí seo go lánaimseartha” (Agallamh CMM, 00:45:34). Mar a léirigh Mártan Ó Ciardha, “... mar a bhéas is dóigh duine ar bith a bheireann ar pheann nó a bhuaileann tap ar chlóscríobhann nó ríomhaire, is deacair éalú uaidh, fiú agus go rabhas éirithe as coinnim orm ag déanamh corphíosa, is olc an lá liom nach scríobham rud éicint nó a léim rud éicint” (Agallamh MÓCi, 00:00:10).

<sup>21</sup> Tugtar Gaois ar an ngrúpa seo ó 2015 i leith. Nuair a thosaigh obair na dtionscadal in 2005, Fiontar a bhí ar an scoil in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Tharla ionchorpú le Roinn na Gaeilge, Coláiste Phádraig in 2015, agus anois is Fiontar & Scoil na Gaeilge a thugtar ar an Scoil, agus is grúpa taighde Gaois laistigh den Scoil.

<sup>22</sup> [Rochtain faighte: 15/10/2024].

<sup>23</sup> Agallamh 1a an taighde seo. Agallamh: Ciarán Mac Murchaidh (CMM). Dáta an agallaimh: 14 Feabhra 2024.

iad baill reatha an choiste seo Ciarán Mac Murchaidh (príomhthaighdeoir Ainm.ie), Úna Bhreathnach, Gearóid Ó Cleircín, Brian Ó Raghallaigh (Bainisteoirí Eagarthóireachta Gaois), agus Gearóidín Uí Laighléis (Ceann Scoile FSG)<sup>24</sup>. Is iad na baill foirne a bhíonn ag obair ar Ainm.ie laistigh de Gaois, Ciarán Mac Murchaidh agus an taighdeoir iardhochtúireachta, Alma Ní Bhroin<sup>25</sup>. I measc iarbhaill Gaois a bhí sa ról sin, bhí Conchúr Mag Eacháin (2014–2021), Fionnuala Cloke (2021–2022), agus Mairéad Nic Lochlainn (2011–2013 & 2022). Ba iad foireann taighde Gaois a rinne digitiú, clibeáil, agus eagarthóireacht ar bheathaisnéisí *Beathaisnéis* agus a dhéanann an obair theicniúil atá i gceist, agus is iadsan a óstálann agus a nuashonraíonn an bunachar ó seoladh in 2014 é (Bhreathnach, et al. 2019, 1). Fostaíonn Gaois mic léinn samhraidh gach bliain a bhíonn ag déanamh clibeála agus ag cabhrú le hobair sheachtainiúil an tionscadail (Agallamh CME).

#### 1.2.1.4. *Ionchur an Phobail*

Is féidir leis an bpobal moltaí le haghaidh beathaisnéisí, nó le haghaidh athruithe sna beathaisnéisí a chur faoi bhráid Ainm.ie (Ó Raghallaigh agus Ó Cleircín 2015, 21). Is minic a thugann baill den phobal botúin faoi deara, agus nuair a bhíonn daoine ag iarraidh tuilleadh eolais faoi bheathaisnéisí ar leith, “... bímid in ann iad a chur sa treo ceart is dócha...” (Agallamh ANB, 00:57:23).

#### 1.2.2. **Maoiniú Ainm.ie**

Fuair Ainm.ie maoiniú le haghaidh dhigitiú an bhunachair ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán sa tréimhse 2009–2013. Ní leor an maoiniú atá ar fáil ó shin chun forbairtí móra eile a chur i gcrích (Ó Raghallaigh agus Ó Cleircín 2015, 23). Mar a mhíníonn Ciarán Mac Murchaidh, “Tá Ainm ar an tionscadal ar bhealach is lú atá againn in Gaois agus nuair a deirim an ceann is lú, is dóigh liom go bhfuil mé ag caint ar an leibhéal tacaíochta a bhaineann le cúrsaí maoinithe” (Agallamh CMM, 00:07:25)<sup>26</sup>. Ciallaíonn sé sin nach féidir leis an taighdeoir iardhochtúireachta atá luaite le Ainm.ie ach thart ar leathlá a chaitheamh ag obair ar an mbunachar in aghaidh na seachtaine (Agallamh CME; ANB; MNL). Is fadhb í an easpa maoinithe a tháinig chun cinn go mór in agallaimh an taighde seo, mar aon le plé ar na féidearthachtaí a d’fhéadfadh eascairt as tuilleadh maoinithe a fháil, “dá gcuirfí an tríú nó an cheathrú hoiread de dheontas ar fáil, d’fhéadfaí cúpla taighdeoir lánaimseartha a fhostú chun cuid de na bearnaí seo a líonadh agus chun dul siar ar na foinsí stairiúla agus

---

<sup>24</sup> Dáta aimsithe: 2024.

<sup>25</sup> Eagarthóir taighde an teideal a bhíodh ar ról an taighdeora iardhochtúireachta (Agallamh CME; MNL).

<sup>26</sup> Féach chomh maith (Agallamh GÓC; Agallamh CME).

breathnú orthu in athuair...” (Agallamh GÓC, 00:31:40). Bíonn ar an bhfoireann iarratas nua maoinithe a chur le chéile thart ar uair gach ceithre bliana. Is faoin gcoiste bainistíochta atá ag Gaois an t-iarratas sin a chur le chéile don Roinn (Agallamh CMM). Faigheann CIC<sup>27</sup> maoiniú eile ón gCoimisiún Ealaíne, Foras na Gaeilge, agus Údarás na Gaeltachta, “chun na comheagarthóirí a íoc agus mar sin de so chun íoc as beathaí nua” (Agallamh GÓC, 00:34:57).

#### 1.2.2.1. Maoiniú PhD

Fuair Gaois maoiniú 4 bliana (2022–2025) in 2021 ón Roinn de thart ar €150,000 a chlúdaíonn óstáil, ceadúnas teicniúil, forbairtí agus cothabháil theicniúil Ainm.ie go 31/12/2025 (€6,500 sa bhliain), agus ionchur agus foilsíú ábhair nua a sheolann CIC go Gaois chomh maith le tascanna riaracháin, cruinnithe, tuairiscithe agus eagarthóireachta (€7,000 sa bhliain). Fuarthas chomh maith scoláireacht PhD don mhac léinn seo (thart ar €25,500 sa bhliain don stipinn, táillí agus costais taighde eile). Mar a léirigh Ciarán Mac Murchaidh, a chuir an t-iarratas le chéile,

... bhí muid i ndiaidh an fhadhb sin a bhaineann leis an easpa cothromaíochta agus leis an easpa ionadaíochta a bhain leis na mná... a aithint. Bhí muid ag iarraidh tabhairt faoi sin. Agus ceann de na bealaí is fearr a shíl muid a bhféadfaí tabhairt faoi sin ná comhaltacht airgid nó maoiniú a fháil le scoláireacht PhD... bhí sé sin i bhfad thar mar a lorg muid bliain ar bith eile roimhe sin (Agallamh CMM, 00:07:25)

#### 1.2.3. Ó Beathaisnéis go Ainm.ie

Ba é an Clóchomhar a d’fhoilsigh *Beathaisnéis*. Cheannaigh CIC an Clóchomhar sa bhliain 2009, agus chuaigh foireann Gaois i dteagmháil leo le smaoinemh le haghaidh Ainm.ie, “tháinig sílim Caoilfhionn [Nic Pháidín]<sup>28</sup> chugam, nó d’ardaigh sí an cheist an mbeadh spéis agaibh an stuif seo a chur ar fáil, agus bhí an plean acu, agus dúirt mé cinnte go mbeadh” (Agallamh MÓCo, 00:00:25). Ba phróiseas fada agus ilchéimneach an t-athrú ó *Beathaisnéis* go dtí Ainm.ie. Cuireadh tús le Céim 1 in 2009. Ar an gcéad dul síos, bhí na beathaisnéisí ó na naoi n-imleabhar le digitiú agus le cur ar líne. Rinneadh scanadh orthu chun an téacs a bhaint. Chuathas tríd an téacs ag cur leasuithe agus athruithe i bhfeidhm orthu. Rinneadh 532 beathaisnéis a nuashonrú sa tréimhse seo, “i bhfianaise faisnéise nua nó ceartúchán a tháinig chun solais ó scríobh na bunúdair na beathaí sin” (Agallamh MNL, 00:02:53), chomh maith le 50 beathaisnéis nuascríofa a sholáthar. Cuireadh saoráidí cuardaigh<sup>29</sup> ar fáil ansin ionas gur

<sup>27</sup> <https://cic.ie/> [Rochtain faighte: 07.09/2025].

<sup>28</sup> Is í an Dr Caoilfhionn Nic Pháidín Iarstiúrthóir na dTionscadal le Gaois (2004–2015).

<sup>29</sup> Déantar cur síos ar shaoráidí cuardaigh agus brabhsála [Ainm.ie](https://cic.ie/) in Aguisín D.

féidir leis an léitheoir scagadh tapa a dhéanamh ar an ábhar. Le gach beathaisnéis, cruthaíodh bosca eolais a sholáthair sonraí faoin ainm, inscne, breith, bás, agus oideachas. Cuireadh grianghraif leis an mbeathaisnéis, dá mb'fhéidir. Sa téacs, rinneadh clibeáil ar ainmneacha, logainmneacha, saothair, agus institiúidí Gaeilge agus oideachais. Cuireadh rannóg le haghaidh acmhainní breise eolais ar an suíomh, chomh maith le liosta aibítreach na mbeathaisnéisí. Cruthaíodh comhéadan eagarthóireachta agus suíomh don bhunachar<sup>30</sup>. Cuireadh bunachar sealadach ar fáil ar líne ar an 22 Márta 2010. Seoladh Ainm.ie don phobal ar 1 Samhain 2011 i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (LNÉ).

Idir na blianta 2012–3, cuireadh Céim 2 den obair i gcrích. Bunaíodh an coiste stiúrtha, agus chun leanúnachas a chinntiú cuireadh modh oibre le chéile maidir le scríobh na mbeathaisnéisí nua agus nuashonrú beathaí. Ó thaobh Gaois de, “... ó Chéim a 2 ar aghaidh, ní raibh na hacmhainní céanna againn don tionscadal seo. Ní raibh ach duine amháin luaite agus leathlá sa tseachtain, ní raibh mórán ama” (Agallamh MNL, 00:09:22). Mar a phléitear thuas, bunaíodh painéal comheagarthóirí i mí Eanáir 2013 chun na beathaisnéisí nua a scríobh. Rinneadh nuashonrú ar 47 beathaisnéis agus cuireadh 24 beathaisnéis nuascríofa ar an suíomh. Rinneadh clibeáil de lámh ar bhailte fearainn, ar logainmneacha iasachta, agus ar na páirtithe polaitíochta, agus cuireadh réimse sna boscaí eolais le haghaidh slite beatha<sup>31</sup>.

#### **1.2.4. Obair Reatha an Tionscadail**

Ó 2014 i leith, tá trí phríomhfheidhm ag Ainm.ie, beathaisnéisí nua a chur ar fáil, athruithe a chur i bhfeidhm ar bheathaisnéisí reatha Ainm.ie, agus an bunachar a choinneáil ar fáil ar líne. I gcás na mbeathaisnéisí nua, baineann siad den chuid is mó leosan a fuair bás ó 2007 ar aghaidh. De ghnáth, foilsítear dhá bhaisc beathaisnéisí in aghaidh na bliana agus is é 10 beathaisnéis an íosmhéid a fhoilsítear gach bliain (Agallamh ANB; CME). Déantar cur síos anseo ar phróiseas cruthaithe agus leagan amach na mbeathaisnéisí.

##### *1.2.4.1. Aistear na mBeathaisnéisí*

###### *1.2.4.1.1. Liosta na mBeathaisnéisí Féideartha*

Tagtar ar smaointe le haghaidh beathaisnéisí ó fhógraí báis, na meáin shóisialta, ó nuachtáin náisiúnta agus áitiúla, agus ó liostaí bliantúla a bhíonn ag leithéidí *Tuairisc* agus *Comhar*, “... is cineál do chluais a bheith leis an talamh...” (Agallamh MÓCo, 00:31:52). Má thagann aon duine ar smaointe le haghaidh beathaisnéisí féideartha, idir fhoireann Gaois, na comheagarthóirí agus an pobal, seoltar chuig CIC iad (Agallamh ANB; MÓCo) agus coinníonn

<sup>30</sup> Déantar cur síos níos mó orthu siúd ar fad níos déanaí sa chaibidil.

<sup>31</sup> Déantar cur síos ní mine ar phróiseas an digithe in Aguisín D.

Micheál an liosta sin (Agallamh MÓCo). Pléitear an liosta ag an gcrúinniú bliantúil a bhíonn ag na comheagarthóirí (Agallamh MÓCi; CME), agus ag cruinniú bliantúil choiste stiúrtha Ainm.ie (Agallamh ANB). Is minic a bhíonn an liosta feithimh seo fada go leor (Agallamh CMM; MÓCi). Bíonn práinn bhreise le beathaisnéisí daoine mór le rá, agus mar sin, agus de dheasca cúiseanna eile ar ndóigh, bíonn beathaisnéisí a fhanann ar an liosta go ceann tamaill (Agallamh ENA).

#### 1.2.4.1.1.1. Critéir Bheathaisnéisí Ainm.ie

Is ceist mhór í ceist an chritéir i dtionscadail bheathaisnéisí, go háirithe tionscadail atá ag iarraidh fadhbanna ionadaíochta a réiteach. Níor tharla mórathrú praiticiúil ar chritéir an tionscadail sa phróiseas aistrithe ón bhfoirm chló (*Beathaisnéis*) go bunachar digiteach (Ainm.ie), ach rinneadh iarracht critéir éigin a leagan amach go foirmiúil san aistriú le comhairle ó údair *Beathaisnéis* (Agallamh MNL). Tá na critéir seo<sup>32</sup> i gcáipéis atá ar fáil do scríbhneoirí na mbeathaisnéisí (Agallamh MÓCo). De réir na cáipéise seo, is é an critéar is tábhachtaí ná go “dtiocfadh an Ghaeilge chun cuimhne nuair a smaoinfeá ar an duine” (CIC 2021). Is iad seo a leanas na critéir a leagtar amach sa cháipéis sin:

1. Baint a bheith ag an duine le gluaiseacht na Gaeilge / an Athbheochan
2. Saothar i nGaeilge a bheith i gcló ag an duine
3. Baint a bheith ag an duine leis na meáin Ghaeilge – iriseoir, craoltóir etc.
4. Baint a bheith ag an duine leis an gcultúr Gaelach – ceol, damhsa, amhránaíocht
5. Baint a bheith ag an duine le léann na Gaeilge (CIC 2021).

Ag cruinnithe Ainm.ie, pléitear na hainmneacha a thagann chun cinn, agus déantar na cinntí maidir le roghnú na mbeathaisnéisí le chéile. Más duine “mór le rá” (Agallamh CME, 00:00:57), “fathaigh” (Agallamh GÓC, 00:26:15), nó duine de na “boic mhóra” iad (Agallamh MNL, 00:26:20), ní cinneadh deacair a bhíonn ann. Mar shampla, “Breandán Ó Doibhlin nó Rónán Mac Aodh Bhuí... Criostóir Ó Floinn... Máire Mhac an tSaoi” (Agallamh MÓCo, 00:00:25). Seachas an formhór sin a mbíonn sé éasca cinneadh a dhéanamh fúthu “... 10% bíonn sé éasca iad a dhiúltú, ach b’fhéidir go mbeadh 20%... is féidir dul ar ais arís i ndiaidh bliain nó dhá bhliain breathnú arís air” (Agallamh MÓCo, 00:34:34). Tá critéir an bhunachair oscailte (Agallamh MNL) agus solúbtha (Agallamh MÓCo), “... is dócha gur chaith siad amach an líon réasúnta fada” (Agallamh CME, 00:30:38). Ach is féidir fós teacht ar “*blind spots*”, agus pléitear leosan ag cruinnithe an bhunachair, “... is dócha gur cheart go mbeadh critéir den

---

<sup>32</sup> Pléitear le critéir tionscadal beathaisnéisí eile i gCaibidil 2 (2.3). Pléitear le critéir an taighde seo i gCaibidil 6 (6.2.1).

tsórt sin á n-athbhreithniú, ar bhonn tráthrialta, níl a fhios agam gach trí nó gach cúig bliana nó a leithéid chun teacht roimh chuid de na ceisteanna sin” (Agallamh GÓC, 00:26:15), áfach, “... d’fhéadfá do shaol a chaitheamh agus am a chaitheamh ag déanamh tuilleadh taighde agus céard iad na critéir is fearr agus ní gá go mbeadh sé dada níos fearr ag an deireadh” (Agallamh MÓCo, 00:58:10). Tá iarracht déanta ag an bhfoireann na critéir a leathnú ó thús Ainm.ie, agus “chuile shórt duine” (Agallamh MÓCi, 00:02:57) a bheith ann, mar a theastaigh ó údair *Beathaisnéis* chomh maith. Bítear ag cur níos mó amhránaithe, craoltóirí, iriseoirí agus aisteoirí leis an mbunachar, mar shampla (Agallamh MÓCo).

An rud is tábhachtaí leis na beathaisnéisí ná gurb í, “an Ghaeilge an snáithín ceangail” eatarthu (Agallamh MÓCo), “... dá mbeadh Gaeilge le lua in sna chéad 3 rud a dhéarfá faoin duine sin, go b’shin é mo leagansa ar cé a bheadh... oiriúnach go leor” (Agallamh MÓCi, 00:02:57). Anuas air sin, is daoine iad a d’fhág tionchar ar phobail (Agallamh MÓCo), ar an stair (Agallamh GÓC; CME) agus ar réimsí ar leith de shaol na teanga, bíodh sé sin “saol cultúrtha<sup>33</sup>, saol na litríochta, saol na polaitíochta, cearta teanga” (Agallamh CMM, 00:02:44)<sup>34</sup>.

Is féidir le hábhair beathaisnéisí Ainm.ie a bheith ó áit ar bith ar domhan, idir dhaoine cáiliúla Éireannacha agus daoine nach mbeidh cáiliúil ach i réimse na Gaeilge (Bhreathnach, et al. 2019; Ó Raghallaigh agus Ó Cleircín 2015). Más rud é go raibh cáil áitiúil ar an duine de bharr na teanga, téitear i gcomhairle le daoine ón gceantar (Agallamh MÓCo). D’fhéadfadh an duine seo a bheith bainteach le haon tréimhse ama. Tá teorainn áirithe i gceist leis an amlíne toisc nach dtéann na beathaisnéisí siar go dtí an réamhstair (Agallamh GÓC) agus toisc nach dtugtar beathaisnéisí do charachtair ó mhíotas na teanga. Is gá go mbeadh ábhar na beathaisnéise imithe ar shlí na fírinne (Ainm.ie 2022), agus díríonn foireann Ainm.ie ar dhaoine a fuair bás le déanaí go háirithe (Agallamh ANB), ach “de ghnáth bheadh duine ar a laghad bliain básaithe sula mbeidís in Ainm.ie agus bímse ag iarraidh go mbeidís ann taobh istigh de b’fhéidir 3 bliana ó bhásaigh iad, ach ní bhíonn i gcónaí” (Agallamh MÓCo, 00:37:58).

Is minic a bhíonn cúinsí eile a imríonn tionchar ar na hábhair a roghnaítear. Mar aon le tionscadail beathaisnéisí nó ciclipéid eile, tá an tsuibíachtúlacht “do-sheachanta” in amanna (Agallamh GÓC, 00:26:15). Bítear ag brath ar scríbhneoirí a bheith ar fáil le beathaisnéisí ó réimsí ar leith a scríobh (Agallamh MÓCo), agus ar acmhainní, “Fágann sé sin go mbeidh rangú éigin i gceist agus go bhfágfar daoine áirithe ar lár...” (Agallamh GÓC, 00:26:15). Go

---

<sup>33</sup> Bíonn plé breise ag teastáil ar cheoltóirí, mar shampla, is minic nach dtugtar áit ach má bhí tionchar acu ar an teanga (Agallamh MÓCo)

<sup>34</sup> Liosta na slite beatha ar fáil ag <https://www.ainm.ie/Tags.aspx?Type=occupation&SubType=&Count=10040#start> [Rochtain faighte: 07/09/2025].

príomha, is ag Micheál Ó Conghaile a bhíonn, “na focail deiridh maidir le cé a théann agus cé nach dtéann isteach...” (Agallamh MÓCo, 00:00:25). Mar a léirítear, is minic a fhilltear ar bheathaisnéis nuair a thagtar ar níos mó eolais faoin duine (Agallamh ANB), “níl aon chinneadh *cast in stone*... tar éis 5 bliana nó 3 bliana is féidir breathnú arís air... ní gá go mbeadh aon duine diúltaithe go deo, mar de réir a chéile, tagann eolas... chun cinn” (Agallamh MÓCo, 00:34:34).

#### *1.2.4.1.2. Scríobh Suas na mBeathaisnéisí*

Dáiltear na beathaisnéisí a roghnaítear ar na comheagarthóirí nó ar scríbhneoirí ócáideacha. Bíonn plé i gceist leis seo. Uaireanta, déanann Micheál na comheagarthóirí “a mheitseáil leis an bheatha” (Agallamh MÓCo, 00:18:03), agus uaireanta roghnaíonn na comheagarthóirí na hábhair iad féin, “... ag brath ar an mhéid ama agus spéis atá acu agus mar sin de” (Agallamh GÓC, 00:09:07).

##### *1.2.4.1.2.1. Scríbhneoirí*

Is iad na comheagarthóirí “cnámh droma” phróiseas scríbhneoireacht an tionscadail, a scríobh formhór na mbeathaisnéisí a cuireadh leis an mbunachar ó 2013 i leith. De ghnáth, scríobhann na comheagarthóirí 2 nó 3 beathaisnéis in aghaidh na bliana, “Ceann gach ráithe a mholtar dúinn a scríobh” (Agallamh ENA, C.10). Is daoine iad na comheagarthóirí “... le tuiscint ar an réimse, tuiscint ar earnáil na Gaeilge trí chéile, daoine a bhfuil taithí mhaith acu ar bheith ag plé le scríobh na Gaeilge, a bhfuil spéis acu sa litríocht nó sa stair nó in oidhreacht chultúrtha na Gaeilge” (Agallamh CMM, 00:05:53). Ó am go ham iarrtar ar shaineolaí faoi leith beathaisnéis a scríobh<sup>35</sup>. In amanna eile, tagann duine i dteagmháil le Ainm.ie a bhfuil neart taighde déanta acu ar dhuine nó gaol a bhfuil ardchaighdeán Gaeilge acu agus atá in ann an obair a dhéanamh (Agallamh ANB; MÓCo; CME). Ní post lánaimseartha atá ag scríbhneoirí na mbeathaisnéisí ach íoctar táille €400 as beatha a scríobh (Agallamh MÓCo). Uaireanta, bíonn sé deacair daoine a fháil chun beathaisnéis a scríobh (Agallamh MÓCo). Chomh maith le “spéis shainiúil a bheith agat sa duine” (Agallamh RUC, 00:07:55), mar a phléitear, tá nithe eile riachtanacha “do chlú an tionscadal agus do chaighdeán na hoibre” (Agallamh CMM, 00:05:53):

... scil amháin, an scríbhneoireacht féin, an dara scil atá fíorthábhachtach: scil an taighde, a bheith in ann dul amach ansin agus an t-eolas a bhaineann le saol duine

---

<sup>35</sup> I measc na scríbhneoirí ócáideacha tá Louis de Paor, Aonghus Dwane, Richard English, M. A. Hopkinson, A.J. Hughes, Éanna Mac Cába, Nollaig Mac Congáil, Ailbhe Nic Giolla Chomhail, Alma Ní Bhroin, Niamh Ní Riain, Margaret O’Callaghan, Noel Ó Gallchóir, Micheál Ó Conghaile, Ciara Ryan, agus Máire Uí Chuinneáin.

amháin nó beatha duine amháin a chruinniú le chéile agus cruth a chur air sa mhéid is go mbeidh sé ar deireadh thiar, ina léargas ar shaol an duine sin agus go háirithe, mar a dúirt mé ansin cúpla soicind ó shin, faoin léargas, an tionchar a d'imir siad ar ghné éigin nó roinnt gnéithe den Ghaeilge... agus ar deireadh thiar scil na heagarthóireachta, a bheith in ann nuair atá dréacht den iontráil nó den bheatha réitithe, gur féidir le duine seasamh siar cúpla lá, b'fhéidir agus teacht ar ais agus ansin an rud a léamh arís agus tuaipéisí b'fhéidir a aithint agus easnamh b'fhéidir a aithint agus a leithéid sin (Agallamh CMM, 00:03:35).

#### 1.2.4.1.2.2. *Foinsí le haghaidh na mBeathaisnéisí*

I mbeathaisnéisí [Ainm.ie](http://Ainm.ie), déantar cur síos ar shaol iomlán an duine, ní hamháin a n-ionchur ar stair na teanga, ach eolas faoina gcúlra, a dteaghlach, agus a spéiseanna lasmuigh den Ghaeilge (Agallamh MÓCo; MÓCi). Is iomaí áit a dtagtar ar fhoinsí do na beathaisnéisí. Más scríbhneoir an duine, ní mór teacht ar a raibh scríofa acu agus scagadh, anailís agus in amanna catalógú a dhéanamh ar an gcineál seo foinse (Agallamh RUC; MÓCo; FdB). Tagtar ar eolas faoin mbeathaisnéis i bhfoilseacháin faoin duine in ailt, leabhair, nó nuachtáin (Agallamh ENA; FdB; MÓCo), nó ar chláracha teilifíse nó raidió (Agallamh MÓCo). De dheasca an idirlín, bíonn sé i bhfad níos tapa in amanna teacht ar fhoinsí, “tá saol bog againne i gcomparáid [le *Beathaisnéis*], go háirithe dátaí breithe dátaí báis” (Agallamh MÓCo, 00:45:15). Bíonn géarghá, áfach, le cúpla seic a dhéanamh ar na foinsí a dtagtar orthu más rud é nach foinsí acadúla atá iontu (Agallamh MÓCi; MÓCo). Uaireanta, d’fhéadfadh tionscadail beathaisnéisí eile ar nós an DIB a bheith cabhrach (Agallamh FdB), mar aon le Vicipéid<sup>36</sup> (Agallamh MÓCo).

#### 1.2.4.1.2.3. *Teagmháil le Daoine*

Ba ghá, dá bhféadfaí, “taighde gníomhach” (Agallamh RUC, 00:05:55) a dhéanamh agus teagmháil a dhéanamh le daoine arbh fhéidir labhairt leo faoin duine, in Éirinn agus thar sáile (Agallamh ANB). Is féidir eolas nach mbeadh ag an bpobal a fháil sa phróiseas seo (Agallamh MÓCo). Is iad na foirmeacha teagmhála a mbaintear úsáid astu glaonna gutháin, ríomhphoist, litreacha nó cuairteanna (Agallamh RUC; FdB). Fiú mura bhfuil eolas ag an duine as a sheasamh, is minic a bhíonn ábhar agus fianaise fhisiciúil ar nós litreacha a scríobh an duine ag an duine seo (Agallamh ANB). D’fhéadfadh an duine seo a bheith ina ngaol, cara, comhghleacaí, muintir na háite, nó fiú dalta scoile (Agallamh MÓCo; ANB). Bíonn cuid de na

---

<sup>36</sup> Leagan Gaeilge Wikipedia. Ar fáil ag <https://ga.wikipedia.org/wiki/Pr%C3%ADomhleathanach> [Rochtain faighte: 07/08/2025].

comheagarthóirí “sáite in sna pobail Ghaeltachta” rud a chabhraíonn leo daoine a aimsiú chun labhairt leo (Agallamh CME, 00:30:38). Cé go labhraítear “... le héinne a bhfuil eolas acu nó éinne a gceapfa go mbeadh eolas acu” (Agallamh MÓCo, 00:27:14), formhór an ama, is iad teaghlaigh na n-ábhar beathaisnéisí a sholáthraíonn an t-eolas atá ar lár.

Ar ndóigh, fantar le haghaidh tréimhse ama tar éis don duine bás a fháil agus bíonn píosa taighde déanta ag an scríbhneoir faoin ábhar beathaisnéise sula dtéann siad i dteagmháil lena dteaghlach (Agallamh MÓCo). Níos a bhíonn ag cuid de na scríbhneoirí ná dul i dteagmháil go luath sa phróiseas, “... nó d'fhéadfá a bheith ag cuardach rudaí agus an-stró a chur ort fhéin agus ansin bheadh sé sin ag an teaghlach i rith an ama...” (Agallamh FdB, 00:05:57). Tá ceistneoir a chuireann Ainm.ie chuig an teaghlach chun bearnaí a líonadh agus fianaise eile a dheimhniú (Agallamh ANB). Ní gá gach cuid den cheistneoir a líonadh amach, ach má tá fianaise ar leith in easnamh, is gnách ceist a chur faoi sin (Agallamh MÓCo). Tá an ceistneoir agus labhairt leis an teaghlach tábhachtach chun eolas a fháil ar thírúlacht an duine (.i. pearsantacht an duine) agus a spéiseanna lasmuigh de shaol na Gaeilge (Agallamh MÓCo; CIC 2021)<sup>37</sup>.

#### 1.2.4.1.2.4. *Cur Chuige Scríbhneoireachta*

Leagadh treoir scríbhneoireachta agus modh oibre síos san aistriú ó *Beathaisnéis* go Ainm.ie (Agallamh ANB; FdB; féach (1.2.1.2)) ionas go mbeadh “gach iontráil ó cheann go chéile ag teacht lena chéile nach mbeidh neamhréir idir eatarthu nó a leithéid sin” (Agallamh CMM, 00:03:35). Ceann de na hathruithe atá tagtha ar na beathaisnéisí san aistriú go foirm dhigiteach (ó 2013 i leith) ná go raibh “... guth so-aitheanta i gceist tríd is tríd [le *Beathaisnéis*]. Ach anois tá scata guthaí ann agus bíonn sé sin soiléir go leor; bíonn comharthaí canúnacha le sonrú, bíonn stíl rud beag éagsúil ag scríbhneoirí áirithe agus cur chuige sórt éagsúil acu” (Agallamh GÓC, 00:05:59). Bíonn seicliosta ag an údar chun cinntiú go bhfuil aon eolas riachtanach agus spésiúil coinnithe isteach acu (Agallamh RUC). Mar a mhíníonn Fiontán de Brún,

... níl a fhios agam faoi na scríbhneoirí eile, ach b'fhéidir go gcuirfimid béim ar an scéal agus is dócha go dtigfeadh leis sin b'fhéidir go mbeimid sórt claonta i dtreo amháin nó go bhfuil sé seo ag cur leis an scéal (Agallamh FdB, 00:28:08).

Ní féidir gach rud a choinneáil isteach sa bheathaisnéis agus is gá don scríbhneoir cinntí a dhéanamh maidir lena gcuirtear san áireamh agus lena bhfágtar ar lár (Agallamh MÓCi), rud a fhágann go mbíonn suibiachtúlacht áirithe i gceist le scríobh na mbeathaisnéisí (Agallamh

---

<sup>37</sup> Bíonn an teaghlach in ann an dréacht den bheathaisnéis a léamh chomh maith (Agallamh ENA).

FdB). Braitheann an méid ama a ghlacann sé chun beathaisnéis a scríobh ar na foinsí atá ar fáil faoin ábhar beathaisnéise (Agallamh MÓCo). Fiú roimh an tréimhse scríbhneoireachta, bíonn am ag teastáil i dtaobh pleanála, “feictear dom go dtógann na beathaí am agus spás i mo chloigeann” (Agallamh ENA, C.2.)

#### 1.2.4.1.3. Céim Eagarthóireachta

Déantar eagarthóireacht ar an gcéad dréacht den bheathaisnéis ó thaobh CIC de agus ansin ó thaobh Gaois de agus bíonn cúpla pas inmheánach le déanamh ar an dá thaobh. Bíonn siar is aniar i gceist leis an údar, más gá. Déanann idir CIC agus Gaois iarracht teacht ar ghrianghraif oiriúnacha don bheathaisnéis ag an bpointe seo (Agallamh ANB).

##### 1.2.4.1.3.1. CIC

Tá trí phas profála i gceist ó thaobh CIC de: ceann ag Michéal Ó Conghaile, ag cúntóir CIC, agus ar deireadh, ag Caoilfhionn Nic Pháidín. “Is dóigh go mbíonn súile iolair acu siúd. Bíonn siad ag amharc ar an leanúnachas agus ar gan aon neamhréireachtaí a bheith ann idir na beathaí ar fad. Is bíonn siad díreach ag deimhniú go bhfuil an caighdeán cuí agus nach bhfuil easnaimh ar bith ann...” (Agallamh CMM, 00:17:47). Tá seicliosta i gceist leis an gcéim eagarthóireachta seo, próiseas fada atá ann ach cinntíonn sé an leanúnachas sin (Agallamh MÓCo). Tar éis na céime seo, seoltar an bheathaisnéis chuig Gaois (Agallamh MÓCo).

##### 1.2.4.1.3.2. Gaois

Is é an taighdeoir iardhochtúireachta a dhéanann an chéad bhabhta eagarthóireachta ó thaobh Gaois de, “Ní á gceartú [ach] go mbeidh siad ag teacht le stíl tí...” (Agallamh CME, 00:20:06). Fágтар isteach “rudaí a bhí saghas canúnach”, is é díreach botúin ghramadaí nó litrithe a bhíonn á n-athrú sa téacs (Agallamh CME, 00:20:06). Déanann an príomhthaighdeoir an dara pas ar an mbeathaisnéisí ansin (Agallamh MNL; GÓC; CME). Baintear úsáid as an treoir a leagadh síos san aistriú don phróiseas seiceála a dhéantar mar chuid den chéim seo, agus coinnítear i dteagmháil le CIC agus leis an údar, más gá (Agallamh MNL; ANB)

#### 1.2.4.1.4. Clibeáil & an Comhéadan Eagarthóireachta

Chun an bheathaisnéis a chur in oiriúint le haghaidh foilsiú ar an suíomh, “... go bunúsach é a athrú ó chomhad [Microsoft] Word go rud ar líne” (Agallamh MNL, 00:10:49), cuirtear isteach sa chomhéadan eagarthóireacht ‘Ardán’ é<sup>38</sup> (Agallamh ANB). Is féidir clibeáil a dhéanamh

---

<sup>38</sup> Ní raibh ‘Ardán’ in úsáid ó thús Ainm.ie, “... ag an bhfíorthús nuair a bhí mise ag plé le Ainm ó 2011–2013, bhí córas eagarthóireachta an-chiotach againn... TortoiseSVN is cuimhin liom an t-ainm sin, agus bhí sé sin ag labhairt le córas eile, ach bhí cuma XML saghas scanrúil air agus ní raibh sé glan cosúil leis an gcóras reatha. Sin rud a theastaigh uaim a lua” (Agallamh MNL, 00:10:49).

ansin ar ainmneacha, logainmneacha, saothair, agus institiúidí (Agallamh ANB). Cruthaíonn sé seo nasc idir beathaisnéisí Ainm.ie (Agallamh GÓC; ANB), idir Ainm.ie agus bunachar eile (portráidí.ie agus an DIB) (Agallamh ANB; CMM), agus idir Ainm.ie agus bunachair eile Gaois (go háirithe Logainm.ie agus Duchas.ie) (Agallamh GÓC), agus “cuireann sé sin go mór le luach na hiontrála ... an duine a théann ag amharc ar an ábhar sin má tá spéis acu níos mó a fhoghlaim faoin gceantar inar fhás siad suas ann nó faoin logainm a bhaineann leis an cheantar breithe nó an ceantar saoil, abair, níl le déanamh ach cliceáil ar an hipearnasc agus seoltar ar aghaidh go dtí an áit a bhfuil an t-eolas thú...” (Agallamh CMM, 00:17:47). Is ag an bpointe seo go gcruthaítear an bosca eolais (Agallamh MNL).

#### *1.2.4.1.5. Foilsíú & Poiblíocht*

Foilsítear ansin an bheathaisnéis ar shuíomh Ainm.ie, agus déantar seic eile air sula bhfógraítear don phobal go bhfuil sé foilsithe (Agallamh GÓC). De ghnáth, bíonn an bheathaisnéis seo mar chuid de bhaisc agus bíonn roinnt poiblíochta i gceist le foilseachán bhaisc bheathaisnéisí. Scríobhann an taighdeoir iardhochtúireachta preasráiteas le hachóimrí ar na beathaisnéisí atá sa bhaisc, déantar eagarthóireacht agus seiceanna ar an bpreasráiteas, agus scaiptear le colláis ar na meáin shóisialta, i nuachtlitir Gaois, agus ar nuachtáin ar nós *Tuairisc* é (Agallamh ANB; GÓC; CME). Tar éis fhoilsíú na baisce, bíonn beathaisnéis amháin don bhaisc sin roghnaithe gach seachtain agus curtha chun cinn ar na meáin agus sa nuachtlitir mar ‘Beatha na Seachtaine’ (Agallamh ANB). Achoimre atá in ‘Beatha na Seachtaine’ ar an mbeathaisnéis le grianghraf den duine. Le haghaidh an ullmhúcháin do ‘B[h]eatha na Seachtaine’, téann an taighdeoir iardhochtúireachta tríd an mbeathaisnéis go mion, á cur in eagar, agus ag cur tuilleadh clibeála i gcrích más gá (Agallamh ANB). Pléitear a bhfuil tagtha chun cinn i gcrúinnithe coicísíúla leis an bpríomhthaighdeoir, “agus más féidir linn na beathaí sin ina bhfuil na deacrachtaí beaga seo le feiceáil, más féidir linn iad a ghlanadh agus a réiteach uasal íseal, déanfaimid é sin”, agus le ceisteanna ar leith, téann siad i dteagmháil le CIC, “ní maith liomsa féin go pearsanta aon mhórchinneadh a dhéanamh gan dul i gcomhairle le CIC...” (Agallamh CMM, 00:07:25). Cuireann Ainm.ie na beathaisnéisí agus obair an bhunachair chun cinn ag comhdhálacha in Éirinn agus thar lear chomh maith (Agallamh MNL).

### 1.2.4.2. Leagan Amach na mBeathaisnéisí

The screenshot shows the AINM.ie website interface. At the top, there is a navigation bar with the AINM.ie logo and various utility links like 'logainm.ie', 'téarma.ie', 'dúchas.ie', 'corpas.ie', 'canúint.ie', 'gaois.ie', and 'Eolas | Info'. Below the navigation bar, there is a search bar and a list of categories: 'Abi', 'Liosta Aibíreach', 'Cuardach Láirféacs', 'Amlíne', 'Téamaí', 'Díolaimaí', and 'Léarscáil'. The main content area features a profile for 'ABERCROMBY, John (1841–1924)'. It includes social media icons for Facebook, Twitter, and YouTube, and a 'Seol' (Link) icon. The biography text in Irish describes John Abercromby as a Scottish-born geologist and geographer who worked in Ireland. It mentions his work with the Geological Survey of Ireland and his contributions to the field. To the right of the biography, there is a table with personal details:

|              |                         |
|--------------|-------------------------|
| dáta breithe | 15 Eanáir 1841          |
| dáta báis    | 7 Deireadh Fómhair 1924 |
| áit bhreithe | Tullibody, Albain       |
| inscne       | fear                    |
| sí bheatha   | scoláire                |

Below the table, there is a section for 'GRÉASÁN GEOGRAFAICH' (Geographical Links) and 'GAOLTA TEAGHLAIGH' (Related Entries). The related entries list 'George Ralph' and 'Louisa Penuel Hay Forbes' with their respective disambiguation codes.

Figiúr 3: Beathaisnéis<sup>39</sup> agus bosca eolais ar Ainm.ie.

Maidir le teidil ar bheathaisnéisí an bhunachair, baintear úsáid as príomhainm an ábhair bheathaisnéise. Cuirtear gach leagan dá ainm sa bhosca eolais ar thaobh na mbeathaisnéisí. Is athrú é seo ó *Beathaisnéis* ina raibh leaganacha eile (Béarla de ghnáth) den ainm le feiceáil sa teideal i lúbíní. I dtéacs na mbeathaisnéisí, tá ainmneacha daoine a bhfuil beathaisnéisí fúthu sa bhunachar clibeáilte. Nuair a bhí crostagairtí i bhfoirm chlibeála á ndéanamh idir na beathaisnéisí, chabhraigh sé leis an bhfoireann go raibh córas á úsáid cheana féin sa tsraith *Beathaisnéis* le noda, ar nós [B1] nó [B5], i ndiaidh ainm i dtéacs na beathaisnéise ag treorú an léitheora go himleabhar eile, áit a bhfaighfear beathaisnéis an duine áirithe sin. Níl na noda céanna le feiceáil ar an suíomh, ach ní gá anois ach brú ar ainm an duine atá luaite agus seoltar chun a mbeathaisnéise tú.

Moltar i dTreoir Ainm.ie go bhfuil eolas ar leith gur cóir a lua sna beathaisnéisí féin: áit bhreithe agus dáta breithe, ainmneacha na dtuismitheoirí, ceantar dúchais na dtuismitheoirí, gairm bheatha na dtuismitheoirí, líon deartháireacha / deirfiúracha, áit chónaithe, oideachas, sonraí fostaíochta, gníomhaíochtaí taobh amuigh den phost, foilseacháin an duine féin, foilseacháin faoin duine, pósadh, clann agus áit chónaithe, dáta báis, áit bháis agus adhlactha, agus tíriúlacht an duine (CIC 2021). Is é teorainn focal Ainm.ie 1,000–1,500 focal agus tá na nótaí gairide 100–200 focal<sup>40</sup>. Sa bhosca eolais atá ar thaobh gach beathaisnéise sa bhunachar, tá eolas ar ainmneacha, dátaí, logainmneacha, oideachas agus daoine nasctha leo. Sa réimse ‘oideachas’ tá rannóg le haghaidh bunscolaíocht agus meánscolaíocht (scoil) agus ansin rannóg

<sup>39</sup> <https://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=1033> [Rochtain faighte: 08/09/2025].

<sup>40</sup> Tagann siad ó *Beathaisnéis* 5 (Breathnach agus Ní Mhurchú 1997) den chuid is mó.

eile le haghaidh oideachais ar an tríú leibhéal (ardoideachas). Ní chuirtear eolas faoin scolaíocht isteach sa bhosca eolais ach má tá sé deimhnithe sa bheathaisnéis féin. Baintear úsáid as an leagan is déanaí d’ainm na n-institiúidí sin, agus cuirtear contae nó tír na n-institiúidí isteach chomh maith.

Maidir le logainmneacha sna beathaisnéisí, baintear úsáid as leaganacha Logainm.ie agus is go dtí an bunachar sin a threoraíonn na clibeanna sa téacs thú. Ní chuirtear clib logainm isteach ach má tá sé luaite sa bheathaisnéis agus má táthar cinnte faoi. Uaireanta, cuirtear contae nó tír leis an logainm, más gá idirdhealú a dhéanamh idir logainmneacha leis an ainm céanna ar uairibh. Ag bun na mbeathaisnéisí nua, bíonn leabharliosta a thagraíonn do shaothar an ábhair bheathaisnéise agus saothar fúthu atá luaite san alt (Bhreathnach et. al 2019, 2). Is nós nua é seo le Ainm.ie ó 2011 i leith (CIC 2021)<sup>41</sup> agus tá 93 beathaisnéis ar an suíomh le leabharliosta mar seo, 17 beathaisnéis ban ina measc (18.28%)<sup>42</sup>.

#### 1.2.4.3. Cé a Bhaineann Úsáid as Ainm.ie?

Dúirt Dubhghlas de hÍde gur leabhar í an Ghaeilge ar an saol agus gur fuinneog ar an saol í ... ionas gur féidir le daoine eolas a bheith acu agus ionas gur féidir leo aithne a chur ar an tír a bhfuil siad ag maireachtáil inti gur gá daofa Gaeilge a bheith acu... Is dóigh liom gurb ionann Ainm agus gur cineál fuinneoige ar shaol na Gaeilge, ní hamháin ar na daoine ach go gcruthaíonn sé an pobal fíorúil seo ar líne (Agallamh RUC, 00:00:34).

Cinntíonn scríobh beathaisnéisí Gaeilge go mbíonn taifead againn de shaolta móra na teanga agus de thábhacht na teanga “in both the basis and the imagination of the nation” (Bhreathnach et. al 2019, 4). Socraíodh ón tús go mbeadh saor-rochtain ag an bpobal ar an mbunachar, “leagaimid béim air sin” (Agallamh MÓCo, 00:00:25). Ciallaíonn sé seo go bhfuil meascán cúlraí ag úsáideoirí an bhunachair agus meallann sé daoine a dteastaíonn uathu níos mó a fháil amach faoin teanga (Agallamh MÓCi). Den chuid is mó, is iad a bhaineann úsáid as Ainm.ie ná lucht léann na Gaeilge, bíodh sé sin mic léinn nó taighdeoirí (Agallamh GÓC; MÓCo; FdB). A bhuí leis an bpróiseas a bhaineann le beathaisnéis a sholáthar ar an suíomh, is foinse “faofa” (Agallamh CME, 00:00:57) agus “cruinn” (Agallamh MÓCo 00:11:53; GÓC 31:40) é Ainm.ie. Is “túsphointe” an bunachar do dhaoine áirithe, nó foinse tagartha inar féidir leo sonraí ar leith

---

<sup>41</sup> Ainm.ie Treoir Eagarthóireacht (2021)- (Cáipéis inmheánach eagarthóireachta). Bhíodh leabharliosta foinisí ag deireadh gach imleabhar *Beathaisnéis*.

<sup>42</sup> Dáta aimsithe na staitisticí: 02/11/2023.

a chinntiú do dhaoine eile (Agallamh MÓCo 00:11:53). Sa bhliain 2024, thug 49,695 cuairteoir cuairt an mbunachar agus bhí 149,877 amas air (Gaois 2025)<sup>43</sup>.

#### 1.2.4.4. Buntáiste na hOibre

Léirítear in agallaimh an taighde seo go dtugann an obair sásamh do na rannpháirtithe, agus deis dóibh a spéis sa stair agus in oidhreacht na teanga a fhorbairt (Agallamh CMM), “... osclaíonn sé doirse eile duit agus tagann tú ar eolas eile nach bhfuil a fhios agat... agus tugann sé síos bóithrín eile tú...” (Agallamh MÓCi, 00:07:26). Buntáiste mór atá leis an ré dhigiteach na deiseanna atá ann comhoibriú a dhéanamh le tionscadail beathaisnéisí ar nós an DIB, a mbuaileann Ainm.ie leo le haghaidh cruinnithe uair nó dhó in aghaidh na bliana (Agallamh ANB; MNL). Mar a phléitear thuas, bíonn naisc ag deireadh beathaisnéisí Ainm.ie go dtí beathaisnéis sa DIB, agus a mhalairt, rud a léiríonn tábhacht “na comhpháirtíochta idir institiúidí acadúla” (Agallamh CMM, 00:17:47). Is féidir i gcónaí cur leis na beathaisnéisí atá ar an suíomh nó aon earráid a cheartú agus an suíomh a fheabhsú ar bhonn leanúnach (Agallamh MNL). Roimh an aistriú, bhí ar údair *Beathaisnéis* ceartúcháin ar beathaisnéisí a chur in iúl san imleabhar ina dhiaidh. Tugann spriocanna beathaisnéisí fhoireann an bhunachair an deis dóibh ardchaighdeán a bheith ar an obair, agus díriú isteach ar fhorbairt agus ar fhad saoil na hoibre (Agallamh ANB; MÓCi; CME).

#### 1.2.4.5. Dúshlán na hOibre

Bíonn dúshlán áirithe i gceist le scríobh agus réiteach beathaisnéisí don bhunachar, cé go luaitear nach mbíonn mórán díobh ann (Agallamh RUC; MÓCi) agus gur éasca an obair i gcomparáid lena raibh le déanamh ag údair *Beathaisnéis* (Agallamh MÓCo). Bíonn sé deacair cinntí a dhéanamh faoi chritéir agus áit a bhronnadh, “An fáth nach bhfaighimse codladh na hoíche go rómhínic” (Agallamh MÓCo, 01:02:34). Is foinse chruinn staire é Ainm.ie, agus de dheasca na cáile seo a bheith ar an mbunachar, tá riachtanas ann an leibhéal sin a choinneáil (Agallamh MÓCo). Caithfear a bheith cruinn, agus mioneolas a fháil agus a sholáthar faoi chúlra an duine: “... níl an scéal á insint i gceart agat mura bhfuil a fhios go díreach cén áit... a rugadh [iad]” (Agallamh MÓCi, 00:13:28). Ciallaíonn an riachtanas seo go mbíonn brú ama i gceist, go háirithe nuair a chuirtear san áireamh nach é seo an t-aon ról atá ag aon duine den fhoireann (Agallamh FdB; RUC; MÓCi; ANB; MÓCo). Bíonn brú ama i gceist i dtaobh na tuairisceoireachta ar gá í a dhéanamh go bliantúil i gcomhair maoinitheoirí an bhunachair (Agallamh CME).

---

<sup>43</sup> Tá staitisticí [Ainm.ie](https://stats.gaois.ie/ga/ainm-ic/amais) ar fáil ag <https://stats.gaois.ie/ga/ainm-ic/amais> [Roctain faighte: 08/09/2025].

Is fadhb mhór easpa fianaise agus in amanna barraíocht fianaise. Le beathaisnéisí áirithe, go háirithe cinn ó thréimhsí níos faide siar, ar ndóigh, bíonn bearnaí maidir le cúinsí éagsúla stairiúla nach mbíonn fianaise ar leith ar fáil fúthu a thuilleadh, “... san ochtú haois déag, de bharr go raibh an tír faoi smacht ag na péindlíthe, ’sé an donas atá ann nach bhfuil na gnáthfhoinsí scríofa a bhíonn ann de ghnáth, go háirithe ó thaobh na Gaeilge de. As siocair tionchar na bpéindlíthe, tá sé deacair teacht ar an eolas bíonn ort mar a dúirt féin bheith ag bleachtaireacht agus ag póirseáil thart agus ag léamh foinsí iomadúla le pictiúr de rud éigin a tharraingt le chéile” (Agallamh CMM, 00:13:23). Os a choinne sin, más rud é go bhfuair duine bás ag aois óg, is minic go mbíonn ort níos mó den mhíneolas a chur isteach .i. eolas cosúil le teideal a gcuid foilseachán (Agallamh MÓCo), agus in amanna, bíonn na beathaisnéisí sin fós níos giorra. Constaic eile atá san imirce agus scríbhneoirí beathaisnéisí ag lorg eolais faoi ábhar beathaisnéise (Agallamh ANB). Murar phós nó mura raibh clann ag an duine is minic a bhuaitear ceann caoch sa chuardach (Agallamh ANB). Más ea go bhfuil bearna sna foinsí toisc go bhfuair an duine bás le déanaí, de ghnáth fanann na húdair bliain nó dhó chun an beathaisnéis sin a scríobh (Agallamh MÓCo). Uaireanta, ní bhíonn aon mhíniú ar na bearnaí sna foinsí (Agallamh ANB; MÓCi). Tá líon focal luaite le beathaisnéisí Ainm.ie, agus is minic go mbíonn cinntí deacra le déanamh ag scríbhneoirí agus eagarthóirí araon dá dheasca seo (Agallamh FdB; ENA; MÓCo).

Cabhraíonn sé a bheith ag labhairt le daoine, agus le teaghlach go háirithe leis na bearnaí sna foinsí a líonadh. Ní i gcónaí a bhíonn an teaghlach sásta eolas a sholáthar, nó foinsí a dheimhniú do na scríbhneoirí, áfach (Agallamh ENA). Dúshlán a bhuaileann scríbhneoirí beathaisnéisí plé le hábhair íogaire, bíodh sé sin i bpróiseas bailiúchán sonraí, agus tú ag labhairt le daoine, nó sa scríobh é féin,

... tarlaíonn rudaí pearsanta i saol an duine you know go m'fhéidir ... nár mhaith leo féin go luafá. Níl an tarna rogha go gcaithfeá é a lua dá gcaithfeá ach caithfidh tú a bheith sórt cúramach ach fós cruinn i dtaobh a scríobhann tú (Agallamh MÓCi, 00:11:16).

Soláthraíonn Ainm.ie beathaisnéisí daoine a raibh cáil orthu i saol na Gaeilge, beag beann ar na nithe eile a raibh cáil orthu fúthu ina saolta, agus beag beann ar an saghas duine a bhí iontu (Agallamh FdB). Caithfidh an scríbhneoir a bheith cruinn agus a bheith cúramach leis an tslí a gcuirtear an t-eolas faoi bhráid na léitheoirí (Agallamh MÓCo), “... réamhchlaontaí a sheachaint, ach beocht a bheith ann freisin” (Agallamh ENA, C.7). Fágann sé sin go mbíonn

sé deacair ar an scríbhneoir in amanna an “*tone*” ceart a aimsiú sna beathaisnéisí. Mar a insíonn Fiontán de Brún, faoi scríobh bheathaisnéis [Dhomhnaill Uí Lubhláí](#) (1930–2013),

Is duine é seo a bhí fíorchonspóideach ar fáth go raibh rudaí uafásacha curtha ina leith ag go leor daoine agus mar sin is rud an-tromchúiseach a bhí ann agus bhí, ar ndóigh, bhí ceist sórt eiticiúil ansin fosta faoi: an é go dtugann tú féin breithiúnas ar an duine seo nó an seasann tú siar? Agus roghnaigh mé seasamh siar ó shin leis na fíricí a thabhairt, na sonraí a thabhairt an scéal a insint ach gan breithiúnas ar bith a thabhairt an oiread sa mhéid is gur taifead staire atá anseo agus go bhfuil sé tábhachtach an oibiachtúlacht ann agus fuarchúis cineál sin uilig go léir so sin é ach is minic a smaoiním ar an cheann sin. Bhí sé dúshlánach go maith (Agallamh FdB, 00:11:31).

Mar aon le deacrachtaí teacht ar fhoinsí, bíonn sé deacair teacht ar ghrianghraif de na beathaisnéisí agus plé le cúrsaí cóipchirt is costais (Agallamh GÓC). Go deimhin, deacracht mhór atá ann ná cúrsaí maoinithe agus mar sin fostaíochta (Agallamh CMM; GÓC; FdB). Mar a phléitear thuas, ní hé seo an t-aon phost atá ag éinne d’fhoireann Ainm.ie, “Fiú na daoine atá in Cló Iar-Chonnacht, bíonn hataí éagsúla á gcaitheamh acu taobh istigh den chomhlacht” (Agallamh CMM, 00:45:34). Ar ndóigh, luaitear an “*ratio* idir mná agus fir” mar dhúshlán leanúnach a bhí agus atá ag an tionscadal chomh maith (Agallamh CME, 00:47:36).

### **1.3. Conclúid na Caibidle**

Léirítear sa chaibidil seo stair *Beathaisnéis*, agus a comharba, Ainm.ie. Leag údair *Beathaisnéis*, Diarmuid Breathnach agus Máire Ní Mhurchú, bunchloch síos maidir le critéir, cur chuige, agus stíl sna beathaisnéisí, agus is léir gur leanadh ar aghaidh leis seo tar éis an athraithe ó shraith imleabhar clóite go bunachar digiteach beathaisnéisí. Déantar cur síos ar bhunús an dá thionscadal, a n-aidhmeanna, agus a ngaiscí sa phíosa thuas. Anuas air sin, caitear solas ar phróiseas an digitithe agus ar na céimeanna ar fad a d’fhág go bhfuil saor-rochtain ag an bpobal ar bheathaisnéisí an tionscadail, mar aon leis na céimeanna agus obair reatha a dhéanann foireann an tionscadail fós. Déantar cur síos chomh maith ar aistear na mbeathaisnéisí ón liosta féideartha go leagan digiteach ar shuíomh an bhunachair.

## 2. An Bheathaisnéis & an Bhean

Clúdaítear ról na mban sa tsaolscríbhneoireacht (*life-writing*) sa chaibidil seo. Is ar bheathaisnéisí cnuasaigh go háirithe a dhíríonn an taighde anseo, agus déantar cur síos ar shaghsanna ar leith cnuasach beathaisnéisí. Déantar comparáid idir modheolaíocht, cúlra, agus cur chuige 11 cnuasach beathaisnéisí. Roghnaíodh na tionscadail seo ar fad toisc gur comharbheathaisnéisí (*collective biography*) de chineálacha éagsúla iad, a bhfuil níos mó ná míle beathaisnéis iontu, nach bhfuil / nach raibh teorainn acu leis an tréimhse ama. Pléitear tionscadail reatha agus cinn atá thart, ó gach uile chearn den chruinne, i gcúpla teanga éagsúil agus i bhfoirmeacha difriúla (ar líne / leabhair), ar mhaithe le híomhá chuimsitheach a sholáthar. Tagraítear sa phlé seo do na tionscadail ‘daoine ar iarraidh’ atá nó a bhí ar siúl. Sprioc na caibidle na nithe atá le foghlaim faoi na tionscadail a shoiléiriú ionas gur féidir suíomh Ainm.ie agus a réamhtheachtaí *Beathaisnéis* a lonnú ina gcomhthéacs cuí. Cuirtear críoch leis an gcaibidil le plé ar fhéidearthachtaí na ré digití i ngort na mbeathaisnéisí le haghaidh ionadaíocht na mban. Táthar ag súil leis go gcruthófar íomhá níos soiléire anseo den obair atá déanta, agus obair atá fós os comhair taighdeoirí an réimse seo.

### 2.1. An tSaolscríbhneoireacht & an Bheathaisnéis

Is téarma leathan agus uileghabhálach an tsaolscríbhneoireacht a chlúdaíonn saothar ar bith a dhéanann cur síos ar shaolta dhaoine, ar chuid de shaolta dhaoine nó a chuireann fianaise ar fáil i gcomhair beathaisnéisí ficseanúla (Leader 2015, 1). Faoin scáth-théarma seo tá beathaisnéisí, dírbheathaisnéisí, dialanna, dírbheathaisnéisí ficseanúla, cuimhní cinn, litreacha, scéilíní, agus fiú imeachtaí cúirte, nótaí imill agus tráchtanna ar na meáin shóisialta (Leader 2015, 1). Eascraíonn an téarma Béarla ó aiste Virginia Woolf ó 1939 ‘A Sketch of the Past’ (1985, 61–185). Ba leis an naomhsheanchas a cuireadh tús le traidisiún saolscríbhneoireacht na Gaeilge, mar shampla *Bethu Brigitte* (anaithnid) ón naoú haois (LS Rawlinson B 512; Ó hAodha 1978; Charles-Edwards 2004; Plummer 1925).

Tá beathaisnéisí ar cheann de na modhanna litríochta is ársa. Cáipéisí stairiúla a bhí iontu ag an tús, ach anois is seánra neamhspleách iontu féin iad, lonnaithe idir an stair agus an litríocht (Kendall 2019; Benton 2015, 2). Maíodh tráth gurbh fhoirm ealaíne iad beathaisnéisí in ionad “an exact science, and being an art, it affords large room for the exercise of freedom and discretion on the part of its practitioners” (Quaife 1930, 117). Tuigtear sa lá atá inniu ann gur cuid lárnach iad beathaisnéisí de gach réimse taighde acadúil (Booth 2015, 87). Formhór an ama, scríobhtar beathaisnéisí in ord croineolaíoch agus is faoi dhaoine cáiliúla nó éagsúla a bhíonn siad (Cowman 2011, 83). Ní bhaineann siad le hócáidí móra i saol an duine amháin,

ach le tréithe an duine, a saoldearcadh, agus a bpearsantacht chomh maith (Verbove, Carlier agus Dumolyn 2007, 2). Go hachomair, táthar ag iarraidh léargas níos cuimsithí a fháil ar dhuine áirithe nó ar ghrúpa daoine chun tuiscint a fháil ar an tsochaí i gcoitinne (Erben 1998, 4). Taifead de shaolta daoine is iad na beathaisnéisí, curtha le chéile ag aon duine seachas ábhar na beathaisnéise iad féin (Cowman 2011, 83).

### 2.1.1. An Bheathaisnéis Ghaeilge

Is ó na focail ‘beatha’ [betha / bethu] (eDIL s.v. [betha](#)<sup>44</sup>) agus ‘faisnéis’ [aisnéis] (eDIL s.v. [aisnéis](#)<sup>45</sup>) a cumadh an téarma ‘beathaisnéis’. De réir [eDIL](#)<sup>46</sup>, an leagan leictreonach den *Dictionary of the Irish language*:

Betha (b)<sup>47</sup>: saol duine (scríofa)

Aisnéis (a): ag insint, ag rá, ag míniú, ag aithris

Níl an focal ‘beathaisnéis’ ar fáil in [Corpas Stairiúil na Gaeilge 1600–1926](#)<sup>48</sup>, in *An Irish-English dictionary* (O’Reilly 1864), sa *Dictionary of the Irish Language* (1913–85), nó in *Foclóir Gaedhilge agus Béarla* (Dineen 1904). Tá an focal le fáil i bhfoclóirí ó na 1950idí ar aghaidh, mar shampla, *Foclóir Gaeilge-Béarla: An Litriú Caighdeánach* (Ní Ghráda 1952), *Learner’s Irish-English Pronouncing Dictionary* (Ó Siochfhradha 1958), agus *English-Irish Dictionary* (de Bhaldraithe 1959). Díol spéise is iad *An English-Irish Dictionary: Intended for the Use of Students of the Irish Language* ina ndéantar aistriúchán ar ‘biography’ mar “bithsgríobhnóireachd, seannchuidheachd” (Foley 1855, 43) agus *An English - Irish Dictionary and Phrase Book with Synonyms, Idioms and the Genders and Declensions of Nouns* inar aistriodh ‘biography’ go “bith-scríbhneoireacht” (Fournier d’Albe 1905, 28)<sup>49</sup>. Is é an chéad leabhar beathaisnéise a bhaineann úsáid as an bhfocal ‘beathaisnéis’ ná *Parnell: beathaisnéis* le Leon Ó Broin (1937).

### 2.1.2. Beathaisnéisí & Athshlánú Scéalta Ban

Is éard atá i gceist le tionscadal ‘daoine ar iarraidh’ ná iarracht ar leith cur le líon beathaisnéisí ghrúpa daoine a bhfuil gannionadaíocht orthu sa tionscadal beathaisnéise sin, mar shampla, mná nó grúpaí mionlaigh. Tá athnuachan ag teacht ar bheathaisnéisí daoine imeallaithe agus

---

<sup>44</sup> Rochtain faighte: 27/01/2025

<sup>45</sup> Rochtain faighte: 27/01/2025

<sup>46</sup> Rochtain faighte: 27/01/2025

<sup>47</sup> (a) saol, bheith ar marthain.

<sup>48</sup> Rochtain faighte: 23/01/2025

<sup>49</sup> Tá samplaí d’úsáid ‘bith-’ in áit ‘beatha-’ níos déanaí i scríobh na Gaeilge, chomh maith. Baineann Cathal Ó Háinle úsáid as an téarma “átabhithghrafaíocht” ina phlé ar *An tOileánach*, mar shampla (2008, 106).

spéis á cur ag daoine ina saolta. I réimsí áirithe, is cur chuige an cineál scríbhneoireachta seo chun aird a dhíriú ar thionchar an duine aonair ar chóras ar leith agus chun saolta ban a fhí isteach sa stair chomh maith (Cowman 2011, 83). Tugann léargas ar shaolta daoine imeallaithe tuiscint níos fearr dúinn ar an tsochaí (4.3.2). I ndiaidh bhorradh an fheimineachais, tá beathaisnéisí níos dírithe ar na gnátheilimintí den saol laethúil (Backscheider 1999, 153). Tá beathaisnéisí lárnach i dtaighde an fheimineachais agus b’amhlaidh a bhí ó thús na gluaiseachta (Booth 2015, 87). Is “kaleidoscope” iad in ionad “microscope”, dar le Liz Stanley, “each time you look you see something rather different, composed certainly of the same elements but in a new configuration” (1987, 6; féach 1.1.3).

### **2.1.3. “And what is greatness?”: Critic ar an mBeathaisnéis**

An cáineadh is coitianta a chloistear faoin mbeathaisnéis ná nach gcinntítear na foinsí chomh cruinn agus a chinntíonn taighdeoirí i réimsí eile (Cowman 2011, 96). I measc critic eile ar bheathaisnéisí, táthar ann nach n-aontaíonn le cé chomh dírithe agus atá beathaisnéisí ar an duine aonair (Stanley 1990, 64). Ar ndóigh, is slí timpeall air seo na cnuasaigh bheathaisnéisí. Maítear go ndíríonn beathaisnéisí ar éachtaí amháin, ag teacht salach ar na “complexities and contradictions of lived lives” (Whitelaw 2012, 75). Is minic a cháintear “the tendency to construct a unified subject; seeking objective truths based on documentary facts gleaned from the subject’s personal papers; the assumption that the biographer’s access to this material provides direct insight into the subject’s life” (Whitelaw 2012, 82).

I measc criticeoirí ar an mbeathaisnéis fheimineach, tá Devoney Looser, a cháineann an nós atá ag scríbhneoirí beathaisnéisí an scéal a chasadh ionas gur “feminist hero” ábhar na beathaisnéise, “who can serve as a model for future generations of women”, toisc go mbíonn an cur chuige seo ag brath ar eisceachtúlachas (*exceptionalism*) in ionad fíricí casta scéalta saolta (Whitelaw 2012, 82 ag tagairt do Looser 1993). In 1939 chuir an scríbhneoir iomráiteach, agus beathaisnéisí í féin, Virginia Woolf, ceist thábhachtach maidir le scríobh beathaisnéisí:

Is not anyone who has lived a life, and left a record of that life, worthy of biography — the failures as well as the successes, the humble as well as the illustrious? And what is greatness? And what is smallness? We must revise our standards of merit and set up new heroes for our admiration (luaite ag Woolf 1985).

## **2.2. Saghsanna Cnuasaigh Bheathaisnéisí**

Is stair ársa agus clúiteach atá ag réimse na gcnuasach beathaisnéisí ag dul siar chomh fada leis an tréimhse Réamh-Chríosta le cnuasaigh ar nós *Excellentium imperatorum vitae* ó 44 RCh le

Cornelius Nepos, bailiúchán de scéalta saolta ghinearáil na Gréige. Sampla cáiliúil luath eile ná *Βίοι Παράλληλοι*, *Bíoi Parállēloi* (*Lives of the Noble Greeks and Romans*) le Plutarch (c. 45–125 RCh.). Is ón ochtú haois déag a thagann na cnuasaigh bheathaisnéisí is cáiliúla atá againn – an *Dictionary of National Biography*, cuir i gcás. Tá fréamhacha na gcnuasach mór atá fós ann agus na cinn atá ar eolas againn ón stair ag dul siar go dtí an céad sin agus is mar a chéile an scéal é i stair na hÉireann.

Is mar seo a chuir Richard Ryan síos ar an mbeathaisnéis i réamhrá na chéad imleabhar dá chnuasach *Biographia Hibernica: A Biographical Dictionary of the Worthies of Ireland* in 1819: “Biography, like all things, becomes more important as the influence of its subjects has been more extensive; for the future fates of a nation are made by its character, and its character is made by its celebrated men” (Ryan 1819, iii). Phléigh sé ina chnuasach le fir agus mná mór le rá i stair na hÉireann, go háirithe uasaicme na tíre. Bhí cnuasach eile, *The Irish Compendium: or, Rudiments of Honour* (1735) le Francis Nichols dírithe ar scéalta na huasaicme amháin.

Is priosma iad cnuasaigh bheathaisnéisí trínar féidir tuiscint níos fearr a fháil ar dhíospóireachtaí na linne lena mbaineann siad maidir le cúrsaí féiniúlachta (Fox 2019, 2). Léiríonn na saghsanna cnuasach na slite éagsúla a roghnaítear le heolas beathaisnéiseach a léiriú chun mianta na gcnuasach a bhaint amach, bíodh sé sin chun spléachadh a thabhairt ar stair dhaoine ar leith nó chun comparáid a dhéanamh idir saolta daoine. Le himeacht aimsire, tá saghsanna áirithe éirithe níos coitianta agus saghsanna eile imithe i léig. Tá bealaí agus modhanna éagsúla glactha ag cnuasaigh ar leith agus iad ag iarraidh cos a choinneáil leis an saol (Fox 2019, 3). Sa tábla seo a leanas déantar cur síos ar na cineálacha éagsúla cnuasach, ina measc an chomharbheathaisnéis, an tréithbheathaisnéis, an bheathaisnéis chomparáideach, an ghrúpbheathaisnéis, an bheathaisnéis uilíoch agus an bheathaisnéis náisiúnta. Scrúdaítear ansin cás Ainm.ie, féachaint an bhfuil tréithe ag an mbunachar a chomhlíonann critéir na saghsanna cnuasach beathaisnéisí a léirítear thíos.

|                                 | <i>Comharbheathaisnéis</i>  | <i>Tréithbheathaisnéis</i>   | <i>Beathaisnéis Chomparáideach</i>   | <i>Grúpbheathaisnéis</i>   | <i>Beathaisnéis Náisiúnta</i>   | <i>Beathaisnéis Uilíoch</i>  |
|---------------------------------|---|--|--|--|---|--|
| <b>Téarma Béarla Sainmhíniú</b> | <i>Collective Biography</i>   | <i>Prosopography</i>   | <i>Comparative Biography</i>   | <i>Group Biography</i>   | <i>National Biography</i>   | <i>Universal Biography</i>   |
|                                 | Cnuasach beathaisnéisí a phiéann le níos mó ná beathaisnéis amháin  | Comharbheathaisnéis a scrúdaíonn tréithe agus cosúlachtaí idir bhaill ghrúpaí stairiúla trí staidéar a dhéanamh ar a saolta le chéile. Ionadaíocht chóhort atá atá inti. | Comharbheathaisnéis a dhéanann comparáid leanúnach idir na hábhair sa saothar.   | Comharbheathaisnéis ina gcaitear solas ar dhaoine a raibh aithne acu ar a chéile ina saolta, mar shampla, baill de theaghlach, ghluaiseacht nó eagraíocht. | Comharbheathaisnéis dhaoine cáiliúla i stair tíre ar leith. De ghnáth is tionscadail státmhaoinithe a bhíonn ann.                           | Comharbheathaisnéis a fhorbraíonn ar an mbeathaisnéis náisiúnta chun beathaisnéisí daoine cáiliúla ar fud na cruinne a sholáthar.                          |
| <b>Sampla</b>                   | Ainm.ie<br><i>The House of Commons, 1754–1790 (3 vols.), 1966 [1964]</i> , curtha in eagar ag John Brooke & Sir Lewis Namier. | <i>Hitler And Stalin: Parallel Lives</i> le Alan Bullock (1991)  | <i>Hitler And Stalin: Parallel Lives</i> le Alan Bullock (1991)  | <i>Beathaisnéis a hAon</i> (Breathnach & Ní Mhurchú, 1986).  | <i>Dictionary of National Biography</i>   | <i>Oxford Dictionary of National Biography</i>   |
| <b>Aidhm</b>                    | 1. Solas a chaitheamh ar na naisc idir daoine<br>2. Béim a chur ar an easpa scoiteachta a ghabhann leis an ngrúpa áirithe sin | 1. Ionadaíocht chóhort a sholáthar.<br>2. Béim a chur ar shonraí cainníochtúla na mbeathaisnéisí.  | 1. Líon beag beathaisnéisí a chur i gcomparáid lena chéile agus nascadh le chéile.<br>2. Béim ar shonraí cáilíochtúla. | 1. Beathaisnéisí aonair a sholáthair le baill den ghrúpa céanna iontu.<br>2. Béim ar shonraí cáilíochtúla.   | 1. Stair ana tíre aa insint trí bheathaisnéisí.<br>2. Struchtúir líonraí agus idé-eolaíochta ábhair na mbeathaisnéisí a nascadh lena chéile | 1. Fealsaimh agus ileolaíthe saothair a scríobh ar bheathaisnéisí gach uile dhuine uasal riamh.<br>2. Comhoibriú a spreagadh idir beathaisnéisí náisiúnta. |
| <b>Tagairtí</b>                 | (Booth 2015; Dalmau Palet 2015; Cowman 2011)  | (Nolan 2021; Stone 1971; Verbove, Carlier & Dumolyn 2007; MacLeid agus Nuvolari 2006)  | (Dalmau Palet 2015)  | (Booth 2015; Dalmau Palet 2015; Cannadine 2019)  | (Cannadine 2019; Cowman 2011)   | (Cannadine 2019)   |

Tábla 1: Saghsanna cnuasaigh bheathaisnéisí

### **2.2.1. Cén Saghas Beathaisnéise é Ainm.ie?**

Is comharbheathaisnéis Ainm.ie. Is cnuasach de bheathaisnéisí daoine ó réimsí ar leith de stair na teanga atá ann. Bíonn beathaisnéisí aonair ag daoine sa bhunachar, den chuid is mó. Cé go bhfuil cosúlachtaí idir beathaisnéisí agus ábhair áirithe luaite i mbeathaisnéisí ábhar eile, níl comparáid sa bhunachar ar na beathaisnéisí seo ar mhaithe le taighde cainníochtúil a dhéanamh orthu agus níl na beathaisnéisí fite fuaite ina chéile<sup>50</sup>. Dá dheasca seo, is comharbheathaisnéis, ach ní tréithbheathaisnéis, ná beathaisnéis chomparáideach é. Baineann beathaisnéisí Ainm.ie le réimsí ar leith de stair na teanga, ní bhaineann siad uile le heagraíocht nó teaghlach ar leith, agus dá bhrí sin, ní fhéadfaí a mhaíomh gur grúpbeathaisnéis atá ann ach an oiread. Cé gur spreag an ODNB neart comharbheathaisnéisí timpeall na cruinne, Ainm.ie ina measc, ní beathaisnéis uilíoch ná náisiúnta atá in Ainm.ie. Mar a dúirt Diarmuid Breathnach faoi bhuntáistí cur chuige nach bhfuil dírithe ar an tír ina hiomlán, “... a national biography is not expected to include the so-called ordinary person, be he country poet, labourer, village schoolmaster, a man whose career was unexceptional but who accomplished one thing of importance” (2007, 3). Mar sin, is comharbheathaisnéis é Ainm.ie, dírithe ar phobal agus stair phobal na teanga, ina mbíonn beathaisnéisí aonair sa chnuasach digiteach.

### **2.3. Tionscadail na mBeathaisnéisí**

Sa phíosa seo, déantar comparáid idir sonraí scata thionscadail bheathaisnéisí timpeall na cruinne, ag diriú ar na tionscadail Éireannacha *Dictionary of Irish Biography*, agus an *Dictionary of Ulster Biography*. Chun tús a chur leis an bpíosa, áfach, caitear súil ar réamhtheachtaí formhór na gcnuasach, an *Dictionary of National Biography* (DNB) agus a comharba, an *Oxford Dictionary of National Biography* (ODNB). I dTábla 2, cuirtear sonraí na dtionscadal beathaisnéisí eile ó áiteanna ar leith timpeall na cruinne ar fáil.

#### **2.3.1. Dictionary of National Biography & Oxford DNB**

Foilsíodh an chéad imleabhar den DNB in 1885, faoi stiúir Leslie Stephen agus úinéir príobháideach darbh ainm George Smith (“History of the Dictionary of National Biography” 2014; Cannadine 2019, 194). Ba thionscadal bunaithe ar stair na Ríochta Aontaithe an DNB, agus foilsíodh 63 imleabhar roimh 1900 (Cannadine 2019, 196). Bhí modhanna éagsúla ag scríbhneoirí na n-iontrálacha sa DNB teacht ar a gcuid beathaisnéisí, ina measc: cuardach ar lámhscríbhinní, litreacha, agus cuimhní cinn (Carter 2019, 64). B’aidhm an togra seo léiriú trí chomparáid náisiúnta agus stairiúil gurb iad na Briotanaigh na daoine ab fhearr, go háirithe na

---

<sup>50</sup> Bíonn nótaí faoi shaolta chomhghleacaithe, cairde agus gaolta i mbeathaisnéisí áirithe.

Victeoiriaigh (Carter 2019, 58). Cheap Stephen gur ghá tagairt a bheith le fáil sa chnuasach beathaisnéiseach seo de na “second-rate people... whose lives have to be reconstructed from obituary notices or from references in memories and collections of letters” (1896, 21). Ní dhearnadar idirdhealú ach an oiread, idir na daoine ar rugadh sa Bhreatain iad agus daoine ar rugadh thar lear iad (Baigent 1993, 828). 4% líon na mban sa DNB, agus dar le Thomas, ag an tús ní raibh tagairt do mháithreacha nó mná chéile ábhar na mbeathaisnéisí (2005, 45). Chuir an DNB poist ar fáil de staraithe a bhí in ann a leithéid de thaighde a dhéanamh. Bhí thart ar 653 chuiditheoir ag an bhfoclóir seo (Raven 2007, 993). D’fhoilsigh an DNB cúpla imleabhar tánaisteach a chuir le doiciméadú na mban: in 1901, foilsíodh trí imleabhar ar dhaoine ar iarraidh ina raibh 1044 beathaisnéis, 51 faoi mhná (4.89%) (Lee 1901), agus in 1993 d’fhoilsigh an DNB *The Dictionary of National Biography: Missing Persons* (Nicholls 1993) a d’ardaigh líon na mban sna leabhair go dtí 12% (Baigent 1993, 829). Idir 1916 agus 1996, foilsíodh imleabhair thánaisteacha ar dhaoine a fuair bás idir fhoilsiú na n-imleabhar “covering figures who had died in the very recent past. The first volume, published in 1912, included entries on those who died between 1901 and 1910; the last, published in 1996, took the DNB’s coverage up to the year 1990” (Oxford DNB 2022).

Faoi stiúir Colin Matthew (eagarthóir 1992–1999) agus le maoiniú ón Oxford University Press (OUP), thosaigh obair ar an ODNB, iartheachtaí an DNB in 1993. Foilsíodh an ODNB i bhfoirm cló (60 imleabhar) agus ar líne<sup>51</sup> ar 23 Meán Fómhair 2004. Ba i gcomhpháirtíocht le comhlacht Indiach Alliance Photosetting Company in Pondicherry a rinneadh próiseas an digitithe ar bheathaisnéisí an DNB. Trasfhoirmíodh cáipéisí clóite go sonraí digiteacha de lámh agus cruthaíodh bileoga eolais do na beathaisnéisí uilig. Thug sé seo an deis d’fhoireann an tionscadail critéir nua a leagan síos (Warren 2018, 9). Rinne foireann Alliance an “enormous manual labour” agus oibríthe páirtaimseartha an ODNB digitiú ar “the profile sheets... further enriching the ODNB biographies with 7 million tags” (Warren 2018, 10). Is é Sir David Cannadine atá i gceannas air inniu agus is féidir rochtain a fháil ar an suíomh más ball d’ollscoil thú nó má tá síntiús agat, níl saor-rochtain ag an bpobal air. Tá cur chuige téamach ag an bhfoclóir le teacht ar bheathaisnéisí (Carter 2013, 351). Tá sé de sprioc ag an togra seo béim a chur ar dhaonlathas, neodracht inscne, eitneach agus cultúrtha, agus cur le líon beathaisnéis na mban, inimircigh agus daoine cáiliúla (Thomas 2005, 39; Whelan 2005, 44; Rubinstein 2005, 250).

---

<sup>51</sup> <https://www.oxforddnb.com/> [Rochtain faighte: 12/09/2022].

Mar chritéir, déanann foireann an togra iarracht cloí le daoine a raibh ról mór acu i stair na Ríochta Aontaithe, fiú amháin i suíomhanna neamh-phroifisiúnta (Carter 2013, 363). Úsáideann foireann an ODNB suntasacht stairiúil (*historical noteworthiness*) chomh maith chun cinneadh a dhéanamh ar ábhar. Is éard a chiallaíonn sé seo ná moladh ar an saghas duine atá suimiúil do dhream scoláirí na linne seo agus an dream atá le teacht (Carter 2019, 67). Ag tús an tionscadail, rinneadh athbhreithniú ar bheathaisnéisí ón DNB agus rinneadh athruithe ar 14,000 iontráil. Ní raibh ach 500 beathaisnéis de mhná (3.57%) sa staitistic seo (Warren 2018, 20). Tháinig méadú faoi thrí ar líon na mban, a sheasann anois ag 12.7% de na beathaisnéisí ar fad<sup>52</sup>. Tagann an ionadaíocht is fearr de na mná ón bhfichiú haois (Ewan 2019, 137; Warren 2018, 20). Tá beagnach 10,000 scoláire tar éis beathaisnéis a scríobh don ODNB, agus tá timpeall 62 mhilliún focal scríofa acu (Oxford DNB 2022). Baineann na hiontrálacha is faide le móruaisle, oifigigh an aerairm agus fealsaimh (Warren 2018, 6). Tagann na iontrálacha is luaithe ó 305 R.Ch (ó mhíotas) agus ó 40 A.D (fíordhuine) (Oxford DNB 2022).

### **2.3.2. Dictionary of Irish Biography**

Ba é *A Dictionary of Irish Biography* (Boylan 1978–98), inspioráid an tionscadail seo. Sa bhliain 1983, foilsíodh beathaisnéis náisiúnta Éireannach Bhéarla, an *Dictionary of Irish Biography* (DIB), curtha in eagar ag James Quinn agus James McGuire agus foilsithe ag Cambridge University Press. Foilsíodh 9 n-imleabhar cló in 2009 faoin teideal *The Dictionary of Irish Biography: from the earliest times to the year 2002*. Foilsíodh 2 imleabhar thánaisteacha in 2018 orthusan a fuair bás idir 2003–2010, agus bhí roinn sa dá imleabhar seo le haghaidh ‘daoine ar iarraidh’ ón gcéad 9 imleabhar. Faoi stiúir ARÉ, d’fhoilsigh an tionscadal seo a mbeathaisnéisí ar líne in 2009<sup>53</sup>, le maoiniú ag teacht ón Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Leabharlanna Átha Cliath. Tá saor-rochtain ag an bpobal ar an suíomh seo ó Lá le Pádraig 2021. Is é Eoin Kinsella an t-eagarthóir faoi láthair, agus tagann maoiniú an tionscadail ón Údaras um Ard-Oideachas (ÚAO). Is í sprioc an togra seo saol na tíre a insint trí bheathaisnéisí de “prominent men and women born in Ireland, north and south, and the noteworthy Irish careers of those born outside Ireland” (“About | Dictionary of Irish Biography” 2022). Bheartaigh lucht eagarthóireacht an tionscadail léargas ní ba dhoimhne a thabhairt ar rannpháirtithe eachtraí stairiúla móra na tíre seo, rannpháirtithe gluaiseachtaí i stair na tíre, agus orthusan a chuaigh thar lear. In alt Ní Mhunghaile, léiríonn sí critéir an tionscadail:

1. Those who were born in Ireland and who made their reputations there.
2. Those who were born in Ireland but who achieved their reputations overseas.

---

<sup>52</sup> Dáta aimsithe: 01/07/2024.

<sup>53</sup> [www.dib.ie](http://www.dib.ie). Tagann formhór an eolais anseo ó na réimsí ‘About’ agus ‘Revisions’ [Rochtain faighte: 22/09/2025].

3. Those who were born outside Ireland but who came to Ireland and there achieved their reputation.
4. Those who were neither born in Ireland nor resident in Ireland but who considered themselves to be Irish and who had at least one parent who was Irish born (2010, 191).

Déanann an tionscadal seo a dhícheall ionadaíocht chothrom de chainteoirí agus ceannródaithe na Gaeilge a thabhairt ar an suíomh. Anuas air sin, tugtar áit do charachtair mhíotais<sup>54</sup>. Deimhnítear go bhfuil ionadaíocht le fáil ar chulraí reiligiún ar leith sa tír. Maidir le hionadaíocht inscne, is mná iad 10.88% d'ábhair bheathaisnéisí an bhunachair<sup>55</sup>. Tá thart ar 700 cuiditheoir ag an tionscadal anois, agus níos mó ná 11,000 beathaisnéis ar an suíomh. Tagann na beathaisnéisí is luaithe a scríobh an fhoireann seo ón gcúigiú haois. Baineann na hiontrálacha is faide le hainmneacha móra i stair pholaitiúil na tíre. Foilsítear imleabhair thánaisteacha go rialta<sup>56</sup>.

### **2.3.3. Dictionary of Ulster Biography**

Mar chomhfhiontar d'Institiúid an Léinn Ghaeilge in Ollscoil na Banríona Béal Feirste agus carthanas an Ulster History Circle a foilsíodh an chomharbheathaisnéis *Dictionary of Ulster Biography* in 1993, le Kate Newmann mar an chéad eagarthóir (DUB 2022). Is é Richard Froggatt eagarthóir reatha an tionscadail. Úsáideadh modhanna taighde chun teacht ar fhoinsí, dírithe ar chuntais iarbháis sna nuachtáin náisiúnta agus réigiúnacha. Déantar scagadh ar na tuairiscí seo sula roghnaítear ábhar agus sula ndéantar eagar ar an ábhar sin. Is é cuspóir an tionscadail seo cur síos a thabhairt ar shaolta daoine tábhachtacha an chúige seo ó dhearcadh áitiúil. Tugtar áit sa togra seo do dhaoine bainteach le naoi gcontae stairiúla Ulaidh: daoine ar rugadh ann iad, daoine a chaith seal ann, nó a d'oibrigh ann. Ní mór go raibh tionchar ag na daoine seo ina bpoist nó ina ngairmeacha bheatha. Cé go bhfuil beathaisnéisí de naoimh a thagann ó na tréimhsí is luaithe i stair an chúige ann, níl aon spás do charachtair ó mhíotas sa tionscadal seo. Is faoi mhná 191 as 2,137 (8.93%) beathaisnéisí an chnuasaigh<sup>57</sup>. Léiríonn an tuairisc bhliantúil ón Ulster History Circle 2013/14 gur ábhair bhaineanna iad na trí bheathaisnéis is coitianta ar fhéach daoine orthu an bhliain sin: “Isabella Todd (1,120)<sup>58</sup>, Rosamond Praegar (609) and Ruby Murray (497)” (Ulster History Circle 2014, 4). Tá an suíomh<sup>59</sup> (a seoladh in 2007) bunaithe ar a réamhtheachtaí, an *Dictionary of Ulster Biography*

---

<sup>54</sup>Mar shampla: <https://www.dib.ie/biography/find-mod-ir-fionn-arch-ir-vind-celt-vindos-a3085> [Rochtain faighte: 12/09/2022].

<sup>55</sup>Dáta aimsithe: 24/06/2024.

<sup>56</sup>Féach (Lunney 2018; Quinn agus Maume 2016; Quinn, White agus Rooney 2015; Evers agus Gallagher 2021; Clavin agus O’Riordan 2022).

<sup>57</sup>Dáta aimsithe: 01/07/2024.

<sup>58</sup>Méid amais faighte ag an leathanach.

<sup>59</sup><http://www.newulsterbiography.co.uk/index.php>

(Newmann 1993), agus tá saor-rochtain air. Oibríonn grúpa taighdeoirí an tsuímh go deonach den chuid is mó, ach is féidir le haon duine beathaisnéis a scríobh don chnuasach seo. Tá uasmhéid 1,000 focal ar na beathaisnéisí (Our Policies 2022). Tagann na hiontrálacha is faide siar ón gceathrú haois, agus na cinn is déanaí ó 2022<sup>60</sup>. Léiríonn suíomh an togra go bhfuairéadar £50,000 mar mhaoiniú ón Heritage Lottery Fund (DUB 2022).

---

<sup>60</sup> [George Huxley](#), an bheathaisnéis is déanaí (1932–2022). [Rochtain faighte: 01/10/2024].

## 2.3.4. Timpeall na Cruinne

|  | <i>Australian Dictionary of Biography</i>   | <i>Dictionary of American Biography</i>          | <i>American National Biography</i>                 | <i>Dictionnaire de Biographie Française</i>            | <i>Dictionary of New Zealand Biography</i>                  | <i>Oxford Dictionary of African Biography</i>  | <i>Southeast Asian Personalities of Chinese Descent</i>  |
|--|---|--|--|--|---|--|--|
| <b>Saghas Cuusaigh</b>                     | Beathaisnéis Náisiúnta 1966 (eag. Douglas Pike)                                       | Beathaisnéis Náisiúnta 1928 (eag. Allen Johnson) | Beathaisnéis Náisiúnta 1999 (eag. John A. Garraty) | Beathaisnéis Náisiúnta 1933 (eag. Jules Balteau)       | Beathaisnéis Náisiúnta 1990 (eag. W.H. Oliver)              | Beathaisnéis Náisiúnta 2012 (eag. Henry Louis Gates, Emmanuel Akycampong, Steven J. Nive)      | Grúpbheathaisnéis 2012 (eag. Leo Suryadimata)  |
| <b>Céad imleabhar:</b>                     | 20 (1966–2012)  | 20 (1928–36)                                     | 24 (1999--2024)                                    | 21 (130 facasamhail)                                   | 2002  | 6  | 2  |
| <b>Líon na n-imleabhar:</b>                | 2016  | -  | 2000   | -  | -   | -  | -  |
| <b>Dáta digitíúil:</b>                     | Tá  | Nil  | Nil  | Tá   | Tá  | -  | -  |
| <b>Saor-rochtain?</b>                      | ANU Press   | American Council of Learned Societies            | Oxford University Press                            | Letouzey et Ané  | Manatū Taonga Ministry for Culture and Heritage             | Oxford University Press  | <i>Chinese Heritage Centre</i>   |
| <b>Foilsitheoir:</b>                       | Melanie Nolan Ionadaíochas ( <i>representativeness</i> ). Fíordhaoine ó stair na tíre | -  | Susan Ware Fíordhaoine ó stair na tíre             | Yves Chiron Stair na Fraince agus a hiarchoilíneachtaí | Tim Shoebridge Fíordhaoine ó stair na tíre sa chnuasach seo | -  | -  |
| <b>Eagarthóir Reatha:</b>                  | -   | Lucht bhunú na Stát Aontaithe go príomha.        | -  | -  | -   | -  | -  |
| <b>Critéir:</b>                            | -   | -  | -  | -  | -   | Afracaigh ó gach taobh den ilchríoch agus ó gach tréimhse ama, miotas ina measc. Ionadaíochas. | Daoine beo agus marbh de bhunadh na Síne atá cáiliúil i stair tíortha in oirdheisceart na hÁise. |
| <b>Líon na mbeathaisnéisí:</b>             | 13,777 (2024).  | 15,000   | 23,111 (2024)                                      | 3,109 (2024)   | 2, 216  | 605  | 605  |
| <b>Bliain na beathaisnéisí is luaithe:</b> | 1563  | -  | -  | --   | 1769  | Tús ama (Éabha)  | -  |
| <b>Ionadaíocht na mban:</b>                | 1781 (12.93% in 2024).  | 709 (3.7%)                                       | 3,622 (15.67%)                                     | 18 as 450 i bhfascúil CIX (4%)                         | 828 (26.63%)  | 436 (20%)  | 70 (11.5%)   |

Tábla 2: Tionscail beathaisnéisí timpeall na cruinne

|   |   |   |   |   |   |
|---|---|---|---|---|---|
| <b>Tionscadail daoine ar iarraidh:</b>                | 1. Ionadaíocht na mban<br>2. Ionadaíocht na mBundúchasach   | -   | -   | Ní ar leith ach iarracht leanúnach cur le líon na mban  | -   |
| <b>Bord eagarthóireachta?</b>                         | Tá agus tá cothromaíocht inscne air   | Bhí   | 200 comheagarthóir  | Coiste  | 3 eagarthóir<br>Faoi stiúir Surydinata  |
| <b>Réamhtheachtaí agus foinsí beathaisnéiseacha :</b> | Biographical Database of Australia (BDA); Lewis Namier.   | <i>Lives of the Signers of the Declaration of Independence</i> (Lossing (1840), <i>Library of American Biography</i> (Sparks 1844); <i>Portraits of Eminent Americans</i> (Livingston (1854). DNB | <i>Dictionary of American Biography</i> ; leabhair, tráchtas, agus aistí beathaisnéiseacha molta ón bpobal. | <i>Biographie universelle</i> (Michaud 1854-[65]), <i>Nouvelle biographie générale</i> (Hoefer 1852-[66]), agus <i>Grand dictionnaire universel</i> (Larousse 1866-[90]). DNB | <i>Africana: The Encyclopedia of the African and African American Experience</i> (Gates agus Appiah 2005). <i>The Encyclopedia Africana</i> (DuBois 1963); <i>Encyclopedia Africana</i> <i>Dictionary of National Biography</i> (Ofosu-Appiah 1975-1995). |
| <b>Imleabhair tháinisteacha:</b>                      | <i>Missing Persons</i> (Cunneen 2005); <i>Indigenous Australian Dictionary of Biography</i> (2017).       | 10  | (25 Stories 2019); Leabhair faoi mhuintir na Maorach (idir 1990-2000)                                       |   |   |
| <b>Tagairtí:</b>                                      | (Calvert 2013; About Us - Australian Dictionary of Biography” 2021) (Ewan 2019; Nolan 2019; Konishi 2019) | (Brecher agus Brecher 1944; Quaipe 1930; Nichols 1936)  | (A Short History of the American National Biography 2022)   | (DBF 2022; Balteau, Preface 1932; de Dainville-Barbiche 1994; Roberts 2000;2003;1998).  | (Gates, Akyeampong agus Nive 2012; Contee 1971) (Formoso 2013; Baffie 2012)   |

Tábla 2: Tionscadail beathaisnéisí timpeall na cruinne (Ar Lean)

## 2.4. An Bheathaisnéis agus an Ré Dhigiteach

Ag croílár choincheap na beathaisnéise nua-aimseartha, tá an deis atá ag scoláirí cnuasaigh chlóite (leabhair) agus dhigiteacha (bunachar) a úsáid chun ceangail a dhéanamh agus chun patrúin a aimsiú. Ní raibh deis scagadh iomlán agus ionchuimsitheach a dhéanamh ar na naisc idir ábhair go feidhmiúil roimh bhláthú na ndaonnachtaí digiteacha agus digitíú na mbeathaisnéisí (Carter 2019, 62). Is éard atá i gceist leis na daonnachtaí digiteacha úsáid ríomh-mhodhanna mar anailís sonraí (*data analysis*), samhaltú topaice (*topic modelling*), léirshamhlú (*visualisation*), agus anailís líonra (*network analysis*) chun réiteach a fháil ar fhadhbanna sna heolaíochtaí sóisialta agus sna daonnachtaí bunaithe ar olltíomsú sonraí (*big data*) mar thoradh ar dhigitíú na sochaí (Tamper, Leskinen agus Apajalahti 2018, 125).

Tá cáil idirnáisiúnta ar an gciclipéid Vicipéid do na beathaisnéisí a sholathraíonn sé (Booth 2005; Jatowt, Kawau agus Tanaka 2019). Ciallaíonn borradh na ndaonnachtaí digiteacha go bhfuil féidearthachtaí nua ag tionscadail bheathaisnéisí chomh maith, agus ceisteanna móra maidir le húsáid modhanna rompu. Ní aistriú líneach a bhíonn ann ó phár go scáileán, áfach, agus bíonn an-chuid oibre roimh na tionscadail sula mbíonn torthaí a gcuid oibre ar fáil. Ag léirbhreithniú choiste an ADB in 1986 luaigh Stephen Foster, eagarthóir fheidhmiúcháin *Australia 1788–1988, A Bicentennial History*, an deacracht a bhain le cuardach a dhéanamh san ADB, toisc an méid eolais i mbeathaisnéisí na n-imleabhar (Nolan 2013, 385). Ba dheich mbliana níos déanaí, in 1996, a chuir Melbourne University Press (MUP) iontrálacha an ADB ó imleabhar 1–12 ar dhlúthdhiosca inchoardaithe (Nolan 2013, 387). Nuair a thug MUP rochtain ar na dlúthdhioscaí seo don ADB in 2005, thángthas ar an-chuid botún ar na dlúthdhioscaí. Ba é an chéad chéim mar sin, glantachán sonraí, i bpéire, le duine amháin ag léamh ó na himleabhair agus duine eile ó na scáileáin (Bennet 2013, 196).

Is í céad chéim formhór na dtionscadal beathaisnéisí i leith digitithe ná scanadh na gcártaí innéacs. De ghnáth, baintear úsáid as na cártaí innéacs seo chun digitíú tapa a dhéanamh ar phríomhphointí na beathaisnéise (Nolan 2013, 389), ach ní i gcónaí a bhíonn cártaí innéacs ann (Bhreachnach et. al 2019, 3). Ní dhéanann gach tionscadal beathaisnéise seo, mar shampla, bheartaigh an ADB bunachair nua ar nós bunachar thuairisc bháis a bhunú chun modhanna nua taighde a thriail agus crostagairtí a thosú ón tús (Nolan 2013, 389). In ionad hipearnaise anois sna hiontrálacha, déantar cur síos ar na gaolta idir na hábhair, “This enables family trees to be drawn and the visualisation of the links between family groups” (Nolan 2013, 391).

Bheartaigh tionscadail áirithe, cosúil le Ainm.ie, díriú ar an leagan digiteach amháin ón athrú ar aghaidh. Bheartaigh tionscadail eile, an ADB, ANB, agus an ODNB, mar shampla,

leaganacha comhuaineacha leabhar agus bunachar a bheith acu fiú i ndiaidh phróiseas an digitithe (Carter 2013, 346). Bhí an ODNB in ann taighde a chur i gcrích chun comparáid a dhéanamh idir úsáid an dá leagan leis na leaganacha comhuaineacha, ag teacht ar chruthúnas go mbaintear níos mó úsáide as na leaganacha ar líne de na beathaisnéisí (Carter 2013, 346).

#### **2.4.1. Dúshlán na Ré Digití**

Is próiseas costasach próiseas an dhigitithe. Bíonn acmhainní agus daoine ag teastáil chun scanadh a dhéanamh ar bheathaisnéisí clóite le fonn iad a dhigitiú agus chun bunachair a choinneáil slán ina ndiaidh (O’Riordan 2019, 53). Bíonn deacrachtaí ag tionscadail maoiniú a fháil agus a choimeád, faoi mar a tharla leis an DNZB le forbairt a díolama (Philips 2019, 35). Cruthaíonn cúrsaí mar seo fadhb eile, is é sin gur gá tús áite a thabhairt d’aidhmeanna ar leith in amanna, agus cinn eile a chur ar leataobh (O’Riordan 2019, 43). Ar ndóigh, toisc inrochtaineacht an Ghréasáin, is minic a thuairiscítear cailteanais airgid i dtaobh díolacháin na n-imleabhar a tháinig amach roimhe sin (Nolan 2013, 386).

Go deimhin, don scríbhneoir agus don taighdeoir bíonn céimeanna breise ag teastáil sa ré dhigiteach chun barántúlacht eolais a chinntiú. Caithfear imscrúdú a dhéanamh ar na bealaí a scaiptear eolas nó a gcoinnítear eolas ón bpobal (O’Riordan 2019, 38). Deacracht atá ann a bheith cinnte conas srian a chur le líon an eolais agus mar sin líon na mbeathaisnéisí i dtionscadal beathaisnéise, toisc flúirse an eolais atá amuigh ann (Carter 2019). Caithfidh taighdeoirí na linne seo plé le ceisteanna údarthachta ar leibhéal iomlán eile, agus cinntiú go bhfuil tagairtí cuí á n-úsáid. Ceist chasta a bhaineann le beathaisnéisí, ná ar cheart tagairt a dhéanamh don leagan digiteach nó cló, go háirithe nuair atá athruithe tarlaithe idir na leaganacha (O’Riordan 2019, 47). Is gá a bheith aireach faoi bhunús eolais agus bíonn moltaí tagartha ar bhunachar ar leith cosúil le Ainm.ie maidir leis an gceist seo.

#### **2.4.2. Buntáistí an Digitithe**

Tá dlús curtha le forbairtí i réimse na mbeathaisnéisí digiteacha leis an mborradh atá tagtha ar na daonnachtaí digiteacha. I measc na mbuntáistí tá cumas cuardaigh (ollchuardach téacs) agus inrochtaineachta éascaithe, agus deis nua curtha ar fáil foinsí ilmheánacha a úsáid (Philips 2019, 28). Tá deiseanna tochailte, aimsithe, agus atógála imithe i méid (Carter 2019, 64). Is féidir ábhar digiteach a uasdátú níos tapúla (Ó Raghallaigh agus Ó Cleircín 2015, 21), gné atá an-oiriúnach don bheathaisnéis toisc go mbíonn ar an eagarthóir ollchóiriú ollmhór a dhéanamh am i ndiaidh a chéile i dtrácht na haimsire (Ware 2019, 111). Is féidir réimse ollmhór eolais a scagadh agus a mhionscagadh le cúpla clic (O’Riordan 2019, 37; Philips 2019, 22). Éascaíonn an leagan digiteach taighde gnéithe ar nós cuardach lán-téacs agus cros-tagairtí gur féidir

cliceáil orthu (Ó Raghallaigh agus Ó Cleircín 2015, 21). Is féidir eolas a scaipeadh i bhfad níos tapúla anois (O’Riordan 2019, 38), agus saor-rochtain a thabhairt don phobal ar chnuasach atá ar líne, ar nós Ainm.ie, an DIB, an ADB, agus an DNZB (Ó Raghallaigh agus Ó Cleircín 2015, 21; Bennet 2013, 195–6). Éascaíonn an suíomh digiteach comhoibriú idir bailiúcháin ar leith (Carter 2013, 348; 2019, 59), agus idir bunachair agus eagraíochtaí seachtracha, chun doirse a oscailt agus taighde a scaipeadh ar shlite níos éasca (Bennet 2013, 198). Cinntíonn cros-tagairtí gur tús áite taighde iad beathaisnéisí go bunachair dhigiteacha éagsúla (Carter 2019, 68 & 73).

Le giniúint agus forbairt ghnásanna léirshamhlaithe, is féidir eolas a scrúdú agus bearnaí san eolas a fheiceáil i bhfoirm níos soiléire (Bhreachnach et. al 2019, 3; Carter 2013, 370). I measc gnéithe léirshamhlaithe Ainm.ie tá léarscáil idirghníomhach de na logainmneacha clibeáilte sna beathaisnéisí. Cuirtear grianghraif leis an mbeathaisnéis scríofa nuair is féidir. Gné nuálach í seo den bheathaisnéis agus cuireann sé le mealltacht na beathaisnéise don phobal i gcoitinne (Carter 2019, 69; Philips 2019, 22). Cosúil le Ainm.ie, san ADB, tá clibeanna éagsúla le haghaidh na nasc éagsúil idir beathaisnéisí, rud a ligeann dóibh crainn ghinealaigh a dhearadh agus léirshamhlú a chruthú idir ghrúpaí agus teaghlaigh (Nolan 2013, 391). Tugann leagan digiteach an deis chomh maith díolamaí nó aistí a fhoilsiú bunaithe ar ábhair na mbeathaisnéisí<sup>61</sup>. Cuireann an cineál seo togra béim ar na hathruithe a tharlaíonn i dtír thar thréimhsí ama ar leith. Bhí sé mar aidhm ag an DNZB tionscadal den chineál seo a chur i gcrích. An plean a bhí acu saineolaithe i réimsí ar leith a fhostú chun aistí ginearálta idirghníomhacha faoi ghnéithe de stair na tíre a chur le chéile, agus ansin chun beathaisnéisí a scríobh ar phríomhphearsana na ngluaiseachtaí úd. Mar atá i gceist le díolamaí Ainm.ie, bheadh sé éasca dul ón aiste go dtí na beathaisnéisí a ghabhann leis, ach níor éirigh leis an DNZB an plean a chur i gcrích toisc cúrsaí maoinithe (Philips 2019, 24–35).

Chuir an borradh ar na meáin shóisialta leis an tuiscint gur scéalta saoil atá i mbeathaisnéisí seachas ábhair thagartha amháin. Is féidir ceiliúradh a dhéanamh ar na meáin ar dhátaí tábhachtacha, faoi mar a dhéanann an ODNB, agus Ainm.ie le ‘Beatha na Seachtaine’, a chuireann le hinfheictheacht na mbeathaisnéisí atá sna bunachair go dtí seo (Carter 2013, 370). Tugann an digitiú deiseanna aistrithe an chur ar fáil idir theangacha, cuir i gcás, na leaganacha Béarla agus Māori a sholáthar an DNZB do bheathaisnéis Māori a d’ardaigh líon na n-úsáideoirí (Philips 2019, 22).

Buntáiste eile de chuid an digitithe is ea an méid eolais atá ar fáil chun tacú le scríobh beathaisnéisí ar an idirlíon. In Éirinn, le haghaidh tréimhsí ama áirithe, tá rochtain ar fáil saor

---

<sup>61</sup> Féach (Denvir 2019; Ó Gliasáin 2021; Murphy 2022; Ní Mhuircheartaigh 2019; 3.2.2.3)

in aisce ar líne ar eolas faoi dhaoine, cheantair, agus áiteanna cónaithe sna [daonáirimh](#) faoi áiteanna adhlactha ar [Findagrave](#), agus ar eolas breithe agus báis ar [Irish Genealogy](#). Tá nuachtáin agus tréimhseacháin le fáil ar líne anois ag éascú chuardach eolais (Carter 2019, 65). Mar a luaitear i gCaibidil 1, bhí tuairiscí bháis in úsáid ag scríbhneoirí *Beathaisnéis* (1.1.4), agus rinne tionscadail eile ar nós an DIB é seo chun teacht ar níos mó eolais. Luann O’Riordan go raibh claonadh stairiúil i gceist leis an té a fuair agus nach bhfuair na tuairiscí seo, ag trácht ar imeallú “those who have emigrated, or died long after their peer group” (2019, 40).

Tá an stair dhigiteach saite in anailís ar olltíomús sonraí a spreagann “longer-term periodisation and studies of human activity in aggregate” (Carter 2019, 60), a sháraíonn “the constraints of the book” (Nolan 2013, 374). Cabhraíonn modhanna taighde nua-aoiseacha chnuasach beathaisnéisí agus tréithbheathaisnéisí le cosúlachtaí agus codarsnachtaí a shoiléiriú idir dhaoine (Nolan 2013, 392) Tá ríomhairí in ann sonraí digiteacha a phróiseáil níos tapúla ná daoine, patrúin agus anailís staitistiúil a thaispeáint agus naisc a nochtadh, agus mar sin athruithe i sochaithe, in eagraíochtaí agus gluaiseachtaí a léiriú go soiléir (Fokkens et. al 2017, 195 & 199–200). Thug digitiú foinsí agus bunú bunachar an deis do thaighdeoirí díriú ar na naisc seo idir dhaoine (Nolan 2013, 391), mar shampla, *BiographySampo* na Fionlainne (Tamper et al. 2018) agus *BiographyNet* na hÍsiltíre (Fokkens et. al 2017). Tugann siad an deis naisc idir “... class, ethnicity, religion, region and period” a scrúdú (Bennet 2013, 198), agus eolas a fháil ar dhaoine imeallaithe ón stair (Carter 2019, 74). Is buntáiste lárnach é an deis tograí ‘daoine ar iarraidh’ a bhunú sna tionscadail (O’Riordan 2019, 43). B’ardú céime de chineál a tharla do neart comh-ábhair ar an ODNB, mar shampla (Carter 2013, 363). Is bealach é na modhanna tochailte digiteacha chun scéalta daoine nach raibh cáiliúil ar leibhéal náisiúnta nó idirnáisiúnta, daoine trasnáisiúnta agus imeallaithe a thabhairt ar ais chun solais (O’Riordan 2019, 43).


### **2.4.3. Anailís Líonra: Ré Nua Eile?**

Áis agus féidearthacht nua atá tagtha chun cinn le borradh an digitithe i léann na mbeathaisnéisí ná anailís líonra, a ligeann don chnuasach a bheathaisnéisí a nascadh le chéile sa bhunachar féin agus le bunachair eile (Ó Raghallaigh agus Ó Cleircín 2015, 21; Bhreathnach et. al 2019, 1). Is éard atá i gceist le hanailís líonra ná staidéar ar phatrúin agus naisc idir baill ghrúpa (Scott 2012; Wellman 1983; Wasserman agus Faust 1994). Is bealach éifeachtach é le staidéar a dhéanamh ar shaolta dhaoine, go háirithe daoine imeallaithe (Bourke 2022, 270). I líonra mar seo is iad daoine na nóid (*nodes*) agus na gaolta eatarthu na ciumhaiseanna (*edges*). Is féidir

leis na nóid agus na ciumhaiseanna seo níos mó ná píosa amháin eolais, nó meiteashonraí a chur ar fáil. Tugtar tréithe orthu siúd (Bourke 2022, 270).

#### 2.4.3.1. *Sampla d’Anailís Líonra: MACMORRIS*

Is tionscadal daonnachtaí digiteacha MACMORRIS<sup>62</sup> a dhéanann iarracht líonra sóisialta “cultural actors”<sup>63</sup> na hÉireann idir 1541 agus 1660 a chur ar léarscáil de nóid agus ciumhaiseanna (McGreevy 2019; Palmer 2019).



Figióir 4: Líonra Nuala Ní Dhomhnaill (c.1575–c.1630) ar shuíomh MACMORRIS<sup>64</sup>.

Tá aitheantóir ar leith ag gach duine ann a dhéanann tagairt dá n-eitneacht, inscne, reiligiúin, slite beatha, agus teangacha (Baker, Maley agus Palmer 2018, 7). Móraidhm an tionscadail cothromaíocht a thaispeáint i dtaobh na n-eilimintí seo agus íomhá ionchuimsitheach a chur ar fáil d’Éirinn le linn an ama sin, “one that goes against the predominantly Anglocentric perspective of literary-historical scholarship” (Bourke 2022, 278).

##### 2.4.3.1.1. *Mná in MACMORRIS*

Mar aon le cnuasaigh bheathaisnéisí, ciallaíonn ganntanas ban sna bunfhoinisí go mbeidh ganntanas ban in MACMORRIS (Baker, Maley agus Palmer 2018, 7). Bhí a leithéid d’fhadhb le feiceáil i dtionscadal an Six Degrees of Francis Bacon (SDFB) toisc gannionadaíocht na mban san ODNB (5.4% de bheathaisnéisí an tréimhse ama is mná iad). Ní bhaintear úsáid ach as na dánta ón Bardic Poetic Database (BPD) ina bhfuil teacht ar fhile agus ar phátrún an dáin.

<sup>62</sup> *Mapping Actors and Contexts: Modelling Research in Renaissance Ireland in the Sixteenth and Seventeenth Century*

<sup>63</sup> Is éard atá i gceist le “cultural actor” ná “those who produce culture (primary cultural actors), and those who shape the contexts within which cultural practices operate and change over time (secondary cultural actors)” (Bourke 2022, 278).

<sup>64</sup> Ar fáil ag <https://macmorris.maynoothuniversity.ie/network> [Rochtain faighte: 08/09/2025]. Tá mionbheathaisnéis Nuala ar fáil in Aguisín A an tráchtais seo.

Fágann sé seo go mbíonn tionchar níos láidre ag filí áirithe ar an eolas ar fad atá sa bhunachar (Bourke agus Nic Chárthaigh 2023, 942). Toisc go ndíríonn MACMORRIS ar naisc idir dhaoine tá sé níos fusa teacht ar ábhair bhaineanna i gcomparáid le tionscadail a dhíríonn ar ábhar beathaisnéisí amháin (Bourke 2022, 279). Ag baint úsáid as mná a luaitear i mbeathaisnéisí daoine eile sa DIB, bhíothas in ann líon na mban a ardú ó 3.5% → go 15.5% (Bourke 2022, 279). Ba mhná 14.5% den ábhar a baineadh ón BPD, agus ba mhná iad 32 as 269 pátrún ann (12%) (Bourke 2022, 280).

## **2.5. Conclúid na Caibidle**

Beartaíodh úsáid a bhaint as an gcaibidil seo chun blaiseadh beag a thabhairt den sciar mór taighde atá á dhéanamh sa ghort seo. Is follasach gur cineál scríbhneoireachta ársa í an bheathaisnéis agus gur cnámh droma ar thaighde ar bith a ghabhann leis an stair í. Baintear feidhmeanna ar leith as cnuasaigh de bheathaisnéisí go háirithe an chomharbheathaisnéis, cosúil le Ainm.ie, atá tábhachtach chun íomhá a chur le chéile d'eilimintí cultúrtha tír ar bith nó fiú daoine ar bith. Caitear solas chomh maith anseo ar fhéidearthachtaí leanúnacha na beathaisnéise, go háirithe san aois seo le teacht na ré digití.

Sna cnuasaigh is luaithe i stair na hÉireann, léirítear go raibh feidhm ar leith ag scríbhneoirí na mbeathaisnéisí: íomhá láidir d'Éirinn a scaipeadh a dhírigh ar an uasaicme agus ar fhir (Ryan 1819, iii; Nichols 1735) agus dá dheasca sin, fágadh mná ar lár. Cé nach bhfuil sé seo eisceachtúil i stair chnuasaigh bheathaisnéisí na cruinne, is trua é ar chúpla cúis:

1. Na deiseanna a sholáthraíonn cnuasach beathaisnéisí saolta ban a thabhairt chun solais (Jolly 2001; Clarke 1998; Dalmau Palet 2015; Cowman 2011).
2. Cuireadh tús leis an mbeathaisnéis Ghaeilge le saol Naomh Bhríde, beathaisnéis mná agus ag dul chomh fada siar leis an 9ú haois.

Is léir go bhfuil mórán cosúlachtaí idir na tionscadail idirnáisiúnta a phléitear anseo. Dealraíonn sé go n-eascaíonn na tionscadail go léir ó mhúnla an DNB, an réamhtheachtaí agus inspioráid is minice a luaitear. Úsáidtear meascán de shlite chun teacht ar ábhar nua le haghaidh na gnuasach: foinsí i gcló, foinsí digiteacha, agus cumarsáid. Pointe suimiúil faoi na tograí Éireannacha ná go sáraíonn siad na cinn eile ó thaobh ársaíocht na mbeathaisnéisí. Tagann na beathaisnéisí is luaithe ar an DIB ón gcúigiú haois agus ar an DUB ón gceathrú haois. Maidir le hinrochtaineacht na gnuasach don phobal, tá an-chostas ar na cinn atá i bhfoirm leabhair go fóill, agus síntiús ag teastáil ó chúpla ceann ar líne (ANB agus ODNB). Tá na trí

chomharbheathaisnéis Éireannacha a phléitear sa phíosa (DUB, DIB, agus Ainm.ie) seo saor in aisce ar líne don phobal, mar aon leis an DNZB, agus an ADB.


Nós suimiúil atá le feiceáil le tionscadail na hAstraláise atá luaite sa phlé seo (DNZB agus ADB), ná go n-úsáidtear ionadaíochas<sup>65</sup> (*representativeness*) chun íomhá de na tíortha seo ag am ar leith a sholáthar don phobal. Is é sin béim ar mhachnamh ar an stair trí speictream de bheathaisnéisí a léiríonn carachtar na linne sin (Carter 2019, 67). Pointe spéisiúil eile faoin saghas ábhar a chuireann tionscadail áirithe ar fáil ná beathaisnéisí de charachtair ó mhíotas. Tá sé seo le feiceáil sa DIB, ODNB agus san ODAB. Tá gach tionscadal anseo thar a bheith oscailte agus fairsing lena gcritéir. Cabhraíonn sé seo leo cur le méid na ndaoine ó ghrúpaí imeallaithe. Tá a lán scríofa faoi uileghabhálacht na dtionscadal, go háirithe, iarrachtaí láidre déanta san Astráil agus sa Nua-Shéalainn lena n-imleabhair dírithe ar phobal dúchasacha na dtíortha le cabhair ó na tionscadail mhóra.

### **2.5.1. Ionadaíocht na mBan i gCnuasaigh Bheathaisnéisí**

Díríodh aird ar dhoiciméadú na mban anseo, agus taispeánann an graf seo a leanas (Figiúr 5) ionadaíocht na mban sna tionscadail bheathaisnéisí a scrúdaítear sa phlé seo. Is staitisticí loma agus borba atá iontu a léiríonn an géarghá le staidéar a dhéanamh ar an gceist agus níos mó tionscadal ‘daoine ar iarraidh’ a bhunú ní hamháin i dtaca leis an nGaeilge ach timpeall na cruinne. Is scáil an ghannionadaíocht atá le feiceáil ar thuiscintí ar luach stairiúil oibre na bhfear agus na mban agus ar an riachtanas atá ann le scéalta a bhreacadh síos agus an t-eolas ar fáil anois. Seasann an DNZB agus an ODAB amach le níos mó ná 20% mar ionadaíocht na mban sa dá thionscadal. Is comhartha dóchais chomh maith ó thaobh amlíne na dtionscadal go bhfuil líon níos airde ban (%) sna tionscadail is déanaí i gcomparáid le cinn nach bhfuil ar marthain a thuilleadh, mar shampla, an DAB. Mar aon le Ainm.ie, bíonn na bearnaí is mó san aimsir roimh an bhfichiú haois.

---

<sup>65</sup> Féach (6.2).



Figióir 5: Ionadaíocht na mban i gcnuasaigh bheathaisnéisí timpeall na cruinne.

Ar ndóigh, níl ach dornán samplaí á soláthar anseo de thionscadal beathaisnéisí na cruinne, agus d'fhéadfaí cinn eile a roghnú chun íomhá níos cuimsithí agus níos forleithne a chur le chéile. Is follas go dtaispeánann na sonraí ar fad i gcomparáid le chéile, áfach, gur fadhb lárnach í doiciméadú na mban i ngach uile cheann beag beann ar theanga, tír, eagarthóireacht, maoiniú nó critéir na dtionscadal. Diaidh ar ndiaidh, táthar ag tabhairt faoi thionscadal 'daoine ar iarraidh' i mbeathaisnéisí agus sna daonnachtaí ar an mórgóir. Taispeántar na féidearthachtaí atá ann maidir le hardú ionadaíocht na mban, má chuirtear tionscadail i gcrích dírithe orthu, mar atá le feiceáil leis an DNZB agus an ADB, cuir i gcás. Mar aon le Ainm.ie, tá úsáid bainte ag an DNZB as aistí téamacha ag iarracht an spotsolas a chur ar shaolta ban (25 Stories 2019). Ní mór cuimhneamh, áfach, go bhfuil níos mó ná inscne ina constaic chun líon na mban a ardú sna tionscadail. Tá ceist na haicme lárnach anseo chomh maith, agus tionchar aige ar na mná a fuair beathaisnéisí agus nach bhfuair. Ar ndóigh, chun taifead a bheith ar fáil do scríbhneoireacht mhná ar leith, mar shampla, bheadh ar an mbean sin a bheith in ann scríobh, comhartha den uas / mheánaicme go dtí an céad seo caite, go háirithe le haghaidh ban. Pointe spéisiúil gur chruthaigh tionscadail ar leith meithleacha i réimsí agus in áiteanna geografacha éagsúla chun teacht ar smaointe d'ábhair bheathaisnéisí nua, ag leathnú a bhfoireann le fonn ionadaíocht grúpaí ar leith a mhéadú (Somerville 1999, 52; Suryadinata 2012, xxviii). Tá

céimeanna breise glactha ag tionscadail ar leith maidir le hinscne, cuir i gcás, iarrachtaí an ADB cothromaíocht inscne a bheith ar a bpainéal acu, agus an ghluaiseacht idirnáisiúnta i dtreo cnuasaigh dhigiteacha (Bennet 2013).

Cé go mbítear amhrasach in amanna faoi bhagairtí a bhaineann leis an idirlíon agus leis an saol nua digiteach seo i gcoitinne, is tobair eolais agus féidearthachtaí iad atá fós ag teacht chun cinn. Is féidir bearnaí a líonadh níos tapúla agus scéalta daoine a roinnt le lucht féachana níos leithne, agus comhoibriú a dhéanamh le tionscadail eile chun an ionadaíocht a fheabhsú. Tá forbairtí na dtionscadal uile ag brath ar chúrsaí maoinithe agus is minic a chuirtear stop leis na forbairtí seo nuair atá ganntanas maoinithe ann (Ewan 2019, 130; Philips 2019, 35). Bíodh is gur gá céimeanna breise a chur i gcrích sa phróiseas taighde chun teacht ar shaolta ban agus iad a fhoilsiú, is comhartha dóchais na forbairtí seo de na beathaisnéisí baineanna agus dóibh siúd a scríobhann iad, forbairtí atá le feiceáil san ardú in ionadaíocht na mban in [Ainm.ie](http://Ainm.ie), mar a phléitear sa chéad chaibidil eile.

### 3. Ionadaíocht na mBan in [Ainm.ie](#)


Pléitear ceist ghannionadaíocht na mban in [Ainm.ie](#), agus in *Beathaisnéis* sa chaibidil seo. As 1,794 beathaisnéis i mbunachar Ainm.ie is faoi mhná atá 10.31% de na beathaisnéisí seo (185 beathaisnéis). Mar a phléitear, b'fhadhb í seo a d'aithin údair réamhtheachtaí an bhunachair, *Beathaisnéis* (Breathnach agus Ní Mhurchú 2001b, 19; 2003, 13), agus Gaois níos déanaí, “Is léir don dall go bhfuil easpa ban in ainm.ie ...” (Blag Gaois 2019). Bhí easnaimh eile sa tsraith leabhair a luaigh na húdair, bearnaí tíreolaíocha agus ó thaobh na hamlíne de (Breathnach agus Ní Mhurchú 2010c), ach díritear anseo ar ionadaíocht na mban. Cíortar na beathaisnéisí ban ó thaobh eolais, faid, agus ábhair de, agus déantar comparáid le beathaisnéisí na bhfear nuair is cuí. Ag barr gach beathaisnéise sa bhunachar tá bosca eolais ina dtugtar meiteashonraí ar nós dátaí, ainmneacha eile, áit dúchais, áit adhlactha, inscne, eolas ar chúlra oideachais an duine, agus ar a slite beatha. Cuirtear na meiteashonraí seo go léir i gcomparáid chun na patrúin agus na heisceachtaí a aimsiú<sup>66</sup>. Ina theannta sin, baintear úsáid as slat tomhais seachtrach chun an ionadaíocht a lonnú i réimse níos leithne ná an Ghaeilge amháin. Sa dara cuid den chaibidil, caitear súil ar an dul chun cinn atá déanta maidir le beathaisnéisí na mban go dtí seo mar aon leis na heasnaimh maidir leis an líon ban i dtréimhsí ama agus in áiteanna tíreolaíocha ar leith. Cuirtear moltaí le chéile maidir leis na slite ar féidir cur le líon na mban amach anseo, ag baint úsáid as cur chuige thionscadail ‘daoine ar iarraidh’, tuairimí rannpháirtithe na n-agallamh, agus taighde ar stair na teanga.

#### 3.1. Scagadh ar Bheathaisnéisí na mBan in *Beathaisnéis* & *Ainm.ie*

San ochtú himleabhar, léirítear gur “cúis díomá” tearcléiriú na mban in *Beathaisnéis*, ach gur “beag feabhas a tháinig ar stádas na mban roimh 1970” i gcoitinne (Breathnach agus Ní Mhurchú 2003, 13). Luaitear nach raibh ach ionadaíocht 4% ag mná in *Who's Who, What's What and Where in Ireland* (Mac Aonghusa agus McGuinness 1973). Is éagsúil ionadaíocht na mban sna himleabhair éagsúla de *Beathaisnéis* toisc go ngabhann siad le tréimhsí ama ar leith (Figiúr 6).

---

<sup>66</sup> Toisc gurb as *Beathaisnéis* a thagann formhór bheathaisnéisí Ainm.ie, tagraítear siar don tsraith go leanúnach sa chomparáid seo.




Figiúr 6: Líon na mban in imleabhair *Beathaisnéis*

Chun an chéad chuid den scagadh ar staid na mban in Ainm.ie<sup>67</sup> a dhéanamh, cuireadh cuid de mheiteashonraí na mbeathaisnéisí ban i gcomparáid leis na meiteashonraí céanna i mbeathaisnéisí na bhfear. Díritear ar dhátaí, ar thíreolaíocht, ar líon focal na mbeathaisnéisí, ar oideachas, agus ar úsáid ainmneacha cleite chun an chomparáid seo a chur i gcrích. Déantar iarracht staid na mban sa bhunachar a chíoradh, agus íomhá den bhean thipiciúil in Ainm.ie a dhearadh.

### 3.1.1. Amlíne & Dátaí

Baineann an píosa seo a leanas leis na sonraí atá ar fáil i mbosca eolais na mbeathaisnéisí in Ainm.ie le haghaidh dátaí breithe agus dátaí báis na n-ábhar beathaisnéisí. Clúdaítear amlínte beathaisnéisí na mban agus na bhfear agus déantar comparáid le bunachar Éireannach beathaisnéisí chun suíomh Ainm.ie a léiriú maidir leis an amlíne agus maidir le hionadaíocht na mban.

<sup>67</sup> Dáta aimsithe na staitisticí: 02/11/2023



Figiúr 7: Líon na mban in Ainm.ie de réir dáta breithe.


Tá thart ar chéad bliain idir na fianaisí is luaithe d’fhir agus de mhná in Ainm.ie. Is faoi Bhrighid Nic Gearailt, an bheathaisnéis mhná is luaithe (c.1589–1682), agus is faoi Mhaghnas Ó Domhnaill a chuir *Betha Colaim Chille* le chéile (1532), an bheathaisnéis fir is luaithe (c.1490–1563). In *Beathaisnéis 7*, a phléigh leis an tréimhse 1560–1781, ba faoi mhná 2 as 171 beathaisnéis san imleabhar (1.17%). Toisc nach bhfuil ach ocht mbeathaisnéis ban roimh 1750 in Ainm.ie, is fiú breathnú ar na mná seo.

1. [Brighid Nic Gearailt](#) (c. 1589–1682): file ó Chill Dara.
2. [Fionnghuala Ní Bhriain](#) (fl.1557–1617): file ó Chontae an Chláir.
3. [Mairéad de Buitléar](#) (c. 1670–1744): file ó Thiobraid Árann.
4. [Eibhlín Ní Choillte](#) (fl.1745): file ó Chorcaigh.
5. [Eibhlín Dubh Ní Chonaill](#) (c.1743–1800): file ó Chiarraí.
6. [Mary Bonaventure Browne](#) (c. 1611–1693): caomhnóir lámhscríbhinní ó Ghailimh.
7. [Charlotte Brooke](#) (c.1740–1793): file / drámadóir ón gCabhán.
8. [Máire Ní Dhonnagáin](#) (fl.1760): file ó Phort Láirge.

Tá forlámhas na bhfilí agus na Mumhan le feiceáil go soiléir sna luathbeathaisnéisí ban atá ann, comhartha de nósanna scríobh stair na teanga (*Irish-language historiography*)<sup>68</sup> ó thaobh tíreolaíochta de, um an dtaca sin.


<sup>68</sup> “Scríobh na staire” is ea an téarma a mholann an Coiste Téarmaíochta, Foras na Gaeilge. Bhíodh “staireagrafaíocht” in úsáid ach tá an téarma sin dímholta anois. Ar fáil ag <https://www.tearma.ie/q/historiography/> [Rochtain faighte: 06/07/2025].

Rugadh na daoine arb iad ábhair an chuid is mó de na beathaisnéisí ar fad (66.61%) idir 1850–1950, fianaise a threisiúnn ráiteas na n-údar faoin mbéim ar an Athbheochan. Sa chéad chúig imleabhar a phléigh leis an tréimhse 1882–1982, ba faoi mhná 79 as an 720 beathaisnéis (10.97%), ach ba é sin 74.53% de na beathaisnéisí ban ar fad ón gcéad ocht imleabhar a phléigh le tréimhsí ama ar leith. Is faoi [Mháire Mhac an tSaoi](#), an bheathaisnéis ban is déanaí (1922–2021), agus is faoi [Albert Fry](#), an bheathaisnéis fear is déanaí (1940–2021). In ainneoin go bhfuil sé soiléir go bhfuil méadú tagtha ar líon na mbeathaisnéisí ban, tá an claonadh inscne le feiceáil go ríshoiléir ó na bearnaí idir an dá líne agus ón ardú ollmhór ar líon beathaisnéisí na bhfear i bhFigiúr 8.



Figiúr 8: Amlíne beathaisnéisí reatha Ainm.ie de réir dáta breithe.

### 3.1.1.1. Slat Tomhais don Ionadaíocht




Figiúr 9: Amlíne beathaisnéisí reatha an DIB de réir dáta breithe.<sup>69</sup>

Roghnaíodh bunachar beathaisnéisí an DIB<sup>70</sup> mar shlat tomhais seachtrach anseo. Taispeántar i bhFigiúr 9, líon beathaisnéisí na mban agus na bhfear a thagann ó na tréimhsí ama chéanna le Figiúr 8 thuas de bheathaisnéisí Ainm.ie, ag baint úsáid as dátaí breithe na n-ábhar beathaisnéisí. Tá sé spéisiúil go bhfuil na buaicphointí céanna ag na línte de bheathaisnéisí na mban sa dá ghráf. Cosúlacht spéisiúil eile go bhfuil líon beathaisnéisí na bhfear níos mó idir na blianta 1600–1650, ná mar atá idir 1650–1700 sa dá bhunachar.


<sup>69</sup> Dáta aimsithe na staitisticí: 02/11/2023.

<sup>70</sup> Bíonn ábhair beathaisnéisí an DIB imithe ar shlí firinne, mar aon le ábhair [Ainm.ie](http://Ainm.ie). Is é sin a fáth a roghnaíodh an tionscadal Éireannach seo mar shlat tomhais. Tionscadal beathaisnéisí Gaeilge eile [Portráidí.ie](http://Portráidí.ie) ina bhfuil 188 beathaisnéis de scríbhneoirí cáiliúla i saol reatha na Gaeilge. Is faoi mhná 60 as 188, sin 31.91% (Dáta aimsithe na staitisticí 08/09/2025).



Figióir 10: Comparáid idir líon na mban in Airm.ie agus sa DIB de réir dáta bhreithe

Léiríonn an treolíne i bhFigióir 10 an méadú ionadaíochta atá déanta i mbeathaisnéisí Airm.ie agus an DIB ag baint úsáid as dátaí breithe na n-ábhar beathaisnéisí. Tá beagán níos mó feabhais le feiceáil i mbeathaisnéisí an DIB, áfach. Den chuid is mó, is forbairt leanúnach atá le feiceáil san ionadaíocht sa DIB. Ní raibh an titim chéanna san ionadaíocht maidir le mná a rugadh idir 1750–1850 i mbunachar an DIB agus mar a bhí in Airm.ie, agus ní raibh an léim mhór idir sa naoú haois déag in ionadaíocht Airm.ie (0.61% → 14.497 %) le feiceáil sa DIB, ach an oiread.




Figióir 11: Amlíne beathaisnéisí reatha nasctha leis an nGaeilge sa DIB de réir dáta breithe.

Tá 373 ábhar beathaisnéise luaite le gairmeacha sa Ghaeilge sa DIB, 39 faoi mhná (10.45%), oiread na fríde níos airde ná ionadaíocht na mban in Ainm<sup>71</sup>. I measc an 39 sin, tá triúr nach bhfuil beathaisnéisí acu in Ainm: [Máire Dhuibh Ní Dhonnchadha](#) (c.1702–c.1795), [Ann \(Nancy / Neans\) Wyse Power](#) (1889–1963), agus [Síle Ní Chéileachair](#) (1924–1985)<sup>72</sup>. Níl aon leanúnachas ag baint leis an mbordadh i bhFigióir 11 agus mar atá i mbeathaisnéisí Ainm.ie (Figióir 8), nó i mbeathaisnéisí iomlána an DIB (Figióir 9).

<sup>71</sup> Dáta aimsithe: 02/11/2023.

<sup>72</sup> Tá mionbeathaisnéisí an triúir ar fáil in Aguisín A: Mionbeathaisnéisí.

### 3.1.2. Tíreolaíocht




Figiúr 12: Ionadaíocht na mban ó thaobh contaetha na hÉireann de in Ainm.ie de réir áit breithe.

Dírítear anseo ar an áit bhreithe chun comparáid tíreolaíochta a dhéanamh toisc go mbíonn an áit bhreithe luaite i mbeagnach gach beathaisnéis. Is as Cúige Mumhan 23.91% d'ábhair beathaisnéisí na mban in Ainm.ie. Tá an ionadaíocht is fearr ó thaobh contaetha de ó Bhaile Átha Cliath i mbeathaisnéisí na mban, sin 28 beathaisnéis (15.2%). Níl bean ar bith in Ainm.ie arbh as an Longfort, Ceatharlach, Cill Chainnigh, Loch Garman, Fear Manach, Muineacháin, Sligeach, nó Liatroim di, agus níl áit bhreithe luaite le 11.96% de bheathaisnéisí na mban sa bhunachar (22)<sup>73</sup>. Ar ndóigh, is é príomhchritéar Ainm.ie ná gur cheart go samhlófá an Ghaeilge nuair a smaoinfeá ar an duine (CIC 2021)<sup>74</sup>. Ach is léir ó bheathaisnéisí Ainm.ie, nach as ceantair Ghaeltachta formhór na mban sa bhunachar. Ba chainteoirí dúchais 58 bean

<sup>73</sup> Ón eolas atá sna boscaí eolais.

<sup>74</sup> Dréachtú Beathaisnéisí Nua- Modh Oibre (2021)- (Cáipéis inmheánach eagarthóireachta).

(29.35%)<sup>75</sup>. Ní cainteoir dúchais 73 bean (39.67%). Ní luaitear cár fhoghlaim 52 acu Gaeilge (28.2%). Rugadh thar sáile 20 bean (10.87%), 11 i Sasana<sup>76</sup>, 2 sna Stáit Aontaithe<sup>77</sup>, 2 sa Fhrainc<sup>78</sup>, agus 1 in Albain, sa Bhreatain Bheag, i Málta, san Ísiltír, agus san India, faoi seach<sup>79</sup>.



Figiúr 13: Líon na mban ó thaobh tíortha nach Éire de in Ainm.ie de réir áit breithe.

Tagann formhór na bhfear ó Chúige Mumhan (35%), leis an líon is mó ó thaobh contaetha de ag teacht ó Chorcaigh (212 / 7.59%). Is é an Longfort an contae leis an líon is lú beathaisnéise fear le 1 ag teacht ón gcontae. Rugadh 101 fear in Ainm.ie (6.2%) thar lear.

### 3.1.3. Líon Focal

Bíonn beathaisnéisí an bhunachair idir 1,000–1,500 focal, 2,000 ar a mhéid ach suas go 3,000 i gcás eisceachtúil (Agallamh MÓCo)<sup>80</sup>. In *Beathaisnéis* ní luaitear treoir le haghaidh líon na bhfocal, ach deirtear i réamhrá na chéad imleabhair nach raibh “coibhneas idir fad an chuntais agus tábhacht na beatha a chaith duine” (Breathnach agus Ní Mhurchú 1986, 12). Luaigh na húdair go raibh sé deacair beathaisnéisí phearsana móra na n-imleabhar a choinneáil gearr

<sup>75</sup> Caithfidh go raibh tagairt díobh mar chainteoirí dhúchais, nó gurb as ceantair Ghaeltachta iad.

<sup>76</sup> Sadhbh Trinseach, Máire de Buitléar, Norma Borthwick, Eleanor Hull, Mary Anne Hutton, Maud Gonno MacBride, Eleanor Knott, Gobnait Ní Bhruadair, Íde Nic Néill, Eileen Costello agus Dóirín Mhic Mhurchú.


<sup>77</sup> Gertrude Schoepperle agus Máire Uí Dhuinnshléibhe

<sup>78</sup> Louise Gavan Duffy agus Marie Louise Sjoestedt-Jonval

<sup>79</sup> Mary Paula Winifred Wulff, Máire Stafford, Mary Emma Scarlett, Maartje Draak, Máire Uí Dhálaigh.

<sup>80</sup> Dréachtú Beathaisnéisí Nua- Modh Oibre 2021- (Cáipéis inmheánach eagarthóireachta).

(2001b, 23). I measc beathaisnéisí Ainm.ie, tá beathaisnéisí de níos lú ná 100 focal. Tugtar nótaí gairide ar na beathaisnéisí seo, nó “short ‘stub” as Béarla (Bhreathnach, et al. 2019, 4).



Figiúr 14: Dáileadh líon focal i mbeathaisnéisí na mban in Ainm.ie.

Léiríonn Figiúr 14 an dáileadh líon focal i mbeathaisnéisí reatha na mban<sup>81</sup>. Tá 20.1% de bheathaisnéisí na mban 500–749 focal (37). Is é 793 meánfhad na mbeathaisnéisí uile, nótaí gairide san áireamh. Is é 731 airmheán bheathaisnéisí na mban. Is é 798 meánfhad na beathaisnéisí fireanna. Is é 748 meánfhad bheathaisnéisí na mban. As 1,794 bheathaisnéis an bhunachair, is nótaí gairide iad 135, 15 ina mbeathaisnéisí faoi mhná (11.11% na nótaí gairide, 8.15% bheathaisnéisí na mban).

### 3.1.4. Gairmeacha Beatha

Luaitear gach uile shlí bheatha ábhair bheathaisnéisí [Ainm.ie](http://Ainm.ie) sna boscaí eolais, fiú murar bhain an ghairm leis an teanga agus fiú mura bhfuil fianaise againn ar ghnóthaigh siad airgead don ghairm. Rinneadh scagadh ar na slite beatha is coitianta a luaitear i mbeathaisnéisí Ainm.ie le scagadh de réir inscne de, chomh maith.

<sup>81</sup> I gcomhair leis an DIB aistriódh beathaisnéis [Maud Gonne MacBride](http://MaudGonneMacBride.ie) go Gaeilge (5,799 focal) mar chuid de Sheachtain na Gaeilge 2020. Toisc gur aistriúchán é níl sé san áireamh sa dáileadh seo.

| <i>Gairm Bheatha</i>         | <i>Iomlán (%)</i> | <i>Mná (%)</i> | <i>Fir (%)</i> |
|------------------------------|-------------------|----------------|----------------|
| <i>Múinteoir</i>             | 20.96             | 23.7           | 20.63          |
| <i>Scribhneoir</i>           | 16.11             | 18.2           | 15.91          |
| <i>Scoláire</i>              | 13.21             | 14.9           | 13.05          |
| <i>Sagart</i>                | 10.64             | 0              | 11.87          |
| <i>Bailitheoir Béaloidis</i> | 5.8               | 1.1            | 6.34           |
| <i>Amhránaí</i>              | 3.96              | 12.7           | 2.98           |
| <i>Gan Gairm luaite</i>      | 3.62              | 8              | 3.1            |

Tábla 3: Na gairmeacha beatha is coitianta i mbeathaisnéisí reatha Ainm.ie

Sa 16ú agus 17ú haois, is sagairt, filí agus scríbhneoirí na slite beatha is coitianta sna beathaisnéisí. Sa 19ú haois, tháinig laghdú ar líon na bhfilí, a bhí le meath fhilíocht na mbard sa Ghaeilge. Ag an am céanna, tháinig borradh ar líon na múinteoirí, státseirbhíseach, polaiteoirí agus aistritheoirí, agus ag deireadh na haoise céanna, borradh ar bhéaloideasóirí, agus ar bhailitheoirí ceoil, scéalta agus amhrán (Bhreathnach, et al. 2019, 6–7). Mar atá le feiceáil i dTábla 3, is múinteoirí, scríbhneoirí, agus scoláirí na gairmeacha beatha is coitianta in [Ainm.ie](#). I mbeathaisnéisí na bhfear, tá an tsagartacht agus an bailiú béaloidis coitianta, agus i mbeathaisnéisí na mban tá an amhránaíocht coitianta. Tá líon na mbeathaisnéisí gan gairm bheatha luaite leo dhá oiread níos airde i mbeathaisnéisí ban ná i mbeathaisnéisí fear.

### 3.1.5. Oideachas

| <i>Oideachas</i>              | <i>Mná (%)</i> | <i>Fir (%)</i> | <i>Iomlán (%)</i> |
|-------------------------------|----------------|----------------|-------------------|
| <i>Le Bun / Dara Leibhéal</i> | 46.2           | 44.38          | 45.15             |
| <i>Le Tríú Leibhéal</i>       | 40.22          | 44.44          | 45.82             |
| <i>Gan Oideachas luaite</i>   | 46.74          | 55.55          | 54.4              |

Tábla 4: Staitisticí ar oideachas ábhar beathaisnéisí reatha Ainm.ie

Ní luaitear oideachas ar bith i 46.74% (88) de bheathaisnéisí na mban. Níl trácht ar oideachas tríú leibhéal 13.04% de mhná a fuair oideachas bunleibhéal (24). Tá na héagsúlachtaí idir an fhianaise chéanna ó bheathaisnéisí na bhfear iontach suimiúil anseo. Níl tagairt d’oideachas bun / dara leibhéal i 891 de bheathaisnéisí fireanna Ainm.ie (55.62%) agus níor luadh oideachas tríú leibhéal le 890 beathaisnéisí fhireanna (55.55%). Tá sé suimiúil nach bhfuil ach difríocht 4% idir líon na mban a fuair oideachas tríú leibhéal agus líon na bhfear. Toisc na baic a bhí roimh mhná oideachas ar an tríú leibhéal a fháil sa luath-fhichiú haois, go háirithe mná

Caitliceacha (Raftery et al. 2010; Ó hÓgartaigh 2009), bheifeá ag súil leis go mbeadh an bhearna sin níos mó idir na hinscní. Luíonn sé seo le réasún nuair a smaoinítear ar an mbéim a cuireadh ar an litríocht scríofa i dtaifeadtaí na teanga (Agallamh FdB). Ar ndóigh, bhí cúiseanna eile seachas inscne nach mbeadh rochtain ag daoine ar oideachas ollscoile. Níor cuireadh fáilte roimh Chaitlicigh sna hinstiúidí tríú leibhéal go dtí deireadh an naoú haois déag agus bhí an eaglais Chaitliceach ag cur ina gcoinne go dtí lár an fichiú haois (Moody 1958; Pařeta 1998). Anuas air sin, bhí baic shóisialta, eacnamaíocha agus tíreolaíocha roimh an gcuid is mó den phobal, gan trácht ar fhorlámhas earnáil na talmhaíochta sa tír go dtí na 1970idí (Gray agus O'Carroll 2012). Tá sé tábhachtach a lua anseo nach gciallaíonn bearnaí san eolas ar oideachas an ábhair bheathaisnéise nach raibh oideachas orthu i gcónaí, ach nach bhfuil eolas faighte air go fóill<sup>82</sup>.

### 3.1.6. Ainmneacha Cleite

Tá thart ar 344 ainm cleite luaite le beathaisnéisí [Ainm.ie](http://Ainm.ie) atá ar fáil faoin gcluaisín ‘Ainmneacha Cleite’ ar shuíomh an bhunachair. Is minic a bhí níos mó ná ainm cleite amháin á úsáid ag scríbhneoirí áirithe. As na hainmneacha seo, ba le mná 16 díobh (4.65%). Deacracht a bhaineann le hainmneacha cleite ná gur gá go mbeidh fianaise ann d’fhíorainm an duine ionas gur féidir an nasc a nochtadh sa bheathaisnéis.

| <i>Ainm na mná</i>                            | <i>Ainm cleite na mná</i>                   |
|---|---|
| <a href="#">Norma Borthwick</a>               | Aodh Rua / Fear na Móna / Gartan            |
| <a href="#">Rosamund Jacob</a>                | F. Winthrop                                 |
| <a href="#">Rose Kavanagh</a>                 | Uncle Remus                                 |
| <a href="#">Eleanor Knott</a>                 | Finnéigeas                                  |
| <a href="#">Charlotte Elizabeth Mac Manus</a> | L. McManus                                  |
| <a href="#">Eithne Nic Sheáin</a>             | Ethna Carbery                               |
| <a href="#">Eibhlín Ní Bhriain</a>            | Candida                                     |
| <a href="#">Áine Ní Dhuinneacha</a>           | Bean Dubh an Ghleanna / Carraigín na mBocht |
| <a href="#">Úna Ní Fhaircheallaigh</a>        | Uan Uladh                                   |
| <a href="#">Sorcha Ní Ghuairim</a>            | Niamh Chinn Óir / Coisín Siúlach            |
| <a href="#">Máire Ní Shíthe</a>               | Dul amú                                     |
| <a href="#">Caitlín Ní Shíthigh</a>           | Fand O’Grady                                |
| <a href="#">Annie Patterson</a>               | Niamh                                       |
| <a href="#">Eithne Strong</a>                 | Eithne Ní Chonaill                          |

<sup>82</sup> Níl aon chuntas ar oideachas bun / dara leibhéal 7.61% de mhná a fuair oideachas tríú leibhéal (14)

Tábla 5: Ainmneacha cleite ábhair beathaisnéisí na mban in Ainm.ie.


Pointe suimiúil ón eolas i dTábla 5, ná gur rugadh na mná go léir sa tréimhse 1850–1950. Is spéisiúil gur bhain fir úsáid as ainmneacha cleite baineanna, ina measc: Máire Ní Eaghra (Seán Pádraig Mac Énrí), Brighid (Seán Mac Maoláin), Greagóirína Nic Greagóir Greagach (Aoidhmín Mac Greagóir), Siubhán Pháidín Sheagháinín (Pádraig Mac Piarais), Máire Bheag (Diarmuid Ó Muimhneacháin), Laoiseach Ó Deá (Donncha Ó Laoire), Máire (Séamus Ó Grianna), agus Muirghein (Pádraig Ó Gallchobhair).

### **3.2. Todhchaí na bhForbairtí Ionadaíochta**

Sa phíosa seo a leanas, déantar cur síos ar an ardú atá tagtha ar ionadaíocht na mban i dtréimhsí ama ar leith, agus ar an easpa dul chun cinn i dtréimhsí eile. Pléitear na nithe a chuireann le / a chuireann bac le hardú líon bheathaisnéisí na mban. Caitear súil ar shlite ar féidir cur leis an líon seo amach anseo, ag déanamh tagairt do thionscadail bheathaisnéisí eile agus do mholtaí rannpháirtithe agallaimh an taighde seo.

#### **3.2.1. Dul chun cinn na hIonadaíochta go dtí seo**

Nuair a d'aithin *Beathaisnéis* dearmad maidir le hábhair bheathaisnéisí, chuir siad mar ‘Forlíonadh’ iad sna himleabhair a foilsíodh ina dhiaidh sin. Tá na forlíontaí seo le feiceáil ó imleabhar 5 ar aghaidh. Bhí critéir níos oscailte acu chun dul i ngleic le fadhb na gannionadaíochta, “de bhrí go rabhamar ag iarraidh cur le líon na mban” (2003, 13). Is mná iad 10.68% d’ábhair bheathaisnéisí an imleabhair úd (22 as 206). Beathaisnéisí daoine a fuair bás le déanaí atá á scríobh le haghaidh Ainm.ie le 10 mbliana anuas, den chuid is mó. Is cúis dóchais Figiúr 15, a léiríonn go bhfuil méadú suntasach tagtha ar ionadaíocht na mban má dhéantar scagadh ar bheathaisnéisí Ainm.ie de réir dátaí báis na n-ábhar bheathaisnéisí.



Figióir 15: Ionadaíocht na mban in Aonm.ie de réir dátaí báis (%)

Léirítear go raibh titim go dtí 10% idir 2000–2009, sular thosaigh an méadú mór atá tagtha ar an ionadaíocht. Tháinig an t-imleabhar is déanaí de *Beathaisnéis* amach in 2002 agus cuireadh tús le Céim 1 de Aonm.ie sa bhliain 2009. Ó 2010 tá méadú 17% déanta ar ionadaíocht na mban sa bhunachar. Thosaigh an méadú seo ag tarlú in éineacht leis an aistriú ó chnuasach clóite go bunachar digiteach – dea-chomhartha ar an obair atá á déanamh ar an gceist ó shin. As 112 beathaisnéis nua-scríofa a seoladh idir 2013 agus 2023 ba mhná 28 díobh (25%), agus 27% de na hábhair bheathaisnéisí a fuair bás idir na blianta 2020–2022. Cé nach bhfuil ionadaíocht 50:50 ann go fóill, má leantar ar aghaidh leis an nós seo, tá duine as gach ceathrar i bhfad níos dóchasaí ná duine as gach deichniúr.

### 3.2.1.1. *Dúshlán Fhorbairtí na hIonadaíochta*

Mar aon le tionscadail agus foclóirí beathaisnéisí eile, is saothar tagartha Aonm.ie, agus bíonn scríbhneoirí na mbeathaisnéisí ag brath ar an obair atá déanta sa ghort cheana féin (Agallamh CME; FdB). Muna bhfuil an fhianaise ann, ní féidir an saol a scríobh, agus más iomaí fianaise ar shaolta fir, táthar chun na saolta sin a scríobh (Agallamh GÓC; MNL). Faoi mar a phléitear i gCaibidil 2 (2.5.1), is fadhb fhorleathan í fadhb thearcléiriú na mban i mbunachair agus tionscadail beathaisnéisí (Agallamh MÓCi). Le [Aonm.ie](#), tarraingíodh an cheist anuas tar éis baill d’fhoireann Gaois a bheith ag comhdháil beathaisnéisí san Ísiltír thart ar dheich mbliana ó shin,

Agus an uair sin, ní dóigh liom... gur easaontaigh daoine go láidir, ach bhraith mé ... nár glacadh go fonnmar leis an moladh, nó leis an tuiscint gur cheart ceist ionadaíocht na mban... a phlé gan trácht ar rud éigin a dhéanamh agus gníomhú dá réir. Mar sin, thóg sé cúpla bliain déarfainn ... de phlé agus de cur is cúiteamh is dócha sular ghlac na páirtithe leasmhara go léir leis go raibh easnamh ann agus gur cheart féachaint na bearnaí a líonadh de réir a chéile (Agallamh GÓC, 00:15:55).

Is féidir na forbairtí ionadaíochta atá tagtha a nascadh leis an ré dhigiteach agus leis an gcaoi a mbíonn foinsí le fáil ar líne anois, ach ní hé sin is a rá gur fágadh mná ar lár “d’aon ghnó” sna himleabhair, “D’aithin siad ar fad an fhadhb agus dúirt na bunúdair go ndearna siad a ndícheall cur le líon na mban agus ar ndóigh, is é sin ceann de na spriocanna atá ag na húdair reatha freisin, sé sin an painéal comheagarthóirí” (Agallamh MNL, 00:14:13).

I gcomhthéacs stair na teanga, táimid fós díreach ag tosú amach ag sníomh scéalta na mban ar ais isteach (Agallamh RUC). Cuireadh tús le *Beathaisnéis* sna hochtóidí, ag tús ghluaiseacht an fheimineachais sa tír, “ní raibh aon bhean ina príomh-aire ar Shasana, cuir i gcás, go fóill; níl fós i Meiriceá” (Agallamh MÓCi, 00:16:13). Glacann sé am chomh maith torthaí athruithe móra mar na cinn a tharlaíonn le tionscadail ‘daoine ar iarraidh’ a fheiceáil, idir an teacht ar smaointe don bheathaisnéis, an bheathaisnéis a scríobh agus a ullmhú don suíomh (Agallamh ANB). Tá feabhas ag teacht agus an ionadaíocht ag feabhsú (Agallamh MNL), ach toisc go bhfuil beathaisnéisí le scríobh ar dhaoine ag fáil bháis i rith an ama, is in “*vacuum*” a bhíonn na scríbhneoirí ag feidhmiú in amanna (Agallamh MÓCi, 00:19:43). Níl ach foireann bheag ag an tionscadal agus níos lú arís a bhí ann i dtréimhse *Beathaisnéis* (Agallamh FdB; Agallamh MÓCi). Luadh an nasc idir na deacrachtaí seo agus ceist ionadaíocht na mban in agallaimh an taighde, agus léiríodh go bhféadfaí níos mó beathaisnéisí a scríobh dá mbeadh an t-airgead agus mar sin níos mó foirne ann, cé “go n-íoctar [scríbhneoirí na mbeathaisnéisí], ní airgead mór atá ann agus bítear ag brath ar dheathoil go méid áirithe... dá mbeadh an t-airgead againn agus an fhoireann, d’fhéadfaimis i bhfad níos mó beathaí... a chur suas ar Ainm.ie, go bliantúil, ach faraor, táimid teoranta, tá teorainn ar an tsuim airgid a bhronntar orainn in aghaidh na bliana” (Agallamh CMM, 00:45:34).

### **3.2.2. Athruithe Féideartha**

Ón taighde a rinneadh mar chuid den tionscadal PhD seo ar ionadaíocht na mban i stair na teanga agus sa tsaolscríbhneoireacht agus ar thionscadail dhaoine ar iarraidh, agus ó na hagallaimh a réachtáladh mar chuid den taighde, cuireadh na moltaí seo a leanas le chéile maidir leis an mbunachar é féin. Faoi mar a phléitear thuas, tá srianta maoinithe agus foirne ag

an obair atá ar siúl ag Ainm.ie, agus dá dheasca sin, is féidir breathnú air seo mar thagarmharc de shaghas, ar ghá ar a laghad machnaimh air le chun cur le hionadaíocht na mban sa bhunachar go leanúnach.

### 3.2.2.1. *Critéir & Íosmhéid Beathaisnéisí*

Cé nach bhfuil critéir dhiana leagtha amach agus cé gur minic go mbítear níos oscailte nuair a thagann sé go dtí tréimhse staire nó grúpa duine tearcléirithe, luadh critéir [Ainm.ie](http://Ainm.ie) mar chúis leis an ngannionadaíocht sna hagallaimh (Agallamh ENA). Tá dlúthcheangal ag taifeadtaí na teanga leis an litríocht scríofa, agus ní féidir iarmhairtí an naisc sin a sheachaint i mbunachar a phléann le stair na teanga (Agallamh FdB). An tuiscint is forleithne i dtionscadail beathaisnéisí atá ag iarraidh cur le líon beathaisnéisí grúpa ar leith ná gurb é “... an critéar is tábhachtaí dar liom ag plé le bunachar ar nós Ainm.ie nó DIB ná an oscailteacht...” (Agallamh CMM, 00:39:16). Chun é seo a chinntiú is gá athbhreithniú a dhéanamh ar na critéir níos rialta chun cinntiú nach bhfuil réimse ar leith nó daoine ar leith á n-imeallú leo (Agallamh GÓC). Faoi mar a mhíononn Mac Murchaidh, “*Tempora mutantur, nos et mutamur in illis*” – athraíonn na hamantaí agus ní mór dúinne athrú leo” (Agallamh CMM, 00:39:16). Tá réimsí nua laistigh den Ghaeilge ag bláthú an t-am ar fad, tá borradh tagtha ar aisteoirí agus craoltóirí le caoga bliain (Agallamh MÓCo), agus amach anseo, cá bhfios nach mbeidh tionchairí a chuireann an Ghaeilge chun cinn ar an idirlíon san áireamh (Agallamh FdB)<sup>83</sup>.

Le bearnaí ionadaíochta, moltar critéir níos oscailte a chur i bhfeidhm don ghrúpa sin, agus na constaicí a bhí rompu siúd a thabhairt chun cuimhnimh agus an cinneadh á dhéanamh, faoi mar atá Ainm.ie á dhéanamh faoi láthair, “Dá mbeadh fear a rinne é déarfadh mé ah seans go bhfágfaidh mé é...” (Agallamh MÓCo, 00:53:36). Ní chiallaíonn sé sin go mbaintear ainm an fhir áirithe sin den liosta feithimh ach glacann sé níos mó ama iad a chur ar fáil. Dá mbeadh íosmhéid beathaisnéisí ban le haghaidh gach baise a sheoltar, nó íosmhéid beathaisnéisí ban ag gach scríbhneoir, d’fhéadfaí cinntiú gur feabhsú ionadaíochta leanúnach atá ag tarlú.

### 3.2.2.2. *Beathaisnéisí i bhFoirm Eile*

Mar chuid den taighde seo cuireadh 181 mionbeathaisnéis (150–250 focal) ar fáil, faoi mar atá le feiceáil in *Beathaisnéis*<sup>84</sup>. Bhain foireann *An Indigenous Australian Dictionary of Biography*<sup>85</sup> (IADB) úsáid as beathaisnéisí gearra chomh maith, agus iad ag dul i ngleic le tearcleiriú na mbundúchasach agus oileánaigh Chaolas Torres (Konisho 2019, 153). Coinnítear

<sup>83</sup> Pléitear cúiseanna cáile nua i gCaibidil 8 (8.1.5.4).

<sup>84</sup> Ó imleabhar a 5 (Breathnach agus Ní Mhurchú 1997) ar aghaidh, den chuid is mó. Tá cur síos ar leagan amach na n-imleabhar le fáil i gCaibidil 1 (1.1.2).

<sup>85</sup> Ar fáil ag <https://adb.anu.edu.au/project/indigenous-australian-dictionary-biography> [Rochtain faighte: 09/06/2025].

na mionbheathaisnéisí ar shuíomh forlíontach *People Australia*<sup>86</sup>, agus nasctar leis na beathaisnéisí iomlána (800–1200 focal) ar shuíomh an ADB, nuair is cuí<sup>87</sup>. Is faoi stiúir an Dr Shino Konisho agus le maoiniú ón *Australian Research Council* atá an tionscadal seo á reáchtáil:

The main aim of the project is to add new Aboriginal and Torres Strait Islander biographies to the ADB which, although it has published over 13,000 biographies since its first volume in 1966, has tended to under-recognise the contribution of Indigenous people to the Australian story. A special stand-alone Indigenous ADB will be published at the end of the project. The structure of the project, which places the Indigenous Working Party as the key advisory body, ensures that Aboriginal and Torres Strait Islander people have the opportunity to contribute, both by nominating possible subjects, by authoring biographical entries or assisting with research (ADB 2025).

Tá 98 beathaisnéis san IADB faoi láthair agus cuireadh le bunachar an ADB chomh maith iad, agus mar sin tá siad san áireamh leis na beathaisnéisí eile. Is féidir aird bhreise a chur ar na beathaisnéisí agus iad a chur ar fáil mar níos mó ná foréimse. Toisc na hairde seo is féidir leis an bpobal dúchasach cabhrú leo agus cur leis na scéalta. Dá gcuirte mionbheathaisnéisí an taighde seo, cuir i gcás, ar fáil, le cur chuige cosúil le cur chuige an IADB, bheadh aird ar leith ar a saolta agus d'fhéadfadh daoine a bhfuil eolas acu moltaí a chur isteach nó chuir leis na beathaisnéisí. Smaoineamh eile nach mbaineann le hinscne amháin ná cur chuige an ionadaíochais<sup>88</sup> a chur i bhfeidhm agus scéalta a sholáthar faoi dhaoine i dtréimhsí ama, agus áiteanna ar leith chun íomhá a thabhairt de stair na teanga i measc na ndaoine nach raibh cáiliúil ar leibhéal náisiúnta, mar shampla, mná tí na Gaeltachta nó mná rialta (2.2.1).

### 3.2.2.3. *Meithleacha & Líonra*

Is iomaí trácht a tháinig chun cinn ar chúrsaí tíreolaíochta agus bearnaí féideartha ionadaíochta tíreolaíochta sa bhunachar. Tá comheagarthóirí Ainm.ie scaipthe ar fud na tíre, faoi mar a léiríodh i gCaibidil 1 (1.2.1.1). Dá mbeifí ag iarraidh cur le lucht scríofa na mbeathaisnéisí ach an t-ardchaighdeán a choinneáil (Agallamh CMM; MÓCo; GÓC), chabhródh eolaire a bheith ann den taighde reatha atá ar siúl ar stair na teanga, "... bíonn daoine saghas ag scríobh leo agus ní bhíonn a fhios agat cad atá ar siúl ag daoine" (Agallamh CME, 00:34:46). D'fhéadfaí cur leis na díolamaí a fhoilsítear ar an suíomh agus cur leis na beathaisnéisí atá á scríobh i réimsí

<sup>86</sup> Mar shampla, <https://peopleaustralia.anu.edu.au/biography/apma-charley-31304/text38703> [Rochtain faighte: 23/06/2025].

<sup>87</sup> Fuarthas an t-eolas seo trí theagmháil pearsanta le Dr Shino Konisho (11/06/2025).

<sup>88</sup> Féach (2.5; 6.2)

ar leith den teanga, ach in áiteanna éagsúla timpeall na cruinne chomh maith (2.4.2). D’fheadfadh an t-eolaire seo eolas thabhairt ar an taighde atá ar siúl ag leibhéil PhD, M.A. agus M.Phil, agus as sin d’fhéadfaí na taighdeoirí sin a mhealladh chun beathaisnéisí a sholáthar ar a n-ábhair thaighde (Agallamh CME). Ciallaíonn sé sin teagmháil le hollscoileanna ina bhfuil taighde ar siúl ar an teanga, féachaint cad iad na hábhair thráchtais agus an féidir beathaisnéis a chruthú de bharr obair na mac léinn seo. Le comhdhálacha bunaithe ar thaighde agus saothar ban, mar a tharla i gColáiste na hOllscoile Corcaigh in 2023, in COBÁC in 2023, agus i gColáiste na Tríonóide in 2024, bíonn deis teacht le chéile agus plé a dhéanamh atá chomh luachmhar céanna leis an bplé fíorúil (Agallamh RUC). Cuirtear béim ar shaolta ban sna foilseacháin a eascraíonn ó chomhdhálacha den chineál seo, mar shampla, *Léachtaí Cholm Cille* 12 (1982), 35 (2005) agus 53 (2022). In imleabhar 12 den iris seo, foilsíodh páipéar ceannrúdaíoch Mháire Ní Annracháin, ‘Ait liom bean a bheith ina file’ (1982, 145–182), alt a luaitear an-mhínic mar thús plé ar athshlánú scéalta ban i stair na teanga (Ní Shíocháin 2020; Nic Dhiarmada 1992; Nic Eoin 1998).

Lasmuigh den saol acadúil, bheadh meithleacha réimsí teanga nó comhoibriú le meithleacha atá cheana féin amuigh ansin ó thaobh tíreolaíochta de, cabhrach (Irisí bunaithe ar réimsí ar leith nó Pleananna Forbartha Teanga, mar shampla). Faoi mar a léiríonn saolta mhná an taighde seo, is ó réimse leathan agus éagsúil na scéalta atá tagtha chun cinn. Ciallaíonn sé sin nach raibh an deis dul go mion isteach i ngach uile réimse le haghaidh an taighde seo (féach thíos 8.1.5.4). Murab é seo ach an dromchla, d’fheadfadh i bhfad níos mó scéalta eascairt ó mhionscrúdú i réimsí ar leith, nó ó eolas áitiúil a bheadh ag daoine, go háirithe sna Gaeltachtaí (Agallamh GÓC) agus in áiteanna a ndeachaigh daoine ó na Gaeltachtaí ar imirce (Lyons 2019). I bhfocail Ghearóid Uí Chleircín, “Má tá tú ag plé le mionlach ba ghá is dócha foinsí eile a úsáid agus b’fhéidir ansin nach mbeadh teacht orthu nó fáil orthu chomh héasca sin. Agus arís, theastódh líonra áirithe faisnéiseoirí agus a leithéid chun teacht ar na foinsí sin. Arís ceist acmhainní atá ansin” (Agallamh GÓC, 00:29:08; féach 8.3).

Ba de dheasca haischlibe #cábhfuilnamná a cuireadh tús le hiarrachtaí maoiniú a fháil agus taighde seo a chur i gcrích, cé go raibh caint ar na bearnaí roimhe seo. Léiríonn sé sin an tábhacht a bhaineann le pobal Gaeilge an idirlín (Agallamh CME). Dá gcuirfí na scéalta amach ansin, i bhfoirm dhigiteach ar féidir le daoine ar gach cearn den chruinne teacht orthu, agus dá gcuirfí chun cinn iad, tá seans ann go spreagfaí suim iontu agus i scéalta mhná eile nach bhfuil in Ainm.ie agus nach bhfuil luaite sa taighde seo, “tá saol na Gaeilge ar líne anois freisin, tá líonra ann agus tá sé sin an-tábhachtach sílim chun teacht ar ábhair bheathaí” (Agallamh MNL,

00:18:09). Ba é sin a tharla le *Bailiúchán Béaloideas Árann*<sup>89</sup> (Agallamh 2c). Bhain an ADB agus IADB úsáid as cur chuige mar seo, ag roinnt grúpbeathaisnéisí faoi ghrúpaí nach mbeadh an t-eolas iomlán acu beathaisnéisí aonair a sholáthair fúthu. Bhíothas ag súil leis dá scaipfí an scéal, go rachadh daoine i dteagmháil leo ón bpobal chun na bearnaí a líonadh<sup>90</sup>.

#### 3.2.2.4. Cothromaíocht Inscne

Nuair a chuir an ADB tús lena iarrachtaí ionadaíocht na mban agus na mbundúchasach a ardú, chuir siad athruithe i bhfeidhm ar a bord eagarthóireachta. In 2015, toghadh beirt bhundúchasach ar bhord an ADB den chéad uair, Shino Konisho agus Stephan Kinnane, agus in 2019, scríobh an príomheagarthóir, Melanie Nolan, “The new 24-member editorial board is now virtually gender-balanced” (2019, 87). Ó thús Ainm.ie, bhí bean amháin ar bhord na gcomheagarthóirí, Regina Uí Chollatáin ar dtús, agus Eilís Ní Anluain faoi láthair (Agallamh CME). I saol idéalach mura raibh na deacrachtaí maoinithe agus foirne a pléadh sna hagallaimh (Agallamh MÓCo) ann, bheadh cothromaíocht inscne nó gluaiseacht ina treo ar bhord na gcomheagarthóirí agus mar sin i measc scríbhneoirí na mbeathaisnéisí, cabhrach le haghaidh ionadaíocht na mban sa bhunachar.

### 3.3. Conclúid na Caibidle

Táthar ag súil leis go dtugann an anailís ar eilimintí ar leith de bheathaisnéisí mhná Ainm.ie atá ar fáil sa chaibidil seo léargas ar cérbh iad mná an bhunachair, cad as dóibh, cén uair a mhair siad agus céard a bhí ar bun acu. De réir na staitisticí thuas, is léir gur mhair formhór na mban seo idir 1850–1950 (66.61%), agus gurb as Baile Átha Cliath níos mó ná aon chontae eile dóibh (15.15%). Níl mórán éagsúlachta idir beathaisnéisí na mban agus beathaisnéisí na bhfear maidir le líon na bhfocal.

Maidir le gairmeacha beatha, ba mhúinteoirí 23.7% de mhná an bhunachair. Comhartha é seo de ghairmeacha inghlactha do mhná i stair na tíre. Is léargas chomh maith é ar stair fhoilsitheoireacht na teanga agus an bhéim ar an traidisiún scríofa ann (5.1.1). Tá líon bheathaisnéisí na mban nach bhfuil oideachas luaite iontu (46.74%) níos airde ná na beathaisnéisí ina luaitear go raibh oideachas bun / dara leibhéal orthu (46.2%), nó na cinn a

---

<sup>89</sup> <https://bba.duchas.ie/ga> [Rochtain faighte: 26/06/2025].

<sup>90</sup> Ón teagmháil leis an Dr Konisho, “This was the case for a group biography we produced of performers from the [Wild Australia Show](#). The researchers only had enough information for three IADB entries - Kudajand, Gida and Yamurra see <https://adb.anu.edu.au/biographies/author/?author=4201>. But out of fairness to all performers, well their families, we decided to produce short entries on all of the performers to balance it out. You can see all of these on the 'related persons' index on the side menu. These are all short, with some being very short. Our hope was that if people had information to add they might get in touch, so the short entries can also provide options for future research” (11/06/2025).

fuair oideachas ar an tríú leibhéal chomh maith (40.22%)<sup>91</sup>. Léirítear go bhfuil dul chun cinn tagtha ar líon beathaisnéisí na mban ó rinneadh an t-athrú go bunachar digiteach, comhartha dóchais i gcomhair thodhchaí an tionscadail<sup>92</sup>. Is tionscadal reatha Ainm.ie, agus mar sin, beidh athruithe leanúnacha ag teacht ar na staitisticí a cuireadh ar fáil thuas.

Caitear súil ar chás ghannionadaíocht na mban in [Ainm.ie](http://Ainm.ie) agus ina réamhtheachtaí *Beathaisnéis* sa chaibidil seo. Leagtar amach cúiseanna praiticiúla na tearcléirithe mar aon le smaointe maidir le hathruithe féideartha a d'fhéadfadh cabhrú le todhchaí an tionscadail 'daoine ar iarraidh' seo, ina measc, athruithe critéar, líonrú, athruithe chur chuige agus fhoilseacháin. Ar ndóigh, tá níos mó cúiseanna taobh thiar den ghannionadaíocht ná mar a phléitear sa chaibidil seo. Sa chéad chaibidil eile, léirítear tuairimí teoiricithe an fheimineachais maidir le heasnaimh na mban ó thaifeadtaí staire, go háirithe maidir le stair na hÉireann, agus tíortha eile iarchoilíneacha.

---

<sup>91</sup> Tá beathaisnéisí nach bhfuil eolas iontu ar shonraí oideachais na n-ábhar. Ní chiallaíonn sé sin nach bhfuair aon oideachas. Tá lamháil carráide ann agus is gá cuimhneamh nach féidir talamh slán a dhéanamh de na staitisticí in amanna dá bharr sin.

<sup>92</sup> Cuirtear na staitisticí seo i gcomparáid le beathaisnéisí féideartha an taighde PhD seo i gCaibidil 8.

## 4. Teoiricí an Fheimineachais sa Taighde seo

Toisc go mbaineann an taighde seo le comhionannas inscne i ngach tréimhse agus réimse de stair na Gaeilge, tá sé riachtanach machnamh a dhéanamh ar na slite stairiúla, polaitiúla, agus teoiriciúla ina ndéanann an feimineachas cos ar bolg a cheistiú (Freeman 2019, 3). Cabhraíonn anailís bhreise ar theoiricí linn tuiscint níos cuimsithí a fháil ar mhná na réimsí seo. Spreag teoiric an fheimineachais díospóireacht óna ghiniúint sna 1970idí agus 1980idí. B'iondúil go raibh teoiricthe agus scríbhneoirí an fheimineachais in adharca a chéile i dtaca le hábharthacht theoiricí i dtaighde an fheimineachais (hooks 1984). Ceapadh tráth gur mhodh eile iad teoiricí chun mná a choinneáil faoi leatrom. Bhíothas amhrasach faoina gclaontacht i dtreo dearcaidh atá seanbhunaithe mar cheann fireann, faoina theanga agus faoin tslí a gceaptar gur uirlis an cheannais í (Rowbotham 1973). Is éard san andralárnachas (*androcentrism*) sochaí nó cultúr dírithe go hiomlán ar fhir (Humm 2003, 9). Tá socheolaíocht, go stairiúil, bunaithe timpeall ar theoiricí andralárnacha agus coilíneacha, agus caitheann taighdeoirí an fheimineachais agus taighdeoirí an iarchoilíneachais aird ar an neamhaird stairiúil a dhéantar ar aon eipistéimeolaíocht nach ngabhann le saol an fhir chumhachtaigh (Brooks 2006, 56; Rajan agus Park 2005, 54). Is féidir teoiric a úsáid chun bearna a chruthú idir iadsan atá ar an eolas faoi rud agus iadsan nach bhfuil, "... this is one of the reasons that the women's movement... has often been suspicious of theories and theorists" (Spender 1982, 22, féach Bhabha 1994, 28). É seo ráite, tá agus beidh teoiricí á bplé ag taighdeoirí, agus is gá mar sin a chinntiú go mbíonn cothromaíocht inscne i gceist leo agus go mbíonn teoiricí dírithe ar mhná á bhforbairt (Humm 2003, xv). Maítear gur thug teoiricí an deis do thaighdeoirí an fheimineachais a dtorthaí a lonnú, ceisteanna a chur ar shlí nuálach, agus braistintí de cheannas, dhúshaothrú, agus cos ar bolg a chur in iúl (Kauffman 1989, 2). Tá staraithe an fheimineachais tar éis a gceird a chleachtadh chun dul i ngleic le teoiricí, agus tá sé seo déanta acu ar dhá chúis:

1. Tá borradh tagtha ar chás-staidéir i stair na mban agus chuige sin, bhí gléas éigin ag teastáil chun naisc agus difríochtaí idir scéalta na mban a nochtadh.

2. Bhí neamhréiteach idir líon an ábhair nua a phléann le stair na mban, agus stádas imeallaithe an réimse (Scott 1986, 1055).

### 4.1. An Feimineachas

Is gluaiseacht é an feimineachas a dhéanann iarracht deireadh a chur le gnéasachas, dúshaothrú gnéasaíoch agus le cos ar bolg (hooks 2000, viii). Is teoiric pholaitiúil an feimineachas, agus cleachtadh dírithe ar shaoirse na ndaoine, mná agus grúpaí imeallaithe ina measc (Smith 1979, 48). D'eascair sé ó anailís ar staid na mban sa tsochaí (Nic Dhiarmada 1998, 153) agus as

tuisctint na mban go bhfuil ról inscní múnlaíthe ag an tsochaí a thagann salach ar a n-eolas féin agus a mbíonn tionchar díobhálach acu ar fhorbairtí ar staid na mban sa tsochaí sin (Cullen 2001, 15). Is córas de cheannas na bhfear atá sa phatrarcacht a choinníonn cos ar bolg ar mhná trí institiúidí sóisialta, polaitíochta agus eacnamaíochta (Humm 2003, 200) agus is féidir a áitiú gur eascair “an leatrom sóisialta, síceolaíoch, eacnamaíoch agus collaí a imríodh ar mhná” ón gcóras seo (Nic Dhiarmada 1998, 153). Ba é tuairim na bhfeimineach gur mhair an litríocht agus an léirmheastóireacht liteartha “laistigh de chóras an phatrarchais” (Nic Dhiarmada 1998, 154). Dar le hooks, is gá d’aon sainmhíniú ar an bhfeimineachas a léiriú nach gluaiseacht fhrithfhearga atá ann. Is é gnéasachas an fhadhb atá i gceist, agus an saoldearcadh a scaipeann idé-eolaíochtaí diúltacha faoi chomhionannas inscne (2000, viii). Is iad prionsabal an fheimineachais rannpháirtíocht, léamh áirithe / ionadaíocht, agus athmhacnamhacht (Byrne agus Lentin 2000, 34). Is scáth-théarma an feimineachas agus bíonn spreagthaí agus cúiseanna éagsúla leis (Humm 2003, 94). Is iomaí tagairt d’ilghnéitheacht an fheimineachais. Molann Matsui gur cheart do mhná i ngach sochaí a bhfeimineachas féin a chruthú bunaithe ar a “culture, heritage, tradition, and socioeconomic conditions” (1990, 449).

Déantar cur síos ar thaighde feimineach mar shnáithe idir scoláireacht, moráltacht “oppression and inequalities, features of our existence as women which we witness in our everyday lives” (Byrne agus Lentin 2000, 51). Gné riachtanach de thaighde feimineach ná soléiteacht na scríbhneoireachta, mar a luann O’Neill “... if the people I live beside and work with cannot read it, then I have failed them and allowed this work to ‘become a further contributor to oppression’” (2000, 106, féach Oliver 1996). Molann an feimineachas peirspictíocht nua ar ord sóisialta ó thaobh na ndaoine imeallaithe, a chur ar shúile an phobail. Léiríonn Daly trí léargas a chiallaíonn gur taighde feimineach píosa taighde:

1. “Rejection of a limited definition of the kind of activity that produces knowledge and critique of dominant research methodologies...”
2. “Recognition that all research is political or based on interests...”
3. “Commitment to utilise the knowledge generated by research for the empowerment of women” (2000, 62).

Tá an taighde seo dírithe ar mhná a fágadh ar lár ó stair na teanga chun aitheantas a thabhairt dá n-éachtaí sa teanga. Tá modhanna éagsúla á n-úsáid chun eolas a bhailiú, agus chun diancheistiú a dhéanamh ar dhoiciméadú agus ar easpa doiciméadú na mban i dtionscadail bheathaisnéisí go ginearálta. De bhrí na gcúiseanna seo comhlíontar coinníollacha Daly, agus is féidir a éileamh gur taighde feimineach an taighde seo.

#### **4.1.1. Aidhmeanna an fheimineachais**

Tá neart aidhmeanna éagsúla ag an bhfeimineachas. Ar bhonn laethúil tá sé mar aidhm ag an bhfeimineachas béim a chur ar athmhacnamhacht (Byrne agus Lentin 2000, 12) agus ar mhúscailt comhfheasa i measc an phobail (Humm 2003, 94). Díríonn taighde feimineach ar mhná agus ar fheiceálacht na mban chun taithí na mban a athscrúdú agus a thabhairt ar ais dóibh agus chun eolas a sholáthar a thugann an deis do mhná a gcás a chlaohlú (Byrne agus Lentin 2000; Daly 2000). Ní iarracht atá ann an stair a cheartú nó díreach forlíonadh a chur léi ach is slí chomh maith í chun tuiscint chriticiúil a fháil ar theorainneacha staire (Scott 1999, 10). Leagtar modhanna amach do mhná ina dtugtar an neamhionannas inscne chun solais (Humm 2003, 94). Dírítear aird ar an ngaol idir taighdeoir agus ábhar a taighde (Byrne agus Lentin 2000, 8) agus ar an mbriseadh síos a tharlaíonn ar struchtúir chumhachta (Daly 2000, 62).

#### **4.1.2. Dúshlán agus critic an fheimineachais**

An fhadhb lárnach le dioscúrsa feimineach ná na deacrachtaí teacht ar shainmhíniú don fheimineachas (hooks 1984, 17; Biana 2020, 14). An dúshlán is mó i dtaighde feimineach, i dtuairim Daly, an gaol sin a chruthú idir an taighdeoir agus ábhar an taighde (2000, 65). Dar le Byrne agus Lentin, bhí nós ag taighdeoirí an fheimineachais brath ar fhoinsí scríofa in ionad líonrú a dhéanamh agus foghlaim ó dhaoine, nós a cruthaíodh de bharr easpa taighdeoirí sa réimse go stairiúil (2000, 37). Níl de réiteach air ach na caidrimh sin a chruthú chun na torthaí is beaichte a chur le chéile. Bíonn deacrachtaí ag taighdeoirí an fheimineachais agus iad ag iarraidh tábhacht a gcuid taighde a fhógairt toisc réamhthuirimí diúltacha agus critice (Booth 2009, 15). I measc na dtuairimí, ceaptar go ligeann feimineachas “women scribblers under every apple tree” isteach agus iarracht á déanamh acu feabhas a chur le doiciméadú na mban sa litríocht (Roiphe 2009, 16). Is ceist bhailí í seo a phléitear go minic i gcúrsaí doiciméadaithe, a bhfuil tuilleadh taighde ag teastáil uirthi i gcomhthéacs na teanga. Ba cheart i gcónaí bheith aireach gur níos mó ná fadhbanna na droinge in uachtar é an feimineachas agus gur cheart díriú ar an dream a bhí, go stairiúil, ina n-éin chorra (Biana 2020, 15).

#### **4.2. Teoiric an fheimineachais**

Is iad coincheapa lárnacha teoiric an fheimineachais ná inscne, cine, leithcheal, comhionannas, éagsúlacht, agus cinntí (Arinder 2020). Tá sé áitithe ag Humm go bhfuil téarmaí ar leith a mbaintear úsáid astu chun cur síos a dhéanamh ar thaithí lárnach na mban. I measc na dtéarmaí áirithe seo tá ‘obair’, ‘teaghlach’, ‘patrarcacht’ agus ‘gnéasacht’. Is scáil í an choincheap seo ar an bhfeimineachas a nochtann próisis shóisialta agus a aimsíonn téarmaí athfhillteacha thar

stair na mban. Gné ar leith den chineál teoirice seo ná an nasc doshéanta atá ann idir teoiric agus cleachtadh agus idir an saol príobháideach agus poiblí (2003, xii). Is taighde meabhrach taighde a bhaineann úsáid as teoiric an fheimineachais (Freeman 2019, 1). Aontaíonn teoiricthe gur ghá idirdhealú a dhéanamh idir teoiric an fheimineachais agus teoiricí eile toisc go ndíríonn teoiric an fheimineachais ar ghnéasachas in ionad coinníollacha ábhartha mar bhunús le haon tógán idé-eolaíoch (McKinnon 1982). An chloch is mó ar phaidrín na dteoiricthe an caidreamh idir cumhacht agus teanga agus iad ag múnlú saolta na mban (Ali 2007, 192). Pléann an teoiric le tógáin sóisialta .i. trasnachas, buntomhais an tsaoil shóisialta, neamhionannas, agus claochlú sóisialta (Arinder 2020). Eascraíonn sí ó leatroim phoiblí agus pholaitiúil ón saol príobháideach agus cuireann sí roimpi slí mhachnaimh a dhéanamh ar réiteach an leatroim (Humm 2003).

Ba cheart dúinne a dhéanann taighde ar an bhfeimineachas deimhniú go mbainimid úsáid as teoiric an fheimineachais chun an ruaig a chur ar an tuairim gur téarma diúltach é an feimineachas (Freeman 2019, 6; Davies 2016). Fágadh feiminigh ar lár ón allagar ar theoiric sa mhéid is go rabhadar “imprisoned within it or else assigned a corner of their own but denied a specificity” (de Lauretis 1990, 115). Is iad eipistéimeolaíochtaí na n-ildearthaí, trasnachas, agus iar-struchtúrachas feimineach, na teoiricí feimineacha is coitianta a d’eascair ó na Stáit Aontaithe ach is minic a oibríonn taighdeoirí an fheimineachais le réimse teoiricí éagsúla (Freeman 2019, 3–5).

Roghnaíodh teoiric fheimineach na n-ildearthaí agus teoiric iarchoilíneach an fheimineachais sa taighde seo toisc a n-oiriúnacht do stair inscne na teanga. Go deimhin, tá cosúlachtaí idir aidhmeanna an tráchtais agus teoiricí eile faoi scáth an fheimineachais, cuir i gcás, feimineachas Marxach, feimineachas trasnach, feimineachas radacach agus éicifeimineachas. Pléann feimineachas Marxach leis an leithcheal inscne a tharlaíonn de bharr caipitleachais (Federici 2003). Aithníonn feimineachas trasnach go dtarlaíonn leithcheal de chineálacha éagsúla do mhná agus scrúdaítear iad ar fad agus na naisc eatarthu (Crenshaw 1989). Áitíonn feiminigh radacacha go n-eascraíonn gach constaic roimh mhná ón bpatrarcacht agus déantar iarracht í a dhíchóimeáil (Firestone 1970). Nascann an t-éicifeimineach cos ar bolg na mban agus dúshaothrú an dúlra toisc impleachtaí na patrarcachta (Shiva 1988). Cé go bhfuil macalla na dteoiricí úd sa taighde seo, ní rabhadar chomh hoiriúnach don taighde agus atá an dá theoiric thuasluaite a fhíonn isteach i ngach cuid de shaolta mhná na Gaeilge.

#### **4.2.1. Fréamhacha na Teoirice**

Eascaíonn teoiric an ón teoiric chritice (Arinder 2020). Déanann teoiric na critice feiminí iarracht idé-eolaíochtaí, cleachtais agus tuairimí a chuireann le daoirse na mban a nochtadh. Is é an aidhm thaighde atá ag an mbrainse seo de thaighde na critice fuascailt in áit tuiscint a chothú nó tairngreachtaí a dhéanamh. Is é bunús smaointeoireachta theoiricithe na critice ná gur cruthúnas sóisialta neamh-oibiachtúil an t-eolas.

... the critical theorist's approach is to emancipate – that is to uncover aspects of society, especially ideologies, that maintain the status quo by restricting or limiting different groups' access to the means of gaining knowledge (McCarl Nielsen 1990, 9).

##### *4.2.1.1. An Chritic Fheimineach*

Déanann criticeoirí feimineacha staidéar ar “íomhánna agus steiréitíopaí ban... míthuairimíocht i leith banúdar agus ar an bhfaillí a rinne léirmheastóirí fir i saothair na mban go dtí sin” (Nic Dhiarmada 1998, 155). Is áis an chritic seo chun cúinsí soch-chultúrtha a phlé chun a mbaint leis an idé-eolaíocht cheannasach a cheistiú .i. réamhthuairimí, cleachtais agus a mbunús (de Lauretis 1990, 138). Bíonn tionchar ag critic ar scríbhneoireacht san iomlán agus ní haon eisceacht scríbhneoireacht an fheimineachais don riail seo (Spender 1982, 171). Tá tábhacht leis an gcritic toisc go bhfuil sé in ann athshealbhú a dhéanamh ar litríocht na mban (Showalter 1977; Gilbert agus Gubar 2020). Tá clú ar an gcritic dá cleachtais idirghabhála (Kauffman 1989, 3). Caithfidh critic éagsúlachtaí sa scéal feimineach a aithint (Lorde 1984, 115), is gá ilghnéitheacht na mban a aithint chomh maith, agus ionadaíocht chuí dóibh a sholáthar. Tá an-phlé déanta i léann na Gaeilge ar an gcritic seo le scór bliain anuas<sup>93</sup>. Is traidisiúin chritice eile iad “an struchtúrachas, an t-iarstruchtúrachas, an díthógáil, agus an chritic síocanailíseach...” (Nic Dhiarmada 1998, 153) a oibríonn leis an gcritic fheimineach.

#### **4.2.2. Modhanna Taighde Feimineacha**

Baineann an taighde seo úsáid as modhanna taighde feimineacha agus tá modheolaíocht de chuid taighde na staire á cur i bhfeidhm<sup>94</sup>. An buntáiste a luann Byrne agus Lentin leis an mborradh ar scoláireacht fheimineach ná an rath ar eipistéimeolaíochtaí feimineacha (2000, 4). Tá an tuairim ann gur peirspictíocht nó lionsa é an feimineachas in ionad modheolaíochta (Reinharz 1992). Is í aidhm an lionsa fheiminigh mionscrúdú a dhéanamh ar conas a théann

---

<sup>93</sup> Mar shampla, ag Bríona Nic Dhiarmada, Máire Ní Annracháin, Angela Bourke, Máirín Nic Eoin, Ríona Ní Fhrighil, Nuala Ní Dhomhnaill, agus Muireann Ní Bhrolcháin.

<sup>94</sup> Is éard atá i gceist le modheolaíocht cur chuige fealsúnachta agus eipistéimeolaíochta. Is uirlísí taighde iad modhanna taighde agus is minic a oireann modhanna áirithe do mhodheolaíochtaí ar leith (Freeman 2019, 9). Ciallaíonn eipistéimeolaíocht na barúlacha maidir le conas an tsochaí a thuiscint (Fonow agus Cook 1991). Pléitear modheolaíocht an taighde i gCaibidil 6.

daoine i ngleic le córais ar leith, agus chun iad a spreagadh chun córais leatromacha a dhíothú (Arinder 2020). Tarraingíonn modhanna taighde feimineacha aird ar shaolta ban, agus insíonn siad a scéalta chun an fhadhb insneach a sháru (Byrne agus Lentin 2000, 7; féach Ollivier agus Tremblay 2000). Cuirtear modheolaíocht i gcrích sa taighde seo a chomhlíonann mianta taighde an fheimineachais mar atá leagtha amach anseo:

a deconstruction of the power relationship between researcher and researched, a political commitment to the emancipation of women, and models of research and practice which privilege participation, representation, interpretation and reflexivity (Byrne agus Lentin 2000, 4).

Is teoiric eolaíoch agus polaitiúil teoiric an fheimineachais toisc go mbaineann sí úsáid as líonra de chur chuige coincheapúla, eimpíreacha, normatacha agus modheolaíochta (O'Brien 1981). Tá modhanna cáilíochtúla ar nós “oral history, experiential analysis, case history and participant observation” i bhfad níos coitianta i measc taighdeoirí na heolaíochta sóisialta ná modhanna cainníochtúla (Humm 2003, 228). Áitítear nach féidir na céimeanna uile den taighde a scaradh óna chéile le taighde a bhaineann úsáid as teoiricí faoi scáth an fheimineachais agus is é sin an fáth a bhfuil an próiseas fiarlán i gceist don chéim anailíse sa taighde seo (Daly 2000, 63). Is taighde gníomhaíochta aon taighde ina mbaintear athruithe sóisialta amach ag baint úsáid as meascán de theoiricí agus cleachtaí ón eolaíocht shóisialta agus aon taighde a laghdaíonn an bhearna idir an taighdeoir agus ábhar an taighde go háirithe nuair a bhaineann an taighde le hinscene (Humm 2003, 3).

### **4.3. Teoiric Fheimineach na nIldearcthaí**

Is éard atá i gceist le teoiric na n-ildearcthaí ná an teoiric go bhfuil tuiscint níos uilíche ar an tsochaí acusan nach bhfuil an chumhacht sa tsochaí sin acu toisc gur ghá dóibh peirspictíochtaí na n-íochtarán (*subaltern*) agus na gceannasach a thuiscint (Humm 2003, 276). Eascraíonn eolas ó shuíomh sóisialta an duine, is rud suibiachtúil é, agus dá fhaide an duine ón norm heigeamaineach (*hegemonic*) is fearr an tuiscint atá ag an duine sin ar chos ar bolg (Harding 1991a). Is teoiric de chruthú eolais teoiric na n-ildearcthaí agus modh ar leith chun taighde a dhéanamh (Brooks 2006, 55). Measann teoiricithe an réimse seo nach bhfuil an lucht léinn ach tar éis plé le ceisteanna a ghabhann le “the privileged and the powerful” (Madhok agus Evans 2014, 4). Más rud é go bhfuil muid chun eolas níos uilíche a tháirgeadh, moltar gur ceart iarracht a dhéanamh an domhan a thuiscint ó dhearcadh dhaoine imeallaithe (Madhok agus Evans 2014, 4).

Thosaigh an plé ar theoiric fheimineach na n-ildearcthaí sna 1980idí (Gurung 2020, 107). I measc teoiricithe na n-ildearcthaí tá Sandra Harding (2004a) a bhain úsáid as eispéiris na n-imeallaithe mar chroílár a taighde chun bunchloch a leagadh ar mhaithe le hathruithe sóisialta<sup>95</sup>. Ba cheannródaí na gluaiseachta seo í Dorothy Smith a mhaíonn go raibh gá leis toisc easpa réamhtheachtaithe, “We discovered that what we had known as our history was not in fact ours at all but theirs...” (1988, 107). Athraíonn comhfhios na mban ar chos ar bolg sainmhíniú ar chos ar bolg é féin (de Lauretis 1990, 140; Delphy 1984, 217). Tugann eispéiris na mban lionsa trínar féidir linn tuiscint níos fearr a fháil ar fhadhbanna sochaithe agus plean a chur i gcrích plé leo (Brooks 2006, 63). Is í aidhm na n-ildearcthaí feimíneacha ardán a thabhairt dóibh siúd atá faoi leatrom, mná go háirithe, chun eolas ceilte a fhógairt faoina n-eispéiris (Brooks 2006, 77). Is dá dheasca seo go n-oireann teoiric fheimineach na n-ildearcthaí don taighde seo.

#### **4.3.1. Naisc le Teoiricí Eile**

Diúltaíonn teoiricithe an réimse seo don tuairim go bhfuil fíricí uilíochais faoin gcrúinne agus freagra amháin do gach fabht sóisialta. Áitítear go mbraitheann na ceisteanna seo ar eilimintí sóisialta ar leith ar nós inscne, cine agus aicme agus mar sin, agus go mbeadh réiteach éagsúil ar cheisteanna i gcásanna ar leith. Is cineál sceipteachais i dtreo an uilíochais é a chuireann teoiric iar-nua-aoiseachas i gcuimhne (Harding 1991b). Luann neart teoiricithe an nasc idir an teoiric agus teoiric Mharxaigh chlasaiceach:

... just as Marx’s understanding of the world from the standpoint of the proletariat enabled him to go beneath bourgeois ideology, so a feminist standpoint can allow us to understand patriarchal institutions and ideologies as perverse inversions of more human social relations (de Lauretis 1990, 120).

Is é inscne ceartlár na teoirice seo, áfach, agus cuireann teoiricithe an fheimíneachais béim a ar eispéireas na mban seachas léargas Marxach nó Héigealaíoch (Smythe 2009; Gurung 2020).

#### **4.3.2. Prionsabail Theoiric Fheimíneach na nIldearcthaí**

##### **4.3.2.1. Oibiachtúlacht Láidir**

Ciallaíonn oibiachtúlacht láidir nach mbíonn tuiscintí an taighdeora á gcur i bhfeidhm ar scéalta daoine eile toisc nár cheart deighilt a bheith idir daoine agus ábhar an taighde (Naples agus Gurr 2013). De réir na tuairime seo tá mná níos fearr ag cur léamh oibiachtúil agus cruinn den

---

<sup>95</sup> Samplaí eile: Haraway (1990), Intemann (2010), Marks agus de Courtivron (1981), agus Naples agus Gurr (2013).

réaltacht shóisialta le chéile ná fir (Brooks 2006, 66). Is dearcadh níos iontaofa é nach cuireann an fhírinne as a riocht faoi mar a bheadh i gceist le cinn de chuid na haicme ceannasaí (Jaggar 2004, 56–7): “Starting off research from women’s lives will generate less partial and distorted accounts not only of women’s lives but also of men’s lives and of the whole social order” (Harding 2004c, 128).

#### 4.3.2.2. *Buntáiste Eipistéimeach*

Bíonn an buntáiste seo ag mná go huathoibríoch toisc a stádas stairiúil íochtarach (Intemann 2010). Dar leis an teoiric, fágadh mná ar lár ó chleachtaí dírithe ar fhorbairt eolais, séanadh a saineolais eipistéimeacha, caitheadh anuas ar a stíl chognaíoch, rinneadh beag is fiú dá n-eolas agus dá gcúnamh, agus treisíodh céimlathas inscne, agus dá dheasca sin, ba iad na teoiricí a scaipeadh go traidisiúnta ná cinn a bhí claonta i dtreo mhianta fear (Gurung 2020, 113). D’eascair teoiric fheimineach na n-ildearthaí ón bhfrithbhualadh do na cineálacha leatrom seo agus as dearcadh na mban. Tugann taithí na mban ar choimhthíos agus ar eispéiris éagsúla nach mbíonn ach ag mná, tuiscint dóibh ar an saol sóisialta atá scoilte ón tuiscint a bhíonn ag fir ar na nithe céanna (Harding 1986; 1991; Hartstock 2019; Jaggar 1983).

#### 4.3.2.3. *Eolas Suíomhbhunaithe*

Dar leis an gcoincheap seo, bíonn tionchar ag do shuíomh sóisialta ar do thaithí agus dearcadh, agus cuireann sé teorainn ar a bhfuil ar eolas agat faoin tsochaí (Wylie 2003). Tá eolas suíomhbhunaithe “shaped and conditioned (although not determined) by social positioning” (Stoetzler agus Yuval-Davis 2002, 315). Cuireann an teoiric seo béim ar shuibichtúlacht agus fáiltíonn sé roimh iolracht léamha (Gurung 2020, 113). Is í an príomhscríbhneoir a phléann leis an gcoincheap seo ná Donna Haraway (1988). Cuireann sí béim ina cuid scríbhneoireachta ar an gcaoi nach bhfuil aon taighde gan chlaonadh agus ar oibichtúlacht fheimineach (1990, 188). Mar a deir Nightingale, “there is no one truth out there to be uncovered and, as a result, all knowledge is partial and linked to the contexts in which it is created” (2003, 77). Is é sin an fáth a bhfuil gá le heolas a bhailiú ó dhaoine eile, mar atá á dhéanamh sa taighde seo le hagallaimh ar shaineolaithe, ar ghaolta agus ar chairde ábhair bheathaisnéisí. Éilíonn an coincheap seo gur gá do thaighdeoirí cinntiú go bpléann siad leis an rannpháirtí mar ghníomhaire chomh maith (Stoetzler agus Yuval-Davis 2002, 198).

#### 4.3.2.4. *Gaol Stádais*

Eascaíonn próiseas an eolais, modhanna taighde agus focail ó mheon aigne “those who have historically held positions of power related to constructing knowledge and naming” (Ropers-

Huilman agus Winters 2011, 677). Is léiriú gaol stádais ar ghaol an taighdeora le hábhar an taighde agus ar thionchar an taighde ar ábhar an taighde (Ackerly agus True 2008, 702). Is iondúil go bpléitear gaol stádais i dtaighde a ghabhann le hinscne. Cuireann teoiricthe an fheimineachais béim ar athmhachnamh leanúnach a dhéanamh ar an gcineál gaoil seo toisc go mbíonn gaoil stádais ina gconstaicí ag bailíocht eolais (Gurung 2020, 109).

Ní mór do dhaoine a bhfuil taighde feimineach idir lámha acu filleadh ar an gceist taighde go rialta agus í a athrú más gá, “should we come to realize through critical self-reflection that a question itself may reinforce or exacerbate existing power relations, forms of marginalization, exploitation or silencing” (Ackerly agus True 2008, 702). Is cuid lárnach de choincheap na ngaol stádais é an leibhéaladh: an iarracht a dhéantar “hierarchies of power and control in research relations” a dhíchoimeáil (DeVault 1996, 33). Moltar gaol stádais a aithint agus modhanna a leagan amach chun iad a shárú, i bpróiseas “that leaves the researched more empowered” (Ahikire 2022, 7). Deimhníonn an teoric seo lena modhanna go mbíonn an taighdeoir freagrach agus gurb iad rannpháirtithe an taighde croílár an tionscadail (Gurung 2020, 113). Sa taighde seo, tugtar an deis do rannpháirtithe na n-agallamh an comhrá a threorú agus tugtar ardán dóibh scéal a insint.

### **4.3.3. Tábhacht na Teoirice**

Caitheann an teoric seo aird ar thábhacht plé idir mhná (Brooks 2006, 78). Is codarsnacht taithí na mban agus taithí na bhfear agus nochtann an fhritéis tréithe diúltacha na bhfireannachtaí teibí, agus gníomhaíochtaí agus tuiscintí a chuir leis an gcos ar bolg ar mhná (Hartstock 2019, 121–5). Cuireann teoiricthe an réimse seo béim ar eispéiris nithiúla nó “concrete experiences” na mban chun tús áite na dtionscadal a leagan amach. Is iad seo taithí nó scéalta ilchineálacha na mban. Is mian le teoiricthe an réimse tuiscint uileghabhálach agus cruinn a chruthú de shaolta na mban (Brooks 2006, 56). Dar le Collins, is iad na heispéiris seo a sheasann mar chritéir na hinchreidteachta don réimse taighde (1990, 209).

Díol suime an comhfhios dúbailte a chuireann an teoric seo chun cinn (Brooks 2006, 63). Mar bhunús ag an teoric seo tá an tuiscint go bhfuil mná tar éis an chomhfheasa dúbailte seo a chur le chéile thar na blianta, agus dá bharr sin táid aireach faoina saolta agus faoi shaolta lucht na cumhachta. Is minic a fhanann cuid díobh dofheicthe i súile fear sa tsochaí. Eascraíonn an comhfhios dúbailte ó chomhlíonadh rialacha na sochaí (mar shampla, bean chéile nó máthair). Os a choinne sin, eascraíonn an comhfhios dúbailte as riachtanas iarrachtaí marthanais dóibh féin nó dá dteaghlaigh (Brooks 2007, 64). Is féidir an t-eolas a bhailítear de

dheasca an chomhfheasa a úsáid chun neamhionannas agus éagóracha sóisialta a shainmhíniú agus a shárú (hooks 2004, 156).

#### **4.3.4. Critic ar an Teoiric seo**

Maítear gurb í an teoiric seo ar an teoiric is conspóidí agus is athphléite i réimse an fheimineachais le níos mó ná tríocha bhliain anuas (Gurung 2020, 107). Cáintear go gcuirtear grúpa amháin (mar shampla, mná na huasaicme) chun tosaigh – rud a rachadh glan in aghaidh mhianta chomhionannas na teoirice an chéad lá (Harding 1986; Evans 2014, 135). Is gá cuimhneamh go bhfuil meascán de chúlraí, taithí éagsúil agus dearcthaí atá ag mná agus nach mbeidh tuiscint amháin cuí de dheasca saolta éagsúla agus eispéiris éagsúla chomh maith. Is féidir leo “occupy many different standpoints and inhabit many different realities” (Hekman 2004, 227). Cé gur ar inscne a ndírítear sa taighde seo, caithfear a chinntiú go bhfuil a oiread cúlraí, tréithe agus dearcthaí agus is féidir á dtabhairt chun solais (Harding 1991; 2004; Haraway 1990). Is fearr smaoineamh air mar theoiric dearcthaí in áit dearcaidh toisc go bhfuil an luach céanna ar gach taithí éagsúil (Longino 1999, 339). Bíonn an chos ar bolg a imríodh ar gach bean éagsúil óna chéile ag brath ar chúinsí sóisialta ar leith, i measc na ndifríochtaí idir chúlraí tá difríochtaí aicme, cultúir, agus cine. Dá dheasca seo, tá forbairtí agus sainmhínithe na teoirice seo idirdhisciplíneach, ilghnéitheach, agus ag athrú go leanúnach (Hawkesworth 1999; Gurung 2020).

#### **4.3.5. An Teoiric sa Taighde seo**

Tuigeann teoiricithe fheimineachas na n-ildearcthaí go bhfuil eolas agus taighde fite fuaite le taithí agus suibhachtúlacht (Smith 1999; Cox, et al. 2021). Is de dheasca seo go ndéanfaidh an taighde seo iarracht stair athchóirithe a scaipeadh agus modhanna a roinnt a aimsíonn ní hamháin ainmneacha ach scéalta nua agus a scrúdaíonn na constaicí a bhí roimh mhná an taighde, chun íomhá chuimsitheach a sholáthar dá dtionchar agus chun níos mó daoine a spreagadh chun taighde dá leithéid a dhéanamh.

Cuireann teoiricithe an réimse béim ar chomhtháthú idir eolas agus cleachtas (Brooks 2006, 55), agus déanann siad anailís ar stair na mban chun scrúdú a dhéanamh ar an díspeagadh a rinne an tsochaí phatracach ar mhná trí thuiscintí nua a chur faoi bhráid taighdeoirí chun dul i ngleic le seanchleachtaí bunaithe ar luachanna agus taithí atá imithe i léig (Huirem, Lognathan agus Patowari 2020). Moltar úsáid a bhaint as modhanna nuálacha nó fiú straitéisí agus teicnící modheolaíochta nua a chur le chéile (Brooks 2006, 57), agus chun taithí na mban a úsáid mar lionsa ar a gcuid taighde chun imscrúdú a dhéanamh ar an tsochaí scun scan (Brooks 2006, 58–

9). Baintear úsáid as agallaimh leath- agus neamhstruchtúrtha sa taighde seo chun stairsheanchas a bhailiú ó rannpháirtithe na n-agallamh.

#### **4.4. Teoiric Iarchoilíneach an Fheimineachais**

Déanann teoiric iarchoilíneach an fheimineachais scrúdú ar thuairimí ar ról inscne i sochaithe coilínithe agus iarchoilínithe<sup>96</sup>. Ní bhíonn an réiteach céanna ar fhadhbanna sóisialta ar nós neamhionannas inscne i dtíortha atá faoi choilíneacht toisc go mbíonn an tír dírithe ar an gceist is práinní dóibh – an coilíneachas. Agus géillsinigh na tíre iarchoilíní ag iarraidh saoirse a bhaint amach, déantar iarracht íomhá chumhachtach, struchtúrtha, agus láidir a chur chun cinn dá dtír. Mar sin, agus an tír ag iarraidh struchtúr cumhachta a leagan amach, is minic go gcloítear le modh rialaithe seanbhunaithe na tíre, mar a bhí roimh an gcoilíneachas (Rodriguez 1987, 131). Is minic mar sin a chuirtear slí cheannais thraidisiúnta fhireannach rompu go huathoibríoch (Lewis agus Mills 2003). Maíonn teoiric iarchoilíneach an fheimineachais nach dtarlaíonn an fhorbairt ar chomhionannas inscne i ndiaidh an choilíneachais ach an oiread dá bharr.

Aithníonn teoiric an iarchoilíneachais an tslí a scaiptear cuimhní inscneacha ar leibhéal áitiúil agus leibhéal domhanda araon (Reading 2014, 208). Is cuid lárnach an andralárnachas seo atá le feiceáil i measc an phobail dhúchasaigh i dtíortha iarchoilíneacha ón Muir Chairib (Nain 1991), san Aigéine (Ounei 1987), agus i Meiriceá Thuaidh (Allen 1986), cuir i gcás. Mar a deir Bulbeck, “Indigenous men sometimes sided with the colonisers to reduce the autonomy and power of indigenous women, perhaps drawing on a pre-existing masculinist undercurrent in their culture” (1998, 20).

Má phléann feiminigh le hinscne agus leis an bpatarcacht, pléann feiminigh iarchoilíneacha leo siúd agus le himeallú mar thoradh ar fhadhbanna sóisialta eile ar nós ciníochais, leithcheal, easpa tithíochta, agus easpa oideachais. Mar theoiric, “it justifies that feminism can’t be degraded into one reality” (Kaymaz Mert 2022, 240). Díríonn feimineachas iarchoilíneach ar an ngnáthbhean. Dá thairbhe sin, is gá cur chuige stairiúil agus cuimsitheach a chur i gcrích chun meas a thaispeáint i dtaobh rannpháirtithe an taighde (Rajan agus Park 2005, 66). Bíonn nasc láidir idir teoiric an iarchoilíneachais agus teoiric an fheimineachais toisc go bhfuil an dá réimse ag iarraidh ardán a thabhairt do dhaoine imeallaithe ón stair (Walker 1983). Áitíonn Teresa de Lauretis gur tháinig teoiric an fheimineachais i dtreis mar theoiric seachas critic amháin agus é bainteach leis an modh iarchoilíneach (1990, 131). Ag bunús

---

<sup>96</sup> Samplaí: Mohanty (2003), Campbell (2000), Khanna (2003), Grewal agus Kaplan (1994), Campbell (2014), Jayawardena (1986).

teoiric an fheimineachais, cruthaíodh tuiscint i dtaobh ghaol stádais mar chaidreamh díreach idir an tíoránach agus iadsan atá cloíte, nó idir an coilíneach agus an pobal coilínithe (de Lauretis 1990, 131). Foirm éifeachtach den chritic thraschultúrtha an teoiric seo a cheistíonn institiúidí sóisialta, agus a luaitear i measc na dteoiricí díthógála í (Kaymaz Mert 2022, 247–8). Tá stair an iarchoilíneachais agus stair an fheimineachais fite fuaite ina chéile. Cé nach bhfuil gach saghas oibre feiminí ina hobair iarchoilíneach, maíonn Puri go bhfuil luach as cuimse leis an aird a thugann feimineachas iarchoilíneach den stát, náisiún, chine, ghnéasacht, inscne, agus den choilíneachas é féin (2014, 344).

Tá forluí idir teoiric iarchoilíneach an fheimineachais agus teoiric iar-nua-aoiseach an fheimineachais, agus is minic a thagraíonn teoiricithe don dá réimse (Bhabha 1994; Minh-ha 1989; Spivak 1992; 1999). Déanann teoiricithe an dá réimse critic ar an eoralárnachas, ar smaointeoireacht dénártha, agus ar an easpa plé i réimsí acadúla ar ghaol stádais. Anuas air sin, díritear ar scéalta dhaoine imeallaithe. Ach nuair is bunús teoiric fheimineach iar-nua-aoisigh gníomhúlacht, trasnachas agus díchóimeáil chatagóirí inscne (Butler 1999), tá feimineachas iarchoilíneach dírithe ar an mbean imeallaithe í féin / an duine eile mar chuspóir na patrarcachta agus an choilíneachais (Mohanty 2003).

#### **4.4.1. Iarchoilíneachas**

Is córas ceannais é an coilíneachas ina mbíonn an lámh in uachtar ag dream amháin ar cheann eile, “usually involving the occupation and exploitation of foreign territories” (Farooq 2023, 1326). Maíonn teoiricí an fheimineachais gur cosúil cás an té choilínithe agus cás na mban toisc gur córas ceannais í an phatrarcacht ach thar inscne ar leith (Sa‘ dāwī agus Ḥatātah 2015, 363; Reddock 1984; Millett 1970). Is iomaí sainmhíniú atá ar an iarchoilíneachas, ach an ceann is bunúsaí ná gurb é staid na sochaí i ndiaidh coilíneachais (Mikies 2007, 240). Tá teoiric an iarchoilíneachais lonnaithe faoi scáth teoiric na critice (Farooq 2023, 1328). Ní córas cumhachta amháin é an t-iarchoilíneachas ach meascán de ghaolta stádais éagsúla agus pointí frithsheasmhachta (de Lauretis 1990, 131). Leagann an teoiric béim ar iarrachtaí na tíre iarchoilíní a neamhspleáchas a fhorbairt agus ar na difríochtaí idé-eolaíochta idir an tír agus í faoi thionchar an choilínigh agus an tír ina dhiaidh sin (Ní Cheallaigh 2017, 20). Gluaiseacht i dtreo na cothromaíochta atá ann a dhíríonn aird na ndaoine ar an difríocht cumhachta “idir an lár agus an forimeall” (Ní Cheallaigh 2017, 20; féach Mishra agus Hodge 1993). Frithbheart i gcoinne choilíneachas thíortha an Iarthair thar thíortha eile agus i gcoinne teoiricí stáit agus slándála an Iarthair atá sa teoiric seo (Kaymaz Mert 2022; Farooq 2023).

Díríonn teoiric an iarchoilíneachais<sup>97</sup> ar fhadhbanna ar leith ar nós féiniúlacht náisiúnta, impiriúlachas, ról an rialtais, agus coimhlintí idir cultúr traidisiúnta agus an cultúr comhaimseartha. Is iad tréithe an iarchoilíneachais ná: meascán den stair, de theangacha agus d'fhadhbanna: míshástacht le dioscúrsa Eorpach agus streachailt idir áit, díláithriú agus teanga (Humm 2003, 214). Nochtann an teoiric seo an rian atá fágtha ag an gcoilíniú ar an tír agus ar gach cuid de chultúr na tíre sin. Déanann teoiricthe an réimse seo staidéar ar dhinimic chumhachta, coimhlint cultúrtha, agus éagóracha sóisialta sna tréimhsí coilínithe agus iarchoilínithe den tír (Farooq 2023, 1329). Is de dheasca an fhrithbhirt seo go bhfuil an teoiric idirdhisciplíneach agus fós i mbun athruithe. Dá bhrí sin, is féidir a áitiú gur grúpa teoiricí atá san iarchoilíneachas seachas teoiric amháin (Kaymaz Mert 2022, 247).

#### *4.4.1.1. Díchoilíniú Cultúrtha agus an Ghaeilge*

Is próiseas an díchoilíniú inar nochtar agus ceistítear cumhacht an choilíneachais ar gach gné den tsochaí, an cultúr agus an teanga ina measc (Ashcroft, Griffiths agus Tiffin 2007). Chun cás na ndaoine imeallaithe a thuiscint, caithfear a scéalta a scaipeadh orthusan i gcumhacht agus an gaol stádais idir an dá ghrúpa a scrúdú (Darroch agus Giles 2014, 29). I rith phróiseas an choilínithe, tugtar tús áite do chultúr an choilínigh, agus tá lorg an choilíneachais fós le brath in eilimintí ar leith de chultúr na hÉireann<sup>98</sup>, an teanga, agus an ceol san áireamh (Nic Dhonncha 2019, 69). Cloíonn an dream a ghlacann cumhacht ón gcoilíneach le heilimintí den lorg seo, “The colonized intellectual has invested his aggression in his barely veiled wish to be assimilated to the colonizer’s world” (Fanon 1967, 22). Is cuid lárnach é sealbhú teanga de phróiseas an choilínithe agus mar sin is cuid lárnach de phróiseas an díchoilínithe chomh maith é. Pléann wa Thiong’o agus Farooq san Afraic agus san India faoi seach, céimeanna na gcoilíneach i dtaca le teanga a úsáid mar mhodh coilínithe (1986, 17; 2023, 1328). Cé gur chuid lárnach den phlé ar an iarchoilíneachas an tionchar a imríonn an córas ar theangacha, áitítear gur fágadh an Ghaeilge ar lár ón scríbhneoireacht sa réimse in Éirinn (O’Neill 2016, 58; Nic Eoin 2005, 26). Is minic go gcáintear léann an iarchoilíneachais de bharr na faillí seo (Walsh 2011, 10–1).

---

<sup>97</sup> Príomhtheoiricthe an réimse seo: Ashis Nandy, Ngũgĩ wa Thiong’o, Gayatri Spivak, Homi Bhabha, Frantz Fanon, Edward Said, agus Robert Young.

<sup>98</sup> Táthar ann a cheapann nach tír iarchoilíneach í Éire (Féach Kennedy 1992/3, 120–1, luaite ag Ní Cheallaigh 2017, 30). Toisc go raibh Éire faoi choilíneacht tráth, cosúil leis an India agus an Astráil cuir i gcás, is tír iarchoilíneach í agus tá fianaise an iarchoilíneachais in Éirinn le feiceáil go ríshoiléir i litríocht agus stair na Gaeilge. Feic Denvir (1977), Nic Eoin (2005), agus Kiberd (1996; 1993).

#### **4.4.2. Idé-eolaíochtaí Iarchoilíneacha agus a dTionchar ar Mhná**

Baineann idé-eolaíocht le meon agus tuiscintí an phobail. Is í an íomhá a tharraingíonn an pobal den tsochaí ag aon am amháin í (Nichols 1981, 1). Is iad an uasaicme atá i gceannas ar na tuiscintí seo, idir pholaitiúil agus intleachta (Marx agus Engels 1974, 64). Maítear go n-úsáidtear an lámh in uachtar atá acu chun a mianta féin a bhaint amach agus dearcadh a scaipeadh ar mhaithe leo féin. Is mar seo a mhíníonn Nic Eoin iad: "... fórsa a dhallann atá san idé-eolaíocht, púicín a chuireann srian le cumas daoine machnamh comhfhiosach a dhéanamh ar a gcúinsí ábhartha" (1998, xviii). Is cuid lárnach na hidé-eolaíochtaí de chruinnsamhail na sochaí iarchoilíní toisc an tábhacht a leagann na sochaithe seo ar an "concept of 'fixity' in the ideological construction of otherness" (Bhabha 1994, 94). I gceartlár na smaointeoireachta náisiúnta agus cultúrtha in Éirinn, tá sé rí-éasca teacht ar chruthú na mná idéalalaí. Is íomhánna agus tógáin an iarchoilíneachais iad a bhfuil tionchar díobhálach acu ar an bhfíorbhean. Eascraíonn siad ó chúinsí staire, reiligiúin, miotais, meafair, agus bíonn tionchar acu ar theangacha agus ar íomhánna (Robinson 2003, 13). Déanann teoiric iarchoilíneach an fheimineachais iarracht na tógáin seo a nochtadh agus a mhíniú i gcomhthéacs na sochaí áirithe sin.

##### *4.4.2.1. An Íomhá Bhaineann i Saothar Iarchoilíneach*

Tá litríocht na Gaeilge breac le tagairtí d'íomhánna den bhean. Is í íomhá an fhlaithis an ceann is ársa, an talamh á léiriú mar bhean nó mar bhandia (Nic Eoin 1998, 33). D'fhág seo gur tugadh an chluas bhodhar d'éinne a mhaígh nach raibh áit ag mná sa traidisiún, bhí a réimse féin cruthaithe dóibh: "Who needs the land when you are the land?" (Mhac an tSaoi féach Ní Annracháin 2017, 80). Glacadh le híomhánna baineanna mar fhírinní ó ghlúin amháin go glúin eile (Warner 1985, 331). I dtaighde Mháirín Nic Eoin, léiríonn sí go n-úsáidítí na híomhánna cáinteacha i saothair theagascacha agus i dtéacsanna grinn chun lochtanna na mban a mhúineadh (1998, 125). Íomhá choitianta i stair na Gaeilge íomhá na seanmhná boichte, mar shampla. Ní go dtí le déanaí gur thosaigh taighdeoirí agus teoiricithe ag ceistiú tionchar íomhánna idé-eolaíocha mar seo ar an bhfíorbhean, agus na hiallacha a cuireadh uirthi ar bhonn sóisialta dá bharr. Ag tagairt don bhean chaointe, cuireann Angela Bourke íomhá chumhachtach os comhair a léitheoirí. Is follas ón ráiteas seo go raibh / go mbíonn mná sa tsochaí iarchoilíneach a chuir / a chuireann le stair theanga faoi thionchar an choilíneachais dúbailte chomh maith:

... they belonged to a society and composed in a language considered inferior and barbarous to those in power, but even in their own society they were an underclass, not

taught to write, not admitted to the academy of serious poets, rarely named as authors of their own composition (1997, 144).

Tá samplaí den choilíniú dúbailte seo agus den chuimhne insneach seo le feiceáil i dtíortha éagsúla ar nós na hIndia agus na Pacastáine. Pléann Dudur nós na scríbhneoireachta náisiúnaíche “the sacredness of the nation” a chumasc le “the sacredness of women’s bodies” (2006, 7).

#### 4.4.2.1.1. *Éire mar Bhean*

Íomhá athfhillteach i litríocht na Gaeilge í Éire mar bhean, agus is íomhá mar seo atá le feiceáil i dtíortha iarchoilíneacha eile (Ní Dhomhnaill 1992, 28). Mar thoradh ar na léirithe seo nó an “problematic personification of Ireland as a woman” bhí impleachtaí ar an ngnáthbhean (Coughlan 2008, 5). Ciallaíonn sé seo go raibh léiriú na mban fite fuaite le tuairimí ar shaoirse, ar fhéiniúlacht agus ar a bhfuil i gceist le ‘náisiún’ (D’Arcy 2008, 99). Tugann D’Arcy “ideological tangle” ar an nasc seo (2008, 99; féach Robinson 2003). Ina leabhar *The Intimate Enemy: Loss and Recovery of Self Under Colonisation* déanann Ashis Nandy tagairt don hípirfhireannacht (*hypermasculinity*) (1983), a roinn réamhbharúlacha maidir le cad is ceart do mhná a dhéanamh chun an íomhá d’Éirinn an bhean a chomhlíonadh. Léiríonn na téacsanna ina bpléitear le hÉirinn mar bhean, gur bean lag í a bhfuil cabhair ag teastáil uaithi (Ní Fhrighil 2008, 185). Ofrálann sí í féin mar íobairt. Cruthaíodh an íomhá mhíreálaíoch seo agus scaipeadh í chun dochair do mhná na tíre (McKibben 2010; Meaney 1993). Cé go mbíonn meas ar an mbean shiombalach seo dá fúlaint, ciallaíonn an córas seo go mbíonn critéir neamhréalaíoch ar ghá d’fhíormhná na tíre a chomhlíonadh. Tugtar ainmneacha ar leith ar an mbean seo, lena n-áirítear Éiriú, Banba, Fodhla, Cathleen Ní Uallacháin, Mother Ireland, an tSeanbhean Bhocht, Móirín Ní Chuileannáin, Síle Ní Ghadhra, agus Cáit Ní Dhuibhir, gan ach an beagán a lua (Robinson 2003, 3; Nic Eoin 1998, 220; Sales 1999; Anthias agus Yuval-Davis 1992; Ní Dhomhnaill 1992).

#### 4.4.2.1.2. *Mná Seachstairiúla*

Is éard atá i gceist le séimeolaíocht ná staidéar ar mhiotais. Baineann taighdeoirí an fheimineachais úsáid as séimeolaíocht chun feidhmeanna miotais a shoiléiriú agus meicníochtaí sochaí phatracach a nochtadh (Humm 2003, 254). Léiríonn séimeolaíocht na slite a scaipeann tógáin shóisialta a smaointeoireacht féin. Díríonn taighdeoirí an fheimineachais ar steirítíopáil agus suibiachtúlacht in ionadaíocht na mban (Humm 2003, 254). Cé go mbíonn cosúlachtaí idir ainmneacha agus carachtair ó mhiotais agus ón stair, ní

mar chuid den stair a aithnítear mná na miotas (Mac Cana 1955, 412). Chinntigh próiseas chumadóireacht na miotaseolaíochta gur charachtair “sheachstairiúla” iad na mná (Nic Eoin 1998, 65). Tá codarsnacht shuntasach idir líon ainmneacha na mban atá le fáil i litríocht na Gaeilge agus líon scéalta na mban i stair na teanga. Faoi mar a deir Muireann Ní Bhrolcháin agus í ag tagairt don luath-Ghaeilge, “The unusually high profile of women in the sagas of the period has given rise to a misconceived perception of their independence” (1994, 115). Tagraítear go minic d’fhorlámhas na miotas ar mheon na ndaoine. Toisc stair láidir fhada na miotaseolaíochta in Éirinn, fágadh agus fághtar rian as cuimse ag tuairimí a nochtar i saothar na miotaseolaíochta ar phobal na teanga.

I measc impleachtaí na miotas, “úsáideadh an litríocht mar mhodh le feidhm mhíotasach a bhronnadh ar charachtair bhaineanna fad is a áitítear gur rud mínádúrtha, agus mí-ádhúil dá bhrí sin, ag mná daonna é bheith ag iarraidh a ladhar a shá isteach i gcúrsaí polaitíochta agus pobail” (Nic Eoin 1998, 35). Ba leithscéal eile tréithe mhná na miotas, chun mná a imeallú agus úsáid a bhaint as na mná mar shiombail d’eileacht (*otherness*) sa tsochaí agus sa pholaitíocht (Nic Eoin 1998, 52). Aircitíopa na bandachta faoi ndear tuairimí daingne agus diúltacha a scaipeadh leis na cianta cairbreacha (McCone 1980, 142; Dagger 1985, 63). Is minic a bhíonn feidhmeanna polaitiúla ag na miotais mhatrarcacha (Bulbeck 1998, 21). Tá samplaí i gcultúr an phobail dhúchasaigh sna Stáit Aontaithe (Allen 1986, 13–4). Toisc gur úsáid cumadóirí na scéalta seo guth mhná na scéalta chun mianta polaitiúla a fhógairt, daingnítear ionad siombalach na mban (Nic Eoin 1998, 188–9), mar shampla an dán ‘Mise Éire’ le Pádraig Mac Piarais (1912). Ba “coincheap teibí” mná na scéalta agus na ndánta agus rinneadh dochar d’fhíormhná toisc gur bronnadh an stádas seachstairiúil chéanna orthusan, rud atá le feiceáil óna n-easnaimh ón stair. Tuigtear dúinn nár dhuine an bhean in aigní na gcumadóirí seo ach rud, nó mar a dúirt An Ríordánach<sup>99</sup>: “Ní file ach filíocht í an bhean” (1978). Thagair Nuala Ní Dhomhnaill d’fheidhm leanúnach “... the lavish overpraising of mythical women poets of some great prelapsarian past as an excuse for not taking proper cognizance of living women poets of our own day” (1992, 18). Ba mar fhreagra ar thráchtanna de leithéid an Ríordánaigh a chuir Máire Ní Annracháin tús lena páipéar ceannródaíoch ‘Ait liom bean a bheith ina file’ ag *Léachtaí Cholm Cille* in 1981, nuair a dúirt sí:

---

<sup>99</sup> Ta plé cuimsitheach déanta ag Amy Mitchell ar cheist na hinscne i saothair Uí Ríordáin, agus ar an gcaoi “nár chóir dúinn tuiscint ar an dearcadh a bhí ag Ó Ríordáin i leith na hinscne, agus go háirithe i leith mhíchothromaíocht inscne an traidisiúin liteartha, a bhaint as réimse cúng dá chuid dánta” (2019, 369).

Ní hí an bhean á cruthú trí pheann fir is ábhar dom ach an bhean i mbun an ghnímh chruthaithí í féin agus a peann féin, nó an peann a ghoid sí, a mheall sí nó a fuair sí ar iasacht ó fhear éigin, ina glaic aici (1981, 145).

Má chuireann tíortha iarchoilíneacha an t-uafás béime ar íomhánna neamhréalaíocha de mhná, fulaingíonn fíormhná na tíre, agus tá sé seo le feiceáil i Vítneam (Dutton 2013, 2). Cuirtear teoiric pholaitiúil áirithe i bhfeidhm ar mheon na tíre trí eachtraí mná ó mhíotas an Vítneam. Léirítear doimhneacht na faidhbe nuair a chuirtear liosta na mban seo i gcomparáid leis na cuntais thoirtíula ar éachtaí na bhfear (Dutton 2013, 5). Is fusa na ról ar leith a choinneáil nuair a shamhlaítear mar “ardlitríocht” (Nic Dhiarmada 1998, 170) an chanóin a bhí á cleachtadh agus á scaipeadh ag uasaicme stairiúil na sochaithe sin, .i. acusan a bhí dílis do “p[h]atrún na fireannachta heigeamainí” (Ó Briain 2023, 204). Ba iad na ról a deimhníodh trí scaipeadh coincheapa iarchoilíneacha a chuir cosc ar mhná feidhmiú i réimsí ar leith den Ghaeilge, agus sa chás gur fheidhmigh, is gann iad na tráchtanna atá againn inniu orthu, gan trácht ar bhanealaíontóirí na béalairachta, nár choinnigh “cló fireannach meitrapholaiteach” na tíre a scéalta ar marthain (Ní Shíocháin 2023, 52).

#### **4.4.3. Buntáistí na Teoirice**

Tá neart buntáistí ag baint le húsáid na teoirice seo i gcomhthéacs an tionscadail taighde seo. Diríonn an lionsa iarchoilíneach feimineach ar fhórsaí a choinníonn agus a spreagann gaol stádais mhíchothrom (Anderson, Khan agus Reimer-Kirkham 2011). Eascraíonn an gaol stádais seo as cumhacht choilíneach agus an lorg a fhágann sé ar thír ag iarraidh teacht slán aisti. Maítear go mbíonn tionchar ag an lorg seo ar thaighde agus dá dheasca sin, is frithghníomhú ansin an feimineachas iarchoilíneach ina choinne (Cargo, et al. 2011). Má bhaineann taighdeoir úsáid as an lionsa seo, cinntítear nach bhfuil an taighde dírithe ar pharaidím phríomhshrutha ach ar dhaoine imeallaithe ón gcóras cumhachta (Racine agus Petrucka 2011). Cuireann an teoiric seo tuiscint nua ar chumhacht chun cinn, tuiscint faoi chumhacht ‘le’ daoine eile in ionad ‘thar’ daoine eile, frithradadh i gcoinne “dominant relations of power that can be identified in conventional research practices that rely on a hierarchical expert approach to generating knowledge” (Darroch agus Giles 2014, 31).

Is léir go mbíonn buntáiste eipistéimeach ag daoine a oibríonn le teanga tír iarchoilínithe. Ar an mbonn sin, tugann a scéalta tuiscint níos fearr dúinn ar chúrsaí teanga sa tír. Is féidir a áitiú, mar sin, go dtugann eispéireas na mban sa Ghaeilge tuiscint níos fearr arís dúinn air seo, toisc an choilíniú dhúbailte a imríodh orthu. Is gá don Ghael a shaol agus saol an choilínigh a thuiscint ar bhonn leanúnach, nó mar a shonraíonn Ní Dhomhnaill, “We, the

colonized, have always had to know much more about the other island than they have ever taken the slightest effort to know about us” (1992, 18). Is éard atá á áitiú anseo, dá dheasca sin, ná gur féidir le scéalta mhná na Gaeilge íomhá níos uileghabhálaí a chruthú den saol in Éirinn ina n-aimsir. Maítear gur gá cuimhneamh gur réimse é féin an feimineachas iarchoilíneach, cé go maireann an disciplín ar theorainn teoiricí ar leith (Rajan agus Park 2005, 53). Is réimse ann féin é a phléann le hinscne i suíomhanna iarchoilíneacha, agus pléann an taighde áirithe seo le doiciméadú ban sa Ghaeilge. Cosúil le teoiric fheimineach na n-ildearcthaí, tá fadhb ag teoiricithe an réimse seo le tuiscintí den bhean “uilíoch”, agus is dá dheasca sin go gcuirtear scéalta éagsúla chun cinn (Rajan agus Park 2005, 54).

#### **4.4.4. Critic ar an Teoiric seo**

Bíonn an-chuid cur agus cúiteamh maidir leis an gcineál duine a bhíonn mar ábhar taighde ag teoiricithe an réimse agus cén fáth a n-oireann an réimse sin dóibh. Toisc choincheap an choilínithe dhúbailte, is gá machnamh a dhéanamh ar thionchar an taighde ar an rannpháirtí agus ar ábhar na mbeathaisnéisí sa chás seo. I measc critice den teoiric seo, cosúil le teoiric na n-ildearcthaí maítear nach bhfuil sé acadúil a dhóthain (Ali 2007, 193), ach baintear úsáid as sa taighde seo chun cur le léann teoiric an fheimineachais sa Ghaeilge, agus chun cásanna na mban a shuíomh agus a mhíniú i gcomhthéacs eile. Luann McClintock débhríocht an téarma ‘iarchoilíneach’ toisc nach próiseas díreach atá ann (1992, 85):

If "post-colonial" *theory* has sought to challenge the grand march of western historicism with its entourage of binaries (self-other, metropolis-colony, center-periphery, etc.), the *term* "post-colonialism" nonetheless re-orientes the globe once more around a single, binary opposition: colonial / post-colonial. (1992, 85)

Mar thaca dá hargóint, tagraíonn McClintock do chás na hÉireann, agus an scoilt tíreolaíochta agus cultúrtha atá sa tír (1992, 87). Déanann Edward Said tagairt don argóint seo ina leabhar *Orientalism*, é ag áitiú nach gciallaíonn an réimír “iar-” in iarchoilíneachas agus iar-nua-aoiseachas go bhfuil tionchar an choilíneachais thart nó sáraithe, ach go bhfuil sé ag déanamh tagairt don ghluaiseacht i dtreo saoirse ón gcoilíniú (1978, 370).

Criticeoir ar an bhfeimineachas iarchoilíneach í Sara Suleri a mhaíonn gur teoiric ró-uailmhianach atá inti, toisc an réimse leathan ina bpléann sí leis, “its imbrications of race and gender are accorded an iconicity that is altogether too good to be true” (1992, 758). Nuair atá deireadh ráite, dar léi, beidh ar theoiricithe cinneadh a dhéanamh maidir lena dtosaíochtaí, rud a chiallaíonn nach féidir an dá thráth a fhreastal: “Which comes first, gender or race?” (1992,

759). Ní aontaíonn sí, ach an oiread, leis an meafar a chruthaíonn an teoiric as guthanna ban mar shiombail de mhaitheas uilíoch, ag rá gur bac an teoiric i gcoinne “a reading that attempts to look beyond the obvious questions of good and evil” (1992, 759). Áitíonn sí go bhfuil an t-iarchoilíneachas go ginearálta míshoiléir faoin sainmhíniú: “is it an abstraction into which all historical specificity may be subsumed, or is it a figure for a vaguely defined ontological marginality that is equally applicable to all "minority" discourses?” (1992, 762). Cáineann sí an bhéim a chuireann teoiricithe ar thaithí saoil, ag maíomh go n-ardaíonn sé réalachas go leibhéal teoirice (1992, 761–9).

Cáintear úsáid teoiric an iarchoilíneachais i dtaighde ar Éirinn, toisc na tuisceana nach tír iarchoilíneach í (Kennedy 1992/3, 120–1). I saol na Gaeilge, cáintear teoiric an iarchoilíneachais toisc an neamhaird a dhéanann sí ar an nGaeilge (O’Neill 2016, 59), agus nós atá ann í a chur i bhfeidhm díreach toisc go bhfuil taighdeoirí eile á dhéanamh (Ní Dhomhnaill 1992, 19). Maille leis sin, pléitear go minic teanga an taighde a ghabhann leis an réimse seo. Léiríonn bell hooks na deacrachtaí, ní fiú leis an teanga í féin, ach na focail nó an cineál teanga a mbaineann taighdeoirí úsáid as. Is gá uaireanta do dhaoine treascartha, teanga an ansmachtaí a úsáid ionas go dtuigfidh níos mó daoine iad “This is the oppressor’s language, yet I need it to talk to you” (1989, 16), agus má scríobhann siad ina dteangacha féin, tá an bhuaireann nach spreagfaí aon athrú.

#### **4.4.5. An Teoiric sa Taighde seo**

Is réimse conspóideach taighde é léann an iarchoilíneachas, cosúil le taighde ar an bhfeimineachas ó thaobh mianta de agus ó thaobh na suime atá ag teoiricithe an dá réimse i gcúrsaí teanga. I measc na gcosúlachtaí eile, tá cumhacht ainmniú, fadhbanna aistriúcháin, agus róil teanga i bhforbairtí suibíachtúla (Ali 2007, 192). I dtíortha faoi choilíneacht nó a bhí faoi choilíneacht, is minic a dhéantar iarracht cloí go daingean le seanluachanna na tíre roimh an gcoilíneachas le súil is go dtreiseofaí tréithe mhuintir na tíre mar ionad amháin, cumhachtach agus ábalta seasamh leis féin. De bharr na dílseachta seo don seanréimeas, ní tharlaíonn an dul chun cinn sóisialta céanna, nó tarlaíonn sé níos déanaí ná mar a tharlaíonn i dtíortha eile. Sampla in Éirinn forlámhas na patrarcachta i gcumadóireacht na tíre (Nic Eoin 1998, xxiv). Tá rian fágtha ag stair choilíneach na tíre ar shaoldearcadh na tíre agus ar an nGaeilge.

Bailítear scéalta faoi mhná sa taighde seo. D’fhéadfadh na mná sin a bheith ó aon chúlra a fhad is go bhfuil fianaise againn den lorg a d’fhág siad ar an stair agus ar fhorbairt na teanga. Beag beann ar na difríochtaí agus éagsúlachtaí ina saolta agus ina réimse teanga, bhí na mná ag plé le teanga mhionlaigh i suíomh iarchoilíneach agus ag dul i ngleic le constaic a n-inscne

féin. Chun staidéar a dhéanamh ar chumhacht an iarchoilíneachais agus an teoiric a chur i bhfeidhm sa réimse seo, tá sé riachtanach mionscrúdú a dhéanamh ar na réimsí uile den teanga ar bhain na mná seo leo agus é sin a chur i gcomparáid lena bhfuil sa bhunachar go dtí seo. Tá a leithéid de thaighde iarchoilíneach feimineach déanta i dtíortha eile. Rinne Brewster scrúdú ar chuimhne trí shúile daoine dúchasacha na hAstráile trí scéalta a saolta a scríobh. Is follas óna taighde go ndearnadh neamhaird ar eispéiris na mban sa tréimhse iarchoilíneach (2002). Rinneadh ról chuimhne agus miotas i saol na mban a scrúdú agus áitítear go sárófar púicíní an duine a mhaireann i suíomh iarchoilíneach trí bhóithre nua eolais agus tuisceana a thriail (Addams 1916). Mar a mholann teoiricthe feimineacha na n-ildearthaí, tá an taighde seo chun modhanna nuálacha a úsáid agus cinntítear le linn an taighde gurb iad na mná ‘ar iarraidh’ croílár an taighde seo.

#### **4.5. Conclúid: Teoiricí sa Taighde seo**

Is réimse taighde agus smaointeoireachta an feimineachas atá de shíor ag fás, ag claochlú agus ag bláthú agus mar sin tá sé deacair sainmhíniú cruinn a thabhairt nó coinneáil ar d’eolas faoi fhorbairtí an réimse leathain seo. Go bunúsach, toisc go mbaineann an taighde seo le combhionannas inscne, baineann sé leis an bhfeimineachas. Lonnaíonn úsáid teoirice sa taighde seo torthaí na hoibre i measc taighde atá cosúil leis agus cabhraíonn sé sin linn adhmaid a bhaint as réimsí taighde ar leith. Feidhm eile torthaí a chur ar shúile daoine a oibríonn leis na teoiricí seo i réimsí eile. Cé go maítear gur réimse fireann amháin sa taighde iad na teoiricí, is féidir athnuachan a dhéanamh orthu sa tslí chéanna go bhfuil athnuachan á déanamh ag tionscadail ‘daoine ar iarraidh’ i mbeathaisnéisí. Maítear go hiondúil gur slí éifeachtach saolta éagsúla a thuiscint agus a scaipeadh ná trí phlé a dhéanamh ar theoiricí oiriúnacha, agus an lionsa a chruthaíonn na teoiricí seo a úsáid chun iad a lonnú i gcomhthéacs nua (Darroch agus Giles 2014, 30).

##### **4.5.1. Ábharthacht na dTeoiricí**

Snáth coiteann teoiric fheimineach na n-ildearthaí agus teoiric iarchoilíneach an fheimineachais a ndílseacht do choincheap na heileachta. Is coincheap lárnach i dtaighde an fheimineachais coincheap na heileachta. Rinne de Beauvoir forbairt ar an gcoincheap seo in *Le deuxième sexe* (1949) chun cur síos a dhéanamh ar na tuiscintí diúltacha ar mhná mar phearsana mínormálta i sochaithe patrarcacha agus ar an ról imeallach a ghlac na mná thar na céadta bliain toisc gur cuireadh ina leith gur íochtaráin iad:

She is defined and differentiated with reference to man and not he with reference to her; she is the incidental, the inessential as opposed to the essential. He is the Subject, he is the Absolute – she is the Other (1956, 16).

In go leor sochaithe stairiúla, samhlaíodh an bhean mar ionad eilearánaithe tairseachúil agus bíonn tionchar ag an imeallú seo ar eilimintí eile den saol. Is dá dheasca seo gur gá tochailt “sna hiarsmaí”, sna fonótaí, agus sna himill chun a saolta a chur ar ais le chéile (Ní Shíocháin 2023, 59). Tá an plé air seo le feiceáil i réimse an iarchoilíneachais chomh maith (Bhabha 1994). Cruthaítear lionsa leis na teoiricí seo trínar féidir na daoine eile / imeallaithe a aimsiú, iad a tharraingt ar ais isteach sa phlé, agus i gcásanna áirithe, plé a bhunú ar a saol agus a ngaiscí. Is iomaí cosúlacht idir cás na nGael i stair na hÉireann agus cás na mban. Rinneadh iad a shamhlú mar ionad siombalach in áit ionad daonna, dreamanna arbh fhéidir taighde a dhéanamh orthu mar charachtair ach ní daoine. Is próiseas é seo de “exclusion, occlusion, marginalisation and exoticisation” (Ó Cíosáin 2005, 140) agus don bhean ar Ghael í, rinneadh é seo ar dhá chúis éagsúla.

#### **4.5.2. Úsáid na dTeoiricí sa Taighde seo**

Sa chaibidil seo, déantar iarracht díriú ar na teoiricí faoi scáth an fheimineachais atá oiriúnach agus cuí don chineál taighde seo, is iad sin teoiric fheimineach na n-ildearthaí agus teoiric iarchoilíneach an fheimineachais. Déanann an taighde seo iarracht cur le líon beathaisnéisí na mban agus staidéar a dhéanamh ar ról inscne i mbeathaisnéisí. Tugann teoiric fheimineach na n-ildearthaí ardán dóibh siúd nach raibh ceann acu cheana féin. Is iad na dearthaí is tábhachtaí don taighde ná cinn mhná an taighde seo – na mná a aimsíodh agus a ndearnadh iarracht a saol a chur le chéile chun íomhá a chruthú den bhean ag feidhmiú i saol na Gaeilge, i dtréimhsí ar leith, faoi smacht coinníollacha sochaíocha ar leith. Tugann na scéalta seo léargas ar eilimintí éagsúla de stair na Gaeilge, agus mar sin, an deis seanbharúlacha faoina bhfuil ‘baineann’ inti a cheistiú, agus uileghabhálacht a chur i gcroílár an taighde. Mar thoradh air seo, comhlíonann an taighde riachtanais phríomhchoincheapa na teoirice seo.

Déanann teoiricthe iarchoilíneacha an fheimineachais anailís ar thionchar an iarchoilíneachais ar mhná agus ar chultúr na tíre, teanga(acha) ina measc. Chun an teoiric a chur i bhfeidhm ar an taighde seo, tá aird á tabhairt ar na gnéithe trasnacha den teoiric, an tionchar a imríonn constaicí seachtracha den inscne ar mhná. Scrúdaítear, chomh maith, tionchar fadtéarmach an iarchoilíneachais ar mhná go háirithe, agus cuirtear guthanna na ndaoine imeallaithe chun tosaigh. Is féidir a áitiú go bhfuil práinn bhreise ag baint le hathshlánú scéalta mhná an taighde seo, de bharr an choilínithe dhúbailte a imríodh orthu agus an mianach

a thaispeáin siad agus an cheird a chleacht siad d'ainneoin shlabhraí na n-idé-eolaíochtaí stairiúla. Agus na scéalta bailithe agus scrúdaithe ó thaobh difríochtaí agus cosúlachtaí de, úsáidtear an lionsa seo chun constaicí a bhí roimh na mná seo a scrúdú agus tuiscint níos fearr a fháil ar chomhthéacsanna na mban agus ar an tearcléiriú orthu i stair na teanga.

## 5. Fearainn na mBan i Stair na Gaeilge

I gcórais chumhachta sochaithe, is modh maireachtála ‘inscne’, “... indeed, we regularly punish those who fail to do their gender right” (Butler 1999, 178). Léiríonn Butler a tuiscintí ar a bhfuil i gceist le ‘inscne’ mar thógán sóisialta nó “an identity tenuously constituted in time, instituted in an exterior space through a *stylized repetition of acts*”, in ionad féiniúlachta deimhin daingean (1999, 179). Tugtar gníomhúlacht inscne<sup>100</sup> (*gender performativity*) ar na bearta athdhéanta seo a chinntíonn bealach isteach / easpa bealach amach ó réimse / fhearainn a shamhlaítear le hinscne áirithe. Is teoiric thábhachtach í i réimse an fheimineachais agus i réimse na haiteachta a mhaíonn nach ann d’inscne ach “taibhiú ar leith” (Mac Risteaird 2024, 57). Nuair a scríobh Virginia Woolf a haiste cheannródaíoch ‘A Room of One’s Own’ (1959), bhí sí ag déanamh tagairt don riachtanas seomra di féin agus airgead a bheith ag an scríbhneoir baineann. Is féidir an t-uaigneas agus an tsaoirse / daoirse chomhuaineach a thagann leis an seomra ar leith sin agus an fearann scoilte a shamhlú. Ba léir gur ghá don bhean coinníollacha a chomhlíonadh agus spás seachtrach a choinneáil chun a ceird a chleachtadh.

Sa chaibidil seo, déantar idé-eolaíocht na bhfearann ar leith (*the ideology of separate spheres*) (Vickery 1993; Davidson agus Hatcher 2002) a cheistiú i dtaca le stair na teanga. Is é sin an tuiscint go raibh róil ar leith ar ceadaíodh don bhean iad a chleachtadh, agus a mhalairt. Tuigtear dúinn gurb é sin ceann de na cúiseanna is láidre atá le tost na mban i seánraí áirithe scríbhneoireachta agus béil, agus i saol poiblí na teanga i gcoitinne. Le linn na caibidle seo, beartaíodh imscrúdú a dhéanamh ar réimsí áirithe. Chun róil ar leith i saol na teanga a roghnú don phíosa seo, beartaíodh úsáid a bhaint as na cúiseanna cáile atá luaite le beathaisnéisí na mban in Ainm.ie agus na cúiseanna cáile nach bhfuil luaite le beathaisnéis mhná ar bith. Chuige sin, chuathas tríd an liosta slite beatha faoin gcluaisín ‘Téamaí’ ar shuíomh an bhunachair, agus trí théacs na mbeathaisnéisí faoi mhná sa bhunachar chun teacht ar níos mó cúiseanna cáile nach mbeadh luaite mar ‘slí beatha’. Is iad na réimsí a roghnaíodh chun plé a dhéanamh orthu ná an chainteoireacht agus an fhadscannánaíocht. Déantar cur síos ar eilimintí de na fearainn seo a chinntigh cead / easpa ceada i dtaobh rannpháirtíochta mar aon le plé ar na cúiseanna le tost na mban a d’fheidhmigh sna réimsí sin agus i réimsí eile de stair na teanga.

---

<sup>100</sup> “Gníomhúlacht inscne” an téarma a mholann an Coiste Téarmaíochta, Foras na Gaeilge le haghaidh ‘*gender performativity*’. Ar fáil ag <https://www.tearma.ie/q/gender%20performativity/> [Rochtain faighte: 08/08/2025].

## 5.1. “dignified and decorous”: Mná na Gaeilge

B’ionann coinníollacha inscne i stair na teanga agus i stair na tíre seo, go háirithe timpeall aimsir na hAthbheochana, sa mhéid is gur cuireadh tuiscintí láidre maidir le réimsí ar leith a bheith ag fir agus ag mná chun cinn. Mar a léirigh [Máire de Buitléar](#) (1873–1920) ina paimfléad *Irishwomen and the Home Language* le haghaidh Conradh na Gaeilge in 1901.

Now, the women of our race are dignified and decorous; they shrink from mingling in a melee [*sic*], and retiring into the inner courtyard, they leave the scene of strife in the outer world to the sterner sex. They may think, therefore, that in this language war they have no place. But they are mistaken, for it is warfare of an especial kind, warfare which can best be waged not by shrieking viragoes or aggressive amazons, but by gentle, lowvoiced women who teach little children their first prayers, and, seated at the hearthside, make those around them realize the difference between a home and a dwelling (Butler 1901, 3).

Tá codarsnacht idir an “scene of strife in the outer world” a shamhlaítear leis an bhfear agus an “hearthside” ar léir gur fearann na mban é, agus léirítear gur faoin mbean a bhí sé an teanga a thabhairt don chéad ghlúin eile taobh istigh de theoireanneacha an bhaile (Butler 1901, 3). Ar an lámh eile agus faoi mar atá léirithe ag Ríona Nic Congáil, “Níor foilsíodh aon phaimfléad a leag béim ar ról na bhfear i gcur chun cinn na teanga i measc na n-óg” (2022, 33). Baintear úsáid anseo as an eolas a bailíodh chun an tuiscint go raibh fearainn nó ‘seomraí ar leith’ i réimse na Gaeilge d’inscín ar leith a cheistiú. Más ann dóibh, baintear úsáid as teoiric na gníomhúlachta inscne chun imscrúdú a dhéanamh ar na bearta a rinneadh chun fanacht sa chlós inmheánach nó “inner courtyard” sin a luaigh Máire de Buitléar, nó chun éalú as.

### 5.1.1. Mná i Réimsí na bhFear

Go stairiúil, tá sé ríshoiléir gur éirigh le mná gairmeacha a bhaint amach i réimsí áirithe de shaol na teanga. Os a choinne sin, bhí ‘seomraí’ nó réimsí eile nach raibh oscailte don bhean ach a bhí don fhear agus a mhalaírt. Chun teacht ar róil inar fágadh mná ar lár, ní gá ach breathnú ar ghnéithe de stair bhéaloideas na Gaeilge. Is eol do chách “nár fhostaigh an Coimisiún [Bhéaloideas na hÉireann] bean ar bith mar bhailitheoir lánaimseartha” (Dunne 2023, 58). Ba bhailitheoirí páirtaimseartha na mná i stair an bhéaloidis (Uí Ógáin 2014, 33–47), ina measc, Bairbre Ní Chonaire, [Bríd Ní Ghamhnáin](#), [Eibhlín Ní Shéaghdha](#) agus [Áine Nic an Liagha](#) (Briody 2007, 527). I measc na mbac fisiciúil roimh an mbanbhailitheoir, luann Briody cúiseanna taistil, buairt slándála agus buairt mhodhúlachta (2008, 461). Ach thairis sin

ar fad, ba thionscadal státmhaoinithe é seo a bhí ar siúl ag an gCoimisiún i dtréimhse ama ina raibh mná go poiblí agus go príobháideach faoi leatrom ag rialacha sóisialta agus ag dlíthe oifigiúla araon (8.2.1.1). Bhíothas riamh chun cloí leis na rialacha dochta inscne sin (O’Donoghue 2016). Mar a deir Briody, “Ó Duilearga and his male colleagues on the Commission were products of their time and appear to have felt no need of a female perspective in supervising the running of the Commission” (2008, 58).

Is cinnte go raibh tionchar ag an ngníomhú nó easpa gníomhaithe seo, “a d’fhág a lorg, b’fhéidir, ar an gcineál ábhair a bailíodh agus ar na faisnéiseoirí a roghnaíodh” (Ní Mhuircheartaigh 2019). Tá ceist ann maidir leis an ábhar a bhailigh mná i gcomparáid le fir (Briody 2007, 465). Aithnítear go mbíonn tionchar ag an mbailitheoir ar an bhfaisnéiseoir agus impleachtaí ar cé chomh hoscailte is atá siad lena n-ábhar (Zimmermann 2001, 433; Delargy 1945, 17). Tá tráchtanna againn ar ócáidí (de ghnáth nasctha le cúraimí éagsúla tí) inar bailíodh mná le chéile agus ina n-insíodar scéalta (Mhic Gearailt 1992, 87; Ó Sé 2001, 88). Mar a deir Brennan Harvey, “we really have no exact information as to what kinds of stories women told in the gatherings in which only women participated ...” (1992, 48). Ní féidir, ar ndóigh, tuiscint iomlán a bheith againn ar shaolta i dtréimhsí ama áirithe nuair a bhíonn ganntanas scéalta i mbéal ban ó na tréimhsí sin. Luann O’Connor an gá le diancheistiú a dhéanamh ar na noirm inghlactha i mbailiúchán agus staidéar ar an mbéaloideas chun tuiscint níos fearr a fháil ar an traidisiún ina iomláine (1986, 304).

Ó thaobh stair na litríochta scríofa de sa Ghaeilge, ba thraidisiún fireann traidisiún filíochta na Gaeilge roimh an seachtú haois déag. Má ghlacaimid leis na tagairtí ón naoú haois, d’fhill ar nós Digde, Líadan, agus de Ghormlaith níos déanaí, áfach, “the traces of female poets are suggestive of a less barren landscape than might be assumed” (Coolahan 2010, 37; 2018, 18). Léiríonn liosta “poets, chroniclers or rhymers” a breacadh síos ar an 7 Samhain 1584 (LPL, LS 627) lena tagairt do ‘Mary-ny-Donoghue, a she-barde’ agus ‘Mary-ny-Clancy, rymer’ ó Chorcaigh, go rabhadar ann. Is cosúil gur “mná siúbhail”, filí a thaistil thart a bhí iontu (Ní Dhonnchadha 2002, 301–2; Coolahan 2010, 37–8; Clarke agus McKibben 2021, 60; Coolahan 2018, 19). Is iad na filí ban is luaithe atá i mbeathaisnéisí Ainm.ie, [Fionnghuala Ní Bhriain](#) (fl. 1557–1617) agus [Caitilín Dubh](#) (fl. 1624–1629): mná eisceachtúla “i gclub na mbuachaillí” (Nic Chárthaigh 2021).

Luann eagarthóirí an *Field Day Anthology IV: Irish Women's Writings and Traditions*, a ndíomá nach raibh ach beagán de na tráchtanna ar tháinig siad orthu scríofa ag mná iad féin roimh an seachtú haois déag (seachas cás Digde, agus pléann Ní Dhonnchadha an meascán tuairimí atá amuigh ansin maidir le húinéireacht sa chás seo) (Ní Dhonnchadha 2002a, 4). Is

baic ar leith don taighde ar fhilíocht an tseachtú haois déag an tslí a bhfuil an taifead stairiúil neamhiomlán agus neamshocracht fhéiniúlachtaí polaitiúla agus sóisialta mar a bhí ag an am (Gillespie 2006, 3; Clarke agus McKibben 2021, 57). Tá taifeadtaí ar fhilíocht na mban sa seachtú haois déag dírithe ar an mBéarla, ar Phrotastúnaigh, agus ar an uasaicme tríd is tríd (Clarke agus McKibben 2021, 57).

### 5.1.2. **“they do muche harme”: Baic roimh na Banfhilí agus Banfhiannaithe**

Is a bhuí le braistintí diúltacha faoi na banfhilí gur fágadh ar lár na “mná siúbhail” ón dioscúrsa ar an bhfilíocht. Léirigh Smyth ina cháipéis *Smyth's Information for Ireland* ó 1561 go raibh ceithre shaghas file ann – agus ansin bhí na mná siúbhail: “Ther is one other sorte that is calleid the Mannigscoule. Ther order is for to singe ; and the chyfest of them most have but one eye, and he is calleid Lucas ; they do muche harme<sup>101</sup>” (Luaite ag an *Ulster Journal of Archaeology* 1858, 167). Mar a léirítear in *Leabhar Méig Shamhradháin* (McKenna agus Ó Cianáin 1947), bhí tuiscintí maidir leosan nach raibh in aicme ard sóisialta a bheith ag cumadh agus cleachtadh filíochta chomh fada siar leis an gceathrú haois déag. Sa chéad sin, ba é an file Giolla na Naomh Ó hUiginn (McKenna agus Ó Cianáin 1947, 237) a chuir é seo a leanas i leith an bhanfhile:

Do sgar an daghdhán re a dhath

Abhrán ban agus bhachlach<sup>102</sup>

Mhair tuiscintí forleathana faoi mhná cruthaitheacha i réimsí eile, cosúil leis na tuiscintí go raibh mí-ádh ag baint leis an mbanscéalaí, go háirithe an banfhiannaí (Ó Duilearga 1942, 43; Sumner 2015; Dunne 2023, 4). Mar a luaigh Ó hEalaoire faoi scéalta na mbanfhiannaí, “bhíodh sé ráite ná raibh aon rathúnas muar thímpeall orthu” (1981, 7). B’eisceacht í [Peig Sayers](#) (1873–1958), a raibh clú uirthi “for her mastery of “masculine” genres of folklore” (Bourke 1993, 167). Ar cheann de na seánraí scéalaíochta a bhí i stór Pheig, bhí na scéalta Fiannaíochta, a shamhlaítí go forleathan mar réimse na bhfear. Is minic a chloistear tagairtí don bhean a d’inis scéalta Fiannaíochta agus an mí-ádh ar ghlac sí léi dá bharr: mí-ádh an “coileach bán ar chearca, nó fiannaí mná i mbaile!” (Almqvist 1999, 80)<sup>103</sup>. D’fheidhmigh tuiscintí mar an gceann seo mar bhac i gcoinne an scéalaí bhan a bheith ag iarraidh scéal a aithris sa réimse seo a bhí

---

<sup>101</sup> Tá grúpa amháin eile, agus tugtar na mná siúil orthu. Canann siad ; ní bhíonn ach súil amháin ag príomhbhaill an ghrúpa seo, agus tugtar Lucas orthu ; is mór an dochar a dhéanann siad (aistrithe ag Orlaith Hickey).

<sup>102</sup> Tá amhrán na mban i ndiaidh luach a bhaint ó dhánta / Ghoid siad aird agus pátrúnacht ó na fíorfhilí lena ndrochionchur gan tairbhe (aistrithe ag Orlaith Hickey).

<sup>103</sup> Díol spéise gur chomhartha choinneáil éanlaith chlóis ag bean go raibh an bhean sin dosmactaithe ag fir. Féach taighde Bourke ar Bridget Cleary (1999, 44–45).

“considered to be the prerogative of men” (Zimmermann 2001, 400; féach Bourke 2002b, 1214; Sé 2001, 90; Turraoin 2007, 429).

## **5.2. Réimse Samplach 1: An Caoineadh**

Is deasghnáth bróin an caoineadh ina léirítear mothúcháin i leith duine atá imithe ar shlí na fírinne. Is cleachtas ársa í a bhfuil samplaí di ag teacht ó gach uile chearn den Eoraip (Rajeczky 1957; Brakeley 1972; Alexiou 1974; Honko 1974) agus den chruinne (Ó Súilleabháin 1961; Badwe Ajuwon 1981; Lysaght 1997). In Éirinn, tá fréamhacha an traidisiúin seo suite go daingean sa stair, san ochtú agus sa naoú haois déag go háirithe (Coolahan 2010, 37). Ba chleachtas in Éirinn í a samhlaíodh leis an mbean (Lysaght 1997, 66; Bromwich 1948, 248–51). I mbeathaisnéisí Ainm.ie, cé nach bhfuil ‘bean chaointe’ nó ‘fear caointe’ luaite mar shlite beatha, is féidir teacht orthu tríd an gcluaisín ‘Cuardach Lántéacs’. Níl ach bean amháin luaite leis an gcaoineadh os cionn coirp, is é sin [Eibhlín Dubh Ní Chonaill](#) (c.1743–c. 1800) a chum *Caoineadh Airt Uí Laoghaire* timpeall na bliana 1773 (Ní Chonaill agus Ó Tuama 1961), agus níl fear ar bith luaite leis an traidisiún. Cé go bhfuil idir fhir agus mhná luaite le caointe i bhfoirm filíochta scríofa – díritear anseo ar an deasghnáth ó bhéal. B’idirghabhálaí í an bhean chaointe, idir an teaghlach agus an pobal, urlabhraí a mbróin agus léiriú ar a meas ar an té a bhásaigh. Is iomaí trácht ar an tsibhialtacht sna tagairtí luatha:

The Irish funeral howl is notorious, and although this vociferous expression of grief is on the decline, there is still, in the less civilized parts of the country, a strong attachment to the custom, and many may yet be found who are keeners or mourners for the dead by profession (Croker 1824, 172).

Ba shiombail an caoineadh d’Éirinn bharbarach ar scríobhadh faoi roimh an nGorta Mór (Lloyd 2011, 53; Ó Laoire 2020, 30). Samhlaíodh an cheird mar eilearánaigh inti féin i gcomparáid le healáin ‘sibhialaithe’ na Breataine, “a symbol of the incorrigibility of the Irish, representing their recalcitrant resistance to civilization and domestication. In short, it was seen as a prominent sign of Irish wildness and savagery” (Williams agus Ó Laoire 2011, 91; féach Lloyd 2003, 205–28). Bhíodh caointe i gceist le hócáidí eile “ina mbíodh scaradh i gceist – bás, imirce, díshealbhú, póstaí, mar shampla” (Nic an Airchinnigh 2013, 27). Thug Pádraig Ua Duinnín tuairisc ar an mbean chaointe i mbun caointe ar a prátaí le linn an Ghorta, caoineadh roimh an mbás a bhí le teacht (Ua Duinnín 1905, 77).

### 5.2.1. An Caoineadh: Réimse Ban?

Is í an chaointeoireacht an traidisiún baineann is láidre atá againn i stair na teanga, ní ó thaobh taifeadtaí de ach ó thaobh tuisceana de. Dar le hÓ Laoire is í “perhaps the most archetypical and gendered vocal genre” (2020, 30). Scrúdaítear anseo na tréithe a ghabh leis an gcaointeoireacht agus ceistítear an téis gur traidisiún “proper to their sex” a bhí ann do mhná (Murphy 1939, 48). Gaol a bheadh sa bhean chaointe de ghnáth leis an té a bhásaigh ach d’fhéadfadh go n-íocfaí bean mura raibh aon duine sa teaghlach ar fáil (Mouton Kinyon 2022, 507). Ba iad na mná na caointeoirí proifisiúnta: “although also practiced by men, [keening] belongs, as a profession, mainly to women” (Ó Laoire 2020, 30). Scríobh tráchtair amháin, Mrs. Samuel Hall, nach raibh aon mhothúcháin ag na mná seo i dtaca leis na mairbh “ach braon fuisce a fháil” dóibh féin (1841, 224).

De réir an steiréitíopa den taibheoir caointe, ba bhean bhocht í, cosnochta, agus sean (Bourke 1988, 289). Tá neart cosúlachtaí idir an bhean i mbun caointe agus i mbun amhráin páise. Trína cuid taighde ar ‘Caoineadh na Maighdine’, léirigh Angela Bourke gur mhná a chas na hamhráin páise de ghnáth, agus seanmhná níos minice fós a bhí ann, “Ní deacair a thuiscint go mbíonn an friotal céanna go minic sa dá chineál filíochta nuair a chuimhnítear gur i gcomhlúadar ban is iondúil a bhíonn siad á n-aithris” (Partridge 1983, 132). Léiríonn taighde Dunne agus taighde Uí Laoire go raibh tionchar ag an aois ar an tsairse cainte a bhí ag seanmhná sa traidisiún béil go ginearálta i gcomparáid leis an mbean óg (Dunne 2023, 72; Ó Laoire 2016, 31). Tá fianaise gur roinneadh an cúram idir mná caointe (Lysaght 1997, 71), an líne “Druidigí thart, a mhná”, cuir i gcás (Bourke 1993, 168). Deir Ní Ghríofa ina leabhar ceannródaíoch *A Ghost in the Throat* gurbh ealaín é an caoineadh a chonacthas “reverberating through a succession of female bodies, from female mouth to female ear” (2020, 37).

#### 5.2.1.1. Ainriail an Bháis ina Steillbheatha

D’fhéadfaí an cleachtas a shamhlú mar an mbean ag glacadh pháirt an idirghabhálaí, aisteoireacht de chineál éigin fiú. Déanann Bourke cur síos ar na céimeanna a bhain leis an gclaochlú seo a tháinig ar an taibheoir (1993, 165). B’ainriail an bháis ina steillbheatha í, agus chuir sí é seo in iúl trína héadaí sractha, trína gruaig agus cuma trí chéile, agus trína gníomhartha os cionn an choirp (Bourke 2002; 1993). Chuir sí catairsis ar fáil don té faoi mhéala, siombail dá mothúcháin ar fad agus iad “crazed by grief” (Bourke 2002, 1365). Ghlac an gníomh neart fuinnimh agus neart cleachtaidh. Bhíodh an ghlúin cailíní ina diaidh ag cleachtadh na screada “blood-curdling” seo, ag iarraidh slacht a chur uirthi (Bourke 1993, 165). Tá cosúlachtaí idir an taibhiú seo agus na *personae* ar leith a bhíodh ag an bhfile Caitilín Dubh,

a ghlac ról na mná sí, cuir i gcás, chun saoirse cruthaitheachta a thabhairt di féin (Coolahan 2018, 21). Tá cosúlachtaí chomh maith idir an teanga a úsáidtear i leith na mban seo agus an “pseudomedical language” a mbaintear úsáid aisti i bhfad níos déanaí i stair na tíre chun mná a imeallú. Mar a léirítear thuas, chuir de Buitléar fainic ar mhná gan a bheith ina “shrieking viragoes or aggressive amazons” ar eagla go gcuirfí suíomh idéalach an bhaile Ghaelaigh i gcontúirt (1901, 3). Macalla atá ann den chineál téarmaíochta a úsáideadh faoi réabhlóidithe ban sa Chogadh Cathartha, chomh maith, mar shampla “harpies” (Foster 2015, 33), “furies” (O’Hegarty 1924, 102), “half-crazed, hysterical women” (Coyne 1923, 3), agus “neurotic girls” (Cosgrave 1923, 6)<sup>104</sup>. Tá sé suimiúil nuair a chleacht an bhean ról neamh-mhánla, neamhchaoín, gur nascadh le neamhord leighis í.

#### 5.2.1.2. Cead Cainte na Caointeoireachta

Is féidir leis an mbéaloideas tacú le tuiscintí ceannasacha na sochaí, nó iad a cheistiú (Dunne 2023, 94). Bhíothas in ann scéilíní a fhí isteach sna scéalta chun a mianta a léiriú, agus an “rud doráite a rá” (Ó Cadhla 2011, 237–47). Ní haon eisceacht iad na caointe den nós seo. Mhair an traidisiún seo in ainneoin an mhasla a cuireadh uirthi acusan a raibh an chumhacht sa tsochaí acu. Ba chomhartha an seánra den mheascán den tsaoirse agus den daoirse inar léiríodh an banaithriseoir (Partridge 1983, 139; Finnegan 1977). Soláthraíonn próiseas an bháis árdán do dhaoine áirithe cleachtais nach mbeadh ceadaithe de ghnáth a chur i gcrích (Bourke 1993, 160). Cead cainte don bhean a bhí ann labhairt os ard agus go hionraic “... frequently to defend their own interests against those of men”, agus is dá dheasca seo go n-áitíonn Bourke gur féidir an caoineadh a thuiscint mar “feminist utterance” (2002, 1366).

Leithscéal sealadach ab é an caoineadh don bhean seo neamhaird a dhéanamh ar rialacha na sochaí (Henigan 2012, 72fn39). Go deimhin, ní raibh moladh i gcónaí i gceist leis an gcaoineadh (Bourke 1993, 160). Bhain an bhean chaointe úsáid as an árdán a thug an chaointeoireacht di chun sciolladh ar na daoine a bheadh ag gáire faoin gcuma a bhí uirthi, a rinne iarracht imeacht, nó nach raibh ag glacadh páirt sa chaoineadh iad féin (Bourke 1993, 165). Ina theannta sin, ba shaoirse di sna hamanna tairseachúla seo gaolta, cairde, lucht eaglaise nó fiú na mairbh a mhaslú nó a cháineadh. Ag sochraid Dhiarmuda Mhic Cárthaigh i gCorcaigh thart ar 1860, chaoín a mháthair é, agus chuir sise rann isteach ag sciolladh ar an drochíde a thug a cliamhain dá hiníon (Bourke 1993, 171). Ag caint faoin tábhacht a bhain le hardán agus cead cainte a bheith ag bean sna hócáidí seo, deir Bourke,

---

<sup>104</sup> Féach (Aiken 2022, 11).

She passed the skills of mourning and composing lament poetry on to younger women through active performance, recitation, and discussion. In the process, she also transmitted a rhetoric of resistance to abuse and violence and an assertion of the validity of women's experience (1993, 175).

Phléigh na mná caointe le hábhar diúltach faoin té a bhásaigh chomh maith. Tá plé déanta ag Bourke ar “hedging”: rud éigin foréigneach a chur in iúl trí fhoirm neamhdhíreach agus teachtaireachtaí treascracha a chur ina gceilt (Bourke 1993, 167 & 170–5). Chabhraigh mná caointe lena chéile nithe a cheilt trí chur leis an bhfuaim i bhfoirmeacha neamhbhriathartha, ag baint úsáid as a gcoirp chun bualadh bos agus fuaimeanna eile a dhéanamh (Dunne 2023, 90; Radner 1993; Bourke 1993, 167). Chinntigh an próiseas seo go raibh an bhean chaointe in ann an teachtaireacht a scaipeadh toisc go raibh mná eile á cosaint.

Bhí neart ag an gcaoineadh féin cur i gcoinne údaráis a n-aimsire (Bourke 1993, 161). Mealladh an cheird cáineadh ón eaglais, agus dlíthe ina gcoinne (Williams agus Ó Laoire 2011, 91). D'ordaigh sionaid ardeaspag agus easpag in 1670, 1631, agus 1800 do shagairt a mhéid is gurbh féidir a dhéanamh chun an caoineadh a chur ina tost (Bourke 1993, 161; Ferritéar 1939; Ó Madagáin 1981). Tá taifeadtaí againn den choimhlint idir na mná agus an Eaglais Chaitliceach sna 18ú agus 19ú haoiseanna déag chomh maith (Lysaght 1997, 68; Ó Coileáin 1988, 116; Ó Súilleabháin 1961, 141–2).

### 5.2.1.3. *Mná & Caointe nach os cionn coirp iad*

Bhí tuiscintí forleathana scaipthe faoin drochádh a bhain leis an gcleachtas seo mura gcomhlíonfaí coinníollacha inghlactha an traidisiúin. Bhí drogall orthu siúd a raibh bua na caointeoireachta acu aithris a dhéanamh ar an gcaoineadh i suíomhanna nach raibh ag baint leis an mbás, agus is dá bharr seo nár éirigh leis an gCoimisiún caointe a bhailiú ó mhná. Bhain an drogall seo leis an tuiscint go dtiocfadh drochádh ar an teaghlach mura gcleachtfaí an caoineadh ina suíomh ceart. Léirigh Ó Madagáin gur nasc bean chaointe amháin bás ina teaghlach le caoineadh a chleacht sí nach raibh os cionn coirp (1981, 328). Bhí deacrachtaí ag Thomas Croften Croker (1798–1854) caoineadh a fháil ó bhean chaointe darbh ainm ‘Mrs. Leary’, d’inis sí dó “Sure ’tis no keening unless the corpse is stretched out before one” (1844, 101). Bhailigh Sidney Robertson Cowell (1903–95), eitneagrafaí Meiriceánach, caointe ó Maggie Dirrane agus Bríd Iarnáin ar Inis Mór sna caogaidí, cé go raibh sé deacair iad a spreagadh chun é a dhéanamh (1957, 11). Is de dheasca na bparaiméadar a leagadh síos don chaoineadh gur caointe a rinne fir iad formhór na gcaointe atá bailithe go dtí seo (Lysaght 1997, 70; Nic an Airchinnigh 2013, 27–8).

### 5.2.2. Fir Caointe

In ainneoin na tuisceana gurb í an chaointeoireacht saincheart na mban, bhíodh fir ag cleachtadh caointe chomh maith (McLaughlin 2019; Henigan 2012, 72 & 7). Fiú sna taifeadtaí réamh-Ghorta, rinneadh cur síos ar an traidisiún mar cheann fireann agus baineann (Ó Laoire 2020, 30):

Sometimes one or more or even all the principal singers were men. I once heard in West Muskerry, in the county of Cork, a dirge of this kind, excellent in point of both music and words, improvised over the body of a man who had been killed by a fall from a horse, by a young man, the brother of the deceased. He first recounted his genealogy, eulogised the spotless honour of his family, described in the tones of a sweet lullaby his childhood and boyhood, then changing the air suddenly, he spoke of his wrestling and hurling, his skill at ploughing, his horsemanship, his prowess at a fight in a fair, his wooing and marriage, and ended by suddenly bursting into a loud piercing, but exquisitely beautiful wail, which was again and again taken up by the bystanders (Sullivan 1873, 324–5).

Cé gur gann na tagairtí dóibh, ní chiallaíonn sé sin nach raibh fir caointe ann. Déanann Ó hÓgáin trácht ar fhear caointe, Nioclás “an Chaointeacháin” Breathnach arbh as Sliabh Breatnach i gCill Chainnigh dó agus a mhair san ochtú haois déag (1980, 119). Insítear conas a ghlac Nioclás a áit i measc na mban, ní hamháin ag suí agus ag canadh, ach sa tslí ina raibh sé gléasta cosúil leis na mná caointe agus go raibh a guth cosúil leis

... a woman of great oral [*sic*] powers, so mellifluous and pathetic was it in all the modulations of the song of sorrow – especially in leading the loud wail, in which all the females at either side took part at the concluding words of each stanza (1980, 20).

Mar a deir Ó Laoire, “Without exaggeration, it could be argued that this individual had adopted aspects of a transgendered identity” (2020, 32). Le linn dó a bheith glactha ag na mná caointe mar dhuine dá gcuid féin, bhí seisean ag glacadh go feasach nó go neamh-chomhfhiosach lena róil imeallacha sa tsochaí agus mar sin, sa stair. Faoi ghad ag na daoine céanna a bhí faoi gheasa aige nuair a oir sé dóibh, rinneadh ceap magaidh dó agus dá bhochtaineacht idir an dá linn (Merriam 1964, 137). Eiseamláir a scéal agus a laghad tagairtí atá againn dá scil den fhara tairseachúil a bhí orthu nár chloígh le slabhraí rialacha dochta inscne na teanga a sheasamh.

“Tradition” with a capital T ... is often presented to us as something fixed and unvarying, accepting only binary gender roles, a concept that interlaces and enmeshes

activities and identities, according to ideas of intersectionality. By looking at Nicholas Walsh’s identity as described by a near contemporary, we see that this is not necessarily the case (Ó Laoire 2020, 32).

#### 5.2.2.1. *Fir & Caointe nach os cionn coirp iad*

Tá taifeadtaí eile fuaimne againn den chaoineadh nár tharla os cionn coirp a bhuí le fir ar nós [Sheosaimh Uí hÉanaí](#) (1919–1984) (Williams agus Ó Laoire 2011, 8 & 97). Cé gurb i suíomhanna difriúla a chas Ó hÉanaí a chaointe, rinne sé cinneadh traidisiún a samhlaíodh mar réimse ban a chleachtadh. I dtaighde Williams agus Ó Laoire, aithníonn siad go bhfuil na mothúcháin chéanna agus a léirítear leis an mbean chaointe i gceist i gcaointe cráifeacha Sheosamh Uí hÉanaí, ach is “counter-narrative” a chaointe don “stereotyped images of wild, uncontrollable grief characteristic of the keening women” (2011, 91). Is seachadadh níos rialaithe, foirmiúla ná an caoineadh a bhailigh Angela Bourke ó Mháire an Ghabha Uí Cheannabháin (Partridge 1983, 167–9) a bhí ar siúl ag Ó hÉanaí, “his intensity was expressed more obliquely, in a modality culturally consistent with male performance of emotionally charged texts” (Williams agus Ó Laoire 2011, 92). Tá tráchtanna againn ar an gceorrfehar caointe i dtimpeallacht ionsamhlaithe chomh maith, Seán Ó Conaola ó Chois Fharraige, Contae na Gaillimhe, mar shampla, a ‘chaoin’ [Séamus Mac Aonghusa](#) (1919–1982) agus suíomh eile inar luigh an bailitheoir [Seán Ó Súilleabháin](#) (1903–1996) síos “in an attitude of death” ag iarraidh caoineadh a spreagadh ó fhaisnéiseoir (Lysaght 1997, 76fn4).

#### 5.2.2.2. *Proifisiúnú na Caointeoireachta*

Is léiriú caointe Uí Éanaí chomh maith ar an bproifisiúnú a tháinig ar an réimse seo (Williams agus Ó Laoire 2011, 9). Bíonn an scéal céanna i gceist le hamhráin chráifeacha, agus mar a léiríonn Williams agus Ó Laoire le “weaving, singing, and other tasks”, nuair a tharlaíonn siad lasmuigh den bhaile nó an fearann príobháideach, fir a chleachtann iad, agus samhlaítear le proifisiúntacht ansin iad (2011, 89). Léiriú é ar an gcodarsnacht idir fearainn phoiblí agus phríobháideacha, idir proifisiún agus cleachtas pobail, idir cleachtais tuata agus cleachtais chráifeacha, agus idir fir agus mná, “it was often men who stepped into the public arena, essentially performing in public what had hitherto been a private act” (2011, 89).

### 5.2.3. **Stádas Tairseachúil & Imeacht na gCaointe sa Stair**

Is iomaí cúis leis an easpa taifeadtaí atá againn den chaoineadh. Maireann traidisiún na caointeoireachta mar chuid den traidisiún béil agus scríofa, ar thairseach an dá cheann (Partridge 1983, xi). Cosúil le codanna eile den traidisiún béil, go háirithe cinn nasctha le mná

(mar atá léirithe ag Lysaght 1997), bhí na caointe “wholly neglected by the learned custodians of the manuscript tradition” (Murphy 1939, 48). Ní mhaireann taifeadtaí den chaoineadh ón aimsir roimh an seachtú haois déag (Clarke agus McKibben 2021, 60). Ba i lár na haoise sin a tháinig meath ar na bardscóileanna, eachtra a chuir fuadar faoi chaomhnóirí an chultúir Ghaelaigh, agus tosaíodh ag glacadh taifeadtaí de chaointe na mban (Coolahan 2018, 20). Dealraíonn sé gur samhlaíodh an réimse seo béalaireachta leis an mbean, agus nach samhlaítear go bhfuil an luach céanna le baint astu i gcodarsnacht leis an “solitary literary voice, transmitted through writing” a chleacht fir (Ó Laoire 2020, 31).

#### 5.2.3.1. *An Cleachtas Neamhléacsach*

Is tearc na taifeadtaí atá ar marthain againn i bhfoirm fuaime den chaoineadh inniu (Blankenhorn 2013, 39), agus tá contúirt ann go mbainfear míbhír as an gcleachtas má shamhlaítear mar ábhar litríochta scríofa amháin iad (Nic an Airchinnigh 2013, 30). Is minic a chloistear an argóint gur mar chuid den traidisiúin liteartha *Caoineadh Airt Uí Laoghaire*, mar shampla (Ó Buachalla 1998 luaite ag Nic an Airchinnigh 2013, 26). Cé go bhfuair Art bás san ochtú haois déag, níor scríobhadh síos an caoineadh go dtí an naoú haois déag, nuair a breacadh síos ó Nóra Ní Shindhile é (Ó Tuama 1960), “The fact that the keen only began to be thought worthy of written record around that time shows the influence of written manuscript tradition and more formal genres of poetry, usually composed by men” (Ó Laoire 2020, 31). Ba é réimse na mban laistigh den réimse caointeoireachta an cleachtas neamhléacsach, agus ba iad na fir a ghlac cúram an chleachtas liteartha (Williams agus Ó Laoire 2011, 95): “What survives of such women’s verse composition derives from a literary culture that was predominantly oral” (Coolahan 2018, 19). Glacadh síos neart liricí ach ní hamhlaidh go raibh an meon céanna i dtaca leis an gceol (Blankenhorn 2013, 21). Seachas Séamus Mac Aonghusa, ní raibh sé de nós ag bailitheoirí béaloidis an ceol a bhreacadh síos chomh maith (Partridge 1983, 12). Toisc an chostais agus an ghanntanais a bhain leis na héideafóin ar baineadh úsáid astu, cailleadh fonn ceoil ar na caointe (Almqvist 1979, 15). Ní raibh slí chórasach chaointe a ghlacadh síos ar an iomlán agus dá bharr sin, is a bhuí le cuimhne, seachadadh agus trí sheans go bhfuil caointe stairiúla againn (Lysaght 1997, 69; Ó Coileáin 1988, 115; Ní Ghríofa 2020, 74).

#### 5.2.3.2. *Aicme & Caointeoireacht*

Ní raibh deighilt aicme ann idir na teaghlaigh a chleacht agus a d’éist leis na caointe iad féin, mar a léiríonn cás Éibhlín Dhubh Ní Chonaill. Tá fianaise againn chomh maith den íde bhéil a thug a máthair, Máire Ní Dhonnchadha do ghaol baineann léi as a bheith ag guí go ciúin in

ionad a bheith i mbun caointe ag tórramh (Henigan 2012, 72). Is spéisiúil, áfach, gurb é caoineadh a chum ball den uasaicme an caoineadh is cáiliúla agus is mó taifeadta atá fós ar marthain. I ndeireadh an lae, is é ainm Eibhlín a thagann chun cuimhne thar aon bhean eile. Tá tagairtí níos déanaí sa stair don éirí in airde a bhí ann i leith an chleachtais:

All decent half civilised people now laugh at these elegies, and hence the between class of farmers have entirely given them up, except in very few instances, where some old female member of the family cannot be restrained from venting her grief in the real old strain of poetry, accompanying it with that howling which seems now to be peculiar to the old Irish (Shirley, O'Donovan agus Dineley 1859, 27).

Maidir leis na mná caointe ‘proifisiúnta’, ghlac na mná seo stádas nó ‘aicme’ imeallach sa tsochaí: “daoine arbh ábhar magaidh iad féin agus a ngairm agus a raibh de cháil orthu go ndéanfaidh caoine áiféalach adhmholtach ar aon chorp ach luach saothair cuí a fháil” (Ó Buachalla 1998, 28–9). Ba mhná anaithnide gan stádas iad agus ba mhná iad nár leagadh aon fhilíocht eile orthu ach an oiread (Ó Buachalla 1998, 52). Chuir an imeallacht seo leis na tuiscintí go raibh an té seo ina ghealt agus ina eilearánach (Bourke 1993, 166).

### 5.2.3.3. *“An t-idirghabhálaí”: Priobháideacht na Caointeoireachta*

Ba iad na róil phoiblí a samhlaíodh le tréithe cosúil le cumhacht, crógacht, agus neart. Tuigeadh gur cheart meas a léiriú ar íobairtí na bhfearann seo, agus na trámaí ar tharla dóibh iontu. Os a choinne sin, mar a léiríonn Aiken, bhíodh na tréithe céanna i gceist sna róil phríobháideacha a ghlac mná den chuid is mó, ach gur tugadh neamhaird ar impleachtaí na gcúraimí seo, “The idea that so many of women’s ordinary experiences were traumatic – from arranged marriage, to pregnancy, to childbirth – paradoxically rendered their lives not traumatic at all” (2022, 70). Is iad cúraimí na breithe agus an bháis cúraimí na mban in áiteanna timpeall na cruinne. I stair na teanga, ba í an bhean “an t-idirghabhálaí idir an saol seo agus an saol eile” (Nic an Airchinnigh 2013, 27). Anuas air sin, in ainneoin na sluaite sin a bhíodh i láthair don chaoineadh, léiriú ar streachailt phríobháideach an teaghlaigh a bhí ann ar a bharr sin (Henigan 2012, 72) agus ba é sin a thug cead don bhean chaointe taibhiú chomh poiblí a dhéanamh os cionn coirp.

## 5.3. **Réimse Samplach 2: Fadscannánaíocht na Gaeilge**

Is mór idir an chéad réimse eile a bheidh idir lámha anseo, fadscannánaíocht na Gaeilge, agus traidisiún na caointeoireachta. Is réimse nuálach go leor i gcomparáid le hársaíocht na caointeoireachta é, agus níl ceist na hinscne pléite go mion maidir leis an bhfadscannánaíocht

Gaeilge. I mbeathaisnéisí Ainm.ie, tá déantóir scannán agus scannánaí luaithe mar shlite beatha sa chluaisín ‘Téamaí’. An t-aon déantóir scannán ná [Muiris Mac Conghail](#) (1941–2019), agus an bheirt scannánaí ná [Colm Ó Laoghaire](#) (1919–2007) agus [Éamon Óg de Buitléar](#) (1930–2013). Má dhéantar scagadh trí úsáid an chluaisín ‘Cuardach Lántéacs’ ar an bhfocal ‘scannánaíocht’, tagtar ar 11 beathaisnéis, ina bhfuil an stiúrthóir scannán [Dónall Farmer](#) (1937–2018) agus 10 beathaisnéis eile d’fhir. An t-aon bhean atá luaithe le déanamh scannán in aon slí sa bhunachar ná [Máire Ní Thuathail](#) (1959–2016) dá ról sa chomhlacht léirithe scannán agus teilifíse, ROSG. Más comhartha é seo den ionadaíocht inscne sa réimse seo go stairiúil, bheifeá in ann a mhaíomh gur ‘réimse fear’ scannánaíocht na teanga go dtí seo. Sa phíosa seo den chaibidil, breathnaítear ar stair déanamh fhadscannáin fhicsean na Gaeilge agus an ról a bhí ag mná inti.

### **5.3.1. Réimse Iasachta?**

Samhlaítear mar réimse imeallach an scannánaíocht féin – traidisiún iasachta, Gallda fiú, mura mbreathnaítear ach ar an dromchla (Quinn agus Ó Flatharta 1987, 16). San fhichiú haois luath, is féidir na naisc a rinneadh idir ealaín iasachta, mímhóráiltacht, agus gáirsiúlacht a fheiceáil i bhfoilseacháin an ama. Bhí eagraíochtaí a shamhlaímid inniu le dul chun cinn, agus radacachas, *Inghinidhe na hÉireann* mar shampla, i gcoinne teacht na healaíne Anglalárnaí go hÉirinn “which is doing so much injury to the artistic taste and refinement of the Irish people” (*First Annual Report* 1901, luaithe ag Rockett 2004, 20). Ba dheacair na síolta a chuir leithéid Éamoin de Valera a stóitheadh maidir le healaín iasachta trí chéile, “... the immoral literature, the smutty postcards, the lewd plays and the suggestive songs were bad, yet they were merely puffs from the foul breath of a paganised society” (*The Catholic Bulletin* Samhain 1913 luaithe ag Lyons 1979, 96). Baineadh úsáid as an scoilt chéanna ar theacht na scannánaíochta go hÉirinn, chun íomhá a scaipeadh den réimse nuálach seo, “debased or low culture in contrast with the more patriotic pursuits of theatre, traditional dance, or indigenous sports” (Ging 2019, 387).

#### *5.3.1.1. Ag Snámh in aghaidh Easa*

Cé go raibh forbairtí móra ag tarlú i gcúrsaí scannánaíochta timpeall na cruinne san fhichiú haois luath, bhí Éire ag snámh in aghaidh easa ón tús a bhí le cúrsaí polaitíochta sa tír: “filmmaking was not considered a priority in terms of how its [the country’s] creative and financial energies should be channelled” (Ging 2019, 387). Lena chois sin, d’aithin an Stát, an Eaglais Chaitliceach, agus lucht tacaíochta idé-eolaíochta an náisiúnachais gur bhagairt a bhí sna scannáin fhicsin don smacht a bhí acu ar mheon na tíre (Rockett 2004, 24; Ní Chualáin 2013, 62). Cuireadh cinsireacht scannán i bhfeidhm go trom sa tír go háirithe ar scannáin ar

measadh iad a bheith graosta sna 1920idí agus 1930idí (Ferriter 2009, 102). Ba san Acht um Scrúdóireacht Scannán, 1923, a cuireadh srian ar an saghas scannáin a taispeánadh sa tír. Bhí tionchar ag an Eaglais ar an ábhar a cuireadh ar fáil. Bunaíodh an National Film Institute of Ireland (NFI) in 1943. Theastaigh ón Eaglais scannáin a úsáid mar áis oideachasúil agus chun íomhánna den “idealised Irish rural life” a scaipeadh, agus ba leis sin a cuireadh tús le scannánaíocht na tíre (Le Corff 2013, 3).

### **5.3.2. Scannánaíocht na Gaeilge**

In ainneoin drogall tosaigh, beartaíodh ar deireadh nach raibh aon dul as ach scannáin a dhéanamh trí mheán na Gaeilge, ar eagla go gcaillfí an dul chun cinn a bhí déanta ar scaipeadh na teanga i réimsí eile (*Irish in Films* 1950). Léirigh an craoltóir Proinsias Ó Conluain a argóintí i bhfabhar scannánaíocht náisiúnta, nár lean coinbhinsiúin Hollywood in *Scéal na Scannán* (1953), a thugann léargas ar mheonta tosaigh maidir leis an scannánaíocht sa teanga. Éiríonn leis a thuairimí maidir le príomhaidhmeanna scannánaíocht na Gaeilge a chur i láthair:

Bheidís ina múr chosanta againn in aghaidh an ghalldachais agus in aghaidh dhamhnachas an lae inniu, ina neartú ar ár náisiúntacht agus ar an spioradáltacht is dual don Ghael, ina ngléas éifeachtach eolais agus oideachais agus cultúra dúinn... Bhéarfáidís ar ais dúinn an féin-mheas agus an bród cine sin atá imithe i léig, cuid mhaith, de bharr na gcianta de anfhlaithes, de dhí-náisiúnú agus de neamart i ngach rud a bhain leis an tsaíocht dhúchais. San am i láthair is ag treisiú leis an dí-náisiúnú, le spiorad an damhnachais agus leis an mhóráltacht leathphágánta nua-aimseartha, a bhíonn formhór na scannán a chímíd inár gcuid pictiúrlann (1954, 32–3).

#### *5.3.2.1. Tús Scannánaíocht na Gaeilge*

Ba phríomhfheidhm na scannán Gaeilge ar dtús íomhá na hÉireann a threisiú mar thír chráifeach, mhorálta, agus láidir. Aidhm láidir na hAthbheochana “to invert the negatives ascribed to Irishness and to engage in the collective celebration of Irish national culture over and against Anglo-British culture” (Pettitt 2000, 12). Cuireadh saoirse ealaíne faoi chois agus cuireadh cosc ar fhorbairt nua-aimseartha na teanga agus iarracht á déanamh tír níos Éireannaí a chur chun cinn, agus an ealaín iasachta a smachtú – rud a d’fhág go raibh réimsí áirithe den teanga ar gcúl i gcomparáid le háiteanna eile (Pettitt 2000, 12).

Léirigh Muiris Ó Meara a théis gur tapaíodh an deis leas a bhaint as an scannánaíocht chun tacú go mór le hidé-eolaíocht heigeamanach nó “grand narrative” (2009, 16) an náisiúnachais tríd an léiriú ar an nGaeltacht iontu, faoi mar atá le feiceáil in *Man of Aran*

(1934). Cé nach scannán Gaeilge atá ann, tá sé suite ar Inis Mór. Is iad na ceantair Ghaeltachta in iarthar na tíre a shamhlaítear le glaineacht agus dílseacht maidir leis an gcultúr Éireannach, “an áit ab fhaide ó Shasana, i dtéarmaí geografacha agus cultúrtha araon” (Ó Torna 2005, 23). Tá an chodarsnacht a bhíodas ag iarraidh a léiriú idir na tíortha le feiceáil ar an scáileán. Le ceart, bheadh tús curtha le traidisiún scannánaíocht fhicsean na Gaeilge le *Man of Aran*, toisc gur ar Árainn agus faoi Árainn a rinneadh é agus gurb as an oileán do na haisteoirí, “But such have been the paradoxes that have surrounded the promotion and use of Irish in Ireland over the past century” (Crosson 2017, 217). In ainneoin na cainte go léir faoina chaomhnú, in ainneoin na timpeallachta a bheith feiliúnach don íomhá a bhíodar ag cur chun cinn den tír – íomhá neamhiomlán saorga a bhí ann toisc na faillí a rinneadh i dteanga an phobail sin (McLoone 2000, 43)<sup>105</sup>.

### 5.3.2.2. *Fadscannánaíocht Fhicsean na Gaeilge & Bob Quinn*

Ba sa dara leath den fhichiú haois a thosaigh borradh ar scannáin Éireannacha agus in 1973 a tugadh aitheantas oifigiúil don scannánaíocht mar fhoirm ealaíne (An tAcht Ealaín 1973 féach Ó Meara 2009; Crosson 2024). Sna hochtóidí bhí triúr scannánaíoirí san Aos Dána, Bob Quinn, scannánaíoir clúiteach sa Ghaeilge ina measc (Quinn agus Ó Flatharta 1987, 16). Ba é Quinn a chuir tús leis an traidisiún fhadscannánaíocht ficsin sa Ghaeilge nuair a bhunaigh sé Cinegaeil in 1969 (Le Corff 2013, 3). Ba é *Caoineadh Airt Uí Laoire* (Quinn 1975) an chéad fhadscannán fhicsean Gaeilge, bunús, mar a thug McLoone air, “an indigenous Irish cinema” (2000, 44). Beagnach fiche bliain a bhí ann ó chur i láthair *Mise Éire* den chéad uair, an chéad fhadscannán faisnéise Gaeilge in 1959 (Crosson 2007; 2017; 2024; Ní Bhreithiún 2014, 52–3).

Áitítear, áfach, go bhfuil *Caoineadh* “hard to categorise as a feature film in the accepted sense of the word” (McIlroy 1988, 68), agus is de bharr sin go luaitear *Poitín* (Quinn 1978) in amanna mar an gcéad fhadscannán fhicsean lán-Ghaeilge (Woods 2017, 5; McIlroy 1988, 68; Crosson 2017, 217). Tharraing an scannán seo conspóid anuas air féin leis an teanga agus an íomhá den Ghaeltacht a cuireadh chun cinn ann. Ba fhrithbheart *Poitín* i gcoinne an chaoi a léirítear an Ghaeltacht i scannánaíocht go dtí sin, mar shampla, in *Man of Aran* (Ó Meara 2009, 16). Ba chur i gcoinne scannáin Quinn go ginearálta in éadan na meáin Anglalárnacha agus chuaigh sé i ngleic le réamhbharúlacha maidir le hÉirinn, an Ghaeltacht agus dá réir sin an Ghaeilge ag an am céanna, “in showing that it is a twentieth-century place, not at all defined

---

<sup>105</sup> Is a bhui le *Man of Aran* gur cuireadh an chéad ghearrscannán Gaeilge, *Oidhche Sheanchais* (1935) i gcrích (Ó hÍde 2014). Pléitear leis an dá scannán seo i gCaibidil 7.

by the romanticism of the stoic gael that certainly persisted into the 1970s and arguably lasts into the present day” (White 2018, 362).

### 5.3.3. Fadscannánaíocht na hÉireann: “a boy’s club”?

Ar an drochuair, tréith eile na scannánaíochta atá leanta ar aghaidh go dtí aimsir na linne seo ná an ganntanas ban i ndéanamh na bhfadscannán sa tír. Mar chuid dá taighde don leabhar *Women in the Irish Film Industry: Stories and Storytellers* (2020), chuir Liddy agallamh ar 45 bean atá ina scríbhneoirí / stiúrthóirí scannán (2020b, 53). D’aontaigh 84% de na rannpháirtithe go bhfuil claonadh ó dhúchas i gcoinne ban sa tionscal scannáin in Éirinn (Liddy 2020b, 62). Ba fhrása a tháinig chun cinn in agallaimh Liddy ná “a boy’s club” (2020b, 60 & 66) chun cur síos a dhéanamh ar dhéanamh scannán in Éirinn. Mar aon leis na filí sa seachtú haois déag agus “club na mbuachaillí” atá luaite ag Deirdre Nic Chárthaigh (2021): “most of the producers and commissioners all went to the same school” (Liddy 2020b, 60). I dtíortha eile na hEorpa tá an ganntanas ban mar stiúrthóirí agus scannanoirí tugtha faoi deara, “... even though there is an almost equal share of women graduating from film schools” (Aylett agus Raveney 2015, 3). Ag leibhéal domhanda, tá tionscal na scannán “male-dominated and characterised by occupational segregation, discrimination and unconscious bias” (Liddy 2020b, 51).

Níor thosaigh plé oscailte faoi ghannionadaíocht na mban i gcúrsaí scannánaíochta in Éirinn go dtí 2015 (Liddy 2020a, 8). D’fhógair Fís Éireann (FÉ), an ghníomhaireacht náisiúnta Éireannach um scannánaíocht, dráma teilifíse, beochan, faisnéis, agus tionscal cluichí digiteacha, beartas comhionannais inscne ar an 22 Nollaig 2015 ag iarraidh ionadaíocht 50:50 a bhaint amach i dtréimhse 3 bliana. Bunaíodh *Women in Film and Television Ireland* (WFTI) agus an *Equality Action Committee* (EAC) chomh maith (Liddy 2020a, 11). Mar chuid de bheartas 2015 FÉ cuireadh plan sé phointe amach go luath in 2016 (Screen Ireland 2024<sup>106</sup>), áfach: “Gender statistics for produced films from 2011 to 2017 reveal that women still comprised only 21 per cent of screenwriters, 17 per cent of directors and 59 per cent of producers” (Liddy 2020a, 10). Níl tagairt ar bith don Ghaeilge sa phlean.

#### 5.3.3.1. Ionadaíocht & Fadscannánaíocht na Gaeilge

Luaigh Art Ó Maolfabhail ina alt “Scannánaíocht: Oscailt Súl Nó Doras Dúnta?” in *Comhar* 55 (1996) go raibh cúrsaí oiliúna sa scannánaíocht ar fáil ó Údarás na Gaeltachta i gcomhar le TnaG (TG4) “inar gnách meascán daoine ó thaobh aoise agus inscne de” a bheith páirteach iontu (1996, 13). Bíodh sin mar atá, ní raibh mná le feiceáil i róil mhóra san fhadscannánaíocht

---

<sup>106</sup> <https://www.screenireland.ie/about/gender> [Roctain faighte: 04/12/2024]

Gaeilge le haghaidh níos mó ná fiche bliain eile. Fógraíodh ag Fleadh Scannán na Gaillimhe ar 15 Iúil 2023, go mbeidh TG4 i gcomhpháirtíocht le Women in Film and Television Ireland (WFTI) chun ionadaíocht inscne a fhorbairt i scannánaíocht na teanga: “tá sé beartaithe againn a chinntiú go leanann TG4 ar aghaidh i mbun na nuálaíochta agus na ceannródaíochta chun na coinníollacha cuí a bhunú le go mbeidh rath ar cheannaireacht chruthaitheach na mban in Éirinn” (TG4 2023). Níl tagairt don teanga sa taighde a cuireadh ar fáil mar chuid den leabhar *Women in the Irish Film Industry: Stories and Storytellers* (2020), ach aithníodh nach bhfuil an taighde seo críochnúil:

... it represents merely the tip of the iceberg. Future research could include, for instance, intersectionality and broader issues of diversity and inclusion; gender and film criticism; non-traditional employment for women; motherhood and the film industry; gender and opportunity in the advertising industry; and short films as a gateway to Irish feature-length film production (Liddy 2020d, 267).

Comhartha dóchais chomh maith is iad *Róise & Frank* (2022) a stiúir Rachael Moriarty agus Peter Murphy, agus *Fréamhacha* (2024) a stiúir Aislinn Clarke, a léiríonn go bhfuil anois, le déanaí, mná taobh thiar den cheamara ar fhadscannáin Ghaeilge.

#### 5.3.3.2. *Fearann Poiblí na Scannánaíochta*

Mar aon leis an luathfhilíocht agus scéalaíocht na Fiannaíochta, is cinnte gur samhlaíodh an scannánaíocht leis an réimse poiblí, réimse nár ligeadh cead isteach don bhean ann i gcomparáid le réimse príobháideach an bhaile: “the home was a space where women could exercise a level of authority denied to them in the wider culture” (Barton 2020, 235). Anuas air sin, maireann fós réamhbharúlacha maidir le hordlathas chruthaitheacht na bhfear sa scannánaíocht (Hesmondhalgh agus Baker 2015, 33). Ó stair scannánaíocht na teanga, is léir go mbíodh tréimhse fhada idir scannán ceannródaíoch nó mórfhorbairt ar bith agus cinn eile, mar a bhí le feiceáil sa bhearna idir *Mise Éire* (1959) agus scannáin Quinn sna seachtóidí. Bhí “beagnach fiche bliain sula dtiocfadh borradh ar an gcosán a bhí treafa ag Quinn” tar éis *Poitin* (Woods 2017, 6). Is féidir a mhaíomh gur cosán é a bhfuil mná tosaithe ag treabhadh leo air sa teanga anois, cé gur mór an trua é nár chiallaigh an nua-aoiseachas a shamhlaítear leis an bhfoirm ealaíne seo go raibh mná sa chomhrá ón tús. Toisc nuálaíocht an réimse, agus toisc nach bhfuil ach na Gaeil atá imithe ar shlí na fírinne i mbunachar Ainm.ie, níl mná luaite leis an tslí bheatha seo in Ainm.ie. Is de thairbhe sin go bhfuil an chuma air gur ‘réimse fear’ a bhí ann ón tús sa Ghaeilge.

#### 5.4. Conclúid: Fearainn Inscneacha?

Chinntigh gníomhúlacht inscne, agus an taibhiú a bhaineann le comhlíonadh coinníollacha inscní ar leith, go raibh deighilt idir cúiseanna cáile fear agus ban i réimsí áirithe den teanga chomh maith. Samhlaíodh an caoineadh mar shaincheart na mban, rud atá deimhnithe ag na céimeanna a ghlac Nioclás Breathnach agus é ag cleachtadh na ceirde seo gléasta mar bhean, agus ag déanamh aithrise ar a nglór. Toisc nach bhfuil scannánóir bhan in Ainm.ie, ní féidir ceist na gníomhúlachta a chioradh ar an leibhéal céanna agus mar a rinneadh le traidisiún na caointeoireachta. Ina hagallamh le Liddy, áfach, labhraíonn an stiúrthóir scannán Emer Reynolds faoin “maleness” ar ghá glacadh leis in amanna chun áit a bheith agat in earnáil na scannánaíochta in Éirinn (2020c, 113).

Sa chaibidil seo, scrúdaítear an téis nach raibh fear caointe, nó bean taobh thiar de cheamara scannáin Ghaeilge, agus na coinníollacha a choinnigh slabhraí idé-eolaíoch na hinscne i réim sa dá réimse thuasluaite atá suite ag dá cheann amlíne stair na teanga. Is léir gur thraidisiún baineann den chuid is mó a bhí sa chaointeoireacht, idir cleachtas aonair agus grúpa, thar aicmí agus aoiseanna ar leith. Léirigh cás Niocláis Bhreathnaigh go raibh ar a laghad fear caointe amháin ann, agus taifeadtaí ar nós cinn Uí hÉanaí gur aithris fir na caointe chomh maith. Cé nach bhfuil bean / fear caointe luaite mar shlí bheatha i meiteashonraí na mbeathaisnéisí in Ainm.ie, is léir gurb ann don chaointeoir proifisiúnta. Beag beann ar inscne na n-aithriseoirí, tá teirce tagairtí don chaoineadh inniu. B’eisceachtúil *Caoineadh Airt Uí Laoghaire*, “a text that would outlive all of them” (Ní Ghríofa 2020, 120), agus is díol suntais gur cuireadh tús leis an bhfadscannánaíocht Ghaeilge leis an *Caoineadh* céanna (Quinn 1975). Go dtí seo, is faoi fhir na scéalta tosaigh faoi fhadscannánaíocht atá le feiceáil i stair na teanga. Thart ar chéad bliain a ghlac sé chun bean a bheith i róil an stiúrthóra ar fhadscannán Gaeilge. Léiríonn sé sin, cinnte, gur réimse fear atá ann ó thaobh ionadaíochta de faoi láthair, ach le beartais ar nós an chinn a d’fhógair TG4 in 2023, tá deiseanna anois ann an taoide a chasadh. Tá scoláirí i réimsí éagsúla eile tar éis na dtuiscintí gurb ann do réimse ban / fear a cheistiú (Ó Cadhla 2011, 232). Cé go raibh réimsí a chleacht gach duine, aisteoireacht mar shampla, bhí réimsí a bhí agus nach raibh inghlactha don bhean. In ainneoin iarrachtaí scaradh ó idéil Bhriotanacha i sainmhíniú tréithe an dá réimse, is íorónta an rud é gur athléiríodh foirceadal agus idé-eolaíocht Vichteoiriach na réimsí ar leith i neart réimsí chúiseanna cáile na teanga – gníomh a chinntigh go raibh ‘A Room of One’s Own’ ag mná i stair na teanga. Arís is arís eile, is féidir an tslí a rangáitear cúiseanna cáile ar leith de réir inscne a nascadh leis an gcodarsnacht idir an fearann poiblí agus an fearann príobháideach.

#### 5.4.1. Súil Siar: Teoiric Iarchoilíneach an Fhemineachais

Tá an tslí a ndearnadh inscne a leagadh síos ar dhuine cosúil leis an tslí a leagtar féiniúlacht náisiúnta síos. Is sampla é seo den chontrárthacht dhénártha nó *binary opposition*. Faoi mar atá mínithe ag Butler, “... one is one's gender to the extent that one is not the other gender, a formulation that presupposes and enforces the restriction of gender within that binary pair” (1999, 30). Faoi mar a léiríodh ag teoiricithe an iarchoilíneachais, is íomhá le rialacha daingne dochta a dhéanann an tír a dícheall chur chun cinn di féin i ndiaidh an choilíneachais (4.4.1). Den chuid is mó, déantar iarracht scaradh ó thréithe a shamhlaítear leis an gcoilíní. An chloch ba mhó ar phaidrín ailtirí na tíre nua sin chun a bheith “... conceived of, not implicitly, in itself, but only in contradistinction to others” (Leerssen 1986, 24). Áitíonn Leerssen gur chuir náisiúnachas an naoú haois déag in Éirinn an scaradh seo chun cinn, ag léiriú don chruinne go raibh an tír “... distinct and distinctive, culturally individual and discrete, and therefore deserving of political autonomy” (1996, 4).

##### 5.4.1.1. Iarchoilíneachas & Fearainn Inscneacha

Mar a léiríonn Ó Torna, toisc na híomhánna a scaipeadh go forleathan d'Éireannaigh “leisciúil páistiúil dosmachtaithe”, ba fhrithradadh na luachanna a cuireadh chun cinn in aimsir na hAthbheochana, ag baint leas as tréithe ársa a shamhlaítear le smacht agus aibíocht, cosúil le tréithe na scríobhaithe lámhscríbhinní (2005, 33 & 133). Faoi mar a léiríodh thuas, áfach, ba mhínic a d'fhág traidisiún na lámhscríbhinní taibheoirí ban ar lár. Go deimhin, tá tuiscintí faoin nasc ag an tír a ndearnadh coilíniú uirthi le hathghabháil na hÍpirfireannachta lárnach in atógáil agus cothabháil féiniúlachtaí na tíre sin (Nandy 1983; Yuval-Davis 1997). Bíonn deasghnátha an phobail, an caoineadh cuir i gcás, ríthábhachtach i sochaithe atá / a bhí faoi choilíneacht mar shlí agóide, agus deis don phobal bailiú le chéile, agus teacht i dtír (Caraveli-Caves 1982, 150). San India, scríobh Nandy faoin traidisiún ‘Sati’ (Marú / féinmharú na mban ag breochairn a fir chéile), ag rá gur tháinig brú orthu siúd a chleacht an traidisiún a bheith níos doichte le rialacha an chleachtais agus níos traidisiúnaí fós agus an tír choilínithe, “To many of them sati became an important proof of their conformity to older norms at a time when these norms had become shaky within” (1975, 68).

Maidir leis an gcaointeoireacht, is léir gur eascair an brú a bheith i gcomhréir le rialacha daingne an traidisiúin, ról inscne ina measc, ón bhfaitíos go raibh an traidisiún i gcontúirt a mhúchta. Os a choinne sin, ba thraidisiún iasachta an scannánaíocht agus mar sin ní raibh na coinníollacha céanna le caomhnú. Mar atá le feiceáil ón nganntanas ban sa réimse áfach, bhí an faitíos céanna maidir le ról inscne ann. Tá feiminigh iarchoilíneacha tar éis taighde a

dhéanamh ar ionadaíocht na mban os comhair an cheamara agus taobh thiar de, ag trácht ar an easpa forbartha san ionadaíocht sin ag rá go bhfuilid fós “minimal and liminal” (Le Corff 2020, 220). Tacaíonn gannionadaíocht na mban, fiú sa réimse nuálach seo, le tuairim Uí Laoire go maireann an tírdhreach patrarcach soch-chultúrtha anseo fós (2020, 28). Baineadh úsáid as an scannánaíocht chun idé-eolaíochtaí a scaipeadh faoi Éirinn ar theacht na healaíne go dtí an tír, gníomh a raibh tionchar cinnte aige ar thairseachúlacht na mban i ndéanamh na scannán. Faoi mar a léiríonn Williams, “Cinema and nation have always had shifting, problematic functions with regard to one another and to the larger arena of world culture” (2002, xii).

#### 5.4.1.2. *“her peculiar situation”*: *An Miotas Matrarcach*

Is follasach ó na taifeadtaí is luaithe atá againn den tradisiún scríofa go mba choitianta mná a bheith mar ábhair fhilíochta ná mar údair, agus ba mhinic a moladh a bhfáilte nó a bpátrúnacht (Clarke agus McKibben 2021, 58). Ba faoi fhir formhór na gcaointe, áfach (Bourke 1993, 161). Déanann Ó hÉanaí aithris ar na caointe ina luaitear Éire mar bhean, agus labhraíonn sé faoin tslí a léirítear na dianmhothúcháin sna haithrisí ar na caointe seo agus faoi dhianmhothúcháin an lucht éisteachta, “[who] clearly feel for the plight of Ireland because no one would lament so strongly about a woman” (Williams agus Ó Laoire 2011, 9). Bhí an drochbhail chéanna i gcroílár an phlé ar theacht na scannánaíochta go hÉirinn. Sa leabhrán *Films in Irish* a scríobhadh ar ábhar Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge in 1950, deirtear “Because of her peculiar situation the national individuality of Ireland is more vulnerable to the destructive influence of all-foreign film shows than that of any other country” (1951, 10). Tá sé spéisiúil go bhfuil an díoscúrsa céanna faoi fhulaingt mhíotas mhatrarcacha na Éireann i gceist leis an dá thraidisiún, cé go bhfuil siad ag teacht ó thréimhsí ama ar leith.

#### 5.4.2. **Súil Siar: Teoiric Fheimineach na nIldearcthaí**

Cuirtear scéalta ar fáil sa chaibidil seo fúthu siúd a chuaigh thar tairseach inghlactha fearainn ar leith. Caithfear glacadh leis, áfach, go bhfuil scéalta eile amuigh ansin nach bhfuil cloiste againn agus nach mbeidh go deo. Is iad na scéalta saolta ón bhfearann poiblí na cinn is cáiliúla, agus mar sin, na cinn atá le feiceáil i stair na tíre agus stair na teanga. Ba léiriú ar chás na nGael, agus scáil ar chás na hÉireann a bhí i ndoiciméadú stairiúil na mban. Dá bharr sin, tharla sé nár bh iad a gcuid scéalta a tógadh síos, ach go rabhadar mar chuid de scéalta daoine eile. Faoi mar a deir Baker, Maley agus Palmer agus iad ag tagairt d’Éirinn sa Nua-aois Luath, bhí an tír ina “annex to somebody else's story” (2018, 3). Go deimhin, mar a phléitear i gCaibidil 3, b’iarscríbhinniú a rinneadh ar mhná i scéalta na bhfear, mar atá le feiceáil i gcuid de bheathaisnéisí Ainm.ie.

Scríobhann an té a raibh an lámh in uachtar acu sa tsochaí scéal na staire in aon tír nó suíomh agus fágann sé sin go bhfágtar scéalta ar lár, nó go n-athraítear na scéalta chun cur leis an gcanóin agus leis an leagan den scéal atá lucht an cheannais ag iarraidh a scaipeadh. Is a bhuí leis sin, go bhfuil seans go raibh i bhfad níos mó fear caointe nó mná i mbun filíochta roimhe an 17ú haois, banaithriseoirí scéalta a samhlaíodh leis na fir, nó b'fhéidir mná níos déanaí taobh thiar de cheamara scannáin Ghaeilge nach bhfuil a scéalta cloiste againn. Má bhaintear úsáid as teoiric na n-ildearcthaí (4.3) chun tuiscint a fháil ar an ngá leis na scéalta seo a chlos, tuigtear go dtugann béaloideas na mban, mar shampla, radharc ar shaolta ban agus fear trí chéile, toisc nár bhailíodar an méid céanna scéalta ó mhná agus toisc a stádas íochtarach sa tsochaí phatrarcach (Locke, Vaughan agus Greenhill 2008; Jordan agus de Caro 1986). Ina theannta sin, chinnteodh níos mó scannán ó mhná go bhfuil níos mó le feiceáil sna scannáin faoi shaolta na mban (Barton 2020). Nuair a chuirtear scéalta dream amháin nó ealaín dream amháin chun cinn, glactar leis as sin ar aghaidh gurb é sin an chanóin, agus má tá dream ar bith eile i mbun na healaíne sin is nideog atá acu, foréimse, nó athsmaoineamh (Lantz 2007; Liddy 2020b). Níl an buntáiste eipistéimeach (4.3.2.2) a chuireann an teoiric seo chun cinn ag lucht an cheannais – an dream san fhearann poiblí, agus níl sé ag teastáil uathu. Is é seo croílár scéal na gannionadaíochta sa stair, bíodh tost na nGael nó tost na mban atá i gceist.

## 6. Modheolaíocht an Taighde

Sa chaibidil seo, déantar cur síos ar an modheolaíocht a cuireadh i bhfeidhm sa taighde seo. Ba thaighde tríphasach a bhí i gceist le modheolaíocht an tionscadail seo: (1) Bailiú sonraí, (2) Anailís sonraí, (3) Scríobh suas, scaipeadh agus stóráil. Pléann an chaibidil seo leis an gcéad dá chéim go háirithe, agus leis an bplean don tríú céim. Is modheolaíochtaí cáilíochtúla a d’fheil d’fhorhmór an taighde seo agus ansin cuireadh agallaimh ar shaineolaithe agus ar ghaolta ábhar beathaisnéisí baineanna nua, agus ar bhaill / iarbhaill d’fhoireann bhunachar Ainm.ie. Léirítear critéir an tionscadail agus achoimre ar na modhanna a roghnaíodh sa chaibidil chomh maith.

### 6.1. Cur Chuige Taighde na Staire

Is cur chuige é seo lena n-úsáidtear modhanna cáilíochtúla (den chuid is mó) agus cainníochtúla chun anailís a dhéanamh ar fheiniméan stairiúil (Schutt 1972, 385). Sampla de thaighdeoir a bhain úsáid as an gcur chuige seo ná Stanley Milgram (1975)<sup>107</sup>. Spreagadh mór i dtaighde na staire ina iomláine, ná bailiú sonraí agus eolais, agus an léamh agus anailís a chuirtear i bhfeidhm ar na sonraí seo chun ceisteanna taighde a fhreagairt (Lune agus Berg 2017, 159). Aidhm an taighde seo ná impleachtaí eachtraí ón stair agus a dtionchar fadtéarmach a nochtadh, agus cur le tuiscintí ar chultúr na ndaoine i ndiaidh eachtraí móra stairiúla (Lune agus Berg 2017, 159). Roghnaíodh cur chuige taighde na staire mar dhearadh staidéir toisc go bhfuil an taighde bunaithe ar stair na mban sa Ghaeilge (Gardner 2006, 134). Caitear tosú le smaoineamh i bhfoirm faidhbe, ceiste, sraith cheisteanna nó hipitéise (Lune agus Berg 2017, 161), mar shampla:

1. Cén fáth nach bhfuil ach thart ar 10% de na beathaisnéisí in Ainm.ie faoi mhná? (CT1)
2. Cé hiad na mná nach bhfuil a gcuid scéalta curtha i láthair go fóill? (CT2)
3. Cad is féidir a dhéanamh chun cur le hionadaíocht na mban? (CT3)

Bíonn ról lárnach ag beathaisnéisí in athshlánú scéalta daoine imeallaithe i dtaighde na staire: “This is because biographies draw people and groups out of obscurity; they repair damaged historical records, and they give powerless people a voice” (Lune agus Berg 2017, 168). Úsáideann taighde staire doiciméid, taifeadtaí béil agus agallaimh. Is féidir le taighde den chineál seo íomhá chuimsitheach a thabhairt de scóip an taighde toisc go gclúdaíonn sé réimse leathan foinsí. Is minic a úsáidtear taighde na staire chun míniú teoiriciúil a thabhairt ar eachtraí

---

<sup>107</sup> Taighde síceolaíochta a imscrúdaíonn cúiseanna umhlaíocht rannpháirtithe eachtraí móra stairiúla.

stairiúla (Johnson agus Christensen 2007), agus chun staidéar a dhéanamh ar naisc idir fadhbanna stairiúla, fadhbanna an lae atá inniu ann, agus fadhbanna na todhchaí (Glass 1989; Mahoney 2000, 507).

### **6.1.1. Lionsa an Fheimineachais**

Is é an tuairim choitianta nach bhfuil modheolaíocht ar leith ann i gcomhair taighde i réimse an fheimineachais agus go bhfuil sé ar nós lionsa a chuirfí i bhfeidhm i rith an taighde (4.2.2; Cook agus Fonow 1986, 3; Kaur 2019, 3; Beetham agus Demetriades 2007, 199). Tá taighde den chineál seo ar maos le luachanna feimineacha cosúil le comhionannas inscne. Tá gach cineál taighde fheiminigh éagsúil óna chéile agus is féidir le taighde ó réimse ar bith a bheith feimineach. Is fearr cinntiú go bhfuil na luachanna seo ag fí trí gach céim den taighde, agus go bhfuil príomhaidhm an taighde (athshlánú scéalta na mban) mar chroílár an tionscnaimh ar fad (Parr 2015).

### **6.1.2. Buntáistí an Chur Chuige**

Baineann go leor buntáistí le cur chuige taighde na staire. Tugann modhanna taighde neamhsháiteacha (*non-invasive*) an deis do thaighdeoirí scagadh a dhéanamh ar phróisis shóisialta stairiúla nuair nach bhfuil tú in ann labhairt le daoine a bhí ann (Schutt 1972, 385). Sa taighde seo ní raibh agallaimh á gcur ar mhná ‘ar iarraidh’ Ainm.ie. Is féidir tionchar a bheith ag taighde staire ar gach réimse taighde (Lune agus Berg 2017, 168), cuir i gcás, is as réimsí éagsúla i stair na Gaeilge ábhair bheathaisnéisí Ainm.ie. Tugann taighde an fheimineachais tuiscint níos fearr do thaighdeoirí, toisc go bhfuil níos mó rannpháirtíochta i gceist leis, rud a chabhraíonn leis an gcéim anailíse go háirithe (Kaur 2019, 12).

### **6.1.3. Dúshlán an Chur Chuige**

Baineann dúshlán chur chuige taighde na staire le heaspa fianaise agus le heaspa foinsí. Beartaíodh agallaimh a chur i gcrích sa tionscadal seo chun réiteach a fháil ar an easpa fianaise, easpa foinsí agus easpa teorach maidir le cúrsaí doiciméadaithe mhná na Gaeilge. Nuair a thagann níos mó eolais chun solais, tá seans go mbeidh athruithe ag teastáil sna beathaisnéisí. Is bunachar digiteacha Ainm.ie agus mar sin, is féidir athruithe a chur i bhfeidhm tar éis fhoilsiú na beathaisnéise (2.4; 1.2.3). Fadhb eile, go háirithe le stair na mban, ná easpa foinsí príomha. Ciallaíonn sé seo gurb iondúil gur ghá brath ar fhoinsí tánaisteacha. Ina theannta sin, bíonn foinsí caillte, damáiste déanta dóibh, bíonn siad dírithe ar na daoine in-nuachta amháin, nó bíonn claonadh iontu (Schutt 1972, 388). I gcás na Gaeilge, tá foinsí breise againn i bhfoirm bhéaloidis, nach mbeadh bailithe agus cláraithe i ngach sochaí. Os a choinne sin, a bhuí le

cúrsaí stórála agus taifeadta agus easpa maoinithe agus foirne, tá neart ar lár ó na foinsí sin chomh maith (Briody 2007).

Is réimse forleathan casta í an stair, agus cé go bhfuil fiúntas ag baint leis an tréith seo, ciallaíonn sé go bhfuil i bhfad níos mó cúiseanna agus spreagthaí le tuiscint ag an taighdeoir chun anailís chruinn a dhéanamh (Kiser agus Hechter 1991). Tarlaíonn claochlú leanúnach ar thaighde den chineál seo. Bhraith scríobh na mbeathaisnéisí nua ar an méid go bhfuarthas amach faoi na mná. Luann Lune agus Berg go mbíonn dul amú ar dhaoine áirithe nuair a chreideann siad gur ceart moltóireacht a dhéanamh ar a raibh ceart nó mícheart faoi bhríonna nó faoi impleachtaí stairiúla sa réimse taighde seo. Is forbairt atá ann, agus is ceart comparáid a dhéanamh, agus moltaí don todhchaí in áit sin (2017, 160). Tá sé ríthábhachtach idirdhealú a dhéanamh idir cumha agus taighde. Cé gur tionscadal athshlánaithe atá ann, ba ghá fós neodracht a thaispeáint agus gan tús áite a thabhairt d’aon bheathaisnéis de dheasca aon ní seachtrach, nó d’aon bheathaisnéis nár chomhlíon imlíne agus coinníollacha an taighde seo, critéir san áireamh.

## **6.2. Critéir na mBeathaisnéisí Nua**

Sular cuireadh tús le beathaisnéisí agus saolta a roghnú don tionscadal seo, leagadh slat tomhais an taighde seo amach go cruinn agus cloíodh leis le linn an phróisis ar fad. Tá neart scoláirí sa réimse tar éis tagairt a dhéanamh do chastacht na ceiste seo agus do na hathruithe leanúnacha ar ghá do thionscadail bheathaisnéisí a chur i bhfeidhm ar a gcuid critéar le himeacht na mblianta (Fox 2019, 10; Ewan 2019, 121).

Soláthraíonn solúbthacht critéar an ADB spás don tionscadal beathaisnéise forbairt go nádúrtha (Ewan 2019, 131). Tugann *South Asian Personalities of Chinese Descent* (SAPCD) liosta de shlite beatha ach ní thugann siad éachtaí faoi leith ar ghá don ábhar beathaisnéise a bheith bainte amach acu (Suryadinata 2012, xxi-xxxiii). Ag tús an DNB, bhí iarracht déanta a bheith “fluid and pragmatic” lena gcritéir toisc gur bhraith Leslie Stephen nach raibh tairbhe le baint ón “concept of absolute worth as a criterion for inclusion”, b’fhearr leis díriú ar “utility, interest, readers’ demand, variety of coverage, spice, liveliness and individuality” (Matthew 1997, 13). Le critéir dhaingne, cosúil le méid saothar nó méid cúiseanna cáile, tugtar an deis don taighdeoir níos mó neodracht a thaispeáint i leith éachtaí an duine. Leagann an *Dictionnaire de Biographie Française* (DBF) critéir mar seo síos, “Un écrivain dont on ne possède qu’une œuvre, pourvu qu’elle soit curieuse ou qu’elle ait eu quelque notoriété”<sup>108</sup>

---

<sup>108</sup> Scríbhneoir a bhfuil saothar amháin acu, ar an gcoinníoll go raibh tionchar aige agus gur bhain an saothar cáil amach (aistrithe ag Orlaith Hickey).

(Balteau 1932, vi). Is minic chomh maith go mbaineann déine na gcritéar le heagarthóirí reatha na dtionscadal. Mar shampla, agus Sidney Lee i gceannas ar an DNB, bheartaigh sé níos mó srianta agus critéar a leagan síos, “to the exclusion of other different and more varied lives” (Cannadine 2019, 197).

Tá dhá chineál chritéar ginearálta a mbaineann tionscadail idirnáisiúnta úsáid astu chun beathaisnéisí a roghnú: suntasacht stairiúil (*historical noteworthiness*) agus ionadaíochas (*representativeness*) (Carter 2019, 67). Baineann an ODNB úsáid as suntasacht stairiúil (féach **2.3.1**) agus díríonn an *Dictionary of New Zealand Biography* (DNZB) agus an ADB ar ionadaíochas (**2.5**). Baineann suntasacht stairiúil le héachtaí agus gaiscí na ndaoine agus a dtionchar ar an bpobal i gcoitinne. Fágann an critéar seo go mbíonn suibhachtúlacht i gceist leis an gcinneadh cuimsithe, áfach (Fokkens et al 2017, 197–8). Roghnaíonn an ADB agus an DNZB cur chuige an ionadaíochais le scéalta gnáthdhaoine nach raibh cáiliúil ar leibhéal náisiúnta chun íomhá a thabhairt dúinn ar shaolta i dtréimhsí ama ar leith sna tíortha sin<sup>109</sup>. Baineann deacrachtaí leis an saghas critéir seo chomh maith: tógann Ewan ceisteanna maidir le conas a dhéanann tionscadail an cinneadh i dtaca le cén saol atá ionadaíoch (2019, 132).

I dtaighde an DNB ar dhaoine ar iarraidh óna mbeathaisnéisí nó “missing persons”, is é an critéar a leagadh amach ná gur ceart go mbeidh suim ag daoine ar leibhéal acadúil sna beathaisnéisí amach anseo (Nicholls 1993, v). “... si son nom a marqué dans l'histoire”<sup>110</sup> is ea cuid de chritéir an DBF (Balteau 1932, vi). Luaitear sa DUB agus sa DBF, go bhfuil spás sna tionscadail sin do dhaoine más rud é gur chuir na daoine seo le forbairt an réimse a mbaineann siad leis (DUB 2022; Balteau, Preface 1932, vi). Luann roinnt tionscadal eile an tábhacht a bhaineann le tionchar na ndaoine ar an bpobal áitiúil chomh maith<sup>111</sup>, fiú más ról neamh-phroifisiúnta a bhí acu (Carter 2013, 363).

### **6.2.1. Critéir an Taighde seo**

Don taighde seo díríodh aird ar dhaoine a raibh cáil orthu i réimse na teanga, agus coinníodh scarbhileog Microsoft Excel (Figiúr 16) lena n-ainmneacha agus sonraí fad is a bhí an bailiú eolais ar siúl. Dá bharr sin, bhí an cineál critéir níos cosúla le suntasacht stairiúil don taighde ar fad, go háirithe na mionbheathaisnéisí (Aguisín A). Os a choinne sin, roghnaíodh ceithre bheathaisnéis shamplacha don tráchtas é féin (Caibidil 7), agus bhí ionadaíochas i gceist le

---

<sup>109</sup> Mar shampla, Albert (Elea) Namatjira (1902–1959) sa ADB a bhí mar chuid de dhream thiar mhuintir Arrente. Ar fáil ag <https://adb.anu.edu.au/biography/namatjira-albert-clea-11217> [Rochtain faighte: 08/07/2024].

<sup>110</sup> Ma tá a n-ainmneacha le feiceáil sa stair (aistrithe ag Orlaith Hickey).

<sup>111</sup> Mar shampla *Dictionary of American Biography* (DAB) (Quaife 1930, 119), DIB (Ní Mhunghaile, et al. 2010, 191), *Oxford Dictionary of African Biography* (ODAB) (Gates, Akyeampong agus Nive 2012, Réamhrá), agus an ADB (“About Us – Australian Dictionary of Biography” 2021).

roghnú na mbeathaisnéisí áirithe seo ón scarbhileog, toisc go ndearnadh iarracht cinn a roghnú ó thréimhsí ama agus áiteanna éagsúla agus bainteach le cúiseanna cáile ar leith.

| Sloinne            | Ainm      | Dáta Breithe | Dáta Bás   | Floruit | Áit Bhreithe                            | Áit bháis      | Áit Ad     | Áit Cho      | Cúis Cáile                              | Pósta?   | Caniteoir dú | Nasc le beath    | Oideaschas |
|--------------------|-----------|--------------|------------|---------|---|----------------|------------|--------------|---|----------|--------------|------------------|------------|
| Ághas              | Mairéad   | 1890         | 1967       |         | Cinn Aird, Corca Dhuibhne, Co Luimneach | Reilig Mh S    |            |              | Gníomhaí teanga, múinteoir Gaeilge agus | Bhí      | Bhí          | Nóra Ághas       | BÓid       |
| Alasdruin          | Mary Jane | 1799         | 1874       |         | Aontroim                                | Baile Átha CI  |            |              | Scribhneoir / aistritheoir              |          | Ni raibh     |                  |            |
| Balfour            | Mary      | 1778         | 1819       |         | Léim an Mhadaidh, Doire                 | Beal Feirste   |            |              | Aistritheoir / file                     |          | Ni raibh     |                  |            |
| Beaumont           | Mairin    | 1894         | 1972       |         | Gleann Arna                             | Baile Átha CI  |            |              | Gníomhaí / múinteoir                    | Bhí      | Bhí          | Seán Beaumont    | BA / MA    |
| Bharóid            | Cáit      | ?            | ?          | 1728    | Tiobraid Árann                          |                |            | Baile Thoinn | Amhránaí                                |          |              |                  |            |
| Bhreathnach        | Máire     | 1896         | 1970       |         | Baile Loisicthe, Contae Chiarraí        | Daingean       |            |              | Bailitheoir béaloideas                  | Bhí      | Bhí          |                  |            |
| Bhreathnach        | Lucy      | 1924         | 2007       |         | Spáinn                                  | Baile Átha CI  |            |              | Gníomhaí teanga                         | Bhí      | Ni raibh     | Deasin Bretnach  |            |
| Blyth              | Mary      | 1925         | 2020       |         | Tiobraid Árann                          | Corcaigh       |            |              | File                                    | Bhí      | Ni raibh     |                  |            |
| Bonfield           | Caitlin   | 1903         | 1992       |         | Port Lairge                             | Baile Átha CI  | Glas Naoin |              | Foclóirí / leabharlannai                | Ni raibh | Ni raibh     |                  | BA / BComm |
| Bretnach           | Úna       | 1909         | 2000       |         | Baile Dhuibh                            | Port Lairge    | An Rinn    |              | Scribhneoir                             | Bhí      | Bhí          |                  |            |
| Brioscú            | Anna      | ?            | 2018       |         | Baile Átha Cliath                       | Baile Átha CI  | Teach Saga |              | Gníomhaí / úisneoir                     | Bhí      | Ni raibh     | Aodhagan Brioscú |            |
| Buckley            | Anne      | ?            | ?          | 1840    | Gaillimh                                |                |            | An Cladach   | Amhránaí                                |          |              |                  |            |
| Chavasse           | Moirin    | 1883         | 1972       |         | Sasana                                  | Baile Átha CI  | Uachtar An |              | Scribhneoir                             | Bhí      | Ni raibh     | Claude Chavasse  |            |
| Cuffe Bischoffheim | Ellen     | 1857         | 19/06/1933 |         | Londain                                 | Cill Chainnigí |            |              | Gníomhaí                                | Bhí      | Ni raibh     |                  |            |

Figiúr 16: Sampla ón scarbhileog mheiteashonraí ábhair beathaisnéisí an taighde seo.

Déantar cur síos anseo ar na coinníollacha a bhain le hábhair beathaisnéise a roghnú don tionscadal. Seachas fad na mbeathaisnéisí, b’ionann na coinníollacha úd do na príomhbheathaisnéisí agus na mionbheathaisnéisí. Baineadh úsáid an “cúiseanna cáile” in áit “slite / gairmeacha beatha” chun cur síos a dhéanamh ar thionchar na n-ábhar beathaisnéisí nua ar an teanga sa taighde seo toisc gur glacadh leis nach bhfuair mná áirithe íocaíocht dá n-éachtaí sa teanga, agus i gcásanna áirithe nár bhain a gcúiseanna cáile sa teanga lena slite beatha. Ba iad cúiseanna cáile na ndaoine i dtaobh na teanga an phríomhchúis le beathaisnéisí a thabhairt dóibh i gcaitheamh an tionscadail seo.

Baineadh úsáid as Modh Oibre Ainm.ie (CIC 2021)<sup>112</sup>, agus as meiteashonraí beathaisnéisí reatha Ainm.ie chun critéir an tionscadail seo a chur le chéile. Príomhchritéir an taighde go raibh tionchar ag an duine ar stair na teanga, go bhfuil siad ar shlí na fírinne anois (Ainm.ie 2022), agus go “dtiocfadh an Ghaeilge chun cuimhne nuair a smaoinfeá ar an duine” (CIC 2021). Cloíodh le solúbthacht critéir thireolaíochta Ainm.ie sa tionscadal seo. Toisc go dtagann formhór na n-iontrálacha sa bhunachar ó thús an fichiú haois, áfach, cuireadh an-fháilte roimh iontrálacha a tháinig ó thréimhsí níos luaithe ná sin agus bhí critéir níos solúbtha ag baint le hábhair beathaisnéisí ón tréimhse roimh 1800, mar shampla. Mar a tharla le *Beathaisnéis* (1986–2007) agus le tionscadail eile, ar nós an *Oxford Dictionary of African Biography* (ODAB), bhí tionchar ag fáil na fianaise stairiúla seo ar amlíne an tionscadail seo (Breathnach agus Ní Mhurchú 1999, 13; Gates, Akyeampong agus Nive 2012).

<sup>112</sup> Dréachtú Beathaisnéisí Nua- Modh Oibre 2021- (Cáipéis inmheánach eagarthóireachta) (1.2.4.2).

#### 6.2.1.1. Eolas sna Beathaisnéisí

Tá bosca eolais ag gach príomhbheathaisnéis inar cuireadh an t-eolas seo ar fáil: dáta breithe / báis, áit bhreithe / bháis / adhlactha, inscne, scoil, ardoideachas, cúis cháile agus slí bheatha (1.2.4.2). Leanadh Treoir Ainm.ie maidir leis an eolas ar leith ba chóir a lua sna beathaisnéisí sa taighde seo chomh maith. Rinneadh iarracht cloí le teorainn focal Ainm.ie (1,000–1,500) le haghaidh na ceithre phríomhbheathaisnéis. Le haghaidh na mionbheathaisnéisí níl bosca eolais curtha ar fáil ach cuireadh an t-eolas riachtanach céanna ar fáil a mhéid is a rabhtas in ann. Tá na nótaí gairide seo 150–250 focal, faoi mar atá le feiceáil i réamhtheachtaí an bhunachair, an tsraith leabhar *Beathaisnéis*<sup>113</sup>. Bhain foireann an IADB úsáid as beathaisnéisí gearra chomh maith, agus iad ag dul i ngleic le tearcléiriú na mBundúchasach agus na nOileánach Chaolas Torres (Konisho 2019, 153). Rinneadh iarracht roinn tagartha iomlán a chur ar fáil de shaothair na mná, agus saothair fúthu. Gan bheann ar na critéir a leagadh amach, mura raibh go leor fianaise ar taifead, ní rabhtas in ann an bheathaisnéis a scríobh.

#### 6.2.2. Sainchritéir an Taighde seo

B'éigean sainchritéir a chur i bhfeidhm do chúiseanna cáile ar leith i gcomhthéacs an tionscadail PhD seo amháin. Más é go raibh cáil ar an mbean seo le haghaidh cúis amháin (mar shampla, an úrscéalaíocht), leagadh íosmhéid síos mar chritéir don taighde seo. Ní critéir Ainm.ie na sainchritéir a leagtar síos anseo ach critéir an tionscadail PhD seo amháin ar mhaithe le leanúnachas a bheith ann de na modhanna roghnaithe beathaisnéisí. Baineadh úsáid as beathaisnéisí reatha Ainm.ie<sup>114</sup> in áiteanna cuí chun tacú. Leagadh na sainchritéir seo amach ag tús an taighde seo agus tá siad le feiceáil sna táblaí seo a leanas:

---

<sup>113</sup> 100–200 focal. Ó imleabhar 5 (Breathnach agus Ní Mhurchú 1997) ar aghaidh. Féach (1.2.4.2).

<sup>114</sup> Dáta aimsithe na mbeathaisnéisí: 02/11/2023.

| <i>Réimsí</i>   | <i>Sainchritéar an taighde seo</i>  | <i>Samplaí ó Ainm.ie chun tacú leis seo</i>  |
|---|---|--|
| <p><i>Faisnéiseoirí ón Traidisiún Béil</i></p> <p><i>(baineann na sainchritéir seo leosan nach raibh cáil orthu ach le haghaidh an aon réimse amháin)</i></p> | <p>1 foinse le hainm &amp; fianaise bhéaloidis ó:</p> <p>(a) leabhar<br/>(b) lámhscríbhinní<br/>(c) irisí<br/>(d) nuachtáin<br/>(e) tréimhseacháin náisiúnta</p> <p style="text-align: center;"><i>nó</i></p> <p>1 duais san Oireachtas</p> <p style="text-align: center;"><i>nó</i></p> <p>10 foinse béaloideas ón CBÉ nó ó bhailiúchán bhéaloideas na Gaeilge, a n-insíodh do níos mó ná bailitheoir amháin (nach ón teaghlach céanna iad, más féidir).</p> | <p>(a) <a href="#">Peig Sayers</a>, <a href="#">Cáit Feiritéar</a>, <a href="#">Annie Bhán Mac Grianna</a>, <a href="#">Máire Bhuí Ní Laoghaire</a><br/>(b) <a href="#">Eibhlín Dubh Ní Chonaill</a><br/>(c, d, e) <a href="#">Anna Bean Mhic a' Luain</a>, <a href="#">Áine Ní Threasaigh</a>, <a href="#">Fionnghuala Ní Bhriain</a>, <a href="#">Cáit Ní Shíocháin</a></p> <p style="text-align: center;"><i>nó</i></p> <p><a href="#">Brid Ní Bhaoill</a>, <a href="#">Áine Uí Laoi</a>, <a href="#">Áine Ghriallais</a>, <a href="#">Nóra Ghriallais</a></p> <p style="text-align: center;"><i>nó</i></p> <p><a href="#">Sorcha Chonaill</a>, <a href="#">Mhic Grianna</a>, <a href="#">Máirín Ní Shuilleabháin</a>, <a href="#">Neilí Ní Dhomhnaill</a>, <a href="#">Máire Uí Dhuinnshléibhe</a>, <a href="#">Cáit Ní Mhuimhneacháin</a></p> |
| <i>Bailitheoirí</i>   | 20 scéal / amhrán / dán ó níos mó ná faisnéiseoir amháin agus aon ábhar eile ó bheirt nach raibh sa teaghlach / teach céanna leo.   | <a href="#">Máighréad Ní Annagáin</a> , <a href="#">Úna Ní Ógáin</a> , <a href="#">Eileen Costello</a> , <a href="#">Áine Ní Raghallaigh</a> , <a href="#">Máire Ní Scolaí</a> , <a href="#">Máire Áine Ní Dhonnchadha</a> , <a href="#">Eibhlís Uí Chróinín</a> , <a href="#">Sorcha Ní Ghuairim</a> , <a href="#">Máire Mac Néill</a>  |
| <i>Caomhnóireacht</i>   | 1 píosa fianaise faoi bhean a bhí ina (a) hársaitheoir (b) leabharlannaí a chur an teanga chun cinn nó (c) cartlannaí de chuid na teanga / a d'fhoilsigh saothar bunaithe ar chartlann Gaeilge  | (a) <a href="#">Francis Joseph Bigger</a><br>(b) <a href="#">Paddy Henchy</a> , <a href="#">Henry Joseph Monck Mason</a> , <a href="#">Pádraig Ó Maidín</a><br>(c) <a href="#">Marion Gunn</a>   |
| <i>Leabhair chruthaitheacha</i>   | 1 leabhar cruthaitheach le ar a laghad (úrscéal / leabhar do pháistí m.sh) go hiomlán as Gaeilge / 2 leabhar cruthaitheach idirtheangach Gaeilge.   | <a href="#">Francis McManus</a>  |
| <i>Filíocht (mar phríomhchúis a cáile)</i>  | (a) I ndiaidh 1850: 1+ dán Gaeilge slán fós inniu (ii) mórduais buaite don fhilíocht (iii) filíocht aistriúcháin ó theanga eile / go teanga eile<br><br>(b) Roimh 1850: 1 dán Gaeilge   | (a) <a href="#">Caitlín Maude</a> , <a href="#">Caitlín Ní Shíocháin</a> , <a href="#">Eithne Strong</a> (ii) <a href="#">Máirín Ní Mhuiríosa</a> (iii) <a href="#">Charlotte Brooke</a><br><br>(b) <a href="#">Eibhlín Ní Choillte</a>  |
| <i>Scribhneoireacht chruthaitheach eile</i>   | 1 dráma Gaeilge a léiríodh<br>1 dráma Gaeilge i gcomhpháirt le duine eile<br>1 dráma dátheangach / aistriúcháin go Gaeilge<br>1 do scannáin / cláir theilifíse Gaeilge<br>2 píosa eile (aistí, scéilíní, geamaireachtaí, inscríbhinní)  | <a href="#">Áine Nic Giolla Bhríde</a> , <a href="#">Caitlín Maude</a> , <a href="#">Alice Milligan</a><br><br><a href="#">Áine Ní Chnáimhín</a> , <a href="#">Máire Strafford</a><br><br><a href="#">Brid Ní Dhochartaigh</a> , <a href="#">Nuala Ní Mhóráin</a> , <a href="#">Seán Ó Dreada</a>  |

Tábla 6: Sainchritéir an taighde seo (Cuid A)

| <i>Réimsí</i>                | <i>Sainchritéar an taighde seo</i>   | <i>Samplaí ó Ainm.ie chun tacú leis seo</i>  |
|------------------------------|--|--|
| <i>Scribhneoireacht eile</i> | <p>5 píosa iriseoireachta / critice / léirmheastóireachta</p> <p>Eagarthóir ar iris, nó úinéir ar pháipéar / iris a chuir an teanga chun cinn.</p> <p>1 leabhar nó 3+ alt Gaeilge ar (a) ábhar acadúil (b) creidimh (c) teagaisc (d) staire (e) focleolaíochta (f) teangeolaíochta</p> <p>Ollamh / ceann roinne Gaeilge<br/>1 saothar aistriútha go Gaeilge / ón nGaeilge go teanga eile.<br/>1 píosa i lámhscríbhinn Gaeilge<br/>Ról i ndéanamh fhoclóir Ghaeilge</p> | <p><a href="#">Eibhlín Ní Mhurchú</a>, <a href="#">Máirín Ní Mhuiríos</a>, <a href="#">Mairéad Ní Chinnéide</a>, <a href="#">Máire Ní Ghuairim</a>, <a href="#">Eithne Nic Sheáin</a>, <a href="#">Éamonn Ó hEarrachtáin</a></p> <p>(a) <a href="#">Máire Ní Shíocháin</a> (b) <a href="#">Charlotte Dease</a> (c) <a href="#">Máire Ní Ghuithín</a> (d) <a href="#">Síle Ní Chinnéide</a> (e) <a href="#">Edward Lhuuyd</a> (f) <a href="#">Tomás Ó Domhnalláin</a><br/><a href="#">Máire Uí Mhaicín</a><br/><a href="#">Bríd Ní Loinsigh</a></p> <p><a href="#">Tomás Ó hCí</a><br/><a href="#">Éilis Ní Bhrádaigh</a></p> |
| <i>Polaitíocht &amp; Dlí</i> | <p>Aire / T.D / Seanadóir a chur an teanga chun cinn ó thaobh forbairtí sna Gaeltachtaí de nó a bhunaigh eagraíochtaí tábhachtacha Gaeilge ina post.</p> <p>Dlíodóirí (a) a chur Achtanna i bhfeidhm maidir le dul chun cinn na teanga (b) cailiúla a d'oibrigh trí mheán na Gaeilge (c) ateangairí i gcásanna móra</p>  | <p><a href="#">Jennie Wyse Power</a>, <a href="#">Donncha Ó Gallchóir</a>, <a href="#">Mícheál Ó Móráin</a></p> <p>(a) <a href="#">Adrian Hardiman</a> (b) <a href="#">Seán Delap</a> (c) <a href="#">Tomás de Bhial</a></p>   |
| <i>Gníomhaíocht teanga</i>   | <p>Pátrúin / úinéir lámhscríbhinní</p> <p>Ról i gConradh na Gaeilge: (a) ball den choiste gnó (b) rúnaí ar Chraobh (c) uachtaráin ar Chraobh (d) leasuachtaráin ar Chraobh (e) bunaitheoir Chraobh (f) timirí (g) ardrúnaí (h) cisteoir (i) múinteoirí taistil (j) múinteoirí i gcoláiste traenála.</p> <p>Ról mar sin in eagraíochtaí teanga eile / a chur an Ghaeilge chun cinn in eagraíocht ar bith.</p>   | <p><a href="#">Toirdhealach Mac Cochláin</a> / <a href="#">John Sebright</a></p> <p>(a) <a href="#">Piaras Mac Canna</a> (b) <a href="#">Séamas Ó Dubhghaill</a> (c) <a href="#">Gerald Bartley</a> (d) <a href="#">John Pius Boland</a> (e) <a href="#">Seoirse Mac Fhlannchaidh</a> (f) <a href="#">Pádraig Ó Máille</a> (g) <a href="#">Proinsias Ó Fathaigh</a> (h) <a href="#">Proinsias Ó Fathaigh</a> (i) <a href="#">Donnchadh Ó Briain</a> (j) <a href="#">Seán Ó Coindealbháin</a></p> <p><a href="#">Tomás Ó Deirg</a></p>  |
| <i>Na Meáin</i>              | <p>Craoltóir raidió nó teilifíse le 1 clár Gaeilge / ról leanúnach i gclár Gaeilge</p> <p>Léiritheoir nuachta / clár raidió nó teilifíse Gaeilge.</p> <p>Scanannóir Gaeilge / Stiúrthóir nó comhstíúrthóir scannán, dráma nó sraith teilifíse Gaeilge</p> <p>Bunaitheoir amharclainn Ghaeilge</p>  | <p><a href="#">Bríd Maloney</a> / <a href="#">Eibhlín Ní Mhurchú</a></p> <p><a href="#">Breandán Ó Cnáimhsí</a> / <a href="#">Séamus Breathnach</a> / <a href="#">Máire Ní Thuathail</a><br/><a href="#">Éamon Óg De Buitléar</a> / <a href="#">Muiris Mac Conghail</a>, <a href="#">Dónall Farmer</a>, <a href="#">Cilian Ó Brolcháin</a></p> <p><a href="#">Siobhán Nic Cionnaithe</a></p>   |
| <i>Aisteoirí</i>             | <p>1 ról i ndrámá lán-Ghaeilge nó dátheangach / scannán, dráma teilifíse nó sraith teilifíse Gaeilge / ról guthpháirte Gaeilge</p> <p>Ball de chompántas aisteoirí Ghaeilge / 1 duais Oireachtas</p>   | <p><a href="#">Caitlín Maude</a> / <a href="#">Máire Stafford</a> / <a href="#">Nessa Ní Annracháin</a></p> <p><a href="#">Máire Nic Shiubhlaigh</a> / <a href="#">Máire Ní Shíocháin</a></p>  |

Tábla 7: Sainchritéir an taighde seo (Cuid B)

### **6.2.3. Clabhsúr ar Chritéir an Taighde**

Is nós ríthábhachtach, go háirithe i dtionscadal athshlánaithe, a bheith oscailte leis na critéir ionas go réiteofaí gannionadaíochtaí ar nós líon na mban. Chun na sainchritéir a leagan amach, rinneadh cur síos ar gach cás nach raibh ach cúis cháile amháin ag ábhar beathaisnéise Ainm.ie. Sna cásanna oiriúnacha, baineadh úsáid as beathaisnéisí Ainm.ie chun samplaí de na sainchritéir a aimsiú agus a chur ar fáil anseo. Rinneadh iarracht a bheith chomh solúbtha agus gurbh fhéidir leis na sainchritéir, ag teacht ar an ábhar beathaisnéisí leis an méid is lú de chineál saothar áirithe i nGaeilge sa bhunachar faoi láthair. Ba é an rud ba thábhachtaí ná, más rud é go raibh tionchar acu ar stair na Gaeilge, agus má tá fianaise ann, ba cheart go mbeidh beathaisnéis acu sa taighde seo.

### **6.3. Céim 1: Bailiú Sonraí**

Is éard a bhí ar siúl sa chuid seo den taighde ná imscrúdú ar chúlra an tionscadail, bailiú ainmneacha agus ábhar do bheathaisnéisí, agus staidéar ar thionscadail athshlánaithe beathaisnéisí. Mar a phléitear thuas, le linn an bhailiúcháin, cuireadh ainmneacha agus sonraí na mban a tháinig chun cinn i scarbhileog Excel. Má thángthas ar fhoinsí agus má chomhlíon na mná seo critéir an taighde, cruthaíodh beathaisnéisí díobh atá ar fáil i gCaibidil 7 agus in Aguisín A. Déantar cur síos anseo ar na modhanna ar baineadh úsáid astu chun na ceisteanna taighde ar fad a fhreagairt, bíodh sé sin anailís ar dhoiciméid agus ar fhianaise fhisiciúil, nó obair sa ghort agus a bheith ag plé le daoine.

#### **6.3.1. Anailís Doiciméad**

Is “systematic procedure for reviewing or evaluating documents—both printed and electronic (computer-based and Internet-transmitted)” í an anailís doiciméad (Bowen 2009, 27)<sup>115</sup>. Is gníomh lárnach de thaighde na staire an anailís doiciméad a úsáideann straitéisí neamhsháiteacha<sup>116</sup> chartlainne (Lune agus Berg 2017, 160). In go leor taighde staire, is iad na bunfhoinsí na sonraí ar fad (Glass 1989) agus bhí an anailís doiciméad mar an t-aon mhodh bailithe le haghaidh formhór beathaisnéisí sa taighde seo. Ba chruthúnas ar thionchar na mban tagairtí dóibh i saothair a bhaineann le saol agus stair na Gaeilge agus b’fhianaise an-luachmhar don taighde iad dá bharr sin. Tá trí chineál foinse i gceist leis seo: foinsí príomha, tánaisteacha, agus treasacha.

---

<sup>115</sup> Féach (Corbin agus Strauss 2015; Rapley 2018).

<sup>116</sup>.i. Níl tú ag plé leis an duine a bhfuil an taighde faoi.

### 6.3.1.1. *Foinsí Príomha*

Is iad na foinsí príomha na bunfhoinsí, an chéad cháipéis agus fianaise scríofa / béil ó na finnéithe súl. Bíonn gaol díreach idir na foinsí seo agus an eachtra stairiúil (Salkind 2008; Tiernan 2023, 235). Samplaí de bhunfhoinsí ná cáipéisí scríofa / clóite, grianghraif, taifeadtaí fuaime, fistaifeadtaí, agus dírbheathaisnéisí (Lune agus Berg 2017, 161). Bhí fianaise scríbhneoireacht mhná na Gaeilge i gcartlanna agus leabharlanna, beo agus digiteach. Bhí sé tábhachtach staidéar a dhéanamh ar gach nuachtán agus tréimhseachán Gaeilge le haghaidh tagairtí do na mná seo. Bíonn an *Irish Newspaper Archive*<sup>117</sup>, atá ar líne, ríthábhachtach don chineál seo cuardaigh. Chun teacht ar na foinsí is luaithe de mhná i saol na Gaeilge, bhí gá plé le lámhscríbhinní. Bhí an suíomh idirlín ISOS ([www.isos.dias.ie](http://www.isos.dias.ie)) in úsáid don chuid seo den tochailt agus baineadh úsáid as na lámhscríbhinní atá ar fáil ar líne ar an suíomh seo nuair ba chúí é. Bíonn foinsí ar nós [www.archive.org](http://www.archive.org) barántúil agus úsáidtear go minic iad chun teacht ar bhunfhoinsí i staidéar taighde (Lune agus Berg 2017, 167).

Fuarthas foinsí príomha eile maidir le dátaí agus sonraí breithe, pósadh, báis, cónaithe, agus clainne na mban seo ón daonáireamh 1901 / 11 (agus píosaí ó na daonáirimh idir 1821–51) (<https://nationalarchives.ie/collections/search-the-census/>), agus teastais bhreithe (1864–1924), bháis (1871–1974) agus phósta (1845–1949) a bhuí le digitíú teastais Oifig an Ard-Chláráitheora (<https://www.irishgenealogy.ie/>). Tá taifeadtaí agus liostaí paisinéirí a thuirling i Nua Eabhrac (1820–1957) ar fáil ar líne (<https://heritage.statueofliberty.org/passenger>), mar aon le taifeadtaí ar uaigneanna agus reiligi (<https://www.findagrave.com/>). Bhí cuairteanna ag teastáil ar chartlanna lámhscríbhinní ARÉ agus Choláiste na Tríonóide. Bhí tochailt cartlanna eagraíochtaí riachtanach chomh maith, cuir i gcás, Taisce Cheol Dúchais Éireann i mBaile Átha Cliath.

Is gné thábhachtach den taighde seo iad foinsí an bhéaloidis. Tá stór ollmhór scéalta agus seanchais ar fáil de shaolta ó stair na teanga, a ndéantar dearmad orthu “... despite their commanding testimonial functions” (Aiken 2022, 234). I measc bailiúcháin béaloidis ina bhfuil foinsí faoin nGaeilge tá Bailiúcháin Bhéaloideas na hÉireann (cuid de ar líne ag <http://www.duchas.ie>), Bailiúchán Béaloideas Árann (<https://bba.duchas.ie/ga>), Tionscadal Ghréasáin Cheirníní Doegen (<https://doegen.ie/>), Bailiúchán Béaloidis Ghaeltacht Thír Chonaill (<https://www.bealoideasbeo.ie/>), agus Europeana (<https://www.europeana.eu/ga>).

---

<sup>117</sup> Ar an suíomh céanna: [Radical Newspaper Archive](http://www.radicalnewspaperarchive.com/) [Rochtain faighte: 25/04/2025].

#### 6.3.1.1.1. *Ficsean Dírbheathaisnéiseach*

I dtaighde a bhaineann le hinscne agus le teacht ar thráchtanna do shaolta ban, nuair atá bearnaí móra sa doiciméadú staire dóibh, is foinse bhreise é an ficsean dírbheathaisnéiseach nó *autofiction*. Is foirm litríochta é seo ina scríobhann duine scéal ‘ficsean’ ach tá píosáí dírbheathaisnéise fite isteach iontu. Mar atá pléite ag Síobhra Aiken in *Spiritual Wounds: Trauma, Testimony and the Irish Civil War* (2022), tá iliomad cúiseanna leis an modh scríbhneoireachta seo, ach go bunúsach, “The act of introducing private, often painful, experiences into the public realm, especially when it challenged official memory-making (and especially forgetting), demanded the cautious deployment of self-protective narrative strategies” (Aiken 2022, 3). Don taighde seo, thángthas ar eolas faoi shaolta ban sa chineál seo foinse. Mar shampla, i scéalta béaloidis Nóra Ní Chinnéide (1859–1936) (go háirithe in ‘Grásta na Foighne Chugainn’) (Ó Cadhla 2011, 237–47; Breathnach 1961, 428–33).

#### 6.3.1.1.2. *Critic Bunfhoinsí*

Baineann dhá chineál critice le bunfhoinsí chun cinntiú go bhfuil siad barántúil agus gur féidir iad a úsáid i dtionscadail taighde:

1. Critic sheachtrach: scrúdú bharántúlacht na foinse.
2. Critic inmheánach: scrúdú chiall na foinse.

Cinntíonn measúnachtaí beachta de luachanna inmheánacha agus seachtracha gur féidir brath ar anailís staire ar leith (Lune agus Berg 2017, 164). Ceistítear údarthacht na foinse sa ghné den phróiseas taighde dar teideal an chritic sheachtrach (Polit agus Tatano Beck 2008; Lune agus Berg 2017, 163). Maíonn Wilson “documents cannot be taken to reflect the truth unless they are really what they appear to be rather than forgeries or frauds” (1989, 137). Chun údarthacht a chinntiú caitear ceisteanna ar nós *cén fáth, cá háit, cathain agus conas* a chur (Brickman 2007). Tarlaíonn sé go mbíonn cáipéisí áirithe athinste, aistrithe, go bhfuil léamh ar leith déanta orthu nó gur ceann de leaganacha éagsúla iad (Lune agus Berg 2017, 163). Is minic a bhíonn sé seo ar fad i gceist le lámhscríbhinní. Agus an chritic sheachtrach idir lámha is ceart na ceisteanna seo a chur: Cé a scríobh an fhoinsé?<sup>118</sup> An raibh aon chlaontaí, barántúlacht, údarás, intuigtheacht ag an bhfoinsé? An dtagraíonn foinsí eile ón tréimhse seo don fhoinsé ar shlí ar bith? Cén fhianaise a dtagraítear di? (Brickman 2007; Lune agus Berg 2017).

---

<sup>118</sup> Féach (8.1.1.2).

Baineann an chritic inmheánach leis an míniú is féidir leat a bhaint ón gcáipéis, cad a bhí ar intinn acu a rá, nó cén fáth ar scríobhadh é<sup>119</sup>, mar shampla (Leedy agus Ormrod 2005; Polit agus Tatano Beck 2008). Is critic í seo ar bhotúin chló nó fíricí, ráitis chlaonta nó breithiúnas iomrallach. Mar aon leis an gcritic sheachtrach, caitear chomh maith smaoineamh a dhéanamh ar éagsúlacht (nó easpa éagsúlachta) na foinsí seo ó chinn eile ón tréimhse ama seo<sup>120</sup> (Lune agus Berg 2017, 164).

#### 6.3.1.2. *Foinsí Tánaisteacha & Treasacha*

Is iad foinsí tánaisteacha cáipéisí scríofa nó nithe eile a chruthaigh daoine nach raibh baint dhíreach acu leis an eachtra stairiúil ach a bhfuil suim acu inti, nó taighde déanta acu ar an ábhar seo (Rubin agus Babbie 2005). I measc na bhfoinsí seo bíonn leabhair scoile, ciclipéid, beathaisnéisí, ailt as irisí, scéalta ó nuachtáin, agus scéalta báis (Heaton 2004; Leedy agus Ormrod 2005). Soláthraíonn siad eolas faoi ghrúpaí in ionad duine amháin (Denzin 1989). Déantar scagadh ar leabhair le haghaidh na hanailíse doiciméid chun teacht ar níos mó eolas faoi ábhair bheathaisnéisí. Bhí leabhair a phléann le litríocht, cumadóireacht, saol sóisialta na teanga, riachtanach don chuid seo den taighde. Cuid lárnach eile de dhoiciméadú stair na teanga is iad tagairtí i nuachtáin agus tréimhseacháin, nach ón tréimhse chéanna stairiúil iad. Tá scagadh déanta ag neart scoláirí ar lámhscríbhinní na teanga, mar shampla, *B'ait leo bean: Gnéithe den Idé-eolaíocht Inscene i dTraidisiún Liteartha na Gaeilge* (Nic Eoin 1998) agus in *Field Day Anthology IV* (Bourke et. al 2002).

Tugtar foinsí treasacha ar fhoinsí príomha agus tánaisteacha nuair a chuirtear ar fáil iad i mbailiúchán nó cnuasach, cuir i gcás, leabharliosta, foclóir, ciclipéid, leabhar fíricí, innéacsanna, nó achoimrí (Presnell 2006). Baintear úsáid as foinsí treasacha chun cur le cúlra an taighde. Is foinsí stairiúil threasach Ainm.ie í féin. Rinneadh scagadh ar bheathaisnéisí mhná Ainm.ie ó thaobh cúlra, faid, ábhar, agus sonraí eile de, d'fhonn léargas cuimsitheach a fháil den bhunachar sular thosaigh an tochailt d'ábhar nua agus chun ábhair bheathaisnéisí nua a bhaint amach as beathaisnéisí reatha an bhunachair (3.1). Chuathas trí bheathaisnéisí fhir an bhunachair chun liosta a dhéanamh de na mná a luaitear i mbeathaisnéisí fear.

Bhí comparáid ag teastáil idir foclóirí beathaisnéisí i gcomhair cúlra an taighde (2.3). Ba thionscadail bheathaisnéisí i bhfoirm bhunachair dhigiteacha a bhformhór, agus bhí an chuid eile i bhfoirm leabhair clóite. Cé go bhfuil cúlraí na dtionscadal éagsúil ó thaobh institiúidí, custaim, traidisiún, agus teanga de, bhí an fhadhb chéanna acu ar fad: easpa ban

---

<sup>119</sup> Féach (5.4.1.2; 8.1.5.2.3).

<sup>120</sup> Féach (7.1.2.2).

(Hantrais 1996, 2). Thángthas ar thagairtí do mhná eile i bhfoclóirí beathaisnéisí agus saothair tagartha: *Women of Ireland: A Biographical Dictionary* (Ó Céirín agus Ó Céirín 1996), *Dictionary of Irish Biography* ([www.dib.ie](http://www.dib.ie)), *Dictionary of Munster Women Writers* (O'Toole et. al 2005), *Field Day Anthology Eagrán IV & V* (Bourke et. al 2002), agus *B'ait leo bean* (Nic Eoin 1998).

#### 6.3.1.3. Buntáistí a Bhaineann le hAnailís Doiciméad

Is beag an fachtóir riosca a bhaineann le hanailís doiciméad, toisc nach bhfuil aon chlaonadh taighdeora ag baint leis (bíodh is go bhfuil baol ann go raibh claonadh ag údar an phíosa a dtagraítear dó). Go háirithe sa taighde seo ba iad na cáipéisí scríofa, clóite agus fuaimne, na cinn ba thábhachtaí mar ba chruthúnas iad ar thionchar na mban i saol na Gaeilge. Ní rabhthas in ann agallaimh a chur ar dhaoine ó thréimhsí stairiúla ar leith agus ba iad na cáipéisí seo an t-aon fhianaise amháin le haghaidh beathaisnéisí ar leith. Sa chás nach raibh duine sásta labhairt faoi ábhar, bhí na buntáistí céanna ag baint leis an anailís doiciméad (Morgan 2021). Giorraíonn na cáipéisí atá ar fáil ar líne an bóthar don taighdeoir (2.4.2), fiú más rud é nach ach túsphointe na fianaisí atá ar fáil. Tá tionchar na mban ar stair lámhscríbhinní na Gaeilge scrúdaithe go mion ag Bourke et. al (2002) agus Nic Eoin (1998).

#### 6.3.1.4. Deacrachtaí a Bhaineann le hAnailís Doiciméad

Ionas go bhféadfaí na beathaisnéisí a scríobh suas, bhí dóthain fianaise ag teastáil i leith saolta na mban seo, fianaise nach raibh ann le scrúdú in a lán cásanna. An fhadhb is mó a bhaineann le cartlanna ar líne i gcomhthéacs an taighde seo, ná deacrachtaí cuardach le foinsí as Gaeilge: bíodh sé sin deacrachtaí leis an gcló Gaelach nó cartlanna nach n-aithníonn síneadh fada ar ghuta. Más cartlann ar an láthair a bhí á húsáid, ghlac sé mórán ama teacht ar fhoinsí agus bhí seans i gcónaí nach raibh siad ann. Tagraíonn an coincheap ‘tost cartlainne’ do bhearnaí nó easnaimh i mbunfhoinsí (Manoff 2016, 64). Mar a phléitear thuas, más foinsí luatha atá á gcuardach níl aon chinnteacht faoi chaighdeán na bhfoinsí ach an oiread, agus bhí sé deacair ar uairibh iad a léamh nó a thuiscint más rud é go raibh damáiste déanta dóibh. Toisc go raibh cáil ar chuid de na mná seo i saol an Bhéarla agus saol na Gaeilge araon, cuardaíodh leaganacha éagsúla dá n-ainmneacha le linn na hanailíse doiciméid. Más rud é gur phós na mná seo, cuardaíodh a sloinntí roimh phósadh chomh maith, agus b’ionann an scéal le hainmneacha cleite.

### 6.3.2. Agallaimh

Reáchtáladh agallaimh mar chuid d’obair pháirce an tionscadail seo. Roinneadh na hagallaimh in dhá chatagóir éagsúla: Catagóir 1 agus Catagóir 2. Cuireadh Foirmeacha Agallaimh an taighde seo (Bileog Eolais an Rannpháirtí agus Foirm Toilithe Fheasaigh)<sup>121</sup> chuig na rannpháirtithe ar fad roimh na hagallaimh a mhínigh próiseas na n-agallamh ó thús deireadh, agus a mhínigh cearta na rannpháirtithe. Seo a leanas cur síos ar chatagóirí na n-agallamh.

#### 6.3.2.1. Catagóirí na n-Agallamh

|  | <i>Catagóir 1</i>  | <i>Catagóir 2</i>   |
|--|--|---|
| <i>Agallaithe</i>  | Ainm.ie: Baill / iarbhaill den chomhfhiontar idir Gaois agus CIC.<br>11 rannpháirtí.   | Gaolta agus saineolaithe ábhar beathaisnéisí.<br>4 rannpháirtí.   |
| <i>Cur chuige earcaíochta</i>                              | Gníomhach: teagmháil díreach i bhfoirm ríomhphost.   | Gníomhach: teagmháil díreach i bhfoirm ríomhphost.  |
| <i>Struchtúr na gceisteanna (atá ar fáil in Aguisín B)</i> | Leathstruchtúrtha. Dornán ceisteanna riachtanacha ach tharla athraithe bunaithe ar ról na rannpháirtithe sa chomhfhiontar.                                 | Neamhthreorach agus téamach bunaithe ar an eolas a bhí ar lár ón anailís doiciméad.<br>Cloíodh le treoracha an stairsheanchais. |
| <i>Aidhm na catagóire</i>                                  | Eolas a bhailiú faoi phróiseas roghnúcháin na mbeathaisnéisí, faoi stádas na mban sna beathaisnéisí, agus faoi bhunús agus obair bhliantúil an bhunachair. | Eolas nach raibh ar fáil faoin ábhar beathaisnéise ón anailís doiciméad a bhailiú / eolas a raibh ar fáil a dheimhniú.          |

Tábla 8: Catagóirí na n-agallamh

#### 6.3.2.1.1. *Stairsheanchas*

Is réimse ar leith de chaomhnú cultúrtha, de chumasú agus de ghníomhaíochas é an stairsheanchas. Is bailiú insintí iad na scéalta seo, agus is bunfhoinsí iad. Tugann siad deis don taighdeoir níos mó ceisteanna a chur nach mbeadh freagraí le fáil orthu in anailís doiciméad, cuir i gcás. “Oral history archives give you a point of entry into the authentic experiences of... witnesses to events that have passed” (Lune agus Berg 2017, 168). Dá bhrí sin, d’oir an stairsheanchas don taighde seo, ionas gur féidir cuntais Chatagóir 2 a úsáid mar fhoinsí do na beathaisnéisí nua a soláthraíodh ag deireadh an tionscadail seo. Bíonn úsáid bheathaisnéisí agus an stairsheanchas an-choitianta i dtaighde an fheimineachais (Hertz 1997; Patai agus Gluck 1991; Reinhartz 1992; Ribbens agus Edwards 1998). Déanann stairsheanchas iarracht guth a thabhairt don té nach raibh ceann acu i ndoiciméadú na staire. Stair na ndaoine atá ann (Lune

<sup>121</sup> Aguisín C.

agus Berg 2017, 167) agus úsáidtear an modh taighde seo i scríobh na staire go rialta (Samuel 1991). Cé go mbíonn ceisteanna ag an agallóir, is minic a ligtear don rannpháirtí leanúint ar aghaidh lena scéalta. Go hiondúil, bíonn an modh bailithe eolais seo i suíomh beo in ionad suímh fhíorúil toisc go bhfuil cruthú caidrimh mar ghné lárnach dó. Is minic chomh maith, a chuirtear na taifeadtaí ar fáil do dhaoine, faoi mar atá déanta ag neart bailiúchán béaloidis agus seanchais.

#### 6.3.2.2. Úsáid Ainmneacha sa Taighde

... anonymity may undermine the significance of testimony as evidence, and reinforce the kind of epistemic politics that treats some assertions as incontrovertible, while silencing others (Berkhout 2013, 21).

Cé gurb annamh a bhaintear úsáid as ainmneacha na rannpháirtithe i staidéar taighde, baintear úsáid as ainmneacha na rannpháirtithe sa tionscadal taighde seo. Go hachomair, toisc go mbaineann an taighde seo leis an stair agus le saol na teanga, samhlaíodh go mbeadh sé seo i gceist leis an gcuid is mó de na hagallaimh. Chabhraigh sé seo le cosaint bhailíocht na fianaise chomh maith. Má theastaigh ón rannpháirtí nach mbeadh a n-ainm luaite sa taighde, áfach, glacadh le rogha an rannpháirt. Baineadh úsáid as cóid ar leith do na rannpháirtithe a theastaigh nach mbeadh a hainmneacha luaite. Ní raibh an t-eolas seo ach ag an taighdeoir agus scriosadh aon taifead de seo roimh dheireadh an tionscadail. Bhí an rannpháirtí in ann a rogha a athrú go dtí go bhfoilseofaí an tráchtas agus na beathaisnéisí (Grinyer 2009). Is é aidhm thionscadail staire an fheimineachais, go háirithe iadsan a bhaineann úsáid as lionsa a eascraíonn ó theoiric fheimineach na n-ildearthaí agus teoiric iarchoilíneach an fheimineachais, gaol stádais cothrom a chruthú idir an taighdeoir agus an rannpháirtí (4.3.2.4). Is dá bharr seo a baineadh úsáid as ainmneacha na rannpháirtithe sa taighde seo, chun cinntiú go bhfaigheann siad aitheantas dá n-ionchur sa taighde (Vainio 2013; Gordon 2019). Aithnítear fadhb na rúndachta go mór mór agus taighdeoirí ag plé le daoine leochaileacha nó guthanna imeallaithe, agus áitítear go dtagann sé salach ar aidhmeanna cothromaíochta tionscadal taighde (Baez 2002, 36). Tá roinnt plé déanta air seo go háirithe i réimse na n-eolaíochtaí sóisialta. Faoi mar a mhaíonn Guenther, “The act of naming is an act of power” (2009, 412).

#### 6.3.2.3. Taifeadtaí, Tras-scríbhinní, agus Teanga

Úsáideadh taifeadán gutha dhigitigh chun taifeadadh a dhéanamh ar na hagallaimh. Chun toiliú an rannpháirtí a fháil, mar a léiríodh é seo san Fhoirm Thoilithe Fheasaigh agus cuireadh é seo i gcuimhne don rannpháirtí roimh an agallamh chomh maith. Tar éis an agallamh, rinneadh

tras-scríbhinní ón taifeadadh i dteanga an agallaimh. Baineadh úsáid as gléas tras-scríbhinne ar Microsoft Word agus ceartaíodh na botúin de lámh ag baint úsáid as an taifead. Nuair a críochnaíodh an tras-scríobh seoladh chuig an rannpháirtí é, le haon earráid a cheartú agus chun an deis a thabhairt don rannpháirtí aon ráiteas a bhaint óna n-agallamh, agus an rogha dóibh a rannpháirtíocht a bhaint ón tionscadal ar fad. De réir mar a mhínítear ar an bhFoirm, scriosfar taifeadtaí na n-agallamh laistigh de thrí bliana ó dheireadh an tionscadail. Fágadh an cinneadh maidir le teanga na n-agallamh faoin rannpháirtí ach rinneadh an anailís trí mheán na Gaeilge.

#### 6.3.2.4. *Buntáistí na n-Agallamh*

Bíonn an-fhiúntas ag baint le hagallaimh leathstruchtúrtha agus théamach toisc go dtugtar deis agus am don rannpháirtí labhairt go domhain faoi ábhar. Is cuid lárnach de thriantánú iad insintí stairsheanchais (Lune agus Berg 2017, 168). Fadhb lárnach is ea an ‘tost cartlainne’ sa chineál taighde seo, agus ciallaíonn an ‘tost’ go raibh agus go mbíonn an-ghá agus tábhacht le hagallaimh. Bhí sé sin tábhachtach le haghaidh gach ceist taighde sa tionscadal seo. Bhíothas in ann bearnaí san eolas a bailíodh ón anailís doiciméad a líonadh. Is gné lárnach agus thábhachtach an gaol stádais i dtaighde an fheimineachais. Is tionscadal reatha Ainm.ie agus dá dheasca sin, ní bheifí ag comhlíonadh luachanna taighde an fheimineachais ach dá labhrófaí leis na daoine atá i mbun na hoibre sin. I measc buntáistí an taighde seo don rannpháirtí, bhí ardán ar fáil i ngach catagóir agallamh don rannpháirtí cur le stair na teanga, sa tráchtas a phléann le Ainm.ie, agus sna beathaisnéisí a bhfuil mar aidhm acu athshlánú a dhéanamh ar scéalta ban imeallaithe (i gcásanna áirithe gaol nó cara an rannpháirtí). Má d’aontaigh an rannpháirtí le cinneadh ainmniú an taighde seo, tá a n-ionchur don bheathaisnéis nó do chúlra Ainm.ie nasctha leo.

#### 6.3.2.5. *Réiteach ar Phriacaíl Eitice an Taighde seo*

Bhí dhá phríomhphriacaíl ó thaobh chúrsaí eitice de a bhain leis an taighde seo:

1. Cúrsaí ainmnithe
2. Íogaireacht féideartha ceisteanna

Cuireadh céimeanna ar leith i gcrích chun dul i ngleic leis na bagairtí féideartha seo. Bhí ionchur na rannpháirtithe nasctha lena n-ainmneacha, agus míníodh na cúiseanna leis an gcinneadh seo thuas. Bhí cead ag an rannpháirtí a n-ainmneacha a bhaint ag am ar bith sa phróiseas taighde. Reáchtáladh agallaimh phíolótacha idir Deireadh Fómhair 2023 agus Eanáir 2024 chun ceisteanna a thriail don dá chatagóir agallamh agus chun cinntiú nach raibh aon fhadhb le leagan amach agus struchtúr na n-agallamh agus, má bhí, go raibh an deis na

fadhbanna a shárú roimh thús na n-agallamh oifigiúil. Bhíothas in ann ceisteanna agus struchtúr na n-agallamh a athscrúdú agus a athrú idir na príomhagallaimh, chomh maith más gá. Toisc go raibh ceisteanna na n-agallamh uile leathstruchtúrtha nó téamach, bhí an rannpháirtí in ann an comhrá a threorú. Roinn an taighdeoir ceisteanna an agallaimh leis an rannpháirtí roimh an agallamh. Rinneadh é seo ionas go raibh an rannpháirtí in ann topaic ar bith nach raibh siad ar a suaimhneas leo a sheachaint agus chun deis a thabhairt dóibh taighde a dhéanamh roimh ré más rud é go raibh fonn orthu é sin a dhéanamh. Go bhfios don taighdeoir, ní raibh ceist ar bith íogair, ach toisc go raibh an chumhacht ag an rannpháirtí an comhrá a threorú, ní rabhthas in ann a chinntiú nach n-ardófaí na topaicí sin iad féin. Ba as smacht an taighdeora a bhí eachtraí mar seo. Faoi mar a léirítear, bíonn gaol stádais mar chuid lárnach den agallamh i staidéar a phléann le hinscne, agus dá dheasca seo, bhí an cinneadh ag an rannpháirtí suíomh a n-agallamh a roghnú.

Bhí sonraí teagmhála an taighdeora, na stiúrthóirí, Oifigeach Chosaint Sonraí OCBÁC agus an Choiste Eitice in OCBÁC ar Bhileog Eolas an Rannpháirtí. Tugadh rabhadh don rannpháirtí maidir le priacail fhéideartha an taighde ar an mBileog úd, agus ar an bhFoirm, chomh maith le haon tacaíocht a bhí ar fáil dóibh. Tugadh meabhrúchán maidir leis na hacmhainní seo dóibh roimh an agallamh agus ina dhiaidh. Tugadh meabhrú don rannpháirtí maidir lena gcearta toiliú a bhaint i ndiaidh an agallaimh agus go dtí dheireadh an tionscadail. Bhí an taighde seo seachtrach ó obair reatha choiste eagarthóireachta Ainm.ie, agus an t-aon aidhm a bhí ag an taighde seo spriocanna an taighde PhD a chomhlíonadh. Rinne stiúrthóirí an taighde maoirseacht ar gach céim den tionscadal chun coinbhleacht leasa ar bith a sheachaint.

#### **6.4. Céim 2: Anailís Sonraí**

Nuair a chríochnaigh an chéim bailithe, agus nuair a pléadh tras-scríbhinní na n-agallamh leis na rannpháirtithe, cuireadh tús le Céim 2: Anailís Sonraí. An chéad phíosa ná na ceisteanna taighde a thabhairt chun cuimhne agus spriocanna na céime a shoiléiriú: tuiscint a fháil ar an tearcléiriú ar mhná i mbunachar Ainm.ie, eolas a bhailiú faoi bheathaisnéisí féideartha ban, moltaí le haghaidh leanúnachas athshlánú scéalta ban sa bhunachar a chur le chéile. Ansin cuireadh an t-eolas ar fad a bailíodh le linn an ‘Bailiú Sonraí’ le chéile.

##### **6.4.1. Sáithiú Sonraí**

Go hiondúil, tosaíonn an anailís sonraí nuair atá an t-eolas sáithithe. Is é sin ná, nuair is féidir a rá go bhfuil an méid is mó eolais bailithe faoin ábhar ach ní mar a chéile comharthaí de shonraí sáithithe i ngach taighde (Dusch agus Ness 2015, 1408). Maíonn Burmeister agus

Aitken (2012), nach ionann sáithiú sonraí agus méid áirithe foinsí, ach cinntiú go bhfuil doimhneacht ag baint leis an eolas ar fad a bhailítear. Is gá tréaniarracht a dhéanamh teacht ar go leor bunfhoinsí chun cuntas cuimsitheach a thabhairt (Lune agus Berg 2017). Tá bealaí éagsúla ann chun cinntiú go bhfuil sonraí an taighde sáithithe agus is modh coitianta iad agallaimh (Bernard 2012). Sa taighde seo, beartaíodh go raibh na sonraí sáithithe ag pointe ar leith do na ceisteanna taighde ar leith. Le haghaidh CT1 agus CT3, bhain an sáithiú sonraí leis an anailís doiciméad den chuid is mó. Rinneadh cinnte go raibh a mhéid foinsí agus ab fhéidir a bhailiú, bailithe le haghaidh na gceisteanna. Toisc an ‘tost cartlainne’ a phléitear thuas, bhí sé seo níos éasca ná mar a bheadh i dtaighde eile. Bhí méid teoranta foinsí sa chéim anailíse seo, rud a chinntigh go raibh an-luach le baint as na hagallaimh. Bhí an t-eolas le haghaidh CT2 sáithithe nuair a bhí na sonraí a bheadh sa bhosca eolais bailithe. Sna hagallaimh seo, áfach, níor cuireadh stop le haon rannpháirtí ag labhairt faoi fhreagra a bhí cheana féin freagartha san anailís doiciméad – breathnaíodh air mar thacú sa bhreis don eolas réamhbhailithe sin ó na cáipéisí. Bhain sé seo le gach ceist taighde.

#### 6.4.2. Anailís Théamach

Baineadh úsáid as slí anailíse théamach mar atá leagtha síos ag Braun agus Clarke (2006) i gcaitheamh na céime seo. Baineann an tslí anailíse seo úsáid as téamaí agus cóid faoi na téamaí, mar a bheadh teidil agus ceanteidil. Is éard atá i gceist le cóid ná “The process of noting what is interesting, labelling it, and putting it into appropriate files” (Seidman 2006, 125). Go bunúsach, bíonn sé chéim i gceist leis an gcineál anailíse seo:

| <i>Céim</i>                                      | <i>Míniú</i>  |
|--|---|
| 1. <u>Sonraí bailithe a bheith ar eolas agat</u> | Trí chódú de láimh a dhéanamh ar an ábhar ar fad a bailíodh ón anailís doiciméad, agus ó na hagallaimh.               |
| 2. <u>Na chéad chóid a leagan síos</u>           | Cuireadh an t-eolas a baineadh ó chéim 1 faoi chinnteideal.   |
| 3. <u>Tochailt i gcomhair téamaí</u>             | Ba iad na ceisteanna taighde téamaí an taighde seo: tearcléiriú na mban, beathaisnéisí féideartha, todhchaí an togra. |
| 4. <u>Súil siar ar na téamaí a roghnaíodh</u>    | Athbhreithniú ar na téamaí réamhroghnaithe, chun cinntiú go raibh siad fós oiriúnach, ábhartha, agus cuí don taighde. |
| 5. <u>Na téamaí a mhíniú</u>                     | Cuireadh na cóid faoi na téamaí, chun míniú níos leithne a thabhairt orthu.   |
| 6. <u>Na téamaí a scríobh suas</u>               | Le fonn na ceisteanna taighde a fhreagairt, tá na freagraí le feiceáil i gConclúid an Tráchtais.                      |

Tábla 9: Céimeanna na hanailíse téamaigh sa taighde seo.

#### 6.4.2.1. *Triantánú*

Is gné lárnach den anailís í an triantánú sonraí, agus bíonn an cleachtadh seo iontach tábhachtach maidir leis an sáithiú sonraí (Denzin 2009), “the one (data triangulation) ensures the other (data saturation)” (Dusch agus Ness 2015, 1411). Baineann triantánú le húsáid modhanna éagsúla chun dul i ngleic le ceist taighde, mar a bhí á dhéanamh ag an taighde seo (Dusch agus Ness 2015). Bhí triantánú modheolaíoch i gceist leis an taighde seo toisc go raibh na slite bailithe uile ag díriú ar an bhfeiniméan céanna (Polit agus Tatano Beck 2008). Constaic i dtaca leis an triantánú ná easpa foinsí. Is gá tacaíocht a fháil le haghaidh píosaí fianaise ó bhéal go háirithe (Lune agus Berg 2017, 169). Is céim anailíse an-choitianta é seo i réimse an fheimineachais toisc go dtugann sé an deis do thaighdeoirí:

to debunk the biased and distorted results of earlier studies by replicating their original methods (usually quantitative) and comparing these results with findings on the same topic using other methods (usually qualitative) (Cook agus Fonow 1986, 16).

#### 6.4.2.2. *Buntáistí na Slí Anailíse*

Tugann anailís den chineál seo an deis bearnaí a fheiceáil go soiléir agus is féidir filleadh ar an gcéim bhailiúcháin chun na bearnaí seo a líonadh. Deir Miles agus Huberman (1994) gur ghá na téamaí a roghnaítear a dheimhniú go luath sa phróiseas anailíse chun botúin a sheachaint agus leanúnachas a chinntiú sa phróiseas. Is féidir le taighdeoir a bhaineann úsáid as anailís théamach patrúin a aimsiú idir fhoinsí agus brí ar leith a bhaint ó na sonraí go háirithe agus an códú ar siúl (Coffey agus Atkinson 1996). Sna cásanna gur tháinig níos mó eolais chun solais tar éis an bhailithe agus i rith na hanailíse, cuireadh stop leis an anailís agus cinntíodh go raibh an t-eolas nua códaithe agus á úsáid san anailís as sin amach. Mura ndeimhnítear go bhfuil na sonraí sáithithe, tá an bhuairt ann go mbeidh drochthionchar ag a leithéid ar bhailíocht torthaí an taighde (Kerr 2010). Chabhraigh struchtúr na céime anailíse go mór le scríobh suas na dtorthaí toisc go raibh freagraí ar na ceisteanna taighde soiléir ón anailís.

### **6.5. Céim 3: Scríobh suas, Scaipeadh & Stóráil**

Tar éis na céime anailíse den taighde, pléadh leis na sonraí ar fad a bailíodh i gcaitheamh an taighde agus cuireadh plean i gcrích maidir le todhchaí an tionscadail<sup>122</sup>. Cé go bhfuil seans go dtiocfaidh athruithe ar na pleananna amach anseo, leagadh síos iad le linn an taighde le haghaidh na céime deiridh.

---

<sup>122</sup> Dáta deireadh an taighde: 01/10/2025.

### **6.5.1. Scríobh Suas**

Thosaigh an scríobh suas tar éis na céime anailíse. Ba í príomhaidhm na coda seo na ceisteanna taighde a fhreagairt agus na freagraí a leagan amach go soiléir sa tráchtas. B'aidhm CT1 míniú a fháil ar thearcléiriú na mban in Ainm.ie go dtí seo, agus pléitear le freagraí na ceiste sin go príomha i gCaibidil 8, agus mar chuid de Chaibidil 3 chomh maith. Tá scéalta na mban ar thángthas orthu chun freagra a fháil ar CT2 ar fáil i gCaibidil 7 agus in Aguisín A, chomh maith le míniú breise orthu i gCaibidil 8. Léiríodh smaointe agus tuairimí chun ionadaíocht na mban a fheabhsú amach anseo, sprioc CT3, i gCaibidil 3 & 8. Tá freagraí na gceisteanna ina n-iomláine i gConclúid an Tráchtas.

### **6.5.2. Scaipeadh Torthaí**

Mar a léiríodh sna Foirmeacha Agallamh, beidh an tráchtas seo ar fáil i dtaisclann institiúide OCBÁC, DORAS<sup>123</sup>. Beidh cóip chrua den tráchtas ar fáil i leabharlann na hOllscoile chomh maith. Scaipeadh cúlra agus comhthéacs an taighde atá le feiceáil i gCaibidil 1 & 3 i bhfoirm fhoilseacháin agus ag cur i láthair ag comhdhálacha thar thréimhse iomlán an taighde, agus scaipfear torthaí an taighde, mar atá le feiceáil i gCaibidil 7 & 8 i ndiaidh don leagan deiridh a bheith aighnithe. Beidh leaganacha de na príomhbheathaisnéisí i gCaibidil 7 agus na mionbheathaisnéisí in Aguisín A, curtha faoi bhráid painéal eagarthóirí Ainm.ie, tar éis don taighde a bheith go hiomlán críochnaithe, le fonn leagan dóibh a fhoilsiú ar shuíomh an bhunachair amach anseo, má ghlactar leo.

### **6.5.3. Cúrsaí Stórála**

Le linn an taighde, bhí géarghá le cúltacú na sonraí ar líne (tiomántán Google) le nach gcaillfí aon eolas nó sonraí. Bhí cóip bhreise de na sonraí ar fad á coimeád ar thiomántán diosca crua. Cinntíodh leis an gcuid seo gur coinníodh neamhainmníocht nuair ba chúí, agus deimhníodh gur coimeádadh máistirliosta a dhéanann cur síos ar cá bhfuil an leagan eile de na sonraí le fáil ionas gur féidir teacht orthu agus tagairt a dhéanamh dóibh gan mhoill (Creswell 1998, 131). Sa chás gur ghá taighde a scríosadh roimh trí bliana i ndiaidh deireadh an taighde de thairbhe cúrsaí eitice, coimeádtar an t-eolas seo agus áit na gcomhad cúltaca ar an máistirliosta chomh maith, agus scríosfar gach cóip roimh an spriocdháta<sup>124</sup>.

---

<sup>123</sup> <https://doras.dcu.ie/> [Rochtain faighte: 08/04/2025].

<sup>124</sup> Gach cóip atá ag an taighdeoir. Beidh cóip ag na rannpháirtithe dá dtrascríbhinní agus dá dtairfeadtaí chomh maith.

## **6.6. Conclúid: Achoimre ar an Modheolaíocht**

Sa chaibidil seo, pléitear modheolaíocht an taighde seo, na cinntí a rinneadh maidir leis an leagan amach agus na cúiseanna taobh thiar de na cinntí sin. Is tionscadal staire é seo toisc go mbaineann sé le beathaisnéisí daoine atá imithe ar shlí na fírinne agus le heilimintí ar leith dá saolta agus de stair na teanga. Leagtar amach critéir agus sainchritéir maidir le cúiseanna cáile ábhair bheathaisnéisí an taighde anseo. Bhí trí chéim den taighde sa tionscadal PhD seo agus déantar achoimre ar na céimeanna seo sa phíosa seo a leanas.

### **6.6.1. Bailiú Sonraí**

A bhuí le taighde atá déanta cheana féin sa ghort, bhí an anailís doiciméad an-fíúntach ar fad chun teacht ar eolas faoi shaolta ban (CT2). Anuas air sin, bhí an comhthéacs idirnáisiúnta iontach spéisiúil. Beag beann ar na difríochtaí idir comhthéacsanna agus cúlraí na dtionscadal beathaisnéisí, ba ar nós snáth eatarthu gannionadaíocht na mban. Ba iad na deacrachtaí is mó a bhain leis an gcéim bailithe seo, ná easpa fianaise agus easpa anailíse ar an bhfadhb i gcomhthéacs na hÉireann. An “central paradox” mar a thugtar air, ná go mbeidh staraithe i gcónaí ag brath ar fhoinsí nach mbeidh lán / críochnaithe, in ainneoin go mbeidh nó go raibh foinsí ann nach bhfuil rochtain / eolas acu orthu (Howell agus Prevenier 2001, 3). Is é sin an fáth a raibh géarghá leis an gcuid eile den chéim anailíse: na hagallaimh.

Bhíothas in ann i bhfad níos mó eolas a bhailiú maidir le comhthéacs an taighde (CT1) ón obair pháirce seo. Chabhraigh sé go mór le moltaí a fháil ó Chatagóir 1 (na daoine a bhí agus atá ag obair ar an tionscadal) maidir le slite leanúint ar aghaidh le taighde mar seo (CT3). Is tionscadal reatha Ainm.ie agus is minic a mholtar rannpháirtíocht eagraíochta sna cásanna seo, “...the involvement of participants in developing the final narrative does serve to demonstrate that the process has been transparent and it proves a level of trustworthiness for the data” (Bold 2012, 123). Rinneadh iarracht sa chéim seo béim a chur ar shlí bailithe nua-aimseartha, stairsheanchas Chatagóir 2, ina measc. Faoi mar a phléitear thuas, gaol stádais agus athbhreithniú agus athsmaoineamh ar an ngaol croílár an taighde fheiminigh. Fiú sna hamanna ina raibh na bearnaí sna scéalta agus na ceisteanna freagartha, tháinig eolas breise chun cinn maidir leis an gcomhthéacs ó na rannpháirtithe. Toisc an tost cartlainne atá ann le saolta ban, tugann an stairsheanchas an deis athsmaoineamh a dhéanamh ar luach foinsí agus an deis níos mó béim a chur ar an gcomhthéacs sna háiteanna go mbíonn foinsí cailte go buan. Mar a deir Bourke “... narrative has the power to convey ideas, and to offer them in resilient, subtle forms that can resist the sometimes brutal logic of the loudest voice” (1999, 208).

Modh nua-aimseartha nach raibh mar chuid den taighde seo úsáid chartlanna príobháideacha. Ní d'aon ghnó a tharla sé nach raibh úsáid á baint astu – ach níor tháinig aon trácht ar chinn chun cinn. Mar a deir Michelle Staff, “Using personal archives as an alternative to the traditional archives from which women were largely excluded, a focus on the “silenced” individual helped to restore women’s agency and create a core complex historical picture” (2017 luaite ag O’Connell 2020, 19). An deacracht is mó a bhain leis na hagallaimh ná ó thaobh cúrsaí ama de. Ba phróiseas fada agus deacair an tras-scríobh agus bhí go leor botún ag baint leis an ngléas ar Microsoft Word, rud a d’fhág go raibh an chuid is mó den tras-scríobh á dhéanamh de láimh. Cé gur ghlac sé mórán ama, chabhraigh sé seo go mór le céim na hanailíse toisc go raibh cur amach níos fearr ar an eolas a bailíodh dá bharr sin (Reissman 1993).

### **6.6.2. Anailís Sonraí**

Ba i bhfoirm anailíse théamach (Braun agus Clarke 2006) a rinneadh anailís ar na sonraí a bailíodh i gCéim 1. Rinneadh an cinneadh na ceisteanna taighde a leagan amach mar phríomhthéamaí na céime anailíse agus roinneadh na cóid a d’eascair as an gcéim bailithe faoi na téamaí sin (Bold 2012, 131). An chéad chéim den struchtúr ar an tslí anailíse seo an t-eolas a bailíodh a bheith ar eolas ag an taighdeoir. Mar sin, rinneadh códú de láimh ar an ábhar ar fad a bailíodh. Go deimhin, is iomaí buntáiste ó thaobh cúrsaí ama de a bhaineann le bogearraí anailíse ar nós NVivo agus NUD\*IST (Silver agus Lewins 2010), ach toisc nach raibh ach 15 agallamh mar chuid den taighde (Basit 2003, 152) agus toisc go mbeifí ag léamh tríd an eolas ar fad ar aon nós toisc gur thaighde cáilíochtúil é seo, ní raibh aon ghá leo sa taighde áirithe seo (Bold 2012, 130; Seidman 2006, 127). Chiallaigh sé seo gur phróiseas fada ach cuimsitheach ab ea an anailís sonraí (Delamont 1992), ach b’fhiú é seo toisc ábhar an taighde. Sábháladh am toisc nach raibh ar an taighdeoir dul i ngleic le bogearra anailíse.

### **6.6.3. Scríobh Suas & Stóráil**

Ón gcódú téamach a rinneadh mar chuid den chéim anailíse, bhí sé éasca torthaí an taighde a scríobh suas le fonn na trí cheist taighde a fhreagairt. Chinntigh na céimeanna breise a glacadh sa bhailiú agus sa chódú go raibh an t-eolas ar fad leagtha amach go struchtúrtha sular cuireadh tús leis an scríobh suas. Beartaíodh meascán beathaisnéisí iomlána agus mionbheathaisnéisí a chur le chéile leis na hábhair beathaisnéisí ar thángthas orthu le haghaidh CT2. Rinneadh é seo cheal ama ach cinntíodh go raibh plean ann ionas nach ndearmadfar na mná seo sa todhchaí (3.2.2)<sup>125</sup>. An tuiscint atá ann ná gur túsphointe an scagadh atá déanta sa taighde seo, toisc

---

<sup>125</sup> Thángthas ar níos mó ábhar beathaisnéisí fireanna i gcaitheamh na tochailte agus cé nár díriodh ar a n-aimsíú, glacadh nóta díobh.

gurbh fhadhb stairiúil agus idirnáisiúnta é agus toisc go bhfuil an difríocht ionadaíocht idir inscní chomh mór sin. Le tionscadail athshlánaithe nó “recovery history” (Davidoff, McClelland agus Varikas 1999, 417), ní leor tionscadal taighde amháin a dhéanamh, is gá dul i ngleic leis go leanúnach (3.2.2), agus filleadh ar na mionbheathaisnéisí chun príomhbheathaisnéisí a dhéanamh astu, faoi mar atá ar fáil sa chéad chaibidil eile, Caibidil 7.

## 7. Príomhbheathaisnéisí an Tionscadail

Sa chaibidil seo, cuirtear ceithre príomhbheathaisnéis an tionscadail seo ar fáil. Is iad sin beathaisnéisí Mháire ‘Mailligh’ Nic a Liondain (*fl.* 1755), Nóra ‘Naná’ Ní Chinnéide (1859–1936), Maggie Dirrane (1899–1995), agus Ghráinne Yeats (1925–2013). Baineadh úsáid as an modh chritéir beathaisnéisí ‘ionadaíochas’ ó thaobh tréimhsí ama, tíreolaíochta agus réimsí teanga de chun na príomhbheathaisnéisí seo a roghnú (6.2.1).

Cé go raibh forluí idir amlínte na n-ábhar beathaisnéisí seo, is ó thréimhsí ama ar leith iad idir an ochtú haois déag agus an aonú haois is fiche. Is gann na tráchtanna do mhná i stair na teanga roimh an ochtú haois déag, agus níl ach 8 beathaisnéis ban in Ainm.ie ar rugadh roimh 1750 iad, agus b’fhilí iad uile, cosúil le Mailligh Nic a Liondain (3.1.1; 5.1.1). Tagann formhór bheathaisnéisí Ainm.ie as an tréimhse ama ó 1850 go 1950, agus is as sin a thagann an triúr ábhar beathaisnéise eile anseo (3.1.1). Os a choinne sin, is léiriú a scéalta ar thréimhsí cinniúnacha tábhachtacha i stair na teanga go háirithe le linn na mórthréimhse thuasluaite.

Rugadh Nóra Ní Chinnéide in 1859, díreach i ndiaidh an Ghorta Mhóir, i dtréimhse inar mhaolaigh líon cainteoirí na Gaeilge go tapa agus go forleathan, go háirithe i gceantair Ghaeltachta (Briody 2007, 37; Doyle 2015, 125). Rugadh Maggie Dirrane in 1899, i gceartlár Athbheochan na teanga, i ndiaidh bhunú Chonradh na Gaeilge in 1893, mar shampla, agus rugadh Gráinne Yeats i ndiaidh na tréimhse réabhlóidí in 1925. Tréimhse chlaochlaitheach ab ea 1850–1950 agus mar sin, tugann a scéalta dearchtaí éagsúla ar shaol na Gaeilge le linn an ama seo. 2013 is ea dáta báis an ábhair bheathaisnéise is déanaí sa chaibidil seo, Gráinne Yeats. Ba in 2013 a cuireadh tús le beathaisnéisí a scríobh baill de phainéal comheagarthóirí nuabhunaithe Ainm.ie a sholáthar don phobal.

Beartaíodh scéal a roghnú ó gach cúige in Éirinn. Ba as Na Feá in Ard Mhacha do Mhailligh, An Rinn sa Déise do Nóra, Inis Mór na Gaillimhe do Maggie agus ba as deisceart Bhaile Átha Cliath do Ghráinne. Mar sin, is as meascán de cheantair / iarcheantair Ghaeltachta, agus ceantar Galltachta iad. Maidir leis na réimsí teanga, toisc na fianaise / a laghad fianaise atá ar fáil faoi ionchur na mban i stair na teanga roimh 1850, tharla sé gur chineál ‘próiseas cur as an áireamh’ a bhí ann chun cinntí a dhéanamh maidir le réimsí na mban seo i stair na teanga. B’fhilí í Mhailligh Nic a Liondain, mar aon leis an ochtar ban atá ina n-ábhair bheathaisnéisí in Ainm.ie agus ar rugadh roimh 1750 iad. Mhair Nanó Ní Chinnéide i dtréimhse chinniúnach don scéalaíocht sa tír, a bhuí leis an mborradh ar bhailiú scéalta agus an cur chun cinn a rinneadh ar an teanga i ndiaidh an Ghorta Mhóir agus le linn aimsir na hAthbheochana sa naoú haois déag dhéanach agus an luath-fhichiú haois (Briody 2007). Mar a léirítear i gCaibidil 5,

le teacht na scannánaíochta go hÉireann, bhí tionchar lárnach ag *Man of Aran* (1934), an scannán a raibh Maggie Dirrane mar aisteoir ann, ar an íomhá d'Éirinn, de cheantair Ghaeltachta go háirithe, san aois seo caite (5.3.2.2). Chuir Gráinne Yeats tús le hathbheochan de chineál eile lena taighde ceannródaíoch ar Fhéile na gCruitirí Bhéal Feirste sna 1970idí, sampla amháin ón nglúin taighdeoirí ban sa Ghaeilge sa dara leath den fhichiú haois. Leagtar na beathaisnéisí amach in ord croineolaíoch anseo.

Maidir le foinsí na mbeathaisnéisí, is ó áiteanna ar leith a thángthas ar na mná seo agus a scéalta an chéad lá. Ba ó leabhar taighde Mháirín Nic Eoin ar an idé-eolaíocht inscne agus stair na teanga, *B'ait leo bean: Gnéithe den Idé-eolaíocht Inscne i dTraidisiún Líteartha na Gaeilge* (1998) a thángthas ar thagairt do Mhailligh Nic a Liondain. Sa leabhar beathaisnéisí dátheangach *Dictionary of Munster Women Writers* (O'Toole et. al 2005), ar chuir Gearóidín Nic Cárthaigh agus Síle Ní Chochláin an t-ábhar Gaeilge in eagar ann, a thángthas ar scéal Nóra Ní Chinnéide. Ba ó phlé neamhfhoirmeálta ar an mbunachar 'Bailiúchán Béaloidis Árann'<sup>126</sup> a tháinig tagairt do Maggie Tom Dirrane. Ar deireadh, agus mar spléachadh ar na deiseanna scaipthe taighde nua atá ar fáil sa lá atá inniu ann, ba ó shraith a chruthaigh an t-iriseoir Clodagh Finn ar X (Twitter mar a bhí ag an am) faoin haischlib #throughhereyes a tháinig scéal Gráinne Yeats chun cinn<sup>127</sup>. Pléitear na modhanna ar leith a mbaintear úsáid astu le linn an taighde seo chun teacht ar fhoinsí agus fianaise le haghaidh na mbeathaisnéisí níos túisce (6.2.1). Sa phlé seo a leanas, cuirtear scéalta na mban seo ar fáil i bhfoirm bheathaisnéise. Baintear úsáid as treoir bheathaisnéisí Ainm.ie (CIC 2021) chun na beathaisnéisí seo a chur in eagar, agus nuair is cuí, cuirtear gíotaí as na hagallaimh a réachtáladh mar chuid den taighde seo isteach sna beathaisnéisí. Is léiriú ar chastachtaí dhoiciméadú stair na mban nach bhfuil na beathaisnéisí seo ar fáil ar [Ainm.ie](https://www.ainm.ie) go dtí seo. Seo scéalta saolta Mháire, Nóra, Maggie agus Ghráinne.

---

<sup>126</sup> [www.bba.duchas.ie](http://www.bba.duchas.ie) [Rochtain faighte: 19/03/2025].

<sup>127</sup> <https://x.com/FinnClodagh/status/1494037676370055170> [Rochtain faighte: 19/03/2025]. Ar fáil ar bluesky anois, <https://bsky.app/search?q=throughhereyes> [Rochtain faighte: 27/03/2025].

## 7.1. NIC A LIONDAIN, Máire (fl. 1755)

Rinneadh cur síos ar an bhfile agus ar an gcláirseoir seo mar “a young sweet woman of great talent and [who] composed many sweet songs” (ARÉ 23 N 33, 51). Tá a scéal, nó na smidiríní atá fágtha anois, thar a bheith tábhachtach mar léiriú ar an mbean i mbun filíochta san ochtú haois déag. Bhí an bhean seo

|                 |  |
|-----------------|--|
| Ainmneacha eile | Mary, Molly, Molai, Maeligh, Mailigh, Mailligh, Lindon, Linden, Lindin, Lyndon, Mc / Mac Alindon / Alinden, O’Linin, Nic a Liondoin / Aliondain / an Lionnduinn, Nic Giolla Fhiondáin. |
| Ait bhreithe    | Na Feá, Ard Mhacha   |
| Inscne          | Bean   |
| Slí bheatha     | File, Cláirseoir   |

ina cuid den dara glúin d’fhilí Oiriail, mar aon le [Peadar Ó Doirín](#) (c.1700–1769). Is iomaí leagan dá hainm<sup>128</sup>. Mar sin féin, is ainm é atá “seldom mentioned in discourses on the Irish harp and deserves a higher profile as one of the few harpers known to be composers” (Oriel Arts 2025<sup>129</sup>).

Tar éis do [Nioclás Ó Cearnaigh](#) (c.1802–c.1865) agus [Mathew Moore Graham](#) (1805–1882) ‘The Bardic Remains of Louth’ (ARÉ 23 L 25; COBÁC Uí Mhuirgheasa 17) a fhoilsiú, chuireadar fógra amach dá gcéad imleabhar eile:

The Reliques of Courtenay one; those of Mac Coeey and Patrick Lindon one each; the poetical works of Miss Mary Lindon, and of Doctor James Woods, one volume, and the work of the lesser bards at least one, making in all seven volumes of the Bardic Remains of Louth. These works will be published at any time that proper encouragement is given and will contain much pleasant and useful information (COBÁC Uí Mhuirgheasa 17, 447, luaite ag Duffy 1989; Ó Dufaigh agus Ó Doibhlin 1989, 16).

Cé nár foilsíodh an t-imleabhar seo, léiríonn teanga an fhógra stádas Mhailligh i measc bhaird an cheantair. Don chnuasach seo, scríobh Graham agus Ó Cearnaigh chuig ‘Chuideacht Gaedhilge Uladh’ ag lorg amhrán Mhailligh agus cinn de chuid “... Séamus Dall Mac Cuartha, Patruic Mhac aliondain, Peadar O Doirnin, Art Mac Cobhthaith...” (luaite ag Ó Dufaigh agus

<sup>128</sup> Cloítear anseo leis na leaganacha is coitianta: Máire / Mailligh (Ní Úrdail 2018, 8; Ainm 2025) Nic a Liondain (Mag Uidhir 1977, xii; Trimble 2011; ARÉ 23 N 33, 51).

<sup>129</sup> <https://www.orielarts.com/harp/molai-nic-giolla-fhiondain/> [Rochtain faighte: 19/02/2025]. Feic (Bourke et. al 2002, 436–8) agus (Ní Uallacháin 2003, 24–7)

Ó Doibhlin 1989, 17)<sup>130</sup>. Bhí an t-imleabhar áirithe seo le bheith foilsithe in Aibreán na bliana 1834 (Graham 1833). Mar a deir Ó Muirgheasa,

It appears, alas, the proper encouragement never came. How many of these seven volumes Mr. Graham compiled it is now impossible to say. His daughter (Mrs. Carroll, of Blackrock, Co. Louth), believes he had them all or nearly all complete. At any rate, this one is all that is now left of them (1905, 768).

Cailleadh an-chuid de shaothar agus taighde Graham a bhí i seilbh a iníne, Bean Uí Chearúil, faraor, nuair a bhain searbhónta ina hóstán ‘The Blackrock Hotel’ i gContae Lú úsáid astu chun tinte a lasadh ann (Morris 1938, 120)<sup>131</sup>.

### **7.1.1. “a musician and a composer by blood”: Dúchas Mhailligh**

B’iníon í Mailligh le [Pádraig Mac a Liondain](#) (1655–1733), file agus clárseoir a raibh cáil fhorleathan air sa seachtú agus san ochtú haois déag i gceantar Oiriall (Nic Eoin 1998, 267). D’fhás Mailligh aníos sa “well known asylum of the bards, and seminary for such as thirsted for learning or knowledge” (Mag Uidhir 1977, xvi, luaite in Agallamh GÓT, 00:17:48). Ba ar nós pátrúin a hathair d’fhillí eile an cheantair, ‘Reacadóir na mBard’ a thugtaí air (Ó Fiach 1986). Cé nach bhfuil mórán ar eolas faoi thaobh a máthar de, tá a fhios againn gurb iad Eoghan Mac a Liondain agus Siobhán Nic Ardail a seanthuismitheoirí ar thaobh a hathar, agus gurb as teaghlach Shiobhán a tháinig an fhilíocht (Mag Uidhir 1977, xiv). Is as lámhscríbhinn Uí Chearnaigh an cur síos seo:

Siubhan or Judith Mac Ardle was the name of Patrick Mac Alinden’s mother ; she was the great-grand-daughter of Turlough an Fhuinn, who was said to have been carried by Gerald Iarla into the hill of Mulla Elim near Ardee where he, with a great number of his cavalry are enchanted. Turlough was father to Benevy Nic Ardghoil, one of the northern Bensighes. Patrick was therefore a musician and a composer by blood (ARÉ 23 N 33, 45; luaite ag O Murray 1919, 293).

Is léir go raibh ar a laghad deartháir amháin ag Mailligh, Pádraig Óg Mac a Liondain, nach ann a thuilleadh dá chuid cumadóireachta (Trimble 2011, 441; LNÉ LS 389, 255–8)<sup>132</sup>. In *Abhráin Ghrádha Chúige Chonnacht* a d’fhoilsigh Dúbhghlas de hÍde, tá dán a léiríonn go raibh “righ-

<sup>130</sup> Feic chomh maith (Ó Buachalla et. al. 1965, 151).

<sup>131</sup> Tháinig Ó Muirgheasa ar an eolas seo in 1901. Chuaigh Anne Jane Carroll agus a teaghlach ar imirce go Los Angeles in 1913, áit a fuair sí bás in 1927. Ní raibh sliocht ag a mic, Gus ná Gerald.

<sup>132</sup> Seo litir scríofa ag Nioclás Ó Cearnaigh do Sheán Ó Dálaigh ar 26 Iúil 1844.

cláirseoir” ar deirfiúr í le Pádraig Mac Giolla Liondain ina cónaí sa teach leis nuair a thug Peadar Ó Doirnín cuairt, agus a raibh éad uirthi roimh a scil i dtaobh na cláirsí. “He began to compose and sang *ex tempore* and she followed likewise” (1931, 415). Ní luaitear, áfach, an Pádraig nó Pádraig Óg a bhí i gceist anseo (Ní Uallacháin 2003, 347).

Ba as ceantar Oiriail do mhuintir Mhic a Liondain. Is minic a luaitear an ceantar seo leis an traidisiún láidir amhránaíochta i dtuaisceart Lú, deisceart Ard Mhacha agus oirdheisceart Mhuineacháin (Laoide 1914, 147; Trimble 2023, 1). De réir traidisiún an cheantair, bhí cónaí ar an teaghlach ar ‘Lyndon’s hill’<sup>133</sup> i [Lios Liatroma](#) sna Feá Uachtaracha, Ard Mhacha (Ó Fiaich 1986). Bhí cónaí orthu níos déanaí timpeall Fochairde i gContae Lú i mbaile fearainn na Muinchille, agus bhí Pádraig i gceannas ar sheisiúin fhilíochta i gCnoc Chéin Mhic Cáinte (Ó Fiaich 1986). Nuair a fuair a hathair bás in 1733, cuireadh in Reilig Naomh Áine sa Chreagán é. Ina hamhrán, ‘Fáilte Maighistir Ió Pluincent’ (ARÉ 23 N 33, 51; Morris 1915, 389; O Murray 1919, 294), insíonn Mailligh sa véarsa deiridh gur fhás sí aníos timpeall Tulach Chéin / Chéin Mhic Cáinte:

’S a Thulach sin Mhic Cáinte ar a dtarla mé tráth bhí mé óg,  
Ní scarfainn fhéin go brath leis an áird-mheagh gion a mhaireann beo,  
Acht a fhéachaint ar na barcaibh sa naibheis ag teacht faoi sheol,  
Is éanlaith binn Phárrthais gach áird díom ag canadh ceoil.

### 7.1.2. **Mailligh agus a “many sweet songs”**

Lean Mailligh agus file mór eile na haimsire céanna, Peadar Ó Doirnín, lorg a hathar Pádraig agus a dhlúthchara Séamus Dall Mac Cuarta i dtaca lena gcuid amhrán. Bíonn tagairtí don chláirseach agus de cheol na cláirsí ina théama coitianta ina gcuid filíochta, le macalla *amour courtois* iontu (Ní Uallacháin 2003, 218).

#### 7.1.2.1. *Coillte Glasa an Triúcha*

An t-amhrán is mó cáile a luaitear le Mailligh Nic a Liondain ná *Coillte Glasa an Triúcha*. Is ceantar ‘Triúcha’ (*Truagh*) chomh maith le logainm i Muineacháin agus i gcontae Lú (Ó Muirgheasa 1915, 286). Más rud é go raibh coillte ann tráth i dTriúcha sna Feá, níl siad ann a thuilleadh (Ní Uallacháin 2003, 227), mar a mhínítear, “tá... cuid mhór logainmneacha atá imithe i léig, más maith leat, nach bhfuil ar an taifead... ceantar an Fheadha ciallaíonn sé mórchoill ... mórchoill a tháinig ó, más maith leat, Dhún Dealgan sa lá atá inniu ann chomh fada le Céide...” (Agallamh GÓT, 00:06:31). Áitítear in *The United Irishman*, gurb é Carraig

---

<sup>133</sup> Níl an mionlogainm seo ar fáil ar [Logainm.ie](#).

Mhachaire Rois croílár an Triúcha seo, agus gur thug na coillte seo foscadh “for years [to] the gallant followers of Renny O’Hanlon and his lieutenants” (1900, 1).

I lámhscríbhinn Airt Mhóir Uí Mhurchaidh (ARÉ 23 B 19, 89), tosaíonn an t-amhrán grá seo leis an líne “Mo lámh dhut, a chailín, da triallfeadh liom chum bealaich” agus deir an nóta ar an imeall “by Molly Lindon under the name of her brother Patrick the younger, and addressed to a young woman named Mc Bride of Thornfield, to whom he paid his addresses” (luaite ag Nic Eoin 1998, 268; Ní Uallacháin 2003, 225). Luaigh Nioclás Ó Cearnaigh chomh maith gur chum Mailligh an t-amhrán seo (ARÉ 23 E 12, 355), ach luann sé san áit chéanna gurb é “Neal McCann of Triuch” (*fl.*1700) “... most probably ... the author of this fine old song...”<sup>134</sup>. B’amhrán réamhshocraithe é d’fhéile na cruite i nGránard ag deireadh an ochtú haois déag. Bhuaigh cláirseoir ó Thír Eoghain, Arthur O Neill, an dara háit leis an amhrán in 1781 agus 1782 (O Sullivan 1958, 163), agus i bhFéile Cruitirí Bhéal Feirste in 1792 (Bunting 1840, 63).

D’fhoilsigh [Edward Bunting](#) (1773–1843) leagan a sheinn Patrick Ward ó Dhroichead Átha in 1809 in *A Collection of the Ancient Music of Ireland* (1840, 61 & 3). Déanann Ní Urdail (2018, 8) agus Ó Muirgheasa (1915, 287–9) cur síos ar na leaganacha ar leith den amhrán, ina measc, cinn dar tús ‘Seo mo lámh dhuit, a chailín, dá dtriallfadh liom chun bealaigh’, (ARÉ 23 E 12, 355), ‘Mo mhíle slán duitse síos a Thriúcha’ (O’Reilly 1820, cciv)<sup>135</sup>, ‘Dar mo láimh duit, a chailín, má ghluaisfir ’un bealaigh’ (Ó Muirgheasa 1915, 133–5), ‘A ógbhruinneall dheas na n-órfholt breá tais’ (Laoide 1895, 43–4; Ó Muirgheasa 1915, 136–7), agus ‘A chúl álainn tais na bhfáinní cas’ (Ó Tuama agus Kinsella 1981, 280–3).

Is amhrán eisceachtúil é *Coillte*, toisc gurb é an chéad amhrán ó thraidisiún béil an cheantair a bailíodh agus foilsíodh i bhfoirm téacs agus poirt (Laoide 1895, 43–4). Is léir, mar sin, go raibh sé “... go smior beo istigh insan traidisiún béil agus ní mhaireann gach uile amhrán in san traidisiún béil. So ba léir go raibh dáimh ag na daoine a thóg ó ghlúin go glúin é” (Agallamh GÓT, 00:06:31).

#### 7.1.2.2. *Dealradh an Lae & Amhráin d’Ióseph Phuincéad*

Amhrán thar a bheith cáiliúil eile a luaitear le Mailligh ná *Dealradh an Lae* (ARÉ 23 N 33, 51). Ba é Nioclás Ó Cearnaigh arís, a luaigh é seo, cé gurb é tuairim Uí Dhoibhlin gur Ó Cearnaigh é féin a scríobh (1989, 133), agus luaigh James Clarence Mangan gur le Peadar Ó Doirnín an t-amhrán (1897, 188), agus tá an argóint ann go bhfuil “cumadóireacht níos nua-

---

<sup>134</sup> Tá comhartha ceiste faoi chuid mhaith d’áiteamh Uí Chearnaigh (Agallamh GÓT). Luaitear go raibh sé “tugtha don áibhéil” (Ó Dufaigh & Ó Doibhlin 7).

<sup>135</sup> Luaite le Niall Mac Cana sa leagan seo (O’Reilly 1820, cciii).

aimseartha” ar an amhrán ná mar a bheadh má scríobhadh in aimsir Mhailligh é (Agallamh GÓT, 00:56:48). Scríobh Mailligh amhrán ar theacht an Uasail Ióseph Pluincéad ó Shliabh (1699–1771) go Maigh nEalta i gContae na Mí in aice leis an teorainn contaetha le Contae Lú, dar teideal “Fáilte Mhaighistir Ióseph Pluincéad / Fáilte Mháighistir Jó Pluinceat” agus a thosaíonn le “Is aoibhinn Tulach áluinn Mhic Cainte” (ARÉ 23 N 33, 51; Ó Tuathail 1951, 9; O Murray 1919, 294). Cé nach bhfuil fianaise ann go raibh Mailligh í féin ina cónaí san áit in 1755 nuair a tháinig sé, bhí clú ar an Mhaighistir seo toisc a fhlaithiúlachta i dtaobh lucht cumtha na n-amhrán ag an am (Ní Uallacháin 2003, 346; Ní Úrdail 2018, 8). Chum Mailligh caoineadh don fhear céanna in 1771 dar tús “A Sheanchríoch Fáil nach náir an sgéal duit” (ARÉ 24 N 31, 202, luaite Nic Eoin 1998, 268; Ní Uallacháin 2003, 346–7; Ní Úrdail 2018, 8). Luaitear go bhfuil neart amhrán eile a chum sí le fáil i lámhscríbhinní ach toisc nár luadh ainmneacha leo, ní fios cé acu (Ó Fiaich 1986).

### **7.1.3. Agallaimh Bheirte**

Bhí cáil eile ar Mhailligh de bharr a cuid agallamh beirte le Peadar Ó Doirín, dar tús “Ba chiún an trá, bhí tulca a mbla” (ARÉ 23 N 33, 50–1 & 53, luaite ag Nic Eoin 1998, 268 agus Ní Úrdail 2018, 8). In *Traidisiún Liteartha na nGael* deirtear go bhfuil cáil ar leith ar an tsraith agallamh seo (Williams agus Ní Mhuiríosa 1979, 292). Tá leagan den agallamh seo le fáil i mBéarla agus Gaeilge in *Abhráin Ghrádh Chúige Chonnacht* (1931, 88–91) le Dubhghlas de hÍde faoin ainm “Luínín” in ionad Lindon agus Peadar athraithe go “Tadhg”, ach ní fios cén fáth a cuireadh saothar Ulaidh i gcnuasach Chonnacht.

### **7.1.4. Deireadh a Saoil**

Is deacair a rá go díreach cá ndeachaigh muintir Mhic a Liondain i ndiaidh bhás a n-athar. Deirtear gur chaill a n-athair, Pádraig, a bhfeirm agus gurbh éigean dóibh bogadh dá bharr sin (Ó Fiaich 1986). Ar a bhealach go dtí báil i mBéal Feirste in Iúil na bliana 1792, chas Arthur O Neill ar “Patrick Linden” sna Feá,

... [he] asked me where I was going. I informed him, and he told me he would like to accompany me if he was better dressed. At this time, I had plenty of old clothes and I knew him to be an excellent scholar, who could read and write very well ; and [I] wished to have him with me to Belfast, imagining that he would be a great acquisition to this celebrated harper’s meeting at Belfast... he was so proud when he got them that he rambled through the neighbourhood of Ballynagleragh in the County of Armagh in so volatile a manner that when I expected him... he did not appear (O’Sullivan 1958, 174).

Bhailigh Edward Bunting foinn dar teideal ‘Nanniudh Hamultún / Miss Hamilton’ agus ‘Síola ní Ceallindh / Saely Kelly’ ó Patrick Linden in 1802 sa Bhaile Úr in Ard Mhacha (1840, 79 & 27)<sup>136</sup>. Bhí Patrick Lyndon ina mháistir scoile sa Chreagán thart ar an am céanna. An t-aon duine a raibh an sloinne céanna acu a raibh talamh acu sa Chreagán sa ghlúin dár gcionn ná Patrick Lyndon agus John Lyndon ó Charn Ailí<sup>137</sup>. In áiteanna eile áfach, maítear gur bhogadar chomh fada le Baile Átha Cliath, ach gur thugadar cuairt go minic ar cheantar Oiriall (Ó Fiaich 1986). Léiríonn taifeadtaí pharóiste an Chillín, Contae Lú, an áit inar fhásadar aníos, go raibh muintir Mhic a Liondain i mBaile Nua Dealgan agus i gCnoc Each (O Murray 1919, 295). Dar le hÓ Cearnaigh, bhogadar chuig Carraig Léith, Contae Lú, áit ina raibh teaghlach mhná chéile Pádraig Óg ina gcónaí (dar sloinne Mac Bride), agus ba as an áit chéanna do theaghlach mháthair Mailligh agus Pádraig Óg. Áitíonn Ó Cearnaigh gur fhanadar ansin, “Miss Mary lived in the same neighbourhood to a good old age” (ARÉ 23 N 33, 51 luaite ag Ní Urdail 2018, 9).

### 7.1.5. Foinsí na Beathaisnéise

#### A saothar:

##### ARÉ:

- 23 B. 19: 89.
- 23 E. 12: 355.
- 23 L. 25.
- 23 N. 33: 50–1, 53.
- 24 N. 31: 202.

##### LNÉ:

- 389: 255–8.

##### COBÁC:

- Uí Mhuirgheasa 17: 447.

#### Foinsí tagartha:

- Agallamh 2a an taighde seo. Zoom, 05/11/2024. Agalláí: Gearóid Ó Triombaill. Agallóir: Orlaith Hickey.
- Duffy, Sean. 1989. “The Loughross Gaelic Scholar Dr. James Woods.” *Journal of the Creggan Historical Society* 3.
- Graham, Matthew Moore. 1833. *The Giantess from the Irish of Oisín; and the Wars of Donomore with other poems and translations*. Simms and McIntyre.
- Harris, Mary N. 1995. “Beleaguered but Determined: Irish Women Writers in Irish.” *Feminist Review*, 51: 26–40.
- Hughes, A.J. 2001. “Gaelic Poets and Scribes of the South Armagh Hinterland in the Eighteenth and Nineteenth Centuries.” In *Armagh History & Society*, curtha in eagar ag A.J. Hughes agus William Nolan: 505–58. Geography Publications.
- Hyde, Douglas. 1931. *Abhráin Ghrádha Chúige Chonnacht / Ar n-a Gcuinniughadh Agus Ar n-a Bhfoillsiughadh de’n Chéad Uair Le Dubhglas De h-Íde (an Craoibhín Aoibhinn) ; Ar n-a Gcur Amach Anois Arís Agus Tuilleadh Abhrán Leó*. Oifig Diolta Foilseacháin Rialtais.
- Laoide, Seosamh. 1914. *Duanaire na Midhe*. Chonnradh na Gaeilge.
- . [Fear Folamh Fuirceála]. 1895. “Abhrán Oirghiallach mar aon le n-a chuid nótaidhe.” *Irisleabhar na Gaeidhilge* 6. Meitheamh: 43–4.
- Mag Uidhir, Seosamh. 1977. *Pádraig Mac a Liondain. Dánta*. An Clóchomhar Tta.

<sup>136</sup> Mar a deir Mag Uidhir, áfach, “Ní dócha gurbh é mac Mhic a Liondain é nó bheadh sé cnagaosta ar fad dá maireadh sé go 1802 an t-am ar casadh Bunting air” (1977, xvi). É sin ráite, ní sloinne coitianta ab ea seo “insa mhórcheantar i dtrátha an ama sin” (Agallamh GÓT, 00:56:48)

<sup>137</sup> <https://www.irishgenealogyhub.com/armagh/tithe-applotments/creggan-parish.php> [Rochtain faighte: 14/03/2025].

- Morris, Henry. 1938. "Matthew Moore Graham." *Journal of the County Louth Archaeological Society* 9 (2): 115–23.
- . 1915. "Fáilte Maighistir Ió Pluinceat." *Journal of the County Louth Archaeological Society*, 3 (4): 388–393.
- Ó Buachalla, Breandán. 1976. *Nua-Dhuanair: Cuid II*. Institiúid Ardléinn Baile Átha Cliath.
- Ó Buachalla, Breandán, Patrick Lamb, Arthur Bennett, agus N. Kearney 1965. "Peadar Ó Doirnín Agus Lucht Scríte a Bheatha." *Studia Hibernica* 5: 123–54.
- Ó Dufaigh, Seán, agus Diarmaid Ó Doibhlin. 1989. *Nioclás Ó Cearnaigh : Beatha agus Saothar*. An Clóchomhar a d'fhoilsigh do Éigse Oiriaila.
- Ó Fiaich, Tomás. 1986. "Poets and Scholars of Creggan Parish." In *Journal of The Creggan Local History Society* 1.
- Ó Muirgheasa, Énrí. 1915. *Chéad de Cheoltaibh Uladh*. M. H. Mac Giolla agus a Mhac.
- . 1905. "Catalogue and contents of Irish Mss. in my possessions." *Irisleabhar na Gaedhilge* 14. Aibreán: 765–8.
- Ó Tuama, Seán agus Thomas Kinsella. 1981. *An duanaire 1600–1900: poems of the dispossessed*. Dolmen Press.
- Ó Tuathail, Éamonn. 1951. *An tUltach*. Samhain: 9.
- . 1952a. *An tUltach*. Eanáir: 10.
- . 1952b. *An tUltach*. Feabhra: 11.
- . 1932. 'The Contents of the Gallegan MS. in the Library of the University of Edinburgh. (Continued)'. *Journal of the County Louth Archaeological Society*, 7(4): 532–545.
- O Murray, Lorcan. 1919. "Poets of Kilkenny and Neighbourhood. (Continuation)." *Journal of the County Louth Archaeological Society* 4 (4): 292–97.
- O'Reilly, Edward. 1820. "A chronological account of nearly four hundred Irish writers with a descriptive catalogue of their works." *Transactions of the Ibero-Celtic Society* 1: ccxxii–cciv.
- O'Sullivan, Donal Joseph. 1958. *Carolan ; the Life, Times, and Music of an Irish Harper*. Volume 2. Routledge and Paul.
- Ní Dhonnchadha, Máirín. 2002. "Courts and Coteries I." In *The Field Day Anthology of Irish Writing, Volume IV: Irish Women's Writings and Traditions*, curtha in eagar ag Angela Bourke, Siobhán Kilfeather, Maria Luddy, Margaret MacCurtain, Gerardine Meaney, Máirín Ní Dhonnchadha, Mary O'Dowd, agus Clair Wills: 301–2. Cork: Cork University Press.
- Ní Uallacháin, Pádraigín. 2003. *A Hidden Ulster*. Four Courts Press
- Ní Úrdail, Meidhbhín, "Pádraig Mac a Liondain: bard a bhí i stát ins an chrích seo." In *Súgán an dúchais: aistí ar ghnéithe thraidisiúin liteartha Chúige Uladh i gcuimhne ar Dhiarmaid Ó Doibhlin: Nioclás Mac Cathmhaoil, Máire Nic Cathmhaoil, Conal Mac Seáin: 239–60*. Guildhall Press.
- Trimble, Gearóid. 2023. "'Fearann Oirghiall Ghlúnmhár Ghrínn': Rediscovering the Oriel Gaelic Song Tradition." In *The Oxford Handbook of Irish Song from the Earliest Beginnings to 1850*, curtha in eagar ag Conor Caldwell, Moyra Haslett, agus Lillis Ó Laoire. Oxford University Press<sup>138</sup>.
- . 2011. "Poets, Minor Poets and Poetasters in Oiriaila — A Chronological Account of the Gaelic Poetic Tradition of South-East Ulster." *Journal of the County Louth Archaeological and Historical Society* 27 (3): 436–47.
- Walker, J. C. 1786. *Historical Memoirs of the Irish Bards*. L. White.
- Williams, J. E. Caerwyn agus Máirín Ní Mhuiriosa. 1979. *Traidisiún Liteartha na nGael*. Clóchomhar.
- Gan údar. 1900. "All Ireland." *The United Irishman* 4 (88): 1.

<sup>138</sup> Leagan leictreonach ag

<https://academic.oup.com/edited-volume/38849/chapter-abstract/410881274?redirectedFrom=fulltext> [Roctain faighte: 19/03/2025].

## 7.2. NÍ CHINNÉIDE, Nóra (1859–1936)

|                 |  |
|-----------------|--|
| Ainmneacha eile | Nanó, Neaineo                                      |
| Dáta breithe    | 1859   |
| Dáta báis       | 1 Eanáir 1936                                      |
| Áit bhreithe    | An Carn, Ráth na mBíreeach, An Rinn, Port Láirge.  |
| Áit bháis       | Ospidéal Naomh Phádraig, Dún Garbhán.              |
| Áit adhlactha   | Reilig Shéipéal San Nioclás, An Rinn, Port Láirge. |
| Inscne          | Bean   |
| Slí bheatha     | Scéalaí, Seanchaí                                  |

Rugadh an scéalaí Nóra ‘Nanó / Neaineo’ Ní Chinnéide, an “scáth taobh thiar de scéal na Rinne” (Agallamh SÓC 00:14:50) sa bhliain 1859 ar an gCarn i Ráth na mBíreeach sa Rinn i bPort Láirge (O’Toole et. al. 2005; Ó Cadhla 2011, 218). Ba iad Séamus Ó Cinnéide agus a bhean Nóra *née* Ní Laoi a tuismitheoirí agus cónaí orthu ar [Bhóithrín Uí Chinnéide](#).

Bhí ceathrar iníonacha ag tuismitheoirí Nanó: Máire (1849), Brighid (1854), Máighréad (1857), agus Nóra (1859) (Mac Craith agus Ó Gríobhthain 2002, 79). Baisteadh ar [5 Aibreán 1859](#) í, agus ba iad Richard agus Hanora Hennessy ó Ré na gCloichín a tuismitheoirí baiste.

Deirtear gurb ó athair Nanó a tháinig an scéalaíocht (Agallamh SÓC), ceird a bhí ag a mac chomh maith. Níor phós sí riamh ach bhí aon pháiste amháin ag Nanó, Pádraig Ó Dobhair ab ainm dó agus rugadh ar [16 Meitheamh 1882](#) é. Luadh gur ghúnadóir í ar theastas breithe a mic<sup>139</sup>. Bhí Pádraig ag obair ar fheirm na hAntoinigh in 1910 nuair a d’éirigh sé tinn. Fuair sé bás ar [25 Iúil 1910](#) agus é 28 mbliana d’aois. Ba é Pádraig Ó Dobhair a chabhraigh leis an Ardeaspag Ó Síothcháin agus *Árthach an Óir (1911)* á chur le chéile aige (Mac Craith agus Ó Gríobhthain 2002, 79).



Figiúr 17: Nóra Ní Chinnéide (Leabharlann Phort Láirge 1935).

<sup>139</sup>[https://civilrecords.irishgenealogy.ie/churchrecords/images/birth\\_returns/births\\_1882/02779/2020210.pdf](https://civilrecords.irishgenealogy.ie/churchrecords/images/birth_returns/births_1882/02779/2020210.pdf) [faighte: 06/07/2025].

Bhí cónaí ar Nanó i dtigín darbh ainm ‘An Ballán’, teach a bhí saor ó chíos ó 1908 (Ó Cadhla 2011, 220). Bhain Nioclás Tóibín inspioráid as an gceantar seo i gcomhair “An Rabaire Bán” in 1928 (luaite ag McLeod 1937, 8). Déantar cur síos i seanrá na háite ar a tionchar ar an áit: “Gach aoinne sa Charn agus a chúram féin air ach níl aoinne sa Charn ach Nóra Ní Chinnéide” (Ó Cadhla 2007, 175). Tá cur síos suntasach ar a baile fearainn, Ráth na mBíreanach, ag Nioclás Mac Craith agus Nioclás Ó Gríobhthain sa *Linn Bhuí* (2002, 78). Sa bhliain 1901, bhí sí ar cuairt lena mac don [daonáireamh](#), i dteach muintir White sa tSeanchill, áit ina raibh seisear ag obair ar an bhfeirm. Tá sé tugtha sa daonáireamh go raibh sí 34 ag an bpointe seo. Don [daonáireamh](#) ansin in 1911, bhí Nanó ag tabhairt cuairt ar a deirfiúr Bríd, Bean Uí Fhloinn agus a teaghlach i mBarr na Scairte, i gCill Ghobnait. Tá sé luaite sa taifead seo gur oibrí tí í agus go raibh sí 54 bliana d’aois<sup>140</sup>.

### 7.2.1. **Béaloideas agus Bailitheoirí**

Den chuid is mó, is paidreacha, scéalta cráifeacha, seanchas ar spioraid, ar shagairt, ar luibheanna agus ar an saol eile atá foilsithe de scéalaíocht na mná seo (Ó Cadhla 2011, 232). I measc na seánraí scéalaíochta a bhíodh ar eolas ag Nanó bhí sáreolas aici ar an luibhsheanchas, mar atá le feiceáil sna heagráin de *Sean-chaint na nDéise* a chuir an tArdeaspag i gcló (1904 & 44). Bhí liosta d’ainmneacha plandaí aige leis an nóta “given to me by Nóra Ní Chinnéide” (Ó Cadhla 2011, 221). Tá an t-ábhar atá ann uaithi sa lá atá inniu ann againn a bhuí leis an Ardeaspag Ó Síothcháin in *Sean-chaint na nDéise* agus in *Cnó Coilleadh Craobhaighde* (1907). Bhailigh Mícheál Ó hAodha seanchas uaithi atá ar fáil in ‘Seanchas ós na Déisibh’ in *Béaloideas* 14 (1944, 77–8). San iris chéanna, tá scéalta againn a bhailigh Eibhlin de Priondargás (1928; 1929) agus a paidreacha a bhailigh Áine Ní Chróinín (1932). Níl ansin, áfach, ach na daoine a luaigh gur le Nanó na scéalta. Ceaptar go raibh sí ar dhuine de na seanchaithe a chabhraigh le Mícheál Ó Maoldomhnaigh, mar shampla, agus é ag bailiú luibhsheanchas dá leabhar *Luibhsheanchas* (1919), go háirithe na tráchtanna ar an Lus Mór<sup>141</sup> ach níl aon tagairt di (Ó Cadhla 2011, 221; 2012; Agallamh SÓC).

### 7.2.2. **“her kitchen was an academy”**

Ag tús an chéad seo caite, agus borradh ag teacht ar fhoghlaim na teanga i rith ghluaiseacht na hAthbheochana, bhí éileamh mór ar fhoghlaim na teanga i gColáiste na Rinne agus sa cheantar

---

<sup>140</sup> Féach (8.1.2.2) le haghaidh plé ar aois agus daonáirimh na hÉireann 1901 & 1911.

<sup>141</sup> “The character of this work necessarily means obligation to many sources. Grateful acknowledgement is expressed to all, and especially to Liam Ó’Meehan for his valuable aid in elucidating the Irish nomenclature” (Moloney 1919, 4). Tá cur síos Moloney ar an Lus Mór ar fáil ar lgh 34–5 den leabhar seo (1919). Ceaptar gurb fhaisnéiseoirí iad Nóra agus a mac Pádraig don leabhar *Ladhar den Lus Mór* leis an Ardeaspag Ó Síothcháin (1919) chomh maith (Agallamh SÓC).

máguaird ag idir “óg agus aosta, saibhir agus daibhir, cléir agus tuath” (Ó Domhnaill 1987, 17), agus is dá dheasca seo go dtabharfadh lucht an Choláiste na foghlaimeoirí amach chuig Ballán Nanó chun a scéalta agus seanchas a chlos (Mac Craith agus Ó Griobhthain 2002, 86). Ní hamháin go raibh idir foghlaimeoirí agus saineolaithe ag éisteacht lena cuid seanchais, paidreacha, scéalta agus luibhsheanchas, ach is minic a phléití pointí gramadaí léi chomh maith, “her kitchen was an academy” (Mc Leod 1937, 7–8). Bhí sé mar mhodh bailithe ag an Ardeaspag dul ó “thigh go tigh” ag breacadh síos nithe ina leabhair nótaí (Ó Domhnaill 1987, 17). Tá samplaí dá scéalta le feiceáil in *Cnó Coilleadh Craobhaighe* (1907): “An tSean-Chailleach sa Chófra”, “Roibeárd na Luatha”, “Scéal an Chuitín agus an Luichín” agus “Craobh Ní Dhuibhne agus Gráinne Mhaol” (Ó Síocháin 1907; luaite ag Ó Cadhla 2011, 220–1). Tá seanchas Nanó le feiceáil in aguisín *Sean-Chaint na nDéise* (1906; 1944) (mar aon le nóta buíochais di sa réamhtra) agus ag deireadh an leabhair *Cnuasacht Trágha* (1900) ina ndeir sé, faoin teideal ‘Sources’, “The remainder of the book comes from Nóra Ní Chinnéide of Sean-Chill” (1900, 89). Tá nóta buíochais eile le feiceáil in *Gile na mBláth* (1912, viii).

### **7.2.3. “Grásta na Foighne Chugainn”**

Siombail is ea Nanó de stair scéalaíocht na mban sa Rinn (Agallamh SÓC). Is mar seo a dhéanann Ó Cadhla cur síos ar chumas scéalaíocht na mná agus é ag déanamh tagairt do leagan Nanó den scéal idirnáisiúnta AT 706, ‘Scéal Grásta na Foighne’<sup>142</sup> (2011, 247):

Éiríonn le Ní Chinnéide an t-achar idir an taithí agus an insint, idir an fhaoistin agus an pobal, idir an fear agus an bhean a thabhairt isteach. Éiríonn léi an rud doráite a rá, an tost a ghléasadh le greas seanchais, le gréasa urlabhra, le healaín an dúchais.

Bhíodh sí ábalta scéalta ar nós ‘Scéal Grásta na Foighne’ a láimhseáil sa tslí ina raibh sí in ann a lorg féin a chur air gan an fhoirmle a bhriseadh (Agallamh SÓC). Léiriú ar a cáil is ea na scéalta seanchais fúithi a bhíodh i mbéal an phobail (Agallamh SÓC). Ba bhean chliste mhuinéach ina scileanna féin í, agus bhí idir eagla agus ardmheas ag pobal na Rinne roimpi (Agallamh SÓC), “mar tá an focal an-chumhachtach agus an té a smachtaíonn caint, bíonn an-chumhacht acu de ghnáth” (Agallamh SÓC, 00:25:25). B’ise a thagadh chun cuimhne nuair a smaoinfeá ar scéalaíocht na mban sa Rinn, “Níl fhios againn cá raibh na scéalaithe eile, is dócha dá gcuirfeadh an tArdeaspag ceist ar Nóra Ní Chinnéide bheadh a fhios againn cá raibh na scéalaithe ban” (Agallamh SÓC, 00:14:50). Is mór an trua é go bhfuair Nanó bás díreach

---

<sup>142</sup> Scéal ar fáil in (Ó Cadhla 2011, 237–47) agus (Breathnach 1961, 428–33).

sular thosaigh Coimisiún Béaloideas na hÉireann ag bailiú scéalta ina ceantar (Ó Cadhla 2011, 222; Agallamh SÓC).

#### 7.2.4. **Bás & a “rian pearsanta banúil”**

Fuair Nanó bás ar Lá Caille 1936 i dteach chúraim an chontae agus í 76 bliana d’aois (de réir a [teastais bháis](#)). Ní fios cár cuireadh í, ach tógadh leacht i gcuimhne ar Nóra agus ar Phádraig i Reilig San Nioclás sa Rinn a deir,

In othlainn Dé go raibh Nóra Ní Chinnéide, 1859–1936, agus a mac Pádraig Ó Dobhair, 1882–1910, Eagnaíte eolais agus foinnsí feasa ag údair leabhar agus ag foghlaimoirí Gaedhealuinne i Rinn ó gCuanach. Do thóg coiste Choláiste na Rinne an leacht so do bhuanú a gcuimhne.

Rinneadh “an bhanríon” seo a thórramh tar éis di bás a fháil a bhuí le hairgead agus tacaíocht an phobail (Mac Craith agus Ó Gríobháin 2002, 86; Ó Cadhla 2011, 221). Tá a “rian pearsanta banúil” (Ó Cadhla 2011, 219) fágtha aici ar a háit dhúchais, rud atá le feiceáil i logainmníocht na háite, ar nós [Gáirdín Neaineo](#)<sup>143</sup> agus [Ballán Neaineo](#).



Figiúr 18 & 19: Gairdín Neaineo & Ballán Neaineo (glactha ag Orlaith Hickey ar 15/07/2024).

Ach is lorg níos buaine fós atá fágtha aici ar thraidisiún scéalaíochta na nDéise, agus traidisiúin scéalaíochta na mban fiú nuair nach bhfuil ach píosaí fágtha againn dá scéalta inniu: “As na míreanna beaga scaipthe seo éiríonn sí amach slán ina healaíontóir scéil ina ceart féin lena guth agus lena meabhair chinn féin” (Ó Cadhla 2011, 219).

<sup>143</sup> Díol spéise an logainm seo as Béarla, ‘The Radilumado’, nach bhfuil cur síos faighte go fóill air, “B’fhéidir go bhfuil cúpla focal i dteannta a chéile ann nach dtuigimid. Nó b’fhéidir gur saghas ... focal greannmhar is ea é just Radilumado. B’fhéidir gurb í féin a dhein. B’fhéidir go ndúirt sí féin ‘oh tá cónaí orm sa Radilumado’, ní chuirfeadh sé iontas orm” (Agallamh SÓC, 00:46:05).

### 7.2.5. Foinsí na Beathaisnéise

#### A saothar:

- Breatnach, Risteard B. 1961. *Seana-Chaint na nDéise II*. Dublin Institute for Advanced Studies.
- de Piondargás, Eibhlín. 1928. “Triúr Mac Feirmeóra a Ćuaid Ag Fogluim Béarla.” *Béaloideas*, 1 (3): 298–300.
- . 1929. “Na Trí Ceisteanna.” *Béaloideas*, 2 (2): 196–98.
- Ní Chinnéide, Nóra. 1997. “An Seanchailleach sa Chófra.” *An Linn Bhui: Iris Ghaeltacht na nDéise* 1: 43–7.
- Ní Chróinín, Áine. 1932. “Orthaí Agus Paidreacha Ón Rinn.” *Béaloideas* 3 (4): 427–31.
- Ó Cadhla, Stiofán. 2011. *An tSlat Feithleoige: Ealaíona an Dúchais 1800–2000*. Cló Iar-Chonnacht.
- . 2007. “‘Grásta na Foighne Chugainn’: Nóra Ní Chinnéide (1859–1936), Scéalaí.” *An Linn Bhui: Iris Ghaeltacht na nDéise* 11: 174–195
- Sheehan, Rev. Michael. 1900. *Cnuasacht Trágha: From the Foreshore with notes and vocabulary*. M. H. Gill.
- . 1906. *Sean-Chaint na nDéise: the idiom of living Irish*. 1st Ed. M.H. Gill & Son, Ltd.
- . 1907. *Cnó Coilleadh Craobhaighe: The Irish of the People*. M.H. Gill & Son, Ltd.
- . 1912. *Gile na mBláth: with notes and vocabulary*. M. H. Gill & Son.
- . 1944. *Sean-Chaint na nDéise: the idiom of living Irish*. 2nd Ed. M.H. Gill & Son, Ltd.

#### Foinsí tagartha:

- Agallamh 2b an taighde seo. Coláiste na hOllscoile Corcaigh, 27/09/2024. Agalláí: Stiofán Ó Cadhla. Agallóir: Orlaith Hickey.
- Mac Craith, Nioclás agus Nioclás Ó Gríobhtháin. 2002. “Cnocán an Pharaigh Uachhtarach agus Ráth na mBírinneach.” *An Linn Bhui: Iris Ghaeltacht na nDéise* 6: 58–98.
- McLeod, Caitríona. 1937. “A Great Gaelic Centre.” *Irish Press*. 11 Deireadh Fómhair: 8.
- Moloney, Michael Frances. 1919. *Luibh-sheanchus, maille le gearr-chunntas ar saothar lucht leighis, i n-Éirinn = Irish ethno-botany and the evolution of medicine in Ireland*. M. H. Gill.
- Ó Cadhla, Stiofán. 2012. “An Lus Mór: Eolas na bpiseog agus piseog an eolais.” In *Sean, Nua agus Síoraíocht: Féilscribhinn in ómós do Dháithí Ó hÓgáin* curtha in eagar ag Ríonach Uí Ógáin; Nolan, William agus Éamonn Ó hÓgáin: 347–362. Coiscéim.
- Ó Domhnaill, Michéul. 1987. *Iolscoil Coláiste na Rinne*. Cló na Laoi.
- Ó Siothcháin, Micheál agus Pádraig Ó Doghair. 1911. *Árthach an Óir: with notes and vocabulary*. M. H. Gill.
- O’Toole, Tina, Gearóidín Nic Carthaigh, Síle Ní Chochláin, Patricia Coughlan, agus Éibhear Walshe. 2005. *Dictionary of Munster Women Writers, 1800 to 2000 = Scribhneoirí Ban Na Mumhan, 1800–2000*. Cork University Press.
- Sheehan, Micheál. 1919. *Ladhar den Lus Mór*. M.H. Gill.

### 7.3. DIRRANE, Maggie (1899–1995)



Figiúr 20: Maggie Dirrane (glactha ag Mrs. Frances Flaherty)- CBÉ An Bailiúchán Grianghraf, D018.01.00015

|                 |   |
|-----------------|---|
| Ainmneacha eile | Maggie Tom, Máiréad Uí Dhíoráin, Margaret Conneely, Máiréad Ní Chonghaile |
| Dáta breithe    | 28 Deireadh Fómhair 1899  |
| Dáta báis       | 14 Meán Fómhair 1995  |
| Áit bhreithe    | Creig an Chéirín, Inis Mór, Gaillimh.                                     |
| Áit bháis       | Gaillimh.   |
| Áit adhlactha   | Reilig na Seacht dTeampall, Inis Mór, Gaillimh.                           |
| Inscne          | Bean  |
| Scoil           | Scoil Eoghanacht, Inis Mór  |
| Slí bheatha     | Aisteoir, Amhránaí.   |

B'aisteoir agus b'amhránaí í Maggie Tom Dirrane<sup>144</sup> nó Máiréad Uí Dhíoráin ó Eoghanacht in Árann (Sumner, Hilliers agus McKenna 2015; Sumner 2020, 151). Rugadh mar Margaret Conneely í ar [28 Deireadh Fómhair 1899](#). Ba iad Tom 'a' Dochtúra' Ó Conghaile (mac le Pádraig), agus Mary (iníon le John Dirrane ó Chreig an Chéirín) a tuismitheoirí, agus pósadh iad ar [5 Aibreán 1878](#). Bhí seisear clainne acu: Máire Tom, Bridget, Colman, Kate, Sarah agus Maggie Tom. D'fhreastail Maggie ar an mbunscoil in Eoghanacht (Scoil Eoin Phóil II anois), agus ansin, agus í ina déagóir, bhog sí go Baile Átha Cliath áit a raibh sí ag obair mar chailín aimsire i dteach [Eoin Mhic Néill](#) (1867–1945). Aimsir an Éirí Amach a bhí ann i mí an Mhárta 1916, agus ní raibh sí ach cúpla seachtain ann sular fhill sí abhaile go hÁrann (Agallamh 2c; O'Brien 1984; Mulqueen 1995). Phós Maggie, Johnny Sheán Éamoinn Dirrane as Eoghanacht ar [29 Nollaig 1919](#) agus bhí cúigear páistí acu: Kate, Mary, John 'John Beag Johnny', Margaret 'Maggie', agus Mary.

#### 7.3.1. Man of Aran

Is é cúis is mó a cáile ná a ról sa scannán *Man of Aran* (1934). Ba scannán 'faisnéise' é a stiúir an Meirceánach, Robert J. Flaherty (1884–1951). Bhí Flaherty tar éis na scannáin *Nanook of the North* (1922) agus *Moana* (1926) a stiúradh roimhe seo, scannáin eitneagrafaíochta inar

<sup>144</sup> De ghnáth is é 'Maggie Dirrane' an leagan a chloisfeá dá hainm sa phobal (Agallamh 2c)

stiúraigh sé a tharla iontu. Chas seisean ar Éirinn ansin, ag iarraidh a leithéid de thionscadail a chur i gcrích anseo. Le cabhair Norris Davidson in 1931 (Agallamh 2c), roghnaigh an Flathartach Árainn, agus bheartaigh sé trí phríomhról a bheith aige sa scannán. Ba ról iad a chomhlíonadh íomhá an stiúrthóra “nuclear family”<sup>145</sup> a bheith aige sa scannán (Agallamh 2c, 00:38:12). Tar éis phróiseas earcaíochta bhreathnaithigh agus tástálacha os comhair ceamairí a reáchtáil Frances, bean chéile an Fhlathartaigh, ghlac Cólín ‘Tiger’ King, Micilín Ó Dioláin, agus Maggie na ról seo (Mullen 1935, 276–81; Ó Catháin 2004, 154; Sumner, Hilliers agus McKenna 2015, 8). Chomh maith leis seo bhí Peaits Rua Ó Maoláin agus Bríd Ní Mhaoláin i ról táinisteacha agus bhí Seáinín Tom Ó Dóráin a gearradh a ról ón scannán níos déanaí (Mullen 1935, 240–7; Ó Catháin 2004, 230fn98; Sumner, Hilliers agus McKenna 2015, 16fn11). Tá cur síos ag Pat Mullen ar conas a thánadar ar Maggie ina leabhar *Man of Aran* (1935, 71 & 93). Ba ról tábhachtach é do Maggie a chuir a raibh aici isteach ann, “Absolutely without fear, she would have risked her life (as indeed she did) if told it was needed for the making of the picture” (Mullen 1935, 93)<sup>146</sup>.

### 7.3.2. Londain & Oidhche Sheanchais



Figiúr 21: *Oidhche Sheanchais*. (Ní fios cé a ghlac) CBÉ An Bailiúchán Grianghraf, M003.01.00504

Toisc gur scannán tostach *Man of Aran* i dtosach báire, tar éis do Flaherty an cinneadh a dhéanamh scannán fuaimne a dhéanamh as, seoladh na haisteoirí go stiúideonna Gaumont-

<sup>145</sup> Faoi mar atá le feiceáil ina scannán *Louisiana Story* (1948; luaite in Agallamh 2c).

<sup>146</sup> Tá cur síos ag Mullen ina leabhar ar an malairt ratha a tharla i saol Maggie de dheasca mhuintir Flaherty (1935, 71).

British in Islington, Londain, le haghaidh naoi seachtaine i dtús 1934 chun fuaim<sup>147</sup> a chur leis an scannán (Mullen 1935, 276–81; Ó Catháin 2004, 154; Sumner, Hilliers agus McKenna 2015, 8; Gan údar 1934a, 6). Agus iad ann, le spreagadh Shéamuis Uí Dhuilearga<sup>148</sup> agus Choimisiún Bhéaloidas na hÉireann, agus le maoiniú ó rialtas na hÉireann, stiúir an Flathartach gearrscannán leis na haisteoirí darbh ainm *Oidhche Sheanchais* (1934), dírithe ar scéal a bhí ag Seáinín Tom ach a thosaíonn léise i mbun amhránaíochta (Sumner 2020, 151; O’Flynn 2021, 90). Bhí malairt tuairime maidir le ról Maggie ag an bhFlathartach agus ag Ó Duilearga in 1935. Cheap Ó Duilearga gur cheart di bheith sa teach ag fuáil, ach taispeánann an scannán deiridh nach raibh sí páirteach amháin ach lárnach ann. Léirítear ardmheas an Fhlathartaigh i leith Maggie: “He valued Maggie for her photogenic qualities and her singing, describing her as kind, smiling, soft-voiced, and imaginative, yet as tenacious and resilient” (Ó hÍde 2019, 63).

Is amhrán grá é an t-amhrán a chasann Maggie ar dtús sa ghearrscannán atá nasctha le logainmneacha ar leith ar nós An Caisleán Gearr nó An Mullach Mór i gCúige Chonnacht. ‘Sé Fáth Mo Bhuartha’ is ea an teideal atá air uaireanta (Ní Uallacháin 2003, 200; Sumner, Hilliers agus McKenna 2015, 8). Leanann sí ar aghaidh ansin le giota as amhrán eile. Ar ndóigh, níl anseo ach giota as amhrán níos faide a chas Maggie. De dheasca srianta ama, áfach, gearradh amach formhór amhrán Maggie ón scannán, chomh maith le radharcanna a taifeadadh ar Árainn chun cur le scéal Sheáinín (Ó hÍde 2019, 64). Agus nuair a tháinig an scannán amach, rinneadh neamhaird ar amhrán Maggie sna tráchtanna a phléann leis an scannán. D’fhág sé sin gur dhírigh daoine ar ghuth Maggie í féin in ionad a hamhrán (Ó Catháin 2004, 229fn93).

It was clearly designed to evoke the sort of folkloric atmosphere in which Seainín's story might naturally arise. Maggie's song is therefore an important element in the trajectory of the film, and yet it is overshadowed by the story in all commentary. It was neither transcribed and circulated as was the story, nor mentioned in press releases (Sumner, Hilliers agus McKenna 2015, 5).

---

<sup>147</sup> Tá fonn Maggie le cloistéail i scór *Man of Aran*, a scríobh John Greenwood (Agallamh 2c).

<sup>148</sup> Maidir le ról Uí Duilearga, insíonn Sumner, Hilliers agus McKenna, “In 1927 Delargy had founded the Folklore of Ireland Society and launched its journal, *Béaloidas* (Folklore); by 1930 he had persuaded the government to establish the Irish Folklore Institute, with a brief of collecting and publishing folklore. In the years that followed, Delargy successfully lobbied the Irish Executive to set up a much more ambitious agency: the renowned Irish Folklore Commission, which was to carry out the most extensive publicly funded folklore collecting effort Europe had ever seen. The Irish Folklore Commission held its inaugural meeting on 2 April 1935, just two weeks after the premiere of *Oidhche Sheanchais*” (2015, 2).

Díol suntais gur scannán ‘caillte’ ab ea *Oidhche Sheanchais* go dtí gur thángthas ar scannán níotráit in Ollscoil Harvard in 2012. Ní hamháin gurb é an fhianaise scannán fuaimne is luaithe Gaeilge é, ach ceann de na fiseáin faisnéise is luaithe ar domhain (Ó hÍde 2016; Sumner, Hillers agus McKenna 2015). Rinne Natasha Sumner tras-scríbhinní ar an ngearrscannán seo in 2015 agus ar an amhrán a chas Maggie ann, ‘Baile an Róba’. Rinneadh é seo le cabhair saineolaithe i dtraidisiún amhránaíocht Chonnacht (Sumner, Hilliers agus McKenna 2015, 6). Nuair a chuir Sumner tras-scríbhinn an amhráin i gcló in *Folklore* 126 (2015, 9), ba é an chéad uair é go raibh focail Maggie i gcló (Ó hÍde 2019, 65fn28):

’S tabharfaidh mé an chuairt úd anois faoi Fhéil’ Bríde,  
Agus síos go Bealtaine chuig an eala bhán,  
Ar thóraíocht mo chailín deas— ’sí a d’fhág, ’sí a chloígh mé.  
’Sí a d’fhág mo chroí istigh chomh dubh le gual.

### **7.3.3. Première Scannáin & Seal i Nua Eabhrac**

Tugadh an triúr príomhaisteoirí, Cóilín, Maggie agus Micilín go Londain le haghaidh chéad léiriú *Man of Aran* a tharla sa New Gallery, ar 25 Aibreán 1934. Chaith an triúr acu gnáthéadaí Árainn don ócáid. Eisíodh an scannán i mBaile Átha Cliath chomh maith ar 6 Bealtaine 1934 sa Grafton Cinema (Gan údar 1934b, 5). Ócáid mhór a bhí ann le hÉamon de Valera, Uachtarán na hÉireann ag an am, i láthair (Gan údar 1934c, 1). Ansin, don *première* Meiriceánach, thaistil Maggie, Micilín agus Cóilín go Nua Eabhrac ar 13 Meán Fómhair 1934, agus chaith siad cúpla seachtain ar chósta thiar na tíre sin.

Ba chosúil le camchuairt meáin a bhí ann don triúr agus iad i Meiriceá. D’iarr an Flathartach ar Henry Cowell, cumadóir Meiriceánach, a bheith ina chabhair dóibh agus iad ann. I measc na n-ócáidí eagraithe dóibh i Nua Eabhrac i mí Dheireadh Fómhair, rinne an triúr agus Henry taispeántas ceoil in óstán an Ritz Carlton ag ócáid eagraithe ag an ‘Architects Emergency Committee’ ag bailiú airgid don cheird tar éis an Spealta Mór.

D’iarr Henry orthu páirt a ghlacadh i léacht a bhí á tabhairt aige sa New School for Social Research dar teideal “Music of the World’s People” (Ní Chonghaile 2021, 87). Thapaigh Henry an deis amhrán a bhailiú agus a thaifead uathu ar dhioscaí alúmanaim agus iad sa New School (Ní Chonghaile 2021, 87fn2; O’Flynn 2021, 90). Tá siad ar na taifeadtaí is luaithe de cheol Árainn atá ar fáil, agus i measc na dtaifeadtaí tá leagan de chaoineadh (Ní Chonghaile 2021, 87). Ag céad taibhiú an scannáin sa Criterion Theatre in Broadway ar 18 Deireadh Fómhair 1934, cuireadh Maggie, Cóilín agus Micilín in aithne don slua (*The New York Times*, 19 October 1934, 27; Ó hÍde 2019, 106fn24). Agus an ríl á hathrú san eisiúint, chuir Henry Cowell Maggie ag canadh idir na bristeacha sa scannán le Henry ar an bpianó ag seinm léi (Ní

Chonghaile 2021, 87fn1; Sachs 2012, 221). Agus eisean ag tagairt don ról lárnach a bhí ag Maggie i gcur chun cinn an scannáin, scríobh an Flathartach,

We took her with the cast for the opening of the film [*Man of Aran*] in New York. Here, too, her simple dignity, her haunting smile, won everyone. The scale, the magnitude, the vast mechanical phenomena of the town attracted her very little; she liked people. She liked it when the students of folk music at Princeton and at the New School down in the Village, sat at her feet listening to her age-old Aran songs (O’Flaherty 1934).

#### 7.3.4. *Songs of Aran*

Bhláthaigh dlúthchaidreamh idir Maggie agus Henry agus í i Nua Eabhrac. Tuairim is fiche bliain níos déanaí i mBealtaine na bliana 1955, bhí Henry ar tí camchuart ceolchoirmeacha agus léachtaí a dhéanamh ar fud na hEorpa, agus bheartaigh seisean agus a bhean, Sidney Robertson Cowell, an bailitheoir ceoil, saoire a ghlacadh ar Árann. Scríobh Sidney faoin tsaoire ag rá, “the one person Henry wanted to see was Maggie Durrane” (luaite ag Ní Chonghaile 2021, 87fn4<sup>149</sup>). Idir mí Bealtaine agus Meitheamh na bliana sin, chas Maggie agus a mac, an t-amhránaí John Beag Johnny Ó Dioráin le haghaidh Sidney, agus rinne sí taifead orthu beirt (Ní Chonghaile 2021, 101). Anuas air sin, bhailigh Sidney ó iníon deirfiúr chéile Maggie, Máirín Lucas ón tSruthán agus óna neacht Méiní Tom Ní Mhaoláin as Creig a’ Chéirín (Ní Chonghaile 2021, 78 & 109).

D’fhillfeadh Sidney ar an oileán agus ar Maggie arís i Lúnasa na bliana 1956, ag bailiú meascán amhrán agus caointe chomh maith (Sumner, Hilliers agus McKenna 2015, 16fn16). Tá cuid den ábhar seo ar fáil ina foilseacháin *Songs of Aran*: ‘Beidh Ríl Againn’, ‘Amhrán na Trá Baine’, ‘The Sailor Boy [‘Twas early, early in the Spring’]’, ‘Óró Mhíle Grá’, ‘An tSín, An tSín’, ‘Do-een dó a diddle am’, ‘Seoithín Seoitho’ agus ‘Caoineadh na Marbh’ (Cowell 1957). Bhailigh Sidney caointe ó bheirt bhan agus í ar an oileán: Bríd Iarnáin, an bhean chaointe proifisiúnta deiridh ar Árann, agus Maggie (Ní Chonghaile 2021, 127). Níor theastaigh ó Maggie go mbeadh a hainm luaite leis an gcaoineadh a taifeadadh uaithi agus mar sin is mar chaoineadh anaithnid atá sé ar an albam:

---

<sup>149</sup>“Sidney Robertson Cowell, undated reminiscences titled ‘How SRC Came to Record on Aran,’ LC” (Ní Chonghaile 2021, 255).

When she finished she said I would not please let anyone who knew her either here or in the ‘States,’ know she had sung me this (it is bad luck, of course, for one thing). “This is just a whisper between you and me” (Ní Chonghaile 2021, 127fn260)<sup>150</sup>.

I measc na n-amhrán eile ar bhailigh Sidney uaithi, bhí ‘Baile an Róba’, an t-amhrán grá ó *Oidhche Sheanchais* ina hiomláine, a bailíodh ar 16 Meitheamh 1955 (Ní Chonghaile 2021, 219; Sumner, Hilliers agus McKenna 2015, 8).

### 7.3.5. An “Woman of Aran”

Tar éis di na scannáin agus a bpoiblíocht a chríochnú, d’fhill Maggie ar Árann agus ar a teaghlach. Toisc go ndeachaigh Micilín agus Tiger King ar imirce, ba í Maggie, an “Woman of Aran” (Ní Fhlatharta 1984, 1), a bhí fágtha mar fhianaise beo na scannán a rinneadh ann sna 1930idí. D’fháiltigh sí roimh chuariteoirí agus roimh bhailitheoirí araon. Bhíodh sí ina cónaí i dtigh ar an mbóithrín díreach roimh Reilig na Seacht dTeampall (Ó hÍde 2019, 17). Fuair Johnny bás ar [22 Bealtaine 1949](#) agus é 75 bhliana d’aois. Fuair Maggie bás ar 14 Meán Fómhair 1995 agus cuireadh i Reilig na Seacht dTeampall í.

### 7.3.6. Foinsí na Beathaisnéise



Figiúr 22: Maggie Dirrane in 1964 (glactha ag Heinz Papst) (BBAG.00123).

#### **A saothar:**

Dirrane, Maggie agus Sidney Robertson Cowell. 1955. *Songs of Aran*.  
Flaherty, Robert. J. (stiúrthóir). 1934. *Man of Aran*. London: Gainsborough Pictures; Gaumont-British Picture Corporation.

#### **Foinsí tagartha:**

Agallamh 2c an taighde seo. Zoom, 20/05/2024. Agallóir: Orlaith Hickey.  
Flaherty, Robert. J. (g.d.) *Maggie: A sketch by Robert Flaherty of Maggie Dirrane* (neamhfhoilsithe). Flaherty Papers: Columbia University.  
—. (stiúrthóir). 1922. *Nanook of the North*.  
—. 1926. *Moana*.  
—. 1948. *Louisiana Story*  
Mná Fiontracha. 2003. *Arainn: Cosain an tSaoil*. Mna Fiontracha.  
Mullen, Pat. 1935. *Man of Aran*. Faber and Faber Limited.  
Mulqueen, Eibhir. 1995. “Late Maggie Dirrane – Woman of Aran.” *Connacht Tribune*, 6 Deireadh Fómhair: 10.

<sup>150</sup> Tá tagairt déanta anseo don chaoineadh toisc go bhfuil sé luaithe ag scoláirí cheana.

- Ní Chonghaile, Deirdre. 2021. *Collecting Music in the Arans Islands: A Century of History and Practice*. University of Wisconsin Press.
- Ó Catháin, Brian. 2004. "Oidhche Sheanchais le Robert J. Flaherty: An Chéad Scannán Gaeilge dá nDearnadh." In *Bliainiris 2004*, curtha in eagar ag Ruairí Ó hUiginn agus Liam Mac Coil: 151–235. Carbad.
- Ó hÍde, Tomás. 2019. *Seáinín Tom Sheáin: From Árainn to the Silver Screen*. Comhairle Bhéaloideas Éireann.
- . 2016. "Robert J. Flaherty and Seáinín Tom Ó Dioráin: Lights, Camera, and (Not Too Much) Action." *Estudios Irlandeses* 11 (11): 118–31.
- O'Brien, Eileen. 1984. "Woman of Aran." *The Irish Times*, 18 Feabhra: 9.
- O'Flynn, John. 2021. *Music, the Moving Image and Ireland, 1897–2017*. Routledge.
- Ní Fhlatharta, Bernie. 1984. "I Was Glad of the Work- 'Man of Aran' Leading Lady." *Connacht Tribune*, 12 Deireadh Fómhair: 1.
- Ní Uallacháin, Pádraigín. 2003. *A Hidden Ulster*. Four Courts Press
- Sachs, Joel. 2012. *Henry Cowell: A Man Made of Music*. Oxford University Press.
- Sumner, Natasha, Barbara Hillers agus Catherine McKenna 2015. "A Night of Storytelling and Years in the 'Z-Closet': The Re-discovery and Restoration of Oidhche Sheanchais, Robert Flaherty's 'Lost' Irish Folklore Film." *Folklore* 126: 1–19.
- Sumner, Natasha. 2020. "'By Any Other Name: Language, Identity, and Attribution in Robert Flaherty's Oidhche Sheanchais.'" In *Per Scribendum, Sumus: Ethnopoiesis: Writing Heritage*, curtha in eagar ag Ullrich Kockel, Philip McDermott, agus Liam Campbell: 149–58. LIT Verlag.
- Gan údar. 1934a. "Man of Aran." *The Irish Times*. 20 Feabhra: 6.
- . 1934b. "'Man of Aran' to be seen in Dublin." *The Irish Times*. 17 Aibreán: 5.
- . 1934c. "De Valera talks in Irish with 'Tiger' King." *The Era*, 9 Bealtaine: 1.

#### 7.4. YEATS, Gráinne (1925–2013)

|                 |   |
|-----------------|---|
| Ainmneacha eile | Gráinne Ní Éigearthaigh   |
| Dáta breithe    | 14 Aibreán 1925   |
| Dáta báis       | 18 Aibreán 2013   |
| Áit bhreithe    | Baile Átha Cliath   |
| Áit bháis       | Ospidéal Naomh Uinsean, Baile Átha Cliath.  |
| Áit adhlactha   | Reilig Sheangánaí, Baile Átha Cliath.   |
| Inscne          | Bean  |
| Scoil           | Scoil Bhríde, Raghmallach, Baile Átha Cliath.<br>Alexandra College, Baile an Mhuilinn, Baile Átha Cliath. |
| Ardoideachas    | Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.   |
| Slí bheatha     | Cláirseoir, Taighdeoir, Amhránaí  |



Figiúr 23: Gráinne Yeats (ó ITMA) <sup>151</sup>

Ba é *Féile na gCruitirí Béal Feirste: The Belfast Harpers' Festival, 1792* (1980) mórshaothar Ghráinne Yeats agus toradh blianta taighde a rinne sí ar an bhféile. Ba chláirseoir aitheanta agus amhránaí í, agus is a bhuí léi gur tháinig athbheochan ar sheinm na cláirsí sreinge

in Éirinn. Rugadh Gráinne Dill Ní Éigearthaigh i mBaile Átha Cliath ar 14 Aibreán 1925. B'iníon í leis an státseirbhíseach [P.S Ó hÉigearthaigh](#) (1879–1955) agus a bhean [Liamín Uí Éigearthaigh](#) *née* Smyth (1890–1962). Ba ag ranganna Gaeilge Chonradh na Gaeilge in Londain a chas tuismitheoirí Ghráinne ar a chéile (O'Donnell 2014, 15; Sullivan agus Yeats 1999, 245). Ba rúnaí don Roinn Poist agus Teileagraif (1922–1945) é P.S. (Pádraig Sáirséal). Ba as Corcaigh dó, agus ba staraí, eagarthóir, agus iarbhall de chuid Sinn Féin agus Ardchomhairle Bhráithreachas Phoblacht na hÉireann (I.R.B.) chomh maith é (O'Donnell 2022, 108; O'Donnell 2014, 15; Agallamh 2d). Ba as Doire do Liamín, 'Mina', agus ba mhúinteoir bun scoile í sular phós sí, a bhí ina ball de Chumann na mBan in Éirí Amach na Cásca, 1916.

Ba í Gráinne an té ab óige den triúr clainne a bhí ag P.S. agus Liamín. Bhí deartháir amháin aici, [Seán Sáirseál Ó hÉigearthaigh](#) (1917–1967) a bhunaigh an comhlacht foilsitheoireachta Sáirséal agus Dill, agus bhí deirfiúr amháin aici, Máire Bean Mhic Aogáin. Tógadh le Gaeilge i dTeach an Ghort Ard, Rath Garbh, Baile Átha Cliath iad, a gcuid

<sup>151</sup> Ó fhiseán Harp Ireland, 'The Gráinne Yeats Collection in association with ITMA'. Ar fáil ag [https://www.youtube.com/watch?v=3JbSJx0P\\_U](https://www.youtube.com/watch?v=3JbSJx0P_U) [Rochtain faighte: 07/07/2025]. Roghnaithe ag Agalláí 2d.

samhraidh á gcaitheamh acu sa Ghaeltacht i dTír Chonaill, áit ar chuala sí an ceol agus an teanga le chéile den chéad uair. D'fhreastail Gráinne ar Scoil Bhríde, Ragnallach, agus ansin ar Alexandra College i mBaile an Mhuilinn (O'Donnell 2022, 108). Bhain sí céim amach sa stair ó Choláiste na Tríonóide, cé gur theastaigh uaithi ceann a bhaint amach sa cheol. Rinne sí staidéar ar an bpianó, ar an amhránaíocht agus ar an gcláirseach i gCeol Acadamh Ríoga na hÉireann (CARÉ) (O'Donnell 2022, 108).

Bhuail Gráinne lena fear céile Michael Yeats ag ócáid Chumann na nGael Choláiste na Tríonóide agus í ag an ollscoil (O'Donnell 2022, 108). Dlíodóir agus polaiteoir Fianna Fáil ab ea Michael, chomh maith le taighdeoir agus criticeoir ceoil. Phós siad in 1949. Ba mhac Michael leis an bhfile W. B. Yeats. Bhí Michael ar bheagán Gaeilge nuair a chasadar ar a chéile, agus thug sé cuairteanna ar Ghaeltacht na Mí chun í a fhoghlaim. Bhí ceathrar clainne acu: Caitriona, Siobhán, Síle (a cailleadh in 2007), agus Pádraig. Thógadar le Gaeilge iad i mBaile an Teampaill agus ansin i nDeilginis, Baile Átha Cliath. Bhíodh cailín ina cónaí sa teach leo a labhair Gaeilge chomh maith (Sullivan agus Yeats 1999, 247). D'fhreastail na páistí ar Scoil Lorcáin i mBaile na Manach. Chaith an teaghlach dhá mhí gach samhradh sa Ghaeltacht agus iad ag fás aníos, ar dtús i gCorca Dhuibhne, agus ansin i gConamara i dteannta deartháir Ghráinne, Seán, agus a theaghlach. Chomh maith le béim láidir a bheith ar an teanga sa teach, bhí béim ar an gceol chomh maith agus tá a hiníon is sine, Caitriona, ina cláirseoir ceolchoirme.

#### **7.4.1. Repertoire Ghráinne**

Bhí tionchar ag an gceol clasaiceach agus traidisiúnta, ceol Uí Chearbhalláin ina measc, ar Ghráinne agus í ag fás aníos, tionchar atá le brath óna foilseacháin agus eisiúintí níos déanaí ina saol. Thosaigh sí ag seinm an pianó agus í an-óg agus ag freastal ar ranganna amhránaíochta Violet Byrne, mar shampla. Ag tús a gairme, chan sí gan tionlacan as Gaeilge (Sullivan agus Yeats 1999, 241). Ba shoprán aonair í leis an Clontarf Choral Society (O'Donnell 2022, 108), agus ba dara soprán í sa Dowland Consort, a stiúir Brian Boydell. Ina *repertoire*, bhíodh amhráin Ghaeilge a d'fhoghlaim sí agus í sna Gaeltachtaí ar nós Chorca Dhuibhne (O'Donnell 2022, 108). Idir 1962–9, choimisiúnaigh sí agus chuir sí i láthair den chéad uair meascán de chumadóireacht Brian Boydell, Joseph Grocock, Joan Trimble, agus James Wilson (O'Donnell 2014, 18; 2022, 102).

Bheartaigh sí an chláirseach a fhoghlaim tar éis di an t-aisteoir amharclainne Joan O'Hara a fheiceáil ag seinm (O'Donnell 2022, 108). Mhúin Mercedes Garvey *née* Bolger an chláirseach di. Constaic mhór di nuair a thosaigh sí ag seinm, ná teirce na gcláirsí Éireannaí.

Ar deireadh, tháinig sí ar cheann ó Ghlaschú a rinne Henry Briggs (O'Donnell 2022, 108). Bhí a céad ceolchoirm cruite aici in Wigmore Hall, London, ar 16 Márta 1966 (O'Donnell 2014, 17).

Ba í Gráinne an chéad chruitire “to revive and record music for the wire-strung harp” (O'Donnell 2014, 18). Chun é seo a chur i gcrích, rinne sí mionstaidéar ar bhailiúcháin ceoil Edward Bunting, ar stíl seanma agus ar theicnicí na seanchruitirí. Ón taighde seo, bhí sí in ann ceol ón mbailiúchán seo agus ó lámhscríbhinní eile a chóiriú (O'Donnell 2014, 18). Bhailigh sí cláirseacha i rith a gairme, an chláirseach shreinge a chruthaigh Jay Witcher in Maine di ina measc. Bhí an chláirseach seo ina macasamhail de chinn ‘Sirr’ ón seachtú haois déag (O'Donnell 2014, 18).

She loved performing and she had what we called ‘it’ when she performed, she could cause you to cry when she performed sometimes... It’s a thing that you can't learn, it's just you have it or you don't have it (Agallamh 2d, 00:00:03).

Ina cláracha dá taispeántais ceoil, chinntigh sí go raibh amhráin Ghaeilge ar nós *Eibhlín a Rún, Úna Bhán, Ceol a' Phiobaire, Airdí Cuan*, iontu (O'Donnell 2014, 17). Bhíodh sí ar chamchuart san Eoraip, sna Stáit Aontaithe, san India, sa tSeapáin, agus sa Rúis (O'Donnell 2022, 108). Bhí an-chuid ceolchoirmeacha agus léachtaí mar chuid de na camchuartheanna seo. Sna Stáit Aontaithe, sheinn agus chas Gráinne ceoil, agus thug Michéal léachtaí staire agus litríochta in ollscoileanna timpeall na tíre. In Éirinn, bhí camchuart aici le Mercedes Garvey, agus camchuart scoileanna a d’eagraigh an Music Association of Ireland (MAI) aici lena hiníon Cairtriona. Gach bliain, bhíodh ceolchoirm aici ag Scoil Samhraidh Yeats i Sligeach. Idir an dá linn, chuirfeadh sí cláracha le chéile don chéad chamchuart eile, agus bhíodh sí i mbun taighde. I dtús a gairme, bhaineadh sí úsáid as ‘Gráinne Ní Éigearthaigh’ mar a ainm stáitse. D’éirigh sí ródheacair agus í thall i Meiriceá, áfach, “And she switched over to Yeats as a performer, just because it was simpler. So it was never spelled correctly and it was never pronounced correctly. And I mean, even Gráinne. She was called Granny and all sorts of things!” (Agallamh 2d, 00:10:59). D’eisigh Yeats trí albam: *Irish Folk Songs* (Spoken Arts 1962), *A Rogha Féin* (Gael Linn 1983) agus *Féile na gCruitirí Béal Feirste: The Belfast Harpers’ Festival, 1792* (1980 agus atheisithe in 1992). Tá meascán amhrán Gaeilge agus Béarla ar gach albam.

#### **7.4.2. Taighdeoir Mionchúiseach**

Ba í an chláirseach agus stair / seinm na huirlise bunús a cuid taighde. Níor theastaigh uaithi críoch a chur lena saol acadúil agus rinneadh cur síos uirthi mar “meticulous” (Agallamh 2d, 00:37:12). Bhí suim ar leith aici sa chláirseach shreinge agus ina hathbheochan i gceol na tíre seo. I measc a hábhair taighde bhí a taighde ar cheol Thoirdealbhadh Uí Chearbhalláin agus Denis Hempson (1695–1807) le feiceáil in ‘Some Thoughts on Irish Music’ (1973), *The Harp of Ireland: The Belfast Harpers’ Festival, 1792 and the Saving of Ireland’s Harp Music by Edward Bunting* (1980), agus *Féile na gCruitirí Béal Feirste: The Belfast Harpers’ Festival, 1792* (1992) (O’Donnell 2022, 109). Ba ise a scríobh an cuntas air atá ar fáil sa dara heagrán den *New Grove Dictionary of Music and Musicians* (2001) i measc cuntais eile san eagrán.

... the interesting thing about [Gráinne] was the combination of the fact that she was so interested in the research and so dedicated to that and so into that and yet at the same time she absolutely adored to perform. You know, you don't always see those two things together... and then there's the whole business that she's also doing everything she can to include the Irish language in all of this (Agallamh 2d, 00:44:49).

Rinne sí taighde ar theicnící, stíleanna seinnte, agus *repertoire* na seanchruitirí, agus chóirigh sí píosaí ceoil ó bhailiúcháin Edward Bunting, *The Ancient Music of Ireland* (1796; 1809; 1840) (O’Donnell 2022, 109). Ina taighde luann sí na baic a bhí roimh Bunting toisc nach raibh Gaeilge aige (Yeats 1980, 28). Ba é *Féile na gCruitirí* a mórshaothar agus an t-aon fhoilseachán ina mbaineann sí úsáid as an teanga. Le gach leathanach Gaeilge faightear aistriúchán Béarla ar an gcéad leathanach eile. Leabhrán 80 leathanach atá ann le stair an Fhéile agus cur síos ar na rannpháirtithe agus ar cheol an Fhéile. Scríobh sí faoin aon bhean amháin a sheinn ag féile na gcruitirí in 1792, Rose Mooney (1980, 62–4).

#### **7.4.3. Duaiseanna**

Agus í ag fás aníos, bhuaigh sí iliomad duaiseanna san amhránaíocht agus sa pianó ag Feiseanna Ceoil (O’Donnell 2022, 108). Lean sé seo ar aghaidh ina gairm phroifisiúnta chomh maith. I measc na nduaiseanna eile a bronnadh uirthi, in 1949 bhain sí scoláireacht Vandeleyr, bonn airgid sa Ludwig Memorial Cup agus an Joseph Robinson Memorial Prize amach. In 1950, bronnadh Gradam Raidió Éireann uirthi agus an Wallis Cup don pianó agus don amhránaíocht (O’Donnell 2014, 15). In 1966, bhuaigh sí duais idirnáisiúnta Harriet Cohen le haghaidh uirlisí aonair (O’Donnell 2014, 17; 2022, 108). Ar 12 Márta 1969, sheinn sí ar an ‘Ed Sullivan Show’ ar CBS i Meiriceá (O’Donnell 2022, 108). In 1987, ba í an chéad chláirseoir

Éireannach chun port a sheinnt ag an ‘World Harp Congress’ i Vín agus sheinn sí arís ag an ‘Congress’ i gCóbhanhávan in 1993 (O’Donnell 2022, 109).

#### **7.4.4. Teagasc & Cairde na Cruite**

Mhúin sí an pianó sa teach agus níos déanaí mhúin sí an chláirseach san Acadamh. Ba í Garvey a d’iarr ar Ghráinne a ról mar mhúinteoir cláirsí a ghlacadh in CARÉ (O’Donnell 2014, 16). Cé go raibh sí drogallach ar dtús, ghlac sí an ról go dtí go raibh uirthi éirí as agus í ar chamchuaire i Meiriceá (O’Donnell 2022, 106). Tá an-chuid dá daltaí tar éis róil thábhachtacha a ghlacadh i saol na cruite in Éirinn. Bhí sí bainteach le ceadail tíre an Music Association of Ireland agus an Schools Recital Scheme (O’Donnell 2012; 2014), “she really believed in education, [in] helping other people learn the harp” (Agallamh 2d, 00:30:41). Ba mholtóir i bhFleádhanna timpeall na tíre chomh maith í. Mar aon lena ról mar thaighdeoir, ba mhúinteoir pointeáilte agus eagraithe í (Agallamh 2d).

I mí na Samhna 1960, i gcomhpháirtíocht le Elizabeth Hannon, Sheila Larchet Cuthbert, agus Mercedes Garvey, bhunaigh sí Cairde na Cruite, eagraíocht a chuireann an chláirseach agus a hathbheochan i gceol na hÉireann chun cinn. D’eagraigh Gráinne i gcomhpháirt le Mercedes Garvey ceardlanna agus ócáidí deiridh seachtaine cruite (O’Donnell 2022, 106). Bhunaigh sí scoileanna cruite in áiteanna ó cheann ceann na tíre le curaclam agus cúrsaí agus teicnící áirithe á múineadh iontu (Sullivan agus Yeats 1999, 246; O’Donnell 2014, 16). Thaistil na múinteoirí cruite seo timpeall na tíre ag freastal ar scoileanna cruite ar leith (O’Donnell 2022, 106). Chuaigh an bheirt i ngleic leis an nganntanas ábhar múinte cruite traidisiúnta chomh maith. Chuireadar ceithre eagrán den tsraith *Sounding Harps* (1990–98) in eagar le haghaidh “beginners, junior to intermediate, intermediate and senior levels” (O’Donnell 2022, 106). Cuireadh tús lena bhféile cruite idirnáisiúnta, An Chúirt Chruitireachta, in 1985, “... she absolutely believed in it totally, completely and utterly...and particularly in the summer school, she really thought that was so important” (Agallamh 2d, 00:31:56). Chaith Gráinne tréimhse chomh maith mar Uachtarán ar an eagraíocht go dtína bás in 2013.

#### **7.4.5. Oidhreacht Ghráinne**

Ba cheoltóir eisceachtúil í sa tslí ar chan sí agus sheinn sí ag an am céanna (Lawlor 2013, 45), agus sa tslí inar chuir sí an Ghaeilge chun cinn ina ceolchoirmeacha timpeall na cruinne. Bhí thart ar 300 amhrán Gaeilge ar bhain sí úsáid astu iontu (ITMA 2022)<sup>152</sup>:

---

<sup>152</sup> Catalóg ar fáil ag <https://search.itma.ie/?query=Yeats%2C%20Gr%C3%A1inne%2C%201925-2013&page=1&configure%5BhitsPerPage%5D=21> [Rochtain faighte: 22/05/2022].

... singing with the harp... it's coming back, which is lovely. [Gráinne] would be very happy if she was around, but I think when she started there wasn't a lot of singing in Irish with the harp or introducing things... in Irish... she really really believed in the language... (Agallamh 2d, 00:25:50).

Scríobh léirmheastóir ag Scoil Samhraidh Yeats in 1968 go raibh amhráin Ghaeilge leis an gcláirseach “hardly ever heard, even in Ireland: in another generation they may be sung no more... who else beside Mrs. Yeats has taken the trouble to absorb and master ...” (Brook 1968, 12). Ba shiombail í, mar aon lena comhbhádóirí Sheila Cuthbert agus Mercedes Garvey, den ghlúin nua ban i stair cheol na tíre nach raibh orthu éirí as a bpoist de bharr páistí nó pósadh (O'Donnell 2022, 101).

Tá a lorg fágtha aici ar cheol na tíre sna caighdeáin a tugadh isteach i dteagasc na cruite, ina taighde ar stair na huirlise agus sa tslí ar fhigh sí an Ghaeilge isteach i ngach cuid dá gairm: “... her legacy is bringing back the wire-strung harp and doing all her research I think really. But I mean now I do notice that the young people are singing more and more with the harp now and I really like that as well. And it's great to see it coming back” (Agallamh 2d, 00:37:12). I bhfocail Gráinne í féin, “There were practically no country harp teachers when I was learning. There were just a few around Dublin. I am delighted to have contributed to something like that” (Sullivan agus Yeats 1999, 246). Seachas an ceol, ba bhean spórtúil í a d’imir haca. Bhain sí sárthaitneamh as a bheith amuigh sa ghairdín agus as a bheith ag taisteal mar is léir ó na háiteanna éagsúla ar thug sí féin agus a fear céile camchuairt orthu. Thar aon ní eile, ba bhean shochoideartha, ghealgháireach, chuideachtúil í, agus bhíodh cóisir dhinnéir agus idir daoine muinteartha agus nua i gcónaí sa teach acu. Cailleadh Gráinne ar 18 Aibreán 2013, in Ospidéal Naomh Uinseann, Baile Átha Cliath. Tá sí curtha i Reilig Sheangánaí lena fear céile agus a n-íon Síle, ar cailleadh in 2007 iad beirt.

#### **7.4.6. Foinsí na Beathaisnéise**

##### **A saothar:**

- Bolger, Mercedes, agus Gráinne Yeats. 1990. *Sounding Harps: Music for the Irish Harp Book 1*. Cairde na Cruite.
- . 1993. *Sounding Harps: Music for the Irish Harp Book 2*. Cairde na Cruite.
- . 1994. *Sounding Harps: Music for the Irish Harp Book 3*. Cairde na Cruite.
- . 1998. *Sounding Harps: Music for the Irish Harp Book 4*. Cairde na Cruite.
- Sullivan, Mairéid agus Gráinne Yeats. ‘Gráinne Yeats’. 1999. In *Mairéid Sullivan, Celtic Women in Music: A Celebration of Beauty and Sovereignty* le Mairéid Sullivan: 240–48. Quarry Music Books.
- Yeats, Gráinne. 1992. *The Harp of Ireland: The Belfast Harpers’ Festival 1792 and the Saving of Ireland’s Harp Music by Edward Bunting*. Belfast Harpers’ Bicentenary.
- . 1980. *Féile na gCruitirí, Béal Feirste 1792: Gráinne Yeats assesses the music of Carolan and other harper composers which was collected by Edward Bunting at the Belfast Harpers’ Festival 1792*. Gael Linn.
- . 1981. ‘The Rediscovery of Carolan’. In *Integrating Tradition: The Achievement of Seán Ó Riada*, curtha in eagar ag Bernard Harris agus Grattan Freyer. Irish Humanities Centre.

- . 1973. “Some Thoughts on Irish Music.” *Ceol* 4 (2): 37–50.
- . 1962. *Irish Folk Songs*. (Dlúthdhiosca). Spoken Arts.
- . 1983. *A Rogha Féin*. (Dlúthdhiosca). Gael Linn.
- . 1980 & 1992. *Féile na gCruitirí Béal Feirste: The Belfast Harpers’ Festival, 1792*. Gael Linn.
- . 1980. “Turlough Carolan.” In *The New Grove Dictionary of Music and Musicians*. Vol. 3, curtha in eagar ag Stanley Sadie: 813–814. Macmillan.
- . 1980. “Denis Hempson.” In *The New Grove Dictionary of Music and Musicians*. Vol. 3, curtha in eagar ag Stanley Sadie. Macmillan
- . 1984. “Lost Chords.” *Ceol* 7 (1 & 2): 14–19.
- . 1984. “Introduction.” In *The Complete Works of O’Carolan: Irish Harper and Composer (1670- 1738)* le Turlough O’Carolan. Ossian Publications.

**Foinsí tagartha:**

- Agallamh 2d an taighde seo. Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, 29/10/2024. Agallóir: Orlaith Hickey.
- Bunting, Edward. 1840. *A Collection of the Ancient Music of Ireland*. Hodges and Smith
- . 1809. *A General Collection of the Ancient Music of Ireland*. Hodges and Smith
  - . 1796. *A General Collection of the Ancient Irish Music*. Hodges and Smith.
- Cuthbert, Sheila Larchet. 1977 & 1975. *The Irish Harp Book: A Tutor and Companion*. Cork: The Mercier Press
- Lanier, S. C. 1999. “‘It Is New-Strung and Shan’t Be Heard’: Nationalism and Memory in the Irish Harp Tradition.” *British Journal of Ethnomusicology* 8: 1–26.
- Lawlor, Helen. *Irish Harping, 1900–2010: ‘It is New Strung’*. Four Courts Press.
- . 2013. “Selections from ‘Art Music and the Irish Harp’ from Irish Harping, 1900–2010.” *The American Harp Journal*: 44–49.
- O’Donnell, Teresa. 2014. “Grainne Yeats: A Modern-Day Bard Remembered.” *The American Harp Journal* Summer: 15–21.
- . 2022. “Ireland’s Female Harping Triumvirate: The Legacy of Sheila Larchet Cuthbert, Mercedes Garvey and Gráinne Yeats.” In *Women and Music in Ireland*, curtha in eagar ag O’Connor-Madsen, Jennifer, Laura Watson, agus Ita Beausang: 101–114. Boydell and Brewer.
  - . 2012. “The Music Association of Ireland: A Cultural and Social History.” Tráchtas PhD. Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.
- Gan údar. 2013. “Grainne [sic] was a renowned harpist: Obituary.” *Sligo Champion*. 07 Bealtaine: 21.

## 8. An Taighde ar Mhná ‘ar iarraidh’

“*colligite fragmenta ne pereant*” (1933, 45).

Is as achainí chuig léitheoirí *Béaloides* an giota seo, ina léiríonn Ó Duilearga an phráinn a bhain lena gcuid oibre. Sa chaibidil dheireanach seo, déantar anailís ar na blúirí eolais a bailíodh le linn na hanailíse doiciméid agus sna hagallaimh, agus nasctar sin leis an litríocht agus le gnéithe de shaolta na mban atá mar chuid den taighde seo. Is le fonn suíomh agus saolta na mban nach bhfuil in [Ainm.ie](#) go dtí seo a sholáthar a chuirtear an t-eolas seo le chéile.

Scríobhadh 4 príomhbheathaisnéis (Caibidil 7), agus 181 mionbheathaisnéis (Aguisín A) don taighde seo. Déantar cíoradh mar sin sa phlé seo ar mheiteashonraí an 185 beathaisnéis atá mar chuid den taighde seo ag díriú ar chuid de na gnéithe céanna ar díriodh orthu don scagadh a rinneadh ar bheathaisnéisí reatha [Ainm.ie](#) (féach 3.1): amlíne, tíreolaíocht, oideachas, agus gairmeacha beatha (cúiseanna cáile sa taighde seo). Tá cur síos chomh maith ar nithe a sheas amach ón gcuid seo den taighde agus ó na scéalta a scríobhadh. Ar ndóigh, d’fhéadfadh an-chuid scéalta eile agus éagsúla teacht chun cinn i ndiaidh an taighde seo, ach táthar ag súil leis go dtabharfadh na beathaisnéisí seo spléachadh ar shaolta eile chun eolas a sholáthar faoi na mná nach bhfuil a scéalta ar fáil in Ainm.ie go dtí seo. Tá *vistas* ar leith nár osclaíodh le linn an taighde seo, cheal ama agus cheal foinsí / rochtain ar na foinsí. Mar sin, díritear aird anseo chomh maith ar na réimsí eile ar ghá staidéar níos mine a dhéanamh orthu.

Is léir ó na scéalta go raibh snáitheanna coiteanna idir shaolta na mban seo nach mbaineann leis an nGaeilge, is iad sin srianta sóisialta agus dlíthiúla a d’fheidhmigh mar fhathach i gcoinne a bhfeiceálachta i stair na tíre agus mar sin, stair na teanga. Is téama é seo a tháinig chun cinn go mór in agallaimh an taighde seo. Dá bhrí sin, scrúdaítear cúinsí dlíthiúla agus sóisialta stairiúla, agus an tionchar a bhí acu ar na *fragmenta* atá fágtha againn, agus ar shaolta mhná ‘ar iarraidh’ an taighde seo. Tugtar ardán do ghuthanna na mban seo le linn na caibidle ar fad, agus tá sé cuí, mar sin, clabhsúr a chur leis an gcaibidil le tuairimí na mban seo i leith na gcúinsí thuasluaite.

### 8.1. Scagadh ar Bheathaisnéisí an Taighde seo

Is ag díriú ar scéalta na mban atáthar sa chéad chuid den chaibidil. Pléitear le ceisteanna a tháinig aníos agus an taighde idir lámha anseo, na deacrachtaí agus na srianta roimh thaighdeoirí sa réimse agus na heasnaimh nó áiteanna gur féidir níos mó taighde a dhéanamh

amach anseo. Díritear isteach ar phríomheolas na mbeathaisnéisí mar a bheadh ar fáil sna boscaí eolais agus mar a rinneadh i gCaibidil 3 (3.1).

### 8.1.1. Ainmníocht agus Údarhacht

Fadhb a tháinig chun cinn go mór le linn an taighde seo, ná na leaganacha iomadúla d'ainmneacha a bhí ag daoine go stairiúil, go háirithe mná. Bhíodh ainmneacha breithe, ainmneacha pósta, leaganacha malartacha céadainmneacha, leaganacha malartacha sloinnte, ainmneacha cráifeacha, leaganacha Béarla, leaganacha Gaeilge, leaganacha i dteangacha eile, ainmneacha cleite, agus an t-ainm cleite is coitianta riamh: ‘anaithnid’<sup>153</sup>. A fhad is a théann tú siar, is i méid a théann na deacrachtaí le hainmneacha, céadainmneacha go minic agus go háirithe nuair atá easaontas faoi litriú na n-ainmneacha, mar a tharla le Máire Nic a Liondain<sup>154</sup>. Mar shampla, tá dhá dhán grá ón seachtú haois déag nach luaitear ainm an fhile leo. Is iad siúd, ‘Déanam fán moine sa soir’ agus ‘A chompáin, cuimhnigh meise’, a mheastar gur le mná iad toisc gur i mbéal ban atáid, ach níl aon fhianaise ann chun é seo a dheimhniú (Clarke agus McKibben 2021, 58; Ní Mhurchú 2012, 217).

Fiú sa lá atá inniu ann is deacair teacht ar ainmneacha ban a rinne éachtaí sa stair (Booth 2015, 90). Is coitianta tráchtanna ar “Anonymous 1, Anonymous 2, and so on” a fheiceáil i réimse na mbeathaisnéisí ar leibhéal idirnáisiúnta. An moladh is tábhachtaí dar le Keats-Rohan ná na scéalta a chur le chéile fiú mura bhfuil an t-ainm cinnte agat (2007, 152). Tagann ceisteanna údarhachta chun cinn go leanúnach maidir le hionchur na mban i stair na teanga, beag beann ar an réimse, cuir i gcás, sa bheathaisnéis mhná is luaithe atá in Ainm.ie, [Brigid Nic Gearailt](#), a scríobh an t-aon dán siollach atá luaite le bean Éireannach sa seachtú haois déag, ‘A Mhacaoimh dhealbhas an dán’. Tá argóintí amuigh ansin gur scáthscríbhneoir a chum an dán (Clarke agus McKibben 2021, 59; Simms 1991, 36).

#### 8.1.1.1. Ainmneacha Eile sa Taighde seo

I gcás neart beathaisnéisí, bhí a saothar le fáil faoi leaganacha éagsúla dá n-ainmneacha in áiteanna ar leith agus ar chúiseanna ar leith. I gcásanna áirithe ba leasainm teaghlaigh a bheadh ann, mar a bhí i gceist le Nell Gaolach Uí Liatháin, “Is amhlaigh a bhí a lán de mhuintir Laoghaire sa pharóiste, agus chun iad d’aithint ó n-a chéile do tugadh na leas-ainmneacha

<sup>153</sup> Ba í máthair Bhairbre Ní Fhualáin, ar bhailigh sí uaithi den chuid is mó, ach ní sholáthraíonn sí ainm a máthar (CBÉ 630 (4), 285).

<sup>154</sup> Mar shampla: Mary, Molly, Moláí, Máire (Ní Úrdail 2018, 8), Maeligh (ARÉ 23 N 33, 51), agus Mailigh / Mailligh (Ainm 2025). Bíonn litriú éagsúla dá sloinne ann chomh maith: as Béarla Lindon, Linden, Lindin, Lyndon, Mc/Mac Alindon/ Alinden agus O’Linin (Walker 1786, 101; luaite ag Trimble 2011, 439) agus as Gaeilge; Luinín (de hÍde 1931, 88–91), Nic a Liondain (Mag Uidhir 1977, xii; Trimble 2011; ARE N 33, 51) / a Liondoin (ARÉ N 33, 51) / Aliondain (Harris 1995, 3) / an Lionduinn (Ó Tuathail 1932, 532), agus Nic Giolla Fhiondáin (Ó Buachalla 1976, 14–15).

ortha” (1945, 16–7). Thosaigh Gráinne Yeats ag baint úsáid as a hainm pósta in áit Ní Éigearthaigh, toisc na gcastachtaí a bhain lena hainm i Meiriceá, áit ar chaith sí am ar chamcuairteanna (Agallamh 2d). I gcásanna eile, áfach, bhíothas buartha faoi phoist nó nach mbeadh rath ar a saothair toisc gur mhná iad, mar a bhí ann i gcás Róisín Mhic Dhonnchadha, “... toisc go raibh baint aici leis an tseirbhís taidhleoireachta agus ‘gur cheap sí nach léifeadh buachaillí scéalta eachtraíochta ó pheann mná” (Ó Treasaigh 2015, 83; féach Ó hÉigearthaigh agus Nic Gearailt 2014, 138).

Is nós úsáid ainmneacha fear mar ainmneacha cleite atá le feiceáil i stair an Bhéarla le George Eliot, mar shampla (Agallamh FdB; Agallamh CMM), ach is spéisiúil gur bhain mná na hÉireann agus na Gaeilge úsáid astu chomh maith, go háirithe nuair is ábhair íogaire a bhí á bplé acu, faoi mar a léiríonn Síobhra Aiken faoi mhná i ndiaidh an Chogaidh Chathartha (2022, 114). De réir an nóta atá le feiceáil ar an leagan de ‘Coillte Glasa an Triúcha’ (ARÉ LS 23 B 19), scríobh Nic a Liondain an t-amhrán seo faoi ainm a dearthár: “One wonders how many other poems were composed by women under others' names” (Harris 1995, 35).

| <i>Ainm na mná</i>      | <i>Ainm cleite na mná</i>           |
|-------------------------|-------------------------------------|
| Bríd Mhic Choitir       | Bean na gCnoc                       |
| Nuala Ní Ghríobhtha     | Beirt Shiublóirí                    |
| Brighid Ní Chasarlaigh  | Brighid na gCeoltaí                 |
| Eibhlín Ní Dhonnchadha  | Eibhlín Dubh                        |
| Helena Moloney          | Emer                                |
| Eithne Mhic Oistigín    | Ethna Bee-Cee                       |
| Máire Ní Dhomhnaill     | Máire Chonnachtach                  |
| Máire Uí Cheannabháin   | Máire an Ghabha                     |
| Máire Uí Mhilleoin      | Méin an Ghabha                      |
| Máire Ní Dhonnchadha    | Máire Dubh                          |
| Máire Ní Dhroma         | Molly na Páirce / Molly na n-amhrán |
| Máire Ní Chéadagáin     | Moll na nAmhrán                     |
| Máire Ní Reachtagáin    | Máire Cleibh                        |
| Nora Ní Chinnéide       | Nanó                                |
| Nell Uí Liatháin        | Nell Gaolach                        |
| Nóra Ní Chríodháin      | Nóra an tSleasa                     |
| Róisín Mhic Dhonnchadha | P.D Linín                           |
| Máire Ní Chruadhlaoidh  | Sapphó na Mumhan                    |
| Mary Blyth              | Yvonne O’Connor                     |

Tábla 10: Ainmneacha cleite ábhair beathaisnéisí na mban sa taighde seo.

Bhí 19 ainm cleite luaite le beathaisnéisí an taighde seo<sup>155</sup>, atá le feiceáil sa Tábla thuas (Tábla 10). Is minic a bhain fir úsáid as ainmneacha ban, nó a chuir a saothar a bhí anaithnid i nguth mná<sup>156</sup> nuair a bhí siad ag iarraidh íomhá nó mothúcháin ar leith a sholáthar, "... feelings of love, grief, dismay over societal disintegration and defeat, fear of aging, and self-pity were charged; by putting on a mask and projecting these feelings outwards, particularly onto females, the poet could free himself" (Ní Dhonnchadha 2002b, 166). Ón taighde seo, díol spéise is ea gur i gcuimhne ar Mháire Chonnachtach Ní Dhomhnaill agus ar a mháthair, Máire Ní Dhónaill, a bhain Séamus Mac Grianna úsáid as an ainm cleite 'Máire' (Nic Congáil 2014, 377). Constaic sa taighde a rinneadh ar an scéalaí Róise Nic a Ghoill, ná gur bhain scríbhneoir sa chontae céanna úsáid as 'Róise Nic a Ghoill' mar ainm cleite (Nic Giolla Bhrighde 1991).

Rud a tháinig chun cinn, go háirithe i gceantair Ghaeltachta, agus níos coitianta arís i gceantair iargúlta Gaeltachta, ná mná leis an ainm céanna, céadainmneacha<sup>157</sup> nó sloinnte<sup>158</sup>. Os a choinne sin, is mór an faoiseamh é, nuair is sloinne neamhchoitianta atá á lorg, mar a bhí le Mailligh Nic a Liondain (Agallamh GÓT). Cabhair eile i dtaighde ná córas coitianta na n-ainmneacha athartha<sup>159</sup> agus máthartha a insíonn cé hé / hí tuismitheoir na mná, agus a chabhraíonn le deimhniú teastais ar nós teastas breithe agus pósta na mná sin.

Is minic a fheictear ainmneacha mná pósta i dtaifeadtaí na tíre leis an sloinne amháin, Mrs. Sarsfield, mar shampla. Ní haon eisceacht taifeadtaí na Gaeilge anseo, go háirithe nuair a bhféachtar i dtaifeadtaí CBÉ (Agallamh ANB)<sup>160</sup>. Mura dtagann tú ar cé go díreach a phós sí, ní bheifeá in ann a bheidh go hiomlán cinnte faoi cé hí (Breathnach agus Ní Mhurchú 2001b, 22/3; Booth 2015, 91). Deacracht mhór a bhaineann le stair na tíre seo, ná teacht ar dhaoine a chuaigh le sagartacht nó a bhí ina mná rialta. Mar a léirigh Breathnach agus Ní Mhurchú, "Sórt diultú don indibhid is ea na hainmneacha crábhaidh, iarracht, shílfeá uaireanta, ar ar tharla don duine go nuige sin a ligean i ndearmad. Ní raibh a fhios ag na Bráithre Críostaí féin cé dhíobh Ieróm Mac Giolla Phádraig, an fear a scríobh *Aids to Irish Composition*" (2001b, 22–3). Bhí beirt bhan a scríobh lena n-ainmneacha cráifeacha sa taighde seo, an tSiúr de Lourdes, agus an tSiúr Filimíne.

<sup>155</sup> Níl aon fhianaise gur úsáid Máire Ní Chruadhlaoidh an t-ainm cleite 'Saphhó na Mumhan' í féin, toisc nach bhfuil a saothar ar marthain inniu.

<sup>156</sup> "... most of them, though anonymous, were probably composed by male authors" (Ní Dhonnchadha 2002b, 167).

<sup>157</sup> Tá beirt Mháire Ní Mhurchú, beirt Mháire Ní Chearnaigh, agus Róise agus Róis Ní Dhochartaigh sa taighde seo.

<sup>158</sup> Mar shampla muintir Uí Dhochartaigh (Gaoth Dobhair), muintir Uí Shíothcháin (Oileán Chléire), agus muintir Uí Mhurchú (Muscraí).

<sup>159</sup> Tom a' Dochtúra Ó Conghaile ab é athair Maggie Tom Dirrane. Athair le Neillí agus Sorcha Ní Anluain ab ea Peadar Dubh Ó hAnluain agus bhí cáil ar na deirfiúracha go háitiúil mar Neillí agus Sorcha Pheadair Dhubh.

<sup>160</sup> Na mná seo a leanas, mar shampla, a raibh cuid dá scéalta ar fáil in *A Dictionary of Munster Women's Writers* (O'Toole et. al 2005, 298–9) ach nach rabhthas in ann níos mó eolas beathaisnéise a fháil fúthu sa taighde seo: Bean Uí Chearna, scéalaí ó Mhúscraí, Corcaigh (*fl.* 1944).

#### 8.1.1.1.1. *Tionscadail Bheathaisnéisí & Ainmneacha*

Ní fadhb as an ngnáth ceisteanna maidir le hainmneacha i dtionscadail bheathaisnéisí, mar shampla, rinne údair SAPCD iarracht ainmneacha na ndaoine a sholáthar i dteangacha na n-ábhar beathaisnéisí, ag baint úsáid as an aibítir Shíneach (Barrett 2014, 165). Toisc go raibh cáil ar chuid de na mná sa taighde seo i saol an Bhéarla agus saol na Gaeilge araon, cuardaíodh leaganacha éagsúla dá n-ainmneacha le linn na hanailíse doiciméid. Más rud é gur phós na mná seo, cuardaíodh a sloinntí roimh phósadh chomh maith, agus b’ionann an scéal le hainmneacha cleite. An moladh is mó ó thaobh deacrachtaí le hainmneacha a shárú ná máistirliosta a chur le chéile de na leaganacha ar fad a d’fhéadfadh a bheith ann den duine nó úsáid a bhaint as córas idirnáisiúnta ainmníochta, cosúil le ‘Virtual International Authority File’ (VIAF)<sup>161</sup>. Baintear úsáid sa taighde seo as an ainm a mbaintear úsáid as sa cheantar inar mhair an bhean, mar shampla Maggie Dirrane (Agallamh 2c). Mura rabhthas in ann teacht ar fhianaise don leagan is coitianta sa cheantar, baineadh úsáid as an leagan is coitianta sa litríocht agus sna tráchtanna fúthu, mar shampla Máire Nic a Liondain.

#### 8.1.1.2. *Ceisteanna Údarthachta sa Taighde seo*

Tháinig ceisteanna údarthachta chun cinn i mbeathaisnéisí Eibhlín Ní Eachiaruinn, Máire Ní Reachtagáin, agus Máire Nic a Liondain, mar shampla. Má bhreathnaítear ar chás Nic a Liondain, tá comharthaí ceiste faoi ar a laghad dhá amhrán a luaitear léi (7.1.2.1). Is spéisiúil go bhfuil nasc le Nioclás Ó Cearnaigh agus a chuid áitimh sa dá chás seo<sup>162</sup>. Mar a phléitear thuas (7.1.2.1) is é an tuairim choitianta ná go raibh Ó Cearnaigh “tugtha don áibhéil” (Ó Dufaigh agus Ó Doibhlin 1989, 7):

... mhair sé in aois a bhí ar nós cuma liom faoi litríocht bheo na Gaeilge. Chreidí gur teanga mharbh í nach raibh le fáil inti ach *Bardic Remains*. Graham agus na pátrúin a fuair sé ní ba dhéanaí, ní íocfadh siad as léann beo; ar thóir na hársaíochta a bhí siad, ní ar thóir na litríochta. Dá bhrí sin, ní bheadh éileamh ar shaothar Niocláis ann féin... Thuig Nioclás é seo agus ba leasc leis a admháil gurbh fhile é ar chor ar bith – níl ach beagán dá dhánta ar chuir sé a ainm leo (1989, 20).

Bhíodh sé de nós aige amhráin a chur in ainmneacha filí aitheanta ar nós “... the learned sage Patrick Lindon of the Fewes, and his sister Miss Molly Lindon...” (LNE LS 389, 255–8; luaite

<sup>161</sup> Córas a chruthaíonn taifead údaráis ar leith le haghaidh ainmneacha ar leith a mbaineann leabharlanna idirnáisiúnta úsáid as (Leuner 2021). Cur síos ar an gcóras ar fáil ag <https://www.oclc.org/en/viaf.html> [Rochtain faighte: 09/08/2025].

<sup>162</sup> Is é Nioclás chomh maith a luaigh ‘An Gabhan Geal Bán’ ar Mháire Ní Eifearnáin, agus tá deirfiúr leis, Máire Ní Chearnaigh mar ábhar beathaisnéise eile sa taighde seo (Nic Eoin 1998, 262 & 267).

ag Ó Dufaigh agus Ó Doibhlin 1989, 20). Ní hé sin is a rá nár chum sí iad, agus ní hé le rá nach bhfuil ceisteanna údarhachta faoi amhráin a luaitear le fir, ach bac atá ann agus saothar beathaisnéise agus cuntais stairiúla á scríobh, “go dtí pointe ghlac cuid mhór de na scoláirí i dtrátha an ama sin le hÓ Cearnaigh mar ba shárscéalaí a bhí ann (.i. nach raibh a shaothar iontaofa)” (Agallamh GÓT, 00:06:31). Is ceist choitianta ceist na húdarhachta sa traidisiún béil chomh maith,

...there is no way of telling how much of the cultural materials ... folklorists have purportedly collected from men—almost always the presumed experts—were actually gathered from women... Often women’s influences are difficult, if not impossible, to separate from the texts and performances of [men] (Locke, Vaughan agus Greenhill 2008, xxiv).


Bheadh tuiscintí éagsúla againne ar a leithéid seachas mar a bheadh in aimsir na bhfaisnéiseoirí. Is minic nach luaitear faisnéiseoirí scéalta a bailíodh, mar a tharla le luibhsheanchas Nóra Ní Chinnéide (7.2.1)

Is minic a luaitear ainm fhir mar ainm an fhaisnéiseora cé gurb é a bhean a thugann an scéal nó a chabhraíonn leis an scéal a insint (Coates 1993, 53, luaite ag Dunne 2023, 56). Ceist a tharraingítear ná ról an éisteora ghníomhaigh i seachadadh an bhéaloidis (Ó Duilearga 1942, 37), go háirithe sna cásanna nuair, mar a dúirt an Duileargach, “not a world of the tale escapes them” (Delargy 1945, 7). Is cuid lárnach ceisteanna údarhachta i dtaighde na staire a tharlaíonn sa chritic sheachtrach (6.3.1.1.2). Díol spéise ná go dtagann na ceisteanna seo atá i dtraidisiún béil na teanga chun cinn tar éis don bhéaloideas a bheith scríofa síos, “nuair a bhí na hamhráin sin á mbailiú in amanna bhíodh an faisnéiseoir ag tabhairt le fios cé chum” (Agallamh GÓT, 00:05:24). Beartaíodh sa taighde seo, na mná seo a choinneáil isteach agus tagairt a dhéanamh don chur agus cúiteamh a mhaireann maidir lena saothair (Agallamh GÓT).

### 8.1.2. Amlíne & Dátaí

Tá eolas ar dhátaí riachtanacha le haghaidh amlíne na mbeathaisnéisí agus tuiscint a fháil ar chomhthéacs na scéalta. Faoi mar a léiríonn cuid de na scéalta sa taighde seo, fiú sna tréimhsí as a dtagann formhór na mbeathaisnéisí, bíonn deacrachtaí teacht ar eolas. Chun amlíne na n-ábhar beathaisnéisí seo a chur le chéile baineadh úsáid as bliain bhreithe na mban, nó sa chás nach raibh sé sin ar fáil, dáta *floruit* a saothair. Mar atá le feiceáil ón ngraf thíos (Figiúr 24), a dhéanann comparáid idir an eolas seo agus an t-eolas a bhí ar fáil faoi mhná reatha Ainm.ie,

rinneadh iarracht cuid de na bearnaí sna foinsí luatha a líonadh. Ciallaíonn sé seo go bhfuil amlíne na mban ag dul siar níos faide sa taighde seo.



Figiúr 24: Amlíne beathaisnéisí mhná Aine.ie agus an tionscadail seo de réir dáta breithe.

An bheathaisnéis is luaithe sa taighde seo, ná an pátrún filíochta, Sadhbh iníon Thaidhg Uí Mháille (c. 1478) ar scríobhadh an leagan is luaithe atá againn de *Cath Fionntrágha* di sa chúigiú haois déag (Meyer 1885). Rugadh 19 ábhar beathaisnéise roimh an mbliain 1750. Murab ionann agus an t-ochtár ban atá in Aine.ie a rugadh roimh 1750 iad, ní filí ón Mumhain a bhformhór (3.1.1). Ba as Corcaigh do cheathrar, ba as Sasana, Contae an Chláir agus Ciarraí do bheirt faoi seach, agus tá duine amháin a rugadh nó a tógadh in Albain, Maigh Eo, Ard Mhacha, Luimneach, Cill Mhantáin, Doire, Muineacháin, Ros Comáin, Doire, Contae na Mí, agus Dún na nGall, faoi seach<sup>163</sup>. Ba phátrún filíochta ochtar díobh, b’fhillí seachtar díobh, agus i measc cúiseanna cáile na mban eile bhí reachtaire filíochta, amhránaí, agus bean chaointe<sup>164</sup>. Tá ardú tagtha ar líon na mbeathaisnéisí a rugadh idir 1750 agus 1850 (2 → 38).

<sup>163</sup> Níl a fhios againn cár rugadh Goodwife Glover, ach cuireadh chun báis i mBostún in 1668 í. Mar a deirtear ina beathaisnéis, “Ceann de na príomhchúiseanna go cuireadh chun báis í nach raibh sí in ann paidreacha a chríochnú i mBéarla gan “making Nonsense of it, with some ridiculous Depravations” (Mather 1689, 7). Cé nach bhfuil fianaise againn gurb í an Ghacilge a bhí á labhairt aici (Hogan 2017; Sumner agus Doyle 2020), is é sin an tuairim atá glactha ag an-chuid scoláirí ón 19ú haois ar aghaidh (Fitton 1872, 55; Healy 1876, 87)”.

<sup>164</sup> Cás spéisiúil scéal Elizabeth Zouche (c. 1488–1517). Óna mionbheathaisnéis: De réir bunleabhar Chríostóir Nuinseann a thug sé don bhanríon Eilís chun Gaeilge a fhoghlaim, bhain Zouche úsáid as an gcóras úd ar bhogadh go hÉirinn di agus ‘in shorte tyme learned to reade, write and perfectly speak the language’ chun dearbhú na huaisle a thuilleamh (Bryan 1933; Casey 2016; Lydon; Lennon 2006). Níor luaigh Nuinseann gur í Zouche a shin-seanmháthair agus meastar mar sin go raibh sé ag baint leas as an ngaol leis na Túdaraigh ar mhaithe leis féin (Casey 2016).

Is í an tréimhse 1850–1899 an tréimhse is coitianta ó thaobh dáta breithe na mbeathaisnéisí de (81 beathaisnéis), agus tá naisc ag an-chuid de na hábhair beathaisnéisí seo, mar aon le beathaisnéisí ban reatha Ainm.ie le heagraíochtaí agus gníomhaíochta teanga. Mar a léirítear i gCaibidil 3 (3.1.1), tagann formhór beathaisnéisí na mban atá in Ainm.ie ón tréimhse ama 1850–1950, in Athbheochan na Gaeilge. Nuair a chuirtear líon na mban sin i gcomparáid le líon na bhfear, áfach, feictear go raibh bearna ollmhór eatarthu ann fós (Agallamh RUC). Ar ndóigh, ní go dtí le fiordhéanaí go bhfuil aitheantas á thabhairt dóibh agus do mhná eile, “Tá rudaí ag athrú de réir a chéile. Níl siad ag athrú gasta go leor, ach tá siad ag athrú agus is rud maith é sin” (Agallamh CMM, 00:23:47). Is iad mná na hAthbheochana a sheasann amach i réimse beathaisnéisí na Gaeilge, Úna Ní Fhaircheallaigh (Nic Congáil 2010), mar shampla. Ba i ndiaidh na hAthbheochana a thosaigh borradh ar réimsí eile ag teacht chun cinn, iriseoireacht na mban ina measc (Agallamh RUC; Whelan 2024). Is spéisiúil go raibh cuid acu a bhí, “páirteach in Athbheochan na Gaeilge” ag baint “b'fhéidir le huasaicme ar leith” (Agallamh RUC, 00:10:25).

#### 8.1.2.1. *Eachtraí Móra i Stair na Tíre*

Is féidir eolas a fháil ar eachtraí móra i stair na teanga cosúil leis an Athbheochan mar aon le heolas a fháil faoi eachtraí níos tubaistí i stair na tíre trí shaolta na mban sa taighde seo ó gach tréimhse ama. Mar shampla, léiríonn amhrán clúiteach Mháire Ní Dhroma, ‘Na Prátaí Dubha’ cruachás an Drochshaoil (Tóibín 1978, 19–21).

Tá na bochta so Éireann ag plé leis an ainnise,  
Buairt is anacair is pianta báis,  
Leanaí bochta a béiceadh is a scréachadh gach maidin,  
Ocras fada orthu is gan dada le fáil.

Tá cuntais eile ar an nGorta Mór le feiceáil i ndírbeathaisnéis Nell Gaolach (1945, 15–22), i scéalta Máire Joe Uí Chonchubhair (CBÉ 505, 381), agus in amhráin Nell Ní Shúilleabháin (Ó Dubhda 1933, 91). Bhí tionchar ag an bhFliú Spáinneach ar shaolta chuid de na mná chomh maith. Fuair Bríghid Stac agus Eibhlís Nic Con Uladh bás dá bharr in 1918, bhíodar 18 agus 21 bliana d’aois, faoi seach. Is féidir eolas a fháil ar stair réabhlóideach na tíre sna scéalta, chomh maith. Theip ar an éirí amach a bhí ag Tomás an tSíoda Mac Gearailt, 10ú hIarla Chill Dara (1513–1537) in 1534–5. Ba mhac é le Elizabeth Zouche. Ba dheartháir Róise Ní Dhochartaigh é Cathaoir Ó Dochartaigh (1587–1608) a stiúir an t-éirí amach ar theip air i dTír

Chonaill in Aibreán 1608 (Harris 1980, 299)<sup>165</sup>. D'éalaigh Róise chun na hEorpa, mar aon lena deirfiúr céile, Nuala Ní Dhomhnaill, in Imeacht na n-Iarlaí in 1607. Bhí cúigear ban arbh ábhair bheathaisnéisí an taighde seo iad a bhí bainteach in Éirí Amach na Cásca 1916<sup>166</sup>, agus beirt i gCogadh na Saoirse (1919–1921)<sup>167</sup>.

#### 8.1.2.2. Deacrachtaí le Dátaí

Faoi mar a mhínítear thuas, baineadh úsáid as *floruit* chun amlíne na mban a líonadh amach, sna cásanna nach rabhthas in ann dátaí na mban a aimsiú. Tá comhartha ceiste thar dhátaí eile a aimsíodh<sup>168</sup>. Ní fadhb í seo a bhain leis na tréimhsí is luaithe amháin agus ní fadhb atá ann leis an nGaeilge amháin ach an oiread. Ba mhinic a d'inis mná bréaga faoina n-aoiseanna, nó nach rabhadar in ann nithe a scríobh nó a scríobh go soiléir i dtaifeadtaí ar nós an daonáirimh toisc easpa oideachais (Booth 2015, 91). Ag trácht ar an daonáireamh, toisc míréireanna idir aoiseanna daoine ón daonáireamh in 1901 agus an ceann in 1911, bíonn sé deacair cinntiú gurb é an duine céanna ann, go háirithe nuair atá na deacrachtaí seo agus na deacrachtaí réamhluaithe le hainmneacha ann<sup>169</sup>. Mar a léiríonn taighde Budd agus Guinnane, tar éis teacht an 'Old Age Pensions Act' in 1908, bronnadh pinsean orthu siúd thar 70 bliana d'aois a bhí ina gcónaí sna Ríochta Aontaithe, "... since there was no civil registration of births in Ireland before 1864, few Irish people possessed legal documents that could be used to prove their ages, and some probably did not know their precise age. Many took advantage of this to lie about their ages, and qualify for a pension before they reached the statutory age" (1991, 497).

#### 8.1.3. Tíreolaíocht

Léiríonn an léarscáil thíos (Figiúr 25) tíreolaíocht na mban ar chuid den taighde seo iad. Baineadh úsáid as áiteanna breithe na mban a rugadh in Éirinn chun é seo a chur le chéile. Sa chás nach raibh teacht ar an áit bhreithe baineadh úsáid as áit chónaithe na mban.

---


<sup>165</sup> Sa bhliain 1608, scríobh Fionnghuala Nic Dhomhnaill (?–c. 1611) litir chuig Easpag Dhoire, George Montgomery ag cur i leith Niall Garbh Ó Domhnaill, cliamhain léi, gur spreag sé Cathaoir Ruadh Ó Dochartaigh chun éirí amach. Ba de dheasca na litreach seo go cuireadh Niall Garbh go Túr Londen (Ó Domhnaill 1942).

<sup>166</sup> Helena Moloney a throid i Halla na Cathrach, Bheronica Ní Riain san óstán Royal Hibernian agus in Ard-Oifig an Phoist, Máirín Beaumont a choimeád airm ina lóistín roimhe le haghaidh J. J. 'Ginger' O'Connell, Neans de Paor a thug na horduithe slógaidh go Ceatharlach, agus Máiréad de Brún a thug litreacha léi go Gaillimh.

<sup>167</sup> Mary Agnes Burke agus Eithne Ní Chumhaill.

<sup>168</sup> Tá briseadh seachtú bliain idir na caointe a bailíodh ó Nóra Ní Shindile in 1800 agus 1870, mar shampla.

<sup>169</sup> Sa daonáireamh in [1901](#), luaitear go bhfuil Nóra Ní Chinnéide 34 bliana d'aois ach in [1911](#) 54 bliana d'aois Féach (7.2).



Figióir 25: Ionadaíocht na mban ó thaobh contaetha na hÉireann de sa tionscadal PhD seo de réir áit breithe.

Is é Contae Chorcaí an contae leis an ionadaíocht is fearr, rugadh 32 ábhar beathaisnéise ann, agus is athrú é seo ó mhná [Ainm.ie](https://ainm.ie) in 2023, ina raibh Baile Átha Cliath an contae leis an ionadaíocht is fearr (28). Na contaetha eile le hionadaíocht ard ná Ciarraí (30), Port Láirge (15), Baile Átha Cliath (14), Contae an Chláir (10), Dún na nGall (9) agus Gaillimh (9). Mar a bhí i gceist le mhná [Ainm.ie](https://ainm.ie) in 2023, níl ábhar beathaisnéise ar bith a rugadh i Longfort, Ceatharlach, Cill Chainnigh, nó Liatroim. Contaetha eile nach bhfuil ábhar beathaisnéise a rugadh ann sa taighde seo ná Cill Dara, an Dún, Uíbh Fhailí, Laois, nó ón gCabhán. Bhí beirt nach rabhthas in ann teacht ar aon eolas tíreolaíochta díobh, is í sin an scríobhaí Máire Ní Riain (*fl.* 1820), agus an file Máire Ní Mhaoilmhichíl (*fl.* 1846).

### 8.1.3.1. *Gaeil thar Sáile*

Rugadh thar lear 15 bean sa taighde seo, seachtar i Sasana<sup>170</sup>, ceathrar i Meiriceá<sup>171</sup>, beirt i gCeanada<sup>172</sup>, agus duine sa Spáinn agus in Albain<sup>173</sup>, faoi seach. Ar ndóigh, tá deacrachtaí breise leosan a chuaigh ar imirce go Meiriceá, nó chun na hAstráile, mar shampla (Agallamh ANB; RUC). Chuaigh mná an taighde seo ar imirce go Meiriceá<sup>174</sup> agus Sasana<sup>175</sup> i dtréimhsí ama éagsúla ón seachtú aois déag go dtí an fichiú haois. Sa tréimhse iar-Ghorta, bhí níos mó ban ag fágáil na tíre ná fir (Jackson 1984; Murphy 2023; Ó Gráda 1994). Tá cáil ar Charlotte Grace O'Brien dá feachtasaíocht ar son chearta na mban seo. Chuir sí béim ina cuid scríbhneoireachta agus iriseoireachta ar na deacrachtaí a bhuaíl na mná seo, go háirithe na cainteoirí aonteangacha Gaeilge (Nilsen 1997; Doyle 1979).

Ní gluaiseacht theoranta don tír seo gluaiseacht Athbheochana agus chur chun cinn na teanga. I Nua-Eabhrac go háirithe, baineadh leas as an mborradh ar an iriseoireacht chun pobail na tíre agus na teanga a bhailiú le chéile le hirísí (Agallamh CMM), ar nós *An Gaodhal*, a chuir Geraldine Haverty in eagar. Cuireann sé seo béim ar an ngá litreacha a úsáid mar fhoinsé chun saolta a chur le chéile agus ar an teagmháil riachtanach ar ghá a dhéanamh le teaghlaigh ábhair bheathaisnéisí féideartha mar sin (Agallamh ANB). Uaireanta, chiallaigh a bheith ag obair leis an teanga thar sáile nach mbeadh na pobail chéanna Gaeilge acu ann. Cuireann sé seo leis an ngá “spotsholas” a chuir ar na daoine seo,

Sílím gur gá aitheantas a thabhairt do na daoine sin, ní ar mhaithe le haitheantas nó gradam a thabhairt daofa, ach ar mhaithe leis an ról a bhí acu i gcur chun cinn na Gaeilge agus i léann na Gaeilge a aithint mar tugann siad peirspicéacht dhifriúil ar ról aon teanga ar domhan do dhaoine atá ina gcónaí i dtíortha eile ach a labhraíonn nó a bhfuil spéis acu i dteanga dhúchais a dtíre féin; aithníonn siad an teanga mar shlabhra idir iad féin agus a dtír dhúchais (Agallamh RUC, 00:20:56).

Ina cuid taighde ar an scríbhneoireacht chruthaitheach faoin gCogadh Cathartha, thug Aiken an “marginalisation of testimony produced outside Ireland” faoi deara (2022, 192). Bhain banscríbhneoirí leas as an deoraíocht a bhain leis an imirce mar spreagadh scríbhneoireachta, “... this seems to have been particularly relevant for women, who made up the majority of

---

<sup>170</sup> Elizabeth Zouche Fitzgerald, Ellen Cuffe Bischoffheim, Máiréad Trinseach, Máire Ní Fhlannghaile, Bheronica Ní Riain, Móirín Chavasse, agus Máire Nic Suibhne.

<sup>171</sup> Róisín Mhic Dhonnchadha, Geraldine Haverty, Sidney Robertson Cowell agus Goodwife Glover.

<sup>172</sup> Caitlín Ní Aodha agus Hazel Yake.

<sup>173</sup> Lucy Bhreathnach agus Fionnghuala Nic Dhomhnaill, faoi seach.

<sup>174</sup> Nóra Ní Chonaill, Bríd Uí Dhanachair, Bríd Ní Loingsigh, Cáit Stac, Goodwife Glover agus Máiréad Ní Chadhlaigh.

<sup>175</sup> Polly Ní Cheallaigh agus Sinéad Ní Chiosáin

emigrants from Ireland during much of this period” (Aiken 2022, 192). Ba níos airde in amanna líon na ndaoine a chuaigh ar imirce ó iarthar na tíre agus ó na Gaeltachtaí ná áiteanna eile, go háirithe ón dara leath den naoú haois déag (Kearns 1974). Ghlac siad leo a gceird agus is minic a chailltear trácht orthu ina dhiaidh sin (Agallamh 2c). Bhí tionchar ag an mbánú seo ar leibhéal na gcainteoirí sna Gaeltachtaí iad féin, mar a tharla “... sna daichidí agus sna caogaidí. Is ní foláir nó bhí baint ag imirce leis sin go raibh daoine a bhí imithe is dócha is scéalaithe agus seanchaithe iad féin agus daoine go raibh cur amach orthu chomh maith is dócha imithe” (Agallamh SÓC, 00:12:34). Ba chuid inmheánach imirce de shaol na gCeantar Gaeltachta agus mar sin, saolta na gcainteoirí dúchais (Agallamh 2c; CMM).

### 8.1.3.2. Cás na gCeantar Gaeltachta

Ní hamháin gur bhog daoine thar sáile ach laistigh den tír chomh maith. Ba bhailitheoir páirtaimseartha don Choimisiún í Eibhlín Ní Shéaghdha a bhog ó Chiarraí go Baile Ghib, Gaeltacht nuabhunaithe i gcontae na Mí, sna 1930idí. Léirigh sí na deacrachtaí ina post mar gheall air seo in imleabhar a sheol sí chuig an gCoimisiún.

Cheapas gurb iad na seandaoine fialmhara a d’fhágas im’ dhiaidh i gCiarraige a bhí anso ach ní shiad. Is geail le leigheas ar shúile teine sgeul a d’hághail uathu. Ní mhur duit iad a bhreabadh go maith. Bhíos ag sgríobh ó sheanabhean ó Dhún na nGall agus níl aon bhaoghal ná go rabhas im’ mheasgán mearaighe aici (CBÉ 619 (3), 179).

Ba chainteoirí dúchais Gaeilge<sup>176</sup> 84 d’ábhar beathaisnéise sa taighde seo (45.41%). Is ardú thart ar 16.06% é seo ar bheathaisnéisí mhná Ainm.ie ag tús an taighde seo (3.1.2). Má bhreathnaítear ar an bpobal Gaeltachta, tá an ionadaíocht beag go leor nuair a shamhlaítear stair na n-áiteanna sin, agus ionchur na daoine ar stair na teanga, go háirithe i dtaifeadtaí an traidisiúin béil sna scéalta atá in [Ainm.ie](#) faoi láthair agus a bhí in *Beathaisnéis*.

Agus sílim go n-admhódh na bunúdaire sin iad féin, bhí siad claonta i dtreo, ní dhéarfainn an Ghallacht ach claonta is dócha i dtreo lucht na hAthbheochana agus ar fhoghlaimoírí agus lucht na cúise, seachas bunadh na Gaeltachta agus tá an locht sin ar an genuasach go háirithe maidir leis an bhfichiú haois agus... tá go leor cur síos ar Athbheochantóirí áirithe... agus daoine gan dabht a bhfuil áit tuillte acu i genuasach náisiúnta, ach déarfainn go bhfuil béim níos mó anois ó thosaigh CIC i ról na heagarthóireachta... ar Ghaeilgeoírí na Gaeltachta, mar shampla, ceoltóirí, ealaíontóirí,

---

<sup>176</sup> Ciallaíonn sé seo gurb as ceantair a bhí ina gceantair Ghaeltachta ag an am iad, nó go raibh trácht dóibh a bheith tógtha trí Ghaeilge.

gníomhaithe pobail, lucht na gcomharchumann agus mar sin de (Agallamh GÓC, 00:22:36)

Cosúil leis an gcoilíniú dúbailte a phléitear thuas (4.4.2.1), “Dá dhonacht an scéal ag mná, ba mheasa an scéal ag mná na Gaeltachta a raibh stádas níos lú fós acu. Tá cuid de choincheapa agus de mhachnamh bunúsach an bhéaloidis ag éirí as tuiscintí ar inscne nó ar chineál an duine” (Ó Cadhla 2007, 180–1). Beag beann ar inscne tá easnaimh mhóra i ndoiciméadú scéalaithe na Rinne (Agallamh SÓC). Ceist a tháinig chun cinn in agallaimh an taighde seo ná ionadaíocht “na sé chontae go stairiúil” (Agallamh FdB, 00:23:45), agus luadh Béal Feirste<sup>177</sup> cúpla babhta agus an obair mhór taighde atá le déanamh ar Athbheochan na teanga ann sa dara leath den fhichiú haois (Agallamh CME; MOCO)<sup>178</sup>. Le réimsí teanga atá cheana féin tearcléirithe i stair na teanga, cosúil leis an gcaointeoireacht, ba mheasa an cás é ó thuaidh,

Níl an oiread sin cineál clúdaithe mar a bhaineann leis an chuid ó thuaidh den tír agus tá mé ag cur san áireamh ansin fíorbheagán atá déanta fosta i dtaca leis an traidisiún i dTír Chonaill, cé go raibh a fhios againn go raibh sé beo... go mórmhór i dtaca le ceantar Ó Méith agus ceantar Fhearnaí agus ceantar, más maith leat, de Shliabh gCuillinn agus leithéid. Tá fianaise againne cé chomh beo agus a bhí sé in úsáid (Agallamh GÓT, 00:17:48).

#### **8.1.4. Oideachas**

Is léir ón taighde nach raibh na doirse céanna ar oscailt do mhná sa “tsochaí phatrarcach” (Agallamh FdB, 00:23:45) inar mhair siad, nó na deiseanna céanna “oideachais agus oibre acu” (Agallamh MNL, 00:14:13), ach an oiread. Dá dheasca seo “cuireadh siar na mná go dtí le fíorghairid ón deis a bheith acu a gcuid scileanna agus a gcuid ábaltachta a chur i láthair” (Agallamh MÓCi, 00:16:13). Bhí tionchar ag míthuiscintí ar a bhfuil i gceist le ‘litearthacht’ ar na taifeadtaí a mhaireann. Samhlaíodh litearthacht leis an traidisiúin scríofa amháin agus le réimse an Bhéarla amháin, chun dochair taifeadtaí Gaeilge agus taifeadtaí sa traidisiún béil, “... an meon a brúdh ar na Gaeil ag an am agus ar na mná b'fhéidir go háirithe, mura raibh léamh ná scríobh ná eolas ar an mBéarla – ní raibh oideachas ná léann ort agus tá sé sin iomlán mícheart” (Agallamh CMM, 00:27:43). Is iomaí bearna i stair na teanga de bharr na míthuisciana seo (5.2.3.1). Is féidir é a nasctha le tuiscintí stairiúla ar luach agus ar éacht.

<sup>177</sup> Sa taighde seo, rugadh i mBéal Feirste Brighid Ní Chaslaigh, Nuala Ní Ghríobhtha, agus Eithne Ní Mhurchú. Bhí Eithne mar aon le Máire Ághas, Mary Balfour, Eibhlín Nic Néill i mbun gníomhaíocht teanga sa chathair, chomh maith.

<sup>178</sup> Tá formhór na gníomhaithe seo fós ar marthain, agus mar sin níl a mbeathaisnéisí in [Ainm.ie](http://Ainm.ie) go fóill. Tá an tionscadal ‘Gaelstair’ a seoladh i Meán Fómhair 2024, “togra oidhreacht Gaeilge de chuid Spórtlann na hÉireann” i mbun bailithe agus céiliúrtha ar an athbheochan teanga i mBéal Feirste (Nic Lochlainn 2024).

Luaitear oideachas na n-ábhar beathaisnéise in 29 beathaisnéis sa taighde seo. Glactar leis go raibh bunoidreachas ar a bhformhór toisc gur rugadh thart ar 80.54% dóibh i ndiaidh 1820. Ba in 1831 a cuireadh tús le bunscolaíocht saor in aisce in Éirinn, agus ó 1892 bhí sé éigeantach (Raftery 2011). Fiú má d'fhreastail, áfach, is minic nárbh fhada a chaith cailíní ar scoil, faoi mar a léirigh Nell Gaolach ina cuntas ar a saol:

Ocht mbliana nú mar sin a bhíos nuair a cuireadh ar sgoil me. Ní rabhas abhfad ag dul ann, amhthach, nuair a dubhairt lem athair agus lem bmathair me thógain ó sgoil mar ná déanfainn aon mhaith ann go deo... Is minic ó shin d'oir sé dhom sgoilidheacht ní b'fhearr a bheith orm, ach ní raibh leigheas air ach bheith cráidhte (1945, 18).

Deacracht mhór a bhain le beathaisnéisí an taighde seo ná teacht ar ainmneacha scoile roimh 1900<sup>179</sup>, bhí sé i bhfad níos éasca teacht ar eolas ar ardoideachas na mban. Bhí céim baitsiléara (cinn ealaíona agus oideachais den chuid is mó) ag 22 bean<sup>180</sup>, céim mháistreachta ag naonúr<sup>181</sup>, agus PhD ag beirt<sup>182</sup>.

#### 8.1.4.1. *Oideachas na hOidhreacht*

Do na mná a chleacht ceird áirithe i stair na teanga bhí scolaíocht luachmhar ar fáil laistigh de bhallaí a dtithe féin, mar a bhí i gceist le Máire Nic a Liondain. Ba de shliocht filí agus cláirseoirí tábhachta i stair a ceantair Máire. Ba “Reacadóir na mbard” a hathair, [Pádraig Mac a Liondain](#) (1655–1733) (Ó Fiach 1986), mac le “the great-grand-daughter of Turlough an Fhuinn” (ARÉ 23 N 33, 45). Bhí macalla de seo ar fáil i scéal Pheig Nic Cuarta a scríobh ina cuid filíocht gur de “threibh an Daill Mhic Chuarta” í (MacCuarta agus Ua Muireadhaigh 1925, 24). Mar aon le scéalaithe eile, Bríd Uí Mhurchadha, (Iníon an Ruiséalaigh), mar shampla, fuair Nanó Ní Chinnéide a scéalta óna hathair. Thug sí ar aghaidh chuig a mac, Pádraig Ó Dobhair, iad, faoi mar a rinne Cáit Ní Dhanachair lena mac, [Stiofán Ó hEalaoire](#) (1858–1944). Ba mháthair le [Máire Mhac an tSaoi](#) (1922–2021) í Máiréad de Brún a bhí ina léachtóir le Gaeilge sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Ba mháthair [Eibhlín Dubh Ní Chonaill](#) (c.1743–c.1800) í Máire Dubh Ní Dhonnchadha, “We might suppose that during her formative years she accompanied her mother, Máire Ní Dhuibh, when partaking in the ritual lament, serving an

<sup>179</sup> Nóra Ní Chinnéide, mar shampla (Agallamh SÓC)

<sup>180</sup> Róisín Mhic Dhonnchadha, Máire Nic Suibhne Eithne Ní Mhurchú, Máiréad de Brún, Caitlín Bonfield, Máire Ní Dhomhnalláin, Máire de Paor, Neans de Paor, Marion King, Máiréad Ághas, Caitlín Uí Néill, Nuala Ní Ghriobhtha, Máire Bean de Búrca, Eilís Ní Mhurchú, Seosaimhín Ní Mhuirí, Caitríona Hertz-Wandersleb, Gráinne Ní Eaghraín, Mary Kate McGurl, Síle Ní Chéileachair, Eibhlín Ní Dhonnchadha, Sinéad Ní Chíosáin, Máirín Beaumont, Áine Stac, Eibhlín de Buitléir, Íosold Ní Dheirg, agus Gráinne Yeats.

<sup>181</sup> Róisín Mhic Dhonnchadha, Máiréad de Brún, Sinéad Ní Chíosáin, Eibhlín de Buitléir, Máire Bean de Búca, Eithne Mhic Oistigín, Mary Kate McGurl, Máirín Beaumont, Eibhlín Ní Dhonnchadha, agus Máire de Paor.

<sup>182</sup> Neans de Paor agus Eibhlín Ní Dhonnchadha.

apprenticeship of participatory immersion” (Ní Shíocháin 2021, 77). B’iníon í Máire Ní Cheallacháin le beirt phríomhoidí scoile, Bridget Laffe agus [David O’Callaghan](#) (c.1853–1937). Is dócha go bhféadfaí a mhaíomh go raibh tionchar aige seo uirthi, toisc gur phríomhoide í i Scoil Bhríde, Baile Átha Cliath (1944–50), agus ba ise a scríobh an péire leabhar *Irish at home, or Gaeilge sa mbaile* (1921) agus *Irish at school or Gaeilge sa scoil 1: Fé bhrat Bhrighde* (1922) (Dunne 2024, 110). Uaireanta, áfach, ba de dheasca na cáile seo a bhí ar theaghlaigh ar leith, gur mhair mná áirithe “faoi scáth” fir ina dteaghlach, mar a bhí le feiceáil ó scéal Cháit Ní Dhonnchadha, ar deirfíur í le [Tadhg Ó Donnchadha](#), Torna (1874–1949) (Ní Ghearbhuigh 2018). Ba chomh trom an scáth sin in amanna, gur beag an t-eolas atá ar fáil ar dheirfíuracha eile, Máire Ruadh Ní Eifearnáin mar shampla, ar cuireadh ina leith gur dheirfíur [Liam Dall Ó hIfeárnáin](#) (c.1720–c.1803) í (Nic Eoin 1998, 267).

### 8.1.5. Cúiseanna Cáile

Tugtar cúiseanna cáile ar na naisc a bhí ag na mná sa taighde seo le stair na teanga (6.2.2) toisc go raibh réimsí den teanga agus ceird a chleacht daoine nach bhfuair siad íocaíocht ina dtaobh. Leagtar na cúiseanna cáile seo amach sa tábla thíos (Tábla 11) in ord minicíochta. Cuirtear gach cúis cháile a luaitear leis na hábhair bheathaisnéisí san áireamh, fiú sna cásanna go raibh níos mó ná ceann amháin ag an duine.

| <i>Cúiseanna Cáile</i>     | <i>Líon</i> |
|----------------------------|-------------|
| Scéalaí                    | 34          |
| File                       | 31          |
| Scríbhneoir                | 30          |
| Amhránaí                   | 30          |
| Gníomhaí Teanga            | 20          |
| Bailitheoir Béaloidis      | 14          |
| Múinteoir Gaeilge          | 12          |
| Aistritheoir               | 9           |
| Iriseoir                   | 9           |
| Pátrún                     | 8           |
| Aisteoir                   | 6           |
| Taighdeoir                 | 4           |
| Bean Chaointe              | 4           |
| Seanchaí                   | 4           |
| Bunaitheoir Scoil Ghaeilge | 3           |

|                    |   |
|--------------------|---|
| Scoláire           | 2 |
| Craoltóir          | 2 |
| Staráí             | 2 |
| Bailitheoir Ceoil  | 2 |
| Bailitheoir Amhrán | 2 |
| Scríobhaí          | 2 |
| Drámadóir          | 1 |
| Reachtair          | 1 |
| Dírbheathaisnéisí  | 1 |
| Gearrscéalai       | 1 |

Tábla 11: Na cúiseanna cáile is coitianta i mbeathaisnéisí mhná an taighde seo.

Seasann scéalaíocht, filíocht, scríbhneoireacht, agus amhránaíocht amach anseo, chomh maith leis an ngníomhaíocht teanga. San áireamh sa chúis ‘gníomhaí teanga’ bhí mná a d’oibrigh le haghaidh eagraíochtaí teanga in Éirinn agus thar lear, cosúil le Conradh na Gaeilge agus an Cumann Scoildrámaíochta. Cuimsíonn ‘scríbhneoir’ scríbhneoireacht chruthaitheach, acadúil, reiligiúnach, agus do pháistí. Ní raibh bean ar bith nasctha le ceard na lámhscríbhinní sa scagadh a rinneadh ar bheathaisnéisí reatha Ainm.ie, ach sa taighde seo tá triúr<sup>183</sup>. Tugann an t-athrú téarma anseo ó ‘slí bheatha’ go cúis cáile, an deis phlé a dhéanamh ar na slite eile a chuir mná le stair na teanga, mar atá le feiceáil sna tráchtanna thuas don bhean chaointe<sup>184</sup>, pátrúin, reachtaire, agus bunaitheoirí scoileanna, mar shampla.

#### 8.1.5.1.1. *Scríofa vs. Béil: Deiseanna ar leith?*

Mar a léiríodh i gCaibidil 5, b’iondúil gur bronnadh ról imeallacha ar mhná laistigh de réimse na lámhscríbhinní, ag feidhmiú mar ábhar na filíochta gan a bheith luaite mar fhilí nó scríobhaithe iad féin (5.4.2.2). Tugann Triona Ní Shíocháin, “an illusion by omission” ar an tuiscint nach raibh banfhilí ann, agus léiríonn sí gur de dheasca nósanna tras-scríofa nach raibh mná agus a scéalta breactha síos, ach na mná ar ghlac na “maledominated poetic circles” leo, ar nós Sapphó na Mumhan (Máire Ní Chruadhlaoidh) agus Máire Bhuí Ní Laoghaire (2021, 76). Fiú san aistriú ó na lámhscríbhinní don chló nua agus i bhfad i ndiaidh an aistrithe sin, d’fhan na banscríbhneoirí ar an imeall, “nuair a thosaigh mé CIC, ar feadh blianta fada ní raibh ach beirt bhan a scríobh dúinn Siobhán Ní Shúilleabháin agus Muireann Ní Bhrolcháin agus is

<sup>183</sup> Máire Ní Riain (*fl.* 1820), Máiréad Ní Chadhlaigh (*fl.* 1836), agus Máire Ní Chearnaigh (*fl.* 1822).

<sup>184</sup> Is mná iad seo a rinneadh cur síos orthu go soiléir mar bhean chaointe. Bhí mná eile a scríobh marbhchaointe i bhfoirm filíochta ach nach raibh fianaise gur tharla an caoineadh sin os cionn choirp agus mar sin ní raibh siad san áirithe mar ‘bean chaointe’ ach bhí mar ‘file’.

mise a bheadh ag léamh na scríbhinní agus ag faire amach dóibh agus just ní thagadh scríbhinní isteach” (Agallamh MÓCo, 00:48:18). Ní gné a bhaineann leis an nGaeilge amháin an ganntanas ban i stair scríbhneoirí ón naoú haoise déag ar aghaidh, “amach ó na Brontës, is mionlach a bhí in sna banscríbhneoirí fiú i gcultúr mór liteartha ansin an Bhéarla, cultúr a bhí ag díriú ar na mílte léitheoirí” (Agallamh FdB, 00:15:01).

Toisc an tionchar a bhí ag réimse na lámhscríbhinní agus an tost baineann a théann leis, ghlac sé i bhfad níos faide i stair na teanga ionchur ceart na mban a thuiscint. Tá tábhacht as cuimse ag taifeadtaí an bhéaloidis chun tuiscint níos fearr a fháil ar ról na mban i stair na teanga. Tá réimsí áirithe de stair na teanga ina mbíonn na bearnaí agus na heasnaimh i bhfad níos mó agus i bhfad níos mó cailte go buan iontu. Thug an béaloideas deiseanna agus ardán do mhná nár thug réimsí eile roimh an bhfichiú haois, “Bhí an litríocht bhéil chun tosaigh den chuid ba mhó do mhná a raibh baint acu le saol na Gaeilge go dtí an Athbheochan” (Agallamh RUC, 00:10:25). É sin ráite, is iomaí taifead atá cailte agus is léir ón ábhar béaloidis atá tagtha slán tosaíochtaí daoine a bhí i mbun doiciméadaithe (Agallamh ANB). Bhí saghsanna scéalta agus béaloidis ar ceapadh fúthu go raibh siad níos luachmhaire. Bhí saghsanna scéalta chomh maith (5.1.2) a leagtar ar inscní ar leith. Leagadh amach na réimsí insneacha a bhíodh laistigh den traidisiún béil in alt cáiliúil an Duileargaigh, ‘The Gaelic Storyteller’ (1945) (Agallamh SÓC). Bhí tionchar ag na réimsí / seánraí / “lipéadaí” a leagadh ar mhná ar a dtost i dtaifeadtaí an bhéaloidis i gcomparáid leis na fir (Agallamh SÓC, 00:21:31), “... tá léann an bhéaloidis go hiontach chun rannóga chun rudaí a idirdhealú agus a leagan amach ... nó seánraí faoi mar a thugaimid orthu babhtaí. Ní imíonn sé, ní dhéanann sé aon iarracht dul thairis na rudaí sin ... rómhór” (Agallamh SÓC, 00:14:50).

#### 8.1.5.2. *Fearainn na bhFear?*

Bhí mná ann nár chloígh leis na rialacha dochta a cheap sochaithe a linne faoina róil, ach fós, “Ní raibh feiceálacht ar bith ag mná a bhí sásta, abair, a bheith gníomhach ar an dóigh sin, bhí sé deacair go deo an cineál sin feiceálacht a bhaint amach dóibh féin, rud a d'fhág go raibh siad ... dofheicthe sa tsochaí” (Agallamh CMM, 00:23:47). Cé go bhfuil an chuma ar an scéal nach raibh na seanscéalta ag mná, mar shampla, ní mar sin mar a bhí sé, “Bhí sé sin ann níos mó ná mar a thuigimid” (Agallamh SÓC, 00:21:31). Is léir ó na scéalta sa taighde gur chleacht mná ceird a samhlaíodh le fir, cosúil leis an bhfilíocht agus leis an scéalaíocht, agus go raibh ardmheas ag cuid de na bailitheoirí orthu, “... cómhfada is do chonnaic mé héin is slachtmhaire, agus is ceol-mhaire thugann na mná amach an Ghaedhilge ná na fearaibh, agus ní dhá mhar a

chéile” (CBÉ 639, 184)<sup>185</sup>. Ó na beathaisnéisí atá mar chuid den taighde seo, tá tráchtanna ar fáil do mhná ag insint seanscéalta idirnáisiúnta<sup>186</sup> agus scéalta Fiannaíochta chomh maith<sup>187</sup>, ag bréagnú na dtuairimí gur réimse na bhfear amháin iad.

#### 8.1.5.2.1. *Bailitheoirí*

Mar a phléitear i gCaibidil 5, níor fhostaigh an Coimisiún mná mar bhailitheoirí lánaimseartha (5.1.1). Beartaíodh mar sin, níos mó a fháil amach faoi na bailitheoirí páirtaimseartha, agus bhí 14 bean a bhailigh béaloideas mar chuid den taighde seo<sup>188</sup>. Léirigh O’Donoghue nár ceapadh gur bailitheoirí cuí iad na mná óga: “[who] were summarily dismissed when and as their work was deemed to be of a low standard” (2016, 91). Cé gur bhailigh Áine Ní Ruadháin go leanúnach i Maigh Eo sna tríochaidí luatha, agus cé go bhfuil thart ar 12 imleabhar agus 250 scéal uaithi ar fáil ar [Duchas.ie](http://Duchas.ie), mar shampla, scríobhadh “unreliable SÓD” ar imleabhar a sheol sí isteach chuig an gCoimisiún in 1935 (CBÉ 117 (2), 122). Níl aon rud san imleabhar a léiríonn go bhfuil an t-ábhar neamhiontaofa. Tá na faisnéiseoirí, dátaí agus logainmneacha soiléir i ngach scéal. Ní féidir a bheith iomlán cinnte cé hiad an ‘SÓD’ seo nó gur tharla sé seo toisc gur bhean í, ach tacaíonn sé le tuairimí O’Donoghue.

Bhí drogall ar fhaisnéiseoirí roimh bhailitheoirí áirithe chomh maith, ní hamháin le réimsí nár ceadaíodh taifeadtaí a ghlacadh, ar nós na caointeoireachta (5.2.1.3), ach le cúlraí na mbailitheoirí chomh maith (Agallamh GÓT). Bhíodh ar bhailitheoirí dul sa tseans maidir lena gceird, uaireanta ag bailiú i dtithe tábhairne mar shampla, a chruthaigh a bhfadhbanna féin, mar a tharla leis an mbailitheoir ceoil, Sidney Robertson Cowell (Agallamh 2c). Tá an seans ann chomh maith nach raibh faisnéiseoirí fear compordach le bean mar bhailitheoir agus nach mbeadh siadsan oscailte léi ach an oiread (Agallamh 2c), faoi mar a tharla le banscéalaithe agus bailitheoirí fir (5.1.2). Toisc go raibh Sidney ag bailiú sna 1950idí, áfach, agus go raibh sí ar bheagán Gaeilge ag an am, d’éirigh léi agus í ag bailiú ó fhir (Agallamh 2c).

#### 8.1.5.2.2. *Gníomhaíocht Teanga*

Ba théama coitianta an ghníomhaíocht teanga go háirithe timpeall an luath-fhichiú haois agus go háirithe le Conradh na Gaeilge. Bhí mná sa taighde seo a raibh páirt lánach acu i stair na

<sup>185</sup> Dialann Sheáin Mhic Mhathúna ar 7 Bealtaine 1939.

<sup>186</sup> Bríd Uí Choistealbha, Gobnait Ní Chinnéide, Cáit Uí Chonaill, Máire Uí Mhilleoin, Mrs. Sarsfield, agus Bríd Uí Mhurchadha.

<sup>187</sup> Nell Gaolach Uí Liatháin, Peig Ní Shiothcháin Mrs. Sarsfield, Gráinne Ní Eaghraín, agus Máire Uí Mhilleoin.

<sup>188</sup> Mar chuid den taighde seo: Anna Ní Éigeartaigh, Síle Ní Mhuláin, Máire Bhreathnach, Bairbre Ní Fhualáin, Eibhlín Ní Sheághdha, Mary Dunphy, Máire Bhreathnach, Áine Nic an Liagha, Eibhlín Standún, Bríd Ní Chollaráin, Áine Ní Ruadháin, agus Bríghid Ní Ghamhnáin. Tá a fhios againn ó chomhfhreagrais Bhríd Ní Chollaráin, Mary Dunphy, agus Bairbre Ní Fhualáin leis an CBÉ go bhfuair siad íocaíocht dá n-obair (CBÉ 0193 (2), 213; 742, 002; 578 (2), 91).

heagraíochta sin<sup>189</sup>. Gné a sheas amach ó bhailiú scéalta na mban sa taighde seo ná na deiseanna a thug eagraíochtaí teanga do mhná bheith ar choistí (Agallamh ENA). Cé nach rabhadar i gcónaí i gceannas ar na heagraíochtaí, is léir gur ghá níos mó tochailte a dhéanamh i nuachtáin na linne sin, chun tuiscint níos fearr a fháil ar a ról. Samplaí eile an Cumann Scoildrámaíochta, Na Teaghlaigh Ghaelacha, agus Bantracht na Tuaithe. Thar na blianta, bhíodh mná i ról an uachtaráin, rúnaí, cisteora, nó ar an gcoiste den phainéal. Thug cumainn agus eagraíochtaí teanga deis don bhean a ionchur a bheith aici ar shaol na teanga. Mar a bhí i gceist le neart cumann eile, oibríthe deonacha a bhí i gceist.

#### 8.1.5.2.3. *Pátrúin Bhan*

Cuireadh le líon na mban roimh 1750 sa taighde PhD seo, ach fós maireann bearnaí ollmhóra idir ionadaíocht na mban agus líon na bhfear sa tréimhse ama. Mar a pléitear thuas, ba i bhfad níos coitianta mná a bheith mar ábhar filíochta ná luaite mar fhilí ar na dánta (féach 4.4.2.1.2; 5.4.1.2). Más é sin an ról ba choitianta a bhí acu, áfach, is gá breathnú ar na dáin a raibh na mná mar ábhair iontu chun a n-áit sa stair ag an bpointe sin a thuiscint. Ba mhinic moladh do phátrúin bhan a fheiceáil san fhilíocht seo (Coolahan 2018, 20; Cunningham 1991; Ní Dhonnchadha 2002), “What survives offers only the outlines of the verse that was authored by Gaelic women... the wide evidence of female patronage... points to women’s active participation in contemporary literary culture at elite levels of the court” (Coolahan 2018, 21). Is iad na pátrúin atá sa taighde seo Róise Ní Dhochartaigh, Fionnghuala Nic Dhomhnaill, Nuala Ní Dhomhnaill, Eisibéal Ní Bhriain, Máire Bhán Nic Dhomhnaill, Máire Nic Cárthaigh, Sadhbh Ní Mháille, agus Róis Ní Thuathail.

#### 8.1.5.3. *Fearainn Bhan agus Cead Cainte*

Is léir gur thug eilimintí den traidisiúin béil cead cainte do mhná nach mbeadh acu murach é “an rud doráite a rá” (Ó Cadhla 2011, 247). Bhain mná an taighde seo, ar nós Nóra Ní Chríodháin, Neillí Ní Mhurchadha, Nóra Joe de Búrca, agus Mairéad Ní Néill, úsáid as an scéalaíocht agus an amhránaíocht chun muintir na háite a cháineadh (Ní Scanail 1944, 16–17; Nic Eoin 1998, 285; CBÉ 228, 025; Tóibín 1968, 61). Bhain Peig Nic Cuarta agus Neillí Ní Mhurchadha úsáid astu chun ráfla gur mharaigh siad ainmhithe a gcomharsan a shéanadh (Ua Muireadhaigh 1920, 9; Ua Croinín 1943, 12). Bhí siar is aniar filíochta idir Neill de Mhórdha agus Gobnait Ní Chinnéide ar phósadh iníon Neill, Cáit Ní Shíthigh, ar mhac Ghobnait, Tomás Ó Luing (Ó Murchú 2018 84–7). Chuir Gobnait i leith Neill gur chuir Neill agus a hiníon Cáit,

---

<sup>189</sup> Caitlín Ní Aodha, Edith Oldham, Róis Ní Dhochartaigh, Seosaimhín Ní Mhuirí, Máire Nic Suibhne, Máire Ní Cheallacháin, Mairéad Ághas, Caitlín Uí Thallamháin, Treasa Uí Chuirrín, Siobhán Tóibín, agus Eibhlís Nic Con Uladh.

Tomás faoi gheasa, “Deir Gobnait gur bhain Neil úsáid as an Sáspan Dubh chun ‘diabalaíochta’ agus chun ‘geasa’ a chur ar Thomás – i bhfocail eile, gur thug Neil nó Katie braon do Thomás as an Sáspan Dubh” (Ó Murchú 2018, 84).

Is téama é seo atá le fáil i gcuid mhaith beathaisnéisí an taighde seo. Bhí mallachtaí i stór bhéaloideas Mháire ‘Méin an Ghabha’ Uí Mhilleoin (CBÉ 340, 77), agus sa chaoineadh a chum Cáit de Búrca ar a deartháir (Bourke 2002, 1370). Cuireadh i leith Máire Chonnachtach gur lena mallacht a cuireadh teach pobail sna Rosa, Dún na nGall, trí thine (CBÉ 281, 86). De réir an bhéaloideas faoi Neillí Ní Mhurchadha, chuir sí francaigh “go dtí fear áirithe agus thug sí ordú dóibh a chuid éadaigh a scroisadh. Bhí ar an seanfhear bocht pardún a iarraidh ar Neillí sular lig siad dó...” (Ó hÓgáin 1982, 381). Bhí ráflaí ann in aimsir Róis Ní Thuathail gur bhean aimrid í (O’Byrne 2012), “a strange and wicked figure who wore a long, blood-red cloak” (O’Byrne 2009). Nuair a gabhadh in 1594 í, bhí sí le bheith loscadh ag an stáca go dtí gur scaoileadh saor í (O’Byrne 2009). Deirtear gur chuir Muirn Ní Shúilleabháin mallacht ar an maor cánach John Puxley, agus ba dá dheasca sin a chuir sé teach Mhuirn trí thine, ag rá “Now, you witch, you can mutter your curses in hell” (O’Mahony 1892, 118). Cé nach bhfuil foinse ar thoradh scéal na ‘caillí’ seo<sup>190</sup>, tá níos mó eolas againn faoi bhás ‘caillí’ eile, Goodwife Glover ar cuireadh chun báis í de dheasca a ‘draíochta’ i mBostún in 1688 (Hogan 2017; Sumner agus Doyle 2020).

#### 8.1.5.3.1. “Cúram fireann”<sup>191</sup>? *Filí Ban*

Ba í an fhilíocht an chúis cháil is coitianta i measc na mban seo le sampla de scéal “b[h]ean siubhail” Mháire Chonnachtach Ní Dhomhnaill (Mac Grianna 1926, 18). Is réimse láidir réimse na filíochta i measc saothar na mban sa lá atá inniu ann. Cé go bhfuil fianaise againn ó na lámhscríbhinní gur mar sin a bhí roimh an bhfichiú haois chomh maith, is iomaí saothar atá caillte go deo, toisc go raibh formhór na filíochta seo ó bhéal. Mar a deir Triona Ní Shíocháin,

Due to the elusive nature of performance-based non-textual forms, many of the numerous female poet-composers and oral poetic practitioners who made important contributions during their own time are largely absent from written history. Irish women poet-composers constitute a great body of undocumented and underdocumented artists (2021, 75).

---

<sup>190</sup> Tá scéal ó Bhailiúchán na Scol CBÉ a deir “... she was condemned to death but she stabbed herself in the prison in Cork” (CBÉS 274, 409).

<sup>191</sup> Ó ‘Banfhile’ le Seán Ó Ríordáin (1978).

Is tearc iad na filí baineanna a thagann ó thraidisiún na lámhscríbhinní agus ó na taifeadtaí is luaithe atá againn sa teanga, “like vocal ghosts haunting the tradition” (Ní Dhomhnaill 1994, 40). Tá na braistintí diúltacha faoi na filí baineanna ar fáil i scéalta bhan ar nós Mháire Ní Dhuinnshléibhe, nach raibh a hathair [Seán Ó Duinnshléibhe](#) (1812–1889) sásta lena bua, agus faoi Neillí Ní Mhurchadha ó Bhaile Bhuirne, Contae Chorcaí. Mar a mhíníonn Ua Croinín,

Deirthear ná bíonn aon ádh ar fhile mná, agus ní fheadar an fíor é. Mar an gcéadna, tá sé ráidhte go gcaillthar féith na filíochta leis na mnáibh. Pé sgéal é, ba dheacair banfhile fhagháil aon uair, ach amháin go raibh na mná caointe ann. Ach níor bhacadar san puinn le filíocht don choitiantacht, ná le duine a mholadh an fhaid a bhí sé 'na bheathaidh.

Ní heolach dom go cruinn cathain a mhair Neil Ní Mhurchadha, ach measaim go raibh sí ann i n-aimsir Mháire Bhuidhe Ní Laoghaire. Níl aon tuairisg ar a muinntir anois ar fuaid Bhaile Mhúirne. Ach pé háit 'n-a bhfuair sí féith na filíochta do rug sí lé san uaigh í. Má thá éinne ann adéarfadh gur deimhniú é sin go gcaillthar an fhilíocht i dteannta na mban, níl le rádh agam ach go gcaillthar i dteannta na bhfear í chomhmaith (1943, 9).

Toisc gur “ghléas sóisialta” a bhí i dtraidisiún na caointeoireachta “níos mó ná mar uirlis fhileata ealaíonta a raibh ionchur phobal i gceist leis agus a tharraing daoine amach trí phróiseas an bhróin” (Agallamh RUC, 00:15:47), cuireadh ar leataobh mná caointe agus daoine ag smaoineamh ar fhilí.

#### 8.1.5.3.2. *‘Bás cé fuair sí, a huaislíocht mairfidh go deo’<sup>192</sup>: Caointe na mBan*

Réimse ársa teanga a shamhlaítear leis an mbean amháin ab ea an chaointeoireacht (5.2.1).

... ceann de na rudaí a dhéanann daoine dearmad de i gcónaí ná traidisiún na caointe... nuair atá éinne ag rá liomsa, b'fhéidir an raibh na mná ag cumadh filíochta nó cumadh amhráin? Cé nach bhfuil sé le feiceáil áit ar bith in sna lámhscríbhinní nó nach bhfuil taifead scríofa de, tá an fhianaise istigh insan traidisiún béil caointeoireachta a bhí chomh forleathan ar fud fad an cheantair<sup>193</sup> (Agallamh GÓT, 00:17:48).

---

<sup>192</sup> Ón gcaoineadh a chum Seán Ó Murchadha na Ráithíneach ar bhás Sapphó na Mumhan (Ní Dhonnchadha 2002c, 441; Ua Duinnín 1906, 78–9; Ní Shíocháin 2021, 75).

<sup>193</sup> Is faoi cheantar Oiriall atá an t-agalaí ag caint.

Léiríonn scéalta mhná an taighde seo, gur chum agus chleacht neart díobh marbhchainte agus caointe araon. Bhí mná caointe proifisiúnta mar chuid den taighde seo<sup>194</sup>, mná a chum caointe atá ar fáil i lámhscríbhinní<sup>195</sup>, nó a d'aithris iad i gcomhair bhailitheoirí béaloidis<sup>196</sup>. Díol spéise Máire Ní Chruadhlaoidh, ‘Sapphó na Mumhan’, Bríghid Stac, agus Máire ‘Dubh’ Ní Dhonnchadha a gcumadh caointe orthu i ndiaidh a mbáis (Nic Eoin 1998, 269, Nic Congáil 2022, 16; Ní Ghríofa 2020, 177).

Ba mhná de chuid na huasaicme na pátrúin filíochta a cumadh caointe ina gcumhne<sup>197</sup>, agus cuid de na mná i dtraidisiún na lámhscríbhinní a chum caointe iad féin, mar shampla, Máire Ní Néill a chum *Caoineadh Phádraig Pléimeann*. Dealraíonn sé go raibh tionchar aige sin ar an gcaoi a bhfuil taifeadtaí againn dóibh ach níl do mhná eile, agus go raibh oiliúint orthu, agus “go mbíodh cuairt ag clann s’aici [Máire] nuair a bhí sise ag fás aníos, gur éirigh léi an cineál nósanna sin a shealbhú” (Agallamh GÓT, 00:17:48). Mar a léirigh cás Maggie Dirrane, mura raibh “údarás” de shaghas eile ag an mbean, cuir i gcás, mar bhean “a bhíodh íocaithe ar chaoineadh a dhéanamh ar shochraid” bhíodh sé deacair ar bhailitheoirí mná a spreagadh chun an caoineadh a chleachtadh (Agallamh 2c). Lig Maggie do Sidney Robertson Cowell caointe a bhailiú uaithi ar an gcoinníoll nach mbeadh a hainm luaite leo (7.3.4) (Ní Chonghaile 2021, 130). Os a choinne sin, bhí Bríd Iarnáin ina bhean chaointe phroifisiúnta agus lig sí do Sidney na caointe a bhailiú uaithi agus a hainm a lua leo (Agallamh 2c). Mar sin agus na heasnamh á lorg i dtaifeadtaí stairiúla na teanga, is deis na taifeadtaí ar thaibheoirí “caoineadh na marbh” iadsan a líonadh (Agallamh 2c, 00:52:11).

#### 8.1.5.4. *Fearainn Nua Féideartha?*

Ceann de na fáthanna is mó nach mbeadh mná sna róil phoiblí ná go stairiúil sa tsochaí bhíodh mná sa bhaile, agus ba iad na róil sin is mó a rinneadh taifeadtaí orthu (Agallamh MÓCo)

... is iad na mná a chuir an teanga ar aghaidh... den chuid is mó is iad na fir a bhí amuigh ag obair agus na mná a bhí sa bhaile ag tabhairt aire do na páistí agus á dtógáil i gceart agus bhí mná a raibh stór mór amhrán acu nó stór mór scéalta nó tuiscint thar na bearta acu ... ar chultúr liteartha na hÉireann agus ar oidhreacht na hÉireann agus a

<sup>194</sup> Nóra Ní Shindile, Bríd Iarnáin, Sorcha Nic Cuarta, agus Peig Nic Cuarta.

<sup>195</sup> Máire Nic a Liondain, Máire Ní Néill, Cáit de Búrca, Anna Ní Chadhlaigh, Muirn Ní Shúilleabháin, Máire Ní Reachtagáin, agus Máire Dubh Ní Dhonnchadha.

<sup>196</sup> Maggie Dirrane, Áine Ní Lorcáin, Bid Uí Chiabháin, Máire Uí Cheannabháin, Máire Ní Cheadagáin, Máire Uí Mhilleoin, Máire Uí Ailgheasa, agus Peig Ní Shíothcháin.

<sup>197</sup> Máire Nic Cárthaigh agus Nuala Ní Dhomhnaill.

chuir an oidhreacht sin ar aghaidh ó bhéal ó ghlúin go chéile... (Agallamh CMM, 00:27:43).

Bhí saoirse áirithe ag na mná sin réimsí ar leith den teanga a chleachtach chomh fada is a d'fhan siad laistigh de theorainn an baile, bíodh sé sin scéalta nó seanmóirí a chur ar aghaidh (Agallamh CMM). Cé go raibh ról ag mná in eagraíochtaí, cosúil le Conradh na Gaeilge, nó an Cumann Scoildrámaíochta (Ó Súilleabháin 1986, 7), mar a phléitear thuas, is cinnte go raibh na príomhról ag fir sna heagraíochtaí sin (Agallamh MÓCo).

#### 8.1.5.4.1. *Cailíní Aimsire*

Má smaoinítear ar na bealaí eile ar chuir mná an Ghaeilge chun cinn laistigh de pharaiméadair na hinscne agus nach mbeadh taifeadtaí ann dóibh inniu dá bharr sin, is gá díriú ar shlite inar scaipeadh an teanga. Ba a bhuí le buime a d'fhoghlaim Mary Agnes Hickson a cuid Gaeilge, mar shampla. Rud coitianta a bhí ann i measc Chonraitheoirí na hAthbheochana cailíní agus mná óga a fhostú mar chailíní aimsire dá dteaghlaigh i mBaile Átha Cliath, mar a fostaíodh Maggie Dirrane i dtigh Eoin Mhic Néill in 1916 (Agallamh 2c). Ba thart ar an am céanna a bhí Brighid Ní Shíothcháin ag obair mar chailín aimsire in Uíbh Ráthach, Contae Chiarraí. Léiríonn sí an tábhacht a bhain lena ról ina cín lae:

Ní labhram focal Beurla chun na leanbhaí ach go deimhin níl breis Gaeluinne acu. Tá siad ag teacht isteach ar í thuiscint uaim anois. Nach mór a truagh na leanbhaí bheith ag fás suas gan focal dá dteangain féin acu. Cad é an t-iongnadh ach é bheith chomh furuisde dhóibh í fhoghlaim annso san áit a bhfuil sí ag gach éinne (1918).

Níos déanaí agus páistí Ghráinne Yeats ag fás aníos, bhíodh cailín ina cónaí sa tigh leo a labhair Gaeilge leo chomh maith (Sullivan agus Yeats 1999, 247).

#### 8.1.5.4.2. *Mná Rialta*

Bhí tionchar mór ag mná rialta ar oideachas na Gaeilge i stair na tíre, ag leibhéal bunscoile agus meánscoile araon (Raftery agus Delaney 2024; 2022; MacCurtain 1955; Clear 1987). Mar a phléitear i gCaibidil 3, ag tús obair pháirce an taighde, bhí líon na sagart níos airde ná líon na mban sa bhunachar (3.1.4), agus mar sin bheifeá ag súil leis go mbeadh ionadaíocht ard ag mná rialta. Os a choinne sin, níl ach beirt bhan rialta in Ainm.ie (Agallamh MNL)<sup>198</sup>, agus níl ach beirt bhan rialta mar chuid den taighde seo<sup>199</sup>. Léiríonn taighde Coolahan an tionchar a d'imir na mná seo, go háirithe na Cláiríní, ar stair lámhscríbhinní na teanga sa seachtú aois déag, agus

<sup>198</sup> [Mary Bonaventure Browne](#) (c.1611–1693) agus [An tSiúr Máire Treasa Ó Murchú](#) (c.1863–1913).

<sup>199</sup> An tSiúr de Lourdes (Áine Stac) agus an tSiúr Filimíne Ní Chondúin.

iad i mbun aistriúcháin ar cháipéisí an oird (2018, 22; Knott 1948). Ina ainneoin seo, tá sé rídheacair teacht ar fhianaise faoi na mná seo, fiú a n-ainmneacha (8.1.1.1). Is fadhb í a leanann ar aghaidh go dtí an fichiú haois. Is foinse ríluachmhar liosta múinteoirí bunscoile 1905 atá ar fáil ar líne ag Cartlann Náisiúnta na hÉireann<sup>200</sup>. Níl aon eolas ar fáil ar na bunmhúinteoirí arbh mhná rialta iad, “... ní bheadh na mná rialta a bhí ag teagasc á n-íoc ag an Stát. Bhí siadsan íocaithe ag an Ord má bhí siad á n-íoc ar chor ar bith agus scoileanna dá gcuid féin a bhí acu” (Agallamh 2c, 00:21:05).

### 8.1.6. Foinsí Bheathaisnéisí an Taighde

Caitear súil anseo ar chuid d’fhoinsí eolas bheathaisnéisí mhná an taighde seo. Is minic a thángthas ar thráchtanna do mhná an taighde seo i bhfoilseacháin faoina bhfir chéile, deartháireacha agus a gcairde, faoi mar a léirigh Ní Ghríofa faoi Eibhlín Dubh Ní Chonail, “How swiftly the academic gaze places her in a masculine shadow, as though she could only be of interest as a satellite to male lives” (Ní Ghríofa 2020, 70).

#### 8.1.6.1. Ainm.ie mar Fhoinsé

Ba chuid lárnach an scagadh a rinneadh ar bheathaisnéisí reatha Ainm.ie chun teacht ar eolas agus smaointe le haghaidh beathaisnéisí nua (6.3.1.2). Nuair a bhíonn ganntanas eolais ann faoi shaolta ban i stair na teanga, is minic a fheictear mar ábhair i mbeathaisnéisí eile iad (Agallamh GÓC). Mar atá le feiceáil sa tábla thíos (Tábla 12), ba as beathaisnéisí reatha [Ainm.ie](http://Ainm.ie) a tháinig 41 ábhar beathaisnéis an taighde seo. Bhí beathaisnéisí iomlána<sup>201</sup> 18 bean sa taighde seo laistigh de bheathaisnéisí reatha Ainm.ie, agus luadh 26 bean i bhfoirm tagairtí sna beathaisnéisí<sup>202</sup>. Ba mhná chéile fir in [Ainm.ie](http://Ainm.ie) cuid mhaith de na mná seo, “Leathbhádóirí nach bhfuair aitheantas seachas abairt sa nóta buíochais” i saothair a bhfear (Agallamh ENA, C.9.). Murach Siobhán Tóibín ag cruinniú obair a fir Nioclás le chéile ní bheadh *Duanaire Déiseach* againn (1978), mar shampla. Cé gur scríobh Helena agus Tomás Ó Concheanainn *Seoda na Sean, Cuid I* le chéile, níl ach a ainm le feiceáil ar an gclúdach, “Tomás Ua Concheanainn agus a chéile do sgríobh” (1936).

| <i>Mná an Taighde seo</i> | <i>Saghas Tagartha</i> | <i>Beathaisnéis Ainm.ie</i>   |
|---------------------------|------------------------|-------------------------------|
| Máiréad Ághas             | Beathaisnéis iomlán    | <a href="#">Nóra Ághas</a>    |
| Máirín Beaumont           | Beathaisnéis iomlán    | <a href="#">Seán Beaumont</a> |

<sup>200</sup> Ar fáil ag <https://nationalarchives.ie/help-with-research/research-guides/teachers-employed-by-the-commissioners-of-national-education-on-31-march-1905/> [Rochtain faighte: 26/06/2025].

<sup>201</sup> Ciallaíonn ‘iomlán’ anseo go raibh an t-eolas uilig sa cur síos orthu a bhíonn ag beathaisnéisí Ainm: dáta breithe, dáta báis, áit bhreithe, áit bháis, áit adhlactha, inscne, scoil, ardoideachas, cúis cháil agus slí bheatha.

<sup>202</sup> Is éard atá i gceist le ‘tagairtí’ anseo ná líne nó dhó faoin duine ach gan cur síos cuimsitheach a bheith ann faoina saolta.

|                                 |                     |  |
|---------------------------------|---------------------|--|
| Lucy Bhreathnach                | Beathaisnéis iomlán | <a href="#">Deasún Breathnach</a>                  |
| Anna Brioscú                    | Tagairt             | <a href="#">Aodhagán Brioscú</a>                   |
| Móirín Chavasse                 | Beathaisnéis iomlán | <a href="#">Claude Chavasse</a>                    |
| Ellen Cuffe Bischoffsheim       | Beathaisnéis iomlán | <a href="#">Otway Cuffe</a>                        |
| Áine de Blaghd                  | Beathaisnéis iomlán | <a href="#">Earnán de Blaghd</a>                   |
| Máire de Paor                   | Beathaisnéis iomlán | <a href="#">Jennie Wyse-Power</a>                  |
| Neans de Paor                   | Beathaisnéis iomlán | <a href="#">Jennie Wyse-Power</a>                  |
| Máire de Rút                    | Beathaisnéis iomlán | <a href="#">George Annesley Ruth</a>               |
| Eithne Mhic Oistigín            | Tagairt             | <a href="#">Síle Ní Dhubhgháin</a>                 |
| Charlotte Milligan Fox          | Tagairt             | <a href="#">Art Ó Néill</a>                        |
| Charlotte Milligan Fox          | Tagairt             | <a href="#">Alice Milligan</a>                     |
| Máire Nic a Liondain            | Tagairt             | <a href="#">Pádraig Mac a Liondain</a>             |
| Eibhlís Nic Con Uladh           | Tagairt             | <a href="#">Peadar Ó Donnghaile</a>                |
| Síle Ní Chéileachair            | Beathaisnéis iomlán | <a href="#">Donncha Ó Céileachair</a>              |
| Máire Ní Cheocháin Uí Chrualaoi | Tagairt             | <a href="#">Dónall Ó Ceocháin</a>                  |
| Nóra Ní Chinnéide               | Tagairt             | <a href="#">Micheál Ó hAodha</a>                   |
| Máire Nic Suibhne               | Beathaisnéis iomlán | <a href="#">Traolach Mac Suibhne</a>               |
| Cáit Ní Dhanachair              | Tagairt             | <a href="#">Stiofán Ó hEalaoire</a>                |
| Máirín Ní Dhomhnalláin          | Beathaisnéis iomlán | <a href="#">Pádraic Ó Domhnalláin</a>              |
| Máire Dubh Ní Dhonnchadha       | Tagairt             | <a href="#">Séafraidh Ó Donnchadha an Ghleanna</a> |
| Máire Ní Dhroma                 | Tagairt             | <a href="#">Seán Ó Cuirrín</a>                     |
| Máire Ní Dhroma                 | Tagairt             | <a href="#">Micheál Turraoin</a>                   |
| Máire Ní Fhlanngaile            | Beathaisnéis iomlán | <a href="#">Tomás Ó Flanngaile</a>                 |
| Máire Ní Fhlanngaile            | Tagairt             | <a href="#">Eoghan Ó Grádaigh</a>                  |
| Máire Ní Icí                    | Tagairt             | <a href="#">Eilís Ní Bhrádaigh</a>                 |
| Siubhán Ní Mhulláin             | Tagairt             | <a href="#">Donncha Ó Céileachair</a>              |
| Monica Ní Mhurchú               | Tagairt             | <a href="#">Proinsias Mac an Bheatha</a>           |
| Eibhlís Ní Shúilleabháin        | Tagairt             | <a href="#">Seán Ó Croimhthain</a>                 |
| Áine Ní Oisín                   | Tagairt             | <a href="#">Máiréad Ó hOisín</a>                   |
| Áine Ní Oisín                   | Tagairt             | <a href="#">Pilib de Bhaldrathe</a>                |
| Máire Ní Reachtagáin            | Tagairt             | <a href="#">Tadhg Ó Neachtain</a>                  |
| Bheronica Ní Riain              | Tagairt             | <a href="#">Séamus Ó Glasáin</a>                   |
| Eithne Ní Uallacháin            | Beathaisnéis iomlán | <a href="#">Pádraig Ó hUallacháin</a>              |
| Charlotte Grace O'Brien         | Tagairt             | <a href="#">William Smith O'Brien</a>              |
| Charlotte Grace O'Brien         | Tagairt             | <a href="#">Neilí Ní Bhriain</a>                   |
| Charlotte Grace O'Brien         | Tagairt             | <a href="#">Mary Spring-Rice</a>                   |
| Edith Oldham                    | Tagairt             | <a href="#">Richard Irvine Best</a>                |
| Máiréad Trinseach               | Beathaisnéis iomlán | <a href="#">Sadhbh Trinseach</a>                   |
| Máiréad Trinseach               | Tagairt             | <a href="#">Proinsias de Paor</a>                  |
| Siobhán Tóibín                  | Tagairt             | <a href="#">Nioclás Tóibín</a>                     |
| Helena Uí Choncheanainn         | Beathaisnéis iomlán | <a href="#">Tomás Ó Concheanainn</a>               |
| Helena Uí Choncheanainn         | Tagairt             | <a href="#">Lughaidh Breathnach</a>                |
| Treasa Uí Chuirrín              | Beathaisnéis iomlán | <a href="#">Seán Ó Cuirrín</a>                     |
| Caitlín Uí Néill                | Tagairt             | <a href="#">Séamus Ó Néill</a>                     |
| Caitlín Uí Thallamháin          | Tagairt             | <a href="#">Séamus Ó Tallamháin</a>                |
| Gráinne Yeats                   | Tagairt             | <a href="#">P.S Ó hÉigearthaigh</a>                |
| Gráinne Yeats                   | Tagairt             | <a href="#">Liamín Uí Éigearthaigh</a>             |

Tábla 12: Naisc idir beathaisnéisí ban an taighde seo agus beathaisnéisí Ainm.ie

Tá níos mó, ar ndóigh, nach bhfuil tagtha chun cinn, agus tuiscintí níos fearr ag teastáil ar ról gaolta fhir mhóra ina scéalta agus ina n-ionchur ar stair na teanga. Tá samplaí le feiceáil i dtaighde Michelle Dunne ar ionchur mná céile bhailitheoirí béaloidis, mar shampla (2023, 58–9).

#### 8.1.6.2. *Dirbheathaisnéisíocht na mBan*

I gcásanna áirithe bhíothas in ann teacht ar eolas beathaisnéise faoi mhná an taighde seo ina gcuid saothar féin, mar shampla Nell Gaolach (1945) agus Beití Uí Mhuláin (CBÉ 325, 7–14). Mar a phléitear i gCaibidil 7, bhain mná ar leith úsáid as a gcuid scéalta chun eolas faoina saolta a insint (7.2.3). Mar a léiríonn Ó Cadhla faoi ‘Grásta na Foighne Chugainn’,

éiríonn le daoine insa mbéaloideas a gcruth féin, b'fhéidir, nó éiríonn leo na carachtair a chur ag caint, mar a bheidís féin páirteach sa scéal nó pé slí cheart chun é sin a rá, sé sin is í Nóra Ní Chinnéide atá insa scéal, is dóigh liomsa (Agallamh SÓC, 00:01:46).

Tugtar an “folklore of subversion” (Locke, Vaughan agus Greenhill 2008, xlvi) ar conas “ina gcuirtear gaol stádais leatromach as a riocht agus ina gcuirtear eolas, pearsantacht agus taithí na mban in iúl” (Dunne 2023, 55). Nuair a chuir William R. Bascom a thuairimí faoi na “Four Functions of Folklore” in iúl ina alt ó 1954, léirigh sé go mbíonn teachtaireachtaí faoin tsochaí agus faoi thuairimí na bhfaisnéiseoirí ina leith fite fuaite ina chéile sa bhéaloideas (1954 343–6). Tá sé seo le feiceáil i gcuid de na píosaí béaloidis a chum mná atá sa taighde seo (8.2.1.3). Chonaiceamar na slite a chabhraigh mná leis an mbean chainte a tuairimí a scaipeadh trí “hedging” i gCaibidil 5 (5.2.1.2) (Dunne 2023, 90, féach Radner 1993; Bourke 1993). Mínítear go raibh an nós seo i scéal Ní Chinnéide, ach go raibh uirthi filleadh ar an bhfoirmle tar éis di a tuairimí a chuir in iúl, “... tá béaloideas saghas... mar a bheadh soitheach gloine ... má imíonn tú lasmuigh den bhfoirmle b'fhéidir go mbeadh daoine ag rá leo féin ‘ah tá tú imithe amach as... tá an scéal mílte agat’...” (Agallamh SÓC, 00:25:49).

Macalla is ea an nós seo den fheidhm ar bhain scríbhneoirí áirithe as “... the liminal space between fiction and non-fiction” chun dul i ngleic lena “spiritual wounds” ón gCogadh Cathartha (Aiken 2022, 72). Ba chur i gcoinne tuiscintí láidre a n-amanna cuid de na teachtaireachtaí a léiríodh mná ina gcumadóireacht, bíodh sé sin béil nó scríofa. Léiríonn Brigittine M. French, gur choitianta an nós seo in Éirinn, sa luath-fhichiú haois, san “early post-colonial nation” (2018, 35). Faoi mar a léiríonn líon na mbeathaisnéisí sa tréimhse seo in Ainm.ie agus sa taighde seo, ba é seo tús ghluaiseacht na mban thar an tairseach agus isteach san fhearann poiblí a phléitear (5.4). Toisc gur úsáid daoine a saothair féin chun eolas faoina

saolta nó chun a dtuairimí agus a n-eispéireas a chur in iúl<sup>203</sup>, is gá saothair na mban a úsáid chun réiteach a fháil ar an tost cartlainne.

### 8.1.6.3. *Eolas Caillte*

Fad is a théann tú siar, bíonn bearnaí i mbeathaisnéisí fear agus ban ach bíonn cúiseanna eile thar gach tréimhse ama go dtagtar ar bhearnaí agus eolas á lorg faoi shaolta ban. Is easnaimh iad seo atá le feiceáil i dtaca le saolta ban i ngach cartlann, beag beann ar an réimse (Agallamh 2c). Sna cásanna go mbíonn bearnaí móra ann, tá an rogha ag an taighdeoir buille faoi thuairim a thabhairt, an scéal a chríochnú ansin, nó in amanna gan an scéal a chur san áireamh. Is é an nós coitianta atá ann gan iarracht a dhéanamh na bearnaí sin a líonadh, “... in the absence of evidence, because to do so would feel like trespass, or theft” (Ní Ghríofa 2020, 125).

Uaireanta, i ndiaidh don eolas a bheith bailithe agus scéalta agus saothair bhan a bheith breactha síos agus doiciméadaithe, cailltear iad. Mar a chonaiceamar le hamhráin Mháire Nic a Liondain, is i dtinte a chríochnaigh scéalta ban áirithe (Morris 1938). Ba mar an gcéanna an scéal le Máire de Paor a chuir eagrán de *Leabhar Leasa Mhóir* in eagar. Scriosadh an obair ar fad a rinne sí i dtine in Ard-Oifig an Phoist in Éirí Amach na Cásca 1916<sup>204</sup>. Le scéalta eile, is amhlaidh gur caitheadh amach cáipéisí oifigiúla, agus fágadh bearnaí dá bharr (Agallamh SÓC).

#### 8.1.6.3.1. “an tOisín seo i ndiaidh na Féinne”: *Eolas Caillte sa Bhéaloideas*

In imeacht aimsire agus daoine ag imeacht ar shlí na fírinne, cailltear eolas nach mbeadh ach i mbéal an phobail agus nár glacadh síos in am<sup>205</sup>. Ní le scéalta ban amháin a tharla agus is tréith atá ann le gnéithe eile de stair na teanga, atá le feiceáil sna logainmneacha, mar shampla (Agallamh SÓC; GÓT). Go deimhin, faoin am a thosaigh an Coimisiún ag bailiú scéalta bhí formhór na bhfaisnéiseoirí imithe ar shlí na fírinne. Sheol an bailitheoir Brighid Ní Chollaráin rabhadh de shaghas chucu i litir chuig an Duileargach in 1937 ag rá, “Ba cheart dhuit fhéin teacht an bealach seo am éigin agus na sean daoine a cheistiú sul a gheobhaidh siad bás” (CBÉ 0496 (1), 132). Níor bailíodh aon scéalta ó Nóra Ní Chinnéide in aimsir an Choimisiúin, agus fuair Máiread Ní Fhearúola bás seachtain sular tháinig Ó Duilearga chuici lena scéalta a bhailiú, mar shampla (Ó Fionúsa 1932).

Toisc nár “mhair chuile taifead” ar scéalta, fhilíocht, agus amhráin áiteanna ar leith (Agallamh 2c, 01:00:42), is deacair íomhá iomlán a fháil. Bhí eolas ar leith á lorg agus d’fhág

<sup>203</sup> *Cailín na Gruaige Duinne* (Uí Dhiosca 1932), luaite ag Aiken (2022, 207),

<sup>204</sup> Áit ina raibh a deirfiúr, Neans, lonnaithe san Éirí Amach mar chuntóir leighis (BMH 541).

<sup>205</sup> Féach (6.1.3).

sé sin nár ceistíodh mná ar nós Nanó Ní Chinnéide maidir lena seaneolas, “Baineann sé le léann an bhéaloidis féin. Baineann sé leis an saol a bhí á chaitheamh ag na daoine ó thaobh staire de, ó thaobh sochaithe, ó thaobh na himirce, ó thaobh na polaitíochta” (Agallamh SÓC, 00:17:20). B’éagsúil óna chéile na tuiscintí tosaigh ar luach na scéalaíochta agus seanchais, “Ní rabhadar riamh ag déanamh amach gur rud pearsanta a bhí sa mbéaloideas más maith leat agus bhuel, tá sé sin luaithe le seanchas na mban bíonn sé sórt pearsanta babhtaí” (Agallamh SÓC, 00:17:20).

Nascann Ó Cadhla an nós ábhar áirithe a bhailiú thar ábhar eile leis an “tuiscint liteartha” a bhí ag bailitheoirí tosaigh an fichiú haois ar an traidisiúin béil, “cuimhnigh ar an gcéad cheann tábhachtach a tháinig amach, *Leabhar Sheáin Uí Chonail*. Níl aon trácht ann ar iascaireacht fiú agus iascaire a bhí ann féin...” (Agallamh SÓC, 00:14:50). Tháinig an téama céanna chun cinn sa chaint ar an traidisiúin béil i gcúige Uladh, go háirithe ceantar Oiriail, go rabhadar “... ag iarraidh an cineál stádas liteartha a thabhairt don rud, níos mó ná ag dul a bheith ag caint ar rud éigin beo” (Agallamh GÓT, 00:17:48).

Thug neart bailitheoirí le fios gur thuig siad a raibh caillte, fiú agus iad i mbun a gceirde. Scríobh an bailitheoir Tadhg Ó Murchú faoin mbrón a bhí air ag fágáil Bríd Bean Uí Choistealbha,

Ní móide go bhfeicfead go deo arís í, an tseana-bhean uasal so a thug oidhreacht a cine go cruinn léi – na scéalta agus an tseanaimsearthacht a chualaigh sí ó bhéalaibh na seandaoine cois na tine agus í ina gearrchaile. Ní bheidh a samhail de mhnaoi i gCeann Léime go brách arís – an tOisín seo i ndiaidh na Féinne (CBÉ 1287, 256–7).

Léiríonn George Petrie an aiféala a bhí air nár ghlac sé focail síos ó Anne Buckley ar an gCladach i nGaillimh, “vainly trusting that I should have an opportunity of doing so on some future occasion” (Petrie 1855, 82). Is iad na scéalta sin, ar bheag an t-eolas atá ar fáil fúthu, na cinn, in amanna, is luachmhaire, mar a chuireann teoiric fheimineach na n-ildearcthaí in iúl (4.3). Thug Oiléan Ní Cheallacháin ginealas mhuintir Uí Cheallacháin Chontae Chorcaí, tríd an “female line” (O Callaghan 1987, 106; ARÉ 23 C 23, 99). Mar a deir Joseph F. O’Callaghan faoin gcineál eolais seo, “Although the record is not as full as one might wish, and relates to only a comparatively small number of persons, because of its uniqueness it is the more to be valued” (1987, 110).

## **8.2. “An tsíleáil ghloine”: Ról na mBan sa tSochaí**

Más aon chomhartha ionadaíocht na mban i gcnuasaigh eile bheathaisnéisí na tíre (*Who's Who* (1973) (3.1) agus an DIB (2.3.2), mar shampla) is léir gur fadhb níos forleithne gannionadaíocht na mban ná díreach fadhb leis an teanga nó le [Ainm.ie](http://Ainm.ie). I gcomhair na mban ‘ar iarraidh’ ón stair, is cinnte gur léiriú é sin ar easpa tuisciana ar ról na mban, agus ar a n-ionchur uirthi (Agallamh RUC). Is iad na róil mar cheannasaithe atá le feiceáil sa stair, agus ba mhínic nár tugadh deiseanna do mhná a bheith sna róil sin (Agallamh RUC). Tá “an ról imeallach” sin cinnte le feiceáil i stair na tíre mar aon le stair na teanga (Agallamh MNL, 00:14:13). Cé go bhfuil athruithe móra ag teacht, feictear “go bhfuil an tsíleáil ghloine ann i gcónaí” (Agallamh MÓCi, 00:16:13). Is gá, mar sin, breathnú ar na coinníollacha sin a choinnigh an tsíleáil sin slán. Tá an fhadhb fréamhaithe sa tuiscint go bhfuil réimsí áirithe ceadaithe d’inscní ar leith agus luach ar leith nasctha leo dá bharr sin. Faoi mar a mhíononn Mac Murchaidh,

is cinnte gurb é nádúr patrarcach an tsaol an fhadhb is mó agus ansin, gan tuiscint a bheith ag an saol ar chomhluach daoine lena chéile, seachas a bheith ag rá go bhfuil cisil éagsúla agus go mbaineann daoine le ciseal amháin agus dá bhrí sin, nach féidir leo rudaí áirithe a dhéanamh (Agallamh CMM, 00:23:47).

### **8.2.1. An Lámh in Uachtar: Cumhacht sa tSochaí**

Léiriú ar chúrsaí cumhachta sa tsochaí is ea ionadaíocht staire chomh maith (Agallamh ANB), agus is ag fir a bhí an lámh in uachtar sin “agus ní le haon drochmheas a deirimse seo ach na mná brúite ar leataobh, fágtha sa chistin abair, gan aitheantas ceart ag an tsochaí nó ag an saol mór ar chumas na mban” (Agallamh CMM, 00:23:47). Bíonn sé i bhfad níos deacra teacht ar fhoinsí le haghaidh beathaisnéisí dóibh siúd nach raibh an chumhacht acu sa tsochaí sin (Agallamh GÓC). Na róil a bhí inghlactha do mhná ná cinn sa chúlra, agus na fir amuigh sa “*frontline*” (Agallamh MÓCo, 00:48:18). Go dtí le déanaí (fós in an-chuid sochaithe agus teaghlach), thit cúraimí an teaghlach ar an mbean (Agallamh ENA) Is lú trácht air sin, áfach, toisc tuiscintí ar luach ar na cúraimí laistigh den bhaile (5.2.3.3), agus chuaigh an-chuid taifeadtaí agus tráchtanna ar iarrachtaí agus éachtaí na mban “faoi *radar*” (Agallamh MNL, 00:14:13). Fiú amháin nuair ba róil lárnacha ina bpobal féin a bhí ag mná áirithe, toisc gur tharla sé laistigh den fhearann réamhbhronnta, níl a scéalta le clos. Ról tábhachtach na mná mar bhean ghlúine, mar shampla. Ba í an bhean a thug páistí isteach sa saol agus a bhí ann agus iadsan ag imeacht ón saol, “So tá bean ar gach aon taobh den doras” (Agallamh SÓC, 00:21:31;

**5.2.3.3).** Déanann Carleton an argóint gurb í an duine is tábhachtaí sa tsochaí dá bharr sin, agus fós, is beag trácht againn uirthi inniu (1840–1; 1845).

Ní amháin go raibh réimse ar leith don bhean ach slí ar leith chun iad féin a láimhseáil agus iarmhairtí dóibh siúd nár chomhlíon na coinníollacha seo. Cuir i gcás, más tost atá le cloisteáil ó mhná na hÉireann go stairiúil, ba mheasa fós an scéal le haghaidh mná neamhphósta agus máithreacha aonair (Dunne 2023, 59; Arensburg 1937, 66 & 216; Nic Shuibhne 1992, 13). Mar a léirigh nóta báis faoi Mary Balfour, “She wrote some good lyrics and was well versed in Gaelic tradition, yet as an unmarried woman without means she never really 'bloomed'. She hardly had a chance” (Kelly 1987, 9).

Ba iad na rialacha cuibhis agus modhúlachta seo a chuir bac roimh mhná a bhí ag iarraidh a bheith ina mbailitheoirí béaloidis (Briody 2008, 461), nó scéalaithe i réimsí a samhlaíodh leis an bhfear, “ní raibh sé, is dóigh liom, banúil” (Ó Dálaigh agus Tyers 1999, 79)<sup>206</sup>. Tá na róil agus an t-iompar a rabhtas ag súil leis le feiceáil sna pleannanna in adharca a chéile maidir le ról Maggie Dirrane in *Oidhche Sheanchais* in 1935. Bhí contrárthacht idir ról Maggie agus na fir sa scannán ach ní raibh an deighilt chomh mór sin má chuimhnítear go gcabhraíonn sí leis an gcurach a shábháil, ag taispeáint “saghas banúlacht oileánta” (Agallamh 2c, 01:14:55).

#### *8.2.1.1. Dlíthe Oifigiúla & Rialacha Sóisialta*

Má shamhlaítear réimse ar bith den teanga leis an bhfearann poiblí, b’eisceachtúil an bhean a chuaigh thar tairseach an réimse sin. Fiú nuair a chomhlíonann an bhean an ról a leagtar síos dá hinscne, ní hé go dtréaslaítear dá bharr seo í, a mhalairt atá ann in amanna “... confining expectations for both sexes ... leave women diminished in status and opportunity when they take the “appropriate” avenue” (Lanser 1993, 39). Léirítear castacht na rialacha gníomhúlachta seo nuair a theipeann ar mhná ról a shamhlaítear le fir a chomhlíonadh i gcomparáid lena mhalairt de chás i i sochaithe patrarcacha, “... a woman who cannot do men’s work is “only” a woman, while a man who cannot do women’s work is not “only” a man because in such a system there is nothing better than being a man” (Lanser 1993, 39). Mar a phléitear, nuair nár cloíodh leis na rialacha taibhsithe a chinntíonn áit sa réimse ‘baineann’ nó ‘fireann’, áfach, tagtar ar mhodh éalaithe ón gclós inmheánach sin a luaigh de Buitléar ach ní gan iarmhairtí má shamhlaímid an tslí ar thug an tsochaí cúl le Nioclás Breathnach (5.4). Ábhar suime na braistintí diúltacha a bhain leis na mná caointe a chleacht an traidisiún seo i suíomhanna neamhchoitianta nach raibh taobh istigh d’imlíne rialach na béalareachta seo, ach go raibh fir lán sásta na

---

<sup>206</sup> Bhí Séamus Ó Dálaigh ag labhairt anseo faoi na saghsanna scéalta a bheadh cóiriú cathu iontu.

caointe a aithris ina ainneoin seo. Macalla atá ann de na braistintí diúltacha a bhain le banaithriseoirí agus banchumadóirí i réimsí eile, a raibh drogall nó baic orthu filíocht nó scéalta Fiannaíochta a chumadh nó a aithris ar eagla go mbeidh drochthoradh air dá dteaghlach (5.1.2).

Anuas ar na baic shóisialta a sheas roimh mná a bhí ag iarraidh “a ladhar a shá isteach” i gcúrsaí ‘fear’ (Nic Eoin 1998, 35), bhí fáthanna eile nach bhfuil guth na mban stairiúil cloiste againn – baic, uaireanta, a ndearnadh dlíthe astu. Mar a léiríonn Ó Corráin in *Field Day Anthology IV*, chinntigh dlíthe smacht agus stádas imeallach na mban ón aimsir roimh 800 AD in Éirinn (2002, 6–39). Má dhírímid ar na dlíthe a cuireadh síos i ndiaidh bhunú an stáit, an tréimhse ama is coitianta i mbeathaisnéisí [Ainm.ie](http://ainm.ie), ba léir go raibh fearann ar leith ag an mbean ón tús, mar shampla, Achtanna na nGiúiréithe in 1924 (leasú) agus 1927 a chuir srian diaidh ar ndiaidh ar chearta na mban bheith ar ghiúiréithe, agus Acht Rialaithe na Státseirbhíse 1925 (leasú) agus Acht na Státseirbhíse (Fostú Ban Pósta), ó 1932 go 1973 a chuir cosc ar mhná pósta a bheith ag obair sa tseirbhís phoiblí. Is gá an t-alt is cáiliúla maidir le hinscene atá fós i mBunreacht na hÉireann a lua chomh maith, Alt 41.2 (1937). Laistigh de pharaiméadar an bhaile a bhí cúraimí na mban, mar is léir ón alt seo, “without which the common good cannot be achieved” (1937). Tá macalla freisin le brath uaidh de scéalta chailleach an uafáis a phléitear níos luaithe, faitíos faoi chailliúint féiniúlachta, cuir i gcás. Ba leor an faitíos sin chun bac a chur ar mhná airgead a thuilleadh lasmuigh den bhaile. Is cinnte go raibh tionchar ag na cineálacha dlíthe agus achtanna seo ar shaoirse nó daoirse na mban i réimsí eile dá saolta.

#### 8.2.1.2. *Tábhacht an Bhaile sa Taighde seo*

Gné a sheasann amach ó bheathaisnéisí an taighde seo ná tábhacht an bhaile mar áit inar féidir le mná a gceird a chleachtadh toisc srianta sóisialta agus dlíthe oifigiúla sa linn trínar mhair siad. Ba léir é seo ó scéal Nóra ‘Nanó’ Ní Chinnéide agus Ballán Neaineó, mar shampla, “Distinguished scholars consulted Nora on disputed points in grammar or pronunciation; her kitchen was an academy, her word the final word in the oral learning of this corner of Gaelic Munster” (McLeod 1937, 7–8). Tá a fhios againn gur fhoghlaim mná cosúil le Nanó, agus Máire Nic a Liondain a gceird sa bhaile (féach 8.2.2.1). I gcás Mháire, thabharfadh filí Oiriail cuairt ar a teachsa agus í ag fás aníos (Mag Uidhir 1977, xvi; Agallamh GÓT). B’ionann an cas le Geraldine Haverty, ar an taobh eile den chruinne thart ar chéad bliain níos déanaí. Ba dhíoltóir leabhar a hathair [Patrick M. Haverty](http://ainm.ie) (1827–1901), agus mar is léir óna bheathaisnéis in [Ainm.ie](http://ainm.ie), bhí aithne aige ar “gach Éireannach mór le rá dár shroich Nua Eabhrac”<sup>207</sup>.

<sup>207</sup> <https://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=1085> [Rochtain faighte: 26/06/2025]

Samplaí eile de mhná a bhain tairbhe as a mbaile ar mhaithe leis an teanga ná scéalaithe ban agus banbhailitheoirí, Anna Ní Éigeartaigh, cuir i gcás. D’fháiltigh Anna, a bhí ina bailitheoir béaloidis páirtaimseartha do Choimisiún Bhéaloideas na hÉireann, roimh bhailitheoirí eile chun a teachsa ionas gurbh fhéidir leo béaloideas a bhailiú ó mhuintir na háite. Mar a léiríonn Ó Laoire, chuir a scéal, mar sin, béim ar “the central virtue of infallible hospitality” (2017, 132). Léiríonn scéalta Maggie Durrane agus Gráinne Yeats gur mhór an fháilte a chuireadar roimh chuirteoirí chuige a tithe chomh maith (Ó hÍde 2019, 17; Agallamh 2d<sup>208</sup>). Ba mhinic a bhailigh baill theaghlach na scéalaithe uathu mar a tharla i gcás Bheití Uí Mhuláin (CBÉ 325) agus Bríd Uí Mhurchadha (CBÉ 215, 635).

### 8.2.1.3. *“where you want to make it”: Léiriú ar Ról na mBan*

Is féidir eolas a fháil amach faoi ról na mban sa tsochaí sin sa ré trínar mhair siad. Feictear toradh an bhaic phósta ar shaolta na mban trí scéalta Nuala Ní Ghríobhtha agus Mary Blyth. Thug gairmeacha beatha sa státseirbhís an deis do mhná ar nós Róisín Mhic Dhonnchadha bheith ag scríobh (Byrne, Deeney Almqvist agus Nolan 2021, 29–30), ach ba iad na mná neamhphósta amháin, mar a léirigh Neans de Paor, a bhain ról an príomhoifigigh amach (1955). Tá meascán le feiceáil de tuairimí na mban iad féin maidir le cearta ban, go háirithe ag tús an fichiú haois. Ar lámh amháin, bhí de Paor í féin, bean a scríobh ailt pholaitiúla ar son cearta na mban in 1914 (1914, 174), agus ar an lámh eile mná ar nós Chaitlín Ní Aodha, a léirigh a tuairimí i gcoinne ceart vótála a bheith ag mná in 1913 (Ó Siadhail 2005). Tá macalla de tuairimí de Buitléar (1901) le feiceáil in alt a scríobh Eibhlín Nic Néill in 1906,

At the outset let me state that I do not for a moment mean to imply that it is women’s province to go about speaking in public or lecturing to others about their duties, while neglecting their own... No! (1906, 4).

Mar a deir MacPherson, áfach, “Despite her pronouncement... that women should largely work for the Gaelic League cause from within the home, Eibhlín MacNeill was herself an example of how women could take an active role in the public life of the League” (2012, 88). Bhí tuairimí den chineál céanna agus ceachtanna do mhná le feiceáil i scéalta a d’inis mná ar nós Mháire Uí Mhilleoin (An Seabhac 1930, 277–81; 1931, 261). Níos mó ná caoga bliain i ndiaidh ráiteas Nic Néill, tá macalla a tuairime ag Anna Brioscú faoi ról agus fearann na mban le feiceáil in agallamh léi ina deir an t-agallóir, “... is dóigh léi [Anna] gur féidir le mná pósta éirí rósháite i ngluaiseacht na Gaeilge lasmuigh “an bhaile an áit ar féidir leo an méid is mó oibre

---

<sup>208</sup> Agallamh 2d an taighde seo. Dáta an agallaimh: 20 Deireadh Fómhair 2024.

a dhéanamh don teanga” (O’Reilly 1963, 10). Ach tá malairt a tuairime le feiceáil in agallamh a rinne Gráinne Yeats sna seascaidí chomh maith, “Some people say that a woman’s place is in the home. I don’t agree with that: I think your place is where you want to make it” (Sweetman 1969, 6).

### **8.3. Conclúid na Caibidle**

Sa chaibidil seo, baintear úsáid as na sonraí a bailíodh le linn céime an bhailithe eolais agus an scagadh a rinneadh mar chuid de chéim anailíse an taighde seo chun beathaisnéisí na mban ‘ar iarraidh’ a chíoradh. Beartaíodh nár leor an obair deisce agus anailís doiciméad don taighde seo (6.3.2). Toisc go mbaineann an taighde le daoine, le stair na teanga agus tionscadal beo agus reatha, bhí sé riachtanach dul amach sa ghort, agus daoine a thabhairt isteach sa phlé. Tá tráchtanna leanúnacha síos tríd an taighde don ‘ardán’ ba cheart a thabhairt ar ais do mhná agus an t-aitheantas atá tuillte acu dá róil i stair na teanga, agus is féidir an rud céanna a mhaíomh faoi na daoine atá i mbun an taighde sin chomh maith. Mar sin, déantar achoimre ar na freagraí a cuireadh le chéile ón taighde seo ar na cúiseanna le gannionadaíocht na mban agus ar mheiteashonraí na mban atá tagtha chun cinn nach bhfuil in [Ainm.ie](http://Ainm.ie) go dtí seo.

Léiríonn an scagadh ar mhná ‘ar iarraidh’ an taighde, gur ó bheathaisnéisí reatha [Ainm.ie](http://Ainm.ie) a tháinig an-chuid de scéalta na mban anseo. Is minic a bhíonn comhartha ceiste na húdarthachta ag baint le cumadóireacht na mban agus foshruth smaointeoireachta faoi fhearainn áirithe a bheith bainte le hinscín ar leith. Chinntigh an t-athrú ó ‘slite beatha’ go ‘cúiseanna cáile’ go rabhthas in ann scéalta éagsúla a chur san áireamh anseo agus slite eile ar chuir mná le stair na teanga a scrúdú dá bharr sin. Is iomaí easnamh tíreolaíochta atá ann, go háirithe leosan a chuaigh ar imirce, fiú sna tréimhsí ama as a dtagann formhór na n-ábhar beathaisnéise, ba mhná is mó a bhí ag fágáil na tíre seo.

Cé go bhfuil an taighde seo dírithe ar mhná, is tábhachtaí a lua nach mná amháin atá ar iarraidh ó stair na tíre agus na teanga. Mar chuid de shraith cheisteanna agallaimh an taighde seo, cuireadh ceist faoi na grúpaí eile a d’fhéadfadh a bheith ann, agus luaitear “daoine as na sé chontae go stairiúil” (Agallamh FdB, 00:23:45), an lucht siúil (Agallamh CMM; GÓC), agus Protastúnaigh (Agallamh GÓC). Pléitear an tionchar a bhí ag rialacha sóisialta agus dlíthe na tíre ar thost na mban, sa chaibidil seo, agus táthar ag súil leis go bhféadfaí níos mó a dhéanamh ar thostanna eile agus na cúiseanna sochaíochta leo, mar aon le *fragmenta* a scéalta a bhailiú agus a scagadh amach anseo. Faoi mar a deir ábhar beathaisnéise an taighde seo, Éilís Ní Mhurchadha, agus í ag tagairt do na heasnaimh i ndoiciméadú an bhéaloidis, “there is no time like the present for making good the omission” (1935).

## Conclúid an Tráchtais

### a. Brollach

Is mionstaidéar atá sa taighde seo ar staid na mban i mbeathaisnéisí an Bhunachair Náisiúnta Beathaisnéisí Gaeilge, [Ainm.ie](http://Ainm.ie). Mar aon leis an imscrúdú ar na mná sa bhunachar, beartaíodh scéalta a bhailiú agus iarracht a dhéanamh beathaisnéisí a scríobh suas a bhféadfaí iad a chur leis an mbunachar amach anseo chun líon na mban ann a ardú. Tugtar tionscadail ‘daoine ar iarraidh’ ar an gcineál seo taighde. Toisc nach bhfuil teorainn le tréimhsí ama, áiteanna tíreolaíoch náról i saol na teanga in [Ainm.ie](http://Ainm.ie), rinneadh an cinneadh an rud céanna a dhéanamh sa taighde seo, ach tagairt leanúnach a dhéanamh do thrí cheist taighde an tionscadail seo. Chinntigh é seo go rabhthas ag déanamh machnamh rialta le linn an taighde ar chúiseanna na gannionadaíochta, ar scéalta mhná nach bhfuil in [Ainm.ie](http://Ainm.ie), agus ar mhodhanna chun líon na mban a ardú amach anseo. Sa chonclúid seo, freagraítear na ceisteanna taighde agus déantar achoimre ar thorthaí príomhaidhmeanna an taighde. Pléitear tábhacht an taighde seo, mar aon leis na srianta agus na laigí a bhaineann leis. Cuirtear críoch leis an gcaibidil le plé ar an todhchaí agus moltaí le haghaidh taighde eile a d’fhéadfadh eascairt ón taighde sa tráchtas seo.

### b. Freagraí ar na Ceisteanna Taighde

Pléitear anseo freagraí ar trí cheist taighde an tionscadail PhD seo.

#### 1. Cén fáth nach bhfuil ach thart ar 10% de na beathaisnéisí in Ainm.ie faoi mhná?

Bhí tionchar ag an gcaoi ar brúdh ar leataobh mná i sochaithe a linne ar na ról a bhí acu i stair na teanga. Is lú na taifeadtaí ar ról áirithe go háirithe cinn laistigh den bhaile, agus go háirithe cinn nach bhfuarthas íocaíocht ina dtaobh. I dtaobh na teanga de, ba ghnách béim a chur ar thábhacht na litríochta scríofa in ainneoin saibhreas bhéaloideas na teanga agus fiú laistigh den traidisiún béil sin, bhíodh ordlathas i gceist leis na saghsanna scéalta.

Iarmhairt air seo ar fad gannionadaíocht na mban sa teanga. Go deimhin, is léir gur “sórt scáthán” gannionadaíocht ban sa stair ar a ról sa tsochaí agus ní bhaineann sé sin leis an nGaeilge amháin (Agallamh MÓCi, 00:16:13), ach tá eilimintí de stair na teanga a chiallaigh go raibh sé níos deacra “an t-aitheantas céanna” a fháil, anuas air sin (Agallamh GÓC, 00:12:57). Is minic gur foréimse an Ghaeilge i dtaifeadtaí staire na tíre. Nasc Morley an t-ionad imeallaithe seo le heaspa staraithe atá in ann dul i ngleic le “primary sources in the indigenous language of the country” (2017, 1 luaite ag Aiken 2022, 234). Is minic nach dtagann ceist na hinscne fiú chun cinn toisc na bearnaí móra atá sna cartlanna maidir leis an teanga (Agallamh 2c). Is toradh gannionadaíocht na mban i stair na teanga chomh maith ar an mbéim a cuireadh

ar an litríocht scríofa agus ar fhorlámhas na bhfear laistigh den réimse sin, mar aon le “easpa tuisceana ar ról na mban i saol agus i gcur chun cinn na Gaeilge” (Agallamh RUC, 00:10:25). Tá an mhíchothromaíocht inscne seo le feiceáil go tréan, ní hamháin sna tréimhsí luatha a phléitear i gCaibidil 5 (5.1.1) agus i gCaibidil 8 (8.1.2), ach ag sníomh isteach sa chóras oideachas san fhichiú haois agus sna húdair a roghnaíodh don Ardteist (Agallamh MNL) agus in ócáidí agus foilseacháin a phléigh le scríbhneoirí na linne, mar shampla (Agallamh FdB).

Ó thús ghluaiseacht na gcnuasach beathaisnéisí, cuireadh daoine suntasacha nó “worthies” chun cinn, rud a bhíonn ag brath ar thuiscintí na linne sin ar luach agus ar ghaisce (Ryan 1819, iii). Nuair a cuireadh tús le *Beathaisnéis*, ba ar eachtraí na hAthbheochana a bhíothas dírithe, rud atá le feiceáil i líon na mbeathaisnéisí ón tréimhse ama sin ar [Ainm.ie](http://Ainm.ie). Toisc gur tionscadail tagartha iad na bunachair bheathaisnéisí, táid ag brath ar an eolas atá ar fáil san am ina scríobhtar an bheathaisnéis, “Tá an saothar seo ag brath go príomha ar chuntais scríofa”, mar a léirigh Breathnach agus Ní Mhurchú ina gcéad imleabhar (1986, 1). Mar a mhíníonn Ó Conghaile, “uaireanta tugann tú faoi deara go bhfuil dearmad déanta againn ar ar chóir a bheith ann, an dtuigeann tú, *glaring omission* mar a dearfá. Agus ní hé go bhfágaimid d’aon ghnó iad” (Agallamh MÓCo, 00:31:52). Mar a léiríonn teoiric fheimineach na n-ildearcthaí (4.3), tugann scéalta saolta an té imeallaithe tuiscint níos fearr dúinn ar an stair. Is féidir mar sin, tuiscint níos fearr a fháil ar an tír trí scéal na teanga, faoi mar a léirigh Ó Laoghaire faoi *Beathaisnéis*, “Here we have a history that we should know for a deeper knowledge of present-day Ireland” (1995, 331), agus mar sin tuiscint níos fearr arís trí scéalta mhná na teanga.

## **2. Cé hiad na mná nach bhfuil a gcuid scéalta curtha i láthair go fóill?**

Mínítear cúiseanna roghnú na mban ar fad i gCaibidil 6 (6.2.1) agus na príomhbheathaisnéisí i gCaibidil 7. Spreagann na beathaisnéisí a scríobhadh mar chuid den taighde seo ceisteanna faoi chúrsaí doiciméadaithe agus cén fáth a mbeadh rochtain againn ar eolas faoi mhná áirithe nuair atá fós tost iomlán ann le saolta eile. Faoi mar a léiríonn an t-eolas i gCaibidil 8 (8.1), ba ó Chorcaigh agus ón tréimhse ama 1850–1900 a thagann an ionadaíocht is fearr i mbeathaisnéisí mhná an taighde seo. Athraíodh ‘slí beatha’ go ‘cúis cháile’ chun na critéir a leathnú beagán agus ról eile, cosúil leis an mbean chainte, a lua. Bhíothas níos solúbtha leis an gcritéir sna tréimhsí is luaithe agus cuireadh mionbheathaisnéisí le chéile in amanna, fiú mura raibh an t-eolas iomlán beathaisnéisí ann.

Caitheann scéalta na mban seo solas ar thábhacht líonraí i stair na teanga. Faoi mar atá le feiceáil i mbeathaisnéisí reatha an bhunachair, is féidir scéalta na mban a nascadh le chéile

trí ghaolta, éachtaí i stair na tíre, agus trí eagraíochtaí na teanga, ar uairibh. Tá neart nasc le feiceáil idir mná an taighde chomh maith<sup>209</sup>. Cé nach iad seo na mná ar fad a raibh tionchar acu ar stair na teanga nach bhfuil in Ainm.ie go dtí seo, táthar ag súil leis gur spléachadh é ar chuid díobh agus ar na háiteanna a bhféadfadh níos mó scéalta eascairt uathu. Tarraingíonn an cineál taighde seo ceisteanna faoi conas cur le líon na mban i scríobh na staire ar bhonn leanúnach.

### **3. Cad is féidir a dhéanamh chun cur le hionadaíocht na mban?**

Tá freagraí an tríú ceist taighde fite fuaite le cúis na gannionadaíochta (CT1) agus leis na scéalta atá ar fáil sa taighde seo (CT2). Níl aon tobréiteach ann ar fhadhb ghannionadaíochta na mban i stair na teanga agus dá réir sin, sa bhunachar. Is féidir cuardach gasta a dhéanamh ar dtús ar líne ach, níos minice ná a mhalairt, beidh ort plé le hiliomad cartlann chun eolas a dheimhniú, má thagann tú air (Bourke 2022, 284). Thar aon ní eile, tá athrú meoin ag teastáil ar a bhfuil i gceist le héacht agus ar na constaicí a bhí roimh dhaoine ar leith agus na gaiscí a bhaineadar amach, maidir leis an teanga in ainneoin na gconstaicí seo ar fad. Aitheantas atá ag teastáil agus na seanluachanna agus tuiscintí ar stádas a gcuid oibre a cheistiú (Agallamh GÓC; ANB). Tá taighde níos mine ag teastáil i róil ar leith i saol na teanga agus bhí ó thús an chéad seo caite, mar a léirigh Fiachra Éilgeach, “Níor mhór do dhuine iarracht fí leith chun teacht thórsa-san is thar a gcuid amhrán, agus sin rud ná fuil im chumus-sa den scríob seo” (Éilgeach 1908, 39). Tá tuiscintí athraithe ar cad atá tábhachtach i stair na teanga, ní hamháin ag baint le hinscne, ach le réimsí áirithe a bheith ar luach níos mó.

Sílim ar bhealach gur orainn féin atá an locht nó ar an chur chuige a bhí ann i gcomhthéacs léann na Gaeilge ar feadh i bhfad, mar bhí an traidisiún níos láidre ó thaobh scríbhneoireacht na bhfear i gcomhthéacs na lámhscríbhinní agus na litríochta agus ghlac muid leis sin agus lean muid sin ach tuigimid anois go bhfuil níos mó ann agus tuigimid anois go bhfuil mná ann ar ghá beathaisnéis a dhéanamh orthu, ach anois atá sé seo ag tarlú (Agallamh RUC, 00:10:25).

Pléitear na moltaí atá ann ó thaobh athshlánú fadtéarma scéalta na mban sa bhunachar [Ainm.ie](https://ainm.ie) i gCaibidil 3. Tagann formhór na moltaí ó na tionscadail dhaoine ar iarraidh atá cheana féin curtha i gcrích ag tionscadail bheathaisnéisí eile. Moltar scéalta na mban a sholáthar fiú más

---

<sup>209</sup> Gaolta sna beathaisnéisí: B’inion i (1) Máire Bhán Nic Dhomhnaill le hEisibéal Ní Bhriain, (2) Síle Ní Chéileachair le Siubhán Ní Mhulláin, (3) Bríd Mhic Choitir le Máire Uí Shíothcháin, (4) Síle Ní Mhuláin le Beití Uí Mhuláin, (5) Nuala Ní Dhomhnaill (agus b’inion céile í Róise Ní Dhochartaigh) le Fionnghuala Nic Dhomhnaill. Deirfiúracha ab iad (1) Neillí agus Sorcha Ní Anluain, (2) Róise Nic a ‘Ghoill agus Máire Nic Giolla Dé, (3) Neans agus Máire de Paor, (4) Áine, Brighid, agus Cáit Stac, agus (5) Nóra Joe de Búrca agus Máire Joe Uí Chonchubhair. Phós Cáit Stac Muiris Ó Milleóin, mac le Máire Uí Mhilleoin, Méin an Ghabha, in Chicago in 1925. Ba shin-seanaint le Máire Ní Dhroma, Seán Ó Cúirín, fear céile Threasa Uí Chuirín.

rud é nach bhfuil an scéal iomlán curtha le chéile, chun plé a thosú faoin ábhar beathaisnéisí sin agus chun moltaí nó foinsí a fháil ón bpobal. Is léir tábhacht líonrú agus meithleacha chun moltaí nua a fháil ach níos mó ná sin, chun scríbhneoirí nua cumasacha a mhealladh chun cabhrú leis an liosta mór feithimh a phléitear i gCaibidil 1 (1.2.4.1.1), nó chun ionadaí amháin a lua le mná nó grúpaí eile tearcléirithe sa bhunachar. Is foinse thar a bheith luachmhar í [Ainm.ie](http://Ainm.ie), agus is minic nach bhfuil an obair mhór atá déanta agus á déanamh ar eolas ag an bpobal lasmuigh den chiorcal acadúil nó litríochta, ach is stair na teanga ar fad atá ann ní hamháin na réimsí sin. Ciallaíonn sé sin gur ghá tuilleadh poiblíochta a dhéanamh ar a bhfuil i gceist leis an mbunachar agus lena gcritéir. Tá nithe ag dul i bhfeabhas maidir leis an tuiscint ar thionchar na mban:

Feicimid anois an rud iomlán agus gur féidir iliomad ról a chleachtadh, is féidir a bheith i do chúramóir agus a bheith i do scríbhneoir. Is féidir leat na rudaí seo ar fad a nascadh le chéile anois agus sílim go bhfeicimid anois an duine mar dhuine iomlán le rólanna difriúla agus is tríd an tuiscint sin a thuigfidimid ról na mban níos fearr (Agallamh RUC, 00:15:47).

Glacfaidh sé am, áfach, tionchar gluaiseachtaí idirnáisiúnta ionadaíochta agus cothromaíochta an chéid seo caite a fheiceáil i mbunachair ar nós Ainm.ie, toisc gurb iad na mairbh a n-ábhair beathaisnéisí. Tiocfaidh níos mó eolais chun solais i ndiaidh an taighde seo. Ciallaíonn sé sin go mbeidh gá filleadh ar bheathaisnéisí an taighde seo agus ar bheathaisnéisí Ainm.ie chun coinneáil suas leis an taighde atá ar siúl agus chun cinntiú go bhfuil an t-eolas iontu suas chun dáta.

Sampla cuí anseo ná an scannán ‘cailte’ *Oidhche Sheanchais* ar thángthas air in 2012. B’iomaí cuairteoir, bailitheoirí ina measc, a tháinig ag lorg Maggie Tom Dirrane agus mná eile ar nós Nóra Ní Chinnéide (Agallamh 2c; SÓC). Cá bhfios nach raibh dialanna nó taifeadtaí acu a glacadh ó na mná seo, agus na mná eile nach bhfuil trácht orthu, atá imithe “gan tasc gan tuairisc” (Agallamh SÓC, 00:07:07). Ceacht atá le foghlaim ón taighde nach ionann gan trácht agus gan tionchar,

... ní hionann sin is a rá nach raibh mná gníomhach agus nach raibh ról tábhachtach acu i ngnéithe éagsúla an tsaoil mhóir agus tá sin amhlaidh i saol na Gaeilge chomh maith ach an rud a bhí ann... ní dhearnadh tuairisciú ar na daoine seo (Agallamh CMM, 00:23:47).

### c. Súil Siar ar Aidhmeanna an Taighde

Leagadh amach príomhaidhmeanna an taighde i réamhrá an tráchtais. Déantar athphlé anseo ar na haidhmeanna sin, agus ar phríomhphointí an taighde.

1. Cíortar suíomh agus stair [Ainm.ie](#) (1.2) agus a réamhtheachtaí *Beathaisnéis* (1.1) i gCaibidil 1 an tráchtais seo. Bhíothas ag iarraidh bunchloch a leagan síos don taighde seo ar fad, agus bailíodh eolas breise a léiríodh i gCaibidil 3 ionas gur féidir an íomhá den bhean thipiciúil a bhí sa bhunachar ag tús an taighde a dhearadh. Fuarthas amach gurb i mBaile Átha Cliath (3.1.2) agus sa tréimhse ama 1850–1899 (3.1.1) a rugadh formhór na n-ábhar beathaisnéisí baineanna a bhí in [Ainm.ie](#) ag tús obair pháirce an tionscadail seo. Luíonn sé seo le ciall nuair a thuigtear go raibh imleabhair thosaigh *Beathaisnéis* dírithe ar mhuintir agus lucht na hAthbheochana (1.1.3). Ba í an mhúinteoireacht (3.1.4) an tslí bheatha is coitianta a tháinig chun cinn do mhná. Pléitear tús áite na litríochta scríofa agus an oideachais (8.1.4), a threisíonn an tuairim go raibh béim ar leith i stair na teanga ar an litríocht scríofa, rud a d'fhág bearnaí móra i dtraidisiúin eile na teanga.
2. Le linn na chéad caibidle, leagadh síos cur chuige [Ainm.ie](#). Mar a phléitear, baineadh úsáid as anailís doiciméad agus as obair pháirce an taighde seo i bhfoirm agallamh chun an cúlra seo a chur le chéile (1.2). Agus an bhunchloch seo leagtha síos, bhíothas in ann ansin suíomh [Ainm.ie](#), i measc neart cnuasaigh bheathaisnéisí eile a shoiléiriú (2.3), go háirithe maidir le hionadaíocht na mban (2.5.1). Ba léir ón taighde atá ar fáil i gCaibidil 2 go n-eascaíonn cur chuige na gcnuasach óna réamhtheachtaí coiteann *Dictionary of National Biography* (2.3.1), agus gur leis an gcnuasach céanna a cuireadh tús le tionscadail dhaoine ar iarraidh.
3. Maidir le creat teoiriciúil an taighde seo, beartaíodh go luath go raibh teoiricí an fheimineachais cuí don taighde seo toisc go ndíríonn siad ar ghannionadaíocht na mban sa stair (4.2). Ba iad teoiric iarchoilíneacha an fheimineachais agus teoiric fheimineach na n-ildearthaí a roghnaíodh chun imscrúdú a dhéanamh orthu i gcomhthéacs scéalta mhná na Gaeilge. Tugann an plé ar na teoiricí tuiscint níos doimhne ar na baic a bhí agus atá roimh mhná na Gaeilge, idir tionchar an iarchoilíneachais agus tionchar na n-íomhánna den bhean sa litríocht ar mhná na teanga (4.4.2.1). Tugann sé léargas níos fearr dúinn ar dhea-chleachtais chun mná a thabhairt ar ais isteach sa phlé agus chun cinntiú go bhfuil siad lárnach i dtaighde orthu (4.3.3).

4. Díríodh isteach ansin i gCaibidil 5 ar stair na Gaeilge, agus ar na ról a bhí ag mná inti. B'fhollasach go raibh coinníollacha a cheadaigh do mhná réimsí áirithe a chleachtadh agus a mhalairt an scéal le réimsí eile. Ba choitianta scéalta chailleach an uafáis agus drochthuiscentí faoi chumas na mban i réimsí ar leith de stair na teanga, go háirithe cinn a bhain leis an bhfearann poiblí agus cinn a raibh tuarastal i gceist leo (5.4). Rinneadh scrúdú ar réimsí ar leith i stair na teanga, réimse ársa na caointeoireachta (5.2), agus réimse nuálach na fadscannánaíochta (5.3). Taispeánann an taighde go maireann an ghannionadaíocht agus na drochthuiscentí faoi réimsí ar leith, beag beann ar an tréimhse ama nó cineál traidisiúin arbh as dóibh.
5. Leagadh modheolaíocht an taighde amach i gCaibidil 6. Baineadh úsáid as cur chuige taighde na staire (6.1) le hanailís doiciméad, agallaimh agus ag baint úsáid as lionsa agus teoiricí an fheimineachais (4.5.1) le fonn na trí cheist taighde a fhreagairt agus chun gur féidir tionscadail 'daoine ar iarraidh' a dhéanamh amach anseo ar ghrúpaí mionlaithe eile i stair na teanga. Tríd an scagadh a rinneadh ar bheathaisnéisí reatha [Ainm.ie](http://Ainm.ie), bhíothas in ann critéir agus sainchritéir a leagan amach le haghaidh an tionscadail seo (6.2.2). Déantar mionchur síos ar chéimeanna an taighde seo: bailiú sonraí (6.3), anailís sonraí (6.4), agus scríobh suas, scaipeadh agus stóráil (6.5).
6. Tá easnaimh mhóra le feiceáil i ndoiciméadú an traidisiúin béil agus i réimse na lámhscríbhinní (5.1.1). Le linn an taighde seo cuireadh tús le beathaisnéisí ban nach bhfuil in [Ainm.ie](http://Ainm.ie) a chur le chéile. Mar thoradh air seo, tá 185 beathaisnéis mar chuid den taighde seo. Tá 4 beathaisnéis i gcorp an tráchtais (Caibidil 7) agus 181 mionbheathaisnéis ar fáil in Aguisín A. Soláthraítear an príomheolas ar fad a mbeifeá ag súil leis i mbeathaisnéis an bhunachair (6.2.1.1) sa dá shaghas beathaisnéise seo agus cuirtear leabharliostaí cuimsitheacha ar fáil ionas gur féidir an taighde seo a leanúint amach anseo.

#### **d. Tábhacht an Taighde**

Toisc gurb é seo an chéad mhórshaothar taighde dírithe ar ionadaíocht na mban i mbeathaisnéisí na Gaeilge, tá modheolaíocht an taighde iontach tábhachtach do thionscadal 'daoine ar iarraidh' eile i réimse na mbeathaisnéisí. Leagtar amach foinsí, cur chuige, creat teoiriciúil, agus torthaí an taighde le linn an tráchtais seo, agus mar a phléitear ar ball, táthar ag súil leis go leanfaí ar aghaidh ag cur le scéalta na mban agus le scéalta grúpaí eile mionlaithe agus imeallaithe ó stair na teanga dá dheasca seo.

Táthar ag súil leis chomh maith, gur ardán atá á sholáthar sa tráchtas seo le beathaisnéisí 185 bean atá mar chuid den taighde a chraobhscaoileadh do phobail na teanga i gcoitinne. Toisc nár leagadh critéir dhaingne síos maidir le cúrsaí ama agus tíreolaíochta na n-ábhar beathaisnéisí, is spleachadh níos leithne atá tugtha anseo agus cuirtear le tuiscint an phobail ar éachtaí agus ar stair mhná na Gaeilge mar thoradh air seo. Is é seo chéad chéim na mbeathaisnéisí sa taighde chomh maith. Pléitear féidearthachtaí na ré digití go rialta sa tráchtas seo, agus d'fhéadfaí fo-fhearann ar shuíomh [Ainm.ie](http://Ainm.ie), nó suíomh nua, a chruthú chun na scéalta a chur ar fáil do phobail níos leithne. Leis an modheolaíocht agus na scéalta agus foinsí a cuireadh ar fáil le linn an tráchtas seo, d'fhéadfaí mórbheathaisnéisí a chruthú as na mionbheathaisnéisí, trí labhairt le gaolta agus saineolaithe agus trí na scéalta a leathnú.

Ós ag trácht ar ardán a thabhairt atáthar, is mór tábhacht an taighde seo don bhunachar [Ainm.ie](http://Ainm.ie). Pléitear tábhacht na gnuasach beathaisnéisí chun scéalta stairiúla a sholáthar ar shlí speisiúil don phobal, agus déantar cur síos cuimsitheach ar na céimeanna uile ar ghá dul tríothu chun beathaisnéis a sholáthar ar shuíomh an bhunachair. Is próiseas fada, cuimsitheach agus, i gcásanna áirithe, deonach atá ann, agus is gá an obair a rinne Diarmuid Breathnach agus Máire Ní Mhurchú mar aon le hobair na rannpháirtithe reatha a aithint agus a thuiscint. Faoi mar atá i gceist le cnuasaigh bheathaisnéisí eile, is bóthar fada atá roimh [Ainm.ie](http://Ainm.ie) chun líon beathaisnéisí ghrúpa ar leith a ardú, agus táthar ag súil leis go dtaispeántar féidearthachtaí tionscadail 'daoine ar iarraidh' i mbeathaisnéisí na Gaeilge sa tráchtas seo.

### **e. Srianata agus Laigí an Taighde**

An laige is mó atá ag an taighde seo, ná go raibh an scóip róleathan chun imscrúdú a dhéanamh ar chás gach uile réimse i stair na teanga. Is bunachar beathaisnéisí stair na teanga [Ainm.ie](http://Ainm.ie), nach leagtar critéir dheimhne amach di maidir le tréimhsí ama nó cúinsí tíreolaíochta. Toisc gurb iad [Ainm.ie](http://Ainm.ie), agus mná stairiúla na teanga atá mar chroílár an taighde seo, beartaíodh cloí leis na critéir seo don taighde reatha chun go mbeadh an tslat tomhais chomh cruinn agus cothrom agus ab fhéidir chun ceist na gannionadaíochta sa bhunachar a chíoradh. Tá iarmhairtí imeallú na mban ó stair na teanga le feiceáil i ngach tréimhse ama, i ngach áit tíreolaíochta agus i ngach réimse teanga atá le feiceáil sa bhunachar agus i stair na teanga i gcoitinne.

Chun beathaisnéis chuimsitheach agus iomlán a chur le chéile don bhunachar, is minic a labhraítear le gaol nó cara an ábhair bheathaisnéise, faoi mar a rinneadh le príomhbheathaisnéisí an taighde seo atá le feiceáil i gCaibidil 7. Toisc an méid ainmneacha ban a tháinig chun cinn le linn an taighde ní rabhtas in ann a seo a dhéanamh le gach uile bheatha, nó beathaisnéis a chur le chéile a gcomhlíonfadh líon focal molta an bhunachair. Dá

bharr sin, beartaíodh a mhéid agus is féidir mionbheathaisnéis a chur ar fáil a dhéanfadh cur síos ar shaol na mban go beacht agus go mion agus a chuirfeadh leabharliosta a saothar agus a bhfuil scríofa fúthu ar fáil chomh maith. Ciallaíonn sé seo ar fad nach bhfuil an scéal seo ach ina thús.

## **f. Toghcháil agus Moltaí**

Clúdaíonn [Ainm.ie](http://Ainm.ie) beathaisnéisí na nGael ó thart ar an mbliain 1450 don lá atá inniu ann. Ní fhéadfadh ceithre bliana de thaighde suíomh uile mhná na Gaeilge a imscrúdú ná tearcléiriú iomlán de chuid leathmhíle bliain na mban a réiteach. Ciallaíonn sé sin go bhfuil i bhfad níos mó taighde ag teastáil leis an ngannionadaíocht a réiteach. Tá tuilleadh taighde ag teastáil ar réimsí ar leith de stair na teanga, chun ról na mban iontu a thuiscint ar leibhéal níos doimhne. Tá an gá seo fite fuaite leis an ngá tuilleadh taighde a dhéanamh ar réimsí ar leith den traidisiún béil agus i stair na n-eagraíochtaí teanga. Tá na tuiscintí atá againn ar ghaisce i stair na teanga le hathrú chun ról gach aon duine a thuiscint, go háirithe nuair a bhí constaicí móra rompu. Is gá a lua, cé go ndíríonn an taighde seo ar mhná, go bhfuil agus go mbeadh grúpaí eile ar ghá níos mó ionadaíochta a bheith ann dóibh, faoi mar a phléitear níos luaithe (8.3). Cabhróidh cur chuige mar an gceann pléite thuas, níos mó daoine a tharraingt isteach sa phlé agus iarracht a dhéanamh amach anseo tionscadail dá mhacasamhail seo a réachtáil.

Déantar plé ar an ngá foinsí nua a chuardach agus a scrúdú (8.1.6.2), go háirithe nuair atá ganntanas foinsí agus fianaise maidir le saolta daoine, mná san áireamh, i gcartlanna príobháideacha, ina litreacha,

... in places where historians do not traditionally look: in accounts and stories that blur narrative genres, in seemingly artless fictionalised life writing, in autobiographically based fiction and drama, buried under the artifice of poetry, or hidden in Gothic and romance modes (Aiken 2022, 3).

Anuas air seo, tá uasdátuithe leanúnacha ag teastáil ag cnuasaigh bheathaisnéisí i gcoitinne le caitheamh na haimsire. Chonaiceamar na hathruithe móra atá tagtha ar ról na gnuasach, ó bhailiúchán scéalta ginearál airm go hiarrachtaí cuimsithe. Beidh níos mó taighde ag teastáil orthu sa toghcháil, go háirithe ar fhéidearthachtaí na ré digití. Bheifeá in ann mionbheathaisnéisí faoi mar atá ar fáil sa taighde a leathnú agus a chur leis an mbunachar.

## **g. Críoch**

“... we [mná] may be in for a brief period of being fashionable. That too will pass. These are all temporary aberrations and weaknesses. The long haul is what matters” (Ní Dhomhnaill 1992, 27).

Tá taighde ar ghannionadaíocht dreamanna daoine casta. Táthar ag brath ar spéis, ar mhaoiniú agus ar thuiscint. Chun an cás a chruthú agus an doras a oscailt le níos mó taighde a dhéanamh ar thearcléiriú na mban i stair na teanga, leagadh bunchloch síos sa tráchtas seo den chineál taighde ar féidir agus ar ghá a dhéanamh chun tuiscint níos iomláine a fháil ar stair na teanga agus na gnuasach beathaisnéisí i gcoitinne. Fiú le 185 beathaisnéis breise atá ar fáil sa tráchtas seo san áireamh le beathaisnéisí [Ainm.ie](http://Ainm.ie)<sup>210</sup>, mhéadófaí líon na mban faoi dhó, ó 185 go 370 beathaisnéis (10.31% → 18.7%), agus is mionbheathaisnéisí atá ina bhformhór. Coincheap coitianta sa lá atá inniu ann ná an traochadh inscne (*gender fatigue*), an easpa suime is fuinnimh sa cheist inscne toisc an tuiscint go bhfuil an fhadhb réitithe (Kamberidou 2010, 92; Kelan 2009, 207; Meyerson agus Fletcher 2000).

Níl sí réitithe, táimid fós ar thóraíocht *Our Mothers' Gardens*, mar a thug Alice Walker orthu, “How simple a thing it seems to me that to know ourselves as we are, we must know our mothers' names. Yet, we do not know them. Or if we do, it is only the names we know and not the lives” (1984, 276). Faoi mar a phléitear, níl an scéal seo i gcomhthéacs na teanga ach ina thús. Go deimhin, tá turas fada os ár gcomhair chun teacht ar ‘Foremothers’ na teanga (Ní Dhomhnaill 1992).

Rinneadh tagairt ag tús an tráchtais do nós Dhiarmuda Breathnaigh agus Mháire Ní Mhurchú cuairt a thabhairt ar reiligí ina dtaighde (1.1.4). Ba de dheasca an nóis gur cuireadh Máire faoi ghlas i reilig (trí thimpiste) agus í ag lorg sonraí ábhar beathaisnéise istoíche (Breathnach g.d.). Rinneadh tagairt ansin i lár an tráchtais do na filí ban, an “*she-barde*” agus na “mná siúbhail” araon, na tráchtanna is luaithe atá againn do mhná i stair na teanga (5.1.1). Is cuí, mar sin, críoch a chur leis an tráchtas seo le rainn d’fhillíocht mná, agus le filíocht a dhearbhaíonn an tábhacht a bhaineann le teacht ar scéalta na nGael atá imithe romhainn agus iad a thabhairt ar ais chun solais (Ní Choistealbha 2023, 81–2),

---

<sup>210</sup> Ag baint úsáid as na sonraí a bailíodh in 2023.

seo iad na daoine  
ar éirigh leo a gcuimhne  
a chaomhnú  
seal

ach le gach coiscéim  
ar thalamh na tíre seo  
éilíonn na mairbh gan ainm  
ár n-aird:

níl le déanamh ach stopadh  
cromadh síos  
agus éisteacht.



## Leabharliosta

- Ackerly, Brooke, agus Jacqui True. 2008. "Reflexivity in Practice: Power and Ethics in Feminist Research on International Relations." *International Studies Review* 10 (4): 693–707.
- Addams, Jane. 1916. *The Long Road of Woman's Memory*. The MacMillan Company.
- Ahikire, Josephine. 2022. "Researching Gender Relations in Africa: Directions and Landmarks in Feminist Research Methodology." *Journal of Higher Education in Africa / Revue de l'enseignement Supérieur En Afrique* 20 (1): 1–22.
- Aiken, Síobhra. 2022. *Spiritual Wounds: Trauma, Testimony and the Irish Civil War*. Irish Academic Press.
- Alexiou, Margaret. 1974. *The Ritual Lament in Greek Tradition*. Cambridge University Press.
- Ali, Suki. 2007. "Feminism and postcolonial: knowledge/politics." *Ethnic and Racial Studies* 30 (2): 191–212.
- Allen, Paula Gunn. 1986. *The sacred hoop: Recovering the feminine in American Indian traditions*. Beacon Press.
- Almqvist, Bo. 1979. *The Irish Folklore Commission : Achievement and Legacy*. An Coláiste Ollscoile.
- 1999. "Oidhreacht Scéalaíocht Pheig." In *Peig Sayers Scéalaí, 1873–1958*, curtha in eagar ag Máire Ní Chéilleachair: 77–100. Coiscéim.
- Anderson, Joan M., Koushambhi Basu Khan, agus Sheryl Reimer-Kirkham. 2011. "Community Research from a Post-Colonial Feminist Perspective: Exemplars from Health Research in Canada and India." In *Feminist community research : case studies and methodologies*, curtha in eagar ag Gillian Laura Creese agus Wendy Mae Frisby. UBS Press
- An Seabhac. 1930. "Ó Corca Dúibne." *Béaloideas*, 2 (3): 274–81.
- . 1931. "Ó Uíbh Ráfaic Agus Corca Dúibne." *Béaloideas*, 3 (2): 257–74.
- Anthias, F, agus N Yuval-Davis. 1992. *Racialised Boundaries*. Routledge.
- Arinder, Jo Ann. 2020. "Feminist Theory." In *Theoretical Models for Teaching and Research*, le Jo Ann Arinder. WSU Open Text.
- Ashcroft, Bill, Gareth Griffiths, agus Helen Tiffin. 2007. *Post-Colonial Studies: The Key Concepts*. Routledge.
- Aylett, Holly agus Raveney, Francine. 2015. *Where Are the Women Directors in European Films? Gender equality report on female directors (2006–2013) with best practice and policy recommendations*. EWA Network.
- Badwe Ajuwon, Ile-Ife. 1981. "Lament for the Dead as a Universal Folk Tradition". *Fabula* 22: 27.
- Baez, Benjamin. 2002. "Confidentiality in qualitative research: reflections on secrets, power and agency." *Qualitative Research* 2 (1): 35–58.
- Baffie, Jean. 2012. "Leo Suryadinata (ed.) Southeast Asian Personalities of Chinese Descent. A Biographical Dictionary, 2012". *Aséanie* (30): 207–210.
- Baigent, Elizabeth. 1993. "The RSA and the New Dictionary of National Biography." *RSA Journal* 141 (5444): 828–29.
- Baker, David J, Maley, Willy, agus Palmer Patricia. 2018. "What ish my network? Introducing MACMORRIS: Digitising cultural activity and collaborative networks in early modern Ireland". *Literature Compass*. 15: e12496.
- Balteau, Jules. 1933. *Dictionnaire de Biographie Française*. 1. Paris: Letouzey et Ané.
- . 1932. "Preface." In *Dictionnaire de Biographie Française*, curtha in eagar ag Jules Balteau: V–VI. Letouzey et Ané.

- Barton, Ruth. 2020. "Irish Cinema and the Gendering of Space: Motherhood, Domesticity and the Homeplace." In *Women in the Irish Film Industry: Stories and Storytellers* curtha in eagar ag Susan Liddy: 233–248. Cork University Press.
- Barrett, Tracy C. 2014. "Reviewed Work: Southeast Asian Personalities of Chinese Descent: A Biographical Dictionary. 2 vols by Leo Suryadinata." *Bijdragen Tot de Taal-, Land- En Volkenkunde* 170 (1): 165–67.
- Bascom, William R. 1954. "Four Functions of Folklore." *The Journal of American Folklore* 67 (266): 333–49.
- Basit, Tehmina. 2003. "Manual or electronic? The role of coding in qualitative data analysis." *Educational Research* 45 (2): 143–154.
- Beetham, Gwendolyn, agus Justina Demetriades. 2007. "Feminist research methodologies and development: overview and practical application." *Gender & Development* 15 (2): 199–216.
- Bennet, Darryl. 2013. "The Di Langmore Era, and Going Online, 2002–2008." In *The ADB's Story*, curtha in eagar ag Melanie Nolan agus Christine Fernon, 181–212. ANU Press.
- Benton, Michael. 2015. "The Aesthetics Of Biography- An What It Teaches." *The Journal of Aesthetic Education* 49 (1): 1–19.
- Berkhout, Suze G. 2013. "Private talk: testimony, evidence, and the practice of anonymization in research." *International Journal of Feminist Approaches to Bioethics*, 6 (1): 19–45.
- Bernard, Russell H. 2012. *Social research methods: Qualitative and quantitative approaches*. Sage.
- Bhabha, Homi K. 1994. *The Location of Culture*. Routledge.
- Bhreathnach, Úna, Cathal Burke, Jeaic Mag Fhinn, Gearóid Ó Cleircín, agus Brian Ó Raghallaigh. 2019. "A quantitative analysis of biographical data from Ainm, the Irish-language Biographical Database." *Biographical Data in a Digital World 2019*: 1–7.
- Biana, Hazel Tionloc. 2020. "Extending bell hooks' Feminist Theory." *Journal of International Women's Studies* 21 (1): 13–31.
- Bold, Christine. 2012. *Using Narrative in Research*. SAGE.
- Booth, Alison. 2009. "Recovery 2.0: Beginning the Collective Biographies of Women Project." *Tulsa Studies in Women's Literature* 28 (1): 15–35.
- . 2015. "Prosopography and Crowded Attention in Old and New Media" In: *On Life-Writing*, curtha in eagar ag Zachary Leader: 72–99. Oxford University Press.
- . 2005. "Fighting for Lives in the ODNB, or Taking Prosopography Personally." *Journal of Victorian Culture*: 267-279
- Bourke, Angela, Siobhán Kilfeather, Maria Luddy, Margaret Mac Curtain, Gerardine Meaney, Máirín Ní Dhonnchadha, Mary O'Dowd, agus Clair Wills. 2002. *The Field Day Anthology of Irish Writing, Volume IV: Irish Women's Writings and Traditions*. Cork University Press.
- . 2002. *The Field Day Anthology of Irish Writing, Volume V: Irish Women's Writings and Traditions*. Cork University Press.
- Bourke, Angela. 1997. "Performing, Not Writing: The Reception of an Irish Woman's Lament." In *Dwelling in Possibility: Women Poets and Critics on Poetry*, curtha in eagar ag Yopie Prins agus Shreiber. Maera: 132–146. Cornell University Press.
- . 1999. *The Burning of Bridget Cleary*. Pimlico.

- . 1983. *Caoineadh Na dTrí Muire: Téama Na Páise i bhFilocht Bhéil Na Gaeilge* [Angela Partridge]. An Clóchomhar Tta.
- . 2002a. “Lamenting the Dead.” In *The Field Day Anthology of Irish Writing, Volume IV: Irish Women's Writings and Traditions*, curtha in eagar ag Angela Bourke, Siobhán Kilfeather, Maria Luddy, Margaret MacCurtain, Geraldine Meaney, Máirín Ní Dhonnchadha, Mary O’Dowd, agus Clair Wills: 1365–1398. Cork University Press.
- . 2002b. “International Folktales.” In *The Field Day Anthology of Irish Writing, Volume IV: Irish Women's Writings and Traditions*, curtha in eagar ag Angela Bourke, Siobhán Kilfeather, Maria Luddy, Margaret MacCurtain, Geraldine Meaney, Máirín Ní Dhonnchadha, Mary O’Dowd, agus Clair Wills: 1214–1262. Cork University Press.
- . 1993. “More in anger than in sorrow: Irish women's lament poetry.” In *Feminist Messages: Coding in Women's Folk Culture* curtha in eagar ag Joan Newlon Radner: 160–82. University of Illinois Press.
- . 1988. “The Irish traditional lament and the grieving process.” *Women's Studies International Forum* 11: 287–91.
- . 2007. “Songs in English in the Conamara Gaeltacht.” In *Dear Far-Voiced Veteran: Essays in Honour of Tom Munnely*, curtha in eagar ag Anne Clune: 43–58. Old Kilfarboy Society.
- Bourke, Evan. 2022. “Networking Early Modern Irish Women”. In *Irish Historical Studies* 46 (170): 270–85.
- Bourke, Evan agus Deirdre Nic Chárthaigh. 2023. “Patronage Networks in Gaelic Ireland ca. 1541–ca. 1660.” *Renaissance Quarterly* 76 (3): 938–97.
- Bowen, Glenn. 2009. “Document Analysis as a Qualitative Research Method.” *Qualitative Research Journal* 9 (2): 27–40.
- Brakeley, Theresa C. 1972. “Mourning Songs.” In *Funk & Wagnalls Standard Dictionary of Folklore Mythology and Legend*, curtha in eagar ag Maria Leach: 755–7. Funk and Wagnall.
- Braun, V, agus V Clarke. 2006. “Using thematic analysis in psychology.” *Qualitative Research in Psychology* 3: 77–101.
- Breathnach, Diarmuid, agus Máire Ní Mhurchú. 2001a. *1560–1781 Beathaisnéis*. An Clóchomhar.
- . 1999. *1782–1881 Beathaisnéis*. An Clóchomhar.
- . 1994. *1882–1982 Beathaisnéis a Ceathair*. An Clóchomhar.
- . 1997. *1882–1982 Beathaisnéis a Cúig*. An Clóchomhar.
- . 1990. *1882–1982 Beathaisnéis a Dó*. An Clóchomhar.
- . 1986. *1882–1982 Beathaisnéis a hAon*. An Clóchomhar.
- . 1992. *1882–1982 Beathaisnéis a Trí*. An Clóchomhar.
- . 2003. *1983–2002 Beathaisnéis*. An Clóchomhar.
- . 2007. *Beathaisnéis a Naoi: Forlíonadh agus Innéacsanna*. An Clóchomhar.
- . 2001b. ‘1882–1982 Beathaisnéis: Fiontar Taighde’. *Studia Hibernica*, 31: 17–25.
- . 2010a. Agallamh Ainm 1a. Agallóir: Liam Ó Muirthile.
- . 2010b. Agallamh Ainm 1b. Agallóir: Liam Ó Muirthile.
- . 2010c. Agallamh Ainm 2. Agallóir: Liam Ó Muirthile.
- Breathnach, Diarmuid. ‘Gaelic Biography: an Irish experience’. Ollscoil Glaschú.

- Brecher, Ruth agus Edward Brecher. 1944. "Footprints on the Sands of Time: 'The Dictionary of American Biography.'" *The American Scholar* 14 (1): 106–14.
- Brennan Harvey, Clodagh. 1992. *Contemporary Irish Traditional Narrative: The English Language Tradition*. University of California Press.
- Brewster, Annie. 2002. "Aboriginal Life-Writing and Globalisation: Doris Pilkington's Follow the Rabbit Proof Fence." *Australian Humanities Review* 25. Ar fáil ag <https://australianhumanitiesreview.org/2002/03/01/1929/> [Rochtain faighte: 12/09/2025].
- Bricka, C. F. (eag). 1887. *Dansk Biografisk Leksikon*. Gyldendal.
- Brickman, W.W. 2007. *Guide to Research in Educational History*. Brickman Press.
- Briody, Mícheál. 2007. *The Irish Folklore Commission 1935–1970: History, Ideology, Methodology*. Finnish Literature Society / SKS.
- Briquet, Fortunée. 1804. *Dictionnaire Historique, Littéraire et Bibliographique des Françaises*. De l'imprimerie de Gillé.
- Bromwich, Rachel. 1947–8. "The Continuity of the Gaelic Tradition in Eighteenth-Century Ireland." *Yorkshire Celtic Studies* 4: 2–28.
- Brooks, Abigail. 2006. "Feminist Standpoint Epistemology: Building Knowledge and Empowerment Through Women's Lived Experience." In *Feminist Research Practice*, le Sharlene Nagy Hesse-Biber agus Patricia Lina Leavy: 53–82. SAGE Publications.
- Budd, John W. agus Timothy Guinnane. 1991. "Intentional Age-Misreporting, Age-Heaping, and the 1908 Old Age Pensions Act in Ireland." *Population Studies* 45 (3): 497–518.
- Bulbeck, Chilla. 1998a. "Fracturing Binarisms: First and Third Worlds." In *Re-orienting western feminisms: women's diversity in a postcolonial world* le Chilla Bulbeck: 18–56. Cambridge University Press.
- . 1998b. "Introduction." In *Re-orienting western feminisms: women's diversity in a postcolonial world* le Chilla Bulbeck: 1–17. Cambridge University Press.
- Bullock, Alan. 1991. *Hitler and Stalin: Parallel Lives*. HarperCollins.
- Butler, Judith. 1999. *Gender Trouble: Feminism and the Subversion of Identity*. Routledge.
- Burmeister, Elizabeth, agus Leanne M. Aitken. 2012. "Sample size: How many is enough?." *Australian Critical Care* 25: 271–274.
- Byrne, Angela; Deeney Almquist, Ragnar, agus Helena Nolan. 2021. *All Strangers here : 100 Years of Personal Writing from the Irish Foreign Service*. Arlen House.
- Byrne, Anne, agus Ronit Lentin. 2000. "Introduction: Feminist Research Methodologies in the Social Sciences." In *(Re)searching Women: Feminist Research Methodologies in the Social Sciences*, curtha in eagar ag Anne Byrne agus Ronit Lentin: 1–60. Institute of Public Administration.
- Campbell, Jan. 2000. *Arguing With The Phallus*. Zed Books.
- Campbell, Kirsten. 2014. "What do Women Want? Feminist Epistemology and Psychoanalytic Theory." In *The SAGE Handbook of Feminist Theory*, curtha in eagar ag Mary Evans, Clare Hemmings, Marsha Henry, Hazel Johnstone, Sumi Madhok, Ania Plomien agus Sadie Wearing, 93–114. SAGE Publication.
- Cannadine, David. 2019. "British National Biography and Global British Lives: From the DNB to the ODNB-and beyond?." In *True Biographies of Nations? The Cultural Journeys of Dictionaries of National Biography*, curtha in eagar ag Karen Fox: 193–208. ANU Press.

- Caraveli-Caves, Anna. 1980. "Bridge between Worlds: The Greek Women's Lament as Communicative Event." *Journal of American Folklore* 93 (368): 129–57.
- Cargo, Margaret D, Treena Delormier, Lucie Lévesque, Alex M McComber, agus Ann C Macaulay. 2011. "Community capacity as an "inside job": Evolution of perceived ownership within a University-Aboriginal community partnership." *American Journal of Health Promotion* 26 (2): 96–100.
- Carleton, William. 1840–1. "The Irish midwife." *Irish Penny Journal* 1 (26; 27; 40).
- 1845. "Rose Moan, the Irish midwife." In *Tales and sketches, illustrating the character, usages, traditions, sports and pastimes of the Irish peasantry* le William Carleton, 113–53. James Duffy.
- Carter, Philip. 2013. "Opportunities for National Biography Online: The Oxford Dictionary of National Biography, 2005–2012." In *The ADB's story*, curtha in eagar ag Melanie Nolan agus Christine Fernon, 345–72. ANU Press.
- . 2019. "What is National Biography For? Dictionaries and Digital History." In *True Biographies of Nations? The Cultural Journeys of Dictionaries of National Biography*, curtha in eagar ag Karen Fox: 57–78. ANU Press.
- Charles-Edwards, T.M. 2004. "Early Irish saints' cults and their constituencies". *Ériu* 54 : 79–102.
- Chiron, Yves, eagar. 2020. *Fascicule CXXX- Dictionnaire de Biographie Francaise*. Letouzey et Ané.
- Clarke, Danielle, agus Sarah McKibben. 2021. "Seventeenth-Century Women's Poetry in Ireland." In *A History of Irish Women's Poetry*, curtha in eagar ag Ailbhe Darcy agus David Wheatley: 57–73. Cambridge University Press.
- Clarke, Gill. 1998. "Voices from the Margins: Regulation and Resistance in the Lives of Lesbian Teachers." In *Biography and Education: A Reader*, curtha in eagar ag Michael Erben: 59–71. Falmer.
- Clavin, Terry, agus Turlough O'Riordan, (eagar). 2022. *Irish Sporting Lives*. Royal Irish Academy.
- Clear, Caitríona. 1987. *Nuns in Nineteenth Century Ireland*. Gill & MacMillan
- Coffey, Amanda, agus Paul Atkinson. 1996. *Making sense of qualitative data: complementary research strategies*. Sage Publications
- Collins, Patricia Hill. 1990. *Black feminist thought: Knowledge, consciousness, and the politics of empowerment*. Boston: Unwin Hyman.
- Contee, Clarence G. 1971. 'The Encyclopedia Africana Project of W. E. B. Du Bois'. *African Historical Studies*, 4(1): 77–91
- Coogan, Tim Pat. 1986. "Definitely a Fair read!" *Irish Press*. 07 Meitheamh: 8.
- Cook, Judith A. agus Mary Margaret Fonow. 1986. "Knowledge and Women's Interests: Issues of Epistemology and Methodology in Feminist Sociological Research." *Sociological Inquiry* 56 (4): 2–29.
- Coolahan, Marie-Louise. 2018. "Writing before 1700" In *A History of Modern Irish Women's Literature* curtha in eagar ag Heather Ingman agus Clíona Ó Gallchóir: 18–36. Cambridge University Press.
- 2010. *Women, Writing, and Language in Early Modern Ireland*. Oxford University Press.
- Corbin, Juliet M, agus Anselm L Strauss. 2015. *Basics of Qualitative Research : Techniques and Procedures for Developing Grounded Theory* 4. SAGE.
- Cosgrave, W.T. 1923. "Government's Task." *Freemans' Journal*. 1 Eanáir: 6.
- Coughlan, Patricia. 2008. "Introduction." In *Irish Literature: Feminist Perspectives*, curtha in eagar ag Patricia Coughlan agus Tina O'Toole: 1–17. Carysfort Press.

- Cowell, Sidney Robertson. 1957. "Songs of Aran, Gaelic singing from the West of Ireland. Recorded by Sidney Robertson Cowell." In *Songs of Aran*, 1–11. Ethnic Folkways Library Album FE 4002.
- Cowman, Krista. 2011. "Collective Biography." In *Research Methods for History*, curtha in eagar ag Simon Gunn agus Lucy Faire: 83–100. Edinburgh University Press.
- Cox, Genevieve R, Paula FireMoon, Michael P Anastario, Adriann Ricker, Ramey Escarcega-Growing Thunder, Julie A Baldwin, agus Elizabeth Rink. 2021. "Indigenous standpoint theory as a theoretical framework for decolonizing social science health research with American Indian communities." *AlterNative* 17 (4): 460–468.
- Coyne, Bernard [An tEaspag Ail Finn]. 1923. "Most Rev. Dr Coyne's Pastoral Letter." *Roscommon Herald*. 17 Feabhra: 3.
- Crenshaw, Kimberlé. 1989. "Demarginalizing the Intersection of Race and Sex: A Black Feminist Critique of Antidiscrimination Doctrine, Feminist Theory, and Antiracist Politics." In *Feminist Legal Theory*, curtha in eagar ag Katharine T. Bartlett agus Rosanne Kennedy: 57–80. Routledge.
- Creswell, John W. 1998. *Qualitative Inquiry and Research Design: Choosing Among Five Traditions*. Sage Publications.
- Croker, Thomas. Crofton. 1824. *Researches in the South of Ireland*. John Murray,  
— 1844. *The keen of the south of Ireland as illustrative of Irish political and domestic history, manners, music, and superstitions*. T. Richards.
- Crosson, Seán. 2024. "Irish language film policy in Ireland." *Irish Journal of Arts Management and Cultural Policy* 10 (2): 38–51.  
— 2007. "From Kings to Cáca Mílis: Irish film and television as Gaeilge in 2007." *Estudios Irlandeses: Journal of Irish Studies* 3: 217–222.
- Cullen, Mary. 2001. "History Women and History men: The Politics of Women's History." In *The Irish Women's History Reader*, curtha in eagar ag Alan Hayes agus Diane Urquhart: 15–20. Routledge.
- Cunneen, Christopher, Roe, Jillian, Kingston, Beverley, agus Garton, Stephen. (eag). 2005. *Australian Dictionary of Biography: supplementary volume: 1580–1980*. Melbourne University Press.
- Cunningham, Bernadette. 1990. "Women and Gaelic literature, 1500–1800". In *Women in Early Modern Ireland*, curtha in eagar ag Margaret MacCurtain agus Mary O'Dowd: 147–157. Edinburgh University Press.
- Dagger, Claire. 1985. "Eithne Ban-Dia agus Ban-Naomh." *Léachtaí Cholm Cille* 15: 61–78.
- Daley, Paul. 2019. "Decolonising the Dictionary: Reclaiming Australian History for the Forgotten." *The Guardian*. 16 Feabhra.
- Dalmau Palet, Pol. 2015. "Clientelism, politics and the press in modern Spain : the case of the Godó family and the founding of 'La Vanguardia'", PhD Thesis. Florence: European University Institute. <https://hdl.handle.net/1814/40884> [Rochtain faighte: 01/07/2024].
- Daly, Mary. 2000. "Feminist Research Methodology: The Case of Ireland." In *(Re)searching Women: Feminist Research Methodologies in the Social Sciences in Ireland*, curtha in eagar ag Anne Byrne agus Ronit Lentin: 60–72. Institute of Public Administration.
- D'Arcy, Kathy. 2008. "'Almost Forgotten Names': Irish Women Poets of the 1930s, 1940s and 1950s." In *Irish Literature: Feminist Perspectives*, curtha in eagar ag Patricia Coughlan agus Tina O'Toole: 99–125. Carysfort Press.

- Darroch, Francine, agus Audrey Giles. 2014. "Decolonizing Health Research: Community-Based Participatory Research And Postcolonial Feminist Theory." *Canadian Journal of Action Research* 15 (3): 22–36.
- Davidoff, Leonore, Keith McClelland, agus Eleni Varikas. 1999. "Introduction: Gender and History - Retrospect and Prospect." *Gender & History* 11 (3): 415–18.
- Davies, Bronwyn. 2016. "Emergent Listening." In *Qualitative Inquiry through a Critical Lens*, curtha in eagar ag Norman K Denzin agus Michael D Giardina: 73–84. Routledge
- de Beauvoir, Simone. 1949. *Le Deuxième Sexe*. Gallimard.
- . 1956. *The Second Sex*. Penguin.
- de Bhaldraithe, Tomás. 1959. *English-Irish dictionary*. An Gúm.
- de Buitléar, Máire. 1901. *Irishwomen and the Home Language*. Gaelic League.
- de Dainville-Barbiche, Ségolène. 1994. *Bibliothèque de l'École Des Chartes* 152 (2): 576–577.
- Denvir, Síle. 2019. "Amhránaíocht ar an sean-nós." *Diolamaí Ainm*. <https://www.ainm.ie/diolamai/sean-nos>. [Rochtain faighte: 09/01/2025].
- Delamont, Sara. 1992. *Fieldwork in Educational Settings: Methods, Pitfalls and Perspectives*. Falmer Press.
- Delargy, James H. 1945. *The Gaelic Story-Teller: With Some Notes on Gaelic Folk-Tales*. Geoffrey Cumberlege.
- de Lauretis, Teresa. 1990. "Eccentric Subjects: Feminist Theory and Historical Consciousness." *Feminist Studies* 16 (1): 115–150.
- Delphy, Christine. 1984. *Close to Home: A Materialist Analysis of Women's Oppression*. University of Massachusetts Press.
- Denvir, Gearóid. 1977. "Decolonizing the Mind: Language and Literature in Ireland." *New Hibernia Review/ Irish Éireannach Nua* 1 (1): 44–68.
- Denzin, Norman K. 1989. *Interpretive Interactionism*. Sage.
- . 2009. *The research act: A theoretical introduction to sociological methods*. Routledge.
- de Paor, Áine. 1914. "The Status of Women in Germany". *The Irish Citizen*, 17 Deireadh Fómhair: 174.
- . 1955. "Women in the Civil Service." *Administration* 3 (2-3): 141-147.
- DeVault, Marjorie L. 1996. "Talking Back to Sociology: Distinctive Contributions of Feminist Methodology." *Annual Review of Sociology* 22: 29–50.
- Dinneen, Patrick S. 1904. *Fóclóir Gaedhilge agus Béarla*. M. H. Gill/Gaelic League.
- Doyle, Aidan. 2015. *A History of the Irish Language: From the Norman Invasion to Independence*. Oxford University Press.
- Doyle, David. 1979. "Inimircigh Nua agus Meiriceá Tionsclaíoch, 1870–1910." In *Go Meiriceá Siar: Na Gaeil Agus Meiriceá: Cnuasach Aistí*, curtha in eagar ag Stiofán Ó hAnnracháin agus Cumann Merriman. An Clóchomhar Tta.
- Dusch, Patricia, agus Lawrence Ness. 2015. "Are We There Yet? Data Saturation in Qualitative Research." *The Qualitative Report* 20 (9): 1408–1411.
- Dunne, Claire. 2024. "Translating Policy into Practice: The Role of Early Irish-Language Textbooks." *New Hibernia Review* 28 (3), 102–11.
- Dunne, Michelle. 2023. "Saintréithe de Thraidisiún Béil Na mBan Agus Léiriú Na mBan i gCnuasach Sheáin Mhic Mhathúna." Tráchtas PhD. Dublin City University.

- Dutton, George. 2013. "Beyond Myth and Caricature: Situating Women in the History of Early Modern Vietnam." *Journal of Vietnamese Studies* 8 (2): 1–36.
- Erben, Michael. 1998. "Biography and Research Methods". In *Biography and Education: A Reader*, curtha in eagar ag Michael Erben: 4–17. Falmer.
- Evans, Mary. 2014. "Religion, Feminist Theory and Epistemology." In *The SAGE Handbook of Feminist Theory*, curtha in eagar ag Mary Evans, Clare Hemmings, Marsha Henry, Hazel Johnstone, Sumi Madhok, Ania Plomien agus Sadie Wearing: 131–143. SAGE Publications.
- Evers, Liz, agus Niav Gallagher. 2021. *Irish Lives in America*. Royal Irish Academy.
- Ewan, Elizabeth. 2019. "Women and the biographies of nations: The Biographical Dictionary of Scottish women." In *True Biographies of Nations? The Cultural Journeys of Dictionaries of National Biography*, curtha in eagar ag Karen Fox: 119–138. ANU Press.
- Fanon, Frantz. 1961. *Les Damnés de la Terre*. François Maspero.
- . 1967. *The Wretched of the Earth*. Aistrithe ag Constance Farrington. Penguin Books.
- Farooq, Zubair. 2023. "Colonization's Lingering Influence: Examining The Impact On Indian English Literature." *International Journal of Social Science, Educational, Economics, Agriculture Research, and Technology* 2 (4): 1325–1330.
- Federici, Silvia. 2003. *Caliban and the Witch: Women, the Body and Primitive Accumulation*. Autonomedia.
- Ferriter, Diarmaid. 2009. *Occasions of Sin : Sex and Society in Modern Ireland*. Profile.
- Ferritéar, Pádraig. 1939. "Bean chainte á cosaint féin [A lamenter defends herself]." *Éigse* 1 (3): 222–234.
- Finnegan, Ruth. 1977. *Oral Poetry: its nature, significance, and social context*. Cambridge University Press.
- Firestone, Shulamith. 1970. *The Dialectic of Sex: The Case for Feminist Revolution*. Bantam Books.
- Fokkens, Anste, ter Braake, Serge, Ockeloen, Niels, Vossen, Piek, Legêne, Susan, Schreiber, Guss, agus Víctor de Boer. 2017. "BiographyNet: Extracting Relations Between People and Events." In *Europa baut auf Biographien: Aspekte, Bausteine, Normen und Standards für eine europäische Biographik*, curtha in eagar ag Bernád, Á. Z., Gruber, C., & Kaiser, M: 193–224. New Academic Press.
- Foley, Daniel. 1855. *An English-Irish Dictionary: Intended for the Use of Students of the Irish Language*. William Curry and Company.
- Fonow, Mary M., agus Judith A. Cook. 1991. "Back to the future: a look at the second wave of feminist epistemology and methodology." In *Beyond Methodology: Feminist Scholarship as Lived Research*, curtha in eagar ag Mary M. Fonow agus Judith A. Cook, 1. Indiana University Press.
- Formoso, Bernard. 2013. "Southeast Asian Personalities of Chinese descent. A Biographical Dictionary, Leo Suryadinata, éd., préf. de Wang Wungwu." *Moussons*, 22: 184–186.
- Foster, Gavin. 2015. *The Irish Civil War and Society: Politics, Class and Conflict*. Palgrave Macmillan.
- Fournier d'Albe, Edmund. 1905. *An English - Irish Dictionary and Phrase Book with Synonyms, Idioms and the Genders and Declensions of Nouns*. Gill.
- Fox, Karen. 2019. "The Cultural Journeys of Dictionaries of Biography." In *True Biographies of Nations?* curtha in eagar ag Karen Fox, 1–18. ANU Press.
- Freeman, Emily. 2019. "Feminist Theory and Its Use in Qualitative Research in Education." *Oxford Research Encyclopedia of Education*: 1–22.

- French, Brigitinne. M. 2018. *Narratives of Conflict, Belonging, and the State: discourse and social life in post-war Ireland*. Routledge.
- Gardner, Howard. 2006. *Multiple Intelligences*. Basic Books.
- Gates, Henry Louis; Akyeampong, Emmanuel agus Steven J. Niven. 2012. *Oxford Dictionary of African Biography*. Oxford University Press
- Geary, Laurence, M. 2023. "A Fat, Pompous Old Woman, Ignorant, and Illiterate." In *Gender and History : Ireland, 1852–1922* curtha in eagar ag Ciara Breathnach, Jyoti Atwal, agus Sarah-Anne Buckley: 90–103. Taylor & Francis.
- Gilbert, Sandra M., agus Susan Gubar. 2020. *The Madwoman in the Attic The Woman Writer and the Nineteenth-Century Literary Imagination*. Yale University Press.
- Gillespie, Raymond. 2006. *Seventeenth-Century Ireland: Making Ireland Modern*. Gill & Macmillan.
- Ging, Debbie. 2019. "Gender, Sexuality, and Irish Film". In *A Companion to British and Irish Cinema* curtha in eagar ag John Hill: 386–406. Wiley-Blackwell.
- Glass, L. 1989. "Historical research." In *Advanced Design in Nursing Research*, le P.J Brink agus M.J Woods. Newbury Park, CA: Sage.
- Gordon, Rebecca. 2019. "'Why would I want to be anonymous?' Questioning ethical principles of anonymity in cross-cultural feminist research." *Gender & Development*, 27 (3): 541–554
- Gray, Jane agus Aileen O'Carroll. 2012. "Education and Class-formation in 20th Century Ireland: A Retrospective Qualitative Longitudinal Analysis." *Sociology*, 46 (4): 579–777.
- Locke, Liz., Vaughan, Theresa., agus Pauline Greenhill. 2008. *Encyclopedia of Women's Folklore and Folklife*. Greenwood Press.
- Grewal, Inderpak, agus Caren Kaplan. 1994. *Scattered Hegemonies*. University of Minnesota Press.
- Grinyer, Anne. 2009. "The anonymity of research participants: assumptions, ethics and practicalities." *Pan-Pacific Management Review*, 12 (1): 49–58.
- Guenther, Katya M. 2009. "The politics of names: rethinking the methodological and ethical significance of naming people, organizations, and places." *Qualitative Research* 9 (4): 411–421.
- Gurung, Lina. 2020. "Feminist Standpoint Theory: Conceptualization and Utility." *Dhaulagiri Journal of Sociology and Anthropology* 14: 106–115.
- Hall, Samuel Carter, Hall, Mrs. Samuel Carter, Thomas Crestwick, agus John Hampden Gledstanes. 1841. *Ireland : Its Scenery, Character, &c.* How and Parsons.
- Hantrais, Linda. 1996. "Comparative Research Methods." *Social Research Update* 13: 1–4.
- Haraway, Donna. 1988. "'Situated Knowledges: The Science Question in Feminism and the Privilege of Partial Perspective.'" *Feminist Studies* 14: 575–99.
- . 1990. *Simians, Cyborgs and Women*. Free Association.
- Harding, Sandra. 2004a. "A socially relevant philosophy of science? Resources from standpoint theory's controversiality." *Feminist Science Studies* 19 (1): 25–47.
- . 2004b. "Introduction: Standpoint theory as a site of political philosophic, and scientific debate." In *The feminist standpoint theory reader: Intellectual and political controversies*, curtha in eagar ag Sandra Harding: 1–15. Routledge.

- . 2004c. “Rethinking feminist standpoint epistemology: What is “strong objectivity”?” In *The feminist standpoint theory reader: Intellectual and political controversies*, curtha in eagar ag Sandra Harding: 127–140. Routledge.
- . 1986. *The Science Question in Feminism*. Cornell University Press.
- . 1991a. “Who knows? Identities and feminist epistemology.” In *(En)gendering Knowledge: Feminists in Academe*, curtha in eagar ag Hartman agus Masser-Davidow. University of Tennessee Press.
- . 1991b. *Whose Science? Whose Knowledge?*. Open University.
- Harris, F. W. 1980. “The Rebellion of Sir Cahir O’doherty and Its Legal Aftermath.” *Irish Jurist* 15 (2): 298–325.
- Harris, Mary N. 1995. “Beleaguered but Determined: Irish Women Writers in Irish.” *Feminist Review* 51: 26–40.
- Hartstock, Nancy M. 2019. “The Feminist Standpoint Developing the Ground for a Specifically Feminist Historical Materialism.” In *The Feminist Standpoint Revisited, and Other essays*, le Nancy M. Hartstock: 105–132. Routledge.
- Hawkesworth, Mary. 1999. “Analyzing backlash: Feminist standpoint theory as analytical tool.” *Women’s Studies International Forum* 22 (2): 135–55.
- Heaton, J. 2004. *Reworking Qualitative Data*. Sage.
- Hekman, Susan. 2004. “Truth and method: Feminist standpoint theory revisited.” In *The Feminist Standpoint theory reader: Intellectual and political controversies*, curtha in eagar ag Sandra Harding, 225–241. Routledge.
- Hertz, Rosanna. 1997. *Reflexivity and Voice*. Sage.
- Hoefler, Jean Chrétien Ferdinand, (eag). 1963. *Nouvelle Biographie Générale*. Rosenkilde et Bagger.
- Hogan, Liam. 2017 “The myth that Goodwife Glover, the Irish woman executed for witchcraft in Boston in 1688, was an ‘Irish slave’.” *Medium*. 1 Meán Fomhair. Ar fáil ag <https://limerick1914.medium.com/the-murder-of-goodwife-glover-in-boston-and-the-politicisation-of-her-death-two-centuries-later-via-90ab171fe576> [Roctain faighte: 13/09/2025].
- hooks, bell. 2004. “Choosing the margin as a space of radical openness.” In *The feminist standpoint theory reader: Political and intellectual controversies*, curtha in eagar ag Sandra Harding, 153–159. Routledge.
- . 2000. *Feminism is for everybody: Passionate politics*. Pluto Press.
- . 1989. “Choosing the margin as a space of radical openness”. *Framework: The Journal of Cinema and Media* 36: 15–23.
- . 1984. *Feminist theory: from margin to center*. South End Press.
- Honko, Lauri. 1974. “Balto-Finnic Lament Poetry.” *Studia Fennica* 17: 9–61.
- Howell, Martha agus Walter Prevenier. 2001. *From Reliable Sources. An Introduction to Historical Methods*. Cornell University Press.
- Huirem, R, K. Lognathan, agus P Patowari. 2020. “Feminist standpoint theory and its importance in feminist research.” *Journal of Social Work Education and Practice* 5 (2): 46–55.
- Humm, Maggie. 2003. *The Dictionary of Feminist Theory*. Edinburgh University Press.
- Intemann, Kristen. 2010. “25 years of feminist empiricism and standpoint theory: Where are we now?.” *Hypatia* 25 (4): 778–796.
- Jackson, Pauline. 1984. “Women in 19th Century Irish Emigration.” *The International Migration Review* xviii (4): 1004–1020.

- Jaggar, Alison M. 2004. "Feminist politics and epistemology: The standpoint of women." In *The feminist standpoint theory reader: Intellectual and political controversies*, curtha in eagar ag Sandra Harding: 55–66. Routledge.
- . 1983. *Feminist Politics and Human Nature*. Rowman & Littlefield.
- Jatowt, Adam, Daisuke Kawau, agus Katsuma Tanaka. 2019. "Time-focused analysis of connectivity and popularity of historical." *International Journal on Digital Libraries* 20: 287-305.
- Jayawardena, Kumari. 1986. *Feminism and Nationalism in the Third World*. Zed Books.
- Jenkinson, Biddy. 2004. "Recording Angels: Review of Maire Ni Mhurchu agus Diarmuid Breathnach, Beathaisneis 1983–2002." *The Poetry Ireland Review* 80: 37–39.
- Johnson, B., agus L.B Christensen. 2007. *Educational Research: Quantative, Qualitative, and Mixed Approaches*. Iml. 3. Sage.
- Kamberidou, Irene. 2010. "The "Glass Escalator" & "Gender Fatigue": Getting Gender Back on The Agenda." *Proceedings of the 5th International Conference on Interdisciplinarity in Education ICIE*: 89–98.
- Kauffman, Linda. 1989. "Introduction." In *Gender and Theory : Dialogues on Feminist Criticism*, curtha in eagar ag Linda Kauffman: 1–9. Blackwell.
- Kaur, Ramandeep agus Sangeeta Nagaich. 2019. "Understanding Feminist Research Methodology in Social Sciences." 1–15. Ar fáil ag <https://ssrn.com/abstract=3392500> [Rochtain faighte: 13/09/2025].
- Kaymaz Mert, Melek. 2022. "Postcolonial Feminist Theory: The Case of India/ Postkolonyal Feminist Teori: Hindistan Örneğ." *International Journal of Human Studies/ Uluslararası İnsan Çalışmaları Dergisi* 9: 239–258.
- Kearns, Kevin C. 1974. "Resuscitation of the Irish Gaeltacht." *Geographical Review*, 64 (1): 81–110.
- Keats-Rohan, Katharine. 2007. *Prosopography approaches and applications: A Handbook*. Occasional Publications UPR.
- Kelan, Elisabeth K. 2009. "Gender fatigue: The ideological dilemma of gender neutrality and discrimination in organizations." *Canadian Journal of Administrative Sciences/Revue Canadienne des Sciences de l'Administration* 26 (3): 197–210.
- Kelly, Deirdre. 1997. "Scoil Gheimhridh Mherriman visits Westport." *Connaught Telegraph*. 22 Eanáir: 10
- Kendall, Paul Murray. 2019. "Biography." In *Encyclopedia Britannica*. Ar fáil ar <https://www.britannica.com/art/biography-narrative-genre>. [Rochtain faighte: 17/01/2022].
- Kennedy, Liam. 1992/3. "Modern Ireland: Post-Colonial Society or Post-Colonial Pretensions." *The Irish Review* 13: 107–121.
- Ketch, Catherine. 2002. "Merriman School looks at Euro links." *Irish Examiner*. 19 Feabhra: 84
- Kerr, Cicily. 2010. "Assessing and demonstrating data saturation in qualitative inquire supporting patient-reported outcomes research." *Expert Review of Pharmacoeconomics & Outcomes Research* 10 (3): 269–81.
- Khanna, Ranjana. 2003. *Dark Continents: Psychoanalysis and Colonialism*. Duke University Press.
- Kiberd, Declan. 1993. *Idir Dhá Chultúr*. Coiscéim.
- . 1996. *Inventing Ireland: The Literature of the Modern Nation*. Vintage.
- Kiser, Edgar, agus Michael Hechter. 1991. "The Role of General Theory in Comparative-Historical Sociology." *American Journal of Sociology* 97 (1): 1–30.
- Knott, Eleanor. 1948. "An Irish Seventeenth-Century Translation of the Rule of St. Clare." *Ériu* 15: 1–187.

- Konisho, Shino. 2019. "An Indigenous Australian Dictionary of Biography". In *True Biographies of Nations? The Cultural Journeys of Dictionaries of National Biography* curtha in eagar ag Karen Fox: 138–158. ANU Press.
- Lanser, Susan S. 1993. "Burning Dinners: Feminist Subversions of Domesticity." In *Feminist Messages: Coding in Women's Folk Culture* curtha in eagar ag Joan Newlon Radner, 36–53. University of Illinois Press.
- Lantz, Jenny. 2007. *About Quality: The Film Industry's View of the Term Quality*. WFT Sverige.
- Larousse, Pierre (eag). 1866. *Grand dictionnaire universel du XIXe siècle*. Administration Du Grand Dictionnaire Universel.
- . 1971. *La Grande Encyclopédie*. Larousse.
- Leader, Zachary, (eag). 2015. *On Life-Writing*. Oxford University Press.
- Le Corff, Isabelle. 2020. "Juanita Wilson: A crusading Irish filmmaker." In *Women in the Irish Film Industry: Stories and Storytellers* curtha in eagar ag Susan Liddy: 219–231. Cork University Press.
- 2013. "The liminal position of Irish cinema: Is using the English language a key to success?." *Mise au point* 5. Ar fáil ag <http://journals.openedition.org/map/1455> [Rochtain faighte: 09/01/2025].
- Leedy, P.D, agus J.E Ormrod. 2005. *Practical Research: Planning and Design*. 8. Pearson/Merrill/Prentice Hall.
- Leerssen, Joep. 1986. *Mere Irish and Fíor-Ghael: Studies in the idea of Irish Nationality, its Development and Literary Expression prior to the Nineteenth Century*. Cork University Press.
- 1996. *Remembrance and imagination: patterns in the historical and literary representation of Ireland in the nineteenth century*. Cork University Press.
- Leuner, Kirstyn. 2021. "Restoring Authority for Women Writers: Name Authority Records as Digital Recovery Scholarship." *Huntington Library Quarterly* 84 (1): 13–26.
- Lewis, Reina, agus Sara Mills. 2003. *Feminist Postcolonial Theory: a Reader*. Routledge.
- Liddy Susan. 2020a. "Setting the Scene: Women in the Irish film industry." In *Women in the Irish Film Industry: Stories and Storytellers* curtha in eagar ag Susan Liddy: 1–14. Cork University Press.
- 2020b. "'Where Are the Women?' Exploring perceptions of a gender order in the Irish film industry." In *Women in the Irish Film Industry: Stories and Storytellers* curtha in eagar ag Susan Liddy: 51–67. Cork University Press.
- 2020c. "A Cut Above: In Conversation with Emer Reynolds." In *Women in the Irish Film Industry: Stories and Storytellers* curtha in eagar ag Susan Liddy: 99–116. Cork University Press.
- 2020d. "Concluding Remarks: The Road Ahead." In *Women in the Irish Film Industry: Stories and Storytellers* curtha in eagar ag Susan Liddy: 267–271. Cork University Press.
- Lloyd, David. 2011. *Irish Culture and Colonial Modernity 1800–2000: The Transformation of Oral Space*. Cambridge University Press
- . 2003. "The Memory of Hunger." In *Loss: The Politics of Mourning*, curtha in eagar ag David L. Eng agus David Kanazjan: 205–28. University of California Press.
- Liliencron, R. v., (eag). 1875. *Allgemeine deutsche Biographie*. Verlag von Dunder & Humblot.
- Livingston, John. 1854. *Portraits of Eminent Americans now living*. 57 Broadway.
- Longino, Helen E. 1999. "Feminist epistemology." In *The Blackwell guide to epistemology*, curtha in eagar ag John Grecco agus Ernest Sosa: 327–353. Blackwell.

- Looser, Devoney. 1993. "Heroine of the Peripheral? Biography, Feminism, and Sylvia Plath." *Auto/Biography Studies* 8 (2): 179–97
- Lorde, Audre. 1984. *Sister Outsider*. The Crossing Press.
- Lune, Howard, agus Bruce L. Berg. 2017. "Social Historical Research and Oral Traditions." I *Qualitative Research Methods for the Social Sciences*: 158–169. Pearson.
- Lunney, Linde. 2018. *Transatlantic Lives: The Irish Experience in Colonial America*. Curtha in eagar ag James Quinn agus William J. Roulston. Ulster Historical Foundation
- Lyons, Fiona. 2019. "Irish Diaspora, Cultural Activism and Print Media in Transatlantic Contexts between Ireland and North America c. 1857–1887." *Studi Irlandesi. A Journal of Irish Studies*, 9 (9): 113–135.
- Lyons, Francis Stewart Leland. 1979. *Culture and Anarchy in Ireland*. Oxford University Press.
- Lysaght, Patricia. 1997. "'Caoineadh Os Cionn Coirp': The Lament for the Dead in Ireland." *Folklore* 108: 65–82.
- Mac Airt, Peadar. 1990. "Peadar Mac Airt." *Irish Press*. 10 Lúnasa: 29
- Mac Aonghusa, Proinsias, Catherine McGuinness, agus Zircon Publishing. 1973. *Who's Who, What's What and Where in Ireland*. Geoffrey Chapman Publishers.
- Mac Cana, Prionsias. 1955. "Aspects of the theme of King and Goddess in Irish Literature." *Études Celtiques* 7, 76–114; 356–413.
- Mac Cóil, Liam. 2000. "Scribes, clerics, literati and more." *The Irish Times*. 12 Lúnasa: B9.
- MacCuarta, Seumas agus Lorcán Ua Muireadhaigh. 1925. *Amhrain Sheumais Mhic Chuarta (an Cheud Chuid)*. Preas Dhun Dealgan.
- MacCurtain, Margaret. 1955. "Late in the Field: Catholic Sisters in Twentieth-Century Ireland and the New Religious History." In *Chattel, Servant or Citizen: Women's Status in Church, State and Society*, curtha in eagar ag Mary O'Dowd agus Sabine Wichert: 34–44. Queen's University Belfast.
- Mac Grianna, Seosamh. 1926. *Filí gan iomrádh*. S.l.: An t-Ultach.
- MacLeid, Christine, agus Alessandro Nuvolari. 2006. "The Pitfalls of Prosography: Inventors in the 'Dictionary of National Biography'." *Technology and Culture* 47 (4): 757–776.
- Mac Murchaidh, Ciarán. 2002 / 3. "Review: 1882–1982 Beathaisnéis a Cúig by Diarmuid Breathnach and Máire Ní Mhurchú." *Studia Hibernica* 32: 215–216.
- MacPherson, D.A. J. 2012. *Women and the Irish Nation: Gender, Culture and Irish Identity, 1890–1914*. Palgrave Macmillan.
- Mac Risteaird, Seán. 2024. *Teanga don Tost: Micheál Ó Conghaile, Cathal Ó Searcaigh agus an Aiteacht*. Arlen House.
- Madhok, Sumi, agus Mary Evans. 2014. "Epistemology and Marginality." In *The SAGE Handbook of Feminist Theory*, curtha in eagar ag Mary Evans, Clare Hemmings, Marsha Henry, Hazel Johnstone, Sumi Madhok, Ania Plomien agus Sadie Wearing: 1–9. SAGE Publications.
- Mag Uidhir, Seosamh. 1977. *Pádraig Mac a Liondain. Dánta*. An Clóchomhar Tta.
- Mahoney, James. 2000. "Path Dependence in Historical Sociology." *Theory and Society*: 507–548.
- Manoff, Marlene. 2016. "Mapping archival silence: Technology and the historical record." In *Engaging with Records and Archives: Histories and Theories*, le F Foscarini, H MacNeil, M Bonnie agus O Gillian: 63–82. Facet Publishing.

- Marks, Elaine, agus Isabelle de Courtivron. 1981. *New French Feminisms: An Anthology*. Harvester..
- Marx, K, agus F Engels. 1974. *The German Ideology, Part One*. Lawrence and Wishart.
- Matsui, Machiko. 1990. "Evolution of the feminist movement in Japan." *NWSA Journal*: 435–449.
- McCarl Nielsen, Joyce. 1990. *Feminist Research Methods: Exemplary readings in the social sciences*. Westview Press.
- McClintock, Anne. 1992. "The Angel of Progress: Pitfalls of the Term "Post-Colonialism"." *Social Text* 31/2: 84–98.
- McIlroy, Brian. 1988. *Irish Cinema: An Illustrated History*. A. Livia Press,
- McKenna, Lambert Andrew Joseph agus Ruaidhrí Ó Cianáin (eag.). 1947. *The Book of Magauran: Leabhar Méig Shamhradháin*. Dublin Institute for Advanced Studies.
- McKibben, Sarah.E. 2010. *Endangered masculinities in Irish poetry: 1540–1780*. University College Dublin Press.
- McKinnon, Catharine A. 1982. "Feminism, Marxism, Method, and the State: An Agenda for Theory." *Signs* 7(3): 515–544.
- McLaughlin, Mary. 2019. "Keening the Dead: Ancient History or a Ritual for Today?." *Religions* 10 (4): 235
- McLeod, Caitríona. 1937. "A Great Gaelic Centre." *Irish Press*. 11 Deireadh Fómhair: 8.
- McLoone, Martin. 2000. *Irish Film : The Emergence of a Contemporary Cinema*. British Film Institute.
- Meaney, Geraldine. 1993. "Sex and Nation: Women in Irish Culture and Politics." In *Irish Women's Studies Reader*, curtha in eagar ag Ailbhe Smyth: 230–244. Attic Press.
- Merriam, Alan. 1964. *The Anthropology of Music*. University of Illinois Press
- Meyerson, D.E., agus Fletcher, J.K. 2000. "A Modest Manifesto for Shattering the Glass Ceiling." *Harvard Business Review*, 78(1): 126–136.
- Mhic Gearailt, Caitlín P. 1992. *Nach Aon Saol Mar A Thagann*. Coiscéim.
- Michaud, J Fr, eag. 1854-[65]. *Biographie Universelle (Michaud) Ancienne et Moderne*. Chez Madame C. Desplaces.
- Mikies, David. 2007. *A New Handbook of Literary Terms*. Yale University Press.
- Miles, M.B., agus A.M. Huberman. 1994. *Qualitative data analysis: an expanded sourcebook*. Sage Publications.
- Milgram, Stanley. 1975. *Obedience to Authority : An Experimental View*. Harper & Row.
- Millett, Kate. 1970. *Sexual Politics*. Doubleday.
- Minh-ha, Tribh, T. 1989. *Woman, Native, Other : Writing Postcoloniality and Feminism*. Indiana University Press.
- Mishra, Vijay, agus Bob Hodge. 1993. "What is Post(-)colonialism?." In *Discourse and Post-Colonial Theory: A Reader*, curtha in eagar ag Patrick Williams agus Laura Chrisman: 276–7. Harvester Wheatsheaf.
- Mitchell, Amy. 2019. "Níl Sé D'Acmhainn Agam Bheith Im Fhear': An Fearfhile, An Traidisiún Fireann Agus An Fear Mífhearúil i Scríbhneoireacht Sheáin Uí Ríordáin." Tráchtas PhD. Ollscoil Mhá Nuad.
- Mohanty, Chandra Talpade. 2003. "'Under western eyes" revisited: Feminist solidarity through anticapitalist struggles." *Signs: Journal of Women in culture and Society* 28 (2): 499–535.
- Moloney, Michael Frances. 1919. *Luibh-sheanchus, maille le gearr-chunntas ar saothar lucht leighis, i n-Éirinn = Irish ethno-botany and the evolution of medicine in Ireland*. M. H. Gill.
- Moody, T. W. 1958. "The Irish University Question Of The Nineteenth Century." *History*, 43 (148): 90–109.

- Morgan, Hani. 2021. "Conducting a Qualitative Document Analysis." *The Qualitative Report* 27 (1): 64–77.
- Morley, Vincent. 1971. *The Popular Mind in Eighteenth-Century Ireland*. Cork University Press.
- Morris, Henry. 1938. 'Matthew Moore Graham.' *Journal of the County Louth Archaeological Society* 9 (2): 115–23.
- Mouton Kinyon, Chanté. 2022. "Foregrounding (Lost) Rituals in the Irish and Harlem Renaissances: John Millington Synge, Zora Neale Hurston, and the Transatlantic Gesture." *Modern Drama* 65 (4): 499–521.
- Murphy, Gerard. 1939. "Notes on Aisling Poetry." *Éigse* 1: 40–50.
- Murphy, Jamie. 2022. "Aistritheoirí Synge." *Diolamaí Ainm*. <https://www.ainm.ie/diolamai/aistritheoiri-synge>. [Roctain faighte: 09/01/2025].
- Murphy, Rachel. 2023. "Gender and the Irish Family, 1852–1922." In *Gender and History; Ireland, 1852–1922*, curtha in eagar ag Jyoti Atwal, Ciara Breathnach agus Sarah-Anne Buckley: 11–23. Routledge.
- Michaud, J Fr, eagar. 1854-[65]. *Biographie Universelle (Michaud) Ancienne et Moderne*. Chez Madame C. Desplaces.
- Nain, Gemma Tang. 1991. "Black Women, Sexism and Racism: Black or Antiracist Feminism?." *Feminist Review* 37: 1–22.
- Nandy, Ashis. 1983. *The Intimate Enemy: Loss and Recovery of Self Under Colonisation*. Oxford University Press.
- . 1975. "Sati: a nineteenth century tale of women, violence and protest." In *Rammohun Roy and the Process of Modernization in India*, curtha in eagar ag V.C. Joshi: 168–194. Vikas Publishing House.
- Nanjing, Zhou [eagar.]. 1993. *Shijie Huaqiao Huaren Cidian* (世界华侨华人词典: Dictionary of Overseas Chinese). Beijing.
- . 2001. *Huaqiao Huaren Baike Quanshu Renwu juan* (华侨华人百科全书人物卷: Encyclopedia of Overseas Chinese Biographical Volume). Beijing Daxue Chubanshe.
- Naples, Nancy, agus Barb Gurr. 2013. "Feminist empiricism and standpoint theory: Approaches to understanding the social world." In *Feminist research practice – A primer*, curtha in eagar ag Sharlene Hesse-Biber, Leavy agus Patricia: 14–41. SAGE publication.
- Nepos, Cornelius. 1745. *Excellentium imperatorum vitae*.
- Newmann, Kate. 1993. *Dictionary of Ulster Biography*. Belfast.
- Ní Annracháin, Máire. 1981. "Ait liom bean a bheith ina file." *Leachtaí Cholm Cille* 12: 145–182.
- Ní Bhreithiún, Gráinne. 2014. "Grinnstaidéar ar an nGaol Gabhlánach: Anailís Shochstairiúil ar Nádúr an Dátheangachais Shochaíoch in Éirinn le linn an Fichiú hAois Imleabhar 2/2." Tráchtas PhD. Ollscoil Mhá Nuad.
- Ní Bhrolcháin, Muireann. 1994. "Re Tóin Mná: In Pursuit of Troublesome Women". *Ulidia: Proceedings of the first international conference on the Ulster Cycle of Tales*: 115–122.
- Ní Cheallaigh, Laoise. 2017. "An Idircultúrthacht Iarchoilíneach i nGearrscálaíocht Phádraic Bhreathnaigh: Imleabhar 1 de 2". Tráchtas PhD. Ollscoil Mhá Nuad.
- Nic An Airchinnigh, Méadhbh. 2013. "Traidisiún na Caointeoireachta in Éirinn agus sa Ghréig: Staidéar Comparáideach Traschultúrtha." In *Sealbhú an Traidisiúin*, curtha in eagar ag Niamh Ní Shiadhail, Meidhbhín Ní Úrdail, agus Ríonach Uí Ógáin: 25–35. Comhairle Bhéaloideas Éireann.

- Nic Chárthaigh, Deirdre. 2021. “Bean i gclub na mbuachaillí: Caitilín Dubh agus filíocht na mban”. *RTÉ Brainstorm*: <https://www.rte.ie/brainstorm/2021/0309/1202857-caitilin-dubh-filíocht-na-mban/>. [Rochtain faighte: 09/01/2025].
- Nic Congáil, Ríona. 2022. *An Óige agus an Athbheochan*. Cló Léann na Gaeilge.
- . 2014. “The Changing Face of Irish Ireland: Séamus Ó Grianna’s and Eilís Ní Dhuibhne’s Fictions of the Donegal Gaeltacht.” *Irish University Review* 44 (2): 357–380.
- . 2010. *Úna Ní Fhaircheallaigh agus an fhís útóipeach Ghaelach*. Arlen House.
- Nic Dhiarmada, Bríona. 1998. “An Bhean is an Bhaineann: Gnéithe den Chritic Fheimineach”. In *Téacs agus Comhthéacs: Gnéithe de Chritic na Gaeilge*, curtha in eagar ag Bríona Nic Dhiarmada agus Máire Ní Annracháin: 152–182. Cló Ollscoile Chorcaí.
- . 1992. ““Ceist Na Teanga” - Dioscúrsa Na Gaeilge, an Fhilíocht, Agus Dioscúrsa Na mBan.” *Comhar* 51 (5): 160–167.
- Nic Dhonncha, Róisín. 2019. “Dúchas agus iasacht san amhránaíocht thraidisiúnta faoi réir chás-staidéar ar phobal Charna.” Tráchtas PhD. Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
- Nic Eoin, Máirín. 1998. *'B'ait leo Bean' - Gnéithe den Idé-eolaíocht Inscne i dTraidisiún Liteartha na Gaeilge*. An Clóchomhar Tta.
- . 2005. *Trén bhFearann Breac: An Diláithriú Cultúir agus Nua litríocht na Gaeilge*. Cois Life.
- Nic Giolla Bhrighde, Áilbhe. 1991. “Údair Ghaeilge as Dún na nGall”. Tráchtas M.A. Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
- Nicholls, C.S, (eag). 1993. *The Dictionary of National Biography: Missing Persons*. Oxford University Press.
- Nichols, Roy F. 1936. “The Dictionary of American Biography.” *The Pennsylvania Magazine of Magazine of History* (60): 323–28.
- Nichols, Bill. 1981. *Ideology and the Image*. Indiana University Press.
- Ní Choistealbha, Laoighseach. 2023. *Solas Geimhridh*. Barzaz.
- Ní Chonaill, Eibhlín Dubh agus Seán Ó Tuama. 1961. *Caoineadh Airt Uí Laoghaire*. Baile Átha Cliath: Clóchomhar.
- Ní Chonghaile, Deirdre. 2021. *Collecting Music in the Arans Islands: A Century of History and Practice*. Madison: University of Wisconsin Press.
- Ní Chualáin, Aingéal. 2013. “Siocracha Peaca Téamaí an Chaidrimh agus an Ghnéis i Saothar Phádhraic Óig Uí Chonaire agus Mháirtín Uí Chadhain.” Tráchtas PhD. Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.
- Nic Lochlainn, Éilis. 2024. ‘An tionscadal oidhreachta ‘GaelStair’ seolta’. *Meon Eile* 4 Meán Fómhair. Ar fáil ag <https://www.meoneile.ie/nuacht/lainseail-tionscadal-gaelstair> [Rochtain faighte: 15 Bealtaine 2025].
- Nic Lochlainn, Mairéad. 2012. “Many lives, One connection.” *History Ireland Eanáir/Feabhra*: 6–7.
- Nic Néill, Eibhlín. 1906. “People and Problems: The Place of women in the Irish Revival.” *The Irish Peasant*. 06 Eanáir: 4.
- Nic Shuibhne, Fionnuala. 1992. “‘On the Straw’ and other Aspects of Pregnancy and Childbirth from the oral Tradition of Women in Ulster.” *Ulster Folklife* 38: 12–24.
- Ní Dhomhnaill, Nuala. 1992. “What Foremothers?” *The Poetry Ireland Review*: 18–31.
- . 1994. “An T-Anam Mothala / The Feeling Soul : The Woman Poet in the Irish Tradition.” *Etudes Irlandaises Année 1994*: 27–52.

- Ní Dhonnchadha, Máirín. 2002a. “General Introduction.” In *The Field Day Anthology of Irish Writing, Volume IV: Irish Women’s Writings and Traditions*, curtha in eagar ag Angela Bourke, Siobhán Kilfeather, Maria Luddy, Margaret MacCurtain, Geraldine Meaney, Máirín Ní Dhonnchadha, Mary O’Dowd, agus Clair Wills: 1–5. Cork University Press.
- 2002b. “Gormlaith and Her Sisters, c. 750–1800.” In *The Field Day Anthology of Irish Writing, Volume IV: Irish Women’s Writings and Traditions*, curtha in eagar ag Angela Bourke, Siobhán Kilfeather, Maria Luddy, Margaret MacCurtain, Geraldine Meaney, Máirín Ní Dhonnchadha, Mary O’Dowd, agus Clair Wills: 166–249. Cork University Press.
- 2002c. “Courts and Coteries II: C. 1500–1800.” In *The Field Day Anthology of Irish Writing, Volume IV: Irish Women’s Writings and Traditions*, curtha in eagar ag Angela Bourke, Siobhán Kilfeather, Maria Luddy, Margaret MacCurtain, Geraldine Meaney, Máirín Ní Dhonnchadha, Mary O’Dowd, agus Clair Wills: 358–458.
- Nightingale, Andrea. 2003. “A Feminist in the Forest: Situated Knowledges and Mixing Methods in Natural Resource Management.” *ACME: An International E-Journal for Critical Geographies* 2 (1): 77–90.
- Ní Ghearbhuigh, Ailbhe. 2018. “Cáit Ní Dhonnchadha: idir shamhail agus ghníomhaí na hAthbheochana.” *Comhar* 4: 1–16.
- Ní Ghráda, Máiread. 1952. *Foclóir Gaeilge-Béarla: An Litriú Caighdeánach*. Brún agus Ó Nualláin.
- Ní Ghríofa, Doireann. 2020. *A Ghost in the Throat*. Dublin: Tramp Press.
- Ní Fhrighil, Ríona. 2008. *Briathra, béithe agus banfhilí: filíocht Eavan Boland agus Nuala Ní Dhomhnaill*. An Clóchomhar Tta.
- Nilsen, Kenneth E. 1997. “The Irish Language in New York, 1850–1900.” In *The New York Irish*, curtha in eagar ag Ronald H. Baylor agus Timothy Meagher: 252–274. The John Hopkins Press Ltd.
- Ní Mhuirheartaigh, Éadaoin. 2019. “Na Bailitheoirí Béaloidis.” *Diolamaí Ainm*. <https://www.ainm.ie/diolamai/bailitheoiri-bealoidis>. [Rochtain faighte: 09/01/2025].
- Ní Mhunghaile, Lesa, Eoin Magennis, James McGuire, agus James Quinn. 2010. “The ‘Dictionary of Irish Biography’ and the Eighteenth Century.” *Eighteenth-Century/Iris an dá Chultúr* 25: 191–194.
- Ní Mhurchadha, Brighid. 1934. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Tomás Ó Murchadha. Imleabhar 0215: 482–503.
- Ní Mhurchú, Máire. 1995. “Biographical dictionary.” *Kerryman*. 29 Meán Fómhair: 6.
- Ní Mhurchú, Máire Síle. 2012. “Agallamh Oisín agus Phádraig: Téacs agus Tráchtairacht”. Tráchtas PhD. Ollscoil na hÉireann Gaillimh.
- Ní Scanail, Nóra. 1944. “Nóra An tSleasa.” *An Músgraidheach* 4: 16–7.
- Ní Shíocháin, Tríona. 2023. “Tost Scríbhinne agus Glór an Bhéil Bheo: Inscne, Béalairacht agus Ceist na Cumhachta i dTraidisiún na Gaelainne.” *Léachtaí Cholm Cille*. 53: 48–63.
- 2021. “The oral tradition.” In *A History of Irish Women’s Poetry*, curtha in eagar ag Ailbhe Darcy agus David Wheatley: 74–88. Cambridge University Press.
- 2020. “‘A bhean úd thíos ar bhruach an tsrutháin’: an teanga fhíortha agus próiseas an deasghnátha i seoithín traidisiúnta ó Ghaeltacht Mhúscraí.” *Comhar* 6: 2–11.
- Ní Shíothcháin, Brighid. 1918. “Cuid de Chúnntas Cinn Lae do scríobh gearrchaile scoile in Íbh Ráthach.” *An Lóchrann* 26.

- Ní Úrdail, Meidhbhín. 2018. “Pádraig Mac a Liondain: bard a bhí i stát ins an chrích seo.” In *Súgán an dúchais: aistí ar ghnéithe thraidisiún liteartha Chúige Uladh i gcuimhne ar Dhiarmaid Ó Doibhlin*, curtha in eagar ag Nioclás Mac Cathmhaoil, Máire Nic Cathmhaoil agus Conal Mac Seáin: 239–60. Guildhall Press.
- Nolan, Melanie. 2013. “From Book to Digital Culture: Redesigning the ADB.” In *The ADB’s story*, curtha in eagar ag Nolan, Melanie agus Christine Fernon: 373–393. ANU Press.
- . 2019. “Using Lives: The Australian Dictionary of Biography and its Related Corpora.” In *True Biographies of Nations? The Cultural Journeys of Dictionaries of National Biography*, curtha in eagar ag Karen Fox: 79–98. ANU Press
- . 2021. “Preface: Refitting The ADB.” *Australian Dictionary of Biography* 19: v–xiv.
- O’Brien, Mary. 1981. “Feminist Theory and Dialectical Logic.” *Signs* 7 (1): 144–57.
- Ó Briain, Stiofáin. 2023. “‘Arae bhí mé ar bhruach a bheith i m’fhear...’: Taibhiú agus Tógáil na Fireannachta in ‘Críonadh na Slaite’ le Máirtín Ó Cadhain.” *Léachtaí Cholm Cille* 53: 203–216.
- Ó Broin, Leon. 1937. *Parnell: beathaisnéis*. Oifig an tSoláthair.
- Ó Buachalla, Breandán. 1998. *An Caoineadh agus an Chaointeoireacht*. Cois Life.
- . 1976. *Nua-Dhuanaire: Cuid II*. Institiúid Ardléinn Baile Átha Cliath.
- Ó Cadhla, Stiofáin. 2011. *An tSlat Feithleoire: Ealaíona an Dúchais 1800–2000*. Cló Iar-Chonnacht.
- . 2012. “An Lus Mór: Eolas na bpiseog agus piseog an eolais.” In *Sean, Nua agus Síoraíocht: Féilscribhinn in ómós do Dháithí Ó hÓgáin* curtha in eagar ag Ríonach Uí Ógáin, William Nolan, agus Éamonn Ó hÓgáin: 347–62. Coiscéim.
- O Callaghan, Joseph F. 1987. “The O Callaghans of Kilcranathan, County Cork.” *Journal of Cork Historical and Archaeological Society* 92: 106–112.
- Ó Céirín, Kit, agus Cyril Ó Céirín. 1996. *Women of Ireland: A Biographic Dictionary*. Tír Eolas.
- Ó Cíosáin, Niall. 2005. “Gaelic Ireland and the Language Shift.” In *Nineteenth-Century Ireland: a Guide to Recent Research*, curtha in eagar ag Laurence M. agus Margaret Kelleher Geary: 136–152. UCD Press.
- Ó Coileáin, Seán. 1988. “The Irish Lament: An Oral Genre.” *Studia Hibernica* 24: 97–111.
- Ó Conluain, Proinsias. 1953. *Scéal Na Scannán*. Oifig an tSoláthair.
- 1954. *Ár Scannáin féin*. Foilseacháin Náisiúnta Teoranta
- O’Connell, Díóg. 2020. “Ellen O’Mara Sullivan and Her Role in Early Irish Cinema.” In *Women in the Irish Film Industry: Stories and Storytellers* curtha in eagar ag Susan Liddy: 17–34. Cork University Press.
- O’Connor, Anne. 1986–7. “Léirmheas ar Rosan A. Jordan agus Susan J. Kalik (eag.) Women’s Folklore: Women’s Culture (Philadelphia: University of Pennsylvania Press, 1985).” *Béaloideas* 54/5: 302–304.
- Ó Corráin, Donnchadha. 2002. “Early Medieval Law.” In *The Field Day Anthology of Irish Writing, Volume IV: Irish Women’s Writings and Traditions*, curtha in eagar ag Angela Bourke, Siobhán Kilfeather, Maria Luddy, Margaret MacCurtain, Geraldine Meaney, Máirín Ní Dhonnchadha, Mary O’Dowd, agus Clair Wills: 6–39. Cork University Press
- Ó Cróinín, Tadhg Dubh. 2005. “Beathaisnéisí na nGael.” *Limerick Leader*. 15 Deireadh Fómhair: 86.
- Ó Dálaigh, Seosamh, agus Tyers, Pádraic. 1999. *Abair Leat*. An Sagart.
- O’Donoghue, Marguarita Veronica. 2016. “Fios na mBan: the role of women in death and burial customs in Erris in post-famine Ireland: evidence from the archive of the Irish Folklore Commission”. Tráchtas PhD. Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

- Ó Dubhda, Seán. 1933. *Duanaire Duibhneach : .i. Bailiú d'amhránaibh agus de phíosai b eile filidheachta a ceapadh le tuairim céad bliain i gCorca Dhuibhne, agus atá fós i gcuimhne agus i mbéaloideas na ndaoine ann*. Oifig Díolta Foilseachasain Rialtais.
- Ó Dufaigh, Seán, agus Diarmaid Ó Doibhlin. 1989. *Nioclás Ó Cearnaigh : Beatha agus Saothar*. An Clóchomhar.
- Ó Duilearga, Séamus. 1942. "Irish Stories and Story-tellers." *Studies* 31: 31–46.
- . 1933. "To Readers of 'Béaloideas': An Appeal." *Béaloideas* 4 (1): 45.
- Ó Fionúsa, Pádraig. 1932. "Measgra Dhéiseach." *Béaloideas* 3 (3): 283–89
- Ofosu-Appiah, Lawrence Henry Yaw. 1975–1995. *The Encyclopaedia Africana Dictionary of National Biography*. Reference Publications.
- Ó Gadhra, Nollaig. 1990. "Beathaisnéis A hAon – agus A Dó!" *Holly Bough*. 25 Nollaig: 46.
- Ó Gliasáin, Justin. 2021. "Scoláirí Logainmníochta." *Díolamaí Ainm*. <https://www.ainm.ie/diolamai/> [Rochtain faighte: 09/01/2025].
- Ó Gráda, Cormac. 1994. *Ireland: A New Economic History 1780–1939*. Oxford University Press.
- Ó Coimín, Maitiú. 2023. "Gan aon athrú ar chéatadán na mban ar Ainm.ie tar éis ceithre bliana." *Nós*. 24 Bealtaine <https://nos.ie/gniomhaiochas/gan-aon-athru-ar-cheatadan-na-mban-ar-ainm-ie-tar-eis-ceithre-bliana/> [Rochtain faighte: 03/07/2025].
- Ó Háinle, Cathal. 2008. "Tomás Ó Criomhthain: Caisleán Uí Néill." In *Scáthanna* le Cathal Ó Háinle. Baile Átha Cliath: Coiscéim: 86–108.
- Ó hAodha, Donncha (eag.). 1978. *Bethu Brigte*. Dublin Institute for Advanced Studies.
- Ó hEalaoire, Stiofán, agus Seamus Ó Duilearga. 1981. *Leabhar Stiofáin Uí Ealaoire*. Comhairle Bhéaloideas Éireann, An Coláiste Ollscoile.
- O'Hegarty [Ó hÉigeartaigh], P.S. 1924. *The Victory of Sinn Féin. How It Won It, and How It Used It*. Talbot Press.
- Ó hÉigeartaigh, Cian agus Aoileann Nic Gearailt. 2014. *Sáirséal agus Dill 1947–1981*. Cló Iar-Chonnacht.
- Ó hÍde, Tomás. 2014. "Robert Flaherty's 'Oidhche Sheanchais': The First Film in Irish." *New Hibernia Review / Iris Éireannach Nua* 18 (4): 68–86.
- . 2019. *Seáinín Tom Sheáin: From Árainn to the Silver Screen*. Comhairle Bhéaloideas Éireann.
- Ó hÓgáin, Daithí. 1980. *Duanaire Osraíoch*. An Clóchomhar.
- . 1982. *An File : Staidéar ar Osnádúrthacht na Filíochta sa Traidisiún Gaelach*. Oifig An tSoláthair.
- Ó hÓgartaigh, Margaret. 2009. "A Quiet Revolution: Women and Second-Level Education in Ireland, 1878–1930." *New Hibernia Review / Iris Éireannach Nua*, 13 (2): 36–51.
- Ó Laoghaire, Diarmuid. 1995. "Review." *Studies: An Irish Quarterly Review*. 84 (335): 330–31.
- Ó Laoire, Lillis. 2020. "Gender and Culture: Revoicing Traditional Song in Context." *Ethnomusicology Ireland* 6: 26–40.
- . 2017. "“Tá cuid de na mná blasta/Some Women Are Sweet Talkers”: Representations of Women in Seán Ó hEochaidh's Field Diaries for the Irish Folklore Commission." *Estudios Irlandeses*, Special Issue 12 (2): 122–138.
- Oliver, Michael. 1996. *Understanding Disability: From Theory to Practice*. Macmillan.
- Ollivier, Michèle, agus Manon Tremblay. 2000. *Questionnements féministes et méthodologie de la recherche*. L'Harmattan.

- Ó Madagáin, Breandán. 1981. "Irish Vocal Music of Lament and Syllabic Verse." In *The Celtic Consciousness*, curtha in eagar ag Robert O'Driscoll: 311–32. McClelland and Stewart/ The Dolmen Press.
- O'Mahony, John. 1892. "Morty Oge, Captain of the Wild Geese. With his elegy in Irish composed by Daniel O'Connell, his servant and note by A.J. Fetherstonhaugh." *Journal of the Cork Historical and Archaeological Society* 1: 2.
- Ó Maolfabhail, Art. 1996. "Scannánaíocht: Oscailt Súil Nó Doras Dúnta?." *Comhar* 55 (4): 12–15.
- Ó Meara, Muiris. 2009. "Súil Ar Scannánaíocht Na Gaeilge." *Comhar* 69 (6): 15–23.
- Ó Murchadha, Tadhg. 1936. *Príomhbhailiúchán CBÉ*. Imleabhar 228.
- Ó Murchú, Tomás. L. 2018. 'An Sáspan Dubh agus deocha seirce eile', *Ceiliúradh An Bhlascaoid*, 22: 71–96.
- O'Neill, Cathleen. 2000. "Naming our own World: Making a Case for Feminist Research." In *(Re)searching Women: Feminist Research Methodologies in the Social Sciences in Ireland*, curtha in eagar ag Anne Byrne agus Ronit Lentin: 105–118. Institute of Public Administration.
- O'Neill, Jonathan. 2016. "Is Minic a Bheir Dall ar Ghiorria: An Greann, an Ghaeilge agus an tIarchoilíneachas." *American Journal of Irish Studies* 13: 55–66.
- Ó Raghallaigh, Brian, agus Gearóid Ó Cleircín. 2015. "Ainm.ie: Breathing new life into a canonical collection of Irish-language biographies." *Biographical Data in a Digital World (BD)*. CEUR-WS: 20–23.
- O'Reilly, Edward. 1864. *An Irish-English dictionary: To which is annexed, a compendious Irish grammar*. A. O'Neil
- . 1820. "A chronological account of nearly four hundred Irish writers with a descriptive catalogue of their works." *Transactions of the Ibero-Celtic Society* 1: ccxxii–cciv.
- Ó Ríordáin, Seán. 1978. "Banfhile." *Scríobh* 3 (27).
- O'Riordan, Turlough. "The Irish World: How to Revise a Long-Standing Dictionary Project." In *True Biographies of Nations? The Cultural Journeys of Dictionaries of National Biography*, curtha in eagar ag Karen Fox: 37–55. ANU Press
- Ó Sé, Caoimhín. 2001. *Traidisiún na scéalaíochta i gCorca Dhuibhne*. Coiscéim.
- Ó Siadhail, Pádraig. 2005. "HUGHES, KATHERINE (Catherine) ANGELINA," in *Dictionary of Canadian Biography* 15 Ar fáil ag [https://www.biographi.ca/en/bio/hughes\\_katherine\\_angelina\\_15E.html](https://www.biographi.ca/en/bio/hughes_katherine_angelina_15E.html). [Rochtain faighte: 19/05/2025].
- Ó Siochfhradha, Pádraig [An Seabhac]. 1958. *Learner's Irish-English Pronouncing Dictionary*. Talbot Press.
- Ó Súilleabháin, Donncha. 1986. *An Cumann Scoildrámaíochta : 1934–1984*. An Clóchomhar.
- Ó Súilleabháin, Seán. 1961. *Caitheamh Aimsire ar Thórraimh*. Imleabhar 6. Clóchomhar.
- O'Toole, Tina, Gearóidín Nic Carthaigh, Síle Ní Chochláin, Patricia Coughlan, agus Éibhear Walshe. 2005. *Dictionary of Munster Women Writers, 1800 to 2000 = Scribhneoirí Ban Na Mumhan, 1800–2000*. Cork University Press.
- Ó Torna, Cairíona. 2005. *Cruthú na Gaeltachta 1893–1922 : samhlú agus buanú chonstráid na Gaeltachta i rith na hAthbheochana*. Cois Life.
- Ó Treasaigh, Lorcán. 2018. *Scéal Cathrach: Léirithe ar ghnéithe den saol uirbeach in úrscéalta Gaeilge ar leith sa tréimhse 1910–2015*. Tráchtas M.Litt. Ollscoil Mhá Nuad.
- Ó Tuama, Seán. 1960. *Caoineadh Airt Uí Laoghaire*. An Clóchomhar.

- Ounei, Susanna. 1987. "Kanak Women: Out of the Kitchen into the Struggle." In *Third World-Second Sex : Women's Struggles and National Liberation : Third World Women Speak Out*, le Miranda Davies. Zed Press.
- McGreevy, Ronan. 2019. "Ireland's forgotten Renaissance: An overlooked period in history." *Irish Times* 22 Aibreán:<https://www.irishtimes.com/culture/heritage/ireland-s-forgotten-renaissance-an-overlooked-period-in-history-1.3864918>. [Rochtain faighte: 13/09/2025].
- Palmer, Pat. 2019. "Ireland during the Renaissance: A Remarkably Vibrant Place". *RTÉ Brainstorm* Bealtaine 2019:<https://www.rte.ie/brainstorm/2019/0426/1045841-ireland-during-the-renaissance-a-remarkably-vibrant-place/>. [Rochtain faighte: 13/09/2025].
- Parr, Sadie. 2015. "Integrating critical realist and feminist methodologies: ethical and analytical dilemmas." *International Journal of Social Research Methodology* 18 (2): 193–207.
- Pašeta, Senia. 1998. "Trinity College, Dublin, and the Education of Irish Catholics, 1873–1908." *Studia Hibernica* 30: 7–20.
- Patai, D, agus S.B Gluck. 1991. *Women's Worlds: The Feminist Practice of Oral History*. Routledge.
- Petrie, George, David Cooper, agus Lillis Ó Laoire. 2002. *The Petrie Collection of the Ancient Music of Ireland*. Cork University Press
- Pettitt, Lance. 2000. *Screening Ireland : Film and Television Representation*. Manchester University Press.
- Philips, Jock. 2019. "Individual Lives and National Truths: Locating Biographies Within a National Encyclopedia." In *True Biographies of Nations? The Cultural Journeys of Dictionaries of National Biography*, curtha in eagar ag Karen Fox: 21–39. ANU Press.
- Plummer, Charles. 1925. "A tentative catalogue of Irish hagiography." In *Miscellanea hagiographica Hibernica: vitae adhuc ineditae sanctorum Mac Creiche, Naile, Cranat* curtha in eagar ag Charles Plummer: 171–285. Société des Bollandistes
- Plutarch. (c. 45–c.125 RCh.) *Βίοι Παράλληλοι, Βίοι Παράλληλοι*.
- Polit, D.F, agus C Tatano Beck. 2008. *Nursing Research: Generating and Assessing Evidence for Nursing Practice*. Williams & Wilkins.
- Presnell, J.L. 2006. *The Information-Literate Historian: A Guide to Research for History Students*. Oxford University Press USA.
- Puri, Jyoti. 2014. "States' Sexualities: Theorizing Sexuality, Gender and Governance." In *The SAGE Handbook of Feminist Theory*, curtha in eagar ag Mary Evans, Clare Hemmings, Marsha Henry, Hazel Johnstone, Sumi Madhok, Ania Plomien agus Sadie Wearing: 343–359. SAGE Publications.
- Quaife, M. M. 1930. "The Dictionary of American Biography." In *The Mississippi Valley Historical Review*, 17 (1): 116–122.
- Quinn, Bob, agus Peadar Ó Flatharta. 1987. "Scannán Aniar: Agallamh le Bob Quinn." *Comhar* 46 (4): 14–17.
- Quinn, James, agus Patrick Maume. 2016. *Ulster Political Lives, 1886- 1921*. Royal Irish Academy.
- Quinn, James, Lawrence William White, agus David Rooney. 2015. *1916 Portraits and Lives*. Royal Irish Academy.
- Racine, Louise, agus Pammla Petrucka. 2011. "Enhancing decolonization and knowledge transfer in nursing research with non-western populations: Examining the congruence between primary healthcare and postcolonial feminist approaches." *Nursing Inquiry* 18 (1): 12–20.

- Radner, Joan Newlon. 1993. *Feminist Messages: Coding in Women's Folk Culture*. University of Illinois Press.
- Raftery, Deirdre, Harford, Judith agus Susan M. Parkes. 2010. "Mapping the terrain of female education in Ireland, 1830–1910." *Gender and Education*, 22 (5): 565–578.
- Raftery, Deirdre. 2011. "'Among School Children': The Churches, Politics and Irish Schooling, 1830–1930." *Studies: An Irish Quarterly Review* 100 (400): 433–40.
- Raftery, Deirdre agus Delaney, Caitriona. 2024. "Teaching vocation or religious vocation: examining the changing identity of Irish teaching sisters c.1940–1970, an oral history approach." *Irish Educational Studies*, 43 (2): 329–340.
- . 2022. "Irish Nuns and Education in the Anglophone World, 1800–1900." *Feminist Theology*, 30(3): 245–261.
- Rajan, Rajeswari Sunder, agus You-me Park. 2005. "Postcolonial Feminism/ Postcolonialism and Feminism." In *A Companion to Postcolonial Studies*, curtha in eagar ag Henry Schwarz agus Sangeeta Ray: 53–71. Blackwell.
- Rajeczky, Benjamin. 1957. "Typen ungarischer Klagelieder." *Deutsches Jahrbuch für Volkskunde* 3: 30.
- Rapley, Tim. 2018. *Doing Conversation, Discourse and Document Analysis*. SAGE.
- Raven, James. 2007. "Review of The Oxford Dictionary of National Biography: Dictionary or Encyclopaedia? by Lawrence Goldman." *The Historical Journal* 50 (4): 991–1006.
- Reading, Anna. 2014. "Making Memory Work for Feminist Theory." In *The Sage Handbook of Feminist Theory*, curtha in eagar ag Mary Evans, Clare Hemmings, Marsha Henry, Hazel Johnstone, Sumi Madhok, Ania Plomien agus Sadie Wearing: 196–215. SAGE Publications.
- Reddock, Rhoda. 1984. *Women, Labour and Struggle in Twentieth-Century Trinidad and Tobago 1898–1960*. Institute of Social Studies.
- Reimer-Kirkham, Sheryl. 2003. "The politics of belonging and intercultural health care. Western Journal of Nursing Research." *Western Journal of Nursing Research* 25 (7): 762–780.
- Reinharz, Shulamit. 1992. *Feminist Methods in Social Research*. Oxford University Press.
- Ribbens, J, agus R Edwards. 1998. *Feminist Dilemmas in Qualitative Research*. Sage.
- Robinson, Hilary. 2003. "Becoming Women: Irigaray, Ireland and Visual Representation." In *Art, Nation and Gender: Ethnic Landscapes, Myths and Mother-Figures*, le Sighle Bhreathnach-Lynch agus Tricia Cusack: 1–15. Routledge.
- Roche, Dick. 1986. 'Bookchat'. *Irish Independent*. 17 Bealtaine: 11.
- Rockett, Emer. 2004. *Irish Film Censorship : A Cultural Journey from Silent Cinema to Internet Pornography*. Four Courts Press.
- Rodriguez, Anabella. 1987. "Mozambican Women After the Revolution." In *Third World- Second Sex* le Miranda Davies. Zed Books.
- Roiphe, Katie. 2009. "Writing Women: Elaine Showalter Examines the Lives and Works of 250 Female Writers." *The New York Times Book Review*, 8 March: 16–17.
- Ropers-Huilman, Rebecca, agus Kelly T. Winters. 2011. "Feminist Research in Higher Education." *The Journal of Higher Education* 82 (6): 667–90.
- Rowbotham, Sheila. 1973. *Woman's Consciousness, Man's World*. Penguin.
- Royal Irish Academy (eag.). 1913. *Dictionary of the Irish language*. Royal Irish Academy.
- Rubin, A, agus E Babbie. 2005. *Research Methods for Social Work*. Thomson/ Brooks/ Cole.

- Rubinstein, William D. 2005. "Jews in the "Oxford Dictionary of National Biography"." *Jewish Historical Studies* 40: 247–251.
- Ryan, Richard. 1819. *Biographia Hibernica: A Biographical Dictionary of the Worthies of Ireland*. R. Ryan, M.N. Mahon agus R. Milliken.
- Sa'dāwī, Nawāl, agus Sharīf Ḥatātah. 2015. *The Hidden Face of Eve : Women in the Arab World*. 3. Zed Books.
- Said, Edward, W. 1978. *Orientalism*. Penguin.
- Sales, Rosemary. 1999. "Gender, Ethnicity and Politics: the Protestants of Northern Ireland." In *Thinking Identities: Ethnicity, Racism and Culture*, curtha in eagar ag Avtar Brah, Mary J. Hickman agus Máirtín Mac an Ghail: 145–161. Palgrave.
- Salkind, N.J. 2008. *Exploring Research*. 7. Prentice Hall.
- Samuel, R. 1991. "Local history and oral history." In *Field Research: A Sourcebook and Field Manual*, curtha in eagar ag R.G Burgess: 136–145. Routledge.
- Schutt, Russell K. 1972. "Historical and Comparative Research" In *Investigating the Social World: The Process and Practice of Research*, le Russell K Schutt: 385–410. SAGE.
- Scott, Janny. 1996. "Commerce and Scholarship Clash: Publisher Seeks to Update a Classic, to Cries of 'Thuggery'." *The New York Times*: B00001.
- Scott, Joan W. 1986. "Gender: A Useful Category of Historical Analysis." *The American Historical Review* 91 (5): 1053–75.
- . 1999. *Gender and the Politics of History*. Columbia University Press.
- Scott, John. 2012. *What is social network analysis?* Bloomsbury Academic.
- Seidman, Irving. 2006. *Interviewing as Qualitative Research : A Guide for Researchers in Education and the Social Sciences*. 3. Teachers College Press.
- Sheehan, Micheál. 1919. *Ladhar den Lus Mór*. M.H. Gill.
- Shiva, Vandana. 1988. *Staying Alive: Women, Ecology, and Development*. Zed.
- Shirley, Evelyn Philip, O'Donovan, John agus Thomas Dineley. 1859. "Extracts from the Journal of Thomas Dineley, Esquire, Giving Some Account of His Visit to Ireland in the Reign of Charles II." *The Journal of the Kilkenny and South-East of Ireland Archaeological Society* 2 (1): 22–56.
- Showalter, Elaine. 1977. *A Literature of Their Own: British Women Novelists from Brontë to Lessing*. Princeton University Press.
- Silver, Christina agus Ann Lewins. 2010. 'Computer Assisted Qualitative Data Analysis'. In *International Encyclopedia of Education* Iml. 6, curtha in eagar ag Penelope Peterson, Eva Baker, Barry McGaw: 326–334. Elsevier.
- Simms, Katharine. 1991. "Women in Gaelic Society during the Age of Transition." In *Women in Early Modern Ireland*, curtha in eagar ag Margaret MacCurtain agus Mary O'Dowd: 32–42. Edinburgh University Press.
- Smith, Barbara. 1979. "Racism in women's studies." *Frontiers: A Journal of Women's Studies* 5 (1): 48–9.
- Smith, Dorothy E. 1988. *The Everyday World as Problematic: A Feminist Sociology*. Milton Keynes: Open University.
- Smith, Linda Tuhiwai. 1999. *Decolonizing Methodologies*. University of Otago Press.
- Smyth, Thomas. 1561. *Smyth's Information for Ireland*. Kew: State Papers, National Archives. [63/3/67].

- Smythe, Deirdre. 2009. "A few laced genes: Women's standpoint in the feminist ancestry of Dorothy E. Smith." *History of the Human Sciences* 22 (2): 22–57.
- Somerville, Ross. 1999. "Music in The Dictionary of New Zealand Biography: A Survey." *Fontes Artis Musicae* 46 (1/2): 51–63.
- Sparks, Jared. 1844. *Library of American Biography*. Hilliard, Gray & Co.
- Spender, Dale. 1982. *Women of Ideas and What men have done to them*. ARK.
- Spivak, Gayatri Chakravorty. 1992. "Can the Subaltern Speak." In *Colonial Discourse and Post-Colonial Theory*, curtha in eagar ag Laura Chrisman agus Patrick Williams: 66–111. Columbia University Press.
- . 1999. *A Critique of Postcolonial Reason: Toward a History of the Vanishing Present*. Harvard University Press.
- Staff, Michelle. 2017. "Herstory" and Biography: Recovering the forgotten woman's voice". In *History in the Making*. Ar fáil ag <https://journal.historyitm.org/v5n1/staff-herstory-biography/> [Rochtain faighte: 09/01/2025].
- Stanley, Liz. 1987. *The Life and Death of Emily Wilding Davison*. The Women's Press.
- . 1990. "Moments of Writing: Is There a Feminist Auto/biography?." *Gender and History* 2 (1): 58–67.
- Stanner, W. E. H. 1968; 2012. "After the Dreaming." In *The Words That Made Australia: How a Nation Came to Know Itself* curtha in eagar ag Robert Michael Manne agus Chris Feik: 127–135. Black Inc. Agenda.
- Steedman, Carolyn. 1986. *Landscape for a Good Woman*. Virago.
- Stephen, Leslie. 1896. "National Biography." *National Review* 27: 21–22.
- Stoetzler, Marcel, agus Nira Yuval-Davis. 2002. "Standpoint theory, situated knowledge and the situated imagination." *Feminist Theory (SAGE Publication)* 3 (3): 315–333.
- Stone, Lawrence. 1971. "Prosopography." *Daedalus* 100: 46–79.
- Suleri, Sara. 1992. "Woman Skin Deep: Feminism and the Postcolonial Condition." *Critical Inquiry* 18 (4): 756–769.
- Sullivan, William K. 1873. "Introduction." In *On the manners and customs of the ancient Irish: A Series of Lectures delivered by the late Eugene O'Curry M.R.I.A., Vol. 1* le Eugene O'Curry, curtha in eagar ag William K. Sullivan: i–dcxxxvi. Williams and Norgate.
- Sumner, Natasha. 2015. *The Fenian Narrative Corpus, c.600–c.2000: A Reassessment*. Tráchtas PhD. Ollscoil Harvard.
- Sumner, Natasha, agus Aidan Doyle. 2020. *North American Gaels: Speech, Story, and Song in the Diasporae*. McGill-Queen's University Press.
- Suryadinata, Leo, agus Gungwu Wang. 2012. *Southeast Asian Personalities of Chinese Descent. Volume I: a Biographical Dictionary*. Chinese Heritage Centre
- Sweetman, Rosita. 1969. "Profile: Grainne O'Hegarty Yeats." *Irish Press*. 1 Samhain: 6.
- Tamper Minna, Leskinen Petri, Apajalahti Kasper, Hyvönen Eero. 2018. "Using Biographical Texts as Linked Data for Prosopographical Research and Applications." In *Digital Heritage. Progress in Cultural Heritage: Documentation, Preservation, and Protection*, curtha in eagar ag M. Ioannides et al. EuroMed 2018. Lecture Notes in Computer Science, vol 11196. Springer, Cham.
- Thiong'o, Ngũgĩ wa. 1986. *Decolonising the Mind: The Politics of Language in African Literature*. James Curry.

- Thiry-Van Buggenhoudt, H., (eag). 1866. *Biographie nationale publiée par 'Académie royale des sciences, des lettres et des beaux-arts de Belgique*. H. Thiry-Van Buggenhoudt.
- Thomas, Keith. 2005. *Changing Conceptions of National Biography: The Oxford DNB in Historical Perspective*. Cambridge University Press.
- Tiernan, Sonja. 2023. “‘A Political Nonentity with Infants, Criminals, and Lunatics’: First Wave Feminism in Ireland 1872–1922.” In *Gender and History; Ireland, 1852–1922*, curtha in eagar ag Jyoti Atwal, Ciara Breathnach agus Sarah-Anne Buckley: 234–247. Routledge.
- Titley, Alan. 2003. “A view of both sides of the Irish world.” *The Irish Times*. 07 Meitheamh: B10.
- Tóibín, Nioclás. 1978. *Duanaire Déiseach*. Sairséal agus Dill
- Trimble, Gearóid. 2011. “Poets, Minor Poets and Poetasters in Oiriaila – A Chronological Account of the Gaelic Poetic Tradition of South-East Ulster.” *Journal of the County Louth Archaeological and Historical Society* 27 (3): 436–47.
- Turraoin, Michéal. 2007. *Leabhar Mhaidhc Dháith: scéalta agus seanchas ón Rinn*, curtha in eagar ag Máirtín Verling. An Sagart.
- Ua Concheanainn, Tomás agus a chéile do sgríobh. 1936. *Laochra Gaedheal*. Oifig Díolta Foilseacháin Rialtais.
- Ua Cróinín, Seán. 1943. ‘Neil Ní Mhurchadha: ban-fhile’. *An Músgraigheach*: 9–13.
- Ua Duinnín, Pádraig. 1905. *Muinntear Chiarraidhe Roimh an Droch-Shaoghal*. Lambeth Palace Library, LS 627.
- Ua Muireadhaigh, Lorcán. 1920. *Ceolta Óméith : an cead chuid*. Dún Dealgan Press.
- Uí Dhiosca, Úna. 1932. *Cailín na Gruaige Duinne*. Oifig Díolta Foilseacháin Rialtais.
- Uí Liatháin, Nell Bean [Sheana Nell]. 1945. “An Seana-saoghal.” *An Músgraigheach* 8: 15–22.
- Uí Mhaoileoin, Máire Bean. 1936. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Eamonn Mac Gearailt. Imleabhar 0340.
- . 1932. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Seán Ó Dubhda. Imleabhar 0121.
- Uí Mhuláin, Eibhlís Bean. 1935. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Síghle Ní Mhuláin. Imleabhar 0325 (1): 005–021.
- . 1935. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Síghle Ní Mhuláin. Imleabhar 0325 (1): 005–021.
- Uí Ógáin, Ríonach. 2014. “Beyond full time collecting: the contribution of one part time collector to the National folklore collection.” In *Folklore and Modern Irish Writing*, curtha in eagar ag Anne Markey agus Anne O’Connor: 33–47. Irish Academic Press.
- 2013. “Fairsinge agus Tábhacht an chláir amhrán.” In *Sealbhú an Traidisiúin*, curtha in eagar ag Niamh Ní Shiadhail, Meidhbhín Ní Úrdail, agus Ríonach Uí Ógáin: 1–11. Comhairle Bhéaloideas Éireann.
- Ulster History Circle. 2014. *Annual Report 2013- 2014*. Ulster History Circle.
- Vainio, Annukka. 2013 “‘Beyond research ethics: anonymity as “ontology,” “analysis” and “independence”’, *Qualitative Research* 13(6): 685–98.
- Verboven, Koenraad, Myriam Carlier agus Jan Dumolyn. 2007. “A short manual to the art of prosopography.” In *Prosopography Approaches and Applications. A Handbook*, curtha in eagar ag K.S.B Keats-Rohan: 35–69. Oxford University Press.
- Vickery, Amanda. 1993. “Golden age to separate spheres? A review of the categories and chronology of English women's history.” *The Historical Journal* 36 (2): 383–414.
- von Wurzbach, Constant, eag. 1856. *Biographisches Lexikon des Kaiserthums Oesterreich*. Verlag der Universitäts-Buchdruckerei von L. C. Zamarski.

- Walker, Alice. 1984. *In Search of Our Mothers' Gardens*. The Women's Press.
- Walker, B.G. 1983. *The Woman's Encyclopedia of Myths and Secrets*. Harper & Row.
- Walsh, John. 2011. *Contests and Contexts: The Irish Language and Ireland's Socio-Economic Development*. Peter Lang.
- Ware, Susan. 2019. "Why Gender Matters: Fostering Diversity In The American National Biography With Lessons Learned From Notable American Women." In *True Biographies of Nations? The Cultural Journeys of Dictionaries of National Biography*, curtha in eagar ag Karen Fox: 101–118. ANU Press.
- Warner, Marina. 1985. *Monuments and Maidens*. Picador.
- Warren, Christopher N. 2018. "Historiography's Two Voices: Data Infrastructure and History at Scale in the Oxford Dictionary of National Biography (ODNB)." *Journal of Cultural Analytics*: 1–31.
- Wasserman, Stanley agus Faust, Katherine. 1994. *Social Network Analysis*. Cambridge University Press.
- Wellman, Barry. 1983. "Network analysis: Some basic principles." *Sociological theory*: 155–200.
- Whelan, Kevin. 2005. "Surfing an Ocean of Data: Oxford Dictionary of National Biography." *History Ireland* 13 (3): 42–47.
- Whelan, Katie. 2024. "Ó phinn na mbaniriseoirí in Déirdre: Iris na mBan." *Léann Teanga: An Reiviú 2024*: 133–145.
- White, Jerry. 2018. "Introduction: Four Kinds of Minor Cinema (and Some Thoughts on a Fifth)." *Canadian Review of Comparative Literature/Revue Canadienne de Littérature Comparée* 45 (3): 357–380.
- Whitelaw, Anne. 2012. "Women, Museums and the Problem of Biography." In *Museums and Biographies: Stories, Objects, Identities*, curtha in eagar ag Kate Hill: 75–86. Boydell & Brewer.
- Williams, Alan. 2002. *Film and Nationalism*. Rutgers University Press.
- Williams, Seán, agus Lillis Ó Laoire. 2011. *Bright Star of the West: Joe Heaney, Irish Song Man*. Oxford University Press.
- Wilson, H.S. 1989. *Nursing Research*. 2. Addison-Wesley
- Wilson, James Grant agus John Fiske (eag.). 1887. *Appletons' Cyclopædia of American Biography*. D. Appleton and Company.
- Woods, Jeannine. 2017. "Scannánaíocht na Gaeilge: Ag Tabhairt Aghaidh Ar An Domhan Mór." *Comhar* 77 (11): 5–8.
- Woolf, Virginia. 1959. *A Room of One's Own*. The Hogarth Press.
- . 1985. "A Sketch of the Past." In *Moments of Being* 2, curtha in eagar ag Jeanne Schulkind: 61–185. Harcourt.
- Wylie, Alison. 2003. "Why standpoint matters." In *Science and other cultures: Issues in philosophies of science and technology*, curtha in eagar ag Robert Figueroa agus Sandra Harding: 26–48. Routledge.
- Yun Shu, Wanyan. 1831. *Langui baolu: Precious Record from the Maiden's Chambers*. Hongxiang Guan.
- Yuval-Davis, Nira. 1997. *Gender & Nation*. SAGE Publications.
- Zimmermann, G. 2001. *The Irish Storyteller*. Four Courts Press.
- (Gan údar). 2019. "Beathaí Ainm agus ceisteanna comhionannais inscne. *Gaois.ie*. Le fáil ag <https://www.gaois.ie/en/blog/beathai-ainm-agus-ceisteanna-comhionannais-inscne> [Rochtain faighte: 11/07/2024].

- (Gan údar). 2015. “Protastúnaigh mhná Chúige Uladh in Ainm.ie”. *Gaois.ie*. <https://www.gaois.ie/ga/blog/protastunaigh-mhna-chuige-uladh-in-ainm-ie>. [Rochtain faighte: 09/01/2025].
- (Gan údar). 2021. “Beathaí 1916.” *Díolamaí Ainm*. <https://www.ainm.ie/diolamai/1916>. [Rochtain faighte: 09/01/2025].
- (Gan údar). 2023. “An beathaisnéisí Gaeilge Diarmuid Breathnach tar éis bháis.” *RTÉ*. 15 Samhain [Rochtain faighte: 21/01/2025].
- (Gan údar). 1995. “The WHAT’S ON Guide.” *Bray People*. 03 Feabhra: 30.
- (Gan údar). 1993. “Book launching at Merriman school.” *Connaught Telegraph*. 20 Eanáir: 14.
- (Gan údar). 1997. “Award for their work for Irish.” *Bray People*. 17 Aibreán: 25.
- (Gan údar). 2002. “Awarded Honorary Degree.” *Tipperary Star*. 01 Meitheamh: 1.
- (Gan údar). 1950. *Films in Irish*. Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge.
- (Gan údar). 1858. “Irish Bardism in 1561.” *Ulster Journal of Archaeology* 6: 165–67.
- (Gan údar). 1901. *Inghinidhe na hÉireann: First Annual Report*. Inghinidhe na hÉireann.
- (Gan údar). 2023. “Comhpháirtíocht nua TG4 le Women in Film and Television Ireland fógartha ag Fleadh Scannán na Gaillimhe”. *TG4*. 15 Iúil. Ar fáil ag <https://www.tg4.ie/ga/colas/preas/nuacht-raitis/2023-2/comhphairtíocht-nua-tg4-le-women-in-film-and-television-ireland/> [Rochtain faighte: 09/01/2025].
- (Gan údar). 2021 “About Us – Australian Dictionary of Biography.” Anu.edu.au. 2021. <https://adb.anu.edu.au/about-us/>.
- (Gan údar). 2022. “A Short History of the American National Biography.” anb.org. [Rochtain faighte: 13 Aib. 2022]. <https://www.anb.org/fileasset/files/ANB/ANBShortHistory.pdf>.
- (Gan údar). 2022. The Dictionary of Ulster Biography. [ar líne] Newulsterbiography.co.uk. Ag: <http://www.newulsterbiography.co.uk/index.php> [Rochtain faighte: 13 Aib. 2022].
- (Gan údar). 2022. “Our Policies” The Dictionary of Ulster Biography. [ar líne] Newulsterbiography.co.uk. Ag: <http://www.newulsterbiography.co.uk/index.php/home/profile> [Rochtain faighte: 13 Aib. 2022].
- (Gan údar). 2022. “About | Dictionary of Irish Biography.” www.dib.ie. 2022. <https://www.dib.ie/about>. [Rochtain faighte: 13 Aib. 2022].
- (Gan údar). 2022. “Revisions and Submissions | Dictionary of Irish Biography.” www.dib.ie. 2021. <https://www.dib.ie/revisions-submissions>. [Rochtain faighte: 13 Aib. 2022].
- (Gan údar). 2022. “Le Dictionnaire de Biographie française.” BIBLIOTHÈQUE NATIONALE DE FRANCE. Ar fáil ag <https://www.bnf.fr/fr/le-dictionnaire-de-biographie-francaise> [Rochtain faighte: 02/08/2022].
- (Gan údar). 2013. “Eolas Faoin Suíomh Seo.” Ainm.ie. 2013. <https://www.ainm.ie/Info.aspx?Topic=welcome.ga>. [Rochtain faighte: 13 Aib. 2022].
- (Gan údar). 2013. “Máire Ní Mhurchú & Diarmuid Breathnach.” 2013. Portraits of Irish-Language Writers. Portraits of Irish-Language Writers. 2013. <https://portraidi.ie/en/-diarmuid-breathnach/>. [Rochtain faighte: 31 Beal. 2022].
- (Gan údar). 2019. “25 New Stories of Trailblazing New Zealand Women | Ministry for Culture and Heritage.” *Govt.nz*. Ar fáil ag <https://mch.govt.nz/25-new-stories-trailblazing-new-zealand-women>. [Rochtain faighte: 13 Aib. 2022].
- (Gan údar). 1935. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Áine Ní Ruadháin. Imleabhar 0117 (2).

(Gan údar). 1937. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Bríd Ní Chollaráin. Imleabhar 0496.

**(a) Lámhscríbhinní**

ARÉ:

23 B. 19, 89.

23 N 33, 51

23 C 23, 99

23 E 12, 355

23 N 33, 45

D i 2

LNÉ:

389: 255–8.

## Aguisín A: Mionbheathaisnéisí

“Ní gá go mbeadh coibhneas idir fad an chuntais agus tábhacht na beatha a chaith duine” (Breathnach agus Ní Mhurchú 1986, 12).

Is cnuasach de mhionbheathaisnéisí nó nótaí gairide (150–250 focal) atá san aguisín seo de 181 bean nach bhfuil beathaisnéisí fúthu ar fáil in Ainm.ie go dtí seo. Cuirtear leabharliosta agus liosta foinsí tagartha iomlána ag deireadh na n-iontrálacha, agus cuirtear naisc i bhfoirm hípirnaisc ar fáil tríd síos de theastais ar leith na n-ábhar beathaisnéisí<sup>211</sup>. Táthar ag súil leis go mbeifí in ann beathaisnéisí iomlána (1500–2000 focal) a chruthú astu amach anseo. Faoi láthair, áfach, beartaíodh na scéalta seo a chur ar fáil ionas go bhfuil beathaisnéisí de chineál éigin ar fáil le tagairtí do na mná seo.

Is cinnte go bhfuil mná ar lár anseo, nár thángthas ar a n-ainmneacha le linn an tionscadail nó nach rabhthas in ann teacht ar eolas fúthu. Tá doirse nár osclaíodh cheal ama agus foinsí, agus táthar ag súil leis go leanfaí ar aghaidh leis an athshlánú agus go dtiocfadh na scéalta sin chun cinn amach anseo.

Is as meascán áiteanna agus foinsí a tháinig smaointe le haghaidh na mbeathaisnéisí seo, faoi mar a phléitear i gCaibidil 6. Is a bhuí le cabhair agus comhráite le go leor daoine a bhíodhas in ann teacht ar chuid den eolas agus na smaointe le haghaidh na mbeathaisnéisí san aguisín seo. Ba mhian leis an taighdeoir seo a buíochas a ghabháil leis na daoine ar liosta ‘Adhmhálacha na mBeathaisnéisí’ (ag tús an tráchtais) as a saineolas a roinnt agus an t-aistear taighde a ghiorradh di.

---

<sup>211</sup> Dáta aimsithe na nasc: 27/09/2025.

---

## A

---

### **ÁGHAS, Mairéad (1890–1967)**

Ba ghníomhaí teanga, múinteoir Gaeilge agus aisteoir í Mairéad Ághas a rugadh ar [9 Bealtaine 1890](#) i gCinn Aird, Corca Dhuibhne, Contae Chiarraí (Breathnach agus Ní Mhurchú, gan dáta). Ba iad Maitiú Ághas agus Máire Ní Shúilleabháin a tuismitheoirí. Col seisear agus dlúthchara léi ab ea [Nóra Ághas](#) (1882–1970)<sup>212</sup>. D’fhreastail sí ar Choláiste na Toirbhirte i nDúrlas agus chuaigh sí le múinteoireacht. Bhunaigh sí cumann drámaíochtaí sa Daingean in 1914, agus bhí ról aici ina ndrámaí (de Blaghd 1971, 53–8). Mhúin sí Gaeilge i Scoil Náisiúnta an Bhóthair Bhuí, Tiobraid Árann, i gclochar i bPort Láirge, agus in Ardscoil Uladh agus áiteanna eile i mBéal Feirste. Bhí sí ag obair mar chisteoir agus ina cónaí i gClub na Múinteoirí, 36 Cearnóg Parnell, Baile Átha Cliath nuair a phós sí an Luimníoch Frank Geary, a bhí i gceannas ar mhonarcha milseáin, ar [6 Meán Fómhair 1927](#). D’éag Mairéad ar [27 Nollaig 1967](#) agus cuireadh i reilig Mt St Alphonsus i Luimneach í.

#### **Foinsí tagartha:**

Breathnach, Diarmuid agus Máire Ní Mhurchú. Gan dáta. “Nóra Ághas (1882–1970).” *Ainm.ie: An Bunachar Náisiúnta Beathaisnéisí Gaeilge* [Rochtain faighte: 23/05/2025].  
De Blaghd, Earnán. 1971. *Slán Le hUltaibh : Imleabhar II de Chuimhní Cinn*. Sairséal agus Dill.

### **ALASDRUIN, Mary Jane (c.1799–1874)**

Ba í Mary Jane Alexander ‘M.J. Alasdruin’ a chuir *Cláirseach Naomhtha na hÉirean*, aistriúchán Gaeilge ar iomainn agus ábhair Phreispitéireacha le chéile in 1835. B’iníon í leis an Urramach Nathaniel Alexander, Easpaig an Dúin agus an Choinnire, agus Anne *née* Jackson. Bhí cónaí uirthi lena tuismitheoirí in Ard Breacáin i gContae na Mí nuair a fhoilsigh sí *Cláirseach*. I réamhrá an tsaothair, tá nóta buíochais do [Peadar Ó Dálaigh](#) (c.1800–1861), agus [Owen Connellan](#) (c.1797–1871), a chabhraigh léi an leabhar a chur le chéile. D’fhoilsigh sí aistriúchán Gaeilge ar leabhar John V. Hall, *A Sinner’s friend ‘Cara an Pheacaidhe’* (1837) chomh maith. Rinne cléir na bPreispitéireach ceiliúradh mór ar na leabhair seo, mar a mhíníonn Blaney, “There was a great dearth of printed material in Irish in the early nineteenth century and her works fulfilled an important need” (2012, 169). Fuair sí bás i mBaile Átha Cliath in [1874](#).

---

<sup>212</sup> Tagann formhór an eolais sa mhionbheathaisnéis seo ó bheathaisnéis Nóra Ághais (Breathnach agus Ní Mhurchú, gan dáta).

**A saothar:**

Alasdrúin, M.J. 1835. *Cláirseach Naomhtha na hÉirean*. M. Goodwin.  
— . 1837. *A Sinner's friend 'Cara an Pheacaidhe'*. J.V. Hall and Son.

**Foinsí tagartha:**

Blaney, Roger. 2012. *Presbyterians and the Irish Language*. Ulster Historical Foundation.

---

## **B**

---

### **BALFOUR, Mary (c. 1778–1819)**

Luaite in aon anáil le [Charlotte Brooke](#) (c.1740–1793) agus [Samuel Ferguson](#) (1810–1886), b'fhile agus drámadóir í Mary Balfour a d'aistrigh dánta Gaeilge go Béarla. Foilsíodh a mórshaothar, *Hope, a Poetical Essay; with Various Other Poems* in 1810 (Ikeda 2021). Ba mhúinteoir as Léim an Mhadaidh, Doire í (Lunney 2009). Rugadh Mary thart ar an mbliain 1778, iníon le John Balfour, reachtaire Eaglais na hÉireann, agus a bhean Rebecca *née* Moore (Clare 2021; Schirmer 1998). Chuir sí 3 aistriúchán ar amhráin Gaeilge ar fáil le haghaidh *A General Collection of Ancient Music of Ireland* le Edward Bunting in 1809, 'Coillte Glasa na Triúcha' ina measc (Kilfeather 2002). Ba bhall í de Chumann Chruite na hÉireann a bunaíodh i mBéal Feirste in 1808 (Salmon 1895, 302). Scríobh sí an dráma *Kathleen O'Neil*, in 1814, bunaithe ar mhuintir Uí Néill agus miotaseolaíocht na teanga. Bhunaigh sí féin agus a deirfiúr scoileanna cónaithe i Léim an Mhadaidh agus ansin i mBéal Feirste ach theip orthu cheal maoiniú. Fuair sí bás i Latharna, Aontroma le heitinn in 1819: "Her obituary said she was 'the victim of disappointed hopes and blighted endeavours. She at length found that peace and security in the grave which neither her virtues nor her talents could procure for her in this world'" (Kelly 1987, 9).

#### **A saothar:**

Balfour, Mary. 1810. *Hope, a Poetical Essay; with Various Other Poems*. Smyth and Lyons.  
—. 1814. *Kathleen O'Neil: A Grand National Melo Drame, in Three Acts*. Archbold and Dugan.  
Bunting, Edward. 1809. *A General Collection of the Ancient Music of Ireland*. Hodges and Smith.

#### **Foinsí tagartha:**

Clare, David. 2021. "Mary Balfour's Kathleen O'Neil (1814): An Expression or Betrayal of Her Ulster Scots Background?." In *The Golden Thread: Irish Women Playwrights, Volume 1 (1716–1992)*, curtha in eagar ag David Clare, Fiona McDonagh, agus Justine Nakase: 85–96. Liverpool University Press.  
Ikeda, Hiroko. 2021. "Reimagining Hero, Bard, and Erin: Mary Balfour and the Irish Song Tradition." *Journal of Irish Studies* 35: 31–44.  
Kelly, A. A. 1987. "Why Poetess?." *The Linen Hall Review*, 4 (3): 8–9.  
Kilfeather, Siobhán. 2002. "Profession of Letters, 1700–1810." In *The Field Day Anthology of Irish Writing: Irish Women's Writing and Traditions, Vol. V*, curtha in eagar ag Angela Bourke, Siobhán Kilfeather, Maria Luddy, Margaret MacCurtain, Gerardine Meaney, Máirín Ní Dhonnchadha, Mary O'Dowd, agus Clair Wills: 772–823. Cork University Press.  
Lunney, Linde. 2009. "Balfour, Mary E." *Dictionary of Irish Biography*. Ar fáil ag <https://www.dib.ie/biography/balfour-mary-e-a0338> [Rochtain faighte: 17/08/2025].  
Salmon, John. 1895. "Notes and Queries." *Ulster Journal of Archaeology, Second Series*, 1 (4): 301–303.  
Schirmer, Gregory A. 1998. *Out of What Began : A History of Irish Poetry in English*. Cornell University Press.

## BEAUMONT, Máirín (1894–1972)

Ba ghníomhaí ar son na teanga, ar son cearta na mban agus ar son saoirse na hÉireann í Máirín Beaumont. Rugadh Máirín *née* Nic Dáibheach (McGavock) i nGleann Arma, Contae Aontroma ar [17 Nollaig 1894](#), iníon le William agus a bhean Annie *née* McNeill, deirfiúr le hEoin Mac Néill (1867–1945). Bhí ceathrar deirfiúracha agus deartháir amháin ag Máirín. D’fhreastail Máirín ar Choláiste Oiliúna San Doimínic ar Shráid Eccles i mBaile Átha Cliath sular bhain sí céim B.A. i dteangacha (1915) agus M.A. sa Ghearmáinis (1917) amach ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Cé nach raibh sí sa phríomhchathair don Éirí Amach in 1916, choimeád sí airm ina lóistín roimhe le haghaidh J. J. ‘Ginger’ O’Connell (Ó Cíosáin et. al 2009). Bhain sí ballraíocht amach i gCumann na mBan i ndiaidh an Éirí Amach agus bhí sí ag múineadh i Scoil Bhríde nuair a bunaíodh an scoil in 1917. Ina ról le Cumann na mBan, ba bhanaltra í in 6 Sráid Fhearchair don Fhliú Mhór in 1918. Phós sí an t-iriseoir [Seán Beaumont](#) (1893–1959) ar [24 Deireadh Fómhair 1923](#) agus bhí triúr páistí acu: Máire, Helen, agus Piaras. D’fhan sí i ngairm an oideachais ag feidhmiú mar scrúdaitheoir seachtrach le haghaidh Ollscoil na hÉireann tar éis a pósta (Beaumont 2022). Bhí ról lárnach ag Máirín sa National University Women’ Graduates Association (NUWGA) (uachtarán idir 1951–2) agus i mBantracht na Tuaithe (BT). Mar a mhíníonn a garíníon Cairtriona Beaumont, “as a member of the association, who went on to become its President in 1951, it seems safe to say she believed in equal opportunities for women, the importance of education in enhancing the lives of women and girls” (2025). Bhí sí ar choiste an BT in 1953 nuair a cheannaigh siad coláiste darbh ainm ‘An Grianán’ i gContae Lú, áit a mhúineadh sí ranganna teanga agus cultúrtha. Fuair sí bás i mBaile Átha Cliath ar [19 Eanáir 1972](#).

### A saothar:

Beaumont, Mrs. Seán (Nee Maureen McGavock). Bureau of Military History. Statement no. 385. Ar fáil ag <https://bmh.militaryarchives.ie/reels/bmh/BMH.WS0385.pdf#page=1> [Rochtain faighte: 31/07/2025].  
Gleeson, Dermot F., Joseph O’Neill, agus Maureen Beaumont. 1943. “Father T. Corcoran, S.J.” *Studies: An Irish Quarterly Review* 32 (126): 153–62.

### Foinsí tagartha:

Beaumont, Cairtriona. 2022. “How a photograph uncovered my grandmother’s republican activism during the Irish revolution.” *The Conversation*. 17 Deireadh Fómhair.  
—. 2025. “Máirín Beaumont: Vice President 1951–1953: ‘Deeds, not Words is their Motto’ (Irish Independent, 22 December 1951) Máirín/ Maureen Beaumont (née McGavock): Vice President of the Irish Federation of University Women, 1951–53.” In *100 Years of Empowering Women: Celebrating the Centenary of the Irish Federation of University Women: 78–84*. Irish Federation of University Women.  
Breathnach, Diarmuid agus Máire Ní Mhurchú. Gan dáta. “Sean Beaumont (1893–1959).” *Ainm.ie: An Bunachar Náisiúnta Beathaisnéisí Gaeilge* [Rochtain faighte: 23/05/2025].  
Milne, Ida. 2014. “Influenza: the Irish Local Government Board’s last great crisis.” In *Healthcare in Ireland and Britain from 1850 Voluntary, regional and comparative perspectives*, curtha in eagar ag Donnacha Seán Lucey agus Virginia Crossman: 217–236. Institute of Historical Research.  
Ó Cíosáin, Éamon; Murphy, William; Clarke, Frances agus Cairtriona Beaumont. 2009. “Beaumont (McGavock), Máirín (Mary).” *Dictionary of Irish Biography*. Ar fáil ag

<https://www.dib.ie/biography/beauumont-mcgevock-mairin-mary-a0525> [Roctain faighte: 31/07/2025].

### **BHARÓID, Cáit (fl. 1825)**

Ba as Baile Thoindinigh, Cill Uird, Contae Chorcaí do Cháit Bharóid. Idir 26–28 Eanáir 1825, thug Cáit amhráin le Finín Ó Donnchú don scríobhaí Mícheál Ó Longáin (Ó Conchúir 1982, 124; Nic Eoin 1998, 258). Tá na hamhráin seo le feiceáil i Lámhscríbhinn G 100 i, Leabharlann Náisiúnta na Éireann (LNÉ), Baile Átha Cliath (lch. 130).

#### **A saothar:**

LNÉ LS G 100, 130

#### **Foinsí tagartha:**

Nic Eoin, Máirín. 1998. *B'ait Leo Bean : Gnéithe Den Idé-Eolaíocht Inscne i dTraidisiún Liteartha Na Gaeilge*. An Clóchomhar Tta.  
Ó Conchúir, Breandán. 1982. *Scríobhaithe Chorcaí 1700–1850*. An Clóchomhar.

### **BHREATNACH, Lucy (1924–2007)**

Rugadh Maria de la Piedad Lucila Hellman de Menchaca nó Lucy Bhreatnach, mar a bheadh cáil uirthi i saol na Gaeilge, in Algorta, Bizkaia, sa Spáinn, ar 8 Deireadh Fómhair 1924. Ba Ghearmánach a hathair, Franz Heinrich Hellman, agus ba as Tír na mBascach dá máthair, Lucila de Menchaca Dilis. Mar aon lena fear céile, an scríbhneoir [Deasún Breatnach](#) (1921–2007), ba ghníomhaí ar son chearta an duine agus ghníomhaí teanga í Lucy agus bhí baint aici le bunú Scoil Lorcáin sa Charraig Dhubh, Baile Átha Cliath agus Coláiste Chualainn chomh maith. Phósadar i Maidrid ar 31 Iúil 1947, agus bhog an teaghlach go hÉirinn in 1947 (Breathnach agus Ní Mhurchú, g.d.). Bhí cúigear mac (Diarmuid, Osgur, Caoilte, Oisín, agus Cormac) agus iníon amháin (Lucilita) acu, ar thógadar trí Ghaeilge agus Spáinnis iad. Fuair Lucy bás ar 1 Deireadh Fómhair 2007, agus fuair Deasún bás ar lá a sochraide, 3 Deireadh Fómhair 2007.

#### **Foinsí tagartha:**

Breathnach, Diarmuid agus Máire Ní Mhurchú. Gan dáta. “Deasún Breatnach (1921–2007).” *Ainm.ie: An Bunachar Náisiúnta Beathaisnéisí Gaeilge* [Roctain faighte: 23/05/2025].  
Lunney, Linde. 2013. “Breatnach, Deasún.” *Dictionary of Irish Biography*. Ar fáil ag <https://www.dib.ie/biography/breatnach-deasun-a9506#co-subject-A> [Roctain faighte: 21/07/2025].

### **BHREATHNACH, Máire (1896–1970)**

Tá ceithre imleabhar agus thart ar 70 scéal a bhailigh Máire Bhreathnach sna 1930idí ar fáil i gCnuasach Bhéaloideas na hÉireann (CBÉ 119; 201; 307; 655). Ba as an mBaile Loiscthe, Contae Chiarraí, do Mháire, iníon le Seán Breathnach agus Ellen *née* Shea. Rugadh í ar [17 Meán Fomhair 1896](#). Ba é Seán duine de phríomhfhaisnéiseoirí Máire. Phós Máire Seán Breathnach eile ón gCarraig, Baile na nGall ar [22 Bealtaine 1920](#). Fuair sí bás san ospidéal sa Daingean ar [4 Aibreán 1970](#).

#### **A saothar:**

- . 1936. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Máire Bhreathnach. Imleabhar 0119.
- . 1936. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Máire Bhreathnach. Imleabhar 0201.
- . 1936. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Máire Bhreathnach. Imleabhar 0307.
- . 1939. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Máire Bhreathnach. Imleabhar 0655.

#### **Foinsí tagartha:**

- Bríody, Mícheál. 2007. *The Irish Folklore Commission 1935–1970: History, Ideology, Methodology*. Finnish Literature Society / SKS.
- Dunne, Michelle. 2023. “Saintréithe de Thraidisiún Béil Na mBan Agus Léiriú Na mBan i gCnuasach Sheáin Mhic Mhathúna.” Tráchtas PhD. Dublin City University.

### **BLYTH, Mary (1925–2020)**

Rugadh an file Mary Blyth i Suí an Róib, Contae Uíbh Fhailí ar 21 Deireadh Fómhair 1925, iníon le Michael Killackey as Cloch Shiurdáin, Tiobraid Árann agus a bhean Kathleen *née* Nagle, agus bhí deirfiúr amháin aici, Bridget. D’fhreastail sí ar Scoil Náisiúnta Chuain Leisc, ar Chlochar na Toirbhirte i nDurlas, agus ar choláiste áitiúil i Ros Cré (Ryan 1979, 7). D’oibrigh sí mar rúnaí in oifigí Richard Simcox i gCorcaigh go dtína pósadh go Robert Blyth. Bhí naonúr páistí acu; ainmneacha na beirte is óige, Yvonne agus Connor, ba chionsiocair lena hainm cleite féin, Yvonne O’Connor. Faoin ainm seo, d’fhoilsigh Mary sraith chnuasaigh filíochta le meascán dánta Béarla agus Gaeilge. Ba scríbhneoir agus ealaíontóir í chomh maith le ról lárnach a bheith aici le Bantracht na Tuaithe, ag bunú an cumann i mBaile Féitheán, agus ag feidhmiú mar Thimire Gaeilge an chumainn (Ryan 1994, 17). Fuair Mary bás ar 22 Bealtaine 2020 i gCorcaigh.

#### **A saothar:**

- O’Connor, Yvonne [Mary Blyth]. 1979. *Gypsy Child*. Mount Pleasant Press.
- . 1994. *Happy Endings*. Mount Pleasant Press.
- . 1993. *Poems of the Golden Years*. Mount Pleasant Press.
- . 2002. *A Sentimental Journey*. Mount Pleasant Press.
- . 1984. “Fascinating Placenames.” *Holly Bough*. 25 Nollaig:29.
- Shrinrone Tidy Towns Committee. 2000. *Poems for Lughnasa*. Mount Pleasant Press.

#### **Foinsí tagartha:**

Agallamh Taighde. 2023. Agalláí: Jamie Murphy. Agallóir: Orlaith Hickey. 23 Samhain 2023, OCBÁC.  
O'Toole, Tina, Gearóidín Nic Carthaigh, Síle Ní Chochláin, Patricia Coughlan, agus Éibhear Walshe. 2005.  
*Dictionary of Munster Women Writers, 1800 to 2000 = Scribhneoirí Ban Na Mumhan, 1800–2000*. Cork  
University Press  
Ryan, Tom. 1979. “Yvonne O'Connor Brings Out Her First Poetry Book.” *Tipperary Star*. 26 Nollaig: 7.  
—. 1994. “Yvonne O'Connor's “Poems of the Golden Years”.” *Tipperary Star*. 18 Meán Fomhair: 17.

### **BONFIELD, Caitlín (1903–1992)**

Rugadh an leabharlannaí Caitlín Bonfield i gcathair Phort Láirge ar [10 Samhain 1902](#), iníon leis an oifigeach custam, John Bonfield agus a bhean Joanna *née* Foley. Bhain sí céim sa Ghaeilge, Fraincis agus Béarla amach ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, mar aon le céim tráchtála in 1923 (Gan údar 1923, 10). Fuair sí dioplóma sa leabharlannaíocht in 1936 (Gan údar 1936b), agus thosaigh sí i ról an leabharlannaí cunta in Acadamh Ríoga na hÉireann sa bhliain chéanna (Gan údar 1936a). Ba leabharlannaí an Acadaimh ansin í idir 1961 agus 1969 (Royal Irish Academy 2019). Chabhraigh sí le [Láimhbheartach Mac Cionnaith](#) (1870–1956) agus *Foclóir Béarla Agus Gaedhilge: English-Irish Dictionary* á chur le chéile aige in 1935. Tá nóta buíochais di i réamhrá an leabhar a deir “Her accuracy, intelligence and knowledge of the language have been of quite incalculable value. The enthusiastic diligence with which she and the three assistants have done their work, has placed the Editor under a deep personal obligation and will, he trusts, prove to have been of lasting service to the cause of the language” (McKenna 1935, xiv). Fuair sí bás ar 15 Márta 1992, agus cuireadh i Reilig Ghlas Naíon í.

#### **A saothar:**

Bonfield, Caitlín. 1952. “Manuscript Irish Music in the Library of the Royal Irish Academy.” In *Music in Ireland: A Symposium*, curtha in eagar ag Aloys Fleischmann: 322–332. Blackwell.

#### **Foinsí tagartha:**

Gan údar. 1992. “Family Announcements.” *Irish Press*. 16 Márta: 22.

McKenna, Lambert. *Foclóir Béarla Agus Gaedhilge: English-Irish Dictionary*. Oifig Díolta Foilseacháin Rialtais.

Royal Irish Academy. 2019. *Royal Irish Academy Activities 2019*. Royal Irish Academy.

### **BREATNACH, Úna (1909–2000)**

Ba mhúinteoir agus scríbhneoir í Úna Breatnach *née* Parks a scríobh ailt go rialta don *Linn Bhúí: Iris Ghaeltacht na nDéise*. In imleabhar 4 den iris sin a foilsíodh an bhliain a fuair Úna bás, 2000, soláthraítear óráid a thug an scoláire Nioclás Mac Craith taobh a huaighe ar 2 Bealtaine 2000, lá a sochraide. Rugadh í sa Bhaile Dhuibh i bPort Láirge ar [15 Lúnasa 1909](#), iníon le Micheál Parks agus Brighid *née* Ní Fhoghludha (Mac Craith 2000, 159). Ó 1935, bhí

Úna ag múineadh i Scoil Náisiúnta na Rinne, agus mar a léirigh Mac Craith ina óráid, b' oide, tosaí agus ceannaire í, “in gach gluaiseacht oideachais agus forbairt Gaedhealainne, bean a rianaigh ród an tírghrá romhainn agus a dh’fag againn, ina diaidh, oidhreacht mhisnigh chun an ród san a thrial” (Mac Craith 2000, 158). Bhronn Coiste Choláiste na Rinne ‘Gradam Iolsgoile na Mumhan uirthi’ in 1999. Bhí Úna pósta ar Phádraig Bhreatnach agus cónaí orthu i Maoil an Chóirnigh (Gan údar 2000, 23). D’éag Úna ar 30 Aibreán 2000 in Ospidéal Réigiúnach Port Láirge agus cuireadh i Reilig San Nioclás sa Rinn í.

**A saothar:**

- Breatnach, Úna. 1997. “An tArdeasag Mícheál Ó Siotcháin.” *An Linn Bhuí: Iris Ghaeltacht na nDéise* 1: 36–42.  
—. 1998. “Cuimhne Oide.” *An Linn Bhuí: Iris Ghaeltacht na nDéise* 2: 23–28.  
—. 1999. “Diarmuid Stócs.” *An Linn Bhuí: Iris Ghaeltacht na nDéise* 3: 19–24.  
—. 2000. “Hakon Melber.” *An Linn Bhuí: Iris Ghaeltacht na nDéise* 4: 42–50.

**Foinsí tagartha:**

- Gan údar. 2000. “Deaths.” *Irish Independent*. 1 Bealtaine: 23.  
Mac Craith, Nioclás [Máire Ní Chéilleachair (eag.)]. 2000. “In Iothlainn Dé.” *An Linn Bhuí: Iris Ghaeltacht na nDéise* 4: 157–68.  
O’Toole, Tina, Gearóidín Nic Carthaigh, Síle Ní Chochláin, Patricia Coughlan, agus Éibhear Walshe. 2005. *Dictionary of Munster Women Writers, 1800 to 2000 = Scribhneoirí Ban Na Mumhan, 1800–2000*. Cork University Press.

**BRIOSCÚ, Anna Ní Bhroin (?–2018)**

Ba bhall thosaigh agus rúnaí ar na Teaghlaigh Ghaelacha í Anna Ní Bhroin (Brioscú 1965). Ba ó Bhaile Átha Cliath di (O’Reilly 1963), agus d’fhreastail sí ar Choláiste Loreto, Faiche Stiofán agus ar an gColáiste Ollscoile (Gan údar 1958, 6). Bhí sí ar an gCoimisiún um Athbheochan na Gaeilge (Breathnach agus Ní Mhurchú, g.d.). Phós sí [Aodhagán Brioscú](#) (1920–2003) in 1951 agus bhí seisear clainne acu, Cillian, Orla, Cróine, Colma, Cormac agus Luan. Ba leasuachtarán í ar Acadamh Ríoga Cheol na hÉireann mar aon le Cathaoirleach ar a mBord (Lord 1994, 6). B’iriseoir chomh maith í, agus chaith sí seal mar eagarthóir cunta ar *Deirdre* (Gan údar 1964, 9). Fuair sí bás in Ospidéal Naomh Uinseann, Baile Átha Cliath ar 18 Bealtaine 2018 agus cuireadh i dTeach Sagard í.

**A saothar:**

- Brioscú, Anna. 1965. “TEAGHLAIGH GHAELACHA.” *Comhar*, 24 (11): 20–27.  
—. 1971. “Cairde na Cruite.” *Irish Press*. 25 Samhain: 13.

**Foinsí tagartha:**

- Gan údar. 1964. “Speaking for Deirdre.” *Fermanagh Herald*. 20 Meitheamh: 9.  
Gan údar. 1958. “News in Pictures.” *Irish Press*. 17 Iúil: 6  
Lord, Miriam. 1994. “College marks 100th year of tuition.” *Irish Independent*. 11 Eanáir: 6.  
O’Reilly, Marie. 1963. “Gaeilge [sic] sa bhaile i mBaile Átha Cliath.” *Irish Independent*. 16 Nollaig: 10

**BUCKLEY, Anne (fl. 1840)**

In 1839 agus 1840, bhailigh Georgie Petrie amhráin ó Anne Buckley ar an gCladach i gCathair na Gaillimhe, amhráin bhróin, amhráin sníofa agus leagan de ‘An Ion dubh ’san smólach’ ina measc (Petrie, Cooper agus Ó Laoire 1855 / 2002; Nic Eoin 1998, 280). Déanann Petrie cur síos uirthi mar “... a singularly sweet singer of our national melodies” (1855, 148), “... and it is to the accident of my meeting with her that I owe the acquisition of some of the best airs which it may be in my power to preserve in the present work” (1855, 82). Ba é ‘Sin binn bubbaro’ an t-amhrán sníofa a breacadh síos uaithi i samhradh na bliana 1839, agus léiríonn sé gur lean cailíní an cheantair a haithris sa churfá (1855, 86). Dar le Petrie, rugadh agus tógadh ar an gCladach di, agus bhí sí pósta ar an táilliúir áitiúil (1855, 82).

**A saothar:**

Petrie, George, David Cooper, agus Lillis Ó Laoire. 2002. *The Petrie Collection of the Ancient Music of Ireland / Edited by David Cooper ; Irish Modernized and Edited by Lillis Ó Laoire*. Cork University Press.

**Foinsí tagartha:**

Nic Eoin, Máirín. 1998. *B’ait Leo Bean : Gnéithe Den Idé-Eolaíocht Inscne i dTraidisiún Liteartha Na Gaeilge*. An Clóchomhar Tta.

---

## C

---

### CHAVASSE, Móirín Ní Shionnaigh (1883–1972)

Rugadh an scríbhneoir, file, drámadóir, agus múinteoir Gaeilge, Móirín Chavasse nó Olive Agnes Fox, in Pinner, Middlesex, Sasana, thart ar 1883. Bhog sí go hÉirinn in 1907, agus í 21 bliana d’aois agus d’fhoghlaim sí an Ghaeilge. De réir an daonáirimh in [1911](#), ba i dteannta Ella Young agus i mBaile an Rí, Dún Droma a bhí cónaí uirthi sular phós sí an scoláire Gaeilge [Claude Chavasse](#) (1886–1971) ar [21 Aibreán 1917](#) (Heath-Carpentier 2021, 13; 2022, 26). Bhí iníon amháin acu, Aebhgréine, a rugadh in [1920](#), agus bhí cónaí ar an teaghlach i nGaillimh. Bhain sí cáil amach dá leabhar beathaisnéise faoi Thraolach Mac Suibhne in 1961. Ina cuid filíochta, d’athscríobh sí scéalta mhíotas na Gaeilge, “... by making women the strong independent protagonists of the poems” (McGrath 2013, 90). Bhunaigh sí agus Claude “an Irish-speaking house” i gCill Aithnín, Gaillimh (Gan údar 1972, 4). Fuair Móirín bás i mBaile Átha Cliath ar [8 Bealtaine 1972](#), agus tá sí curtha lena fear céile i Reilig Chill Chuimín, Uachtar Ard.

#### A saothar:

- A Cheavasa, Móirín (Moireen Fox). 1920. *Midhir and Étain*. Talbot Press.  
— . 1961. *Terence MacSwiney*. Clonmore & Reynolds.  
— . 1940. *The fall of the year: collected poems*. Gaynor Press.  
— . 1925. *From old times: ón Allód*. Irish Messenger.  
— . 1930. *The one unfaithfulness of Naoise*. The Talbot Press.  
— . 1917. *Liadain and Cuirithir*. B.H. Blackwell.  
— . 1920. *The Fire-bringers: a play in one act*. Talbot Press.

#### Foinsí tagartha:

- Breathnach, Diarmuid agus Máire Ní Mhurchú. Gan dáta. “Claude Chavasse (1886–1971).” *Ainm.ie: An Bunachar Náisiúnta Beathaisnéisí Gaeilge* [Rochtain faighte: 23/05/2025].  
Gan údar. 1972. “Pioneer of Irish revival dies at 88.” *The Irish Press*. 10 Bealtaine: 4.  
Heath-Carpentier, Amy. 2021. “Revolution and Revelation: A Study of the Religiopolitical Lives and Legacies of Two Irish Republican Friends, Maud Gonne and Ella Young.” *The Journal of the Irish Society for the Academic Study of Religions* 8: 1–32.  
— . 2022. “Historical perspectives: Irish nationalist women’s religious and political revolutions.” In *THE STUDY OF RELIGIONS IN IRELAND: Past, Present and Future*, curtha in eagar ag Brendan McNamara and Hazel O’Brien: 20–31. Bloomsbury Academic.  
McGrath, Ciara Catherine. 2013. “Women’s Modernism in Peripheral Catholic Europe: The Poetry of Blanaid Salkeld and Concha Méndez.” PhD Dissertation. University of Washington.

### CUFFE BISCHOFFHEIM, Ellen (1857–1933)

B’uachtarán ar Chonradh na Gaeilge i gCill Chainnigh (c.1912–1915) í Ellen Cuffe Bischoffheim, Cuntaois Bhaile Mhic Dháith. Rugadh i Londain í in 1857, iníon leis an

mbainc ir Gi udach, Henri Louis Bischoffheim. Ph os s i ceathr u hIarla Bhaile Mhic Dh aith, William Cuffe, ar 29 Aibre in 1881. Ba daonchara in  irinn agus thar lear  i. Fuair s i b as ar 19 Meitheamh 1933 (McPherson 2012; Murray 2020; O Bolguidhir 1992).

**Foins  tagartha:**

MacPherson, D.A. J. 2012. *Women and the Irish Nation: Gender, Culture and Irish Identity, 1890–1914*. Palgrave Macmillan.

Murray, Gabriel. 2012. *The Countess of Desart: The Lost History*. Dun Emer Press.

Nic Cong ail, R ona. 2022. *An  ige agus an Athbheochan*. Cl o L eann na Gaeilge.

O Bolguidhir, L. 1992. “The Early years of the Gaelic League in Kilkenny.” *Old Kilkenny Review* 4: 1022.

---

## D

---

### **DALTÚIN, Eibhlín (c. 1802–1880)**

Ón gCnoc Buí, Sliabh gCua, Port Láirge, ba sheanchaí, amhránaí agus file í Eibhlín Daltúin. Tá rannta dá cuid le fáil in *Seanchas Sliabh gCua* le Pádraig Ó Milleadha (1936, 28–9). Tá fianaise againn d’amhráin a chum sí faoi mhuintir na háite agus caoineadh ar Liam Ó Foghludha, Captaein Carabhat a crochadh ar Lá Aonach sa Choc Buí (CBÉ 0251, Cuid 4: 395–401). Fuair sí bás ar 8 Aibreán 1880, agus í 78 de réir an teastais. Bhí beirt pháistí aici, Máirín (a bhí ina file í féin), agus Piaras.

#### **A saothar:**

Ó Milléadha, Pádraig. 1936. *Seanchas Sliabh gCua*. Baile Átha Cliath.

#### **Foinsí tagartha:**

Gan fhaisnéiseoir luaite. 1936. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Pádraig Ó Miléadha. Imleabhar 0251 (4).  
O’Toole, Tina, Gearóidín Nic Carthaigh, Síle Ní Chochláin, Patricia Coughlan, agus Éibhear Walshe. 2005. *Dictionary of Munster Women Writers, 1800 to 2000 = Scribhneoirí Ban Na Mumhan, 1800–2000*. Cork University Press.

### **DE BLAGHD, Áine Nic Aodha (1889–1957)**

Ba in éineacht le hÁine ‘Annie’ Nic Aodha a bhunaigh [Louise Gavan Duffy](#) (1884–1969) Scoil Bhríde, Baile Átha Cliath, in 1917 (Ó Conchubhair 2021, 216). Rugadh Annie McHugh ar [15 Bealtaine 1889](#) i nDún Luáin, Co. Chill Mhantáin. Ba Bhleachtair Chigire sa Chonstáblacht Ríoga a hathair, Patrick agus ba í Mary Agnes *née* Prior a rugadh i gCiarraí (de réir na daonáireamh [1901](#) / [1911](#)) a máthair. D’fhás Annie aníos i gCathair Dhoire, agus bhain sí céim sa Fhraincis agus Mata amach ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, mar aon le teastas múinteoireachta ón gColáiste Oilíúna San Doimnic ar Shráid Eccles. Phós Annie an polaiteoir agus iriseoir [Earnán de Blaghd](#) (1889–1975) ar [13 Samhain 1919](#), agus bhí mac amháin acu, an t-abhcóide Earnán Óg. Bhí ról lárnach aici i gCumann na Saoirse, i mBantracht na Tuaithe, agus in ‘An Grianán’, Contae Lú. Fuair sí bás ar [25 Meán Fómhair 1957](#) i mBaile Átha Cliath, agus cuireadh i Reilig Ghlas Naíon í.

#### **Foinsí tagartha:**

Breathnach, Diarmuid agus Máire Ní Mhurchú. Gan dáta. “Earnán de Blaghd (1889–1975).” *Ainm.ie: An Bunachar Náisiúnta Beathaisnéisí Gaeilge* [Roctain faighte: 23/05/2025].  
Ó Conchubhair, Brian. 2021. “Nevertheless, She Persisted: Celia de Fréine’s Luise (2016).” In *The Golden Thread: Irish Women Playwrights, 1716–2016, Volume 2 (1992–2016)*, curtha in eagar ag David Clare et al: 209–20. Liverpool University Press

## DE BRÚN, Máiréad (1893–1976)

Ba léachtóir le Gaeilge í Máiréad de Brún Mhic an tSaoi sa Choláiste Ollscoile, Bhaile Áth Cliath. Rugadh í ar [18 Aibreán 1893](#) i nGráinseach Mhóicléir, Tiobraid Árann. B'iníon í le Muiris de Brún, múinteoir scoile as Ceapach Choinn agus a bhean, Cáit Nic Gearailt. Deartháireacha léi an Cairdinéal Mícheál de Brún, Monsignor Muiris de Brún, agus an scríbhneoir, [Monsignor Pádraig de Brún](#) (1889–1960). Ba chúiréir litreacha go Gaillimh í in Éirí Amach na Cásca (BMH 322). Bhain sí céim B.A. sa Léann Cheilteach agus céim Mháistreachta i nGaeilge amach ón gColáiste Ollscoile (Ní Anluain 2024). Sular mhúin sí sa Choláiste, ba mhúinteoir Gaeilge í in Scoil Bhríde ar Shráid Eccles, in Alexandra College agus i gCeardscoil Ráth Maonais (Gan údar 1976a, 14). In 1932, ba í an t-aon bhean a bhí ar Bhord Rialúcháin an Choláiste Ollscoile (Gan údar 1976b, 4). Ar [19 Bealtaine 1921](#), phós sí an polaiteoir Seán McEntee. B'iníon leo an file iomráiteach [Máire Mhac an tSaoi](#) (1922–2021). Fuair Máiréad bás i mí Mheán Fómhair 1976, agus cuireadh in Reilig Ghlas Naoin í (Gan údar 1976a, 14; 1976b, 4).

### A saothar:

McEntee, Mrs. Seán. Bureau of Military History. Statement no. 322. Ar fáil ag: <https://bmh.militaryarchives.ie/reels/bmh/BMH.WS0322.pdf#page=1> [Rochtain faighte: 23/05/2025].

### Foinsí tagartha:

Gan údar. 1976a. "Death of Mrs. Margaret McEntee." *Irish Examiner*. 07 Meán Fómhair: 14.

Gan údar. 1976b. "Death of Mrs. McEntee: Brilliant academic career." *Irish Press*. 07 Meán Fómhair: 4.

Ní Anluain, Éilis. "Máire Mhac an tSaoi (1922–2021)." *Ainm.ie: An Bunachar Náisiúnta Beathaisnéisí Gaeilge* [Rochtain faighte: 23/05/2025].

## DE BUTLÉIR, Eibhlín (1879–1953)

Rugadh Eibhlín de Buitléir / Elenor Butler a scríobh sraith leabhar tíreolaíochta as Béarla agus Gaeilge ar [7 Meán Fómhair 1879](#) i Móin Achaidh Ghae, Luimneach. B'iníon í le beirt mhúinteoirí bunscoile, Pádraig agus Frances, agus ba mhúinteoir scoile Elenor 'Lena' chomh maith. Scríobh sí an téacsleabhar *Cruinne Eolas: céad-leabhar cun an t-Slige do réidteac do Múnađ an Ćruinne Eolais tríd an n-Gaedilg* (1922). I dteannta Liam Uí Bhriain, scríobh sí *Atlas do'n Ghael óg* (1954) agus *An domhan in-árdtimcheall: cur síos ar bhunadhas na géograife ... do ads na hÉireann* (g.d.). D'aistrigh Liam Ó Briain agus Mícheál Breathnach *Géograif don Ghaedheal Óg* (g.d.), agus *Bonn agus forsgreamh na hÉireann* (1930) léi go Gaeilge chomh maith. Bhain sí M.A. agus Diplóma sa mhúinteoireacht amach ón gColáiste Ollscoile agus Coláiste Muire i mBaile Átha Cliath, faoi seach (Gan údar 1907, 7). Mar chuid

de chúrsaí samhraidh i gcomhair múinteoirí sa Choláiste Ollscoile, mhúin sí tíreolaíocht trí mheán na Gaeilge (Gan údar 1922, 10). Fuair sí bás i nDroichead na Dothra, Baile Átha Cliath ar [Lá Bealtaine 1953](#).

**A saothar:**

- Butler, Elenor. 1922. *Cruinne Eolas: céad-leabar cùn an t-Slige do réidteac do Múnað an Ćruinne Eolais tríd an n-Gaedilg*. Browne and Nolan.
- . 1954. *Atlas do'n Ghael óg: Irish student's atlas*. Comhlucht Oideachais na hÉireann.
- Butler, Elenor agus Liam Ó Briain. Gan dáta. *An domhan in-árdtímeall: cur síos ar bhunadhas na géograife ... do ads na hÉireann*. Comhlucht Oideachais na hÉireann.
- de Buitléir, Eibhlín; O Briain, Liam agus Mícheál Breathnach. 1930–44. Comhlucht Oideachais na hÉireann.
- . 1930. *Bonn agus fíorghreamh na hÉireann*. Mhuinntir C.S. Ó Fallamhain, i gcomhar le hOifig an tSoláthair.

**Foinsí tagartha:**

- Gan údar. 1922. “University College Dublin.” *Freemans Journal*. 03 Meitheamh: 10.
- Gan údar. 1907. “R.U.I. Degree Day.” *Irish Independent*. 02 Samhain: 7.

## DE BÚRCA, Cáit (fl. 1766)

Luaitear an caoineadh dar tús ‘A Athair Niocláis, mo chás id luí thú’ a cumadh i ndiaidh crochadh an tAthar Niocláis Uí Shíothcháin i gCluain Meala in 1766, lena dheirfiúr Cáit Bean de Búrca. Is caoineadh 76 líne é a mhair sa traidisiún béil i dTiobraid Árainn agus sa Rinn, Port Láirge go dtí lár an fichiú haois. Cé nach bhfuil mórán fianaise againn faoi shaol Cháit, is féidir cuid de a chur le chéile óna bhfuil ar fáil faoina deartháir, Nioclás. Rugadh é sna 1720idí i bhFíoth Ard, Tiobraid Árainn. B’as Luimneach a athair agus ba de shliocht de Paor as Port Láirge a mháthair (Ní Úrdail 2019). Sa chaoineadh, cuireann Cáit mallacht ar theaghlach na ndaoine a chabhraigh leis an gcás a chur le chéile i gcoinne a dearthár. Is spéisiúil gur cheann de na mallachtaí ná nach mbeidís in ann brath riamh ar dheartháir ná ar shagart, “Cuirim féin go brath gan driotháir gan sagart” (Bourke 2002, 1370), an chinniúint chéanna a bhí in ann di i ndiaidh bás Niocláis. Ba í Cáit a chuir leac a uaigne suas i Reilig Sheanraithín, Tiobraid Árainn (Mac Donagh 1894, 3).

**A saothar:**

- Bourke, Angela 2002. “Lamenting the Dead.” In *The Field Day Anthology of Irish Writing, Volume IV: Irish Women’s Writings and Traditions*, curtha in eagar ag Angela Bourke, Siobhán Kilfeather, Maria Luddy, Margaret MacCurtain, Gerardine Meaney, Máirín Ní Dhonnchadha, Mary O’Dowd, agus Clair Wills: 1365–1398. Cork University Press.
- de Burca, Cáit. 2022. “A Athair Niocláis, mo chás id luí thú.” In *Bone and Marrow Cnamh Agus Smior An Anthology of Irish Poetry From Medieval To Modern*, curtha in eagar ag Brian Ó Conchubhair agus Samuel K Fisher: 486–491. Wake Forest University Press.
- Mac Cárthaigh, Mícheáil. 1956. “An tAthair Nioclás Mac Síthigh.” *Feasta* 8 (11): 2.
- Ó Néill, Séamus. 1934. “Smaointe.” *The Garda Review. Irisleabhar an Gharda* 9 (5): 561–562.

**Foinsí tagartha:**

- Hamrick, Wes. 2016. “The Curious Case of Catherine Burke.” *RECIRC*. Ar fáil ag <https://recirc.universityofgalway.ie/2016/08/curious-case-catherine-burke> [Roctain faighte: 19/08/2025].
- MacDonagh, Frank. 1894. ““National Memories” To the editor of the Limerick Leader.” *The Limerick Leader*. 28 Nollaig: 3.
- Ní Shíocháin, Triona. 2021. “The oral tradition.” In *A History of Irish Women’s Poetry*, curtha in eagar ag Ailbhe Darcy agus David Wheatley: 74–88. Cambridge University Press.
- Ní Úrdail, Meidhbhín. 2013. “An elegy on the death of Father Nicholas Sheehy.” *Zeitschrift für celtische Philologie* 60: 151–73.
- Ó Cadhla, Stiofáin. 2002. “Captaen na bhFear mBán: Father Nicholas Sheehy in history / folklore.” *Tipperary Historical Journal*: 69–89.

## DE BURCA, Máire Bean (1888–1980)

Rugadh Mary Agnes Chambers i nDroim Oilche, Contae an Chláir, ar [25 Lúnasa 1888](#), iníon le Pádraig agus a bhean Bridget *née* McMahon. Bhain Máire B.A., M.A., agus H.Dip., amach ó Ollscoil na Gaillimhe sula ndeachaigh sí ag múineadh sna coláistí traenála sa Rinn i bPort Láirge, i Sligeach, agus i dTuar Mhic Éadaigh i Maigh Eo (O’Reilly 1980, 22). Mhúin sí i scoileanna i gContae an Chláir agus ansin i Maigh Eo, agus ba phríomhoide í i Scoil na gCailíní in Inis Crabhann, Contae Shligigh, áit a raibh sí bainteach le Cumann na mBan. Mar chuid dá ról san eagraíocht d’aistrigh sí *An tÓglach* do mhuintir na Gaeltachta i dTuar Mhic Éadaigh (Aiken 2023), agus chuir sí drámaí Gaeilge ar bun chun airgead a bhailiú ar son na cúise. Gabhadh í agus chaith sí naoi mí i bpríosún Chill Mhaighneann, Baile Átha Cliath. Chaill sí a post mar mhúinteoir dá dheasca seo. Bhain sí bonn amach, ach diúltaíodh í ó phinsean mhíleata a fháil, cé gur chuir sí achomhairc isteach go leanúnach don chuid eile dá saol (Cartlanna Míleata: MSP34REF40894). In [1925](#), phós sí Anthony Burke, captaen IRA, i Maigh Eo, agus bhí mac amháin acu, A.J (Gan údar 1981, 4). Fuair Bean de Burca bás ar 12 Samhain 1980 (O’Reilly 1980).

### A saothar:

- Burke, Mary Agnes. 1936. “APPLICATION TO THE MINISTER FOR DEFENCE FOR A SERVICE CERTIFICATE.” MSP34REF40894. Ar fáil ag [http://mspcsearch.militaryarchives.ie/docs/files/PDF\\_Pensions/R10/MSP34REF40894%20Mary%20Agnes%20Burke/MSP34REF40894%20Mary%20Agnes%20Burke.pdf](http://mspcsearch.militaryarchives.ie/docs/files/PDF_Pensions/R10/MSP34REF40894%20Mary%20Agnes%20Burke/MSP34REF40894%20Mary%20Agnes%20Burke.pdf) [Roctain faighte: 14/08/2025].
- . 1935. “34SP39139.” *Bureau of Military Archives*. Ar fáil ag [http://mspcsearch.militaryarchives.ie/docs/files/PDF\\_Pensions/R10/MSP34REF40894%20Mary%20Agnes%20Burke/34SP39139%20Mary%20Agnes%20Burke.pdf](http://mspcsearch.militaryarchives.ie/docs/files/PDF_Pensions/R10/MSP34REF40894%20Mary%20Agnes%20Burke/34SP39139%20Mary%20Agnes%20Burke.pdf) [Roctain faighte: 14/08/2025].

### Foinsí tagartha:

- Aiken, Síobhra. 2023. “Éire saor agus Gaelach? The Military Service Pensions Collection and the Irish language.” In *‘Avery Hard Struggle’ Lives in the Military Service Pensions Collection*, curtha in eagar ag Anne Dolan agus Cairtriona Crowe. Baile Átha Cliath: Department of Defence, Ireland.
- O’Reilly, Gertrude. 1980. “Bean De Burca, BA, MA, H.Dip., Enniscrone.” *Western People*. 03 Nollaig: 22.

### **DE BÚRCA, Nóra Joe (1870–1942)**

Ba ón gComhartha Beag, Oileán Dairbhre, Contae Chiarraí do Nóra Joe Ní Charthaigh. Rugadh í ar [5 Aibreán 1870](#), iníon le Seosamh Mac Cárthaigh agus Máire *née* Ní Néill, agus deirfiúr le Máire Joe, Bean Uí Chonchubhair. Bhailigh Tadhg Ó Murchadha roinnt amhrán agus seanchas uaithi ar an oileán in 1936 agus scríobh sé go rialta fúithi agus an féith ghrinn a bhí inti ina dhialanna, mar shampla ar 23 Aibreán 1936, “Do dhin sí babhta aithris ar na cómharsain go léir tímpal errthi (go mura mhuar iad so nár thaithin léi)” (CBÉ 228, 025). Phós sí Edward de Búrca ar [4 Feabhra 1913](#), ach fuair eisean bás in [1919](#), agus ba chrua an saol uirthi ina dhiaidh sin. B’ardmheas a bhí ag Ó Murchadha ar an scéalaí seo ag rá “Bean bhocht ana phléisiúrtha go léir iseadh Nóra. Níl aon seanra phort fén spéir ná fuil aici agus ana-chuimhne aici ar an seana shaoghal” (CBÉ 228, 546–7). D’éag Nóra [13 Bealtaine 1942](#).

#### **A saothar:**

De Búrca, Nóra. 1936. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Tadhg Ó Murchadha. Imleabhar 0239.  
— . 1936. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Tadhg Ó Murchadha. Imleabhar 0308.

#### **Foinsí tagartha:**

Dunne, Michelle. 2023. “Saintréithe de Thraidisiún Béil Na mBan Agus Léiriú Na mBan i gCnuasach Sheáin Mhic Mhathúna.” Tráchtas PhD. Dublin City University.  
Ó Murchadha, Tadhg. 1936. Príomhbhailiúchán CBÉ. Imleabhar 228.

### **DE MÓRDHA, Neil (*fl.* 1883)**

B’fhile ó Dhún Chaoin, Contae Chiarraí ab ea Neil de Mórdha (Nic Eoin 1998, 284; Ó hÓgáin 1982, 46 & 55). Maireann tagairtí dá filíocht agus den aighneas a cruthaíodh idir Neil agus banfhilí eile an cheantair, Máire Ní Dhuinnshléibhe (1844–1924) as na Blascaodaí agus Gobnait Ní Chinnéide as Baile an Ghleanna. Phós Neil Domhnall Mac Síthigh ar [9 Feabhra 1859](#) agus bhí, go bhfios dúinn, cúigear muirear orthu: Thomas, John, Catherine, Mary agus Ellen. Ba é cleamhnas a hiníne Cáit le Tomás Ó Luing a thosaigh an siar is anoir filíochta idir Neil agus máthair Thomáis, Gobnait Ní Chinnéide. Tá cur síos ar an aighneas seo agus na rannta filíochta a d’eascair as déanta ag Tomás L. Ó Murchú in *Ceiliúradh an Bhlascaoid* (2022, 84–7). Ghearr Ní Dhuinnshléibhe cáineadh i ndán dá cuid ar Neil toisc nár chuir sí dea-ghuí i rann filíochta a scríobh Neil do bhád iascaireachta (Ó Conaill agus Ó Duilearga 1964). Meastar gurb í an bhean chéanna í a fuair bás sa Daingean an [21 Eanáir 1897](#).

#### **A saothar:**

Ó Conaill, Seán, agus Séamus Ó Duilearga. 1977. *Leabhar Sheáin í Chonaill : Sgéalta Agus Seanchas ó Íbh Ráthach*. Comhairle Bhéaloideas Éireann, An Coláiste Ollscoile.  
Ó Murchú, Tomás. L. 2018. “An Sáspan Dubh agus deocha seirce eile.” *Ceiliúradh An Bhlascaoid* 22: 71–96.

**Foinsí tagartha:**

Nic Eoin, Máirín. 1998. *B’ait Leo Bean : Gnéithe Den Idé-Eolaíocht Inscne i dTraidisiún Liteartha Na Gaeilge*. An Clóchomhar Tta.  
Ó hÓgáin, Dáithí. 1982. *An file : Staidéar ar Osnádúthachtna Filíochta sa Traidisiún Gaelach*. Oifig An tSoláthair.

**DE PAOR, Máire (1887–1916)**

Rugadh an scoláire Máire de Paor, iníon le John Wyse Power agus an polaiteoir [Jennie Wyse Power](#) née O’Toole (1862–1941) ar [9 Nollaig 1887](#) i bhFionnradharc, Baile Átha Cliath<sup>213</sup>. D’fhreastail sí ar Chlochar Loreto i bhFaiche Stiabhna agus bhain sé céim amach sa Léann Ceilteach ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Bronnadh scoláireacht taistil uirthi i ndiaidh di a máistreacht a bhaint amach in 1914. Chuaigh sí go Marburg agus ansin ar aghaidh go Freiburg ag déanamh staidéar ar an tSean-Ghaeilge faoi stiúir [Rudolf Thurneyson](#) (1857–1940). Chuir Máire *An Irish astronomical tract* in eagar in 1914. Cailleadh an obair ar fad a dhein sí ag cur *Leabhar Leasa Mhóir* in eagar i dtine in Ard-Oifig an Phoist (Breathnach agus Ní Mhurchú). B’ollamh san Ollscoil Náisiúnta í Máire nuair a fuair sí bás de dheasca fadhbanna croidhe ar [19 Iúil 1916](#) agus í 28 bliana d’aois.

**A saothar:**

Power, Maura. 1914. *An Irish astronomical tract : based in part on a mediaeval latin version of a work by Messahalal*. Irish Texts Society 16.

**Foinsí tagartha:**

Breathnach, Diarmuid agus Máire Ní Mhurchú. Gan dáta. “Jennie Wyse Power (1862–1941).” *Ainm.ie: An Bunachar Náisiúnta Beathaisnéisí Gaeilge* [Roctain faighte: 23/05/2025].

**DE PAOR, Áine ‘Neans’ (1889–1963)**

I bhFionnradharc, Baile Átha Cliath a rugadh an scoláire Áine ‘Neans’ de Paor ar [16 Samhain 1889](#). Ba iad John agus [Jennie Wyse Power](#) née O’Toole (1862–1941) a tuismitheoirí<sup>214</sup>. Ba réabhlóidí san Éirí Amach in 1916 í, ag tabhairt ordaithe slógtha go Buiríos i gCeatharlach agus ansin lonnaithe in Ard-Oifig an Phoist mar chúntóir leighis (Breathnach agus Ní Mhurchú; BMH 541). Bhí sí ina ball lárnach de Chumann na mBan agus léirigh sí a tuairimí faoi cheart na mban in alt a scríobh sí in 1914. Bhain sí céim B.A amach in 1907 sa Léann Ceilteach ón

<sup>213</sup> Tagann formhór an eolais sa mhionbheathaisnéis seo ó bheathaisnéis Jennie Wyse Power (Breathnach agus Ní Mhurchú, gan dáta).

<sup>214</sup> Tagann formhór an eolais sa mhionbheathaisnéis seo ó bheathaisnéis Jennie Wyse Power (Breathnach agus Ní Mhurchú, gan dáta).

gColáiste Ollscoile agus ansin PhD in 1921 in Bonn faoi stiúir Julius Pokorny. Cosúil lena deirfiúr, Máire, bhain sí scoláireacht taistil amach chun na Gearmáine. Ceapadh mar chuntóir taighde i mBeirlín í ina 1929 agus bhí sí ina heagarthóir ar *Irisches Bulletin* (1921). D'oibrigh sa státseirbhís mar rúnaí Seán T. Ó Ceallaigh, agus ina príomhoifigeach agus ba í an chéad bhean a bhí sa ról sin. Ó 1940, d'fheidhmigh sí mar ghobhnáir san Institiúid Ard-Léinn. Chuaigh sí ar scor in 1954, agus fuair sí bás ar [27 Nollaig 1963](#).

**A saothar:**

De Paor, Neans. 1945. "An T-Árdeasbog Míceál Ó Síotcáin." *Comhar*, 4 (4): 5.

—. 1914. "The Status of Women in Germany". *The Irish Citizen*, 17 Deireadh Fómhair: 174.

Wyse Power, Nancy. Bureau of Military History Statement 541. Ar fáil ag <https://bmh.militaryarchives.ie/reels/bmh/BMH.WS0541.pdf#page=1> [Rochtain faighte: 23/05/2025].

**Foinsí tagartha:**

Breathnach, Diarmuid agus Máire Ní Mhurchú. Gan dáta. "Jennie Wyse Power (1862–1941)." *Ainm.ie: An Bunachar Náisiúnta Beathaisnéisí Gaeilge* [Rochtain faighte: 23/05/2025].

## **DE RÓISTE, Máire Aodha (1885–1966)**

Rugadh an scéalaí Máire de Róiste i gCnoc an Iúir, Baile Bhuirne, Contae Chorcaí ar [17 Eanáir 1885](#). Ba iad Aodh Ó Tuama agus Máire Uí Thuama *née* Buckley a tuismitheoirí. Tá a cuid scéalta ar fáil in *An Musgraidheach* (1944, 4–6) agus tá siad ar fáil i mBailiúchán na Scol chomh maith. Phós sí an seanchaí Pádraig de Róiste in [1913](#) agus bhí cúigear clainne acu: Francis, Abby, John, Johanna agus Peter. Fuair Máire bás ar [20 Aibreán 1966](#).

**A saothar:**

De Róiste, Máire Bn. 1938. Bailiúchán na Scol Chnuasach Bhéaloideas na hÉireann. Bailitheoir: Cáit Ní Dheasmhúmhna. Imleabhar 0332 (Baile Mhúirne C): 116–122.

—. 1938. Bailiúchán na Scol Chnuasach Bhéaloideas na hÉireann. Bailitheoir: Máire B. Ní Chéilleachair. Imleabhar 0332 (Baile Mhúirne C): 378–381.

—. 1938. Bailiúchán na Scol Chnuasach Bhéaloideas na hÉireann. Bailitheoir: Máire B. Ní Chéilleachair. Imleabhar 0333 (Baile Mhúirne C): 322–500.

De Róiste, Máire Aodha agus Nóra Ní Scanail. 1944. "Sgeilimis." *An Músgraidheach* 7: 4–6.

**Foinsí tagartha:**

O'Toole, Tina, Gearóidín Nic Carthaigh, Síle Ní Chochláin, Patricia Coughlan, agus Éibhear Walshe. 2005. *Dictionary of Munster Women Writers, 1800 to 2000 = Scribhneoirí Ban Na Mumhan, 1800–2000*. Cork University Press.

## **DE RÚT, Máire Bean (1891–1988)**

Ba í Máire 'May' agus a fear céile, [George Annesley Ruth](#) (1883–1947) a d'aistrigh *Leabhar na hUrnaí Coitinne* go Gaeilge le haghaidh Cumann Gaelach na hEaglaise (1931) [.i. Eaglais na hÉireann], eagraíocht ar chaith sí seal mar leasuachtarán uirthi. Chas an bheirt acu ar a chéile

den chéad uair i gColáiste Moibhí, Baile Átha Cliath, áit inar oibrigh Máire mar bhean an tí, agus phósadar i mBaile an Mhuilinn, Ciarraí ar [30 Iúil 1924](#). B’iníon í Máire leis an Maor Markham R. Leeson-Marshall, Caladh na Feirse, Baile an Mhuilinn, agus a chéad bhean céile, Mabel Edith Godfrey. D’éag Máire i dTeach Banaltrais Naomh Lúcas, Cathair Chorcaí ar 26 Lúnasa 1988 agus cuireadh lena fear i mBaile an Mhuilinn í (McGrath 1988, 20).

**A saothar:**

Cumann Gaelach na hEaglaise. 1931. *Leabhar na hUrnai Coitinne*. Representative Body of the Church of Ireland.

**Foinsí tagartha:**

Breathnach, Diarmuid agus Máire Ní Mhurchú. Gan dáta. “George Annesley Ruth (1883–1947).” *Ainm.ie: An Bunachar Náisiúnta Beathaisnéisí Gaeilge* [Rochtain faighte: 23/05/2025].

Gan údar. G.d. “Ballymacadam Castle: Towards a History of a Geraldine Stronghold.” *Castleisland District Heritage*. Ar fáil ag

<https://www.odonohoearchive.com/ballymacadam-castle-towards-a-history-of-a-geraldine-stronghold/>

[Rochtain faighte: 10/08/2025].

Giltrap, Risteárd. 1990. *An Ghaeilge in Eaglais Na hEireann*. Cumann Gaelach na hEaglaise.

McGrath, Walter. 1992. “Of old Kerry and a great lady.” *Irish Examiner*. 29 Feabhra: 37.

—. 1988. “Aristocrat and Gaeilgeoir.” *The Holly Bough*. 25 Nollaig: 20.

O’Sullivan, Patrick V. 1991. *I Heard the Wild Bird Sing: A Kerry Childhood*. Anvil Books.

Townend, Peter. 1970. *Burke's Peerage and Baronetage*, Eag.105. Burke's Peerage Ltd.

**DIGGES, Mary (1872–1947)**

B’aisteoir agus ball tosaigh d’Inghinidhe na hÉireann í Mary ‘Máire’ Digges *née* Quinn a rugadh i bhFear Manach ar [9 Meitheamh 1872](#) (Doyle 2009). Iníon ab í le Michael agus Margaret Quinn. Ag céadchruinniú na nInghinidhe, togadh mar rúnaí Máire, agus ba thríd an eagraíocht seo a chur sí tús lena gairm mar aisteoir chomh maith. Bhí róil aici i ndrámaí cosúil leis ‘An Tobar Draoidheacht’, ‘Eilis agus an Bhean Deirce’ agus ‘Deirdre’. I gcéadléiriú ‘Deirdre’, bhuail sí lena fear céile, Dudley Digges. In 1904 bhog sí go Meiriceá, agus phós sí Dudley ann ar 27 Lúnasa 1907. D’oibrigh sí mar thaighdeoir i Leabharlann i Nua Eabhrac, agus fuair sí bás in Long Island ar 21 Lúnasa 1947 (Gan údar 1947, 6).

**Foinsí tagartha:**

Doyle, Carmel. 2009. “Digges, Mary (née Quinn).” *Dictionary of Irish Biography*. Ar fáil ag <https://www.dib.ie/biography/digges-mary-nee-quinn-a2582> [Rochtain faighte: 22/08/2025].

Gan údar. 1947. “Former Abbey Actor Bereaved.” *Irish Press*. 25 Lúnasa: 6.

**DUNPHY, Mary (1878 –?)**

Ba ó Ros Mhic Thriúin i Loch Garman Mary Bridget Dunphy ‘Máire Ní Dhonnchadha’, a d’oibrigh do Choimisiún Bhéaloideas na hÉireann mar bhailitheoir páirtaimseartha ó 1938. Ba sa bhliain sin a chuir Roinn an Oideachais riail nua i bhfeidhm a d’athraigh aois scoir

mhúinteoirí bunscoile ó 65 go 60, agus chaill Mary a post mar phríomhoide i mBunscoil San Leonard dá dheasca sin. Mar a mhíníonn van der Heide, d’inis an bailitheoir i litir go Seán Ó Súilleabháin “that the reduction of the retirement age meant that teachers were not able to fulfil the total years of service required for a full pension” (2024). In ainneoin na gcúinsí seo, chuir sí nóta lena himleabhar in 1940, ag rá “... anything I can collect or do for the Commission will be done regardless of money considerations” (CBÉ 742, 002). Rugadh Mary ar [29 Bealtaine 1878](#) sa Bhaile Gaelach, iníon le Michael agus a bhean Mary *née* Hammond. D’fhreastail sí ar Chlochar Chnoc Chairméal agus ar Choláiste Traenála Mhuire na Trócaire. Tá cuid dá himleabhar ar fáil ar [Duchas.ie](#) agus i measc an ábhair shuntasaigh a bhailigh sí óna ceantar dúchas bhí stair na teanga sa cheantar agus scéalta faoi mhná caointe agus traidisiún na caointeoireachta (CBÉ 557, 417).

**A saothar:**

- 1938. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Mary B. Dunphy. Imleabhar 577.
- 1938. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Mary B. Dunphy. Imleabhar 591.
- 1939. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Mary B. Dunphy. Imleabhar 618.
- 1940. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Mary B. Dunphy. Imleabhar 742.

**Foinsí tagartha:**

- Dunne, Michelle. 2023. “Saintréithe de Thraidisiún Béil Na mBan Agus Léiriú Na mBan i gCnuasach Sheáin Mhic Mhathúna.” Tráchtas PhD. Dublin City University.
- van der Heide, Ailbe. 2024. “Mary B. Dunphy, part-time collector from South Wexford.” *UCD Library Cultural Heritage Collections*. 30 Bealtaine. Ar fáil ag <https://ucdculturalheritagecollections.com/2024/05/30/mary-b-dunphy-part-time-collector-from-south-wexford/> [Rochtain faighte: 29/08/2025].

---

## G

---

### GLOVER, Ann ‘Goodwife’ (?–1688)

Bunaíodh an dán ‘An Bhean Feasa’ (2014) agus an aiste ‘Craz’d in Her Intellectuals’: The Case of Goody Glover, the Irish-speaking Witch’ (2011) le Alan Titley, ar shaol agus deireadh shaol Goodwife Glover. Cuireadh an bhean seo chun báis ar 16 Samhain 1688 i mBostún sna Stáit Aontaithe (mar atá anois), tar éis dó bheith curtha ina leith gur chailleach í agus gurb í an chúis le drochshláinte na páistí a bhí faoina cúram agus í ag obair mar bhean tí ag muintir Goodwin. Ceann de na príomhchúiseanna gur cuireadh chun báis í nach raibh sí in ann paidreacha a chríochnú i mBéarla gan “making *Nonsense* of it, with some ridiculous Depravations” (Mather 1689, 7). Cé nach bhfuil fianaise againn gurb í an Ghaeilge a bhí á labhairt aici (Hogan 2017; Sumner agus Doyle 2020), is é sin an tuairim atá glactha ag an-chuid scoláirí ón 19ú haois ar aghaidh (Fitton 1872, 55; Healy 1876, 87).

#### Foinsí tagartha:

- Fitton, James. 1872. *Sketches of the establishment of the church in New England*. Patrick Donoghue.
- Healy, Sherwood. 1876. “The Early History of Catholicity in New England.” *The historical magazine and notes and queries concerning the antiquities, history and biography of America* 1 (1): 87.
- Hogan, Liam. 2017 “The myth that Goodwife Glover, the Irish woman executed for witchcraft in Boston in 1688, was an ‘Irish slave’.” *Medium*. 1 Meán Fomhair. Ar fáil ag <https://medium.com/@Limerick1914/the-murder-of-goodwife-glover-in-boston-and-the-politicisation-of-her-death-two-centuries-later-via-90ab171fe576>. [Rochtain faighte: 20/05/2025].
- Mather, Cotton. 1689. *Memorable providences relating to witchcrafts and possessions a faithful account of many wonderful and surprising things that have befallen several bewitched and possessed person in New-England, particularly a narrative of the marvellous trouble and releef experienced by a pious family in Boston, very lately and sadly molested with evil spirits : whereunto is added a discourse delivered unto a congregation in Boston on the occasion of that illustrious providence : as also a discourse delivered unto the same congregation on the occasion of an horrible self-murder committed in the town : with an appendix in vindication of a chapter in a late book of remarkable providences from the calumnies of a Quaker at Pen-sylvania*. Tho. Parkhurst.
- Sumner, Natasha, agus Aidan Doyle. 2020. *North American Gaels : Speech, Story, and Song in the Diasporae*. McGill-Queen’s University Press.
- Titley, Alan. 2011. *Nailing Theses: Selected Essays / Alan Titley*. Lagan Press.
- . 2014. *An bhean feasa An chéad chló*. Cló Iar-Chonnacht.

---

## H

---

### **HAVERTY, Geraldine (c. 1865–1939)**

Ba í Geraldine M. Haverty an t-eagarthóir a tháinig i gcomharba ar [Mhichéal Ó Locháin](#) (1836–1899) ar *An Gaodhal* i Nua Eabhrac in 1889 (Ó hÍde 2020, 139). Chuir an dá eagarthóir rompu béaloideas na hÉireann i mBéarla agus Gaeilge a fhoilsiú san iris: “Logan and Haverty left us an important record of folklore in Ireland and in the emigrant community at the end of the nineteenth century” (Ó hÍde 2020, 154). Ba as Nua Eabhrac do Geraldine, agus b’iníon í le [Patrick M. Haverty](#) (1827–1901) agus a bhean Mary McShean agus bhí beirt deirfiúr (Agnes agus Grace) agus beirt deartháir (Frank agus Patrick A.) aici (Miller 2024). Ba mhúinteoir in Manhattan í Geraldine, níor phós sí, agus fuair sí bás i mí na Samhna 1939, in Ospidéal Frances Schervier, Nua Eabhrac (*The New York Times* 1939, 48).

#### **Foinsí tagartha:**

Miller, Tom. 2024. “The 1882 Patrick M. Haverty House - 558 East 87th Street.” 24 Feabhra. Ar fáil ag <https://daytoninmanhattan.blogspot.com/2024/02/the-1882-patrick-m-haverty-house-558.html> [Rochtain faighte: 20/05/2025].

Ó hÍde, Tomás. 2020. “Irish-Language Folklore.” In *North American Gaels: Speech, Story, and Song in the Diasporae* curtha in eagar ag Natasha Sumner agus Aidan Doyle. McGill-Queen’s University Press.

Gan údar. 1939. “GERALDINE M. HAVERTY; Retired School Teacher Once Was Editor of The Gael.” *The New York Times*. 12 Samhain: 48.

### **HERTZ-WANDERSLEB, Caitriona (1919–2002)**

Rugadh Caitriona Hertz-Wandersleb *née* Ní Chríochain (Crean) i mBaile Bhinéid, Dún Búinne, Contae na Mí ar [26 Eanáir 1919](#). Cigire iarnród ó Loch Garman ab ea a hathair, Aidan Crean, agus ba í Margaret *née* O’Byrne a máthair. Bhí ról ag a beirt tuismitheoirí in Éirí Amach na Cásca 1916. Deartháir lena máthair ab ea an timire [Giolla Chríost Ó Broin](#) (1879–1972) (Fox 1967, 11). D’fhreastail sí ar an mbunscoil i nDún Búinne agus ar an gClochar san Uaimh. Mhúin sí sa choláiste traenála i nDún Carúin ansin, go dtí gur bhog sí go Bonn (de Burca 1967, 8). Ba léachtóir agus ollamh le Gaeilge í san ollscoil ann. Phós sí an scoláire [Rudolf Hertz](#) (1897–1965) agus ansin an ailtire agus polaiteoir Hermann Wandersleb. Fuair sí bás ar 28 Deireadh Fómhair 2002 i gContae na Mí (Gan údar 2002).

#### **A saothar:**

Hertz, Caitriona. M. 1963. *Irland: mit Stadtführer Dublin und Pilgerführer*. Volk und Heimat.

#### **Foinsí tagartha:**

Breathnach, Diarmuid agus Máire Ní Mhurchú. Gan dáta. “Rudolf Hertz (1897–1965).” *Ainm.ie: An Bunachar Náisiúnta Beathaisnéisí Gaeilge* [Rochtain faighte: 23/05/2025].

- De Burca, Seán. 1967. "She teaches Irish to the Germans." *Irish Independent*. 16 Lúnasa: 8.
- Fox, Garrett. 1967. "My Royal Meath Album." *Meath Chronicle*. 28 Eanáir: 11.
- . 1964. "Distinguished Meath Lady." *Meath Chronicle*. 25 Iúil: 5.
- Gan údar. 1965. "Focus on Mid-Meath Topics." *Drogheda Independent*. 11 Nollaig: 11.
- Gan údar. 2022. "'Unofficial' Irish ambassador in Bonn." *The Irish Times*. 16 Samhain.
- Mac Eoin, Gearóid. 2013. "Rudolf Hertz agus a bhean chéile, Cairtriona." In *Saothrú an Léinn Cheiltigh ag scoláirí thíortha na Gearmáinise : Léachtaí Cholm Cille XLIII*, curtha in eagar ag Brian Ó Catháin: 6–20.

### **HICKSON, Mary Agnes (1825–1899)**

Ba staraí agus iriseoir a scríobh faoi logainmneacha agus stair a ceantair í Mary Agnes Hickson. Rugadh i dTrá Lí, Contae Chiarraí í ar 27 Samhain 1825, iníon le John James Hickson agus a bhean Sarah *née* Day. Ba ó bhuime a d'fhoghlaim sí a cuid Gaeilge. Scríobh sí go rialta don *Kerry Reporter*, ba bhall í de Chumann Ríoga Ársaíochta na hÉireann, agus in 1872 d'fhoilsigh sí an chéad eagrán dá mórshaothar *Selections from Old Kerry Records*. Fuair sí bás i mBaile Mhistéala, Contae Chorcaí ar 6 Aibreán 1899 (Gan údar 1899, 3).

#### **A saothar:**

Hickson, Mary. 1872 & 4. *Selection from Old Kerry records*. Watson & Hazell.

#### **Foinsí tagartha:**

- Gan údar. 1899. "Death of Miss Mary A. Hickson." *Kerry Evening Post*. 8 Aibreán: 3.
- McMorran, Russell. 2000. "Mary Hickson: Forgotten Kerry Historian." *Kerry Magazine* 11: 34–7.
- O'Toole, Tina, Gearóidín Nic Carthaigh, Síle Ní Chochláin, Patricia Coughlan, agus Éibhear Walshe. 2005. *Dictionary of Munster Women Writers, 1800 to 2000 = Scribhneoirí Ban Na Mumhan, 1800–2000*. Cork University Press.

---

## I

---

### IARNÁIN, Bríd (1869–1965)

Ba í Bríd Iarnáin, Bean Uí Mhaoláin, an bhean caointe deiridh ar Árainn (Ní Chonghaile 2021). B'iníon í le Peaits Mhicil Ó hIarnáin agus a bhean Mary *née* Mullin. B'amhránaí a hathair agus deartháir léi an scéalaí [Colm Ó hIarnáin](#) (1871–1924). Rugadh Bríd in Eoghanacht, Árainn ar [22 Bealtaine 1869](#). Phós sí Aindí Ó Maoláin ar [16 Deireadh Fómhair 1903](#), agus bhí cónaí orthu ar an Sruthán. Tá cóip de chaoineadh a bhailigh Sidney Robertson Cowell uaithe ar fáil ar an albam *Songs of Aran* (1957), agus thairfead Proinsias Ó Conluain caoineadh uaithe le haghaidh RTÉ in 1949. D'éag Bríd ar [13 Eanáir 1965](#).

#### A saothar:

Cowell, Sidney Robertson eag. 1957. *Songs of Aran*. Ethnic Folkways Library F4002.  
Iarnáin, Bríd Uí Mhaoláin agus Prionsias Ó Conluain. 1949. "Keening - Caoineadh na Marbh." RTÉ. Ar fáil sg <https://www.rte.ie/archives/exhibitions/1981-proinsias-o-conluain/615507-rainn/> [Rochtain faighte: 20/08/2025].

#### Foinsí tagartha:

Mhic Giolla Phóil, Alice, agus Máirín Uí Choncheannain. 2002. *Bailiúcháin Béaloideas Árann* (BBAF.00026). Bailitheoir: Póilín Uí Fhlaithearta. Ar fáil ag <https://bba.duchas.ie/en/bbaf/6100141> [Rochtain faighte: 20/08/2025].  
Ní Bhroin, Alma. 2022. "Eagrán de na Scéalta Béaloidis a Bhailigh Úna Ní Chualáin (1871–1929) ó Cholm Ó hIarnáin (1871–1924), Árainn". Tráchtas M.Litt: Ollscoil Mhá Nuad.  
Ní Chonghaile, Deirdre. 2021. *Collecting Music in the Arans Islands: A Century of History and Practice*. University of Wisconsin Press.  
Ó Dioráin, John Beag Johnny. 2002. *Bailiúcháin Béaloideas Árann* (BBAF.00039). Bailitheoir: Áine Pheaits Bheairtín Uí Fhlaithearta. Ar fáil ag <https://bba.duchas.ie/en/bbaf/6100154> [Rochtain faighte: 20/08/2025].

### IEVERS, Mary Shinkwin (c. 1843–1934)

Ba ghníomhaí teanga, ceoil, agus múinteoir Gaeilge í Mary Shinkwin Ievers ó Baile Uí Fhearaíle, Droichead Abhann Ó gCearnaigh, Contae an Chláir. Ba dhuine den ochtar clainne a bhí ag an ngiúistís Eyre Ievers agus a bhean Mildred *née* Nunan í Mary. Ball í de Chumann Buan-Choimeáda na Gaeilge agus de Chonradh na Gaeilge ag casadh an chéid (Gan údar 1901, 2). Mhúin sí ranganna Gaeilge in Mount Ievers Court, scríobh sí filíocht as Gaeilge (Ievers, n.d), agus rinne sí tréaniarracht an teanga a athbheochan ina ceantar dúchais: "Miss Ievers was a successful student of the language long before it was popular to do so and ... much if not all of the Irish renaissance in Sixmilebridge was due to her inspiration" (Keogh, n.d). Ba í Mary a scríobh an leabhar staire faoi eastát a teaghlaigh, *Glimpses of Mount Ievers Past* in 1929. Bhí ról aici sa chéad Fheis Ceoil i gContae an Chláir a reáchtáladh ina teachsa in 1899, agus arís in

1901 (O Murphy 1995, 341–2). Níor phós sí riamh, fuair sí bás sa Ghearrbhaile, Luimneach, ar [4 Deireadh Fómhair 1943](#), agus cuireadh i gCill Fhionnachta, Contae an Chláir í.

**A saothar:**

M.S.I [Ievers, Mary Shinkwin]. 1929. *Glimpses of Mount Ievers' Past*. George McKern & Sons.

**Foinsí tagartha:**

Gan údar. 1901. “Subscript to the Irish Language National Fund.” *An Claidheamh Soluis*. 21 Nollaig: 2.

Ievers, Karen. g.d. “Eyre Ievers (1797–1860) of Mount Ievers.” Ar fáil ag

<https://mountieverscourt.ie/eyre-ievers-1797-1860-of-mount-ievers/> [Rochtain faighte: 30/7/2025].

Keogh, Jayme. g.d. “The changing ruling class in Sixmilebridge and the impact they left on the community, 1650–1900.” *Clare County Library*. Ar fáil ag

[https://clarelibrary.ie/eolas/coclare/history/changing\\_ruling\\_classes\\_sixmilebridge/emergence\\_church.htm](https://clarelibrary.ie/eolas/coclare/history/changing_ruling_classes_sixmilebridge/emergence_church.htm)

[Rochtain faighte: 30/07/2025].

O Murphy, Ignatius. 1995. *The Diocese of Killaloe, 1850–1904*. Four Courts Press.

---

## **K**

---

### **KING, Marion (1901–1966)**

Rugadh an t-ealaíontóir, craoltóir, agus scríbhneoir leabhar páistí, Marion Kathleen King, i mBaile Átha Troim, Contae na Mí ar [26 Aibreán 1901](#), iníon le Thomas, oifigeach cánach agus a bhean Marion *née* Moran. Bhog an teaghlach go Leeds i Sasana, agus rinne Marion staidéar ar ealaíon sa Leeds College of Art (Snoddy 1996). Scríobh sí agus mhaisigh sí sraith leabhar Gaeilge do pháistí, ina measc, *Taimín* (1939), *Baba* (1939), *Peigín* (1948), *Mac Spuhin* (1939), *Seán* (1937), *Clann Choinin* (1939), *ABC na Gaedhilge* (1942), agus *Nodlaig* (1937). Bhí sraith seónna ealaíne aici ar RTÉ dar teideal ‘Drawing and Painting with Marion King’ ó 1943 ar aghaidh. Fuair Marion bás ar [13 Iúil 1963](#).

#### **A saothar:**

- King, Marion. 1939. *Mac Spuhin*. Oifig an tSoláthair.  
— . 1942. *ABC na Gaedhilge*. Oifig an tSoláthair.  
— . 1939. *Peigín*. Oifig an tSoláthair.  
— . 1939. *Taimín*. Oifig an tSoláthair.  
— . 1939. *Baba*. Oifig an tSoláthair.  
— . 1937. *Nodlaig*. Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais.  
— . 1937. *Seán*. Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais.  
— . 1939. *Clann Choinin*. Oifig an tSoláthair.

#### **Foinsí tagartha:**

Snoddy, Theo. 1996. *Dictionary of Irish Artists : 20th Century*. Wolfhound Press.

---

## M

---

### **MCGURL, Mary Kate (1901–1973)**

Bhain Mary Kate McGurl *née* Nevin scoláireacht taistil amach go Ollscoil Bonn sa Ghearmáin in 1922 faoi stiúir an Ollaimh [Rudolf Thurneysen](#) (1857–1940), tar di céim oideachais agus M.A sa Ghaeilge agus sa Ghearmáinis a bhaint amach ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Rugadh Mary ar [14 Deireadh Fómhair 1901](#) i gCionn Átha Gad, An Iarmhaí. D’fhreastail sí ar an scoil náisiúnta ann agus ar Chlochar Loreto sa Mhuileann gCearr. Ó 1930 go 1966 ba í Leabharlannaí Chontae na Mí. Bhí sí bainteach le Conradh na Gaeilge agus An Réalta ina saol chomh maith. Phós sí John McGurl ar [27 Meán Fómhair 1944](#), agus fuair sí bás ar [29 Nollaig 1973](#).

#### **Foinsí tagartha:**

Jan údar. 1973. “Death of Retired Co. Librarian.” *Meath Chronicle*. 1 Bealtaine: 1.

### **MHIC CHOITIR, Bríd Bean (c.1904–1979)**

B’fhile í Bríd Ní Shíothcháin, Bean Mhic Choitir, ó Chrathach Thiar, Oileán Chléire, Contae Chorcaí. Iníon í leis an scéalaí Máire Ní Dhrisceoil Uí Shíothcháin agus a fear céile, Diarmuid. Ba dheartháir le Bríd an bailitheoir bhéaloidis, Ciarán Ó Síothcháin. Phós Bríd Pádraig Mac Coitir ar [28 Meán Fómhair 1926](#). Scríobh Bríd roinnt filíochta faoin ainm cleite ‘Bean na gCnoc’ (Lankford 1995, 237). Rinne Liam Ó Muirthile taifead ar a cuid seanchais (Ó Muirthile 1974), agus Micheál Ó Sé ar dhán léi dar teideal ‘Maidin Lae Nollag’ le haghaidh RTÉ (Ó Sé 1976).

#### **A saothar:**

Bean na gCnoc. 1987. “Aifreann Lá Nollag.” *The Cortk Yule Book (1986–7)*, curtha in eagar ag Bonnie Cotter. Skahabeg Publications: 51.

— 1967. ‘An Réalta i gCléire’. *Inné*. Márta 1967.

Mhic Coitir, Bríd. 1974. QQTRIN011960c2. *Taisce Chanúintí na Gaeilge*. Ar fáil ag <https://www.canuint.ie/ga/QQTRIN011960c2> [Rochtain faighte: 26/08/2025].

Ó Muirthile, Liam. 1974. “Siúlach Scéalach - Oileán Chléire.” *RTÉ*. Ar fáil ag <https://www.rte.ie/radio/rnag/clips/20990723/> [Rochtain faighte: 26/08/2025].

Ó Sé, Micheál. 1976. “Nóra [*sic*] Uí Choitir, Crathach, Cléire.” *RTÉ*. Ar fáil ag <https://www.rte.ie/radio/rnag/clips/21961258/> [Rochtain faighte: 26/08/2025].

#### **Foinsí tagartha:**

Lankford, Éamon. 1995. “Logainmneacha Chleire. Co. Chorcaí.” Tráchtas PhD. Coláiste Phádraig Mhá Nuad.

—. 1999. *Cape Clear Island: Its People and Landscape*. Cape Clear Museum.

O'Toole, Tina, Gearóidín Nic Carthaigh, Síle Ní Chochláin, Patricia Coughlan, agus Éibhear Walshe. 2005. *Dictionary of Munster Women Writers, 1800 to 2000 = Scribhneoirí Ban Na Mumhan, 1800–2000*. Cork University Press.

### **MHIC CHONSAIDÍN, Máire (c. 1858–1937)**

Sholáthair Máire Ní Chonsaidín amhráin, paidreacha, scéalta agus filíocht don bhailitheoir [Seán Mac Mathúna](#) (1876–1949) sna 1903oidí (Dunne 2023). Luann Mac Mhathúna in imleabhar amháin dá bhailiúchán nach raibh scéalta fada aici, “ach tá na sean amhráin go binn agus go beacht agus dá thoisic sin is gairid go dtéigh mé chuici aríst le Toil Dé” (CBÉ 39, 345, luaite ag Dunne 2023, 69). Ba as Cionn Eilte, Lios Ceannúir, Contae an Chláir di, agus fuair sí bás ar [27 Eanáir 1937](#) agus í 76 bliana d’aois.

#### **A saothar:**

Mhic Chonsaidín, Máire. 1930–2. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Seán Mac Mathúna. Imleabhar 0039.  
— . 1933–04. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Seán Mac Mathúna. Imleabhar 0040.  
— . 1932–5. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Seán Mac Mathúna. Imleabhar 0041.

#### **Foinsí tagartha:**

Dunne, Michelle. 2023. “Saintréithe de Thraidisiún Béil Na mBan Agus Léiriú Na mBan i gCnuasach Sheáin Mhic Mhathúna.” Tráchtas PhD. Dublin City University.  
Gunn, Marion. 1984. *A Chomharsain Éistigi agus Amhráin eile as Co. an Chláir*. An Gúm.

### **MHIC DHONNCHADHA, Róisín (1921–1968)**

P.D. Linín an t-ainm cleite a bhí ar Róisín Mhic Dhonnchadha (Ní Dhochartaigh) a scríobh sraith leabhar le haghaidh páistí: *Maidhc* (1957), *Maidhc Abú* (1960), *Maidhc Bleachtair* (1961), *Maidhc sa Danmhairg* (1968). Rugadh Róisín Ní Dhonnchadha in Philadelphia in 1921, iníon le Séamus O’Doherty, a bhí bainteach in Éirí Amach 1916, agus a bhean Kitty *née* Gibbons. Bhain sí B.Comm agus M.A. amach ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Phós sí an taidhleoir Bob McDonagh agus bhí ceathrar clainne acu: Philip, Bobby, Sunniva agus Feichín. Bhí ról aici le bunú COMHAR, agus scríobh sí ailt don iris chéanna (Ní Dhochartaigh 1948). Tar éis di seal a chaitheamh mar thaidhleoir sa tSualainn agus sa Háig, agus mar láithreoir Gaeilge ar Radio Éireann, fuair sí bás i Nua Eabhrac in 1968.

#### **A saothar:**

Mhic Dhonnchadha, Róisín Bean. 1957. *Maidhc*. Sáirséal agus Dill.  
— . 1960. *Maidhc Abú*. Sáirséal agus Dill.  
— . 1961. *Maidhc Bleachtair*. Sáirséal agus Dill.  
— . 1968. *Maidhc sa Danmhairg*. Sáirséal agus Dill.  
— . 1948. [Ní Dhochartaigh, Róisín]. 1948. “Céimithe Canada.” *Comhar* 7 (10): 5 / 28.  
— . 1961. [Nic Dhonnchadha, Róisín]. “An Mhuintir Seo Againne Róisín Nic Dhonnchadha.” *Irish Press*. 03 Márta: 9.

#### **Foinsí tagartha:**

Byrne, Angela; Deeney Almqvist, Ragnar, agus Helena Nolan. 2021. *All strangers here : 100 years of personal writing from the Irish Foreign Service*. Arlen House.

Ó Connchubhair, Brian. 2015. ‘Ceist Chigilteach na Canóna’. *Comhar* 75 (6): 18–20.

Ó Treasaigh, Lorcán. 2018. “Scéal Cathrach: Léirithe ar ghnéithe den saol uirbeach in úrscéalta Gaeilge ar leith sa tréimhse 1910–2015.” Tráchtas M.Litt. Nua Ghaeilge: Ollscoil Mhá Nuad.

### **MHIC OISTIGÍN, Eithne (1904–1991)**

Ollamh le Teangacha Rómhánacha in UCC ó 1939–1969 ab í Eithne Bean Mhic Oistigín. Rugadh Ethna Byrne, iníon le príomhailtire atógáil na gCeithre Cúirteanna, agus Ard-Oifig an Phoist, Thomas Joseph Byrne, agus a bhean Mary *née* Scott ar [24 Bealtaine 1904](#) i mBaile Átha Cliath (P.J. 1991, 56–7). Bhain sí B.A. amach sna Nuatheangacha agus MA sa Fhraincis ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus PhD amach ó Sorbonne na Fraince. In 1957 d’aistrigh Eithne agus [Síle Ní Dhubhgháin](#) (1895–1965) *Le mie prigioni* le Silvio Pellico go Gaeilge (1957). Bhí ról lárnach ag Eithne i gColáiste Uladh, Cloich Chionnaola, Dún na nGall sna tríochaidí, chomh maith (Mhic Oistigín 1956). Phós sí an teangeolaí agus Ollamh le seandálaíocht, George Costigan i Londain i mí an Mhárta 1941 (Gan údar 1941, 3), bhí iníon amháin acu, Celine (1945–2015). Fuair George bás tobann san Aetóip in 1951 (Gan údar 1951, 5). I ndiaidh d’Eithne éirí as a post i gCorcaigh, d’oibrigh sí le UNESCO, agus ba rúnaí ar an gComhdháil Cheilteach í. Faoin ainm cleite Ethna Bee-Cee a scríobh sí a leabhar dírbheathaisnéise *Ethna Mary Twice* in 1989. Fuair sí bás i Ráth Maoinis, Baile Átha Cliath ar 12 Eanáir 1991. Tá bailiúchán dá leabhar i mBailiúchán Speisialta Leabharlann UCC.

#### **A saothar:**

Ethna Bee-Cee. 1989. *Ethna Mary Twice*. Vantage Press.

Mhic Oistigín, Eithne Bean; Ní Dhubhgháin, Sighle, Silvio Pellico. 1957. *Mo chuidse priosún “Le mie prigioni”*. Oifig an tSoláthair.

Mhic Oistigín, Eithne. 1956. “Sean-chuimhneacha ar Chloiche Cheann Fhaolaidh.” In *Coláiste Uladh : leabhar cuimhne iubhaile leith-chéad blian, 1906–1956* le Séamus Ó Néill agus Bernárd Ó Dubhthaigh: 49–65. Colaiste Uladh.

#### **Foinsí tagartha:**

Clarke, Frances. 2009. “Costigan, Ethna Mary Byrne.” *Dictionary of Irish Biography*. Ar fáil ag <https://www.dib.ie/biography/costigan-ethna-mary-byrne-a2088>. [Rochtain faighte: 19/08/2025].

Gan údar. 1941. “N.U.I Graduates Wed.” *Irish Press*. 06 Márta: 3.

Gan údar. 1945. “Births.” *Irish Independent*. 05 Feabhra: 1.

Gan údar. 1951. “Professor G. Costigan.” *Irish Press*. 06 Samhain: 5.

P. J. 1991. “Obituary: Professor Ethna Byrne-Costigan.” *Dublin Historical Record* 44 (1): 56–57.

### **MILLIGAN FOX, Charlotte (1864 916)**

Ba bhailitheoir ceoil, údar, agus léachtóir í Charlotte Milligan Fox, a rugadh ar [Lá le Pádraig 1864](#) san Ómaigh, Tír Eoghain. B’iníon í leis an bhfear gnó Seaton. F. Milligan agus a bhean

Charlotte Burns. Ba Phrotastúnach í a d'fhoghlaim an teanga trí mhuintir a máthar in Ómaigh. Deirfiúr í leis an úrscéalaí, scríbhneoir agus drámadóir [Alice Milligan](#) (1866–1953), agus chuir an bheirt deirfiúracha liricí Béarla le hamhráin traidisiúnta na tíre. Ba bhailitheoir ceoil í Charlotte, a bhailigh ó amhránaithe Ghaeilge ar nós [Riobard Bheldon](#) in 1917 (Briody 2007, 263) agus sna Comaraigh in 1905, agus in 1911 d'fhoilsigh sí *Annals of the Irish Harpers*. I ndiaidh tréimhse léachtóireachta sna Stáit Aontaithe, fuair Charlotte bás ar 25 Márta 1916 i Londain, áit a raibh sí ina cónaí lena fear céile, an dlíodóir Charles Fox (Ó Céirín & Ó Céirín 1996, 78/79).

**A saothar:**

Fox, Charlotte Milligan. 1911. *Annals of the Irish Harpers*. mith, Elder & co.

**Foinsí tagartha:**

Breathnach, Diarmuid agus Máire Ní Mhurchú. Gan dáta. “Alice Milligan (1866–1953).” *Ainm.ie: An Bunachar Náisiúnta Beathaisnéisí Gaeilge* [Rochtain faighte: 08 Iúil 2025].

Briody, Mícheál. 2007. *The Irish Folklore Commission 1935–1970: History, Ideology, Methodology*. Finnish Literature Society / SKS.

Ó Céirín, Kit, agus Cyril Ó Céirín. 1996. *Women of Ireland: A Biographical Dictionary*. Tír Eolas.

**MOLONEY, Helena (1883–1967)**

B'eagarthóir Helena Moloney ar an iris *Bean na hÉireann* inar scríobh sí féin faoin ainm cleite 'Emer' (Connolly 2005, 77). Rugadh i mBaile Átha Cliath í ar [15 Eanáir 1883](#), agus bhí ról lárnach aici in Inghinidhe na hÉireann agus Cumann na mBan san Éirí Amach in 1916. Ba pháirtí léi an Dr Eveleen O'Brien. Fuair sí bás i mBaile Átha Cliath ar [29 Eanáir 1967](#) agus adhlacadh i nGlas Naíon í.

**Foinsí tagartha:**

Connolly, Linda. 2005. “Comparing Ireland and Quebec: The Case of Feminism.” *The Canadian Journal of Irish Studies*. 31 (1): 76–85.

---

## N

---

### **NÍ ANLUAIN, Neillí Pheadair Dhuibh (c.1834–1909)**

B'amhránaí ó cheantar Uí Mhéith, Contae Lú, í Neillí Ní hAnluain, iníon le Peadar Dubh Ó hAnluain agus deirfiúr le Sorcha Ní Anluain (c.1830–1917) agus Eoghan Ó hAnluain. Bhí cáil ar an teaghlach ar fad a bhuí lena gcuid amhránaíochta. Rugadh i nDroim Mullaigh thart ar an mbliain 1834 í. Ba le Neillí an píosa deiridh amhránaíochta a cumadh sa cheantar, 'Pátruin Óméith' (Ó Muireadhaigh 1920, 7; McGahan 2009, 96; Trimble 2011, 445). Bhailigh Seosamh Laoide agus Séamas Ó Ceallaigh uaithi chomh maith, tá an chuid is mó den fhianaise ar fáil in *Irisleabhar na Gaedhilge* (1899–1901). Dar le hÓ Dubhda, "ba dhoiligh í a shárú in Éirinn" (1940, 13, luaite ag McGahan 2009, 96). Fuair Neillí bás ar [8 Eanáir 1909](#).

#### **A saothar:**

- Laoide, Seosamh. 1901. "Micheál Ó Ceallaigh agus an Corp." *Irisleabhar na Gaedhilge*, 11 (133): 168–170.
- . 1899. "Greann na Gaedhilge- Marbhadh an Cháit." *Irisleabhar na Gaedhilge*, 10 (110): 21–22.
- . 1901. "Sgéilín fá Phádraig na bhFeart." *Irisleabhar na Gaedhilge*, 11(128): 87.
- Ó Ceallaigh, Séamas. 1900. "Seanchas Ó Méith Mara- An Gearrán Neamhshaoghalta." *Irisleabhar na Gaedhilge*, 10 (122): 612–3.
- . 1900. "Leinster Football Songs." *Irisleabhar na Gaedhilge*, 10 (116): 521–523.
- . 1902. "Géaga Geinealaigh ar Nós Nua." *Irisleabhar na Gaedhilge*, 12 (142): 108–109.
- . 1902. "Targaire Choluim Chille." *Irisleabhar na Gaedhilge*, 12 (136): 13.
- . 1901. "Na Trí Saighdiúirí." *Irisleabhar na Gaedhilge*, 11 (134): 182–183.
- Ó Muireadhaigh, Lorcan. 1920. *Ceolta Óméith; An Chéad Chuid*. Dún Dealgan.

#### **Foinsí tagartha:**

- McGahan, Conor. 2009. "Language Obsolescence and Language Death: The Irish Language in South-East Ulster." Tráchtas PhD: Queen's University Belfast.
- Ní Uallacháin, Pádraigín. 2003. *A Hidden Ulster*. Four Courts Press.
- Ó Dubhda, Peadar. 1940. *Stair na Craoibhe Dhún Dealgan 1899–1939*. Examiner Press.
- Ó Muirgheasa, Énrí. 1915. *Chéad de Cheoltaibh Uladh*. M. H. Mac Giolla agus a Mhac.
- Trimble, Gearóid. 2023. "'Fearann Oirghiall Ghlúnmhár Ghrinn': Rediscovering the Oriel Gaelic Song Tradition." In *The Oxford Handbook of Irish Song from the Earliest Beginnings to 1850*, curtha in eagar ag Conor Caldwell, Moyra Haslett, agus Lillis Ó Laoire. Oxford University Press.
- . 2011. "Poets, Minor Poets and Poetasters in Oiriolla — A Chronological Account of the Gaelic Poetic Tradition of South-East Ulster." *Journal of the County Louth Archaeological and Historical Society* 27 (3): 436–47.

### **NÍ ANLUAIN, Sorcha (c.1830–1917)**

B'amhránaí ó Dhroim Mullaigh, Ó Méith, Contae Lú í Sorcha 'Sally Pheadair Dhuibh' Ní Anluain. B'iníon í leis an amhránaí Peadar Dubh Ó hAnluain. Bhailigh Seosamh Laoide, Lorcan Ó Muireadhaigh, agus Séamas Ó Ceallaigh amhráin uaithi agus óna deirfiúr Neillí Ní Anluain (c.1834–1909) ag casadh an fichiú haois. Tá leagan den amhrán 'Grá Mo Chroí an

Scadán' a ghlac Laoide síos uaithi ar fáil in *Sgéalaighe Óirghiall* (1905, 12). Níor phós sí riamh, agus fuair sí bás ar [24 Márta 1917](#).

#### **A saothar:**

- Laoide, Seosamh. 1901. 'Micheál Ó Ceallaigh agus an Corp'. *Irisleabhar na Gaedhilge*, 11 (133), 168–170.  
— 1905. *Sgéalaighe Óirghiall*. Dublin: Conradh na Gaedhilge.  
Ó Ceallaigh, Séamas. 1900. 'Seanchas Ó Méith Mara— An Gearrán Neamhshaoghalta'. *Irisleabhar na Gaedhilge*, 10 (122), 612–3.  
Ó Muireadhaigh, Lorcan. 1920. *Ceolta Óméith; An Chéad Chuid*. Dun Dealgan Press: Dún Dealgan.

#### **Foinsí tagartha:**

- McGahan, Conor. 2009. "Language Obsolescence and Language Death: The Irish Language in South-East Ulster." Tráchtas PhD. Queen's University Belfast.  
Ní Uallacháin, Pádraigín. 2003. *A Hidden Ulster*. Four Courts Press.  
Trimble, Gearóid. 2023. "Fearann Oirghiall Ghlúnmhár Ghrínn": Rediscovering the Oriel Gaelic Song Tradition." In *The Oxford Handbook of Irish Song from the Earliest Beginnings to 1850*, curtha in eagar ag Conor Caldwell, Moyra Haslett, agus Lillis Ó Laoire. Oxford University Press.  
— 2011. "Poets, Minor Poets and Poetasters in Oiriaila — A Chronological Account of the Gaelic Poetic Tradition of South-East Ulster." *Journal of the County Louth Archaeological and Historical Society* 27 (3): 436–47.  
— 2009. *Glór Gaeilge Oirdheisceart Uladh*. Coiscéim.

### **NÍ AODHA, Caitlín (1876–1925)**

Gníomhaí don teanga agus feachtasóir le haghaidh sairse na hÉireann taobh thall den Atlantach ab í Caitlín Ní Aodha. Rugadh Katherine Angelina Hughes in Emerald, Prince William Island, Ceanada ar 12 Samhain 1876. Ba iad John Wellington Hughes agus Annie Laurie O'Brien a tuismitheoirí agus ba de bhunadh na hÉireann an bheirt acu. Cé go raibh teastas múinteora aici, ba de dheasca a cuid scríbhneoireachta agus iriseoireachta a bhain sí a cáil amach, ag scríobh don *Catholic World* agus don *Montreal Daily Star*. Tar éis di bogadh go Londain ar chúiseanna oibre, d'fhreastail sí ar fhéile chultúrtha i gCill Áirne a d'eagraigh Conradh na Gaedhilge. Ar fhilleadh ar Londain di, d'fhoghlaim sí Gaeilge i ranganna Phádraic Uí Chonaire, ar scríobh sí an dráma *The Cherry Bird* leis in 1915. Bhí sí ar chamchuairt timpeall Ceanada agus na Stáit Aontaithe idir 1915 agus 1920, agus ba í agus Robert Lindsay Crawford a chuir tús leis an 'Self-Determination for Ireland League of Canada and Newfoundland'. Bhí a gcéad chomhdháil náisiúnta acu i nDeireadh Fómhair 1920. Ba chara dilís d'Éamonn De Valera í agus ba ar a ordú a rinne sí an-chuid den fheachtasóireacht i Meiriceá agus ansin san Astráil agus sa Nua-Shéalainn, agus a d'eagraigh sí an Irish World Race Congress i bPáras 1922. Nuair a d'fhill sí ar Mheiriceá, bhí scoilteanna móra sna pobail a d'eagraigh sí tráth, mar gheall ar an gConradh Angla-Éireannach. Ba í Caitlín a rinne an taighde don bheathaisnéis *The life and work of Sir William Van Horne* (Vaughan 1920), ach ní raibh ach nóta tagartha beag di sa réamhrá. Fuair sí bás ar 26 Aibreán 1925 i Nua Eabhrac, agus cuireadh in uaigh gan leacht

í i Reilig St. Raymond sa Bronx. Tá cur síos iomlán ar a saol ar fáil sna iontráil a scríobh Pádraig Ó Siadhail sa *Dictionary of Canadian Biography* (2005) chomh maith lena leabhar beathaisnéise fúithi (2014).

**A saothar:**

Hughes, Katherine. 1906. *Archbishop O'Brien: man and churchman*. R. L. Crain  
— 1920. *English atrocities in Ireland; a compilation of facts from court and press records*. Friends of Irish Freedom, Inc.  
Vaughan, Walter. 1920. *The life and work of Sir William Van Horne*. Century.

**Foinsí tagartha:**

Ó Siadhail, Pádraig 2014. *Katherine Hughes : A Life and a Journey : From “Canadian Imperialist” to Irish Republican Activist from Emerald, Prince Edward Island, to Ireland*. Penumbra Press.  
— 2005. “HUGHES, KATHERINE (Catherine) ANGELINA.” *Dictionary of Canadian Biography*. Ar fáil ag [https://www.biographi.ca/en/bio/hughes\\_katherine\\_angelina\\_15E.html](https://www.biographi.ca/en/bio/hughes_katherine_angelina_15E.html). [Roctain faighte: 19 Bealtaine 2025].

**NÍ BHRIAIN, Eisibéal (fl. 1718)**

Ba bhean uasal agus pátrún filíochta í Eisibéal Ní Bhriain ó Inis Díomáin, Contae an Chláir. I measc na bhfilí ar thug sí pátrúnacht dóibh bhí [Seán de hÓra](#) (c.1715–c.1780), [Aindrias Mac Cruitín](#) (c.1650–1738), [Aodh Buí Mac Cruitín](#) (c.1680–1755), a iníon Úna Nic Cruitín (fl. 1788), agus bean darbh ainm Maria Mc Guane (Uí Dhonnabháin 2014, 93). B’iníon í Eisibéal le Criostóir Ó Briain agus in 1718, phós sí Somhairle / Séarlas Mac Domhnaill i gCill Chaoi. Chum Mac Cruitín ‘A Greis Ghartha Ghleigeal’ ar an ócáid seo, agus d’iompaigh Eisibéal ar an bProtastúnachas (Ní Dhonnchadha 2022, 429). Ina dhán ‘Is géag den bhfióle Ghlormhor an Deoraí so i gCill Briocáin’, cuireann Mac Cruitín in iúl gur de shliocht Bhriain Bhoramha Eisibéal, ag rá “Brathair ceart Bhriain Bhóirmhe 'chuir Fódhla faoi smacht a dhlí” (O’Looney 1863, 41–2). Lean a hiníon, Máire Bhán Mhic Dhomhnaill a lorg ag tabhairt pátrúnachta d’fhilí an chontae.

**Foinsí tagartha:**

Mac Mahon, Michael. 2020. “The Mac Mahons of Co. Clare.” *The Other Clare* 44. Ar fáil ag [https://www.clarelibrary.ie/eolas/coclare/genealogy/don\\_tran/fam\\_his/macmahons\\_clare.htm](https://www.clarelibrary.ie/eolas/coclare/genealogy/don_tran/fam_his/macmahons_clare.htm) [Roctain faighte: 28/08/2025].  
McInerney, Luke. 2022. “‘Hail, Donn of the Sandhills!’ Aindrias Mac Cruitín’s Celebrated Poem: Background, Context, and Literal Translation.” *Eighteenth-Century Ireland* 37: 33–72.  
Nic Eoin, Máirín. 1998. *B’ait Leo Bean : Gnéithe Den Idé-Eolaíocht Inscne i dTraidisiún Liteartha Na Gaeilge*. An Clóchomhar Tta.  
Ní Dhonnchadha, Máirín. 2002. “Courts and Coteries II: c. 1500–1800.” In *The Field Day Anthology of Irish Writing, Volume IV: Irish Women’s Writings and Traditions*, curtha in eagar ag Angela Bourke, Siobhán Kilfeather, Maria Luddy, Margaret MacCurtain, Gerardine Meaney, Máirín Ní Dhonnchadha, Mary O’Dowd, agus Clair Wills: 358–458. Cork University Press.  
O’Looney, Brian. 1863. *A collection of poems written on different occasions by the Clare bards in honor of the MacDonnells of Kilkee and Killone, in the County of Clare*. O’Daly.

Uí Dhonnabhain, Miriam. 2014. "Patrons, Poets, Scribes and Singers—Some Examples of Participation by Women in the Later Gaelic Literary Tradition." *Australasian Journal of Irish Studies* 14: 91–110.

### **NIC AMHLAIDH, Sorcha ‘Sally’ (c. 1849–1918)**

Ba as Leacht Briogaide, sa Mhullach Bán, Contae Ard Mhacha, do Shorcha Nic Amhlaidh Uí Dhuinn / Sarah ‘Sally’ Humphries. Is minic a chuirtear ina leith gur í an cainteoir deiridh Gaeilge in Lios Liath sna Feá (Ó Muirgheasa 1934). D’fhreastail Sorcha ar scoil in Maphoner sa Mhullach Bán (Ó Duibhín 2011; Ní Uallacháin 2003, 394). B’amhránaí agus scéalaí í a bhuaigh duaiseanna i bhFeiseanna san Iúr agus in Ó Méith (Ó Baoill 1977, 147; Ó Muirgheasa 1934). Bailíodh neart amhrán cráifeach uaithi mar aon le leagan de ‘Amhrán Na Craoibhe’ (Ní Uallacháin 2003, 394–7). Phós sí Thomas Humphreys in 1863 agus bhí seisear clainne acu. Bhí cónaí uirthi i gCeathrún an Dochtúra nuair a fuair sí bás ar [21 Feabhra 1918](#).

#### **A saothar:**

Ó Maolagáin, Séamus. 1928. "Coinnle Feaghda." *An tUltach* 5 (3): 8.

—. 1930. "Gaedhilig Chonndae Árdmhacha." *An tUltach* 7 (2): 2.

#### **Foinsí tagartha:**

Bradley, John. 2012. "The Donn Byrne Story." *Seanchas Ardmhacha: Journal of the Armagh Diocesan Historical Society*, 24 (1): 183–239.

Dunbar, Ciarán. 2012. *Cnuasach Focal as Oirialla: Focail agus Cora Cainte ó Ghaeilge Labhartha Oirialla na 20ú haoise*. Coiscéim.

Ní Uallacháin, Pádraigín. 2003. *A Hidden Ulster*. Four Courts Press.

Ó Baoill, Colm. 1977. *Amhráin Chúige Uladh: Muireadhach Méith a Chuir in Eagar*. Gilbert Dalton.

Ó Duibhín, Ciarán. 2011. "Native Irish Speakers of South Armagh." *Seanchas Ardmhacha: Journal of the Armagh Diocesan Historical Society*, 23 (2): 179–83.

—. 2024. "Cainteoirí Dúthchais agus Foinsí Béaloideas Gaedhilge as Oirthear Uladh." Ar fáil ag <https://www3.smo.uhi.ac.uk/oduibhin/cainteoir/oirghialla.txt> [Rochtain faighte: 15/08/2025].

Ó Muirgheasa, Énrí. 1934. *Dhá Chéad de Cheoltaibh Uladh*. Oifig Díolta Foilseacháin Rialtais.

### **NIC A’ GHOILL, Róise (c.1863–1941)**

Ba scéalaí agus amhránaí ó Áighe, Ard an Rátha, Dún na nGall í Róise Nic a’ Ghoill. Sna 1930idí bhailigh Pádraig Mac a’ Ghoill agus Seán Ó hEochaidh uaithi agus óna deirfiúr, Máire Nic Giolla Dé. Mar a d’inis Mac a’ Ghoill faoin mbeirt, “Nuair a bhíos duine aca ag aithris amhráin ná laoidh’ bíonn a’ bhean eile, i gclúid duithe fhéin, á ráidht os íseal le h-eagla go bhfágfaidhe lúb ar bith ar lár” (1938, 110). Tá cuid den bhailiúchán seo ar fáil ar shuíomh [Duchas.ie](#) (CBÉ 114; 310; 354). D’fhoilsigh Mac an Ghoill cuid dá chnuasach in *Béaloideas* 8.1 chomh maith (1938, 106–10). Scríobh Ó hEochaidh ina dhialann ar 19 Samhain 1936 gur seanchaí i bhfad níos fearr í Róise “de bhrígh go rabh na fiacla uilig cailte ag Máire agus bhí sí an-doiligh a thuighbhéil eadar amannaí” (1935, 269–70). D’éag Róise ar [6 Feabhra 1941](#).

**A saothar:**

- Mac A' Ghoill, Pádraig. 1938. "Dornán Sgéal ó Tír Ćonaill." *Béaloideas* 8 (1): 106–10.  
Nic a' Ghoill, Róise. 1935. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Pádraig Mac a' Ghoill. Imleabhar 114.  
—. 1937. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Seán Ó hEochaidh. Imleabhar 310.  
—. 1937. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Seán Ó hEochaidh. Imleabhar 365.

**Foinsí tagartha:**

- Ó hEochaidh, Seán. 1936. Príomhbhailiúchán CBÉ. Imleabhar 421.  
Ó Laoire, Lillis. 2017. "“Tá cuid de na mná blasta/Some Women Are Sweet Talkers”: Representations of Women in Seán Ó hEochaidh’s Field Diaries for the Irish Folklore Commission.” *Estudios Irlandeses: Journal of Irish Studies* 12 (2): 122–138

**NIC AN LIAGHA, Áine (1879–1965)**

Ba bhailitheoir béaloideas páirt-aimseartha í Áine Nic an Liagha sa Cheathrú Ceannainn, An Fál Carrach, Co. Dhún na nGall (Briody 2007, 536; Dunne 2023, 61). Tá thart ar céad píosa ar bhailigh sí ar fáil ar [Duchas.ie](http://Duchas.ie) (CBÉ 409; 435; 487). Léiríonn a cumarsáid le Seán Ó Súilleabháin, go raibh eisean ag iarraidh uirthi dul i mbun bailithe agus níos mó sheanchais faoin háit a fháil don Choimisiún (CBÉ 409 (1), 1; 435, 001). An t-aon Anne McLean a rugadh i gceantar clarúcháin Dhún Fionnachaidh, ná iníon le Pádraig agus a bhean Anne *née* McGonagle, a rugadh ar [3 Iúil 1879](#). Níor phós sí riamh agus fuair sí bás ar [16 Meitheamh 1965](#).

**A saothar:**

- . 1936. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Áine Nic an Liagha. Imleabhar 0409.  
—. 1936. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Áine Nic an Liagha. Imleabhar 0435.  
—. 1936. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Áine Nic an Liagha. Imleabhar 0487.

**Foinsí tagartha:**

- Briody, Mícheál. 2007. *The Irish Folklore Commission 1935–1970: History, Ideology, Methodology*. Finnish Literature Society / SKS.  
Dunne, Michelle. 2023. "Saintréithe de Thraidisiún Béil Na mBan Agus Léiriú Na mBan i gCnuasach Sheáin Mhic Mhathúna." Tráchtas PhD. Dublin City University.

**NIC CÁRTHAIGH, Máire (?–1720)**

Sa dán dar tús ‘Mairg do chuala marbh a tuairisc’ (Breathnach 1999 103), marbhchaoineadh ar Mháire Iníon Chormaic Spáinnigh Mhic Chárthaigh, molann an file [Uilliam Mac Cairteáin an Dúna](#) (c.1668–1724) flaithiúlacht an phatrúin:

Grian na gcúigí ba fial fionnghníomh  
ag riar ar prionsaíbh tíre,  
Eiteallach tórsa an gheilechnis mhómhar  
do bheireadh le fórsa caoinbhreath;  
Ard do labhraid fáidhe i bhfoghlaime

ar a cáil, a modhaileacht scríofa,  
Ní nár náireach choíche do Mháire  
mhíonla mhánla an aoilchnis.

Ba ó Charraig na bhFear muintir Chormaic Spáinneach, agus luaitear Máire i ndánta le [Seán na Ráithíneach Ó Murchadha](#) (1700–1762), agus in *An Leabhar Muimhneach* le hEoghan Ó Caoimh ó 1703 (LS Uí Mhurchú 62; luaite ag Uí Dhonnabháin 2014, 101).

**Foinsí tagartha:**

Breatnach, Pádraig A. 1999. “Togha na hÉigse 1700–1800.” *Éigse* 31: 103.

Coláiste na hOllscoile Corcaigh. Lámhscríbhinn Uí Mhurchú 62.

Uí Dhonnabhain, Miriam. 2014. “Patrons, Poets, Scribes and Singers-Some Examples of Participation by Women in the Later Gaelic Literary Tradition.” *Australasian Journal of Irish Studies* 14: 91–110.

**NIC CON ULADH, Eibhlís (1895–1918)**

Fothimire Thír Eoghain Chonradh na Gaeilge ab í Eibhlís Nic Con Uladh as an gCaisleán Glas, Seisceann Siúil, Contae Thír Eoghain. Rugadh ar [1 Deireadh Fómhair 1895](#) í agus b’iníon í le Frances McCullagh agus a bhean Bridget *née* McMannis as Fear Manach. Bhí ceathrar deirfúiracha ag Eilís: Mary, Kate Maggie agus Agnes, agus rugadh iad uilig i Meiriceá. Ceapadh mar fhothimire í ag Ard-Fheis an Chonradh in 1916 (Ó Súilleabháin 1990, 89). Ba ise agus Caitlín Nic Thoirbheird “na chéad mhná a thug Conradh na Gaedhilge isteach mar thimiri” (Ó Cearúil 1995, 72). Phós Eibhlís an timire [Peadar Ó Donnghaile](#) (1877–1949) ar [09 Iúil 1918](#) in Ómaigh. Fuair sí bás de dheasca an fhliú mhóir [i mí Dheireadh Fómhair](#) na bliana chéanna i gCamsán, Ómaigh, agus í 21 bliana d’aois.

**Foinsí tagartha:**

Ó Cearúil, Colm. 1995. *Aspail Ar Son Na Gaeilge : Timiri Chonradh Na Gaeilge 1899–1923*. Conradh na Gaeilge.

Ó Súilleabháin, Donnchadh. 1990. *Na Timiri i Ré Tosaigh an Chonartha 1893–1927*. Conradh na Gaeilge.

**NIC CUARTA, Peig (?–c.1860)**

File as Ó Méith, Contae Lú ab ea Peig Nic Cuarta (Ó Fiaich 2003, 117; Ní Uallacháin 2003, 147–9; Nic Eoin 1998, 284; Ó hÓgáin 1982, 128). Mhaígh sí in amhrán dá cuid gur de shliocht [Shéamais Daill Mhic Cuarta](#) (c.1650–1733) í (MacCuarta agus Ua Muireadhaigh 1925, 24):

Is de threibh an Daill Mhic Chuarta mé.  
A raibh an suáilceas ariamh ina ndram,  
Mar rith a fhuil ina gcuislibh  
Agus ba dual dóbhtu bheith ag teannadh rann

I measc amhrán eile a chum sí bhí ‘An Cat’ a bhailigh an tAthair Ua Muireadhaigh ón amhránaí Sally Hanlon (1920, 9; Trimble 2011a, 444; 2011b, 8). Deir Ó Muireadhaigh gur foilsíodh cuid

dá hamhráin sna himleabhair luaithe d'*Irisleabhar na Gaedhilge*, “A long piece entitled ‘Mairgneadh an Chait’ is probably the best of them” (1925, 24). Ba mhná caointe cheantar Uí Mhéith sliocht bhaineann Mhic Cuarta, agus Peig an duine deiridh dóibh (Henigan 2012, 85; Ní Uallacháin 2003, 337–43). Deirtear go bhfuair sí bás thart ar an mbliain 1860 (Ua Muireadhaigh 1925, 23).

**A saothar:**

MacCuarta, Seumas agus Lorcán Ua Muireadhaigh. 1925. *Amhrain Sheumais Mhic Chuarta (an Cheud Chuid)*. Preas Dhun Dealgan.  
Ua Muireadhaigh, Lorcán. 1920. *Ceolta Óméith : an cead chuid*. Dún Dealgan.

**Foinsí tagartha:**

Henigan, Julie. 2012. *Literacy and orality in eighteenth-century Irish song*. Pickering & Chatto.  
Nic Eoin, Máirín. 1998. *B'ait Leo Bean : Gnéithe Den Idé-Eolaíocht Inscne i dTraidisiún Liteartha Na Gaeilge*. An Clóchomhar Tta.  
Ní Uallacháin, Pádraigín. 2003. *A Hidden Ulster*. Four Courts Press.  
Ó Fiaich, Tomás. 2003. “The Ulster Poetic Tradition in the 19th Century.” *Seanchas Ardmhacha: Journal of the Armagh Diocesan Historical Society* 19 (2): 164–79.  
Ó hÓgáin, Dáithí. 1982. *An file : Staidéar ar Osnádúrhacht na Filíochta sa Traidisiún Gaelach*. Oifig An tSoláthair.  
Trimble, Gearóid. 2011a. “Poets, Minor Poets and Poetasters in Oiriaila — A Chronological Account of the Gaelic Poetic Tradition of South-East Ulster.” *Journal of the County Louth Archaeological and Historical Society* 27 (3): 436–47.  
—. 2011b. “Filí, Mionfhilí Agus Rannairí in Oiriaila.” In *Féilscribhinn Anraí Mhic Giolla Chomhaill* curtha in eagar ag Réamonn Ó Muireadhaigh. Baile Átha Cliath:

**NIC CUARTA, Sorcha (fl. 1820)**

Ba í Sorcha Nic Cuarta a chum *Caoineadh na Cairlinne* dar tús “Mhéadaigh an stoirm go mór agus an fhearhainn” ar thubaiste fharraige ar Loch Cairlinn ag tús an naoú haois déag (Trimble 2011, 444). Mhaígh Sorcha, cosúil le Peig Nic Cuarta (?–c.1860), go raibh sí de shliocht [Shéamais Dail Mhic Cuarta](#) (c.1650–1733). Tá leagan den chaoineadh a bhailigh Tomás Mac Cuileannáin ó Áine Ní Lorcáin (Ní Mhuireagáin) ar fáil sa *Dundalk Democrat* (1913, 9; Trimble 2009, 56; Trimble 2011, 444).

**A saothar:**

Mac Cuileannáin, Tomás. 1913. “Tuireamh.” *Dundalk Democrat*. 20 Lúnasa: 9.  
Trimble, Gearóid. 2009. *Glór Gaeilge Oirdheisceart Uladh*. Coiscéim.

**Foinsí tagartha:**

Trimble, Gearóid. 2011. “Poets, Minor Poets and Poetasters in Oiriaila — A Chronological Account of the Gaelic Poetic Tradition of South-East Ulster.” *Journal of the County Louth Archaeological and Historical Society* 27 (3): 436–47.

## NIC CRUITÍN, Úna (fl. 1788)

Ba í Úna Nic Cruitín an file a chum an dán dar tús “A bhuime den bhród mhódha ba rathamhail réim” (Má Nuad LS C 15, 132) dá pátrún, Eisibéal Ní Bhriain ó Inis Díomain, in 1788 (Breathnach 1995, 135; Nic Eoin 1998, 266). Is i lámh an scríobhaí Maoilsheachlainn Ó Comhraí atá an lámhscríbhinn seo, agus ann atá 3 dán lena hathair d’Eisibéal chomh maith (Uí Dhonnabháin 2014, 92). Iníon í Úna leis an bhfile [Aodh Buí Mac Cruitín](#) (c.1680–1755) as Cill Mhic Creiche, Contae an Chláir. Bhí ar a laghad deirfiúr amháin aici (Má Nuad LS R 69) agus is léi a bhí Úna ina cónaí i gCill Bhaodáin in 1761 nuair a bhailigh an ginealeolaí Thomas O’Gorman ginealach a dteaghlach uathu (LNÉ LS Inchiquin 2048; Lewis 1937, 195; Mac Mahon 2018, 5).

### A saothar:

Má Nuad LS C 15, 132.

### Foinsí tagartha:

Breathnach, Pádraig A. 1995. *Togha na hÉigse 1700–1800*. NUI.

Lewis, Samuel. 1837. *A Topographical Dictionary of Ireland: Comprising the Several Counties, Cities, Boroughs, Corporate, Market, and Post Towns, Parishes, and Villages, with Historical and Statistical Descriptions, Embellished with Engravings of the Arms of the Cities, Bishoprics, Corporate Towns, and Boroughs; and of the Seals of the Several Municipal Corporations. With an Appendix, Describing the Electoral Boundaries of the Several Boroughs, as Defined by the Act of the 2d & 3d of William IV*. S. Lewis.

Leabharlann Náisiúnta na hÉireann LS Inchiquin 2048.

Má Nuad LS R 69.

Mac Mahon, Michael. 2018. “Clare’s Gaelic Bardic Tradition.” *The Other Clare* 42: 5.

Nic Eoin, Máirín. 1998. *B’ait Leo Bean: Gnéithe Den Idé-Eolaíocht Inscne i dTraidisiún Liteartha Na Gaeilge*. An Clóchomhar Tta.

Uí Dhonnabháin, Miriam. 2014. “Patrons, Poets, Scribes and Singers—Some Examples of Participation by Women in the Later Gaelic Literary Tradition.” *Australasian Journal of Irish Studies* 14: 91–110.

## NIC DHOMHNAILL, Fionnghuala ‘Inghean Dubh’ (?–c.1611)

Iníon le Séamus Mac Domhnaill agus Agnes Campbell, uaisle Alban, ba bhean uasal í Fionnghuala / Fiona Nic Dhomhnaill a raibh cáil uirthi mar ‘An Inghean Dubh’ (McManus 2015, 150). Bhí sí pósta ar Aodh Dubh mac Maghnusa Uí Dhomhnaill ó Thír Chonaill, mic léi Aodh Rua Ó Domhnaill agus Cathbharr Ó Domhnaill, agus iníon léi Nuala Ní Dhomhnaill. Bhain sí úsáid as a scileanna idirbheartaíochta agus as a naisc le huaisle na hAlban ar mhaithe lena páistí (Murphy 1895, 71–3), mar a mhíníonn Mac Donald, “She is regarded as the most prominent female figure in the history of late sixteenth-century Ulster, and her prime aim was to secure the chieftaincy of the country for Hugh Ruadh” (1994, 54). Sa bhliain 1608, scríobh sí litir chuig Easpag Dhoire, George Montgomery ag cur i leith Niall Garbh Ó Domhnaill, cliamhain léi, gur spreag Niall, Cathaoir Ruadh Ó Dochartaigh chun éirí amach. Ba de dheasca

na litreach seo go cuireadh Niall Garbh go Túr Londen (Ó Domhnaill 1942). Dealraíonn sé gur phatrún agus bean fhlaithiúil í, mar atá le feiceáil ón dán ‘Cion suighe ag Éirinn ar Aodh’ le Maol Sheachlainn Óg Ó hEódhasa (LNÉ LSG167, 144 ar fáil in McManus agus Ó Raghallaigh 2010, 472):

An Inghéan Dubh, dreach shoiléir,  
beith dhí do mhéin a maicne  
do-ní do chléir cumairci...<sup>215</sup>

**Foinsí tagartha:**

- Garl, Olivia N. 2021. ““The Scum Of Both Nations”: A Gaelic Perception Of Gender And Communities During The Conquest Of Ulster”. Master of Arts Thesis: Colorado State University.
- Great Britain. Public Record Office. 1860. *Calendar of the state papers relating to Ireland ... preserved in the Public Record Office 1606–8*. H.M. Stationery Office, 586–7.
- Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Lamhscríbhinn G167, 144.
- MacDonald, Fiona Anne. 1994. “Ireland and Scotland: historical perspectives on the Gaelic dimension 1560–1760.” PhD thesis: Uni Glasgow.
- McManus, Damian. 2015. “Celebrating the Female in Classical Irish Poetry: The Wife.” *Ériu* 65: 137–68.
- McManus, Damian agus Eoghan Ó Raghallaigh. 2010. *A Bardic miscellany: five hundred Bardic poems from manuscripts in Irish and British libraries*. Trinity College.
- Murphy, Denis. 1895. *Beatha Aodha Ruaidh Uí Dhomhnaill: The Life of Hugh Roe O’Donnell (1586–1602)*. Fallon and Co.
- Ó Domhnaill, Seán. 1942. “Sir Niall Garbh O’Donnell and the Rebellion of Sir Cahir O’Doherty.” *Irish Historical Studies* 3 (9): 34–38.
- O’Dowd, Mary. 2002. “The Political Writings and Public voices of Women, c. 1500–1850.” In *The Field Day Anthology of Irish Writing, Volume V: Irish Women’s Writings and Traditions*, curtha on eagar ag Angela Bourke, Siobhán Kilfeather, Maria Luddy, Margaret Mac Curtain, Gerardine Meaney, Máirín Ní Dhonnchadha, Mary O’Dowd, Clair Wills: 6–68. Cork University Press.

**NIC DHOMHNAILL, Máire Bhán (?–1776)**

B’iníon í Máire Bhán Nic Dhomhnaill leis an bpátrún filíochta, Eisibéal Ní Bhriain, agus ba phátrún filíochta Máire chomh maith le haghaidh fhormhór filí an Chláir ina haimsir (McMahon 2020), ar nós [Seán de hÓra](#) (c.1715–c.1780) agus [Séamas Mac Consaidín](#) (?–c.1799). Nuair a phós sí Muircheartach Mac Mathghamhna lean de hÓra go Cluain Fhíne iad (Ní Dhea 2008). Fuair Máire Bhán bás in 1776 (O’Rahily 1917; McMahon 2020; Ó Rocháin 1975). Mhair scéalta faoina flaithiúlacht i mbéaloideas an Chláir sa naoú haois déag (O’Connell 1892) agus san fhichiú haois (CBÉS 0633, 348).

**Foinsí tagartha:**

- Gan fhaisnéiseoir luaite. 1938–9. “Seaghan De h-Orda.” Bailiúchán na Scol CBÉ. Gan bhailitheoir luaite. Imleabhar 0633, 348.
- Mac Mahon, Michael. 2020. “The Mac Mahons of Co. Clare.” *The Other Clare* 44 Ar fáil ag [https://www.clarelibrary.ie/eolas/coclare/genealogy/don\\_tran/fam\\_his/macmahons\\_clare.htm](https://www.clarelibrary.ie/eolas/coclare/genealogy/don_tran/fam_his/macmahons_clare.htm) [Rochtain faighte: 28/08/2025].

---

<sup>215</sup> An Iníon Dubh álainn, toisc go leanann sí lorg a sinsir, cinntíonn sí caomhnú na bhfilí (aistrithe ag Orlaith Hickey).

- McInerney, Luke. 2022. “‘Hail, Donn of the Sandhills!’ Aindrias Mac Cruitín’s Celebrated Poem: Background, Context, and Literal Translation.” *Eighteenth-Century Ireland* 37: 33–72.
- Nic Eoin, Máirín. 1998. *B’ait Leo Bean : Gnéithe Den Idé-Eolaíocht Inscne i dTraidisiún Liteartha Na Gaeilge*. An Clóchomhar Tta.
- Ní Dhea, Eilís. 2008. “Scríobhaithe Lámhscríbhinní Gaeilge i gContae an Chláir 1700–1900.” In *Clare: History and Society*, cutha in eagar ag Matthew Lynch agus Patrick Nugent. Geography Publications.
- Ní Dhonnchadha, Máirín. 2002. “Courts and Coteries II: c. 1500–1800.” In *The Field Day Anthology of Irish Writing, Volume IV: Irish Women’s Writings and Traditions*, curtha in eagar ag Angela Bourke, Siobhán Kilfeather, Maria Luddy, Margaret MacCurtain, Gerardine Meaney, Máirín Ní Dhonnchadha, Mary O’Dowd, agus Clair Wills, 358–458. Cork University Press.
- O’Connell, Mrs. Morgan John. 1892. *The last colonel of the Irish Brigade* Imleabhar 1. Kegan Paul, Trench, Trubner & co.
- O’Looney, Brian. 1863. *A collection of poems written on different occasions by the Clare bards in honor of the MacDonnells of Kilkee and Killone, in the County of Clare*. O’Daly.
- O’Rahilly, Thomas F. 1917. “Notes on the Poets of Clare.” *An Claidheamh Soluis*, Mí Iúil.
- Ó Rocháin, Muiris. 1975. “The Hidden Ireland of West Clare.” *Dal gCais* 1: 37.
- Uí Dhonnabhain, Miriam. 2014. “Patrons, Poets, Scribes and Singers—Some Examples of Participation by Women in the Later Gaelic Literary Tradition.” *Australasian Journal of Irish Studies* 14: 91–110.

### NIC GIOLLA DÉ, Máire (c.1861–1944)

Rugadh an t-amhránaí Máire Nic a’ Ghoill in Áighe, Dún na nGall thart ar an mbliain 1861. Ba dheirfiúr í leis an amhránaí Róise Nic a’ Ghoill agus ba mhinic a bailíodh amhráin agus seanchas ón mbeirt acu le chéile. Amhránaithe eisceachtúla a bhí iontu toisc gur thaithin an t-eideafón “as miosúr leóbhtha”, dar leis an mbailitheoir Seán Ó hEochaidh (CBÉ 421, 270). Tá ar bhailigh Ó hEochaidh uaithi ar fáil i bPríomhbhailiúchán CBÉ, agus d’fhoilsigh an bailitheoir Pádraig Mac a’ Ghioll cuid dá scéalta in *Béaloideas* (1938, 106–110). Phós Máire baintreach fir, Pádraig Mac a’ Ghoill (athair an bhailitheora), in [1898](#), agus d’éag sí ar [4 Aibreán 1944](#).

#### A saothar:

- Mac A’ Goill, Pádraig. 1938. ‘Dornán Sgéal ó Tír Æonaill’. *Béaloideas* 8 (1), 106–10.
- Nic a’ Ghoill, Máire. 1935. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Seán Ó hEochaidh. Imleabhar 310.
- . 1937. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Seán Ó hEochaidh. Imleabhar 365.

#### Foinsí tagartha:

- Ó hEochaidh, Seán. 1936. Príomhbhailiúchán CBÉ. Imleabhar 421.
- Ó Laoire, Lillis. 2017. “‘Tá cuid de na mná blasta/Some Women Are Sweet Talkers’: Representations of Women in Seán Ó hEochaidh’s Field Diaries for the Irish Folklore Commission.” *Estudios Irlandeses: Journal of Irish Studies* 12 (2): 122–138.

### NÍ CHALBHAIÐH, Elinora (fl. 1728–9)

Sna blianta 1728 agus 1729, bhailigh an scríobhaí [Cathal Ó Conchubhair](#) (1710–1791) as Béal Átha na gCarr i Ros Comáin rannta ó bhean darbh ainm “Elinora, inghean an Chalbhaidh”. Is iad túslínte na rannta sin “Deire in mhuir na broid na fíorghair mhóir” agus “Níl teas ansa

ngrein ta an aer na caoir theinead”. Tá siad ar fáil in Acadamh Ríoga na hÉireann sa lámhscríbhinn C i 1 (lch 106; luaite ag Nic Eoin 1998, 258).

**A saothar:**

ARÉ LS C i 1, 106.

**Foinsí tagartha:**

Nic Eoin, Máirín. 1998. *B’ait Leo Bean : Gnéithe Den Idé-Eolaíocht Inscne i dTraidisiún Liteartha Na Gaeilge*. An Clóchomhar Tta.

**NÍ CHADHLAIGH, Anna (c.1800–1874)**

Ba í Anna nó Neans Ní Chadhla a chum “Mo chreach géar fada ‘s mo dheacair”, marbhchaoineadh ar an tAthair Seán Ó Maonaigh i gCill Rosanta, Phort Láirge in 1819. De réir sheanchas na háite ba í cailín aimsire an tsagairt í agus ní raibh sí ach 9 bliana déag d’aois ag an am. Fuair sí bás i mBaile Duibh in 1874 (Ó Buachalla 2000, 200; Ó Macháin 2011, 165; Ó Duirinne 1899, 3; Nic an Airchinnigh 2012, 165; De Noraidh 1965, 25; gan údar 1999, 23; Cnoc Mheilearaí LS 8, 77; Ó Faoláin 1924–5; 9–11).

**A saothar:**

Cnoc Mheilearaí LS 8, 12.

de Noraidh, Liam. 1965. *Ceol ón Mumhain*. An Clóchomhar Tta.

Ó Buachalla, Breándán. 2000. “Marbhchaoine an Athar Seán Ó Maonaigh.” In *Saoi na héigse: aistí in ómós do Sheán Ó Tuama* curtha in eagar ag Seán Ó Coileáin, Breándán Ó Conchúir, agus Pádraigín Riggs: 197–208. An Clóchomhar.

**Foinsí tagartha:**

Nic An Airchinnigh, Méadhbh. 2012. “Caointeoireacht na Gaeilge: Béalaireacht agus Litearthacht.” Tráchtas PhD. Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Nic Eoin, Máirín. 1998. *B’ait Leo Bean : Gnéithe Den Idé-Eolaíocht Inscne i dTraidisiún Liteartha Na Gaeilge*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta.

Ó Buachalla, Breándán. 2000. “Marbhchaoine an Athar Seán Ó Maonaigh.” In *Saoi na hÉigse: aistí in ómós do Sheán Ó Tuama*, curtha in eagar ag Pádraigín Riggs et al: 197–208. An Clóchomhar Tta.

Ó Duirinne, Séamus. 1899. “Caoineadh.” *An Claidheamh Soluis*. 7 Deireadh Fómhair: 3.

Ó Macháin, Pádraig. 2011. “Fr Patrick Meany and the Dr Keating Society, 1860–1865.” *Studia Hibernica* 37: 163–94

—. 1991. *Catalogue of Irish manuscripts in Mount Melleray Abbey Co. Waterford*. Dublin Institute for Advanced Studies, School of Celtic Studies.

O’Toole, Tina, Gearóidín Nic Carthaigh, Síle Ní Chochláin, Patricia Coughlan, agus Éibhear Walshe. 2005. *Dictionary of Munster Women Writers, 1800 to 2000 = Scríbhneoirí Ban Na Mumhan, 1800–2000*. Cork University Press.

Gan údar. 1998. “Caoineadh ar an Athair Seán Ó Maonaigh.” *Cuisle: Irish don Aois nua* 10. Iúil / Lúnasa: 24.

**NÍ CHADHLAIGH, Máiréad (fl. 1836–49)**

Ba ó Bhaile an Chinsealaigh, Port Láirge don scríobhaí Maighréad Ní Chadhlaigh. Ba léi an t-aon saothar le bean atá i mbailiúchán Leabharlanna na Cléire (Nic Eoin 1998, 257; Ní Shíocháin 2017, 62; Wolf 2023, 73). Is i gColáiste Eoin, Port Láirge atá an lámhscríbhinn CE

32 a scríobh sí idir 1836 agus 1849. Lámhscríbhinn le hábhar measctha atá ann uaithi le laoihe Fiannaíochta, scéalta Fiannaíochta, aibítir na Gaeilge, leagan de ‘Cúirt an Mheadhon Oidhche’, agus leagan de ‘Mo thruaigh mar atá Éire’ le Seathrún Céitinn uaithi, mar shampla (Ó Fiannachta 1978, 42–5; Ní Mhurchú 2012, 142). Chuaigh sí ar imirce go dtí Meiriceá i lár an naoú haois déag (Nic Eoin 1998, 257).

**A saothar:**

Coláiste Eoin LS 32

**Foinsí tagartha:**

- Nic Eoin, Máirín. 1998. *B’ait Leo Bean : Gnéithe Den Idé-Eolaíocht Inscne i dTraidisiún Liteartha Na Gaeilge*. An Clóchomhar Tta.
- Ní Mhurchú, Máire Síle. 2012. “Agallamh Oisín agus Phádraig: Téacs agus Tráchtairacht”. Tráchtas PhD. Ollscoil na hÉireann Gaillimh.
- Ní Shíocháin, Tríona. 2017. *Singing Ideas : Performance, Politics, and Oral Poetry*. Berghahn Books.
- Ó Fiannachta, Pádraig. 1978. *Clár Lámhscríbhinní Gaeilge. Leabharlanna na Cléire agus Mionchnuasaigh*. Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath.
- Wolf, Nicholas M. 2023. “Gender and The Irish Language in Post-Famine Ireland.” In *Gender and History : Ireland, 1852–1922* curtha in eagar ag Ciara Breathnach, Jyoti Atwal, agus Sarah-Anne Buckley: 62–74. Taylor & Francis.

**NÍ CHASLAIGH, Brighid (1860–1937)**

B’amhránaí agus scéalaí í Brighid Ní Chaslaigh, “Brighid na gCeoltaí” (Ní Uallacháin 2003, 405) a rugadh i mBéal Feirste in 1860, iníon le Owen McCarthy as Ó Méith, Contae Lú agus a bhean Alice *née* Mone ón gCéide, Ard Mhacha. D’fhás Brighid aníos in Ó Méith, agus ar [Aibreán 1893](#) phós sí an feirmeoir Peter Cassely agus bhí beirt chlainne acu, Mary in 1900, agus Owen in 1902. Ba í Brighid duine de phríomhfhaisnéiseoirí Uí Mhuireadhaigh le haghaidh *Ceoltaí ÓMéith* (1920) agus *Amhráin Chuige Uladh* (1977). Tá cuid de na scéalta agus amhráin a bailíodh uaithi ar fáil in irisí *An tUltach*, *Béaloideas*, agus *Fáinne an Lae*. Fuair sí bás ar Lá le Bríde 1937 (Ó Dubhda 1937, 12). Tá beathaisnéis chuimsitheach uirthi a scríobh Ciarán Ó Duibhín ar fáil ar shuíomh ‘Uirnéisí Gaedhilge’ (2025).

**A saothar:**

- Ó Muireadhaigh, Lorcan. 1920. *Ceolta Óméith; An Chéad Chuid*. Dún Dealgan.
- . 1977. *Amhráin chuige Uladh Atheagran Le Colm Ó Baoill*. G. Dalton.
- . 1924. “An Bum-Bhacach.” *An tUltach* 1 (8): 1.
- . 1925. “Aodaidh Mhac Eachmharaigh agus an torramh.” *An tUltach* 2 (7): 3.
- . 1925. “An bhean tostach.” *An tUltach* 2 (7): 3.
- . 1926. “Rí-chat na mbróg.” *An tUltach* 3 (3): 6–7.
- . 1928. “An dá mháirt.” *An tUltach* 5 (8): 6.
- . 1926. “Cúiteamh!” *An tUltach* 3 (7): 6.
- . 1928. “I dTír na hÓige: Gadaidhe a’ Shluaghanach.” *An tUltach* 5 (2): 7.
- . 1924. “Nighean an fhathaigh mhóir.” *Béaloideas* 1 (3): 270–3.
- . 1924. “Séumas an tAmadán.” *An tUltach* 1 (3): 6.
- . 1924. “An cionn gamhna.” *An tUltach* 1 (5): 6.

**Foinsí tagartha:**

Ó Dubhdha, Peadar. “Seanchaidhe Breágha.” *Irish Independent* 03 Márta: 12.  
Ó Duibhín, Ciarán. 2025. “Brighid Ní Chaslaigh (1860–1937) of Drumulagh, Omeath.” Ar fáil ag [https://www3.smo.uhi.ac.uk/oduibhin/doegen/nichaslaigh\\_biog.htm](https://www3.smo.uhi.ac.uk/oduibhin/doegen/nichaslaigh_biog.htm) [Rochtain faighte: 18/08/2025].  
Ní Uallacháin, Pádraigín. 2003. *A Hidden Ulster*. Four Courts Press.

### **NÍ CHEADAGÁIN, Máire (c. 1863–1956)**

B’amhránaí agus scéalaí í ‘Moll na nAmhrán’ nó Máire, Mailí Ní Cheadagáin ó Lios Ó Móine ar Oileáin Chléire, a rugadh thart ar 1863 í (O’Toole et. al 2005, 175). Bhailigh Seán Ó Conaill agus Donnchadh Ó Floinn ábhar uaithi, go háirithe caointe agus marbhnaí atá le feiceáil in *Céad Fáilte go Cléire* (Gunn 1990) agus *Béaloideas* 6 (1941). Fuair sí bás ar [21 Meán Fómhair 1956](#).

#### **A saothar:**

Gunn, Marion. 1990. *Céad Fáilte go Cléire*. An Clochomhar Tta.  
Ní Chéadagáin, Máire. 1935. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Seán Ó Conaill. Imleabhar 174 (2): 520–602.  
Ó Floinn, Donnchadh. 1941. “Béaloideas ó Chléire II.” *Béaloideas*, 11(1/2): 3–77.

#### **Foinsí tagartha:**

O’Toole, Tina, Gearóidín Nic Carthaigh, Síle Ní Chochláin, Patricia Coughlan, agus Éibhear Walshe. 2005. *Dictionary of Munster Women Writers, 1800 to 2000 = Scríbhneoirí Ban Na Mumhan, 1800–2000*. Cork University Press.

### **NÍ CHEALLACHÁIN, Máire (1886–1973)**

Rugadh Máire Ní Cheallacháin i bhFearann an Choirce ar Inis Mór, Contae na Gaillimhe ar [8 Lúnasa 1886](#). Ba iad [David O’Callaghan](#) (c.1853–1937) agus Bridget *née* Laffe a tuismitheoirí agus bhí deartháir amháin aici, Micheál, a rugadh in 1887 é. Ba mhúinteoirí scoile a beirt tuismitheoirí agus príomhoidí ar Inis Meáin (Ní Bhroin 2022, 108). D’fhreastail sí ar scoil ar Chlochchar Lughaidh, Muineacháin. Bhí sí ag múineadh i Scoil Íde, Ráth Maghnais, Baile Átha Cliath in [1911](#), agus bhí ról aici i dtosach an Choláiste in Ó Méith, Contae Lú (Nic Eoin 1962, 9). D’oibrigh sí ansin i Scoil Bhríde, Baile Átha Cliath go 1950, i ról an phríomhoide ó 1944 ar aghaidh (Ní Ghacháin 1993). Scríobh Máire dhá leabhar teagaisc Gaeilge; *Irish at home, or Gaeilge sa mbaile* (1921) agus *Irish at school or Gaeilge sa scoil 1: Fé bhrat Bhrighde* (1922) (Dunne 2024, 110). Fuair sí bás in Ospidéal Naomh Mhuire, Páirc an Fhionnuisce ar [20 Eanáir 1973](#).

#### **A saothar:**

Ní Cheallacháin, Máire. 1921. *Irish at Home, or, Gaedhilg Sa mBaile*. Maunsel & Roberts.  
—. 1922. *Irish at school ; or, Gaedhilg sa scoil : Fé bhrat Bhrighde*. Book 1. M. H. Gill and Son.

#### **Foinsí tagartha:**

- Dunne, Claire. 2024. "Translating Policy into Practice: The Role of Early Irish-Language Textbooks." *New Hibernia Review* 28 (3): 102–111
- Ní Bhroin, Alma. 2022. "Eagrán de na Scéalta Béaloidis a Bhailigh Úna Ní Chualáin (1871–1929) ó Cholm Ó hlarnáin (1871–1924), Árainn." Tráchtas M.Litt. Ollscoil Mhá Nuad.
- Nic Eoin, Caitlín. 1962. "For the Love of the language: Omeath memories." *The Irish Press* 16 Bealtaine: 9.
- Ní Ghacháin, Mairéad. 1993. *Lúise Gabhánach Ní Dhufaigh Agus Scoil Bhríde*. Coiscéim.

## **NÍ CHEALLACHÁIN, Oiléan (fl. 1762)**

Sa bhliain 1762, breacadh síos ginealas mhuintir Uí Cheallacháin Chontae Chorcaí ó Oiléan Ní Cheallacháin ó Chill Chranatan i nDúiche Ealla (Nic Eoin 1998, 258). Ba iad Sláine Ní Bhriain as Oileán Árainn, iníon le Séamus Ó Briain Láidir Loch Garman, agus Domhnall Óg Ó Ceallacháin, garmhac le Domhnall Mór na Pálach, a tuismitheoirí. Bhí Oiléan pósta ar dhuine de mhuintir MacNamara. Tá an ginealas ar fáil i lámhscríbhinn ARÉ 23 C 23, agus is téacs agus ginealas eisceachtúil é. Faoi mar a míníonn Joseph F. O Callaghan, "The text is interesting in that it illustrates the participation of one branch of the O'Callaghan family of County Cork in the fateful events of the seventeenth century, and its connexion, chiefly through the female line, with other leading Irish families of that time" (1987, 106; 1990).

### **A saothar:**

Acadamh Ríoga na hÉireann LS 23 C 23, 99.

O Callaghan, Joseph F. 1987. "The O Callaghans of Kilcranathan, County Cork." *Journal of Cork Historical and Archaeological Society* 92: 106–112.

### **Foinsí tagartha:**

O'Toole, Tina, Gearóidín Nic Carthaigh, Síle Ní Chochláin, Patricia Coughlan, agus Éibhear Walshe. 2005. *Dictionary of Munster Women Writers, 1800 to 2000 = Scribhneoirí Ban Na Mumhan, 1800–2000*. Cork University Press.

O Callaghan, Joseph F. 1990. "The O Callaghans and the rebellion of 1641." *Journal of Cork Historical and Archaeological Society* 95 (254): 30–40.

## **NÍ CHEALLAIGH, Máire 'Polly' (1915–1998)**

B'amhránaí a casadh go minic le Nioclás Tóibín agus ar bhailigh an Dr Piaras de Hindeberg amhráin uaithi í Polly Ní Cheallaigh ó Cheann an Bhathala, An Rinn, Port Láirge (Mac Craith 1999; Ó Drisleáin 2009; 2011). Rugadh Polly ar [2 Aibreán 1915](#). Ba scéalaí a hathair Tomás Ó Ceallaigh agus ba í Máire Ní Mhuirithe a máthair. Bhailigh Nioclás Breathnach scéalta óna hathair agus óna deartháir Tomás Óg mí na Nollag 1935. Chaith Polly thart ar fiche bliain ag obair i dTeach an Ard-Mhéara i mBaile Átha Cliath agus Alfie Ó Broin ina Ardmhéara. Phós Polly Pádraig Ó Faoláin ón Móta sa Rinn sa bhliain 1964 (O'Toole et.al 2005, 176; Ó Drisceoil 2015) agus fuair sí bás i mBaile na nGall in 1998.

**A saothar:**

Uí Fhoghlú, Áine. 2020. “Amhráin agus Amhránaithe an tSeana-Shaoil.” *An Linn Bhúí* 24: 13–26.

**Foinsí tagartha:**

Mac Craith, Nioclás. 1999. “Polly.” *An Linn Bhúí* 3: 123–129.

Ó Drisceoil, Proinsias. 2015. “Eibhlín Nic Craith Uí Dhonnchadha: Agallamh.” *An Linn Bhúí* 19: 126–144.

Ó Drisleáin, Míchéal. 2009. “Cnuasach an Dr Piaras de Hindeberg.” *An Linn Bhúí* 13: 102–116.

—. 2011. “Tuilleadh Scéalta agus Seanchais ó Chnuasach an Dr Piaras de Hindeberg.” *An Linn Bhúí* 15: 25–48

O’Toole, Tina, Gearóidín Nic Carthaigh, Síle Ní Chochláin, Patricia Coughlan, agus Éibhear Walshe. 2005. *Dictionary of Munster Women Writers, 1800 to 2000 = Scribhneoirí Ban Na Mumhan, 1800–2000*. Cork University Press.

**NÍ CHEARNAIGH, Máire (fl. 1822)**

Luaitear an véarsa dar tús “Ní fada nois an úair réir thúairisg tarngaire dhuinn” (ARÉ 23 B 19, 100m) le bean darbh ainm Máire Ní Chearnaigh ó Bhaile Thomáis, Contae Lú. Deirtear gur iníon nó deirfiúr [Niocláis Uí Chearnaigh](#) (c.1802–c.1865) í (Nic Eoin 1998, 262). Sa bhliain 1828, bhí lámhscríbhinn Uí Mhuirgheasa 5 (atá i gColáiste na hOllscoile Bhaile Átha Cliath anois) ina seilbh aici agus a deartháireacha, Nioclás agus Séamus. Bhí a hainm i measc na n-ainmneacha scríofa ar Lámhscríbhinn Uí Mhuirgheasa 6 sa bhliain 1822 (Duffy 1987, 236), agus ar Lámhscríbhinn 3 C 8 (II, 2), i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann sa bhliain chéanna (Duffy 1987, 238). In Uí Mhuirgheasa 6, léirítear gur mhúin [Art Mór Ó Murchaidh](#), comharsa mhuintir Uí Chearnaigh, litríocht na Gaeilge dóibh, “... and this and other early manuscripts show local Gaelic enthusiasts competing in ‘bardic contests’” (Duffy 2009). Bhí bean darbh ainm Máire Ní Chearnaigh ina file in *Iomharbhá na bhFilí* i nDún Dealgan in 1827 (Trimble 2011, 442), agus tá seans gurb í an bhean chéanna í.

**Foinsí tagartha:**

Duffy, Seán. 1987. “Art Murphy and Gaelic Literary Activity in the Dundalk Area in the 1820s.” *Journal of the County Louth Archaeological and Historical Society* 21 (2): 231–56.

—. 2009. “O’Kearney (Kearney), Nicholas.” *Dictionary of Irish Biography*. Ar fáil ag <https://www.dib.ie/biography/okearney-kearney-nicholas-a6818>. [Rochtain faighte: 28/08/2025].

Nic Eoin, Máirín. 1998. *B’ait Leo Bean : Gnéithe Den Idé-Eolaíocht Inscne i dTraidisiún Liteartha Na Gaeilge*. An Clóchomhar Tta.

Trimble, Gearóid. 2011. “Poets, Minor Poets and Poetasters in Oiriaila — A Chronological Account of the Gaelic Poetic Tradition of South-East Ulster.” *Journal of the County Louth Archaeological and Historical Society* 27 (3): 436–47.

**NÍ CHEARNAIGH, Máire (fl. 1923)**

Bhailigh an Bráthair Lúcas paidreacha ó Mháire Ní Chearnaigh, ina measc ‘Seacht n-athchuinghí na seachtaine’, ‘Paidir na h-oidhche’, ‘Paidir eile’, agus ‘Paidir an trom-luighe’

agus í ina cónaí ar an gClochán Dubh, Contae Chiarraí in 1923. Tá an bailiúchán seo ar fáil in *Béaloideas* (1935, 216–8) agus Cnuasach Béaloideas na hÉireann (CBÉ 0225, 315 & 321).

**A saothar:**

An Bráthair Lúcas. “Sean-Páidreaca.” *Béaloideas* 5 (2): 213–8.

**Foinsí tagartha:**

O’Toole, Tina, Gearóidín Nic Carthaigh, Síle Ní Chochláin, Patricia Coughlan, agus Éibhear Walshe. 2005. *Dictionary of Munster Women Writers, 1800 to 2000 = Scríbhneoirí Ban Na Mumhan, 1800–2000*. Cork University Press.

### **NÍ CHÉILEACHAIR, Síle (1924–1985)**

Gearrscéalaí, múinteoir agus scríbhneoir oideachasúil í Síle Ní Chéileachair a rugadh ar 25 Iúil 1924 i gCúil Aodha, Muscraí, Corcaigh. Ba iad an scéalaí Dónall Bán Ó Céileachair agus an file Siobhán Ní Mhulláin a tuismitheoirí. D’fhreastail sí ar an gcoláiste ullmhúcháin Coláiste Bhríde, An Fál Carrach agus ar Choláiste Mhuire gan Smál i Luimneach. Mhúin sí i mbunscoileanna i gCromghlinn agus i gCrois Araid, Baile Átha Cliath. Scríobh sí agus a deartháir Donncha an cnuasach gearrscéalta *Bulláí Mhártain* (1955). Scríobh sise na leabhair treorach *Dúil - Foclóir, Nótaí, Achoimre agus Ceisteanna* (gan dáta) agus *Gunna Cam agus Slabhra Óir - Foclóir, Nótaí agus Achoimre* (1973) agus bhuaigh sí duais san Oireachtas in 1947. Bhí sí pósta ar Dhónall Ó Chochláin agus bhí seisear clainne acu. Fuair sí bás i mBaile Átha Cliath ar 24 Lúnasa 1985 agus cuireadh i Reilig Bhóthar na Bruíne í.

**A saothar:**

Ní Chéileachair, Síle agus Donncha Ó Céileachair. 1955. *Bulláí Mhártain*. Sairséal agus Dill.  
Ní Chéileachair, Síle. Gan dáta. *Dúil - Foclóir, Nótaí, Achoimre agus Ceisteanna*. Folens agus a chuid TTA.  
—. 1973. *Gunna Cam agus Slabhra Óir - Foclóir, Nótaí agus Achoimre*. Folens agus a chuid TTA.

**Foinsí tagartha:**

Breathnach, Diarmuid agus Máire Ní Mhurchú. Gan dáta. “Donncha Ó Céileachair.” *Ainm.ie: An Bunachar Náisiúnta Beathaisnéisí Gaeilge* [Rochtain faighte: 08 Iúil 2025].

### **NÍ CHEOCHÁIN UÍ CHRUALAOI, Máire (1924–2019)**

B’amhránaí ar an sean-nós í Máire Ní Cheocháin Uí Chruaiaoi a bhuaigh bonn óir an Oireachtais don amhránaíocht ar tsean-nós in 1951 (Ó Liatháin 2019). B’iníon í leis an mbailitheoir béaloidis [Dónall Ó Ceocháin](#) (1885–1956), agus a bhean Caitlín Ní Arrachtáin, agus rugadh Máire i gCúil Aodha, Contae Chorcaí in 1924. D’fhreastail sí ar Scoil Náisiúnta Chúil Aodha agus ar Chlochar Lughaidh, Muimhneachán (Ó Riada, g.d.). D’eisigh Peadar Ó Riada agus Acadamh Fódhla a dlúthdhiosca, *Cú- Cú-ín*, in 2003, agus d’eisigh Gael Linn

*Ceolta Mhúscraí* in 2011, le cúpla amhrán uaithi air. In alt le hÓ Riada, déanann sé cur síos ar an gcáil a bhí uirthi:

Bhí a h-ainm in aired mar amhránaí faoin am gur shrois sí na déagaibh déanacha agus thosnaigh bailitheoirí ar nós Alan Lomax agus Seamus Ennis ag glaoch chuiche. Bhíodh sí ar láimh ag a leithidí Finín na Leamhna (Fionán Mac Coluim) agus iad ag tabhairt léachtanna is cainnteanna i dtaobh traidisiún amhránaíochta na ngeail ar Raideó Éireann. Ní h-ionadh an dúchas gaolach do bheith go smior innte (g.d).

Ba phoitigéir í Máire lena fear céile, Caoimhín. Bhí triúr iníonacha (Siún, Gobnait, agus Muireann) agus beirt mhac (Micheál agus Criostóir) acu, agus bhí cónaí orthu i mBaile an Chollaigh. Fuair Máire bás ar 15 Samhain 2019.

**A saothar:**

Ní Cheocháin Uí Chruaí, Máire. 2003. *Cú- Cú-in*. Acadamh Fódhla.

**Foinsí tagartha:**

Ó Liatháin, Conchubhair 2019. "Tributes paid to sean nós gold medalist." *Corkman*. 23 Samhain.

Ó Riada, Peadar. Gan dáta. "Máire Ní Cheocháin." Ar fáil ag

<http://www.peadaroriada.ie/uncategorized/maire-ni-cheochain/3143/> [Rochtain faighte: 22/08/2025].

Ní Chuimín, Carol. 1989. *Traidisiún amhránaíochta Mhúscraí*. Tráchtas M.A. Coláiste na hOllscoile Corcaigh.

## **NÍ CHINNÉIDE, Gobnait (1887–1946)**

Rugadh an scéalaí Gobnait Ní Chinnéide sna Gorta Dubha, Baile an Fheirtéaraigh, Contae Chiarraí ar [29 Deireadh Fómhair 1887](#), iníon le Dónal agus Cáit Uí Chinnéide. Bhog sí go dtí an tOileán Thiar nuair a phós sí Peats Pheaidí Shéamais Ó Guithín i [mí Feabhra 1911](#). Dar le hÓ Mórdha b'ise an scéalaí ban ba cháiliúla ar an oileán i ndiaidh [Peig Sayers](#) (1873–1958) (2015, 134). Tá idir seanchas agus seanscéalta idirnáisiúnta léi ar fáil i bPríomhbhailiúchán CBÉ agus i mBailiúchán na Scol. Deirtear go raibh scéalta do pháistí agus paidreacha ar a toil aici chomh maith (Mac Aoidh 2020, 90; Ní Dhuinnshléibhe 1989, 341; De Mórdha 2015, 134) Bhailigh leithidí Robin Flower, Séamus Ó Duilearga, Seosamh Ó Dálaigh agus Máire Ní Ghuithín uaithi (De Mórdha 2015, 134). Fuair Gobnait bás ar [4 Feabhra 1946](#) ar an mBlascaod Mór.

**A saothar:**

Flower, Robin. 1944. *The Western Island or the Great Blasket*. Oxford University Press.

Ní Chinnéide, Gobnait. 1933. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Séamus Ó Duilearga. Imleabhar 0034 (5): 255–7.

—. 1936. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Máire Ní Ghuithín. Imleabhar 0201 (3): 250–278.

—. 1936. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Máire Ní Ghuithín. Imleabhar 0254 (2): 256–262.

—. 1937. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Máire Ní Ghuithín. Imleabhar 0459 (2): 330–349.

**Foinsí tagartha:**

- De Mórdha, Dáithí. 2015. “Seanchaithe Dhún Chaoin.” *Ceiliúradh an Bhlascaoid 18: Saibhreas agus Dán na Teanga*: 109–174. Coiscéim.
- Mac Aoidh, Seanán. 2020. “*Subaltern ar Stáitse: Seachadadh agus Taibhléiriú na Scéalaíochta i dTír Chonaill*.” Tráchtas PhD. Ollscoil Uladh.
- Ní Dhuibhne, Éilís. 2002. “International Folktales.” In *The Field Day Anthology of Irish Writing, Volume IV: Irish Women’s Writings and Traditions*, curtha in eagar ag Angela Bourke, Siobhán Kilfeather, Maria Luddy, Margaret MacCurtain, Gerardine Meaney, Máirín Ní Dhonnchadha, Mary O’Dowd, agus Clair Wills: 1214–1262. Cork University Press.
- Ní Dhuinnshléibhe, Máirín. 1989. “Saol na mBan.” In *Oidhreacht an Bhlascaoid* curtha in eagar ag Aogáin Ó Muircheartaigh: 334 — 345. Coiscéim.
- . 2012. “The Name of the Helper: ‘Kinder-Und Hausmärchen’ and Ireland.” *Béaloideas* 80: 1–22.
- O’Toole, Tina, Gearóidín Nic Carthaigh, Síle Ní Chochláin, Patricia Coughlan, agus Éibhear Walshe. 2005. *Dictionary of Munster Women Writers, 1800 to 2000 = Scribhneoirí Ban Na Mumhan, 1800–2000*. Cork University Press.

**NÍ CHIOSÁIN, Sinéad (1885–1964)**

Ba státseirbhíseach, teangeolaí, aistritheoir agus léachtóir í Sinéad Ní Chiosáin. Rugadh in Átha Leathana, Maigh Mheáin, Contae Chiarraí í in [1885](#), iníon le Séamus agus a bhean Bríd *née* Doherty. D’fhreastail sí ar an scoil náisiúnta i Maigh Mheáin, agus ansin ar Chlochar Loreto i Loch Garman, agus ar Fhaiche Stiofáin, Baile Átha Cliath, áit ina raibh sí don daonáireamh in [1901](#). Bhain sí M.A. amach sna Nuatheangacha ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus bhí sí líofa sa Fhraincis, Gearmáinis, Iodáilis agus Spáinnis (Gan údar 1964b, 6). Chaith sí seal ag múineadh in Eltham, Londain, ach d’fhill sí ar Éirinn i ndiaidh Éirí Amach na Cásca in 1916 (Gan údar 1964a, 5). Ba léachtóir le Gearmáinis sa Choláiste Ollscoile í (Gan údar 1932, 5), agus bhí sí ar bhord rialaithe na hollscoile (Gan údar 1964a, 3). Tá aistriúchán Gaeilge léi ar ghearrscéal ‘À cheval’ le Guy de Maupassant i gcló in *An Branar* (1920, 18–24). Chaith sí seal ag obair leis an gCoimisiún Béaloideas (Gan údar 1964c, 5), agus d’oibrigh sí le Conradh na Gaeilge chomh maith, ag feidhmiú mar chathaoirleach ar Choiste na Sgol (Gan údar 1920, 3) agus mar bhall de Chumann Gaedhalach na hÉireann (Gan údar 1937, 7). Ina ról mar státseirbhíseach, d’oibrigh sé leis an Roinn Iascaigh agus Cosanta, mar aon leis an gCartlann Mhíleata (Gan údar 1964a). Deartháir léi an polaiteoir [Éamon Ó Ciosáin](#) (1899–1979), agus deirfiúr céile léi an drámadóir agus craoltóir, [Máiréad Ní Ghráda](#) (1896–1971). D’éirigh sí as a post mar státseirbhíseach sna caogaidí agus bhí cónaí uirthi ar Bhóthar Raglan, Baile Átha Cliath, nuair a fuair sí bás i mí Eanáir 1964 (Gan údar 1964a, 5).

**A saothar:**

- Ní Chiosáin, Sinéad. 1920. “Ag Marcaidheacht.” *An Branar*. Lúnasa 1 (2): 18–24.

**Foinsí tagartha:**

Aiken, Síobhra. 2023. “Éire saor agus Gaelach? The Military Service Pensions Collection and the Irish language.” In *‘A Very Hard Struggle’ Lives in the Military Service Pensions Collection*, curtha in eagar ag Anne Dolan agus Caitriona Crowe. Department of Defence, Ireland.

Gan údar. 1920. “Irish in the Schools.” *Freeman’s Journal*. 24 Eanáir: 3.

Gan údar. 1932. “North Kerry Notes.” *Kerry Champion*. 23 Eanáir: 5.

Gan údar. 1937. “Cumann Gaedhealach na hÉireann.” *Irish Press*. 06 Samhain: 7.

Gan údar. 1964a. “President at funeral of Miss Kissane.” *Evening Herald*. 02 Eanáir: 5.

Gan údar. 1964b. “Obituary.” *Irish Press*. 24 Eanáir: 6.

Gan údar. 1964b. “Moyvane.” *The Kerryman*. 04 Eanáir: 5.

## NÍ CHOLLARÁIN, Bríd (1904–1995)

Tá an béaloideas a bhailigh Bríd Ní Chollaráin i gContae Mhaigh Eo sna 1930idí ar fáil in 12 imleabhair CBÉ ar [Duchas.ie](http://Duchas.ie) le thart ar 1250 píosaí béaloidis iontu (CBÉ 193 (1, 2 3, 5, 6, 7); 194 (1–4); 210; 225; 249; 250 (1–2); 287; 296; 329; 342; 378; 381; 399). Rugadh Bríd i gCluain Ceann, Maigh Eo ar [10 Deireadh Fómhair 1904](#). Ba iad James agus Catherine Colleran *née* Keaney a tuismitheoirí. Ba mhúinteoir Gaeilge í Bríd (O’Donoghue 2016, 61; Gan údar 1995, 29), agus phós sí Timothy Quinn ón gCaisleán Cearn ar [6 Meán Fómhair 1939](#). Tá fianaise óna comhfhreagras leis an gCoimisiún Béaloidis go bhfuair sé “an t-seic” (CBÉ 0193 (Cuid 2), 213) dá hobair ar ar a laghad ócáid amháin, agus go raibh sí ag iarraidh go dtabharfadh Séamus Ó Duilearga cuairt ar an gceantar “agus na sean daoine a cheistiú sul a gheobhaidh siad bás” (CBÉ 0496 (Cuid 001), 132). Fuair sí bás ar 9 Meán Fómhair 1995 agus cuireadh in Reilig Bhuiríos Ceara í (Gan údar 1995, 29).

### A saothar:

- . 1935–6. Príomhbhailiúchán Chnuasach Bhéaloideas na hÉireann. Bailitheoir: Bríd Ní Chollaráin. Imleabhar 0193 (1, 2 3, 5, 6, 7).
- . 1936. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Bríd Ní Chollaráin. Imleabhar 0194 1–4).
- . 1936. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Bríd Ní Chollaráin. Imleabhar 0210.
- . 1935. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Bríd Ní Chollaráin. Imleabhar 0225.
- . 1936. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Bríd Ní Chollaráin. Imleabhar 0249.
- . 1936. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Bríd Ní Chollaráin. Imleabhar 0250 (1–2).
- . 1936–7. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Bríd Ní Chollaráin. Imleabhar 0287.
- . 1937. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Bríd Ní Chollaráin. Imleabhar 0296.
- . 1937. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Bríd Ní Chollaráin. Imleabhar 0329.
- . 1937. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Bríd Ní Chollaráin. Imleabhar 0342.
- . 1937. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Bríd Ní Chollaráin. Imleabhar 0378.
- . 1937. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Bríd Ní Chollaráin. Imleabhar 0381.
- . 1937. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Bríd Ní Chollaráin. Imleabhar 0399.
- . 1937. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Bríd Ní Chollaráin. Imleabhar 0496.

### Foinsí tagartha:

O’Donoghue, Margarita Veronica. 2016. “Fios na mBan: the role of women in death and burial customs in Erris in post-famine Ireland: evidence from the archive of the Irish Folklore Commission”. Tráchtas PhD. Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Gan údar. 1995. ‘Deaths’. *Irish Independent* 08 Meán Fómhair: 29.

### **NÍ CHONAILL, Nóra (1892–1967)**

Bhailigh Nóra scéalta óna hathair, [Seán Ó Conaill](#) (1853–1931) chun iad a sheoladh chuig *An Lóchrann* (1912) ar dtús agus bhailigh sí scéalta eile uaidh in 1926 atá ar fáil i bPríomhbhailiúchán CBÉ imleabhar [099 \(4\)](#). Rugadh Nóra [Lá le Pádraig 1892](#) i gCill Rialaigh, Contae Chiarraí, iníon le Seán agus a bhean Cáit *née* Ní Churráin. Chuaigh sí ar imirce go Meiriceá ina déaga agus bhain sí saoránacht amach ann in 1923 agus í ina cónaí in Somerville, Massachusetts. Ar 6 Meitheamh 1936, phós sí cócaire darbh ainm William T. Brennan i Nua Eabhrac. Fuair Nóra bás ar 14 Samhna 1967 agus cuireadh i reilig Long Island, Nua Eabhrac í.

#### **A saothar:**

Ó Conaill, Seán. 1926. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Nóra Ní Chinnéide. Imleabhar 99 (4).  
Ní Chonaill, Nóra agus Seán Ó Conaill. 1912. “Diarmuid na Féasóige Deirge.” *An Lóchrann*. Iúil – Meán Fómhair.

#### **Foinsí tagartha:**

Ó Duilearga, Séamus. 1929. “Diarmuid na Féasóige Deirge.” *Béaloideas* 2 (2): 172–190.  
O’Toole, Tina, Gearóidín Nic Carthaigh, Síle Ní Chochláin, Patricia Coughlan, agus Éibhear Walshe. 2005. *Dictionary of Munster Women Writers, 1800 to 2000 = Scribhneoirí Ban Na Mumhan, 1800–2000*. Cork University Press.

### **NÍ CHONDÚIN, An tSiúr Filmíne (fl. 1934)**

Ba bhean rialta i gClochar na nUrsulach, sa Charraig Dhubh i gCorcaigh an tSiúr Filmíne nuair a rinne sí aistriúchán ar an dráma *Maid of Orleans* le Robert Hugh Benson, dar teideal *Maighdean Orléans* in 1934 (O’Toole 2005, 10–1). Fuair sí bás ar [28 Samhain 1959](#).

#### **A saothar:**

Ní Chondúin, An tSiúr Filmíne. 1934. *Maighdean Orléans*. Oifig Dhíolta Foilseacháin an Rialtais.

#### **Foinsí tagartha:**

Cassin, Teresa. 2019. “Catalóg Mhionsonraithe de Chomhaid Aistriúcháin an Ghúim 1926–66 mar aon le Staidéar ar an Tionchar a bhí ag Fórsaí Seachtracha Áirithe ar Obair an Chomhlachta Foilsitheoireachta le linn na Tréimhse sin”. Tráchtas PhD. Ollscoil Mhá Nuad.  
O’Toole, Tina, Gearóidín Nic Carthaigh, Síle Ní Chochláin, Patricia Coughlan, agus Éibhear Walshe. 2005. *Dictionary of Munster Women Writers, 1800 to 2000 = Scribhneoirí Ban Na Mumhan, 1800–2000*. Cork University Press.

### **NÍ CHRÍODHÁIN, Nóra ‘An tSleasa’ (1832–1907)**

B’fhile ó Mhúscraí í Nóra an tSleasa as Béal Átha an Ghaorthaidh, Contae Chorcaí a rugadh in [1832](#). Ba iníon í le Cornelius Creedon agus a bhean Joanna *née* Cronin. Phós sí Amhlaoibh Óg Ó Loinsigh as Na Millíní i mBaile Bhuirne ar [29 Meán Fómhair 1864](#). Ainmníodh ar liosta d’fhilí Bhaile Mhúirne í in *An Músgraigheach* 2 (Ua Cróinín 1943, 10), agus soláthraíodh

rannta dá cuid san iris chéanna in *An Músgraigheach* 4 (Ní Scanail 1944, 16–17), áit ina ndéir údar an tsleachta, Nóra Ní Scanail, “Ní mór gur cheap sí aon amhrán ceart riamh. Ach marar dhein, is filíocht ar fad, geall leis, do stealladh sí uaithe nuair a bhíodh sí ag allagar lena comharsain agus lena daoine muinnteartha” (1944, 16). Tá amhrán dá cuid le feiceáil in *Seanachas Phádraig Í Chruaioi* (Ó Cruaioi et. al 1982, 147; O’Toole et. al 2005, 184), tá seanchas faoina hamhránaíocht i bPríomhbhailiúchán CBÉ in 1937 mar aon le seanchas fúithi (CBÉ 327 (2), 353–357). Fuair Nóra bás ar [26 Eanáir 1907](#).

**A saothar:**

Ní Scanail, Nóra. 1944. ‘Nóra An tSleasa’. *An Músgraigheach* 4: 16–7.

Ó Cruaioi, Pádraig, Seán Ó Cróinín agus Donncha Ó Cróinín. *Seanachas Phádraig Í Chruaioi*. An Coláiste Ollscoile.

**Foinsí tagartha:**

Ní Éaluighthe, Máire. 1937. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Máire Ní Chríodáin. Imleabhar 327 (2): 353–357.

O’Toole, Tina, Gearóidín Nic Carthaigh, Síle Ní Chochláin, Patricia Coughlan, agus Éibhear Walshe. 2005. *Dictionary of Munster Women Writers, 1800 to 2000 = Scribhneoirí Ban Na Mumhan, 1800–2000*. Cork University Press.

Ua Cróinín, Seán. 1943. “Filí agus Filíocht Mhúsgraighe.” *An Músgraigheach* 2: 10–11.

## **NÍ CHRUADHLAOICH, Máire ‘Sapphó na Mumhan’ (?–1761)**

Cé gur scríobhadh ar a laghad trí mharbhna (Ua Duinnín 1906, 78–9; Nic Eoin 1998, 269) faoin mbanfile seo ag léiriú ardmheas ar a cuid filíochta, ní mhaireann a saothar a thuilleadh (Ní Dhomhnaill 1994, 39–40; Ní Shíocháin 2021, 75–6; Ní Dhonnchadha 2002, 360 & 441–3; Mac Cuillinn 2006, 208). Ba ag [Seán na Ráithíneach Ó Murchadha](#) (1700–1762), [Seán Ó Tuama an Ghrinn](#) (c.1707–75) agus [Tadhg Gaelach Ó Súilleabháin](#) (c.1715–1795) na marbhnaí seo a scríobhadh nuair a cailleadh in 1761 í (ARÉ 23 G 20, 226, 332i). Ba as Áth an Chonnaidh, Contae Chorcaí di (O’Toole 2005, 185) agus tá sí luaite mar fhile ag Fiachra Éilgeach ina aiste ‘Filí Chorcaighdhe’ (1908, 39), agus ag Donnchadh Ó Cróinín in ‘Filí agus Filíocht Mhúsgraighe’ in *An Músgraigheach* 1 (1943, 19).

**Foinsí tagartha:**

ARÉ LS 23 G 20, 226, 332i.

Éilgeach, Fiachra [Risteaird Ó Foghludha]. 1908. ‘Filí Chorcaighdhe’. *Saothar Suadha: Aistí do léigheadh os comhair Dáil na hÉigse, i gCorcaigh, Meadhon Foghmhair, 1907 Vol 1*: 26–42. Muinntir an Ghoill Teo.

Mac Cuillinn, Peadar. 2006. “Gnéithe de na focail suairceas agus duairceas sa 18ú haois.” In *Aistí ar an Nua-Ghaeilge in ómós do Bhreandán Ó Buachalla*, curtha in eagar ag Aidan Doyle agus Siobhán Ní Laoire: p 193–215. Cois Life.

Nic Eoin, Máirín. 1998. *B’ait Leo Bean : Gnéithe Den Idé-Eolaíocht Inscne i dTraidisiún Liteartha Na Gaeilge*. An Clóchomhar Tta.

Ní Dhomhnaill, Nuala. 1994. “An T-Anam Mothala / The Feeling Soul : The Woman Poet in the Irish Tradition.” *Etudes Irlandaises Année 1994*: 27–52.

- Ní Dhonnchadha, Máirín. 2002. "Courts and Coteries II: c. 1500–1800." In *The Field Day Anthology of Irish Writing, Volume IV: Irish Women's Writings and Traditions*, curtha in eagar ag Angela Bourke, Siobhán Kilfeather, Maria Luddy, Margaret MacCurtain, Gerardine Meaney, Máirín Ní Dhonnchadha, Mary O'Dowd, agus Clair Wills: 358–458. Cork University Press.
- Ní Shíocháin, Triona. 2021. "The oral tradition." In *A History of Irish Women's Poetry*, curtha in eagar ag Ailbhe Darcy agus David Wheatley: 74–88. Cambridge University Press.
- Ó Cróinín, Donnchadha. 1943. "Filí agus Filíocht Mhúsgraihe." *An Músgraiheach* 1: 15–20.
- O'Toole, Tina, Gearóidín Nic Carthaigh, Síle Ní Chochláin, Patricia Coughlan, agus Éibhear Walshe. 2005. *Dictionary of Munster Women Writers, 1800 to 2000 = Scribhneoirí Ban Na Mumhan, 1800–2000*. Cork University Press.
- Ua Duinnín, Pádraig (eag.). 1906. *Filidhe na Maighe*. Gill agus a Mhac.

## NÍ CHUMHAILL, Eithne (1897–1985)

B'iaruachtarán ar Chumann na mBan (1926–1936) agus múinteoir agus eagarthóir le haghaidh Chonradh na Gaeilge í Eithne Ní Chumhaill (Aiken 2023, 120). Rugadh Eithne mar Annie Coyle i gCill Ulta, Dún na nGall ar [3 Eanáir 1897](#), iníon le Charles agus a bhean Mary *née* McHugh. Idir 1918–19, d'oibrigh sí le Conradh na Gaeilge i nDún Geannáin (Woods 2021, 17; Ní Chumhaill 1919, 4). Gabhadh í Lá Caille 1921 i rith Chogadh na Saoirse agus dhiúltaigh sí labhairt sa chúirt ach dá dtarlódh an triail trí mheán na Gaeilge (Woods 2021; Aiken 2023). D'éalaigh sí féin le Linda Kearns, Mae Burke agus Eileen Keogh ó Phríosún Mhuinseo ar Oíche Shamhna 1921 (Mullan 2024, 9). Gabhadh arís í in 1922 agus chaith sí seal i mBéal Átha Seanaidh, toisc a róil le Cumann na mBan in éadan an Chonartha Angla-Éireannach, áit a ndeachaigh sí ar stailc ocrais. Cuireadh ar aghaidh go Bun Cranncha í agus ar deireadh seoladh ar ais go Muinseo í (Woods 2021). Phós sí Bernard O'Donnell, ball d'Óglaigh na hÉireann ar [15 Iúil 1935](#), bhí cónaí orthu i Raghnaillach, Baile Átha Cliath. Bhí beirt pháistí acu, An tUrramach Criostóir agus an tSiúr Marie. Fuair Eithne bás i dTeach altranais i nDeilginis ar 5 Eanáir 1985 (Gan údar 1985, 4; Clarke 2009).

### A saothar:

Ní Chumhaill, Eithne. 1919. "An Dóigh an Teangaidh a Fhoghlaim." *Irish Independent*. 26 Lúnasa: 4.

### Foinsí tagartha:

- Aiken, Síobhra. 2023. "Éire saor agus Gaelach? The Military Service Pensions Collection and the Irish language." In *'A Very Hard Struggle' Lives in the Military Service Pensions Collection*, curtha in eagar ag Anne Dolan agus Caitríona Crowe. Department of Defence, Ireland.
- Clarke, Frances. 2009. "Coyle, Eithne (Anne)." *Dictionary of Irish Biography*. Ar fáil ag <https://www.dib.ie/biography/coyle-eithne-anne-a2132>. [Rochtain faighte: 12/08/2025].
- Gan udar. 1939. "Cumann na mBan." *Irish Press* 25 Meán Fómhair: 3.
- Gan údar. 1985. "Death of Cumann na mBan leader." *Irish Press*. 08 Eanáir: 4.
- Mullan, Kevin. 2024. "Riveting history of republican jailbreaks tells of daring escapes from Derry Jail." *Derry Journal*. 27 Nollaig: 8–9.
- Woods, James. 2021. "Eithne Ní Chumhaill – One of Donegal's heroines of the War of Independence." *Donegal News*. 01 Feabhra: 17.

## NIC NÉILL, EIBHLÍN (1865–?)

Ball de Choiste Gnó Chonradh na Gaeilge ab í Eibhlín Nic Néill. Rugadh i mBun Abhann Dall, Contae Aontroma í ar [08 Iúil 1865](#), iníon le John McNeil agus a bhean Susan *née* O’Drain. In 1901 bhí an teaghlach ina gcónaí ar Bhóthar Bhaile Nua na hArd, Béal Feirste, Contae an Dúin, agus léiríonn an daonáireamh go raibh Eibhlín ina múinteoir scoile ag an bpointe sin. Tá fianaise di a bheith ag obair don Choiste Gnó ó 1905 go 1935, agus ag scríobh do *The Irish Peasant* ó 1906, áit inar léirigh sí a tuairim faoi ról na mban in Athbheochan na Gaeilge: “I do not for a moment mean to imply that it is women’s province to go about speaking in public or lecturing to others about their duties, while neglecting their own. No!... It is in the hands of these women that the future of Ireland rests!” (Nic Néill 1906, 4). Ba phríomhoide scoil Naomh Ioseph i mBaile Hacamar í chomh maith, chomh maith le bheith ina rúnaí ar an gColáiste Traenála Gaeilge sa chathair (1906, 5): “The district is the one in which such notable Irish Ireland work is being done by Eibhlín Nic Néill” (Gan údar 1907, 9)

### A saothar:

Nic Néill, Eibhlín. 1906. “People and Problems: The Place of women in the Irish Revival.” *The Irish Peasant*. 06 Eanáir: 4.

### Foinsí tagartha:

Gan údar. 1906. “In Belfast.” *The Irish Peasant*. 02 Meitheamh: 5.

Gan údar. 1907. “The Duty of Schools.” *An Claidheamh Soluis*. 07 Meán Fomhair: 9.

MacPherson, J. 2012. *Women and the Irish Nation : Gender, Culture and Irish Identity, 1890–1914*. Palgrave Macmillan UK.

Ó Duibhín, Ciarán. 2024. “Cainnteoirí Dúthchais agus Foinsí Béaloideas Gaedhilge as Oirthear Uladh”. Ar fáil ag <https://www3.smo.uhi.ac.uk/oduibhin/cainnteoir/aontruim.txt> [Rochtainne faighte: 15/05/2025].

## NÍ DHANACHAIR, Cáit (c. 1821–1911)

Ba scéalaí ó Chill Aidhleach i gContae an Chláir í Cáit Ní Dhanachair a rugadh thart ar an mbliain 1821, iníon le Pádhraic mac Shéamais Uí Dhanachair (Ó hEalaoire, Ó Duilearga & Ó hÓgáin 1981, xiii). Phós sí an scéalaí Mícheál Ó hEalaoire, agus bhí cúigear clainne acu, an scéalaí [Stiofán Ó hEalaoire](#) (1858–1944) san áireamh. Luann seisean dhá scéilín lena máthair sa chnuasach *Leabhar Stiofáin Uí hEalaoire* (Ó hEalaoire, Ó Duilearga & Ó hÓgáin 1981, 342), agus an scéal ‘An Corp Craphtha’ atá ar fáil i bPríomhbhailiúchán Chnuasach Bhéaloideas na hÉireann (CBÉ 1043, 183–4, luaite ag Dunne 2023, 4). Bhí sí ina cónaí le Stiofáin ar an Leamhach i mBaile Uí Choileáin le haghaidh an Daonáirimh in [1901](#) agus in [1911](#), agus fuair sí bás ar 22 Lúnasa 1911 (Ó hEalaoire, Ó Duilearga & Ó hÓgáin 1981, xiii).

### A saothar:

Ó hEalaoire, Stiofán; Séamus Ó Duilearga agus Dáithí Ó hÓgáin. 1981. *Leabhar Stiofáin Uí Ealaoire*. Comhairle Bhéaloideas Éireann.

Ó hEalaoire, Stiofán. 1944. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Seán Ó Flannagáin. Imleabhar 1043 (2): 183–4.

#### Foinsí tagartha:

Dunne, Michelle. 2023. “Saintréithe de Thraidisiún Béil Na mBan Agus Léiriú Na mBan i gCnuasach Sheáin Mhic Mhathúna.” Tráchtas PhD. Dublin City University.  
Ní Néill, Máire. 1982. “Review: Leabhar Stiofáin Uí Ealaoire.” *Béaloideas* 50: 163–169.

#### NÍ DHEIRG, IOSÓLD (1936–2015)

Ba scríbhneoir, staraí iriseoir agus leabharlannaí í Iosóld Ní Dheirg. B’iníon í le Sinéad Uí Dheirg *née* Mason, rúnaí le [Micheál Ó Coileáin](#) (1890–1922), agus an polaiteoir [Tomás Ó Deirg](#) (1897–1956), agus bhí deirfiúr amháin aici, Úna. Chaitheadh an teaghlach samhraidh i gConamara agus na cailíní ag fás aníos (Ní Néill agus Ní Dheirg 1998, 13). D’fhreastail Iosóld ar Choláiste Loreto, Faiche Stiabhna, agus bhain sí céim amach sa Ghaeilge agus sa Fhraincís ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Ba é teideal an tráchtais a chríochnaigh sí in 1958 *Nótaí ar an amhrán bréagach sa nGaeilge*. Mórshaothar Ní Dheirg an leabhar beathaisnéise, *Emily M. Weddall bunaitheoir Acla* (1995). D’fhoilsigh sí neart leabhar taighde eile i nGaeilge agus i mBéarla, agus scríobh sí go rialta le haghaidh *Comhar* ó na seascaidí ar aghaidh. In 1987, bhronn sí páipéir a máthair ar Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Chaith sí tréimhse mar leabharlannaí san Oifig Eolais in Institiúid Teangeolaíochta na hÉireann agus mar eagarthóir ar a n-iris *Teangeolas* (1998, 13). Fuair sí bás i mBaile Átha Cliath ar 17 Eanáir 2015, agus cuireadh i Reilig Ghráinseach an Déin í.

#### A saothar:

Ní Dheirg, Iosóld. 1974. *Eachtra an Mháilligh i dTír Laoisigh*. Oifig an tSoláthair.  
— 1982. *Eachtra an Mháilligh in Albain*. Foilseacháin Náisiúnta Teoranta  
— 1995. *Emily M. Weddall bunaitheoir Acla*. Coisceim.  
— 1993. *Eachtra Róise*. Coisceim.  
— 1975. *The Story of Michael Collins*. Mercier Educational.  
— 1989. *Tearmaí Leabharlainne*. Cumann Leabharlann na hÉireann.  
— 2006. *Vade Mecum na Gaeilge: a guide to sources of information on the Irish Language*. Trinity College Dublin Press in association with the Linguistics Institute of Ireland.  
— 1977. *Tráchtas teanga agus teangeolaíocht i leabharlanna ollscoile na hÉireann*. Institiúid Teangeolaíochta Éireann.  
— 1979. *An dátheangachas agus ábhair ghaolmhara: rogha tagairtí: Bilingualism And Related Subjects: Selected References. Specialized Bibliography 1*. Institiúid Teangeolaíochta Éireann.  
— 1964. “An-Obair Idir Lámha.” *Comhar* 23 (5): 5–9.  
— 2005. “Mion-Insint Áitiúil.” *Comhar* 65: 18  
— 1993. “[Review of 1882–1982. Beathaisnéis a Trí, by D. Breathnach & M. Ní Mhurchú].” *Studia Hibernica* 27: 175–6.  
— 1994. “[Review of Soraidh Slán, by C. Cussen].” *Comhar* 53 (5): 28–9.  
— 1992. “[Review of *Comhar*; Innéacs 50 Bliain 1942–1991, by M. de Grás].” *Comhar* 51 (12): 61.  
Ní Néill, Máire agus Iosóld Ní Dheirg. 1998. “Agallamh: Bean Uasal: Labhrann Máire Ní Néill Le hÍosóld Ní Dheirg.” *Comhar*, 57 (5): 13–15.

## **NÍ DHOCHARTAIGH, Róis (c. 1908)**

Ba mhúinteoir taistil de chuid Chonradh na Gaeilge sa luathfhichiú aois í Róis Ní Dhochartaigh ó Thír Chonaill. In 1908, bhí sí lonnaithe ar Oileán Reachlainn, Contae Aontroma. Tá tagairtí déanta di agus den “p[h]earsantacht fhinnscéalach” leagtha uirthi ag Proinsias Mac Aonghusa in *Ar Son Na Gaeilge: Conradh na Gaeilge 1893–1993: Stair Sheanchais* (1993, 112) agus ag Donncha Ó Súilleabháin (1990, 99). Ba mhúinteoir Ghaeilge in [1911](#) í, ina cónaí i mBaile Cora ar an oileán.

### **Foinsí tagartha:**

Gan údar. 1908. “Dáil Uladh.” *Sinn Féin Weekly*. 09 Bealtaine: 1.

Mac Aonghusa, Proinsias. 1993. *Ar Son Na Gaeilge: Conradh Na Gaeilge 1893–1993: Stair Sheanchais*. Conradh na Gaeilge.

Ó Súilleabháin, Donnchadh. 1990. *Na Timirí i Ré Tosaigh an Chonartha 1893–1927*. Conradh na Gaeilge.

## **NÍ DHOCHARTAIGH, RÓISE (c. 1588–1660)**

B’iníon í Róise Ní Dhochartaigh le hIarla Inis Eoghain Seán Óg Dochartaigh (c. 1540–1587), agus deirfiúr lena chomharba Cathaoir Ó Dochartaigh (1587–1608) a stiúraigh an éirí amach ar theip air i dTír Chonaill in Aibreán 1608 (Harris 1980, 299). Tugann dán [Thadhg Dall Uí hUiginn](#) (1550–1591) le fios gurb in “Oileach” i nDoire a bhí a gcaisleán (Ó hUiginn agus Knott 1922, 202). Theith Róise lena céad fhear céile, Cafairr Ó Dómhnaill (c. 1583–1608) agus a mac in Imeacht na nIarlaí in 1607 (Casway 2003, 67). Fuair Cafairr bás in 1608 agus phós Róise Eoghan Rua Ó Néill (1585–1649) i bhFlóndras thart ar an mbliain 1614 (Casway 1980.1, 14–5). Léiríonn Róise an ról lárnach a bhí aici in “The purchasing of arms, the assembling of shipments, and the gathering of intelligence” (Casway 2003, 70) i litir go sagart anaidnid a scríobh sí ar 16 Meán Fómhair 1642, ag lorg eolais faoina fear céile agus faoi na “muinision” a bhí leis ar fhilleadh dó ar Éirinn;

Guidim sib (más éidir lib) gać minsgéala dá mbeanann le Cúigeađ Ulađ d’fágbáil agus a gcur cugainn agus cia is beó nó is marb dá n-uaislib, agus cionnus atá Tír Ćonaill, agus cá hionad i n-ar fágaiċ Eógan gać muinision dá raib leis, óir ní héidir gur gáb tríd Tír Ćonaill ar feađ na tíre, má atáid Sacsanaig nó Albanaig innte.

D’fhill Róise í féin in 1643, ag i mbun na hoibre chéanna i Luimneach agus i nGaillimh (LS Ormonde 2315, 409). Indiaidh bháis a fir agus a mic, d’éalaigh Róise go Flóndras lena garmhac Aodh Ó Néill. D’éag sí i mí na Samhna 1660 agus cuireadh in Louvain í (Casway 1983, 21–3).

**A saothar:**

Ní Dhochartaigh, Róise. 1642. LS A 30, 5. *Franciscan Letters, Killiney*. 16 Mean Fomhair.

**Foinsí tagartha:**

LNÉ Ormonde LS 2315, Iml.15 409, LNÉ. Litir ó A. Darcy go G. Lane, Aibreán 1649.

Casway, Jerrold. 1983. *Rosa O'Dogherty: A Gaelic Woman*. MD.

—. 2003. "Heroines or victims? The women of the flight of the earls." *New Hibernia Review* 7 (1): 57–74.

Harris, F. W. 1980. "The Rebellion of Sir Cahir O'doherty and Its Legal Aftermath." *Irish Jurist* 15 (2): 298–325.

Ó Huiginn, Tadhg Dall, agus Eleanor Knott. 1922. *A bhfuil aguinn dár chum Tadhg Dall Ó Huiginn (1550–1591) idir mholadh agus marbhnadh aoir agus ábhacht iomarbháigh agus iomchasaoid. Vol. I téacs agus brollach*. Simpkin, Marshall, Hamilton, Kent & Co.

**NÍ DHOMHNAILL, Máire 'Chonntachtach' (c. 1900)**

Ba "bean siúbhail" ó na Rosa i nDún na Gall ab í Máire Chonntachtach Ní Dhomhnaill. Dúirt [Seosamh Mac Grianna](#) (1900–1990) gur bhean "de Dhálach" í agus go raibh sí pósta le fear darbh ainm Antoin Mhághnuis (1926, 17–8). Tá trácht ón gCnuasach Béaloidis a thacaíonn leis seo, ag rá gurb í "bean chéile Mhic Mhánaís" agus go raibh sí thart in aimsir an Sagart Mór Ó Dómhnaill sna Rosa (CBÉ 281, 86). Rinne an sagart teach phobail a thogáil ar thalamh Mháire agus dódh an teach. Deirtear gurb é mallacht Mháire a chuir trí thine é. Bhí rannta dá filíocht ar eolas ag Seosamh Mac Grianna agus [Séamus Ó Grianna](#) (1889–1969) as Rann na Feirste, agus táid ar fáil in *Filí Gan Iomrádh* (Mac Grianna 1926), *An tUltach* (1926, 5), agus *Cith is Deálan* (1976). Deir Ó Laoire go bhfuil seans ann gurb í a chum 'An Fial-Athair Dónaill' (2012, 795; 2022, 636–40). Mar a deir Mac Grianna fúithi, "Bocht is mar bhí sí, bhí inntinn aici nach mbíonn ag mórán agus teangaidh a gheárrfadh an t-iarann fuar, ná a mheallfadh an tsúil as do cheann" (1926, 18). Sna tráchtanna don fhile seo i mbéaloideas a cheantair, deirtear gur "géar" an teanga a bhí inti don té nár chabhraigh léi (CBÉ 374, 283; Ó hÓgáin 1982, 36). Deirtear gur in ómós di a thug Séamus Mac Grianna an t-ainm cleite 'Máire' leis (Nic Congáil 2014, 377). Tá amhrán eile ina hainm ar fáil sa Chnuasach Béaloidis (CBÉ 488, 256; CBÉ 374, 287), agus tá sí luaite i gcur síos Niall Uí Dhomhnaill ar ghlúin fhilí na Rosann ag tús an fichiú haois (1952, 138–9).

**A saothar:**

Mac Grianna, Seosamh. *Filí gan iomrádh*. An t-Ultach.

Ó Baoill, Míic Sheáin. 1937. *Príomhbhailiúchán* CBÉ. Bailitheoir: Eoghan Ó Domhnaill. Imleabhar 374 (1): 287.

Ó Domhnaill, Hiúdaí Sheáinín. 1937. *Príomhbhailiúchán* CBÉ. Bailitheoir: Eoghan Ó Domhnaill. Imleabhar 488 (1): 256.

Ó Grianna, Séamus, agus Niall Ó Dónaill. 1976. *Cith Is Dealán*. Cló Mercier.

Ó Grianna, Séamus. 1926. "Nó nach cumhan leat an oíche?." *An tUltach* Mí na Féile Míchil: 5.

Ó Laoire, Lillis agus Sorcha Nic Lochlainn. 2022. "Amhrán na nDaoine sa Naou hAois Déag." In *Bone and Marrow Cnamh Agus Smior An Anthology of Irish Poetry From Medieval To Modern*, curtha in eagar ag Brian Ó Conchubhair agus Samuel K Fisher: 636–40. Wake Forest University Press.

**Foinsí tagartha:**

- Nic Eoin, Máirín. 1998. *B'ait Leo Bean : Gnéithe Den Idé-Eolaíocht Inscne i dTraidisiún Liteartha Na Gaeilge*. An Clóchomhar Tta.
- Nic Congáil, Ríona. 2014. "The Changing Face of Irish Ireland: Séamus Ó Grianna's and Eilís Ní Dhuibhne's Fictions of the Donegal Gaeltacht." *Irish University Review* 44 (2): 357–380.
- Ó Baoill, Micí Sheáin. 1936. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Aodh Ó Domhnaill. Imleabhar 261 (1): 85–8.
- . 1937. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Eoghan Ó Domhnaill. Imleabhar 374 (1): 283–4.
- Ó Domhnaill, Niall. 1974. *Na Glúnta Rosannacha*. Oifig an tSoláthair.
- Ó hÓgáin, Dáithí. 1982. *An File : Staidéar ar Osnádúrthacht na Filíochta sa Traidisiún Gaelach*. Oifig An tSoláthair.

## NÍ DHOMHNAILL, Nuala (c.1575–c.1630)

Ba phátrún filíochta í Nuala iníon Uí Dhomhnaill a bhí páirteach in Imeacht na nIarlaí. B'iníon í le hAodh Dubh mac Maghnusa Uí Dhomhnaill agus a bhean, Fionnghuala 'Iníon Dubh' Nic Dhomhnaill (Casway 2009). I measc a deartháireacha bhí Aodh Rua agus Cafairr Ó Domhnaill. Phós sí Niall Garbh Ó Domhnaill in 1591, ach tháinig deireadh leis an bpósadh tar éis dó cabhrú leis na Sasanaigh. In 1607, d'éalaigh sí lena deartháireacha, le Róise Ní Dhochartaigh, a deirfiúr céile, agus na hIarlaí eile chun na hEorpa. Nuair a fuair sí bás in c.1630 cuireadh in Louvain í. Rinne Fearghal Óg Mac an Bhairead tagairt di san Iodáil sa dán dar tús 'Truagh liom Máire agus Mairghrég' (Mac an Bhairead 1933, 108–11), dán ina moltar go hard í, "mar dhuine a thuill urraim mhuintir na hÉireann i gcoitinne" (Nic Eoin 1998, 163). Ba phátrún í Nuala leis an bhfile Eoghan Ruadh Mac an Bhairead, a scríobh an dán 'A bhean fuair fail ar an bhfeart' di (c.1608). Sa dán, cruthaítear íomhá de Nuala sa Róimh, agus a deartháir agus a nia á gcaoineadh aici ina haonair (Knott 1960, 161–171):

A bhean fuair fail ar an bhfeart,  
 truagh liom a bhfaghthaoi d'éisdeacht;  
 dá mbeath fian Ghaoidheal ad ghar  
 do bhiadh gud chaoineadh congnamh.

As fada go bhfuighthi an fhaill  
 dá mbeath thiar i dTír Chonaill;  
 láimh re sluagh mBoirche dá mbeath,  
 ní foighthe an uagh go huaigneach.

### Foinsí tagartha:

- Casway, Jerrold. 2009. "O'Donnell, Nuala." *Dictionary of Irish Biography*. Ar fáil ag <https://www.dib.ie/biography/odonnell-nuala-a6696> [Rochtain faighte: 28/08/2025].
- Concannon, Helena. 1920. "The Woman of the Piercing Wail' (The Lady Nuala O'Donnell)." *The Irish Ecclesiastical Record* 16: 216–240. Browne and Nolan.
- Knott, Eleanor. 1960. "Mac an Bhairead's elegy on the Ulster lords." *Celtica* 5: 161–171.
- Mac an Bhairead, Fearghus Óg. 1933. "Poems in Maynooth Manuscripts." In *Gleanings from Irish Manuscripts. Second Edition*, curtha in eagar ag Paul Walsh: 108–11. Fleet Street.
- Nic Eoin, Máirín. 1998. *B'ait Leo Bean : Gnéithe Den Idé-Eolaíocht Inscne i dTraidisiún Liteartha Na Gaeilge*. An Clóchomhar Tta.

Ní Dhomhnaill, Nuala. 1994. "An T-Anam Mothala / The Feeling Soul : The Woman Poet in the Irish Tradition." *Etudes Irlandaises Année 1994*: 27–52.

### **NÍ DHOMHNALLÁIN, Máirín (1914–2006)**

Ba leabharlannaí agus file í Máirín Ní Dhomhnalláin. Iníon leis an mbailitheoir amhrán [Pádhraic Ó Domhnalláin](#) (1884–1960) agus a bhean Síle ‘Celia’ Ní Chonfhaola, rugadh Máirín ar [3 Márta 1914](#) i dTobar an Choire, Ros Comáin. Bhí seisear páistí sa teaghlach agus bhogadar go Baile Átha Cliath in 1920 nuair a ceapadh a hathair ina eagarthóir ar *Misneach* (Breathnach & Ní Mhurchú, g.d.). D’fhreastail Máirín ar Scoil Chaitríona, Sráid Eccles, agus bhain sí céim sa Léann Ceilteach agus Ard-Diplóma san Oideachas amach ón gColáiste Ollscoile i mBaile Átha Cliath in 1935 agus 1936. Ba leabharlannaí í in Acadamh Ríoga na hÉireann, agus d’fhoilsigh sí a mórshaothar filíochta, *Sin mar a bhí*, in 1997. Fuair Máirín bás ar 3 Meán Fómhair 2006 i gCarraig an tSionnaigh, agus cuireadh i Reilig Ghráinseach an Déin í.

#### **A saothar:**

- Ní Dhomhnalláin, Máirín. 1997. *Sin mar a bhí*. Coiscéim.
- . 1996. "Tráth Dá Raibh." *Comhar* 55 (4): 31–2.
- . 1996. "An Todhchaí." *Comhar* 55 (4): 31–2.
- . 1997. "Do Cholm Cille ina dhúiche féin." *Comhar* 56 (8): 18.
- . 2002. "Máirín Ní Dhomhnalláin". In *The Field Day Anthology of Irish Writing, Volume V: Irish Women's Writings and Traditions*, curtha on eagar ag Angela Bourke, Siobhán Kilfeather, Maria Luddy, Margaret Mac Curtain, Gerardine Meaney, Máirín Ní Dhonnchadha, Mary O’Dowd, Clair Wills: 1369–70. Cork University Press.

#### **Foinsí tagartha:**

- Breathnach, Diarmuid agus Máire Ní Mhurchú. Gan dáta. "Pádhraic Ó Domhnalláin (1884–1960)." *Ainm.ie: An Bunachar Náisiúnta Beathaisnéisí Gaeilge* [Rochtain faighte: 23/05/2025].
- Butler, Tony. 1974. "Spacemen in Ancient Ireland." *Evening Herald*. 29 Iúil: 9.
- Gan údar. 1935. "Honours Degree Examinations." *Irish Press*. 30 Deireadh Fómhair: 2.
- Gan údar. 1936. "U.C.D. Examination Results." *Irish Press*. 10 Iúil: 9.

### **NÍ DHONNCHADHA, Brighid (fl. 1938)**

Ba leabharlannaí cúnta í Brighid Ní Dhonnchadha, B.A., i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ó Mhárta 1935 go Iúil 1937. Le [Risteard de Hae](#) (1902–1976), chuir sí *Clár Litridheacht na Nua-Ghaedhilge: Cuid I: Leabhra le chéile*. Foilsíodh an t-imleabhar seo in 1938, agus d’éirigh sí as a post sa leabharlann de dheasca tinnis sa bhliain chéanna (SDT 1939).

#### **A saothar:**

- De Hae, Risteárd agus Brighid Ní Dhonnchadha. 1938. *Clár Litridheacht Na Nua-Ghaedhilge, 1850–1936*. Oifig Díolta Foilseachasain Rialtais.

#### **Foinsí tagartha:**

- Ó Broin, León. 1938. "Review." *The Irish Monthly* 66 (785): 798–803.

Sources from the Department of the Taoiseach [SDT]. 1939. "Record 5116." *Women in 20th-century Ireland – 1922–1966*. Ar fáil ag <https://findingaids.nationalarchives.ie/index.php?browse=true&category=1&subcategory=9&offset=5110&browserresults=true> [Rochtain faighte: 18/08/2025].

### **NÍ DHONNCHADHA, Cáit (1883–1969)**

Ba as an nGleann, Carraig na bhFear, Contae Chorcaí do Cháit Ní Dhonnchadha. Rugadh í ar [22 Meitheamh 1883](#). Ba iad Donnchadha agus Síle née Ní Éigeartaigh a tuismitheoirí, agus bhí triúr deartháireacha aici, Donnchadha, Éamonn agus [Tadhg ‘Torna’](#) (1874–1949). Ba ghníomhaí teanga, amharclannaíochta agus camógaíochta í agus múinteoir Gaeilge chomh maith a scríobh go háirithe don *Claidheamh Soluis*, *The Weekly Freeman*, *Holly Bough* agus *The Irish Homestead*. Fuair sí bás ar [31 Márta 1969](#) in Ospidéal Mhuire agus tá sí curtha in uaigh a dearthár Torna i Reilig Naomh Fionnbarra, i gCorcaigh (Ní Ghearbhuigh 2018).

#### **A saothar:**

Ní Dhonnchadha, Cáit. 1935. "Cathair An Treatai-Luimneach." *Holly Bough*: 10.  
—. 1911. "Camoghuidheacht." *An Claidheamh Soluis*. 11 Samhain: 10.

#### **Foinsí tagartha:**

De Buitléar, Máire. 1911. "The United Irishwomen." *An Claidheamh Soluis*. 02 Nollaig: 9.  
Gan údar. 1909. "The National Festival." *An Claidheamh Soluis*. 10 Iúil: 10.  
Ní Ghearbhuigh, Ailbhe. 2018. "Cáit Ní Dhonnchadha: idir shamhail agus ghníomhaí na hAthbheochana." *Comhar* 4: 1–16.

### **NÍ DHONNCHADHA, Eibhlín (1921–1998)**

Ba thaighdeoir agus craoltóir í Eibhlín Ní Dhonnchadha a rugadh ar [14 Meitheamh 1921](#) i gCathair Saidhbhín, Contae Chiarraí. Ba iad Denis agus Josephine *nee* Thomspón a tuismitheoirí. Tar éis don teaghlach bogadh go cathair Chorcaí sna 1930idí, d’fhreastail Eibhlín ar Scoil Íte (Ní Dhubhghaill 2019, 134). Bhain sí B.A., M.A., agus Ph.D. (faoi stiúr Thaidhg Uí Dhonnchadha) amach i gColáiste na hOllscoile Corcaigh idir 1937–44 (Ní Dhubhghaill 2019, 134). In 1953, d’fhoilsigh sí a leabhar taighde, *Saothar filidheachta Thomáis Uí Conchubhair* (1953) bunaithe ar a taighde iarchéime san ollscoil. Phós sí an t-oifigeach airm, Labhrás Ó Dubhghaill i Meán Fómhair 1948. Scríobh sí ailt don *Irish Press* agus don *Evening Echo* faoin ainm cleite, ‘Eibhlín Dubh’. I measc na cláracha raidió a chur sí i láthair do RTÉ, bhí ‘Scríobhaithe na Gaeilge’, ‘Cé’r díobh thú? Seanchas ar shloinnté Gael’, ‘An Chláirseach’, agus ‘Ceol-Sheanchas na gCúigí’ (Ní Dhubhghaill 2019, 135).

#### **A saothar:**

Ó Conchubhair, Tomás, agus Eibhlín Ní Dhonnchadha. 1953. *Tomás Ó Conchubhair Agus a Chuid Filidheachta*. Oifig an tSoláthair.

**Foinsí tagartha:**

Ní Dhubhghaill, Órla. 2019. “Eibhlín Ní Dhonnchadha agus ‘Ceol-Sheanchas na gCúigí’: A Series of Irish Radio Talk Scripts for Radio Éireann from 1944.” *Béaloideas* 87: 133–138.

Ó Laoghaire, An tAth Diarmuid. 1954. “Léirmheas: Filíocht thomáis uí chonchubhair [Review of Tomás Ó Conchubhair agus A Chuid Filidheachta, by E. Ní Dhonnchadha].” *Comhar* 13 (7): 8.

**NÍ DHONNCHADHA, Máire Dubh (1702–1795)**

File agus bean chaointe cosúil lena hiníon, [Eibhlín Dubh Ní Chonail](#) (c.1743–c.1800), ba de shliocht uaisleacht Chiarraí agus garneacht leis an bhfile [Séafraidh Ó Dhonnchadha an Ghleanna](#) í Máire Dubh Ní Dhonnchadha / Máire Ní Dhuibh (O’Connell 1892, 7; Uí Ógáin 1981). Rugadh Máire in 1702 i nGleann Fleisc, iníon le Domhnall Dubh Ó Donnchadha agus a bhean Éilís Ní Fheirtéaraigh. Phós sí Dónall Mór Ó Conaill ó Dhoire Fhionáin Mór in 1716 agus bhí 13 páistí acu: John, Maurice, Connell, Morgan, Daniel (Bary 2010, 8), Elizabeth, Alice, Honor (Bary 2011, 11), Mary, Ellen (Eibhlín Dubh), Gobbinette, Joan agus Anne (Bary 2012, 14). Scríobh sí dán ag ceiliúradh breithe a garmhic, an polaiteoir Dónall Ó Conaill (1775–1847), dar teideal *TTigh ad bheatha a Dhómhnail óig* (ARÉ 24 C 26; ARÉ 12 G 15), agus caoineadh ar imeacht ochtar déag col ceathrair ó Dhoire Fhionáin dóibh chun na Fraince (luaite ag Bary 2010, 8; Nic an Airchinnigh 2013, 29). Deirtear gur mhinic a chum sí amhrán timpeall Dhoire Fhionáin chun a searbhóntaí a spreagadh obair a dhéanamh (Ní Ghríofa 2020, 82; Uí Ógáin 1981, 101; Nic Eoin 1998, 264), agus tá seanchas fúithi le feiceáil i bPríomhbhailiúchán CBÉ (147, 9–10). Fuair a fear céile bás in 1770, agus d’éag Máire in 1796. Tá sí curtha ar Oileán na Mainistreach.

**A saothar:**

ARÉ LS 24 C 26.

ARÉ LS 12 G 15.

Uí Ógáin, Ríonach. 1981. “Máire Ní Dhuibh.” *Sinsear* iii: 107–7.

**Foinsí tagartha:**

Bary, Valerie. 2010. “Some Notes on the O’Connell’s of Derrynane.” *The Kerry Magazine* 20: 8–9.

—. 2011. “Further Notes on the O’Connell’s of Derrynane.” *The Kerry Magazine* 21: 11–12.

—. 2012. “Final Notes on the O’Connell’s of Derrynane.” *The Kerry Magazine* 22: 14–15.

Nic An Airchinnigh, Méadhbh. 2013. “Traidisiún na Caointeoireachta in Éirinn agus sa Ghréig: Staidéar Comparáideach Traschultúrtha.” In *Sealbhú an Traidisiúin*, curtha in eagar ag Niamh Ní Shiadhail, Meidhbhín Ní Úrdail, agus Ríonach Uí Ógáin: 25–35. Comhairle Bhéaloideas Éireann

Nic Eoin, Máirín. 1998. *B’ait Leo Bean : Gnéithe Den Idé-Eolaíocht Inscne i dTraidisiún Liteartha Na Gaeilge*. An Clóchomhar Tta.

Ní Ghríofa, Doireann. 2020. *A Ghost in the Throat*. Tramp Press.

Ní Shíocháin, Triona. 2021. ‘The oral tradition’. In *A History of Irish Women’s Poetry*, curtha in eagar ag Ailbhe Darcy agus David Wheatley: 74–88. Cambridge University Press.

—. 2017. *Singing Ideas : Performance, Politics, and Oral Poetry*. Berghahn Books.

- O'Connell, Mrs. Morgan John. 1892. *The Last Colonel of the Irish Brigade, Count O'Connell, and old Irish life at home and abroad, 1745–1833*. Kegan Paul, Trench, Trubner & co.
- O'Toole, Tina, Gearóidín Nic Carthaigh, Síle Ní Chochláin, Patricia Coughlan, agus Éibhear Walshe. 2005. *Dictionary of Munster Women Writers, 1800 to 2000 = Scribhneoirí Ban Na Mumhan, 1800–2000*. Cork University Press.
- Gan fhaisnéiseoir luaite. 1935. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Tadhg Ó Murchadha. Imleabhar 147: 9–10.

## **NÍ DHROMA, Máire (?–c.1850)**

Chum an file Máire Ní Dhroma, a raibh cáil uirthi mar ‘Molly na Páirce’ nó ‘Molly na nAmhrán’, ó Bhaile na nGall Beag sa Rinn, Port Láirge, an t-amhrán iomráiteach ‘Na Prátaí Dubha’ (Tóibín 1978, 17; de Fréine 1990, 258). Ba faoi aimsir an Ghorta é agus “... más fíor don seanchas, chuir an eaglais Chaitliceach cosc” ar an amhrán (Nic Eoin 1998, 263), toisc di Dia a cháineadh ann. Leag a garíníon Bean Uí Mhuirthe amhráin eile an cheantair uirthi chomh maith, ar nós ‘Na Gaibhne’, ‘An Táilliúir’, ‘Amhrán an Tuinncéara’, ‘Amhrán na Méire’, ‘An Siota’, agus ‘Na Gleannta’ (CBÉ 151; Ó Gealbháin 2015, 41–4). Phós Molly Séamus Turraoin ar 5 Deireadh Fómhair 1827 agus chuireadar fúthu i mBarra na Faille, Baile na nGall Beag (Mac Craith 1999, 60). Cailleadh thart ar an mbliain 1850 í (CBÉ 151, 385) agus cuireadh i reilig an tSean Chluain sa Rinn í (Ó Gealbháin 2015, 45). Cé nach raibh aon oideachas ar an mbean, mar a deir Tóibín, léiríonn an t-amhrán “cheapdóireacht agus fós é ag fiuchadh le diagach agus fealsúnacht” (1978, 17). Maireann neart seanchais fúithi sa Rinn fós (Turraoin 1998, 61–2). Faoi mar a deir Ciarán Ó Gealbháin, “Is pearsa í Máire Ní Dhroma, mar sin, gur beag an t-eolas atá le fáil uirthi i gcuntais oifigiúla, ach gur mhair, agus go maireann fós, a hainm is a cáil ar an mbéal beo ina ceantar dúchais féin” (2015, 46).

### **A saothar:**

- Tóibín, Nioclás. 1978. *Duanaire Déiseach*. Sáirséal agus Dill.
- De Fréine, Seán. 1990. *Croí Cine*. An Clochomhar Tta.

### **Foinsí tagartha:**

- Mac Craith, Nioclás. 1999. “Baile na nGall Mór agus Beag.” *An Linn Bhuí* 3: 38–61.
- . 1998. “Cnocán an Phaoraigh Íochtarach.” *An Linn Bhuí* 2: 33–43.
- Nic Eoin, Máirín. 1998. *B’ait Leo Bean : Gnéithe Den Idé-Eolaíocht Inscne i dTraidisiún Liteartha Na Gaeilge*. An Clóchomhar Tta.
- Ní Shíocháin, Triona. 2017. *Singing Ideas : Performance, Politics, and Oral Poetry*. Berghahn Books.
- Ó Gealbháin, Ciarán. 2015. “‘Na Prátaí Dubha’ agus déantúis eile a leagtar ar Mholly na Páirce.” *An Linn Bhuí* 19: 41–62.
- O'Toole, Tina, Gearóidín Nic Carthaigh, Síle Ní Chochláin, Patricia Coughlan, agus Éibhear Walshe. 2005. *Dictionary of Munster Women Writers, 1800 to 2000 = Scribhneoirí Ban Na Mumhan, 1800–2000*. Cork University Press.
- Turraoin, Risteaird. “Gairdín an Chabáiste.” *An Linn Bhuí* 2: 60–3.
- Uí Mhuirthe, Bean. 1935. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Nioclás Breathnach. Imleabhar 151.

## **NÍ DHUINNSHLÉIBHE, Máire (1844–1924)**

Rugadh Máire, iníon leis an bhfile [Seán Ó Duinnshléibhe](#) (1812–1889) agus a bhean Mary Ní Mhainnín an ar na Blascaodaí, Contae Chiarraí in 1844 agus baisteadh í ar [21 Aibreán](#) na bliana sin i mBaile an Fheirtéaraigh. B’fhile í Máire, agus tá a cuid filíochta le feiceáil in *An File: Staidéar ar Ósnádúrhacht na Filíochta sa Traidisiún Gaelach* le Dáithí Ó hÓgáin (1982, 46 & 157; O’Toole et. al 2005, 195). Ba bhua é nár aontaigh a athair leis áfach, toisc “... ná téann filíocht thar bhean” (Ua Maoileoin 1960, 88). Tá scéalta faoi Mháire agus faoi bhuairt a hathar “go n-imtheóchaidh an fhilídheacht ón muinntir a thiofadh na dhiaidh” le feiceáil i mBailiúchán na Scol (CBÉS 0424, 245). Phós Máire Eugene Brown ó Bhaile Bhiocáire ar an [28 Feabhra 1865](#) agus bhí dáréag muirear orthu, seisear a mhair. Duine dóibh ab ea [Pádraig ‘An Pápa’ de Brún](#), an scéalaí (CBÉ 0244 & 0431). Fuair sí bás ar an [26 Feabhra 1925](#).

### **A saothar:**

Ó hÓgáin, Dáithí. 1982. *An File: Staidéar ar Osnádúrhacht na Filíochta sa Traidisiún Gaelach*. Oifig An tSoláthair.

### **Foinsí tagartha:**

Ó Seághdha, Pádraig. 1935. Bailiúchán na Scol CBÉ. Bailitheoir: Máire Ní Sheághdha. Imleabhar 424: 245.  
O’Toole, Tina, Gearóidín Nic Carthaigh, Síle Ní Chochláin, Patricia Coughlan, agus Éibhear Walshe. 2005. *Dictionary of Munster Women Writers, 1800 to 2000 = Scribhneoirí Ban Na Mumhan, 1800–2000*. Cork University Press.  
Ua Maoileoin, Pádraig. 1960. *Na hAird ó Thuaidh*. Sáirséal agus Dill.

## **NÍ EACHIARAINN, Eibhlín (fl. 1745)**

Ba Chorcaíoch file í Eibhlín ‘Eilín’ Ní Eachiarainn / Eachtigheirnn, a luaigh Fiachra Éilgeach ina aiste ‘Filí Chorcaighdhe’ (1908, 39). Luadh Eibhlín leis an dán dar tús “Stadaig de bhur ngéarghol, a ghasca chaomh so” i neart lámhscríbhinní, cé gurb é an tuairim choitianta go mba [Eibhlín Ní Choillte](#) (fl.1745) a chum. Tá plé air seo déanta ag Máirín Nic Eoin in *B’ait leo bean: Gnéithe Den Idé-Eolaíocht Inscne i dTraidisiún Liteartha Na Gaeilge* (1998, 264), agus ag Máirín Ní Dhonnchadha sa chúigiú imleabhar de *The Field Day Anthology of Irish Writing* (Ní Dhonnchadha 2002, 435).

### **A saothar:**

ARÉ 23 B 36: 7m  
ARÉ 24 B 29, 139 (65), col. 2  
Coláiste na Tríonóide H.6.14: 75  
Coláiste na hOllscoile Corcaigh. Cnuasach Uí Mhurchú 40: 209.12

### **Foinsí tagartha:**

Breatnach, Pádraig A., Pádraigín Haicéad, Eoghan an Mhéirín, Dáibhí Ó Bruadair agus Aogán Ó Raithile. 1993. “Form and Continuity in Later Irish Verse Tradition.” *Ériu* 44: 125–38.  
Éilgeach, Fiachra [Risteaird Ó Foghludha]. 1908. “Filí Chorcaighdhe.” *Saothar Suadha: Aistí do léigheadh os comhair Dáil na hÉigse, i gCorcaigh, Meadhon Foghmhair, 1907 Vol 1*: 26–42. Muinntir an Ghoill Teo.

- Harris, Mary N. 1995. "Beleaguered but Determined: Irish Women Writers in Irish." *Feminist Review*, 51: 26–40.
- Nic Eoin, Máirín. 1998. *B'ait Leo Bean : Gnéithe Den Idé-Eolaíocht Inscne i dTraidisiún Liteartha Na Gaeilge*. An Clóchomhar Tta.
- Ní Dhonnchadha, Máirín. 2002. "Courts and Coteries II: c. 1500–1800." In *The Field Day Anthology of Irish Writing, Volume IV: Irish Women's Writings and Traditions*, curtha in eagar ag Angela Bourke, Siobhán Kilfeather, Maria Luddy, Margaret MacCurtain, Gerardine Meaney, Máirín Ní Dhonnchadha, Mary O'Dowd, agus Clair Wills: 358–458. Cork University Press.
- O'Toole, Tina, Gearóidín Nic Carthaigh, Síle Ní Chochoiláin, Patricia Coughlan, agus Éibhear Walshe. 2005. *Dictionary of Munster Women Writers, 1800 to 2000 = Scríbhneoirí Ban Na Mumhan, 1800–2000*. Cork University Press.

### **NÍ EAGHRAIN, Gráinne (1905–2005)**

Bhailigh Énrí Ó Muirgheasa scéalta Fiannaíochta (1931, 54–5) agus Rúraíochta (1930, 318–324) ó Ghráinne Ní Eaghraín i Míin an Duáin, Baile na Finne, Dún na nGall sna 1920idí agus d'fhoilsigh *Béaloideas* iad sna 1930idí. Rugadh Gráinne 'Gracie' ar [18 Bealtaine 1906](#), iníon le Frank agus Nellie *née* Timony. Chuaigh sí le bunmhúinteoireacht agus bhí cónaí uirthi i Leifear nuair a phós sí Peter McGhee ar [27 Samhain 1945](#). Bhí sí ina príomhoide sa scoil náisiúnta i Míin an Bhealaigh, Ard an Rátha go dtí gur éirigh sí as in 1972. D'éag sí 17 Deireadh Fómhair 2005 (2005, 63).

#### **A saothar:**

Ní Eaghraín, Gráinne; Ó Muirgheasa, Énrí (eag.). 1930. "Dá Sgéal Ar Cúculainn." *Béaloideas* 2 (3): 318–24.  
— . 1931. "Sgéalta ó Tír Conaill." *Béaloideas*, 3 (1): 3–63.

#### **Foinsí tagartha:**

Gan údar. 2005. "The Late Grace McGhee." *Donegal News*. 28 Deireadh Fómhair: 63.

### **NÍ EIFEARNÁIN, Máire Ruadh (fl. 1845)**

Is i mbéal Mháire Ruadh Ní Eifearnáin a leagtar na hamhráin "An gabhan geal bán" agus "Seoladh na n-gabhan" (ARÉ 23 E 12, 282–2; Nic Eoin 1998, 267, Ó Tuama 1960, 274–7). De réir an lámhscríbhinn céanna, ba dheirfiúr le hUilliam Dall í an Máire Ruadh seo. I lámhscríbhinn eile (Cnuasach Uí Mhurchú 63, 120), leagtar an dara hamhrán ar "Eibhlín Ní Earthnáin" arbh dheirfiúr "Uilliam Dhaoll Uí hEarthnáin ó Chontae Thiobrad áran" í. Más é an file [Liam Dall Ó hIfearnáin](#) (c.1720–c.1803) atá i gceist anseo, ba as Laitean, Contae Thiobraid Árann don Mháire seo agus ba "de mhuintir Áinle a mháthair" (Morley 2009).

#### **A saothar:**

ARÉ 23 E 12: 282.

ARÉ 12 E 24: 165–6.

Coláiste na hOllscoile Corcaigh. Cnuasach Uí Mhurchú LS 63: 120

**Foinsí tagartha:**

- Morley, Vincent. 2009. “Ó hIfeárnáin, Liam ‘Dall’.” *Dictionary of Irish Biography* ag <https://www.dib.ie/biography/o-hifearnain-liam-dall-a6375> [Rochtain faighte: 01/05/2025].
- Ó Tuama, Seán. 1960. *An grá in amhráin na ndaoine : léiriú téamúil*. An Clóchomhar.
- Nic Eoin, Máirín. 1998. *B’ait Leo Bean : Gnéithe Den Idé-Eolaíocht Inscne i dTraidisiún Liteartha Na Gaeilge*. An Clóchomhar Tta.
- O’Toole, Tina, Gearóidín Nic Carthaigh, Síle Ní Chochláin, Patricia Coughlan, agus Éibhear Walshe. 2005. *Dictionary of Munster Women Writers, 1800 to 2000 = Scribhneoirí Ban Na Mumhan, 1800–2000*. Cork University Press.
- Uí Dhonnabhain, Miriam. 2014. “Patrons, Poets, Scribes and Singers—Some Examples of Participation by Women in the Later Gaelic Literary Tradition.” *Australasian Journal of Irish Studies* 14: 91–110.

**NÍ ÉIGEARTAIGH, Anna (1887–1965)**

Ba as Iomaire Mhuireanáin, Gleann Cholm Cille, Contae Dhún na nGall, don bhailitheoir béaloidis, Anna ‘Annie’ Ní Éigeartaigh. Rugadh Annie ar [2 Nollaig 1877](#), iníon le Patrick McGinley agus a bhean Anne *née* Doogan. Phós Anna Conall ‘Condy’ Ó hÁgartaigh as an Dúinín, Doire Leathan, Cill Charthaigh ar [22 Feabhra 1906](#). Bhailigh Anna béaloideas i gCill Charthaigh agus in Anagaire idir 1928 agus 1936 agus tá dhá imleabhar léi le thart ar 80 píosa a bhailigh sí i bPríomhbhailiúchán Chnuasach Bhéaloideas na hÉireann (CBÉ 176; CBÉ 224). Chuir sí fáilte roimh bhailitheoirí eile béaloideas a bhailiú ina teach, [Seán Ó hEochaidh](#) (1913–2002), mar shampla (CBÉ 421, 173–4), “This house was not the storyteller’s [Pádraig MacUibhir] home, but another house named by him as a good rendezvous. Interestingly, this house is named as belonging to the woman, Anna Ní Eigheartaigh... although her husband was present” (Ó Laoire 2017, 127). Bhí cúigear páistí acu: Bridget, Pádraig, Annie, Mary, agus Susan. Fuair Annie bás ar [18 Eanáir 1965](#).

**A saothar:**

- . 1928–36. Príomhbhailiúchán CBÉ Bailitheoir: Anna Ní Eigheartaigh. Imleabhar 176 (4).
- . 1936. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Anna Ní Eigheartaigh. Imleabhar 224 (1).

**Foinsí tagartha:**

- Ó hEochaidh, Seán. 1936. Príomhbhailiúchán CBÉ. Imleabhar 421: 173–4.
- Ó Laoire, Lillis. 2017. ““Tá cuid de na mná blasta/Some Women Are Sweet Talkers”: Representations of Women in Seán Ó hEochaidh’s Field Diaries for the Irish Folklore Commission.” *Estudios Irlandeses, Special Issue* 12 (2): 122–138.

**NÍ FHAOLÁIN, Máire (1858–1939)**

Scéalaí ar bhailigh Pádraig Ó Milléadha uaithi ab ea Máire Ní Fhaoláin as Na Sceithíní (Bleántras Odhar) i mBéal na Molt, Port Láirge (O’Toole et, al 2005, 196). Rugadh in 1858 í, agus baisteadh í ar [6 Bealtaine](#) na bliana sin. Ba iad William agus Maria a tuismitheoirí. Tá a

cuid scéalta, seanchais agus amhrán le feiceáil sa Phríomhbhailiúchán CBÉ (Iml. 84), i mBailiúchán na Scol (Iml. 656), agus in *Béaloideas* 6.2 (1936). Fuair sí bás ar [8 Samhain 1936](#).

**A saothar:**

Ní Fhaoláin, Máire. 1935. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Pádraig Ó Miléadha. Imleabhar 84 (2): 328–333.  
—. 1937. Bailiúchán na Scol CBÉ. Múinteoir: Pádraig Ó Cearbhaill. Imleabhar 658: 265.  
Ó Milléada, Pádraig. 1936. “Seancas Sliab gCua.” *Béaloideas* 6 (2): 169–256.

**Foinsí tagartha:**

O’Toole, Tina, Gearóidín Nic Carthaigh, Síle Ní Chochláin, Patricia Coughlan, agus Éibhear Walshe. 2005. *Dictionary of Munster Women Writers, 1800 to 2000 = Scribhneoirí Ban Na Mumhan, 1800–2000*. Cork University Press.

### **NÍ FHEARUÍOLA, Máiréad (c.1853–1932)**

Ba as Ré na dTiompan, Tuar an Fhíona, Port Láirge, don scéalaí Máiréad Ní Fhearúiola. Ba iad James agus Johanna *née* Lane a tuismitheoirí agus bhí Máiréad ina cónaí le mac a deirfear Máire, Pádraig Ó Fiannúsa in 1901 agus 1911. Bhailigh a mhac [Pádraig Ó Fiannúsa](#) (1914–1990), scéalta béaloidis uaithi (scéalta gaisce agus Fiannaíochta ina measc) a foilsíodh in *Béaloideas* 3.3 (1932, 283–89). Níor phós sí riamh agus fuair sí bás ar [6 Márta 1932](#), coicís sular tháinig an Duileargach ar cuairt chun scéalta a bhailiú uaithi.

**A saothar:**

Ó Fionúsa, Pádraig. 1932. “Measgra Dhéiseach.” *Béaloideas* 3 (3): 283–89.

**Foinsí tagartha:**

O’Toole, Tina, Gearóidín Nic Carthaigh, Síle Ní Chochláin, Patricia Coughlan, agus Éibhear Walshe. 2005. *Dictionary of Munster Women Writers, 1800 to 2000 = Scribhneoirí Ban Na Mumhan, 1800–2000*. Cork University Press.

### **NÍ FHLANNGHAILE, Máire (c. 1887–1942)**

Rugadh Máire Ní Fhlannghaile in West Ham, Londain thart ar an mbliain 1887. B’iníon í le bunaitheoir Chonradh na Gaeilge i Londain, [Tomás Ó Flannghaile](#) (1846–1916). Maria ab ainm dá máthair agus bhí deirfiúr amháin aici, Nóra, agus deartháir William. Ba mhúinteoir í Máire a mhúin in Forest Gate, Londain agus a mhúin Gaeilge i ranganna de chuid an Chonartha. Bhí [Eoghan Ó Grádaigh](#) (1902–1987) mar dhuine dá daltaí. Ó 1936 go 1940, b’uachtarán Máire ar an gConradh i Londain. Bhí sí ina heagarthóir chomh maith ar an iris, *Féile na nGael*. Fuair sí bás in Eanáir 1942 agus cuireadh i Reilig Naomh Phádraig in Leytonstone, Londain í.

**Foinsí tagartha:**

Breathnach, Diarmuid agus Máire Ní Mhurchú. Gan dáta. “Tomás Ó Flannghaile (1846–1916).” *Ainm.ie: An Bunachar Náisiúnta Beathaisnéisí Gaeilge* [Roctain faighte: 23/05/2025].

- Gan údar. 1923. “Gaelic League’s Future: Old Opponents now enthusiasts.” *Irish Independent*. 01 Deireadh Fómhair: 8.
- Gan údar. 1935. “London Gaelic League.” *Irish Press*. 29 Bealtaine: 2.
- Gan údar. 1940. “Literature.” *Waterford News and Star*. 11 Deireadh Fómhair: 10.
- Gan údar. 1942. “Maire Ní Fhlannighle.” *Irish Press*. 17 Eanáir: 3.
- Gan údar. 1942. “Died in London.” *Connaught Telegraph*. 24 Eanáir: 2.
- Ó Riain, Liam. 1939. “Gaels in the dark.” *Irish Press*. 07 Deireadh Fómhair: 6.

### **NÍ FHUALÁIN, Bairbre (fl. 1938)**

Ba bhailitheoir béaloidis páirtaimseartha le haghaidh Coimisiún Bhéaloideas na hÉireann í Bairbre Ní Fhualáin. Ba as an Teach Mór, Indreabhán, Contae na Gaillimhe di. Scríobh sí i litir atá ar fáil i dtús imleabhar CBÉ 578, go raibh sí ag súil leis “... go mbeidh mé sásta leis an íocaidheacht agus go mbeidh sé agam roimhe oidhche Nodlaig” (CBÉ 578 (2), 91). Tá neart scéalta béaloidis a bhailigh sí ó Mháiréad Ní Fhualáin, agus Seán Ó Cualáin agus “ón gcomhlúadar againn féin” (CBÉ 601 (2), 194), go háirithe a máthair, ach ní luann sí a ainmneacha (CBÉ 630 (4), 285).

#### **A saothar:**

- 1938. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Bairbre Ní Fhualáin. Imleabhar 578 (2).
- 1938. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Bairbre Ní Fhualáin. Imleabhar 601 (2).
- 1938. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Bairbre Ní Fhualáin. Imleabhar 630 (4).

#### **Foinsí tagartha:**

- Dunne, Michelle. 2023. “Saintréithe de Thraidisiún Béil Na mBan Agus Léiriú Na mBan i gCnuasach Sheáin Mhic Mhathúna.” Tráchtas PhD. Dublin City University.

### **NÍ GHAMHNÁIN, Bríghid (1919–2009)**

In 1991, scríobh Bríd Ní Ghamhnáin *Itchy Feet and Thirsty Work: A Guide to the History & Folklore of Ballinrobe* (Mulloy 1991) ina bhfuil stair agus béaloideas óna háit chonaithe i gContae Mhaigh Eo. Ba bhailitheoir páirtaimseartha í Bríd do Choimisiún Bhéaloidis na hÉireann sna 30idí agus 40idí den chéad seo chaite agus tá thart ar 20 imleabhar léi i gCnuasach Bhéaloidis na hÉireann (Uí Ógáin 2014; Dunne 2023; Briody 2007). Rugadh Bríd in [1919](#) i mBaile an Dúin i gContae Sligigh, iníon í le John Gunning agus Kate *née* Dwyer. Ba mhúinteoir scoile í agus in 1926, bhuaigh sí comórtas a d’eagraigh an Coimisiún do mhúinteoirí leis an mbéaloideas a bhailigh sí le haghaidh Imleabhar 251 (Cuid 5). Bhailigh sí i Sligeach, i bPort Láirge agus i Maigh Eo. Sna 1940idí, bhog Bríd go hAcaill, agus d’oibrigh sí mar choiméadaí in Corrymore House. Ar [8 Lúnasa 1945](#), phós Bríd Antoine Ó Maolmhuaidh, “Timire Gaedhilge” ó Thuar Mhic Éadaigh, Maigh Eo. Scríobh sí don *Farmer’s Journal*, *Woman’s*

*Way*, agus *Irish Countrywoman*. Fuair Bríd bás in Ospidéal Chaisleán an Bharraigh i Mí Dheireadh Fómhair 2009 (Gan údar 2009, 22).

**A saothar:**

Mulloy, Bridie. 1991. *Itchy Feet & Thirsty Work: A Guide to the History & Folklore of Ballinrobe*. Lough Mask and Lough Carra Tourist Development Association.  
—. 1928–36. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Bríghid Ní Ghamhnáin. Imleabhar 251 (5).

**Foinsí tagartha:**

Gan údar. 2009. “Death of noted folklorist and tourism industry pioneer.” *Connacht Tribune*, 23 Deireadh Fómhair: 22.  
Briody, Mícheál. 2007. *The Irish Folklore Commission 1935–1970: History, Ideology, Methodology*. Finnish Literature Society / SKS.  
Dunne, Michelle. 2023. “Saintréithe de Thraidisiún Béil Na mBan Agus Léiriú Na mBan i gCnuasach Sheáin Mhic Mhathúna.” Tráchtas PhD. Dublin City University.  
Uí Ógáin, Ríonach. 2014. “Beyond full time collecting: the contribution of one part time collector to the National folklore collection.” In *Folklore and Modern Irish Writing*, curtha in eagar ag Anne Markey agus Anne O’Connor: 33–47. Irish Academic Press.

## NÍ GHRÍOBHTHA, NUALA (1909–2006)

Rugadh Nuala Ní Ghríobhtha ar [14 Samhain 1909](#) i mBéal Feirste. Ba iad an scríbhneoir agus státseirbhíseach [Mícheál Ó Ghríobhtha](#) (1869–1946) agus a bhean Mary Ann Brohan a tuismitheoirí. D’aistrigh an teaghlach go Ráth Garbh, Baile Átha Cliath in 1913. D’fhreastail sí ar Scoil Bhríde, Bóthar Pheambróg, agus ar Choláiste Loreto ar Fhaiche Stíofáin (Gan údar 1965, 3). Ba státseirbhíseach Nuala i Roinn an Oideachais ag imirt i gcomhair fhoireann chamógaíochta na Roinne (1938, 12). Phós sí Kevin Mangan ar [7 Meán Fómhair 1938](#). Scríobh Nuala agus Peig Ní Ghoidín an leabhar taistil *Cuairt ar Albain* faoin ainm cleite roinnte ‘Beirt Siubhlóirí’ in 1947. Bhí baint aici le Conradh na Gaeilge chomh maith, ag feidhmiú mar rúnaí ar an gCumann Drámaíochta sna tríochaidí (1934, 9). Fuair sí bás ar [3 Aibreán 2006](#) i Ráth Fearnáin, Baile Átha Cliath.

**A saothar:**

Beirt Shiubhlóirí. 1947. *Cuairt Ar Alban*. Oifig an tSoláthair.

**Foinsí tagartha:**

Ó Ríordáin, Colm. 1948. *The Irish Monthly*, 76 (901): 336–336  
Gan údar. 1965. “News in Pictures.” *Irish Press* 01 Iúil: 3.  
Gan údar. 1938. “Camoguidheacht: Championship Comments.” 14 Bealtaine: 12.  
Gan údar. 1934. “Na Coiste Nua.” *Irish Press*. 02 Iúil: 9.

## NÍ ICÍ, Máire (?– 2025)

Ba ó Chill Ula, Cora Chaitlín, Contae an Chláir do Mháire Ní Icí. Bhí sí ar an bhfoireann taighde a chuir *Foclóir Póca – Irish Dictionary* le chéile in 1986. Mar aon leis sin chóirigh sí

*Fánaíocht i gContae Mhaigh Eo* (Mag Uidhir 1994) agus d’aistrigh sí leabhar beathaisnéisí *Leathchhead péintéir Éireannach* le Máirín Uí Mhurchadha (1995) agus leabhair páistí go Gaeilge, *Oíche mhaith, a bhéirín* (1989), *An Lacha sa ghort* (2000), *An Lacha Feirmeoira* (1993), mar shampla. Fuair sí bás in Éadan Mór, Baile Átha Cliath agus cuireadh i Reilig Chluain Lócháin, Contae an Chláir í.

**A saothar:**

- Mag Uidhir, Seamas, agus Máire Ní Icí. 1994. *Fánaíocht i gContae Mhaigh Eo*. An Gúm.
- Ní Icí, Máire. 1980. “The Health Service of Ireland by Brendan Hensey Review.” *Comhar* 39 (1): 18–9.
- Oxenbury, Helen, Máire Ní Icí, agus Martin Waddell. 1993. *An Lacha Feirmeora / Martin Waddell a Scriobh ; Helen Oxenbury a Mhaisigh ; Maire Ni Icí a d’aistrigh*. An Gúm.
- Waddell, Martin, Helen Oxenbury, agus Máire Ní Icí. 2000. *An Lacha sa Ghort*. An Gúm.
- Waddell, Martin, Barbara Firth, agus Máire Ní Icí. 1989. *Oíche Mhaith, a Bhéirín*. An Gúm.
- Wynne, Michael, Máirín Uí Mhurchadha, Máire Ní Icí, agus National Gallery of Ireland. 1995. *Leathchhead Péintéir Éireannach*. An Gúm.

**NÍ LEIDHIN, Máire (c. 1833)**

Scriobh Máire Ní Leidhin, bean chéile an scríobhaí Fínín Ó hAlluráin (*fl.* 1833–1851) as Teampall Mártan lasmuigh de Dhroichead Bandan, Contae Chorcaí véarsa do bhean chéile [Mhíchíl Óig Uí Longáin](#) (1766–1837), bean darbh ainm Máire Ní Leidhin chomh maith (Ní Úrdail 2018; Nic Eoin 1998, 262; Wolf 2023, 69). Tá an véarsa seo le fáil i lámhscríbhinn LNÉ G 154.

**A saothar:**

LNÉ LS LNÉ G 154: 86

**Foinsí tagartha:**

- Nic Eoin, Máirín. 1998. *B’ait Leo Bean : Gnéithe Den Idé-Eolaíocht Inscne i dTraidisiún Liteartha Na Gaeilge*. An Clóchomhar Tta.
- Ní Úrdail, Meidhbhín. 2018. “An Ghaeilge Do Choimeád Ar Bun Agus Ar Buaintseasamh: The Exceptional Case of the Ó Longáin Family of Scribes.” In *Leabhar na Longánach: the Ó Longáin family and their manuscripts*. curtha in eagar ag Pádraig Ó Macháin agus Sorcha Nic Lochlainn: 51–98. Cló Torna, University College Cork.
- Wolf, Nicholas M. 2023. “Gender and The Irish Language in Post-Famine Ireland.” In *Gender and History : Ireland, 1852–1922* curtha in eagar ag Ciara Breathnach, Jyoti Atwal, agus Sarah-Anne Buckley: 62–74. Taylor & Francis.

**NÍ LOINGSIGH, Eibhlín (1870–1957)**

Ina aiste cheannródaíoch, ‘The Gaelic Storyteller’ luann Séamus Ó Duileagra Eibhlín Ní Loinsigh mar dhuine de bheirt bhanfhiannaithe (Delargy 1945, 7). Mar a insíonn sé: “Her people had come long ago to Valentia Island from Dingle, west Kerry, and were famous locally as story-tellers. She had inherited her tales from her grandfather, her father, and an uncle called

Pádraig Bán Ó Loingsigh. She had been in America, but had not forgotten her tales” (1945, 7). Tá cuid dá scéalta béaloideas a bhailigh Tadhg Ó Murchadha uaithi ar fáil ar [Duchas.ie](http://Duchas.ie) (CBÉ 239; 505; 531; 532; 667). Rugadh Eibhlín sna Tinní Uachtaracha, Oileán Dairbhre, ar [10 Samhain 1870](#), iníon le Séamus agus a bhean Máire *née* Ní Néill. Phós sí Donnchadh Ó Curráin ó Dhó Choille ar [18 Feabhra 1897](#), agus ba ann a bhailigh Ó Murchadha uaithi sna 1930idí. D’éag sí [1 Aibreán 1957](#).

**A saothar:**

- Uí Churráin, Eibhlín Bean. 1936. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Tadhg Ó Murchadha. Imleabhar 0239.
- . 1938. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Tadhg Ó Murchadha. Imleabhar 0505.
- . 1938. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Tadhg Ó Murchadha. Imleabhar 0531.
- . 1938. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Tadhg Ó Murchadha. Imleabhar 0532.
- . 1939. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Tadhg Ó Murchadha. Imleabhar 0667.

**Foinsí tagartha:**

- Harvey, Clodagh Brennan. 1989. “Some Irish Women Storytellers and Reflections on the Role of Women in the Storytelling Tradition.” *Western Folklore* 48 (2): 109–28.
- Dunne, Michelle. 2023. “Saintréithe de Thraidisiún Béil Na mBan Agus Léiriú Na mBan i gCnuasach Sheáin Mhic Mhathúna.” Tráchtas PhD. Dublin City University.

**NÍ LONGÁIN, Siobhán (fl. 1741)**

Tá dán in ómós dá bád ‘An Bhearúinneach’ agus a bhádóir de mhuintir Mhic Cárthaigh a scríobh Siobhán iníon le Pádraig Rua Ó Longáin ar fáil i lámhscríbhinn ARÉ 23 G 24 (lch 67; Ní hÚrdail 2018, 4; Nic Eoin 1998, 262). Ba as an nGleann, Contae Luimnigh di agus ba neacht í leis an scríobhaí Mícheál Mac Peadair Ó Longáin (c.1693–c.1770) agus col ceathrar, mar sin, lena mhac, an scríobhaí [Mícheál Óg](#) (1766–1837). Is é seo an véarsa ón dán atá ar fáil sa lámhscríbhinn sin:

Slán gan chiach go dtrialla an Bhearúinneach,  
go láidir dian ag stialladh glas tonnthach,  
lán go giall don iasc ag teacht chugainne  
ag an gCárthach bhfial aniar ó Dheasmhúinne.

Is é 1741 an bhliain a luaitear leis an dán sa lámhscríbhinn, an bhliain chéanna a d’éalaigh Mícheál Peattair ó Ghleann go Carraig na bhFear, Contae Chorcaí tar éis troid a bheith aige leis an ridire nua, Risteaird Mac Gearailt. Ní fios cá ndeachaigh teaghlach Phádraig Rua, áfach.

**A saothar:**

ARÉ LS 23 G 24, 67.

**Foinsí tagartha:**

- Nic Eoin, Máirín. 1998. *B’ait Leo Bean : Gnéithe Den Idé-Eolaíocht Inscne i dTraidisiún Liteartha Na Gaeilge*. An Clóchomhar Tta.

Ní Úrdail, Meidhbhín. 2018. “An Ghaeilge Do Choimeád Ar Bun Agus Ar Buaintseasamh: The Exceptional Case of the Ó Longáin Family of Scribes.” In *Leabhar na Longánach: the Ó Longáin family and their manuscripts*, curtha in eagar ag Pádraig Ó Macháin agus Sorcha Nic Lochlainn: 51–98. Cló Torna, University College Cork.

### **NÍ LORCÁIN, Áine (1848–1922)**

Ba as Ardachadh, Ó Méith, Contae Lú d’Áine ‘Annie’ Larkin. Rugadh in 1848 í, iníon le Patrick Morgan agus a bhean Mary *née* Hanlon. Phós sí Owen Larkin ó Lios Liath ar [25 Samhain 1875](#). Scéalaí agus amhránaí ab í Annie, agus tá cuid mhaith dá saothar ar fáil in *Ceolta Óméith* (1920) agus *An tUltach* (1925; 1927; 2006; 2008). De réir Uí Mhuireadhaigh ba mhór an tionchar a d’imir Annie agus Brighid Ní Chaslaigh (1860–1937) ar dhaltaí Coláiste Bhrighde, Ó Méith. Rinne sé cur síos orthu mar “the students' favourites... who have done more for the teaching of Irish than all the learned College professors together” (Ó Muireadhaigh 1921, 17). Fuair sí bás i dteach na mbocht in Dún Dealgan ar [29 Lúnasa 1922](#).

#### **A saothar:**

Ó Muireadhaigh, Lorcan. 1920. *Ceolta Óméith; An Chéad Chuid*. Dún Dealgan.

Ní Lorcáin, Áine. 1925. “Séamas A’ Mhurfaidh.” *An tUltach* 2 (7): 5.

—. (atheagar ag Ciarán Dunbar). 2008. “An Luchóg agus an Dreoilín.” *An tUltach* 85 (8): 12.

—. 1927. “Seán Ó Daoighre.” *An tUltach* 4 (5): 1.

—. (atheagar ag Ciarán Dunbar). 2006. “An Luachramán.” *An tUltach* 83 (11): 17.

#### **Foinsí tagartha:**

Ó Muireadhaigh, Lorcan. 1921. *Oméith: its history – ancient and modern*. Dun Dealgan Press.

Ní Uallacháin, Pádraigín. 2003. *A Hidden Ulster*. Four Courts Press.

Trimble, Gearóid. 2023. “‘Fearann Oirghiall Ghlúnmhár Ghrinn’: Rediscovering the Oriel Gaelic Song Tradition.” In *The Oxford Handbook of Irish Song from the Earliest Beginnings to 1850*, curtha in eagar ag Conor Caldwell, Moyra Haslett, agus Lillis Ó Laoire. Oxford University Press.

### **NÍ MHÁILLE, Sadhbh (c. 1478)**

Ba don phatrún Sadhbh iníon Thaidhg Uí Mháille “in whose praise some Irish verses, mutilated in the conclusions, are added” (Meyer 1885, vii), ar scríobhadh an leagan is luaithe atá againn de *Cath Fionntrágha*. Is ón lámhscríbhinn Rawlinson B487, Leabharlann Bodelian, Oxford a scríobhadh i lár an chúigiú haois déag a thagann an leagan seo den scéal Fiannaíochta. Cé nach féidir é seo a dheimhniú, ceaptar gur phós sí Richard William Bourke (b.1478) ó Mhaigh Eo (Breathnach 1995), nó Aodh Ruadh Ó Domhnaill (Williams 2015).

#### **Foinsí tagartha:**

Breathnach, Caoimhín. 1994–5. “The Historical Context of *Cath Fionntrágha*.” *Éigse* 28: 138–55.

—. 1995. “*Cath Fionntrágha*.” *Léachtaí Cholm Cille* 25: 128–41

Coolahan, Marie-Louise. 2018. “Writing before 1700.” In *A History of Modern Irish Women’s Literature*, curtha in eagar ag Heather Ingram agus Cliona Ó Gallchoir: 18–36. Cambridge University Press.

Oxford University. LS Rawlinson B487.

Meyer, Kuno (eag.). 1885. *The Cath Finntrága Or Battle of Ventry: Ed. from Ms. Rawl. B. 487*. Clarendon Press.  
O’Rahilly, Cecile (eag.). 1962. *Cath Finntrágha*. Mediaeval and Modern Irish Series XX. Institute for Advanced Studies.

Williams, Mark. 2016. *Ireland’s Immortals: A History of the Gods of Irish Myth*. Princeton University Press.

Simms, Katherine. 2009. *Medieval Gaelic Sources*. Four Courts Press.

## **NÍ MHAOILMHICHÍL, Máire (fl. 1846)**

Scríobh an file Máire Ní Mhaoilmhíchíl, ar dheirfiúr í leis an bhfile Pádraig Ó Maoilmhíchíl (ob.1818), an dán cráifeach dar tús “Is peacach ar strae, mo léan, le fada mé” (Nic Eoin 1998, 263–4). An tuairim is coitianta gur cumadh an dán seo nó ‘Aithrighe Mháire Ní Mhuilmhíchíl’ mar atá cáil air, thart ar an mbliain 1846 (P. Ó. F. 1923, 54).

### **A saothar:**

Coláiste na hOllscoile Corcaigh. Cnuasach Uí Mhurchú 63, 519. 17.

Maigh Nuad R71: 239.

Ní Mhaoilmhíchíl, Máire. 1923. “Aithrighe Mháire Ní Mhuilmhíchíl.” *Irisleabhar Mhá Nuad 1923*: 54–7.

### **Foinsí tagartha:**

Nic Eoin, Máirín. 1998. *B’ait Leo Bean : Gnéithe Den Idé-Eolaíocht Inscne i dTraidisiún Líteartha Na Gaeilge*. An Clóchomhar Tta.

## **NÍ MHUIREADHAIGH, Brighid (1856–1943)**

Rugadh an scéalaí Brighid Ní Mhuireadhaigh sa Ghabháil Rua i gContae na Gaillimhe ar [16 Nollaig 1856](#). Ba iad Laurence agus a bhean Anne *née* Fitzgerald a tuismitheoirí. Phós sí Mícheál Ó Riagáin ó Tóin Raithní ar an [21 Samhain 1877](#), agus bhí 11 muirear orthu: Thomas, Bridget, Mary, Michael, Dan, Anne, Maggie, Nora, Kathleen, Ellie agus Eliza. Dar leis an Daonáirimh in [1911](#), mhair naonúr acu, agus ba bhean feirmeora í Brighid. Idir 1933–7, bhailigh Seán Ó Flannagáin ón nGort thart ar 300 leathanach scéalta agus seanchais ó Bhríd agus a comharsa, Séamus Ó Riagáin. Ba mhinic gur i dteannta na beirte a tharlódh an bhailiú, cé nach n-aontódh an bheirt acu faoi leaganacha scéalta ar leith mar a d’inis Seán ina dhialanna: “Níor fhág Séamus aon fhocal ag Brighid cé go ndeir siad go mbíonn an focal deire ag na mná i gcomhnaidhe!” (CBÉ 566, 102–3). Bhí an-eolas faoi seanchas na háite, leigheas, an lucht sí, agus faoin mbean leighis Bidy Early ag Brighid. Fuair sí bás ar an [24 Samhain 1943](#).

### **A saothar:**

Ní Mhuireadhaigh, Brighid. 1933–4. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Seán Ó Flannagáin. Imleabhar 0101 (14): 477–8.

—. 1936. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Seán Ó Flannagáin. Imleabhar 278: 40–3.

—. 1937. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Seán Ó Flannagáin. Imleabhar 377.

—. 1937. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Seán Ó Flannagáin. Imleabhar 389.

- , 1937. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Seán Ó Flannagáin. Imleabhar 404: 219–23.
- , 1937. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Seán Ó Flannagáin. Imleabhar 405.
- , 1938. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Seán Ó Flannagáin. Imleabhar 433.

**Foinsí tagartha:**

Ó Flannagáin, Seán. 1937. Príomhbhailiúchán CBÉ. Dialanna an Bhailitheora. Imleabhar 566: 100–22.

**NÍ MHUIRÍ, Seosaimhín (1928–2018)**

B’fheachtasóir agus gníomhaí teanga í Seosaimhín Ní Mhuirí in Áth Luain chomh maith le ball lárnach de bhainse áitiúil ‘An Réalt’ agus rúnaí ar Chraobh Chiaráin de Chonradh na Gaeilge sa bhaile sin (O’Brien 2021; Mac Aonghusa 1965, 14). Rugadh ar 6 Meitheamh 1928 í. D’fhreastail Seosaimhín nó Josie ar Scoil Pheadair agus d’oibrigh sí ansin sa státseirbhís i mBaile Átha Cliath áit ar bhuail sí leis an gCairdinéal Ó Fiach. Choinnigh an bheirt i dteagmháil agus tá a cuid litreacha ar fáil i gCartlann Uí Fhiaich in Ard Mhacha. Faoina stiúir, bhuaigh Áth Luain comórtas Glór na nGael in 1964 agus bhí baint aici le Féile Drámaíocht na Scoileanna sa bhaile. D’eagraigh sí ranganna agus ócáidí Gaeilge agus scríobh sí don *Old Athlone Society Journal*. Bhí suim riamh aici i logainmneacha agus stair na háite agus chuir sí leabhar *A Sense of Place: Clonown, a County Roscommon Shannonside Community* in eagar sa bhliain 2006 (Downey 2006, 6). Fuair sí bás i mBéal Átha na Slua ar 7 Deireadh Fómhair 2018.

**A saothar:**

Murray, Josephine (eag.). 2006. *A Sense of Place: Clonown, a County Roscommon Shannonside Community*. Clonown Heritage.

**Foinsí tagartha:**

- Downey, Karen. *Westmeath Independent*. 25 Samhain: 7.
- Mac Aonghusa, Criostóir. 1965. “Craobh Chiaráin.” *Irish Press*. 17 Márta: 14.
- O’Brien, Gearóid. 2021. “A faithful local voice for the Irish language.” *Westmeath Independent*. 27 Samhain: 43.
- . 2018. “Two Faithful Athlonians.” *Westmeath Independent*. 8 Nollaig: 28.

**NÍ MHULÁIN, Síle (1914–?)**

Tá imleabhar scéalta a bhailigh Síghle Ní Mhuláin ón Muirneach Bheag i gCúil Aodha, Contae Chorcaí ar fáil i gCnuasach Bhéaloideas na hÉireann (CBÉ 235), le scéalta agus seanchas a bhailigh sí óna tuismitheoirí, Beití (1877–1952) agus Tadhg Uí Mhuláin, mar aon le Diarmuid Ó Críodáin agus Mícheál Ó Tuama i gCúil Aodha. Rugadh Síle sa Mhuirneach Bheag ar [5 Deireadh Fómhair 1914](#). Bhailigh Gearóid Ó Murchadha scéal gearr uaithi faoi [Cathaoir Mác Caba](#) (fl.1728–1739), agus é ag bailiú scéalta óna máthair, Beití, sna 1930idí chomh maith (1931, 220).

**A saothar:**

—. 1936. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Síghle Ní Mhuláin. Imleabhar 325.  
Ó Murchadha, Gearóid. 1931. “Eachtraí, Véursai agus Paidreacha ó Iarthar Chorcaighe. Réamhrádh.” *Béaloideas* 2 (2): 220.

**Foinsí tagartha:**

O’Toole, Tina, Gearóidín Nic Carthaigh, Síle Ní Chochláin, Patricia Coughlan, agus Éibhear Walshe. 2005. *Dictionary of Munster Women Writers, 1800 to 2000 = Scribhneoirí Ban Na Mumhan, 1800–2000*. Cork University Press.

**NÍ MHULLÁIN, Siubhán (c.1878–?)**

Bhailigh Gearóid Ó Murchadha paidreacha ó Shiúbhán Ní Mhulláin, Bean Uí Chéileachair sna 1930idí. Rugadh Siubhán thart ar 1878, iníon le Seán, ó Screathan na nGabhann, Cúil Aodha, Contae Chorcaí, agus Síle *née* Ní Laoghaire. Deartháir léi an file [Dónall Ó Mulláin](#) (1880–1965). Phós sí an scéalaí Dónall Bán Ó Céileachair (1871–1950) ar [8 Feabhra 1908](#) agus bhí ceathrar mac agus beirt iníonacha acu, na scríbhneoirí [Donncha Ó Céileachair](#) (1918–1960) agus Síle Ní Chéileachair (1924–1985) ina measc. Tá leagan den phaidir ‘Aisling na Maighdine’ léi ar fáil in *The Field Day Anthology IV* (Bourke agus Lysaght 2002, 1413).

**A saothar:**

Ó Murchadha, Gearóid. 1931. “Eachtraí, Véursai agus Paidreacha ó Iarthar Chorcaighe. Réamhrádh.” *Béaloideas* 2 (2): 237.  
Bourke, Angela agus Patricia Lysaght. 2002. “Spirituality and Religion in Oral Tradition.” In *The Field Day Anthology of Irish Writing, Volume IV*, curtha in eagar ag Angela Bourke, Siobhán Kilfeather, Maria Luddy, Margaret MacCurtain, Gerardine Meaney, Máirín Ní Dhonnchadha, Mary O’Dowd, agus Clair Wills: 1399–1420. Cork University Press.

**Foinsí tagartha:**

O’Toole, Tina, Gearóidín Nic Carthaigh, Síle Ní Chochláin, Patricia Coughlan, agus Éibhear Walshe. 2005. *Dictionary of Munster Women Writers, 1800 to 2000 = Scribhneoirí Ban Na Mumhan, 1800–2000*. Cork University Press.

**NÍ MHURCHADHA, Eilís (1891–1957)**

Ba léachtóir le hOideachas sa Choláiste Traenála i Luimneach (Coláiste Muire Gan Smál mar atá anois) í Eilís Ní Mhurchadha. Ba ó Chrois Uí Mhathúna i gContae Chorcaí d’Eilís, iníon le Cornelius agus a bhean Julia *née* Kelleher. Rugadh Eilís ar [12 Lúnasa 1891](#). Bhain sí céim amach ó Ollscoil Ríoga na hÉireann agus in 1914 ghlac sí ról a deirfiúr, an polaiteoir Kate O’Callaghan, mar léachtóir san ollscoil i Luimneach. Bhí an-spéis aici i ndrámáíocht na Gaeilge, agus ba leasuachtarán ar an gComhar Drámáíochta í (O’Leary 2017, 5; Gan údar 1939, 10). Fuair sí bás ar [13 Meitheamh 1957](#) i dTuar an Daill, Contae Luimnigh.

**A saothar:**

Ní Mhurchadha, Eilís. 1935, “Whither Education in Ireland?.” *Good Counsel: Augustinian Quarterly*, 2 (Iúil).

**Foinsí tagartha:**

Gan údar. 1939. “Annual Dinner of Gaelic Dramatic Society.” *Irish Examiner*. 19 Eanáir: 10.

O’Leary, Philip. 2017. *An Underground Theatre : Major Playwrights in the Irish Language 1930–80*. University College Dublin Press.

**NÍ MHURCHADHA, Máire (fl. 1802)**

Luaigh Fiachra Eilgeach ‘Máire Ní Mhurchadha’ ar a liosta ‘Filí Chorcaighdhe’ in 1908 (1908, 39), ach is deacair teacht ar mhórán eile faoi shaol na mná seo (O’Toole 2005, 207). Thart ar an mbliain 1802, scríobh bean darbh ainm Máire Ní Mhurchú, áfach, dán i gcuimhne mhinistir a chuir lámh ina bhás féin. Tosaíonn an dán seo leis an líne, ‘Ag crosara an mhuilinn do bhi againn ministir’. Faoi mar a mhínítear in *Field Day Anthology IV*, “The words ‘crosara an mhuilinn’ in the first line may represent an unidentified place-name. The language of the poem is that of Munster, but its district is undetermined” (Ní Dhonnchadha 2002, 444).

**A saothar:**

ARÉ, LS 23 M 11: 228.

ARÉ, LS 24 M 4: 271.

LNÉ, LS G 218: 166.

**Foinsí tagartha:**

Éilgeach, Fiachra [Risteaird Ó Foghludha]. 1908. “Filí Chorcaighdhe.” *Saothar Suadha: Aistí do léigheadh os comhair Dáil na hÉigse, i gCorcaigh, Meadhon Foghmuir, 1907 Vol 1*: 26–42. Muinntir an Ghoill Teo.

Harris, Mary N. 1995. “Beleaguered but Determined: Irish Women Writers in Irish.” *Feminist Review*, 51: 26–40.

Nic Eoin, Máirín. 1998. *B’ait Leo Bean : Gnéithe Den Idé-Eolaíocht Inscne i dTraidisiún Liteartha Na Gaeilge*. An Clóchomhar Tta.

Ní Dhonnchadha, Máirín. 2002. “Courts and Coteries II: c. 1500–1800.” In *The Field Day Anthology of Irish Writing, Volume IV: Irish Women’s Writings and Traditions*, curtha in eagar ag Angela Bourke, Siobhán Kilfeather, Maria Luddy, Margaret MacCurtain, Gerardine Meaney, Máirín Ní Dhonnchadha, Mary O’Dowd, agus Clair Wills: 358–458. Cork University Press.

O’Toole, Tina, Gearóidín Nic Carthaigh, Síle Ní Chochláin, Patricia Coughlan, agus Éibhear Walshe. 2005. *Dictionary of Munster Women Writers, 1800 to 2000 = Scribhneoirí Ban Na Mumhan, 1800–2000*. Cork University Press.

**NÍ MHURCHADHA, Neillí (c. 1800)**

Cé gur mhair Neillí Ní Mhurchadha thart ar aimsir an fhile, [Máire Bhuidhe Ní Laoghaire](#) (1774–c.1848), bailíodh a cuid amhrán sna 1940idí (Ua Cróinín 1943, 9). File ab ea Neillí chomh maith, a chum amhrán faoina saol laethúil agus í ag obair i dtithe feirmeora thart ar Bhaile Bhuirne, Contae Chorcaí (Nic Eoin 1998, 285; O’Toole et. al 2005, 208). Ba as an mbaile fearainn, Gort na Tiobratán di, agus bhí iníon amháin aici, Peig. Insíonn na scéalta ina hamhráin a chan Diarmuid Ó Duinnín, agus atá ar fáil in *An Músgraiigeach 3* (1943, 9–13),

eolas tábhachtach dúinn faoi shaol an fhile. Tá cuid dóibh ar fáil in *Béaloideas* 7.1 chomh maith (Mac Coluim agus Ó Ceallaigh 1937) cé nach luaitear léi iad. I measc na n-amhrán seo tá ‘Amhrán an Aoiligh’ (1943, 9–10), ‘Amhrán na gCearc’ (1943, 10–1), ‘Amhrán na nGabhar’ (1943, 11–2; 1937, 32–3), ‘Muc an Chúil Ruaidh’ (1943, 12–3). De réir cuntas ón gceantar gur sheol sí Franncaigh chuig teach fir, arna “ordú a chuid éadaigh a scriosadh” (Ó hÓgáin 1982, 381). Garmhac deartháir léi an file [Pádraig Ó Cruadhlaioich](#) (c.1861–1949).

#### **A saothar:**

Mac Coluim, Fionán, agus Proinsias Ó Ceallaigh. “Amráin ó Múscraige.” *Béaloideas* 7 (1): 19–44.  
Ua Cróinín, Seán. 1943. “Neil Ní Mhurchadha: Ban-Fhile.” *An Músgraidheach* 3: 9–13.

#### **Foinsí tagartha:**

Nic Eoin, Máirín. 1998. *B’ait Leo Bean : Gnéithe Den Idé-Eolaíocht Inscne i Dtraidisiún Liteartha Na Gaeilge*. An Clóchomhar Tta.  
Ó Cruadaoi, Pádraig, Seán Ó Cróinín, agus Donncha Ó Cróinín. 1982. *Seanachas Phádraig Í Chruadaoi*. Comhairle Bhéaloideas Éireann, An Coláiste Ollscoile.  
Ó hÓgáin, Dáithí. 1982. *An File : Staidéar ar Osnádúrhacht na Filíochta sa Traidisiún Gaelach*. Oifig An tSoláthair.  
O’Toole, Tina, Gearóidín Nic Carthaigh, Síle Ní Chochláin, Patricia Coughlan, agus Éibhear Walshe. 2005. *Dictionary of Munster Women Writers, 1800 to 2000 = Scribhneoirí Ban Na Mumhan, 1800–2000*. Cork University Press.

### **NÍ MHURCHÚ, Eithne (1954–2023)**

Ba mhúinteoir Gaeilge agus amhránaí clúiteach í Eithne Ní Mhurchú a fuair bás i nGlinnte Aontrama ar 29 Iúil 2023 (Mac Cába 2023). Rugadh Eithne i mBéal Feirste i mí Eanáir 1954, iníon le hAlf Ó Murchú agus a bhean, Nóra. Ba ghníomhaí teanga é Alf i mBéal Feirste ag obair le Cumann Chluain Ard. Chan Eithne lena deirfiúr ag comóradh Sheáin Uí Riada leis na Chieftains, agus ar RTÉ sna 1970idí. D’fhreastail sí ar Ard-Scoil Doimínic i mBéal Feirste (Gan údar 1969) sular bhain sí céim B.A. amach sa Ghaeilge agus sa Spáinnis ó Ollscoil Nua Uladh i gCúil Ráithín, áit ina raibh sí bainteach leis an gCumann Gaelach (Gan údar 1972). Chaith sí seal ag teagasc i gCumann Chluain Ard, i naíscoileanna agus scoileanna i mBéal Feirste, san Iúr, agus sna Glinnte áit ar éirigh sí as nuair a theip ar a sláinte. Agus í ag múineadh i bPort Stíobhaird, bhí an Ghaeilge á theagasc aici in Ollscoil Nua Uladh. Cuireadh Eithne i mBun Abhann Dalla (Hargan 2023).

#### **Foinsí tagartha:**

Gan údar. 1969. “Comortas Gael-Linn Bonn oir do Ghaur as Doire.” *Donegal News*. 21 Meitheamh: 2.  
Gan údar. 1972. “Cumann Gaelach’s First Siamsa-Dinnear Was Big Success.” *Derry Journal*. 17 Samhain: 11.  
Hargan, Garrett. 2023. “Heartfelt tributes to ‘inspiring’ Irish language teacher following her death.” *Belfast Telegraph*. 29 Iúil.  
Mac Cába, Anton. 2023. “Eithne Ní Mhurchú, ceoltóir agus múinteoir spreagúil Gaeilge, ar shlí na firinne.” *Tuairisc*. 04 Lúnasa. Ar fáil ag <https://tuairisc.ie/236193-2/> [Rochtain faighte: 18/08/2025].

### **NÍ MHURCHÚ, Monica (1917–2008)**

Ba ghníomhaí teanga agus aisteoir í Mary Monica Ní Mhurchú a rugadh i gCnocán Uí Chaoimh, Áth Trasna, Contae Chorcaí ar [19 Samhain 1917](#). B'iníon í le hÉamonn a bhí ina fheirmeoir agus a bhean Ellen *née* Kiely. Státseirbhíseach ab ea Monica, agus d'oibrigh sí i dteannta Mháirtín Uí Dhireáin in Oifigí na Cinnsireachta le linn an Dara Chogadh Domhanda (Mac an Bheatha 1988, 9). Bhí sí bainteach le Craobh na hAiséirí de Chonradh na Gaeilge, leis an bhFáinne, agus le Glúin na Buaidhe. B'aisteoir sna drámaí 'Céad bliain d'aois' agus 'An Bhean Chrodha' in Amharclann na Mainistreach (1943) í. Phós sí an státseirbhíseach [Proinsias Mac an Bheatha](#) (1910–1990) ar [5 Meitheamh 1944](#). Fuair sí bás sa Longfort ar 17 Meán Fómhair 2008, agus cuireadh i Reilig Chill Fhiontain, Baile Átha Cliath.

#### **Foinsí tagartha:**

Gan údar. 1937. "Gaedhil na Cathrach." *Irish Press*. 09 Deireadh Fómhair: 6.

Mac an Bheatha, Proinsias. 1988. "Cuimhní Cinn ar Mháirtín." *Irish Press*. 25 Márta: 9.

### **NÍ NÉILL, Máire (fl. 1678)**

Chum Máire Ní Néill caoineadh dar tús "Ó! Éirighidh, a mhná, ó gha'n áird d'Éirinn" ar bhás a fir céile, Pádraig Phléamoinn in 1678. Tá éiginnteacht maidir le scéal na mná seo (féach Ó Fiaich 1973 agus Murray 1933), ach má ghlacaimid leis an tuairim is coitianta, b'iníon í Máire le hArt Óg Ó Néill, gariníon le hAodh Buidhe agus fionnó, mar sin, le Toirdhealach Ó Néill ó na Feá. Máthair léi ab ea Leonora O'More, iníon Rory O'More a máthair, agus bhí ceathrar deartháireacha aici, Aodh Buí, Feilimidh, Brian, agus Eoghan (Ó Fiaich 1973, 300). Ar bhás a hathair, Art Óg, bhog an teaghlach ón Spáinn go hÉirinn in 1663, áit ina raibh an teaghlach ina gcónaí ó 1652. Ní fios, áfach, cár rugadh Máire nó a deartháireacha. Phós sí an Tóraí Pádraig Pléamoinn, agus bhí cónaí orthu cóngarach d'Inis Caoin. Deirtear go bhfuair sí amach faoi bhás a fir trí thaispeánadh (Murray 1933, 97), mar a deirtear sa chaoineadh (Ó Muirgheasa (eag.) 1934, 208):

Nuair a chuaidh sí suas ar choiscéim staighre,  
Cia tharla uirthi acht Pádraig Fléimíonn;  
Phóg sí a lámha, ní bhfuair sí a bhéilín,  
Acht colann gan chionn, is ba mhór an sgéal sin.  
Is och, ochón!

#### **A saothar:**

Murray, L. P. 1933. "The Lament of Patrick Fleming." *Journal of the County Louth Archaeological Society* 8 (1): 75–91.

Ó Muirgheasa, Énrí (eag.). 1934. “Mairgne Pádraig Fléimíonn.” In *Dhá Chéad de Cheoltaibh Uladh*: 207–211. Oifig an tSoláthair.

**Foinsí tagartha:**

- Gibney, John. 2009. “Fleming, Patrick.” *Dictionary of Irish Biography*. Ar fáil ag <https://www.dib.ie/biography/fleming-patrick-a3287> [Rochtain faighte: 19/08/2025].
- Ó Fiaich, Tomás. 1973. “The O’Neills of the Fews.” *Seanchas Ardmhacha: Journal of Armagh Diocesan Historical Society* 7 (1): 1–64.
- Trimble, Gearóid. 2009. *Glór Gaeilge Oirdheisceart Uladh*. Coiscéim.
- . 2011. “Poets, Minor Poets and Poetasters in Oirialla — A Chronological Account of the Gaelic Poetic Tradition of South-East Ulster.” *Journal of the County Louth Archaeological and Historical Society* 27 (3): 436–47.

**NÍ NÉILL, Máiréad (c.1843–1914)**

Chum Máiréad Ní Néill an t-amhrán ‘An Cat Fireann Bán’ thart ar 1900. Amhrán Grinn a bhí ann a d’inis scéalta faoi mhuintir na háite (Tóibín 1978, 61; 2005, 86–9; Breathnach 1931; O’Toole et. al 2005, 208–9; Ó Gealbháin 2015, 59). Rugadh Máiréad thart ar 1843 i mBaile Uí Raghallaigh sa Rinn, Port Láirge. Ba ea iad John agus Catherine Neill a tuismitheoirí. Bhailigh Nioclás Breathnach leaganacha ó Thómas Cléire agus Micheál Turraoin sna tríochaidí. Níor phós sí riamh, agus fuair sí bás ar [21 Bealtaine 1914](#).

**A saothar:**

- Breatnach, Nioclás. 1931. “An Cat Fireann Bán.” *An Lóchrann* (Samhain).
- Tóibín, Nioclás. 1978. *Duanaire Déiseach*. Sairséal agus Dill.
- . 2005. “Dinnseanchas.” *An Linn Bhui* 9: 86–93.

**Foinsí tagartha:**

- Ó Gealbháin, Ciarán. 2015. “‘Na Prátaí Dubha’ agus déantúis eile a leagtar ar Mholly na Páirce.” *An Linn Bhui* 19: 41–62.
- O’Toole, Tina, Gearóidín Nic Carthaigh, Síle Ní Chochláin, Patricia Coughlan, agus Éibhear Walshe. 2005. *Dictionary of Munster Women Writers, 1800 to 2000 = Scríbhneoirí Ban Na Mumhan, 1800–2000*. Cork University Press.

**NÍ OISÍN, Áine (1890–?)**

B’amhránaí í Áine / Eithne Ní Oisín ó Bhaile an Chláir i nGaillimh a rugadh ar [Lá Bealtaine 1890](#). Ba iad Stephen Hession agus Ellen *née* Reaney a tuismitheoirí. Ba dheirfiúr í leis an amhránaí [Mairéad Ó hOisín](#) (1892–1978). Phós sí John Keane ó Chill Choirbh ar [31 Iúil 1911](#). B’iomaí duais amhránaíochta san Oireachtas a bhuaigh Áine, agus mhúin sí Gaeilge agus an amhránaíocht i gcoláistí Gaeltachta thar na blianta (1936, 5). Bhí sí ina múinteoir le Conradh na Gaeilge chomh maith, ag múineadh le Pilip de Bhaldráithe i dTrileac, mar shampla (Oscar 1969, 6).

**Foinsí tagartha:**

Breathnach, Diarmuid agus Máire Ní Mhurchú. Gan dáta. “Mairéad Ó hOisín (1892–1978).” *Ainm.ie: An Bunachar Náisiúnta Beathaisnéisí Gaeilge* [Rochtain faighte: 23/05/2025].  
Gan údar. 1936. “Relay of Gaelic Plays.” *Irish Press*. 16 Aibreán: 5.  
Ó Suilleabháin, Donncha. 1984. *Scéal an Oireachtais 1897–1924*. An Clóchomhar.  
Oscar. 1969. “A Trillick man’s pleasing book.” *Strabane Chronicle* 25 Eanáir: 6.

## **NÍ RIAIN, BHERONICA (1889–1962)**

Réabhlóidí in Éirí Amach na Cásca in 1916 agus múinteoir Gaeilge ab í Bheronica Ní Riain. Rugadh in West Derby Lancashire í in 1889, iníon leis an iriseoir Liam Séamas Ó Riain. Bhí sí lonnaithe san óstán Royal Hibernian agus in Ard-Oifig an Phoist le linn an Éirí Amach (McCoole 2017, 93). Léiríonn a hiarratas le haghaidh pinsin ón gCartlann Mhíleata gur bhain sí úsáid as a hainm Gaeilge agus a hainm breithe in ionad pósta sa phróiseas – gníomh nár aontaíodh leis, ag scríobh ar ais chuici ag rá “gur cheart duit d’ainm pósta, i.e. Bheronica Uí G[h]lasáin a chur ar an bhfuirm iarratais má rabhais pósta an uair a chuiris isteach í” (BMH 34REF41995, luaite ag Aiken 2023 128–9). Phós sí timire Chonradh na Gaeilge [Séamus Ó Glasáin](#) (?–1936) ar [27 Deireadh Fómhair 1926](#). Bhí cónaí ar an mbeirt acu i mBealach Conglais, Cill Mhantáin. D’oibrigh sí le Conradh na Gaeilge mar mhúinteoir agus eagraí i gCraobh an Chéitinnigh agus le Coiste na bPáistí chomh maith (Gan údar 1942, 3). Ba bhaill den Chumann le Béaloideas Éireann chomh maith í (1948, 206). D’éag sí in Ospidéal San Labhrás i mBaile Átha Cliath ar [4 Eanáir 1962](#), agus cuireadh lena fear céile i Reilig Cnoc Ieróm í.

### **A saothar:**

Ní Riain, Bheronica [Veronica Gleeson]. “BMH MSPC34REF41995.” Ar fáil ag [http://msearch.militaryarchives.ie/docs/files/PDF\\_Pensions/R2/MSP34REF41995Bheronica%20Ni%20Riain/WMSP34REF41995BheronicaNiRiain.pdf](http://msearch.militaryarchives.ie/docs/files/PDF_Pensions/R2/MSP34REF41995Bheronica%20Ni%20Riain/WMSP34REF41995BheronicaNiRiain.pdf) [Rochtain faighte: 14/08/2025].  
—. 1910. “Éire Óg.” *An Claidheamh Soluis*. 23 Aibreán: 6.

### **Foinsí tagartha:**

Aiken, Síobhra. 2023. “Éire saor agus Gaelach? The Military Service Pensions Collection and the Irish language.” In *‘A very Hard Struggle’ Lives in the Military Service Pensions Collection*, curtha in eagar ag Anne Dolan agus Caitríona Crowe. Department of Defence, Ireland.  
Gan údar. 1942. “Coiste na bPáistí.” *Irish Independent*. 10 Iúil: 3.  
Gan údar. 1948. “An Cumann le Béaloideas Éireann.” *Béaloideas*, 18 (1/2): 200–211.  
McCoole, Sinéad. 2017. *Mná: Women of 1916*. An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta.  
Uí Chollatáin, Regina. 2002. *An Claidheamh Soluis (agus Fáinne an Lae) 1899–1932: Anailís agus Clár ar phríohnuachtan Ré na Athbheochana*. Imleabhar a Dó. Tráchtas PhD. Ollscoil na hÉireann, Má Nuad.

## **NÍ RIAIN, Máire (fl. 1820/1)**

Ba scríobhaí í Máire Ní Riain agus tá thart ar ochtó leathanach óna lámh ar fáil go fóill in Lámhscríbhinn Acadamh Ríoda na hÉireann (ARÉ) 24 A 5. Ba phaidreacha den chuid is mó a

chum sí, mar shampla “Iarraim t’impíge, a Mhíchíl naomhtha” (lch 1), agus “Aithchuingim ort, a léighóir go grinn” (lch75i), cé go bhfuil leaganacha eile den dara ceann ar fáil in ARÉ 24 M 30, faoin ainm Séamas Frost (183i), agus gan ainm in ARÉ 24 A 7 (Nic Eoin 1998, 257 & 330; Ní Shíocháin 2018, 62; Wolf 2023, 73).

**A saothar:**

ARÉ LS 24 A 5, [75i].  
ARÉLS 24 a 5 1.

**Foinsí tagartha:**

ARÉ LS 24 A 7  
ARÉ LS 24 M 30: 183i.  
Nic Eoin, Máirín. 1998. *B’ait Leo Bean : Gnéithe Den Idé-Eolaíocht Inscne i dTraidisiún Líteartha Na Gaeilge*. An Clóchomhar Tta.  
Ní Shíocháin, Triona. 2017. *Singing Ideas : Performance, Politics, and Oral Poetry*. Berghahn Books.  
Wolf, Nicholas M. 2023. “Gender and The Irish Language in Post-Famine Ireland.” In *Gender and History : Ireland, 1852–1922* curtha in eagar ag Ciara Breathnach, Jyoti Atwal, agus Sarah-Anne Buckley: 62–74. Taylor & Francis.

## **NÍ REACHTAGÁIN, Máire (?–1733)**

Ba as Láithreach Cora, Contae na Mí don fhile Máire ‘Cleibh’ Ní Reachtagain, a phós an file agus scríobhaí Átha Cliathach [Tadhg Ó Neachtain](#) (1671–c. 1752) ar Lá San Vailintín 1716/7 (LS Má Nuad B9 (a), 1; Ó Fiannachta 1967, 130; Ó Háinle 1992, 15; Mac Mathúna 2011, 109). Bhí ar a laghad beirt dheartháireacha aici, Tomás agus Seoirse (Ó Cléirigh 1939, 200). Scríobh sí dán ag fáiltiú sagart pharóiste Láithreach Cora “go Duibhlinn daoineach” (Mac Mathúna et al 2022, 518) faoin teideal ‘Proinsias Laighneach’ (ARÉ 23 I 23; Ó Dochartaigh agus Ó Baoill 1986, 38; Mac Mathúna 2018, 127; Ní Dhonnchadha 2002, 424/454; Ó Cléirigh 1939, 202). Tá ceist ann maidir le húdathacht an dáin, áfach. Luaigh Mary Risk le Seán Ó Neachtain é (1951, 479), agus leag Tadhg é féin ar a athair é (LNÉ G 132, 111–5) Chum Máire caoineadh ar bhás Sheoirse ar 15 Samhain 1725 dar tús *Is mise chaill an planda dilis* ina bhfuil rian láidir ó chaointí an traidisiúin béil le brath (Ó Gallchóir 2018, 38; Mac Mathúna 2011, 108; Nic Eoin 1998, 266). Fuair Máire bás ar 11 Aibreán 1733 i mBaile Átha Cliath, agus léirigh Tadhg i gcaoineadh a chum sé uirthi gur cuireadh lena muintir i Láithreach Cora, Contae na Mí í (ARÉ 23 I 23, 71–6; Ó Háinle 2005, 66).

**A saothar:**

ARÉ LS 23 I 23.  
Ó Cléirigh, Tomás. 1939. “Leaves from a Dublin Manuscript.” *Éigse Fomhar*: 199–208.

**Foinsí tagartha:**

ARÉ LS 23 I 23: 71–6  
LNÉ LS G 132: 111–5.

- Mac Mathúna, Liam. 2011. “Tadhg Ó Neachtain Agus Comhfhreagrás Cairdis, Mí Feabhra 1726.” *Studia Hibernica* 37: 107–20
- . 2015. “A Gaelic Scholar's Approaches to Recording and Tabulation in Early Eighteenth-Century Dublin.” *Studia Celto-Slavica* 7: 163–180.
- Mac Mathúna, Liam, Deirdre Nic Mhathúna agus Pádraig Ó Liatháin. 2022. “From Jacobitism to the Great Famine (1700–1850)” In *Bone and Marrow Cnamh Agus Smior An Anthology of Irish Poetry From Medieval To Modern*, curtha in eagar ag Brian Ó Conchubhair agus Samuel K Fisher: 503–607. Wake Forest University Press.
- Nic Eoin, Máirín. 1998. *B'ait Leo Bean : Gnéithe Den Idé-Eolaíocht Inscne i dTraidisiún Liteartha Na Gaeilge*. An Clóchomhar Tta.
- Ní Dhonnchadha, Máirín. 2002. “Medieval to modern, 600–900.” In *The Field Day Anthology of Irish Writing, Volume IV: Irish Women's Writings and Traditions*, curtha in eagar ag Angela Bourke, Siobhán Kilfeather, Maria Luddy, Margaret MacCurtain, Gerardine Meaney, Máirín Ní Dhonnchadha, Mary O'Dowd, agus Clair Wills: 1–458. Cork University Press.
- Ó Dochartaigh, Cathair agus Colm Ó Baoill. 1996. *Trí Rainn agus Amhrán*. Lagan Press.
- Ó Fiannachta, Pádraig. 1967. *Lámhscríbhinní Gaeilge Choláiste Phádraig Má Nuad: Clár, Fascúl 4*. Má Nuad.
- Ó Gallchoir, Cliona. 2018. “Eighteenth-Century Writing.” In *A History of Modern Irish Women's Literature*, curtha in eagar ag Heather Ingman and Cliona Ó Gallchoir: 37–58. Cambridge University Press.
- Ó Háinle, Cathal. 2005. “Seán agus Tadhg Ó Neachtain: Cleamhnas agus Gaol.” *Éigse XXXV* (3): 53–70.
- Risk, Mary H. 1951. *The poems of Seán Ó Neachtain*. Tráchtas neamhfhoilsithe Ph.D. Coláiste na Tríonóide.

## NÍ RUADHÁIN, Áine (1877–1966)

Bailitheoir béaloidis ab í Áine Ní Ruadháin a bhfuil 12 imleabhar dá cuid agus thart ar 250 píosa béaloideas uaithi ar fáil ar [Duchas.ie](http://Duchas.ie) (CBÉ 109; 117; 134; 178; 191; 227; 248; 264; 97; 339; 380; 394). Rugadh Áine ar [25 Samhain 1877](#) i gCartún Mhic Mhánais, Cill Lasrach, Maigh Eo. Ba iad Patrick Ruane agus a bhean Mary *née* Kerrigan a tuismitheoirí. Phós sí Michael Ruane ó na Dúnta ar [23 Feabhra 1904](#). Bhí ochtar muirear orthu: John Patrick, May Agnes, Michael Joe, Hanoria Teresa, James William, Annie Kate, Thomas agus Ellen. Ba sna Dúnta, Cill Lasrach agus Tuar Mhic Éadaigh a bhailigh sí. Tá an nóta “unreliable SÓD” scríofa ar chlúdach ceann de na himleabhar a sheol sí isteach chun an Choimsiúin i mí na Nollag 1935 (CBÉ 117 (2): 122), cé nach eol dúinn an chúis, is spéisiúil nach bhfuil nóta den chineál céanna ar aon imleabhar eile léi. Fuair Áine bás ar [13 Lúnasa 1966](#).

### A saothar:

- . 1935. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Áine Ní Ruadháin. Imleabhar 109 (13).
- . 1935. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Áine Ní Ruadháin. Imleabhar 117 (2).
- . 1936. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Áine Ní Ruadháin. Imleabhar 134 (3).
- . 1936. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Áine Ní Ruadháin. Imleabhar 178 (2).
- . 1936. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Áine Ní Ruadháin. Imleabhar 191 (3).
- . 1936. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Áine Ní Ruadháin. Imleabhar 227 (3).
- . 1936. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Áine Ní Ruadháin. Imleabhar 248 (2).
- . 1936. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Áine Ní Ruadháin. Imleabhar 264 (1).
- . 1936/7. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Áine Ní Ruadháin. Imleabhar 321 (2).
- . 1937. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Áine Ní Ruadháin. Imleabhar 339 (2).
- . 1937. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Áine Ní Ruadháin. Imleabhar 380 (2).
- . 1937. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Áine Ní Ruadháin. Imleabhar 394 (2).

### Foinsí tagartha:

Ó Catháin, Séamus. 2014. "Folklore collecting in Mayo." In *Mayo History and Society*, curtha in eagar ag Gerard Moran agus Nollaig Ó Muraíle: 635–48. Geography Publications.

### **NÍ SCANAIL, Nóra (fl. 1944).**

Tá dhá alt i bpeann Nóra Ní Scanail foilsithe in *An Músgraigheach 4 agus 7*. Is amhlaidh gur bhailigh sí scéalta ó Mháire Aodh de Róiste (1944b, 4–6), agus scéalta faoi Nóra 'An tSleasa' Uí Chríodáin (1944a, 16–7).

#### **A saothar:**

Ní Scanail, Nóra. 1944a. "Nóra an tSleasa." *An Músgraigheach* 4: 16–7.  
—. 1944b. "Sgeilimis." *An Músgraigheach* 7: 4–6.

#### **Foinsí tagartha:**

O'Toole, Tina, Gearóidín Nic Carthaigh, Síle Ní Chochláin, Patricia Coughlan, agus Éibhear Walshe. 2005. *Dictionary of Munster Women Writers, 1800 to 2000 = Scríbhneoirí Ban Na Mumhan, 1800–2000*. Cork University Press.

### **NÍ SHÉAGHDHA, Eibhlín (1890–?)**

Ba bhailitheoir páirtaimseartha Choimisiún Bhéaloideas na hÉireann í Eibhlín Ní Shé ón gCoimín, Cill Chúile, Corca Dhuibhne. Rugadh í ar [9 Eanáir 1890](#), iníon le Pádraig agus a bhean Cáit *née* Cahillane. Tá 17 imleabhar a líon sí idir 1936 agus 1939, le thart ar 281 mír béaloidis iontu, i bPríomhbhailiúchán CBÉ. Bhí a teaghlach ar na chéad chinn a bhog go Baile Ghib, Contae na Mí in 1938, agus tá cur síos i ndialanna an bhailitheora Seosamh Ó Dálaigh ina iontráil ó 5 Bealtaine na bliana sin (CBÉ 583, 37). Déanann Eibhlín cur síos ar an bpróiseas nua bailithe a bhuail léi agus í ina cónaí i nDomhnach Phádraig in Aibreán 1939:

Cheapas gurb iad na seandaoine fialmhara a d'fhágas im' dhiaidh i gCiarraige a bhí anso ach ní shiad. Is geail le leigheas ar shiule teine sgeul a d'hághail uathu. Ní mhur duit iad a bhreabadh go maith. Bhíos ag sgríobh ó sheanabhean ó Dhún na nGall agus níl aon bhaoghal ná go rabhas im' mheasgán mearaige aici (CBÉ 619, 179).

#### **A saothar:**

—. 1936. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Eibhlín Ní Shéaghdha. Imleabhar 201.  
—. 1936. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Eibhlín Ní Shéaghdha. Imleabhar 218.  
—. 1936. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Eibhlín Ní Shéaghdha. Imleabhar 247.  
—. 1936. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Eibhlín Ní Shéaghdha. Imleabhar 254.  
—. 1936. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Eibhlín Ní Shéaghdha. Imleabhar 285.  
—. 1936. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Eibhlín Ní Shéaghdha. Imleabhar 324.  
—. 1936. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Eibhlín Ní Shéaghdha. Imleabhar 338.  
—. 1936. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Eibhlín Ní Shéaghdha. Imleabhar 379.  
—. 1936. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Eibhlín Ní Shéaghdha. Imleabhar 393.  
—. 1936. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Eibhlín Ní Shéaghdha. Imleabhar 411.

- . 1936. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Eibhlín Ní Shéaghdha. Imleabhar 436.
- . 1936. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Eibhlín Ní Shéaghdha. Imleabhar 459.
- . 1936. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Eibhlín Ní Shéaghdha. Imleabhar 480.
- . 1936. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Eibhlín Ní Shéaghdha. Imleabhar 513.
- . 1936. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Eibhlín Ní Shéaghdha. Imleabhar 557.
- . 1936. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Eibhlín Ní Shéaghdha. Imleabhar 619.

**Foinsí tagartha:**

Ó Dálaigh, Seosamh. Príomhbhailiúchán CBÉ. Imleabhar 538: 32–8.

**NÍ SHÉAGHDHA, Máire (fl. 1916)**

Ba dhalta scoile i gCill Chuain, Contae Chiarraí, Máire Ní Shéaghdha nuair a sheol sí a cín lae go [Fionán Mac Coluim](#) (1875–1966) agus *An Lóchrann* in 1916. Bhuaigh sí duais ón iris dá cuid scríbhneoireachta agus foilsíodh a dialanna mar leabhar beathaisnéise ansin sa dá eagrán den tsraith *Laethanta Geala*, an chéad cheann léi féin agus an dara ceann in éineacht le dialanna Bríghid Ní Shíothcháin in 1922.

**A saothar:**

Leanbh scoile do scríobh. 1916. “Cúnntas Cinn Lae.” *An Lóchrann* 8.

Ní Shéaghdha, Máire. Gan dáta. *Laethanta Geala. Cailín scoile i gCiarraidhe do scríobh*. Oifig “An Lóchrann”.  
Ní Shéaghdha, Máire, agus Bríghid Ní Shíothcháin. 1922. *Laethanta Geala. Cunnntaisí cinn lae do scríobh bert chailín scoile*, curtha in eagar ag Finghin na Leamhna [Fionán Mac Coluim]. Baile Átha Cliath: Brún agus Ó Nualláin.

**Foinsí tagartha:**

De Hae, Risteárd agus Brighid O Donnchadha. 1938. *Clár Litridheacht Na Nua-Ghaedhilge, 1850–1936*. Oifig Díolta Foilseachasain Rialtais.

Nic Congáil, Riona agus Máirín Nic Eoin. 2018. “Writing in Irish, 1900–2013.” In *A History of Modern Irish Women’s Literature*, curtha in eagar ag Heather Ingman agus Clíona Ó Gallchoir: 334–64. Cambridge: Cambridge University Press.

Nic Congáil, Riona. 2022. “Litriocht Ghaeilge na nÓg, 1900–2022.” *COMHARTaighde* 8. Ar fáil ag <https://comhartaignde.ie/ailt-taignde/litriocht-ghaeilge-na-nog-1900-2022/> [Rochtain faighte: 26/08/2025].

O’Toole, Tina, Gearóidín Nic Carthaigh, Síle Ní Chochláin, Patricia Coughlan, agus Éibhear Walshe. 2005. *Dictionary of Munster Women Writers, 1800 to 2000 = Scríbhneoirí Ban Na Mumhan, 1800–2000*. Cork University Press.

**NÍ SHINDHILE, Nóra (?–1873)**

Is a bhuí le béalathris na mná caointe seo, Nóra Ní Shindile nó Norry Singleton, atá na cóipeanna is sine agus “most complete” de ‘Caoineadh Airt Uí Laoghaire’ againn (Ní Dhomhnaill 1992, 23; 1994, 34; O’Toole et. al 2005, 213; Bourke 1988). Ba as an mBuaille Mhór, Drom Tairbh, Contae Chorcaí di. Bhreac Éamonn de Bhál an chéad leagan síos uaithi thart ar 1800, leagan atá le feiceáil in *The Last Colonel of the Irish Brigade* (O’Connell 1892, 239). Bhailigh Domhnall Mac Cába an dara leagan uaithi thart ar 1870 (*Ferriter I*, 298–305). Ba as an gcéad leagan a scríobh Ó Tuama a leagan dá *Repossessions* in 1961 (lch. 47). Tá an

dara leagan le feiceáil in *Field Day Anthology IV* (Bourke 2002). Ba ar [11 Márta 1873](#) a fuair Nóra bás (Ní Mhungaile 2020, 368; Henigan 2012, 116).

**A saothar:**

An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. LS Ferriter I.

Bourke, Angela 2002. “Lamenting the Dead.” In *The Field Day Anthology of Irish Writing, Volume IV: Irish Women’s Writings and Traditions*, curtha in eagar ag Angela Bourke, Siobhán Kilfeather, Maria Luddy, Margaret MacCurtain, Gerardine Meaney, Máirín Ní Dhonnchadha, Mary O’Dowd, agus Clair Wills: 1365–1398. Cork University Press.

O’Connell, Mrs. Morgan John. 1892. *The Last Colonel of the Irish Brigade, Count O’Connell, and old Irish life at home and abroad, 1745–1833*. Kegan Paul, Trench, Trubner & co.

Ó Tuama, Seán. 1961. *Repossessions*. Cork University Press.

**Foinsí tagartha:**

Henigan, Julie. 2012. *Literacy and orality in eighteenth-century Irish song*. Pickering & Chatto.

Nic an Airchinnigh. 2010. “‘Caoineadh Airt Uí Laoghaire’: Blood-Drinking, Art’s Sister and Censorship in Father Peter O’Leary’s Manuscripts P and Pead.” *Proceedings of the Harvard Celtic Colloquium* 30: 175–206.

Ní Dhomhnaill, Nuala. 1992. “What Foremothers?.” *The Poetry Ireland Review*: 18–31.

Ní Ghriofa, Doireann. 2020. *A Ghost in the Throat*. Tramp Press.

Ní Mhungaile, Lesa. 2020. “Re-Imagining Feminist Protest in Contemporary Translation: Lament for Art O’Leary and The Midnight Court.” Chapter. In *Irish Literature in Transition, 1700–1780*, curtha in eagar ag Moyra Haslett: 365–81. Cambridge University Press

O’Toole, Tina, Gearóidín Nic Carthaigh, Síle Ní Chochláin, Patricia Coughlan, agus Éibhear Walshe. 2005. *Dictionary of Munster Women Writers, 1800 to 2000 = Scribhneoirí Ban Na Mumhan, 1800–2000*. Cork University Press.

## **NÍ SHÍOTHCHÁIN, Brighid (fl. 1922)**

Ba as ciona lae Bhrighid Ní Shíothcháin agus Mháire Ní Shéaghda ó Uíbh Ráthach, Contae Chiarraí a rinneadh *Laethanta Geala. Cunntaisí cinn lae do scríobh beirt chailín scoile*, a chuir [Fionán Mac Coluim](#) (1875–1966) in eagar (1922). Foilsíodh ‘Cuid de Chúnntas Cinn Lae do scríobh gearrchaile scoile in Íbh Ráthach’ léi chomh maith in *An Lóchrann* in 1918. Ina cuntas ó 20 Márta 1918, tugann sí le fios go bhfuil cónaí uirthi gar leis an mBeann Dubh, in iarthar Chill Mhic Iarann (1918). Dar le Nic Congáil, “An rud is spéisiúla faoin gcín lae seo ná an cuntas a thugann sí ar shaol an chailín aimsire” (2015, 15). Scríobhann Brighid ina cín lae faoin gcúram a bhí uirthi mar chailín aimsire le Gaeilge, an teanga a thabhairt do na garsúin faoina cúram:

Ní labhram focal Beurla chun na leanbhaí ach go deimhin níl breis Gaeluinne acu. Tá siad ag teacht isteach ar í thuisgint uaim anois. Nach mór a truagh na leanbhaí bheith ag fás suas gan focal dá dteangain féin acu. Cad é an t-iongnadh ach é bheith chomh furuisde dhóibh í fhoghlaim annso san áit a bhfuil sí ag gach éinne (Ní Shíothcháin 1918).

**A saothar:**

Ní Shéaghdha, Máire, agus Bríghid Ní Shíothcháin. 1922. *Laethanta Geala. Cunntaisí cinn lae do scríobh bert chailín scoile*, curtha in eagar ag Finghin na Leamhna [Fionán Mac Coluim]. Brún agus Ó Nualláin.  
Ní Shíothcháin, Bríghid. 1918. “Cuid de Chúnntas Cinn Lae do scríobh gearrchaile scoile in Íbh Ráthach.” *An Lóchrann* 26.

#### Foinsí tagartha:

De Haec, Risteárd agus Bríghid O Donnchadha. 1938. *Clár Litridheacht Na Nua-Ghaedhilge, 1850–1936*. Oifig Díolta Foilseachas Rialtais.  
Nic Congáil, Riona agus Máirín Nic Eoin. 2018. “Writing in Irish, 1900–2013.” In *A History of Modern Irish Women’s Literature*, curtha in eagar ag Heather Ingman agus Cliona Ó Gallchoir: 334–64. Cambridge: Cambridge University Press.  
Nic Congáil, Riona. 2022. “Litriocht Ghaeilge na nÓg, 1900–2022.” *COMHARTaighde* 8. Ar fáil ag <https://comhartaighde.ie/ailt-taighde/litriocht-ghaeilge-na-nog-1900-2022/> [Rochtain faighte: 26/08/2025].  
—. 2015. “An Cultúr Gaelach ó Pheirspictíocht an Linbh: Cín Lae Chailíní Scoile Chiarraí (1916–1918).” *UCDScholarcast* 12: 2–17.  
O’Toole, Tina, Gearóidín Nic Carthaigh, Síle Ní Chochláin, Patricia Coughlan, agus Éibhear Walshe. 2005. *Dictionary of Munster Women Writers, 1800 to 2000 = Scríbhneoirí Ban Na Mumhan, 1800–2000*. Cork University Press.

### NÍ SHÍOTHCHÁIN, Peig (1884–1934)

Ba scéalaí agus amhránaí í Peig ‘Peigí’ Ní Shíothcháin (Shítheacháin) ó Lios Ó Móine ar Oileán Chléire a rugadh ar [17 Aibreán 1884](#). Ba iad Cornelius Sheehan agus Mary Sheehan *née* Sheahan a tuismitheoirí. Bhailigh Donnchadh Ó Floinn (1941, 6–58), Conchúr Ó Síothcháin (CBÉ 0088 (5), 197), Seán de Nais (CBÉ 0096 (1), 6–9), Seán Stundún (CBÉ 0049, 158–166; 194; 236–246; Gunn 1990, 23, 29–30, 37–9, 41, 49–55, 65–75, 126–7, 173–5), agus Seán Ó Conaill (CBÉ 0052, 198–245; CBÉ 0174 (2), 602–637) scéalta, seanchas, mairbhíní agus amhráin uathí idir 1929–1934. Phós Peig Con Sheehan ar [20 Aibreán 1909](#) agus bhí seisear muirear acu: Julia, Cornelius, Hanora, Mary, Margaret agus Ellen. Fuair sí bás ar [20 Meán Fómhair 1934](#).

#### A saothar:

Gunn, Marion. 1990. *Céad Fáilte go Cléire*. An Clochomhar Tta.  
Ní Shíothcháin, Peig. 1930. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Conchúr Ó Síothcháin. Imleabhar 88 (5): 197.  
—. 1929. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Seán de Nais. Imleabhar 96 (1): 6–9.  
—. 1933. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Seán Stundún. Imleabhar 49: 158–166; 194; 236–46.  
—. 1934. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Seán Ó Conaill. Imleabhar 52: 198–211; 245.  
—. 1935. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Seán Ó Conaill. Imleabhar 174 (2): 602–637.  
Ó Floinn, Donnchadh. 1941. “Béaloideas ó Chléire II.” *Béaloideas* 11 (1 / 2): 3–77.

#### Foinsí tagartha:

O’Toole, Tina, Gearóidín Nic Carthaigh, Síle Ní Chochláin, Patricia Coughlan, agus Éibhear Walshe. 2005. *Dictionary of Munster Women Writers, 1800 to 2000 = Scríbhneoirí Ban Na Mumhan, 1800–2000*. Cork University Press.

## **NÍ SHÚILLEABHÁIN, Eibhlín (1911–1997)**

B'aisteoir agus drámadóir í Eibhlín Ní Shúilleabháin. Rugadh í sa Bhaile Breac i gCorca Dhuibhne ar [1 Deireadh Fómhair 1911](#). Ba iad Seán agus Hannah *née* Connor a tuismitheoirí. Scríobh sí an dráma *Laistiar de'n Éadan* a léiríodh den chéad uair ar 30 Eanáir 1944 in Amharclann na Mainistreach, Baile Átha Cliath (A.O.M 1944, 3; O'Leary 2017, 12). Bhí sí ina haisteoir i neart drámaí sa Taibhdhearc, An Damer agus in Amharclann na Mainistreach (idir 1933 agus 1973). Fuair sí bás ar 17 Samhain 1997 agus tá sí curtha i Reilig Dhún Urlann i mBaile an Fheirtéaraigh, Contae Chiarraí.

### **A saothar:**

Ní Shúilleabháin, Eibhlín. 1944. *Laistiar de'n Éadan*. Amharclann na Mainistreach, BÁC. 30 Eanáir.

### **Foinsí tagartha:**

A.O.M. 1944. "Irish Thriller Play." *Irish Press* 31 Eanáir: 3.

Gan údar. 1939. "Galway Honours President of Éire." *Connacht Tribune* 02 Meán Fómhair: 13–5.

O'Leary, Philip. 2017. *An Underground Theatre: Major Playwrights in the Irish Language 1930–80*. University College Dublin Press.

## **NÍ SHÚILLEABHÁIN, Eibhlís (1912–1971)**

Idir 1931 agus 1951, scríobh Eibhlís Ní Shúilleabháin litreacha chuig George Chambers i Londain i ndiaidh dó cuairt a thabhairt uirthi, ag déanamh cur síos ar a saol ar an mBlascaod Mór, Contae Chiarraí. Ba as na litreacha seo a chuir Chambers *Letters from the Great Blaskets* (1978) le chéile, foinse luachmhar ar an saol a bhí ar an oileán. Rugadh Lís ar [lá Feabhra 1912](#) ar an mBlascaod Mór, iníon le Seán Ó Súilleabháin agus a bhean Johanna *née* Ní Dhuinnshléibhe. Phós sí [Seán Ó Croimhthain](#) (1898–1975) a scríobh *Lá dar saol* (1969), mac leis an *Oileánach* [Tomás Ó Croimhthain](#) (1855–1937) ar [6 Bealtaine 1933](#) agus bhí beirt iníonacha acu, Cáit agus Niamh. Bhogadar go Muiríoch in 1942 agus fuair Lís bás ar [12 Meán Fómhair 1971](#).

### **A saothar:**

Ní Shúilleabháin, Eibhlís. 1978. *Letters from the Great Blaskets* curtha in eagar ag George Chambers. Mercier Press.

### **Foinsí tagartha:**

Ó Criomhthain, Seán. 1969. *Lá dar saol*. An Gúm.

O'Toole, Tina, Gearóidín Nic Carthaigh, Síle Ní Chochláin, Patricia Coughlan, agus Éibhear Walshe. 2005. *Dictionary of Munster Women Writers, 1800 to 2000 = Scríbhneoirí Ban Na Mumhan, 1800–2000*. Cork University Press.

## NÍ SHÚILLEABHÁIN, Muirn (fl. 1754)

Luaitear an marbhna a cumadh ar bhás [Mhuircheartaigh ‘Murtaí’ Óig Uí Shúilleabháin](#) (c.1710–1754) dar dtús “Osna go cruaidh le guaisc na scéal so a rith” lena mháthair altrama agus gaol teaghlaigh, Máire ‘Muirn’ Ní Shúilleabháin (LS Maigh Nuad 7, 98–101), “... who has made no sparing use of the energy of cursing, which the Irish language is by all allowed to possess” (Crofton Croker 1844, 53). Ba bhanfhile “aitheanta í agus duine ceandána treallúsach” (Nic Eoin 1998, 259) agus ba as Oileán Bhaoi di ó dhúchas (O’Mahony 1892, 119). Tar éis don mhaor cánach John Puxley a gcol ceathrar a mharú, chuaigh Muirn chuig caisleán Dhún Baoi, a bhíodh i seilbh na Súilleabhánaigh Béarra fadó, agus chuir sí mallacht ar Puxley. An oíche dar gcionn, chuir Puxley teach Mhuirn trí thine (O’Mahoney 1892, 119). De réir seanchas na háite, chuir sí mallacht eile roimh Thadhg Ó Scolaí a sceith ar Mhurtaí tar éis do Mhurtaí Puxley a mharú (1892, 124). Cé nach bhfuil mórán ar eolas againn faoina saol, mhair tráchtanna uirthi i mbéaloideas an cheantair fós in aimsir Bhailiúcháin na Scol. De réir leagan amháin, tugadh go dtí an príosún i gCorcaigh í tar éis di an caoineadh ar Mhurtaí a cumadh, “... she was condemned to death but she stabbed herself in the prison in Cork” (CBÉS 274, 409).

### A saothar:

Maigh Nuad LS 7, 98–101.

### Foinsí tagartha:

- Croker, Thomas. Crofton. 1844. *The keen of the south of Ireland as illustrative of Irish political and domestic history, manners, music, and superstitions*. T. Richards
- Nic Eoin, Máirín. 1998. *B’ait Leo Bean : Gnéithe Den Idé-Eolaíocht Inscne i dTraidisiún Liteartha Na Gaeilge*. An Clóchomhar Tta.
- Ó hArrachtáin, Diarmuid. 1937. Bailiúchán na Scol CBÉ. Bailitheoir: Diarmuid Ó hArrachtáin. Imleabhar 274: 409.
- Ó hArrachtáin, Liam. 1939. Bailiúchán na Scol CBÉ. Bailitheoir: Diarmuid Ó hArrachtáin. Imleabhar 274: 486–7.
- O’Mahony, John. 1892. “Morty Oge, Captain of the Wild Geese. With his elegy in Irish composed by Daniel O’Connell, his servant and note by A.J. Fetherstonhaugh.” *Journal of the Cork Historical and Archaeological Society* 1: 24.
- O’Toole, Tina, Gearóidín Nic Carthaigh, Síle Ní Chochláin, Patricia Coughlan, agus Éibhear Walshe. 2005. *Dictionary of Munster Women Writers, 1800 to 2000 = Scribhneoirí Ban Na Mumhan, 1800–2000*. Cork University Press.

## NÍ SHÚILLEABHÁIN, Nell (c. 1845)

B’fhile sa traidisiún béil í Nell Ní Shúilleabháin ó Chorca Dhuibhne, Contae Chiarraí. Luaitear na hamhráin ‘Raghadsa ‘s mo Cheaití ag bhálcaoireacht’ (‘ac Gearailt 2007, 48–53), agus an t-amhrán molta ‘Amhrán an Athar Eoghan Ó Súilleabháin’ (Ó Dubhda 1933, 91–3) ó lár an naoú céad déag léi. D’iarr “lucht an tsúip” ar Nell aoir a chumadh faoin sagart, ach toisc nach

dtuigfidís a raibh á rá aici, chum sí amhrán molta ina thaobh (Ó Dubhda 1933, 91; Uí Dhonnabháin 2014, 103). Ba dheirfiúr í leis an bhfile Micí na gCloch ó pharóiste an Fheirtéaraigh (’ac Gearailt 2007, 50).

**A saothar:**

’ac Gearailt, Breándán. 2007. *An Blas Muimhneach*. Coiscéim.

Ó Dubhda, Seán. 1933. *Duanaire Duibhneach : .i. Bailiú d’amhránaibh agus de phíosai b eile filidheachta a ceapadh le tuairim céad bliain i gCorca Dhuibhne, agus atá fòr i gcuimhne agus i mbéaloideas na ndaoine ann*. Oifig Díolta Foilseachasain Rialtais.

**Foinsí tagartha:**

O’Toole, Tina, Gearóidín Nic Carthaigh, Síle Ní Chochláin, Patricia Coughlan, agus Éibhear Walshe. 2005. *Dictionary of Munster Women Writers, 1800 to 2000 = Scribhneoirí Ban Na Mumhan, 1800–2000*. Cork University Press.

Uí Dhonnabháin, Miriam. 2014. “Patrons, Poets, Scribes and Singers-Some Examples of Participation by Women in the Later Gaelic Literary Tradition.” *Australasian Journal of Irish Studies* 14: 91–110.

**NIC SUIBHNE, Máire (1872–1942)**

Ba mhúinteoir, polaiteoir agus gníomhaí poblachtánach í Mary MacSwiney a rugadh ar 27 Márta 1872 i Londain. Ba iad John Mac Swiney agus Mary Wilkinson a tuistí agus ba dheirfiúr í le [Traolach Mac Suibhne](#) (1879–1920). Bhí sí mar bhall de Chonradh na Gaeilge agus Inghinidhe na hÉireann agus bhunaigh sí Craobh Chorcaíoch de Chumann na mBan in 1914. Bhain sí céim B.A. amach ó Choláiste na hOllscoile Corcaigh in 1912 (Murphy 2009). Bhunaigh sí agus a deirfiúr Annie, Scoil Íte ar 4 Plás Belgrave i gCorcaigh in 1916. Bhí an scoil bunaithe ar Scoil Éanna agus cuireadh béim inti ar an teanga agus ar stair agus cultúr na hÉireann. Cónascadh an scoil agus Scoil Mhuire in 1954. Fuair sí bás i gCorcaigh ar [8 Márta 1942](#) agus cuireadh i Reilig Naomh Iósaf i mBaile Féitheán í.

**Foinsí tagartha:**

Breathnach, Diarmuid agus Máire Ní Mhurchú. Gan dáta. “Traolach Mac Suibhne (1879–1920).” *Ainm.ie: An Bunachar Náisiúnta Beathaisnéisí Gaeilge* [Rochtain faighte: 08 Iúil 2025].

Murphy, Brian. 2009. “MacSwiney, Mary.” *Dictionary of Irish Biography*. Ar fáil ag <https://www.dib.ie/biography/macswiney-mary-a5295> [Rochtain faighte: 02/09/2025].

O’Toole, Tina, Gearóidín Nic Carthaigh, Síle Ní Chochláin, Patricia Coughlan, agus Éibhear Walshe. 2005. *Dictionary of Munster Women Writers, 1800 to 2000 = Scribhneoirí Ban Na Mumhan, 1800–2000*. Cork University Press.

**NÍ THUATHAIL, Róis (c.1558–1629)**

Ba phatrún filíochta sa 16ú haois déag í Róis Ní Thuathail i gCill Mhantáin. B’iníon í leis an Iarla Fiachaidh Ó Tuathail agus a bhean Rose *née* Basnett. Phós Róis Fiachaidh Mac Aodh Uí Bhroin, thart ar an mbliain 1573, a bhfuil cáil air dá bhua thar Arthur Grey i nGleann Molúra

(O’Byrne 2009; Bourke agus Nic Chárthaigh 2023, 954). Tá liosta d’fhilí a bhí faoina pátrúnacht ar shuíomh thionscadal [MACMORRIS](#) (2025), ina measc, [Eochaidh Ó Eodhusa](#) (c.1568–1612), Niall Ó Ruanadha, Ruaidhrí (mac Aodha) Mac Craith, Domhnall Ó hUiginn, Fearghal (mac Lughaidh) Mac Eochadha, agus Aithios Ó Lorcáin. I ndán Uí Uiginn dar tús ‘Ésga an oinigh fán aird toir’, chuir sé flaithiúlacht na mná in iúl:

Bean d’fhionnfhuil fhola Tuathail,  
Róis go rogha ríoghnuachair,  
bean ar nách bí béim bronnaidh  
ag rí don fhréimh Raghnulluigh (Mac Airt 1944)

Scríobh Ó hEodhusa ‘An choiscéim-se i gceann Laighneach’ agus ‘Créd so ag buaidhreadh ban nGaidheal’ di, agus cé nár phós Ó hEodhusa riamh, deirtear gurb í Róis, “... the only hint of a woman in Eochaidh’s life” (Carney 1967). Bhí ról feidhmiúil ag Róis i gcogaí a fir céile in aghaidh na Gall, agus gabhadh í faoi thrí ina saol: in 1581, in 1594 agus in 1597. Bhí sí le cur chun báis toisc an tuiscint gur chailleach í faoi dhó, ach ligeadh saor í ar deireadh. Deirtear go bhfuair sí bás i gCeatharlach sna 1620idí (O’Byrne 2009). B’inspioráid saol Róise do ‘Gleann Maoiliúra’ le Bidy Jenkinson (1991, luaite ag Ní Annracháin 2009).

#### **Foinsí tagartha:**

- Bourke, Evan, agus Deirdre Nic Chártaigh. 2023. “Patronage Networks in Gaelic Ireland ca. 1541–ca. 1660.” *Renaissance Quarterly* lxxvi (3): 938–979.
- Carney, James. 1967. *The Irish Bardic Poet: A Study in the Relationship of Poet and Patron as Exemplified in the Persons of the Poet, Eochaidh Ó hEoghusa (O’Hussey) and His Various Patrons, Mainly Members of the Maguire Family of Fermanagh*. Dolmen Press.
- Jenkinson, Bidy. 1991. *Dánta na hUidhre*. Coiscéim.
- Mac Airt, Seán. 1944. *Leabhar Branach*. Dublin Institute for Advanced Studies.
- McCarthy, B. G. 1947. ‘The Riddle of Rose O’Toole’. In *Féilscribhinn Torna: Essays and Studies Presented to Professor Tadhg Ua Donnchadha (Torna) on the Occasion of His Seventieth Birthday, September 4th, 1944*, ed. Séamus Pender: 171–82. Cork University Press.
- Ní Annracháin, Máire. 2009. “‘Gleann Maoiliúra’, Bidy Jenkinson.” *Irish University Review* 39 (2): 310–19.
- O’Byrne, Emmett. 2009. “O’Toole, Rose.” *Dictionary of Irish Biography*. Ar fáil ag <https://www.dib.ie/biography/otoole-rose-a7095> [Roctain faighte: 12/08/2025].
- . 2003. *War, politics and the Irish of Leinster, 1156–1606*. Four Courts Press.
- . 2012a. “A striking and wicked beauty.” *Irish Independent*. 10 Deireadh Fómhair.
- . 2012b. “Revenge plot of woman scorned.” *Irish Independent*. 17 Deireadh Fómhair.

#### **NÍ UALLACHÁIN, Eithne (1957–1999)**

Rugadh an t-amhránaí agus ceoltóir Eithne Ní Uallacháin ar 10 Eanáir 1957, i mBéal an Átha, Maigh Eo. B’iníon í leis an mbailitheoir amhráin agus ceoil, [Pádraig Ó hUallacháin](#) (1912–1974), agus a bhean Eithne *née* Ní Dhoibhlín. I nóta dírbheathaisnéise dúirt Eithne, “My father’s love of song steered the course and purpose of my life” (Ní Thuathaláin 2014). D’fhreastail Eithne ar Ollscoil Uladh i gCúil Ráithín, agus mhúin sí i nGaelscoil Dún Dealgan

ar feadh cúig bliana déag. Phós Eithne an ceoltóir Gerry O'Connor in 1978 agus bhí ceathrar muirear orthu, Dónal, Siubhán, Feilimí, agus Finnian. D'eisigh Gael Linn a céad albam *Cosa Gan Bhróga* a thaifead sí le Gerry agus Denis Wilkinson, in 1987. D'eisigh Claddagh Records *Lá Lugh* in 1991, albam le hEithne agus Gerry. Ghlac an bheirt acu an t-ainm banna *Lá Lugh* ina dhiaidh seo, agus in 1995 d'eisigh Lughnasa Music, a lipéad ceoil féin, a n-albam *Brighid's Kiss* sa bhliain chéanna, agus d'eisigh Sony Music *Senex Peur* leo in 1998. Fuair Eithne bás go hanabáí i mí na Bealtaine 1999. D'eisigh Gael Linn a halbam iarbháis, *Bilingua*, in 2014.

**A saothar:**

Lá Lugh. 1996. *Brighid's Kiss*. Lughnasa Music.

—. 1998. *Senex Peur*. Sony Music.

Ní Uallacháin, Eithne. 2014. *Bilingua*. Gael linn.

Ní Uallacháin, Eithne, agus Gerry O'Connor. 1992. *Lá Lugh*. Claddagh Records.

Ní Uallacháin, Eithne, Gerry O'Connor agus Denis Wilkinson. 1987. *Cosa Gan Bhróga*. Gael Linn.

**Foinsí tagartha:**

Breathnach, Diarmuid agus Máire Ní Mhurchú. Gan dáta. “Pádraig Ó hUallacháin (1912–1974).” *Ainm.ie: An Bunachar Náisiúnta Beathaisnéisí Gaeilge* [Rochtain faighte: 23/05/2025].

Ní Thuathaláin, Méabh. 2014. “Oidhreacht Eithne á ceiliúradh ar albam nua.” *Tuairisc*. 21 Samhain. Ar fáil ag <https://tuairisc.ie/oidhreacht-eithne-a-ceiliuradh-ar-albam-nua/> [Rochtain faighte: 10/08/2025].

---

## Q

---

### **O'BRIEN, Charlotte Grace (1845–1909)**

Ball de Chonradh na Gaeilge i bhFaing, Contae Luimnigh, b'iníon í Charlotte leis an bpolaiteoir [William Smith O'Brien](#) (1803–1864) agus a bhean Lucy Gabbett, agus ba ise a thóg an t-ealaíontóir agus Conraitheoir, [Neilí Ní Bhriain](#) (1864–1925), iníon lena deartháir, Edward. Tá cáil ar Charlotte dá feachtasaíocht ar son chearta na mná a bhí ag dul ar imirce ón tír seo (go Meiriceá go háirithe) i ndiaidh an Ghorta Mhóir. Chuir sí béim ina cuid scríbhneoireachta agus iriseoireachta ar na deacrachtaí a bhuail na mná seo, go háirithe na cainteoirí aonteangacha Gaeilge (Nilsen 1997, 256; Doyle 1979, 172). D'oscail sí tithe cónaithe le haghaidh na mban sa Chóbh, Contae Chorcaí, agus i Nua Eabhrac (Moloney 1999; Murphy 2009). Scríobh a nia Stephen Gwynn a beathaisnéis in 1909. Rugadh Charlotte ar 23 Samhain 1845 i gCathair Maothail, Luimneach, agus fuair sí bás ann ar [3 Meitheamh 1909](#).

#### **Foinsí tagartha:**

- Diner, Hasia. 1983. *Erin's Daughters in America: Irish Immigrant Women in the Nineteenth Century*. Johns Hopkins.
- Doyle, David. 1979. "Inimircigh Nua agus Meiriceá Tionsclaíoch, 1870–1910." In *Go Meiriceá Siar: Na Gaeil Agus Meiriceá: Cnuasach Aistí*, curtha in eagar ag Stiofán Ó hAnnracháin agus Cumann Merriman. An Clóchomhar Tta.
- Gan údar. 1906. "Gaelic Movement in West Limerick." *Kerry People*. 30 Meitheamh: 5.
- Gwynn, Stephen. 1909. *Charlotte Grace O'Brien: Selections from her Writings and Correspondence*. Maunsel & Co.
- Moloney, Deirdre M. 1999. *A Transatlantic Reform: Boston's Port Protection Program and Irish Women Immigrants*. *Journal of American Ethnic History*, 19 (1): 50–66.
- Murphy, James, H. 2009. "O'Brien, Charlotte Grace." *Dictionary of Irish Biography*. Ar fáil ag <https://www.dib.ie/biography/obrien-charlotte-grace-a6455> [Rochtain faighte: 24/08/2025].
- Nilsen, Kenneth E. 1997. "The Irish Language in New York, 1850–1900." In *The New York Irish*, curtha in eagar ag Ronald H. Baylor agus Timothy Meagher: 252–274. The John Hopkins Press Ltd.

### **O'CONNELL, Mary Anne Bianconi (1840–1908)**

Staráí agus scríbhneoir ab í Mary Anne O'Connell, a mbeadh cáil uirthi i stair na teanga mar Mrs. Morgan J. O'Connell. Rugadh í ar 16 Meán Fómhair 1840, iníon leis an bhfear gnó Iodálach, Charles Bianconi, agus a bhean Eliza *née* Hayes. D'fhás Mary Anne aníos i dTeach Pháirc an Longaigh, Tiobraid Árann. Phós sí an polaiteoir agus nia le Dónal Ó Conaill, Morgan John O'Connell ar [21 Feabhra 1865](#) agus bhí beirt pháistí acu, Elizabeth agus John. Ba í Mary Anne a scríobh na himleabhair *The Last Colonel of the Irish Brigade* a dhéanann cur síos ar ghinealas mhuintir Uí Chonaill, Uí Bhriain, Mhic Dhomhnaill, agus Uí Dhonnchadha 'Dubh'

agus a sholáthraíonn leagan de ‘C[h]aoineadh Airt Uí Laoghaire’ a bailíodh ó Nóra Ní Shindile (1892, 327–40). Fuair sí bás i dteach a muintire i dTiobraid Árann ar [28 Eanáir 1908](#).

**A saothar:**

O’Connell, Mrs. Morgan John. 1892. *The Last Colonel of the Irish Brigade, Count O’Connell, and old Irish life at home and abroad, 1745–1833. Imleabhar 1 & 2*. Kegan Paul, Trench, Trubner & co.

**Foinsí tagartha:**

Nic an Airchinnigh, Méabh. 2010. “‘Caoineadh Airt Uí Laoghaire’: Blood-Drinking, Art’s Sister and Censorship in Father Peter O’Leary’s Manuscripts P and Pead.” *Proceedings of the Harvard Celtic Colloquium* 30: 175–206.

**OLDHAM, Edith (1856–1950)**

Iaruachtarán ar Bhrainse Shráid an Droichid, Baile Átha Cliath de Chonradh na Gaeilge, agus Rúnaí agus baill bunaithe den Fheis Cheoil ab í Edith Oldham Best (McPherson 2012, 94). Rugadh ar 11 Iúil 1865 i mBaile Átha Cliath í (Andrews 2009). B’iníon í le Eldred agus a bhean Annie *née* Alker, agus deirfiúr léi í Alice Oldham, duine de na chéad mhná chun céim a bhaint amach in Ollscoil Ríoga na hÉireann. D’fhreastail sí ar Alexandra College agus ar Ceol Acadamh Ríoga na hÉireann (CARÉ) (Gan údar 1950, 3), agus bronnadh scoláireacht uirthi go dtí an tAcadamh Ríoga Ceoil i Londain in 1883 (O’Connor 2009, 127). B’ollamh ar an *pianoforte* in CARÉ ó 1888 go dtína bás. D’oibrigh sí mar rúnaí leis an bhFeis Ceoil ó 1897 go 1905, agus le Annie Patterson, chinntigh sí comhoibriú idir an Fheis agus Conradh na Gaeilge (Dowling 2016, 164). Phós sí an leabharlannaí [Richard Irvine Best](#) (1872–1959) ar [11 Aibreán 1906](#), agus fuair sí bás ar [9 Márta 1950](#).

**A saothar:**

Oldham, Edith. 1898. “‘Eisteddfod and the Feis Ceoil’. Lecture given in February 1898.” *The New Ireland Review*: 349–361.

**Foinsí tagartha:**

Andrews, Helen. 2009. “Best, Edith.” *Dictionary of Irish Biography*. Ar fáil ag <https://www.dib.ie/biography/best-edith-a0633> [Rochtain faighte: 21/08/2025].

Dowling, Martin. 2016. *Traditional music and Irish society: historical perspectives*. Routledge.

Gan údar. 1950. “MRS EDITH BEST.” *Irish Independent*. 11 Márta: 3.

O’Connor, Jennifer. 2009. “The promotion of music in Dublin: women’s lectures and articles supporting the city’s musical development.” *Maynooth Musicology: Postgraduate Journal* 2: 119–138.

Wright, David C. H. 2019. *The Royal College of Music and its contexts: an artistic and social history*. Cambridge University Press.

---

## **P**

---

### **PAOR, Máire (1858–1946)**

Thug Máire Paor ón gCnoc Buidhe, Seisceannán, Port Láirge, neart scéalta agus seanchais don bhailitheoir [Pádraig Ó Milléadha](#) (1877–1947) atá ar fáil in Imleabhar 84 de Phríomhbhailiúchán CBÉ agus a foilsíodh in *Béaloideas* in 1936 (187–256). Rugadh Máire i mBleántras Odhar in 1858, iníon le Pádraig Paor agus Máire *née* Barron. I measc na scéalta seo, bhí cinn faoin amhránaí Eibhlín Daltúin (1802–1880) inar luaigh Máire iníon Eibhlín, Máirín Daltúin, mar fhaisnéiseoir (CBÉ 84, 345). D'éag sí [21 Bealtaine 1946](#) in Ospidéal Naomh Seosaimh, Dún Garbhán.

#### **A saothar:**

Ó Milléada, Pádraig. 1936. “Seanças Sliab gCua.” *Béaloideas* 6 (2): 187–256.

Paor, Máire. 1935. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Pádraig Ó Milléadha. Imleabhar 84.

#### **Foinsí tagartha:**

O'Toole, Tina, Gearóidín Nic Carthaigh, Síle Ní Chochláin, Patricia Coughlan, agus Éibhear Walshe. 2005. *Dictionary of Munster Women Writers, 1800 to 2000 = Scribhneoirí Ban Na Mumhan, 1800–2000*. Cork University Press.

### **PERÓLZ, Máire (1874–1950)**

Rugadh Marie Perlóz ar [7 Bealtaine 1874](#) i Luimneach. Ba réabhlóidí, bean fheachtais, aisteoir agus múinteoir Gaeilge í le hInghinidhe na hÉireann (Cooper 2022). Bhí sí ina ball de Chonradh na Gaeilge agus den ‘Celtic Literary Society’. Bhí ról Meadda aici sa chéad dráma Gaeilge ar stáitse i mBaile Átha Cliath, *Eilís agus an Bhean Deirce* le [Peadar Toner Mac Fhionnlaoich \(Cú Uladh\)](#) (Nollaig 1902). Mhúin sí Gaeilge i ranganna de chuid Inghinidhe na hÉireann. Phós sí James Flanagan, ‘Citizen Flanagan’ ar [21 Aibreán 1919](#), agus fuair sí bás ar [1 Nollaig 1950](#). Cuireadh in Reilig Chnocán Iaróm í.

#### **Foinsí tagartha:**

Cooper, Sophie. 2022. ““It was the Presentation nuns who made a rebel of me”: Women religious and Ireland’s Revolutionary Era.” *Women’s History Review* 31 (6): 1047–1068.

### **PRIOR, Anna (fl. 1700)**

Ba reachtaire i gcomhair filí na Mumhan san ochtú haois déag luath í Seón / Seán Anna Príor. Tugadh Seón uirthi toisc di bheith gléasta mar fhear agus an reachtaireacht ar siúl aici (Nic

Eoin 1998, 270). Ba as Corcaigh formhór na bhfilí seo, mar shampla, [Liam Inglis](#) (c.1709–1778), [Seán Clárach Mac Domhnaill](#) (1691–1754), Seán Cúndún (*fl.* 1738–9) agus [Seán na Ráithíneach Ó Murchadha](#) (1700–1762). Cé gur mhinic gurb ábhar magaidh í i bhfilíocht na bhfear, léirítear i ndán le Inglis go raibh cáil uirthi dá ceird ar fud na tíre: “Is eól di Inis is Doire is Loch Eirne fós / Bóinn is Life, Cill Chainnigh, agus Béarra leó...” (Ó Foghludha agus Inglis 1937, 12). Tá an tuairim ann gur bhean Sheáin Clárach í, agus tuairim eile gur Sheán gléasta mar bhean í (Ó hÓgáin agus Bruen 1996). Mar a insíonn Breathnach agus Ní Mhurchú in *Beathaisnéis* 8, “B’as Eanach sa Ráth do Sheán Clárach agus is minic ‘Eanach Príor’ á thabhairt ar Anna Príor. Thugtaí ‘Eanach Geal’ uirthi freisin agus deir Nic Éinrí gur léir an ceangal idir an t-ainm sin agus ‘Agnes White’, an bhean a bhí pósta, más fíor, ar an bhfile” (2003, 245). I ndán an Chláraigh di, deir sé “A ainnir is aille lamh ar bhratachaibh sróill / Is chanas go samh gach clan do chleachtann mo shórt” (MacDonnell agus Foley 1934, 100; féach Breathnach 1987, 61).

**A saothar:**

- Breathnach, Pádraig. A. 1987. “Oral and Written Transmission of Poetry in the Eighteenth Century.” *Eighteenth Century Ireland / Iris an dá chultúr* 2: 57–65.
- Nic Eoin, Máirín. 1998. *B’ait Leo Bean : Gnéithe Den Idé-Eolaíocht Inscne i dTraidisiún Liteartha Na Gaeilge*. An Clóchomhar Tta.

**Foinsí tagartha:**

- Breathnach, Diarmuid agus Máire Ní Mhurchú. 2003. *Beathaisnéis* 8. An Clóchomhar.
- MacDonnell, John, agus Richard Foley. 1934. *Seán Clárach, 1691–1754 : A Shaothar Fileata Agus Scéal a Bheathadh*. Oifig Díolta Foilseacháin Rialtais.
- Nic Éinrí, Úna. 2001. “Seán Clárach Mac Domhnaill sa Chúirt.” *North Munster Antiquarian Journal* 41: 245.
- Ó Foghludha, Risteaird agus Liam Inglis. 1937. *Cois na bríde : Liam Inglis, O.S.A., 1709–1778 : a chuid filidheachta*. Oifig Díolta Foilseacháin Rialtais.
- Ó hÓgáin, Dáithí agus Máire Comer Bruen. *An Mangaire Sígach (Aindrias Mac Craith): beatha agus saothar*. Coiscéim.
- O’Toole, Tina, Gearóidín Nic Carthaigh, Síle Ní Chochláin, Patricia Coughlan, agus Éibhear Walshe. 2005. *Dictionary of Munster Women Writers, 1800 to 2000 = Scribhneoirí Ban Na Mumhan, 1800–2000*. Cork University Press.

---

## S

---

### SARFIELD, Mrs<sup>216</sup> (?–1935)

Faoi mar a d'iarr Dubhghlas de hÍde air, bhailigh an tUrramach Seán Mac Diarmada scéalta béaloidis ó Bhean an tSáirséalaigh, duine de sheanchomharsana de hÍde sa Chaisleán Riabhach, Ros Comáin ag tús an fichiú haois. Tá na scéalta seo ar fáil in imleabhair éagsúla de *Béaloideas*. Bhuaigh sí duaiseanna le haghaidh na scéalaíochta, saibhreas teanga, agus a scileanna comhráite ag feiseanna i Ros Comáin (Gan údar 1905, 1) agus i Maigh Eo (Gan údar 1928, 9). I measc a béaloidis bhí scéalta Fiannaíochta (1936, 104–7), agus leagan ATU 510A (Luaithriona) (1931, 69–73).

#### A saothar:

- An Craoibhín [Dubhghlas de h-Íde]. 1931. “Cóitín Fathag.” *Béaloideas* 3 (1): 69–73.  
— . 1936. “An Sean-Duinín A Táinig Ćuig Na Fianntaib̃.” *Béaloideas* 6 (1): 104–7.  
— . 1937. “Leat A’ Duine.” *Béaloideas* 7 (2): 180–84.

#### Foinsí tagartha:

- Gan údar. 1905. “Strokestown Feis.” *Roscommon Journal*. 12 Lúnasa 1905: 1.  
Gan údar. 1928. “The County Feis.” *Connaught Telegraph*. 11 Lúnasa 1928: 9.

### STAC, An tSiúr de Lourdes (1905–1989)

Rugadh Áine ‘Nainsí’ Stac ar [11 Feabhra 1905](#) ar Ard na Caithne i gCorca Dhuibhne. Ba iad Mícheál agus Bríd *née* Ní Chíobháin a tuismitheoirí. Tar éis di freastal ar an mbunscoil i Scoil Chailíní Bhaile an Fheirtéaraigh, d’fhan sí ann agus í ina monatóir. D’fhreastail sí ar Choláiste Traenála Dhún Carúin agus mhúin sí i gCathair Saidhbhín ar feadh trí bliana sula ndeachaigh sí isteach in Ord na Toirbhearta ann. Ba é an tAthair Pádraig Ó Fiannaíochta a bhí ina léachtóir aici i gColáiste Phádraig Mhá Nuad agus í i mbun cúrsa Diagachta, a spreag í chun *Thar Balla Isteach* (1982) agus an leagan Béarla de *As We Lived It* (1981) a scríobh faoin saol san Ord (McConville 1981, 8; Nic Congáil 2022). Scríobh sí *Ard na Caithnia: Súil Siar* (1987) chomh maith, leabhar a dhéanann cur síos ar a háit dhúchais agus ar a hóige. Fuair sí bás in 1989 (McGrath 1989, 10).

#### A saothar:

- De Lourdes, An tSiúr M. 1982. *Thar Balla Isteach*. An Sagart.

---

<sup>216</sup> Ní luaitear céadainm na mná seo in aon fhoilseachán léi, ach is bean darbh ainm ‘Elizabeth’ ó Chluain Lis an t-aon bhean leis an sloinne a fuair bás sa Chaisleán Riabhach idir Feis Mhaigh Eo in 1928, agus foilseachán de hÍde in 1936, ina luann sé go bhfuil sí ar shlí na firinne. Tá an teastas báis seo ar fáil ag [https://www.irishgenealogy.ie/files/civil/deaths\\_returns/deaths\\_1935/04813/4295768.pdf](https://www.irishgenealogy.ie/files/civil/deaths_returns/deaths_1935/04813/4295768.pdf) [Rochtain faighte: 01/09/25].

- . 1987. *Ard na Caithnia: Súil Siar*. Teangscéal.
- . 1981. *As We Lived It*. The Kerryman.

**Foinsí tagartha:**

- McConville, Seamus. 1981. “Editorial.” *The Kerryman*. 23 Eanáir: 8.
- McGrath, Walter. 1989. “Inspiring and Delightful” *Irish Examiner* 5 Lúnasa: 10.
- Nic Congáil, Ríona. 2022. “The Three Stack Sisters: A New Perspective on 20th-Century Irish-Language Women’s Writing.” *Études irlandaises* 47 (2): 71–87.
- O’Toole, Tina, Gearóidín Nic Carthaigh, Síle Ní Chochláin, Patricia Coughlan, agus Éibhear Walshe. 2005. *Dictionary of Munster Women Writers, 1800 to 2000 = Scribhneoirí Ban Na Mumhan, 1800–2000*. Cork University Press.

**STAC, Bríghid (1899–1919)**

Ba as Ard na Caithne, Corca Dhuibhne do Bhríghid Stac a rugadh ar [13 Samhain 1899](#). Ba iad Mícheál agus Bríd *née* Ní Chíobháin a tuismitheoirí. D’fhreastail sí ar Scoil Chailíní Bhaile an Fheirtéaraigh, áit ar roghnaíodh mar ionadaí na scoile don cholún ‘Éire Óg’ in *An Claidheamh Soluis* (Nic Congáil 2022) í, agus scríobh sí go rialta don cholún, in 1912/3 go háirithe (Stack, Samhain 1913, 1 & 10; Nollaig 1912, 20). Scríobh sí don *Catholic Bulletin* chomh maith (Stack Feabhra 1914, 138–9), ach ba é *An Lóchrann* an iris is coitianta a scríobh sí chuige (1916–8). Sheol Bríghid a dialanna chuig an iris (Meán Fómhair & Deireadh Fómhair 1917), a d’fhoilsigh eagarthóir na hirise [Pádraig Ó Siochfhradha](#) ‘An Seabac’ (1883–1964) mar leabhrán faoin teideal *Cúnntas Cinn Lae* (1917) agus arís mar *Mí dem’ Shaoghal* (1918). Bhí sí 18 bliana d’aois agus “ag foghlaim múinteoireacht scoile” i Márta 1919 nuair a cailleadh í mar gheall ar an bhFliú Spáinneach (An Seabac 1919, 3). Chum [Mícheál Ó Gaoithín](#) (1904–1974) caoineadh uirthi, agus scríobh An Seabac nóta ar a bás sa *Claidheamh Soluis* (1919, 3).

**A saothar:**

- Stack, Bríghid. 1912. “Nodlaig na nGaedheal.” *An Claidheamh Soluis* 14 Nollaig: 20.
- . 1913. “Litir.” *An Claidheamh Soluis* 22 Samhain: 10.
- . 1914. “Special Prize Letter.” *Catholic Bulletin* Feabhra: 138.
- . 1917. *Cúnntas Cinn Lae*. Oifig ‘An Lóchrainn’.
- . 1918. *Mí dem’ Shaoghal*. Brún agus Ó Noláin.

**Foinsí tagartha:**

- An Seabac. 1919. “Bríd Stac.” *An Claidheamh Soluis* 22 Márta: 3.
- Nic Congáil, Ríona. 2022. “The Three Stack Sisters: A New Perspective on 20th-Century Irish-Language Women’s Writing.” *Études irlandaises* 47 (2): 71–87.
- Ó Guithín, Mícheál. 1919. *An Lóchrann* Aibreán: 3.
- O’Toole, Tina, Gearóidín Nic Carthaigh, Síle Ní Chochláin, Patricia Coughlan, agus Éibhear Walshe. 2005. *Dictionary of Munster Women Writers, 1800 to 2000 = Scribhneoirí Ban Na Mumhan, 1800–2000*. Cork University Press.

## STAC, Cáit (1897–1988)

Rugadh Cáit Stac ar [13 Márta 1897](#) in Ard na Caithne, Corca Dhuibhne. Ba iad Mícheál agus Bríd *née* Ní Chíobháin a tuismitheoirí. Ó 1912 scríobh Cáit don cholún ‘Éire Óg’ sa *Claidheamh Soluis*. Scríobh sí ina céad píosa ‘Bhfuil an Ghaedhilg dá Aithbheodhachtaint im Pharróiste Dhúthchais’ (1912, 10), faoi na deiseanna a bhí ag a glúin-sa maidir leis an teanga. Ina halt siúd, luaigh sí gur sheol sí féin agus a deirfiúracha píosaí scríbhneoireacht chuig *An Lóchrann*. Cosúil lena deirfiúracha, d’fhreastail Cáit ar Scoil Chailíní Bhaile an Fheirtéaraigh, agus ina dhiaidh sin chuaigh sí ar imirce go Chicago áit ar thug a deirfiúr an tSiúr de Lourdes cuairt uirthi in 1970 (Stack 1981, 96 & 206 ; Nic Congáil 2022). Phós sí Muiris Ó Maoileoin as an gClochán Dubh, Corca Dhuibhne, in Chicago in 1925 agus bhí ceathrar muirear orthu. Fuair Cáit bás ar 1 Deireadh Fómhair 1988.

### A saothar:

Stack, Cáit. 1912. “Bhfuil an Ghaedhilg dá Aithbheodhachtaint im Pharróiste Dhúthchais’.” *An Claidheamh Soluis* 4 Bealtaine: 10.

### Foinsí tagartha:

De Lourdes, An tSiúr M. 1981. *As We Lived It*. The Kerryman.

Nic Congáil, Ríona. 2022. “The Three Stack Sisters: A New Perspective on 20th-Century Irish-Language Women’s Writing.” *Études irlandaises* 47 (2): 71–87.

## STANDÚN, Eibhlín (1909–1942)

Bhailigh Eibhlín Standún béaloidis sna 1930idí i Maigh Cuilinn na Gaillimhe. Tá thart ar 500 píosa a bhailigh sí ar fáil ar [Duchas.ie](#) (CBÉ 355; 378; 394; 413; 442; 461; 470; 484; 512; 551; 634; 645). Rugadh Eibhlín ar Leitir Calaidh ar [20 Márta 1909](#), agus ba iad John agus Mary *née* Walsh a tuismitheoirí. Phós sí Pat Hynes as Leitir Calaidh ar [3 Eanáir 1942](#), agus fuair Eibhlín bás ar [15 Aibreán 1952](#). I ndialanna Liam Mhic Choisdealbha léiríonn sé an meas a bhí aige ar an mbailitheoir óg, “Feictear dhom gur oibridhe dúthrachtach an cailín seo” (CBÉ 427, 350).

### A saothar:

—. 1937. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Eibhlín Standún. Imleabhar 0355.

—. 1937. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Eibhlín Standún. Imleabhar 0378.

—. 1937. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Eibhlín Standún. Imleabhar 0394.

—. 1937. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Eibhlín Standún. Imleabhar 0413.

—. 1937. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Eibhlín Standún. Imleabhar 0442.

—. 1938. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Eibhlín Standún. Imleabhar 0461.

—. 1938. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Eibhlín Standún. Imleabhar 0470.

—. 1938. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Eibhlín Standún. Imleabhar 0484.

—. 1938. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Eibhlín Standún. Imleabhar 0512.

—. 1938. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Eibhlín Standún. Imleabhar 0551.

—. 1938–9. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Eibhlín Standún. Imleabhar 0634.

—. 1939. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Eibhlín Standún. Imleabhar 0645.

### Foinsí tagartha:

Mac Coistealbha, Liam. 1937. Príomhbhailiúchán CBÉ. Imleabhar 0427.

---

## **R**

---

### **ROBERTSON COWELL, Sidney (1903–1995)**

Bailitheoir béaloidis agus amhrán Meiriceánach ab ea Sidney Robertson Cowell, a rugadh mar Sidney Hawkins in San Francisco ar 2 Meitheamh 1903 (Ní Chonghaile 2013). B’eitneagrafaí í agus bhailigh sí ceol sna Stáit Aontaithe, i gCeanada, san Iaráin, sa Bhanglaidéis, sa Téalainn, sa Mhalaeisia agus in Éirinn (Cowell 1955; 1956; 1957). In 1955 agus 1956 bhailigh Cowell neart amhrán (caointe ina measc) i gConamara agus ar Árann atá ar fáil in *Songs of Aran*. Chun cur lena raibh bailithe aici, rinne sí staidéar ar an sean-nós, agus d’fhoghlaim sí Gaeilge chun a bheith in ann plé leis na faisnéiseoirí. Bhí sí pósta ar an gcumadóir Henry Cowell. Fuair sí bás i Nua Eabhrac i mí an Mhárta, 1995 (ITMA).

#### **A saothar:**

- Cowell, Sidney Robertson eag. 1955. *Songs from Cape Breton Island*. Ethnic Folkways library F4450.  
—.1956. *Wolf River Songs*. Monograph Series of the Ethnic Folkways Library F4001.  
—.1957. *Songs of Aran*. Ethnic Folkways Library F4002.

#### **Foinsí tagartha:**

- Ní Chonghaile, Deirdre. 2013. “In Search of America: Sidney Robertson Cowell in Ireland in 1955–1956.” *The Journal of American Folklore*. 126 (500): 174–200.  
—. g.d. “Sidney Robertson Cowell records in the Aran Islands and Conamara, 1955-56.” *ITMA Guest Blog*. Ar fáil ag <https://www.itma.ie/blog/sidney-robertson-cowell/> [Rochtain faighte: 08 Iúil 2025].

---

## T

---

### **TÓIBÍN, Cáit (1925–1993)**

B'amhránaí í Cáit Tóibín Uí Cheallaigh ó Bhaile Uí Raghallaigh sa Rinn, Port Láirge, a rugadh in 1925 (Ó Gealbháin 2018, 5; O'Toole 2005, 291). Ba iad Séamas agus Máiread Tóibín *née* Ní Sheanacháin a tuismitheoirí agus ba dheirfiúr í le [Nioclás Tóibín](#) (1928–1994). Chuaigh Cáit ar imirce go Londain, ach bhailigh Piaras de Hindeberg amhráin uaithi agus í ar cuairt sa bhaile ar an Rinn in 1980. I measc na n-amhrán ar an taifead uaithi tá 'Ráiteachas na Tairngreacht', 'Cill Chais', 'Eochail' agus 'Cailíní Sheáin Uí Chuileannáin'. Bhreac [Nioclás Tóibín](#) (1890–1966), leagan de 'Cailíní Sheáin Uí Chuileannáin' síos óna béalaitheas, agus tá sé le feiceáil in *Duanaire Déiseach* (1978, 92–3). D'éag sí in Hackney, Londain, i mí na Samhna 1993.

#### **A saothar:**

Tóibín, Nioclás. 1978. *Duanaire Déiseach*. Sairséal agus Dill.

#### **Foinsí tagartha:**

- Ó Gealbháin, Ciarán. 2018. "‘Like a Mountain Rising Out of a Cultural Landscape’: Nioclás Tóibín (1928–1994) and the Déise Song Tradition." *Seán Ó Riada Memorial Lecture 2018*. University College Cork: Invited Lectures.
- O'Toole, Tina, Gearóidín Nic Carthaigh, Síle Ní Chochláin, Patricia Coughlan, agus Éibhear Walshe. 2005. *Dictionary of Munster Women Writers, 1800 to 2000 = Scribhneoirí Ban Na Mumhan, 1800–2000*. Cork University Press.

### **TÓIBÍN, Siubhán (1886–1977)**

Rugadh Joan Cornelia Jennings (Ní Sheáin), iníon leis an gCigire R.I.C. Ignatius Jennings agus a bhean Henrietta *née* Reake ar [17 Bealtaine 1886](#) i gcathair Luimnigh. Bhog sí go Baile Átha Cliath áit ar bhuail sí le Nioclás Tóibín. Phós siad in [1922](#) sa Rinn i bPort Láirge. Chaith siad seal ina gcónaí i gCeatharlach agus i mBré. Bhí beirt pháistí acu, Naoise agus Deirdre. Bhailigh Siubhán amhráin i dteannta a fir céile, Nioclás, agus ar a bhás bhailigh sí gach rud ar bhailigh seisean le chéile agus táid le feiceáil sa *Duanaire Déiseach* (Tóibín 1978). Fuair sí bás i mBaile na Manach, Baile Átha Cliath, ar 16 Meitheamh 1977 agus cuireadh i reilig Ghráinseach an Déin í le Nioclás, a cailleadh in 1966, agus Naoise, a cailleadh in 1974.

#### **A saothar:**

Tóibín, Nioclás. 1978. *Duanaire Déiseach*. Sairséal agus Dill.

#### **Foinsí tagartha:**

O'Toole, Tina, Gearóidín Nic Carthaigh, Síle Ní Chochláin, Patricia Coughlan, agus Éibhear Walshe. 2005. *Dictionary of Munster Women Writers, 1800 to 2000 = Scríbhneoirí Ban Na Mumhan, 1800–2000*. Cork University Press.

### **TRINSEACH, Máiréad (1889–1936)**

Rugadh Margaret Isabel ‘Margot’ Chenevix Trench ar 29 Iúil 1889. Ba dheirfiúir í le [Sadhhdh Trinseach](#) (1891–1918), agus col ceathrar Diarmuid Trinseach. Ba iad Herbert Francis Chenevix Trench, biocáire St Peter’s, Thanet, Kent, agus a bhean Isabella a tuismitheoirí (Breathnach agus Ní Mhurchú)<sup>217</sup>. D’fhreastail sí ar scoil in Manor House, Brondesbury, Londain sular bhog sí go hÉirinn. Bhí baint aici agus ag a deirfiúr le Conradh na Gaeilge agus Cumann na mBan. In 1913 d’fhreastail na deirfiúracha ar Scoil Acla, Acaill. Bhí sí ina rúnaí ar Chumann Eaglais na hÉireann agus ar Choiste an tí. D’éag sí ar 8 Bealtaine 1936.

#### **Foinsí tagartha:**

Breathnach, Diarmuid agus Máire Ní Mhurchú. Gan dáta. “Sadhhdh Trinseach (1891–1918).” *Ainm.ie: An Bunachar Náisiúnta Beathaisnéisí Gaeilge* [Rochtain faighte: 23/05/2025].

---

<sup>217</sup> Tagann formhór an eolais sa mhionbheathaisnéis seo ó bheathaisnéis Sadhdh Trinseach (Breathnach agus Ní Mhurchú, gan dáta).

---

## U

---

### **UÍ AILÍGHEASA, Máire (1850–1947)**

Bhailigh Tadhg Ó Murchadha neart amhráin, marbhchaointe san áireamh, ó Mháire Bean Uí Ailígheasa sna Tuairiní, An Gleann Mór, Contae Chiarraí in 1935 (CBÉ 148, 570–57). Ina dhialanna, déanann Ó Murchadha cur síos ar an mbean ag rá, “Do bhí an bean aosta ’n-a suíthe thuas sa chúinne cois na teine – bean bheag dheas fuirighthe, í lán d’anm ’s de lúth...” (CBÉ 228, 351). Ba iníon í Máire le Tomás Ó Fiannachta ó Chlochbhuaile agus a bhean Neilí née Ní Fhoghludha, agus baisteadh ar [31 Iúil 1850](#) í. Phós sí Seán Ó hAilígheasa ó na Tuairiní ar [13 Feabhra 1855](#). Bhailigh Ó Murchadha béaloideas óna mac Mícheál chomh maith (CBÉ 777). Bhí sí sé bliana déag is ceithre fichid nuair a d’éag sí ar [29 Márta 1947](#).

#### **A saothar:**

Uí Ailígheasa, Máire Bean. 1935. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Tadhg Ó Murchadha. Imleabhar 0148.

#### **Foinsí tagartha:**

Dunne, Michelle. 2023. “Saintréithe de Thraidisiún Béil Na mBan Agus Léiriú Na mBan i gCnuasach Sheáin Mhic Mhathúna.” Tráchtas PhD. Dublin City University.

Ó Murchadha, Tadhg. 1935. Príomhbhailiúchán CBÉ. Imleabhar 228.

### **UÍ CHÉADAGÁIN, Eibhlín (1868–1951)**

Rugadh an scéalaí Eibhlín Uí Chéadagáin *née* Nic Gearailt ar an [23 Bealtaine 1868](#) sa Bhaile Iarthach ar Oileáin Chléire, Contae Chorcaí. Ba iad Florence Fitzgerald agus a bhean Mary *née* Cadogan a tuismitheoirí. Phós sí Seán Mór Ó Céadagáin ar [18 Feabhra 1886](#) agus bhí dáréag muirear orthu. Bhailigh Seán Standún seanchas agus scéalta faoi chleachtas an leighis uaithe i Meán Fómhair 1933 atá le feiceáil in CBÉ 49 (143–4; 195; 211; 212; 213) agus in *Céad Fáilte go Cléire* (Gunn 1990, 25 & 34). Fuair sí bás ar [14 Aibreán 1951](#).

#### **A saothar:**

Uí Chéadagáin, Eibhlín Bean Sheáin. 1933. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Seán Standún. Imleabhar 49.

Gunn, Marion. 1990. *Céad Fáilte go Cléire*. Baile Átha Cliath: An Clochomhar Tta.

#### **Foinsí tagartha:**

O’Toole, Tina, Gearóidín Nic Carthaigh, Síle Ní Chochláin, Patricia Coughlan, agus Éibhear Walshe. 2005. *Dictionary of Munster Women Writers, 1800 to 2000 = Scribhneoirí Ban Na Mumhan, 1800–2000*. Cork University Press.

## UÍ CHEANNABHÁIN, Máire ‘an Ghabha’ (1905–1999)

Ba dhuine de phríomhfhaisnéiseoirí Aingeal de Búrca agus í ag bailiú ábhar le haghaidh *Caoineadh na dTrí Muire* (1983) Máire ‘an Ghabha’ Uí Cheannabháin. Idir na blianta 1936 agus 1977, tógadh ceithre leagan den amhrán sin uaithi san Aird Thoir, Carna, Contae na Gaillimhe faoin teideal ‘Caoineadh na Páise’ (Nic Dhonnchadha 2013, 43). Bhailigh Maighréad Ní Chathasaigh paidreacha, scéalta, agus amhráin uaithi atá ar fáil i bPríomhbhailiúchán CBÉ (CBÉ 281). Rugadh ar 18 Márta 1905 í, agus bhí sí naoi mbliana déag d’aois nuair a phós sí Tomás Maidhc Ó Ceannabháin (Quinn agus Mac Con Iomaire 1987). Bhí naonúr clainne acu, an t-amhránaí Mícheál Mháire an Ghabha san áireamh. Tá clú ar mhuintir Uí Cheannabháin de dheasca na hamhránaíochta. Fuair Máire an Ghabha bás in 1999.

### A saothar:

Partridge, Angela [Aingeal de Búrca]. 1983. *Caoineadh Na dTrí Muire : Téama Na Páise i bhFíliocht Bhéil Na Gaeilge*. An Clóchomhar Tta.

Uí Cheandhubháin, Máire Bean. 1936. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Maighréad Ní Chathasaigh. Imleabhar 0281.

### Foinsí tagartha:

Nic Dhonnchadha, Róisín. 2013. “Ag oibriú an tradisiúin: Leanúnachas agus cruthaitheacht san amhránaíocht ar an sean-nós.” In *Sealbhú an Traidisiúin*, curtha in eagar ag Niamh Ní Shíadhail, Meidhbhín Ní Úrdail, agus Ríonach Uí Ógáin: 37–59. Comhairle Bhéaloideas Éireann.

Quinn, Bob, agus Liam Mac Con Iomaire. 1987. *Conamara: An Tír Aineoil – The Unknown County*. Clo Iar-Chonnachta Teo.

Vicipéid. 2025. “Máire an Ghabha.” Ar fáil ag [https://ga.wikipedia.org/wiki/M%C3%A1ire\\_an\\_Ghabha](https://ga.wikipedia.org/wiki/M%C3%A1ire_an_Ghabha) [Rochtain faighte: 18/08/2025].

Williams, Seán, agus Lillis Ó Laoire. 2011. *Bright Star of the West: Joe Heaney, Irish Song Man*. Oxford University Press.

## UÍ CHIABHÁIN, Bid (1867–1945)

Rugadh Bid Gloster ar an Muiríoch i gCorca Dhuibhne ar [10 Márta 1867](#), iníon le hEibhlín Bhreathnach agus Thomas Gloster. Phós sí Peaits Dhónaill Ó Ciabháin ar [26 Feabhra 1896](#). Bhailigh Seán Ó Dubhda leaganacha d’amhráin áitiúla ‘Beauty Deas an Oileáin’, agus ‘Caoineadh na Luasach’ uaithi, agus táid ar fáil in *An Duanaire Duibhneach* (1933, 76–80, 82–3). Tá seanchas uaithi ar fáil i bPríomhbhailiúchán CBÉ chomh maith (CBÉ 003, 524–5). D’éag sí [27 Nollaig 1945](#) i mBaile na nGall.

### A saothar:

Gloster, Bid. 1931. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Seán Ó Dubhda. Imleabhar 003: 524–5.

Ó Dubhda, Seán. 1933. *Duanaire Duibhneach* : .i. *Bailiú d'amhránaibh agus de phíosai b eile filidheachta a ceapadh le tuairim céad bliain i gCorca Dhuibhne, agus atá fóir i gcuimhne agus i mbéaloideas na ndaoine ann*. Oifig Díolta Foilseachas Rialtais.

**Foinsí tagartha:**

O'Toole, Tina, Gearóidín Nic Carthaigh, Síle Ní Chochláin, Patricia Coughlan, agus Éibhear Walshe. 2005. *Dictionary of Munster Women Writers, 1800 to 2000 = Scribhneoirí Ban Na Mumhan, 1800–2000*. Cork University Press.

### **UÍ CHIABHÁIN, Jonaí Mhór (1851–1932)**

Ba scéalaí a bhí ina cónaí ar an gCarraig i gCill Maoilchheadair, Contae Chiarraí sna 1930idí í Jonaí Mhór Uí Chiabháin *née* Ní Chochláin. Rugadh Jonaí i mí na Samhna 1851, iníon le Mícheál Ó Chochláin agus a bhean Cáit Ní Mhurchú. Phós sí Séamus Ó Ciabháin ó Chloichear ar [21 Feabhra 1869](#), agus bhí 12 muirear orthu. Bhailigh Seán Ó Dubhda scéalta uathí atá ar fáil in *Béaloideas* (1931, 7–8), *An Duanaire Duibhneach* (1933, 136), agus i bPríomhbhailiúchán CBÉ (004, 13–4). Fuair sí bás [29 Meitheamh 1932](#).

**A saothar:**

An Seabhac agus Séamus Ó Duilearga. 1931. 'Scéalta Creidimh Agus Crábaid'. *Béaloideas* 3 (1): 3–30.  
Ó Dubhda, Seán. 1933. *Duanaire Duibhneach* : .i. *Bailiú d'amhránaibh agus de phíosai b eile filidheachta a ceapadh le tuairim céad bliain i gCorca Dhuibhne, agus atá fóir i gcuimhne agus i mbéaloideas na ndaoine ann*. Oifig Díolta Foilseachas Rialtais.  
Uí Chiabháin, Jonaí Mhór Bean. 1930. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Seán Ó Dubhda. Imleabhar 4: 13–4.

**Foinsí tagartha:**

O'Toole, Tina, Gearóidín Nic Carthaigh, Síle Ní Chochláin, Patricia Coughlan, agus Éibhear Walshe. 2005. *Dictionary of Munster Women Writers, 1800 to 2000 = Scribhneoirí Ban Na Mumhan, 1800–2000*. Cork University Press.

### **UÍ CHOISDEALA, Bríd Bean (1872–1951)**

Ba as Ros i gCill Bhaile Eoghain i gcontae an Chláir do Bhríd Bean Uí Choisdeala Ní Dhuinn. Phós sí Tomás Ó Coisdeala i gCill Bheathach in [1896](#) agus bhí deichniúr páistí acu. Bhailigh bailitheoirí ón gCoimisiún uathí, ina measc, Pádraig Tiburtius Ó Riain in 1933, Tadhg Ó Murchú in 1942 agus Caoimhín Ó Danachair agus Heinrich Wagner in 1950 (Lysaght 2007a; Dunne 2023). Bhí Bríd dall agus d'inis sí finscéalta agus scéalta gaiscí idirnáisiúnta, "... an tseana-bhean uasal so a thug oidhreacht a cine go cruinn léi – na scéalta agus an tseanaimsearthacht a chualaigh sí ó bhéalaibh na seandaoine cois na tine agus í ina gearchaile. Ní bheidh a samhail de mhnaoi i gCeann Léime go brách arís – an tOisín seo i ndiaidh na Féinne" (CBÉ 1287, 256–7). Fuair Bríd bás ar [28 Meán Fómhair 1951](#) agus í 80 bliana d'aois, agus cuireadh i Reilig Mhóinín, Cill Bhaile Eoghain í.

### A saothar:

Mrs. Costello. 1933. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Pádraig Tiburtius Ó Riain. Imleabhar 417 (2): 79–94.  
— . 1933. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Pádraig Tiburtius Ó Riain. Imleabhar 11: 33–47 & 265.

### Foinsí tagartha:

Dunne, Michelle. 2023. “Saintréithe de Thraidisiún Béil Na mBan Agus Léiriú Na mBan i gCnuasach Sheáin Mhic Mhathúna.” Tráchtas PhD. Dublin City University.  
Lysaght, Patricia. 2007a. “Folklore Collecting in County Clare: Tadhg Ó Murchú’s Second Visit (1943).” *Béaloideas* 75: 109–69.  
— . 2007b. “From the Kingdom to the Banner: Tadhg Ó Murchú as a Folklore Collector in Southwest County Clare in 1942.” In *Dear Far-Voiced Veteran. Essays in Honour of Tom Munnally, Miltown Malbay, Co. Clare*, curtha in eagar ag Anne Clone: 125–8. The Old Kilfarboy Society.  
— . 2008. “Folklore Collecting in County Clare : Tadhg Ó Murchú’s Third Visit (1950).” *Béaloideas* 76: 155–158, 164–166.

## UÍ CHONAILL, Cáit (1858–1935)

Bhailigh Séamus Ó Duilearga scéalta sí (1926, 187) agus seanchas (1926, 181) ó Cháit Uí Chonaill, bean chéile le Seán Ó Conaill i mí Aibreán agus mí na Nollag 1926 i gCill Rialaigh, Uíbh Ráthach, Contae Chiarraí. In Eanáir agus Aibreán 1929 bhailigh Pádraig Ó Conaill ó Dhún Géagán amhráin (CBÉ 0025 (1), 165–6; 170–1), agus i mí Meitheamh na bliana chéanna leagan den seanscéal idirnáisiúnta AT500 uaithi (CBÉ 0025 (1), 172–3). Rugadh mar Cháit Ní Churráin i gCill an Ghoirtín sa Dromaigh agus baisteadh ar [11 Lúnasa 1858](#) í. Ba iad John agus Mary *née* Hussey a tuismitheoirí. Phós sí an scéalaí Seán Ó Conaill ar [21 Feabhra 1882](#), agus bhí deichniúr páistí acu, bhí seisear fós beo in 1911<sup>218</sup>. Sa dá dhaonáireamh léiríodh go raibh léamh agus scríobh Béarla agus Gaeilge aici<sup>219</sup>. Fuair Cáit bás [Lá le Stiofáin 1935](#) agus cuireadh i Mainistir Mhichíl i mBaile an Sceilg í.

### A saothar:

Uí Chonaill, Cáit Bean. 1929. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Pádraig Ó Conaill. Imleabhar 25 (1): 165–6; 170–3.  
— . 1927. “An tSochraid Sidhe.” *Béaloideas* 1 (2): 187.  
— . 1927. “An Cailín gur buaileadh poc uirri.” *Béaloideas* 1 (2): 181.

### Foinsí tagartha:

O’Toole, Tina, Gearóidín Nic Carthaigh, Síle Ní Chochláin, Patricia Coughlan, agus Éibhear Walshe. 2005. *Dictionary of Munster Women Writers, 1800 to 2000 = Scribhneoirí Ban Na Mumhan, 1800–2000*. Cork University Press.

<sup>218</sup> <https://nationalarchives.ie/collections/search-the-census/view-pdf/?doc=nai002472047> [Rochtain faighte: 01/05/2025].

<sup>219</sup> <https://nationalarchives.ie/collections/search-the-census/view-pdf/?doc=nai000856811> [Rochtain faighte: 01/05/2025].

## UÍ CHONCEANNAIN, Helena (1878–1952)

Ba as Machaire Ráth i nDoire don scríbhneoir agus polaiteoir Helena Uí Choncheannain (*née* Breathnach) a rugadh ar [28 Deireadh Fómhair 1878](#). Ba iad Louis agus Lizzie Walsh *née* Donnelly a tuismitheoirí agus bhí triúr deartháir aici, an scríbhneoir [Lughaidh](#) (1880–1942), ina measc. B'Ollamh le Stair í in Ollscoil na Gaillimhe agus Teachta Dála (1933–38) agus Seanadóir (1938–1952) chomh maith í. I measc an ábhair Ghaeilge a scríobh sí bhí *Seoda na Sean, Cuid 1* (1924), agus *Laochra Gaedheal* (1936) a scríobh sí féin agus a fear céile [Tomás Bán Ó Concheannain](#) (1870–1961), ar pósadh in [1906](#) iad. Fuair sí bás i mBaile Átha Cliath ar [27 Feabhra 1952](#).

### A saothar:

Ua Concheannain, Tomás agus a chéile do sgríobh. 1936. *Laochra Gaedheal*. Oifig Díolta Foilseacháin Rialtais. Ó Concheannain, Tomás Ban agus Mrs. Thomas Concannon. 1924. *Seoda na Sean, Cuid 1*. Brún agus Ó Nóláin

### Foinsí tagartha:

Breathnach, Diarmuid agus Máire Ní Mhurchú. Gan dáta. “Tomás Ó Concheannain (1870–1961).” *Ainm.ie: An Bunachar Náisiúnta Beathaisnéisí Gaeilge* [Roctain faighte: 23/05/2025].

## UÍ CHONCHUBHAIR, Máire Joe (c.1863–1939)

Ba dheirfiúr Nóra Joe de Búrca í Máire Joe Bean Thaidhg Pheaidí Uí Chonchubhair. Bhailigh Tadhg Ó Murchadha neart seanchais agus scéalta ón mbean seo sna 1930idí. Scríobhann sé ina dhialanna faoi ardhumas na mná agus a fir céile, ag rá “Gura fada buan uad na daoine breághtha fiala fíor-Ghaédhealacha so!” (CBÉ 292, 445–6). Pósadh Máire *née* Ní Charthaigh, (iníon Joe agus a bhean, Máire Ní Néill) agus Tadhg Ó Conchubhair ar [21 Feabhra 1873](#), agus bhíodar ag cur fúthu ar an gCúil Thoir, Oileán Dhairbhre, Contae Chiarraí nuair a bhailigh Ó Murchadha uathu. D’éag Máire [Lá Bealtaine 1939](#).

### A saothar:

Uí Chonchubhair, Máire Bean. 1938. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Tadhg Ó Murchadha. Imleabhar 505.

### Foinsí tagartha:

Dunne, Michelle. 2023. “Saintréithe de Thraidisiún Béil Na mBan Agus Léiriú Na mBan i gCnuasach Sheáin Mhic Mhathúna.” Tráchtas PhD. Dublin City University.

Ó Murchadha, Tadhg. 1936. Príomhbhailiúchán CBÉ. Imleabhar 292.

## UÍ CHONGHAILE, Áine (c.1848–1938)

Ba dhuine de phríomhfhaisnéiseoirí Phádraig Uí Mhíléadha, agus eisean ag cur ‘Seanchas Sliabh gCua’ (1936) le chéile í Áine Bean Uí Chonghaile as an Tuairín Thiar, Baile Mhac

Cairbre, Port Láirge. Tá thart ar 40 mír bhéaloidis (meascán seanchais agus amhrán) a bhailigh sé uaithi ar fáil i gCnuasach Béaloideas na hÉireann chomh maith (CBÉ 0084 (2)) idir Iúil 1934 agus Márta 1935. Rugadh mar Johanna Wall í agus phós sí Risteaird Ó Conghaile ar [25 Feabhra 1987](#). Ba ghúnadóir í Áine agus siúinéir Risteaird. Bhí seachtar muirear orthu, Mary, Nano, Bridget, Alice, William, Ellie agus Josephine. Fuair Áine bás ar [17 Eanáir 1938](#).

**A saothar:**

Ó Milléadha, Pádraig. 1936. “Seanchas Sliabh gCua.” *Béaloideas* 6 (2): 169–256.  
Uí Chonghaile, Áine Bean. 1934. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Pádraig Ó Milléadha. Imleabhar 84 (2).

**Foinsí tagartha:**

O’Toole, Tina, Gearóidín Nic Carthaigh, Síle Ní Chochláin, Patricia Coughlan, agus Éibhear Walshe. 2005. *Dictionary of Munster Women Writers, 1800 to 2000 = Scríbhneoirí Ban Na Mumhan, 1800–2000*. Cork University Press.

### **UÍ CHRIBÍN, Míne Bean (1927–2012)**

Ba scríbhneoir agus feachtasóir í Míne Bean Uí Chribín a rugadh ar 20 Nollaig 1927 i mBaile Átha Cliath. Ba iad Mathew Lawless agus Annie Lawless (*née* McCormac) as an Seantrabh a tuistí. Oifigeach poist ab ea a hathair, ról ar ghlac Míne leis níos déanaí ina saol. Scríobh sí 3 leabhar Gaeilge, ina measc, *Is cleasach an peata an saol* (1970). Bhuaigh sí duais an Oireachtais in 1974 sa rannóg ‘Scéal Nua-chumtha’. Scríobh sí go leanúnach don *Timire*, ag glacadh an cholúin ‘Mise Eoghan’ ar feadh tréimhse. Bhí baint lárnach aici agus ag a fear céile Gus le hÓg-Eagras Naomh Paipin agus le bunú Gaelscoil Naomh Paipin sa tSeantrabh ach dúnadh é de dheasca easpa uimhreacha agus míshástacht leis an teagasc reiligiúnach sa scoil. Bhain sí cáil náisiúnta amach dá creidimh agus dearcthaí coimeádacha agus bhí baint lárnach aici leis na heagraíochtaí ‘Irish Family League’, ‘Family Rights Group’, ‘Mná na hÉireann’ agus an ‘Irish Housewives Union’. Bhí sí pósta ar Gus Ó Cribín (Ó Luain 2023), agus bhí seisear páistí acu: Micheál, Gearóid, Áine, Colm, Íde agus Úna. Fuair sí bás ar 6 Lúnasa 2012 agus cuireadh i Reilig Bhaile an Dairdisigh í.

**A saothar:**

Uí Chribín, Míne. 1970. *Is cleasach an peata an saol*. Oifig an tSoláthair.

**Foinsí tagartha:**

Ó Luain, Kerron. 2023. “Sure why would they need Irish?: Scoil an tSeachtar Laoch, Ballymun, and working-class decolonisation, c.1970–73.” *Journal of Working-Class Studies* 8 (1): 6–24.

## UÍ CHUILLEANÁIN, Bríd (1875–1961)

Ba as Seanbhaile Anna, Baile Mhac Cairbre, Port Láirge, do Bhríd de Brún ó dhúchas. Rugadh ar [26 Nollaig 1875](#) í, agus ba iad Pádraig agus a bhean, Máire *née* Connolly, a tuismitheoirí. Phós Bríd Seán Ó Cuilleánáin ó Chnoc an Bhainne ar [25 Eanáir 1910](#). Bhailigh Pádraig Ó Miléadha scéalta (1936, 176; 219; 230), seanchas (1936, 227; 233), seanfhocail (CBÉ 0084 (2), 306–7; 327–8) agus amhrán (1936, 176) uaithi i Meitheamh 1936. Fuair Bríd bás ar [13 Nollaig 1961](#).

### A saothar:

Ó Miléadha, Pádraig. 1936. “Seanchas Sliabh gCua.” *Béaloideas* 6 (2): 169–256.

Uí Chuilleánáin, Brighid Bean. 1934. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Pádraig Ó Milléadha. Imleabhar 84 (2).

### Foinsí tagartha:

O’Toole, Tina, Gearóidín Nic Carthaigh, Síle Ní Chochláin, Patricia Coughlan, agus Éibhear Walshe. 2005. *Dictionary of Munster Women Writers, 1800 to 2000 = Scribhneoirí Ban Na Mumhan, 1800–2000*. Cork University Press.

## UÍ CHUIRRÍN, Treasa (1894–1983)

Rugadh Mary Teresa Halpin i nGarraí Eoin, Luimneach ar [3 Meitheamh 1894](#). Ba shiúinéir agus Conraitheoir a hathair Seosamh arbh as Port Láirge dó, agus ba í Mary Ellen *née* Moore as Luimneach a máthair. D’fhreastail Treasa Ní Ailpín ar Choláiste Chnoc an Labhrais i Luimneach. Ba cheoltóir agus rinceoir aitheanta í Treasa a scríobh an téacsleabhar *Teagosc-Leabhar na Bheidhline* (1923) le [Seán Ó Cuirrín](#) (1894–1980) a phósfaidh sí ar [23 Meitheamh 1923](#). Cheap an bheirt ‘Rogha an Fhile’- cnuasach dhátheangach damhsa beirte (Mac C. 1928, 6). Is iomaí duais a bhuaigh sí san Oireachtas (1901–1913) agus bhí sí ina moltóir ag an Oireachtas in 1964 agus ag feiseanna ar nós cinn Father Mathew i mBaile Átha Cliath na 1930idí. Mhúin sí i Scoil na Leanbh i gColáiste na Rinne ó 1923 go 1970 (Ó Domhnaill 1987, 127). Bhí sí ina uachtaráin ar Chraobh na Rinne de Bhantracht na Tuaithe (1959) agus bhí sí ar Choimisiún na Rinní (1954) (O’Toole et. al. 2005, 164). Fuair Treasa bás i Lios Mór ar 18 Nollaig 1983 agus cuireadh lena fear céile í, i Reilig Chnoc Mheilearaí, Ceapach Choinn, Co. Phort Láirge (Gan údar 1983, 2).

### A saothar:

Ní Ailpín, Treasa agus Seán Ó Cuirrín. 1923. *Teagosc-Leabhar na Bheidhline... maille le cnuasach toghtha taitheamhach de shuantraidhe, goltraidhe agus geantraidhe na nGaedheal*. Brún agus Ó Nóláin.

### Foinsí tagartha:

Mac C, M. 1928. “Literary Notes & Notions.” *Sunday Independent*. 29 Aibreán.

Ó Domhnaill, Mícheál. 1987. *Iolscoil na Mumhan, Coláiste na Rinne*. Cló na Laoi Teo.

O'Toole, Tina, Gearóidín Nic Carthaigh, Síle Ní Chochláin, Patricia Coughlan, agus Éibhear Walshe. 2005. *Dictionary of Munster Women Writers, 1800 to 2000 = Scribhneoirí Ban Na Mumhan, 1800–2000*. Cork University Press.  
Gan údar. 1983. 'Births, Deaths and Marriages'. *Evening Press*. 19 Nollaig: 2.

### UÍ DHANACHAIR, Bríd Bean (*fl.* 1939)

Bhí Bríd Bean Uí Dhanachair ina cónaí ar Shráid na nÍascairí, Contae an Chláir, sna 1930idí agus 1949idí nuair a bhailigh [Seán Mac Mathúna](#) (1876–1949) amhráin, paidreacha, seanfhocail agus scéalta uathí, seanscéalta idirnáisiúnta ina measc (Dunne 2023, 66). Tá 27 mír agus thart ar 78 leathanach dá cuid béaloidis ar fáil i gCnuasach Mhic Mhathúna (Dunne 2023, 48). Chuaigh sí féin agus a fear céile, Mícheál, ar imirce go Massachusetts sna Stáit Aontaithe in 1885, agus d'fhill siad ar Éirinn in 1913 (Holmer 1962, 14). Scríobh Mac Mathúna ina dhialanna fúithí, ag rá ar 27 Bealtaine 1939: “B’aoibhinn liom a bheidh aig comhrádh léithe mar cómhfada is do chonnaic mé héin is slachtmhaire, agus is ceol-mhaire thugann na mná amach an Ghaedhilge ná na fearaibh, agus ní dhá mhar a chéile” (CBÉ 639, 184). Ar ócáid amháin, bhí drogall uirthi amhráin a chanadh dó, go dtí go ndúirt sé léi “go mbeidhach a hainm leis na bhéarsaí sin agus go mbeidheach daoine ag guídheamh le na h-anam nuair a bheidhach sí imighthe. Do ghéill sí fé dheireadh” (CBÉ 875, 244–245, féach chomh maith Dunne 2023, 67 & 200).

#### A saothar:

Uí Dhanachair, Bríd. 1930. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Seán Mac Mathúna. Imleabhar 0038: 246–7.  
—. 1941–2. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Seán Mac Mathúna. Imleabhar 0811: 243–4.  
—. 1946. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Seán Mac Mathúna. Imleabhar 1044: 439 & 449.  
—. 1939. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Seán Mac Mathúna. Imleabhar 0616: 406–8.  
—. 1940. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Seán Mac Mathúna. Imleabhar 0708: 505–7.  
—. 1936. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Seán Mac Mathúna. Imleabhar 222: 171–181.

#### Foinsí tagartha:

Dunne, Michelle. 2023. “Saintréithe de Thraidisiún Béil Na mBan Agus Léiriú Na mBan i gCnuasach Sheáin Mhic Mhathúna.” Tráchtas PhD. Dublin City University.  
Gunn, Marion. 1984. *A Chomharsain Éistigí agus Amhráin eile as Co. an Chláir*. An Gúm.  
Holmer, N. M. 1962. *The Dialects of Co. Clare. I*. Acadamh Ríoga na hÉireann.  
Mac Mathúna, Seán. 1938. Príomhbhailiúchán CBÉ. Imleabhar 0639: 184–5.  
—. 1941. Príomhbhailiúchán CBÉ. Imleabhar 875: 244–245.

### UÍ DHONNCHADHA, Síle (1854–1938)

Ba as Lios Ó Móine, Oileán Chléire, Contae Chorcaí don amhránaí, Síle bean Uí Dhonnchadha. Baisteadh í ar [23 Bealtaine 1854](#) agus ba iad Jeremiah Driscoll agus Mary *née* Regan a tuismitheoirí. Phós Síle an feirmeoir Michael Donoghue ar [31 Eanáir 1873](#) agus bhí 11 páistí

acu. Bhailigh Seán Ó Conaill neart amhrán uaithi i mí Iúil na bliana 1935. Chuir sí síos uirthi féin mar “Pinsméireach” (CBÉ 174). Tá a cuid amhrán le feiceáil in imleabhar 174 de Phríomhbhailiúchán CBÉ, agus in *Céad Fáilte go Cléire* (Gunn 1990, 40). Fuair sí bás ar [19 Márta 1938](#).

**A saothar:**

Gunn, Marion. 1990. *Céad Fáilte go Cléire*. An Clochomhar Tta.  
Ní Dhonnchadha, Síle. 1935. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Seán Ó Conaill. Imleabhar 174 (2): 542–570.

**Foinsí tagartha:**

O’Toole, Tina, Gearóidín Nic Carthaigh, Síle Ní Chochláin, Patricia Coughlan, agus Éibhear Walshe. 2005. *Dictionary of Munster Women Writers, 1800 to 2000 = Scribhneoirí Ban Na Mumhan, 1800–2000*. Cork University Press.

### UÍ DRISCEOIL, Cáit (c. 1816–1899)

Ba as an gCeathrún, Oileán Chléire do Cháit Ní Drisceoil, mar a tugadh uirthi sna taifeadtaí béaloidis. Rugadh í timpeall na bliana 1816, iníon le Thomas agus Johanna Mahony. In 1936, bhailigh Ciarán Ó Síothcháin béaloideas i bhfoirm sheanchais, amhrán, caointe, agus comhráite óna garmhac, Conchúr Ó Drisceoil, (CBÉ 558 (6) & 0609 (3)), ina bhfuil Cáit luaite mar fhoinsé na scéalta. Phós Cáit Tadhg Ó Drisceoil ar [12 Feabhra 1836](#). Ba iad garpháistí eile léi na scéalaithe [Conchúr Ó Síocháin](#) (1866–1941), faisnéiseoir *Seanchas Chléire* (1970), agus [Cáit Ní Shíocháin](#) (1882–1962). I measc an bhéaloideas a luadh le Cáit Ní Drisceoil, bhí leagan de ‘C[h]aoineadh Airt Uí Laoghair’ (Gunn 1990, 43–5), agus ginealas Uí Mhathúna (Gunn 1990, 96–7). Fuair Cáit bás mí Bealtaine na bliana 1899, agus cuireadh in Reilig Chiaráin í. Tá cuid dá béaloideas le feiceáil in *Céad Fáilte go Cléire* chomh maith (Gunn 1990).

**A saothar:**

Gunn, Marion. 1990. *Céad Fáilte go Cléire*. An Clochomhar Tta.  
Ó Drisceoil, Conchúir. 1938. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Ciarán Ó Síothcháin. Imleabhar 558 (6).  
—. 1938. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Ciarán Ó Síothcháin. Imleabhar 609 (3).

**Foinsí tagartha:**

O’Toole, Tina, Gearóidín Nic Carthaigh, Síle Ní Chochláin, Patricia Coughlan, agus Éibhear Walshe. 2005. *Dictionary of Munster Women Writers, 1800 to 2000 = Scribhneoirí Ban Na Mumhan, 1800–2000*. Cork University Press.

### UÍ LIATHÁIN, Nell ‘Gaolach’ (1844–1938)

Ba ea iad Seán Gaolach Ó Laoghair agus a bhean Joanna Casey tuismitheoirí an scéalaí Seana-Nell Gaolach ó Ghort an Phludaigh, Béal Átha an Ghaorthaidh, Contae Chorcaí. Baisteadh ar [11 Feabhra 1844](#) í. Scríobh iníon mac léi scéal a hóige síos uaithi atá le feiceáil in *An*

*Músgrai*geach 8 (1945, 15–22). Bhailigh Conchubhar Ó Coileáin (CBÉ 008, 301–4) agus Diarmuid Ó Caochlaighe (CBÉ 0093 (7), 295–7) amhráin uaithi in 1933, agus bhailigh Máire Ní Dhábhaoireann scéalta fiannaíochta, scéalta cráifeacha, paidreacha, amhráin agus seanchas uaithi i Meitheamh 1929 (CBÉ 0093 (8), 300–319). Phós Nell John Lyhane ó Thuairín Leathard ar [2 Feabhra 1866](#) agus bhí ceathrar páistí aici: Diarmuid, Mícheál, Cáit agus Séamus. Fuair Nell bás ar [13 Bealtaine 1938](#) agus í 94 bliana d’aois.

**A saothar:**

- Uí Liatháin, Nell Bean. 1933. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Conchubhar Ó Coileáin. Imleabhar 338: 301–3.
- . 1933. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Diarmuid Ó Caochlaighe. Imleabhar 93 (7): 295–7.
- . 1929. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Máire Ní Dhábhaoireann. Imleabhar 93 (8): 300–19.
- [Sheana Nell]. 1945. “An Seana-saoghal.” *An Músgrai*geach 8: 15–22.

**Foinsí tagartha:**

- O’Toole, Tina, Gearóidín Nic Carthaigh, Síle Ní Chochláin, Patricia Coughlan, agus Éibhear Walshe. 2005. *Dictionary of Munster Women Writers, 1800 to 2000 = Scribhneoirí Ban Na Mumhan, 1800–2000*. Cork University Press.

### UÍ MHADAGÁIN UÍ RAGHALLAIGH, Róisín (1903–1974)

An ball ab óige riamh de Chumann na mBan ag 13 bliana d’aois, ba ghléasaistritheoir, cartlannaí agus bailitheoir Róisín Uí Mhadagáin Uí Raghallaigh a ghléasaistrigh *Ursonate* le Kurt Schwitter faoin teideal *Os Ard* bunaithe ar fhoghraíocht na Gaeilge (1926). Anuas air sin, d’oibrigh sí mar choimeádaí sa leabharlann i gColáiste na Tríonóide (1925–1958) agus bhailigh sí féin agus a fear céile, Edmund Madigan scéalta ó Pheig Sayers le Máire Ní Chinnéide sna 1930dí. Fuair sí bás sa Daingean ar 13 Feabhra 1974 (Ford 2014, 42–5).

**A saothar:**

- O’Reilly, Róisín. 1925–6. *Os Ard. Irish Text Score/Composition by Róisín Madigan O’Reilly*.

**Foinsí tagartha:**

- Ford, Felicity. 2014. “Madigan O’Reilly, Róisín.” In *Historical Documents of the Irish Avant Garde*, curtha in eagar ag Jennifer Walshe. Dublin: Milker Corp and the Aisteach Foundation: 43–5.

### UÍ MHILLEÓIN, Máire (1855–1936)

Rugadh an scéalaí Méin Mháire an Ghabha i [mí na Nollag 1855](#) i mBaile na nGall, Contae Chiarraí. Ba iad Pádraig Ó Murchú agus Máire *née* Ní Chonchúir a tuismitheoirí. Phós sí Pádraig Ó Milleóin ón gClochán Dubh, Cill Maoilchédair, Corca Dhuibhne ar [22 Feabhra 1876](#), agus bhí 12 muirear orthu, naonúr a bhí fós beo in 1911: Mary, Michael, Patrick, Thomas, Kate, Ellen Maurice, Matthew. Fuair sí bás ar [7 Deireadh Fómhair 1936](#). Idir 1929 agus 1935, bhailigh Seán Ó Dubhda, An Seabhad, Pádraig Tiburtius Ó Riain agus Éamainn Mac Gearailt

neart béaloidis uaithi, ina measc: seanscéalta idirnáisiúnta, scéalta Fiannaíochta, scéalta sí, rannta filíochta, amhráin, paidreacha, mallachtaí agus seanchas ar chluichí agus ar leigheas, atá ar fáil in *Duanaire Duibhneach* (1933, 107), *Béaloideas* (1928; 1929; 1930; 1931; 1946; 1948) agus sa Phríomhbhailiúchán CBÉ (Iml. 002; 003; 004; 005; 008; 010; 013; 121; 340; 365; 357; 446). In *Béaloideas* 18, thart ar 12 bhliain i ndiaidh a báis, scríobh An Seabhac “Bhean lághach uasal ina meon agus ina hiompar dob eadh í. Í maorga deagh-labhartha cuideachtainiúil. De Chonchubhraigh Gabha dob eadh í, agus bhí sé i leth an dreama san gur ó Chonchubhraigh Charraig a’ Phuill a shíolruigheadar” (1948, 72).

#### A saothar:

- An Seabhac. 1946. “Ó Duibneacaib.” *Béaloideas* 16 (1 / 2): 105–25.  
 —. 1930. “Ó Corca Duibne.” *Béaloideas* 2 (3): 274–81.  
 —. 1929. “Scéalaideact Corca Duibne.” *Béaloideas* 2 (2): 211–27.  
 An Seabhac agus Séamus Ó Duilearga. 1931. “Scéalta Creidim Agus Crábaid.” *Béaloideas* 3 (1): 3–30.  
 Ó Dubhda, Seán. 1948. “Díoghlaím Duibhneach.” *Béaloideas* 18 (1 / 2): 71–113.  
 —. 1929. “Sgéalta Side.” *Béaloideas* 2 (1): 71–80.  
 Ó Dubhda, Seán, agus An Seabhac. 1930. “Sgéilíní Andeas.” *Béaloideas* 2 (3): 286–89.  
 —. 1928. “Sgéilíní Andeas.” *Béaloideas* 1 (3): 264–69.  
 —. 1933. *Duanaire Duibhneach* : .i. *Bailiú d’amhránaibh agus de phíosai b eile filidheachta a ceapadh le tuairim céad bliain i gCorca Dhuibhne, agus atá fôr i gcuimhne agus i mbéaloideas na ndaoine ann*. Oifig Diolta Foilseachsan Rialtais.  
 Uí Mhaoileoin, Máire Bean. 1929. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Seán Ó Dubhda. Imleabhar 2: 213–20.  
 —. 1933. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Seán Ó Dubhda. Imleabhar 3.  
 —. 1931. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Seán Ó Dubhda. Imleabhar 4.  
 —. 1932. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Seán Ó Dubhda. Imleabhar 5.  
 —. 1932. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Seán Ó Dubhda. Imleabhar 121.  
 —. 1935. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Seán Ó Dubhda. Imleabhar 446.  
 —. 1932. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Pádraig Tiburtius Ó Riain. Imleabhar 356.  
 —. 1932. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Pádraig Tiburtius Ó Riain. Imleabhar 8.  
 —. 1932. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Pádraig Tiburtius Ó Riain. Imleabhar 10.  
 —. 1933. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Pádraig Tiburtius Ó Riain. Imleabhar 13.  
 —. 1936. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Eamonn Mac Gearailt. Imleabhar 340.

#### Foinsí tagartha:

- O’Toole, Tina, Gearóidín Nic Carthaigh, Síle Ní Chochláin, Patricia Coughlan, agus Éibhear Walshe. 2005. *Dictionary of Munster Women Writers, 1800 to 2000 = Scríbhneoirí Ban Na Mumhan, 1800–2000*. Cork University Press.

### UÍ MHULÁIN, Beití (1877–1952)

Rugadh Beití Uí Mhuláin mar Eliza Horgan (Ní Argáin) ar [4 Samhain 1877](#) sa Ghort Leathard i gCill Garbháin, Contae Chiarraí. Ba iad Cornelius ‘Contí’ Ó h-Aragáin agus a bhean Julia *née* Kelly a tuismitheoirí. Bhogadar go dtí na bhFoithrí, Baile Bhuirne, Corcaigh in 1890. Phós sí Timothy Mullins as Doire an Chuilinn ar [18 Feabhra 1911](#). Bhí cónaí orthu sa Mhuirneach Bheag agus bhí triúr páistí acu: Michael, Julia, agus Daniel. Tá scéalta, seanchas agus paidreacha a d’inis Beití agus a bhailigh Gearóid Ó Murchadha, Síghle (a hiníon) agus Brian

Ó Cuív ar fáil in *Béaloideas* 3.2 (1931, 227–8, 234, 237), Príomhbhailiúchán CBÉ (325 (1), 5–21) agus *Cnósach focal ó Bhaile Bhuirne* (Ó Cuív 1947, 281), faoi seach. Fuair sí bás ar [20 Feabhra 1952](#).

**A saothar:**

- Ó Briain, Mícheál agus Brian Ó Cuív. 1947. *Cnósach focal ó Bhaile Bhuirne : i gCunndae Chorcaí*. Institiúid Árd-léighinn Bhaile Átha Cliath.
- Ó Murchadha, Gearóid. 1931. “Eachtraí, Véursai agus Paidreacha ó Iarthar Chorcaighe. Réamhrádh.” *Béaloideas*, 3 (2): 212–239.
- Uí Mhuláin, Eibhlís Bean. 1935. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Síghle Ní Mhuláin. Imleabhar 325 (1): 005–021.

**Foinsí tagartha:**

- O’Toole, Tina, Gearóidín Nic Carthaigh, Síle Ní Chochláin, Patricia Coughlan, agus Éibhear Walshe. 2005. *Dictionary of Munster Women Writers, 1800 to 2000 = Scribhneoirí Ban Na Mumhan, 1800–2000*. Cork University Press.

## UÍ MHURCHADHA, Bríd (1886–1964)

Ba i mBaile Loiscthe, Cill Maoilchéadair a bhí Bríd Bean Uí Mhurchadha, ‘Iníon an Rúiséalaigh’ ina cónaí nuair a bhailigh Seán Ó Dubhda scéalta uaithi le haghaidh *Duanaire Duibhneach* (1933, 100–2; 105). Rugadh Bríghde Rúiséal i gCill Chúile ar [18 Márta 1886](#). Ba iad Mícheál agus Peig a tuismitheoirí. Phós sí Sean Ó Murchadha as an mBaile Loiscthe ar [31 Eanáir 1912](#) agus bhí cúigear páistí acu: John, Katherine, Helen, Thomas agus Hannah. Fuair sí bás san ospidéal sa Daingean ar [18 Deireadh Fómhair 1964](#). Idir 1932 agus 1937 bhailigh Pádraig Tibertius Ó Riain (CBÉ 357, 387; 015, 187–97; 223–35), Eibhlín Ní Mhurchadha (CBÉ 0022 (1), 072–102), Criostóir Hosae (CBÉ 0022 (2), 193–5), Siobhán Ní Mhurchadha (CBÉ 635, 372–4), agus Tomás Ó Murchadha scéalta uaithi, scéalta idirnáisiúnta AT0326 agus AT1360B ina measc (CBÉ 215, 482–503).

**A saothar:**

- Ní Mhurchadha, Brighid. 1933. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Pádraig Tiburtius Ó Riain. Imleabhar 15: 187–97, 223–35.
- . 1933. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Pádraig Tiburtius Ó Riain. Imleabhar 0357: 387.
- . 1934. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Tomás Ó Murchadha. Imleabhar 0215: 482–503.
- . 1937. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Siobhán Ní Mhurchadha. Imleabhar 0635: 372–4.
- Ó Dubhda, Seán. 1933. *Duanaire Duibhneach : .i. Bailiú d’amhránaibh agus de phíosai b eile filidheachta a ceapadh le tuairim céad bliain i gCorca Dhuibhne, agus atá fòr i gcuimhne agus i mbéaloideas na ndaoine ann*. Oifig Díolta Foilseachasain Rialtais.
- Uí Mhurchadha, Brighid Bean. 1932. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Eibhlín Ní Mhurchadha. Imleabhar 22 (1): 072–102.
- . 1932. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Criostóir Hosae. Imleabhar 22 (2): 193–5.

**Foinsí tagartha:**

- O’Toole, Tina, Gearóidín Nic Carthaigh, Síle Ní Chochláin, Patricia Coughlan, agus Éibhear Walshe. 2005. *Dictionary of Munster Women Writers, 1800 to 2000 = Scribhneoirí Ban Na Mumhan, 1800–2000*. Cork University Press.

## UÍ NÉILL, Caitlín (1914–1998)

B'uachtarán, Rúnaí agus Cathaoirleach ar an gCumann Scoildrámaíochta ag pointí éagsúla idir 1952 agus 1975 i Caitlín Uí Néill. Rugadh í ar [10 Samhain 1914](#) i ndeisceart chathair Átha Cliath. B'iníon í le [Páidín Ó Caoimh](#) (1881–1973), Iar-Ardúnaí Sinn Féin, agus a bhean Cáit Power, deirfiúr le John Wyse Power. D'fhreastail sí ar Scoil Bhríde i mBaile Átha Cliath, ar Scoil na Leanaí i Rinn ó gCuanach agus ar Chlochair Lughaidh i Muimhneacháin. Bhain sí B.A. amach sa Ghaeilge, Béarla agus Stair. Sular thug sí faoina cuid oibre leis an gCumann Scoildrámaíochta, mhúin sí in Éirinn agus i Sasana. Phós sí an scríbhneoir [Séamus Ó Néill](#) (1910–1981), i Ráth Maonais ar [14 Lúnasa 1939](#). Bhí ceathrar páistí acu: Eithne, Eoin, Cairtriona agus Colm. Fuair Caitlín bás i mí Mheán Fómhair 1998.

### Foinsí tagartha:

O'Leary, Philip. 2017. *An Underground Theatre: Major Playwrights in the Irish Language 1930–80*. University College Dublin Press.  
Ó Súilleabháin, Donnchadh. 1986. *An Cumann Scoildrámaíochta 1934–1984*. An Clóchomhar.

## UÍ ÓGÁIN, Bríd (?–2022)

Ba scríbhneoir agus taighdeoir í Bríd de Grás Uí Ógáin a fuair bás i gCluain Dolcáin, Baile Átha Cliath ar 24 Eanáir 2022. Ba as Garraí Dúlas, Pailís Ghréine Co. Luimnigh, ó dúchas í, bhí triúr deartháir, Liam, Michael agus John, agus deirfiúr amháin, Máire aici (2016, 22). Bhí sí ar choiste na dTeaghlach Gaelacha (Mac Amhlaigh 1997, 9), agus mar bhainisteoir fógraíochta ag *Comhar* (Ó Cianáin 1981, 4). Ba chéimí de chuid an Choláiste Ollscoile í. Bhí sí pósta ar an taighdeoir, Éamonn Ó hÓgáin agus bhí cúigear clainne acu, Cúán, Dónall, Ruairí, Máire Aoibhinn agus Fionnán (Foras na Gaeilge agus Uí Mhaicín 2011). In 2005, d'fhoilsigh Bríd agus Éamonn *Foclóir Reiligiúin Institiúid Oideachais Mater Dei* (Ó hÓgáin agus Uí hÓgáin 2005). Deirfiúr léi is ea Máire de Grás a chuir *Comhar: Innéacs 50 bliain, 1942–1991* le chéile (1991).

### A saothair:

Ó hÓgáin Éamonn agus Bríd Uí Ógáin. 2005. *Foclóir Reiligiúin Institiúid Oideachais Mater Dei*. An Gúm.

### Foinsí tagartha:

de Grás, Máire. 1991. "Innéacs 50 Bliain 1942–1991." *Comhar* 50: iii–268.  
Gan údar. 2016. "Deaths in the past week." *Limerick Leader*. 13 Feabhra: 22.  
Foras na Gaeilge agus Uí Mhaicín, Máire. 2011. "Éamonn Ó hÓgáin." In *Portráidí* ar fáil ag <https://portraidí.ie/ga/eamonn-o-hogain/> [Rochtain faighte: 24/05/2025].  
Mac Amhlaigh, Dónall. 1977. "Na Teaghlaigh Ghaelacha." *Irish Press*. 22 Feabhra: 9.  
Ó Cianáin, Cormac. 1981. 'Draíocht an Daonlathais'. *Comhar* 40 (5): 5–8.

### **UÍ SHÍOTHCHÁIN, Máire (1859–1940)**

Rugadh Máire Ní Dhrisceoil i mí na Samhna 1859 ar an mBaile Ard sa Tulach i gCairbrigh, Contae Chorcaí. Ba iad Michael Ó Drisceoil, agus a bhean, Máire *née* Nic Suibhne, a tuismitheoirí. Bhí sí ina cónaí i gCill Leice Fórabháin ar Oileán Chléire agus luaite mar thábhairneoir nuair a phós sí Diarmaid Ó Síothcháin ar [24 Feabhra 1895](#). Bhí triúr páistí acu, Diarmuid, an bailitheoir Ciarán, agus an file Bríd. Bhailigh Ciarán béaloideas ó Mháire atá le feiceáil in (CBÉ 0609 (3), 0256–7) agus *Céad Fáilte go Cléire* (Gunn 1990, 124–5). Fuair Máire bás ar [29 Meán Fómhair 1940](#).

#### **A saothar:**

Gunn, Marion. 1990. *Céad Fáilte go Cléire*. An Clochomhar Tta.

Ní Shíothcháin, Máire. 1938. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Ciarán Ó Síothcháin. Imleabhar 609 (3): 256–7.

#### **Foinsí tagartha:**

O'Toole, Tina, Gearóidín Nic Carthaigh, Síle Ní Chochláin, Patricia Coughlan, agus Éibhear Walshe. 2005. *Dictionary of Munster Women Writers, 1800 to 2000 = Scríbhneoirí Ban Na Mumhan, 1800–2000*. Cork University Press.

### **UÍ THALLAMHÁIN, Caitlín Bean (1914–2004)**

B'údar ar na leabhair *Rós Fiáin Lios an Daill* (1967), *An Pictiúr ar an mBalla* (1973), *Iníon an Tinncéara Rua* (1976), agus *Sinéad: Scéal Shinéad Bean de Valera* (1979) i Caitlín Bean Uí Thallamháin (Ní Annrachaigh). Rugadh i mBaile Átha Cliath í ar [18 Eanáir 1914](#), iníon le Mary (*née* Kavanagh) agus Andrew Hanratty. D'fhás sí aníos idir Droim Conrach agus an Fionradharc ag freastal ar Scoil an Chlochair. Bhí ceathrar deartháireacha aici, Andrew, Daniel, Brendan, agus Dermot. B'ollamh le Gaeilge in McGuire College í nuair a phós sí [Séamus Ó Tallamháin](#) (1889–1969) in [1939](#). Anuas ar an teagasc agus scríbhneoireacht, bhí baint lárnach aici le Coiste na bPáistí agus b'ise agus a fear céile a chur tús le cuairteanna dhaltaí Bhaile Átha Cliath ar Chois Fharráige sna 1930idí. B'iomaí duais a bhuaigh sí ag Oireachtas na Gaeilge sna seascaidí agus seachtóidí dá cuid scríbhneoireachta. Ba cheoltóir chomh maith í, cláirseoir don Acadamh Ríoga le Ceol, agus bhain sí duaiseanna amach dá cumadóireacht san Oireachtas in 1962. Fuair sí bás ar 15 Iúil 2004 i nDroim Conrach, áit ar chaith sí a saoil lena fear Séamus, agus tá siad beirt curtha i Reilig Droim Chonrach (Gan údar 2004, 32).

**A saothar:**

- Uí Thallamháin, Caitlín. 1967. *Rós Fiáin Lios an Daill*. Connradh na Gaeilge.  
— 1973. *An Pictiúr ar an mBall*. Clódhanna Teoranta.  
— 1976. *Iníon an Tinncéara Rua*. Oifig an tSólathair.  
— 1979. *Sinéad: Scéal Shinéad Bean de Valera*. FNT.  
— 1984. *Ginger: glois Fharráige*. An Gúm.

**Foinsí tagartha:**

- Breathnach, Diarmuid agus Máire Ní Mhurchú. Gan dáta. “Ó TALLAMHAIN, Séamus (1889–1969).” *Ainm.ie: An Bunachar Náisiúnta Beathaisnéisí Gaeilge* [Rochtain faighte: 23/05/2025].  
Gan údar. 2004. “Deaths.” *Sunday Independent*. 25 Iúil: 32.

**UÍ UIDHIR, Nóra (c.1856–1938)**

B’amhránaí Nóra Ní Chonaill, Bean Uí Uidhir a rugadh sna hUllánaibh, Baile Bhuirne, Co. Chorcaí thart ar 1856, “bliadhain an tsneachtaigh mhóir” (Ó Ceallaigh 1937, 19). Ba ó na Conallaigh sna hUllánaibh agus baill den lucht siúil a chaitheadh am le muintir a máthar i Rath Dhúbháin a d’fhoghlaim sí a ceird. Phós sí Diarmuid Ó hUidhir ar [9 Feabhra 1875](#), agus ar bhás Dhiarmada in 1916, bhog sí go Crois Thuath na nDromann. Bhí sí ina cónaí le duine muinteartha léi i gCúil an Bhuachaigh idir 1933 agus 1936. Le spreagadh filí an cheantair, bhailigh Proinsias Ó Ceallaigh 125 amhrán uaithi, agus foilsíodh neart díobh in *Béaloideas 7* i bpíosa dar teideal ‘Amráin ó Músraige’ (1937, 19–44). Tá 139 píosa béaloidis, amhrán a bhformhór, uaithi le fáil i mPríomhbhailiúchán CBÉ (Iml. 47; 48; 173; 268). Ba é Proinsias a bhailigh iad. Fuair Nóra bás i gCúil an Bhuacaigh ar [3 Eanáir 1938](#).

**A saothar:**

- Mac Coluim, Fionán agus Próinséas Ó Ceallaigh. 1937. “Amráin ó Músraige.” *Béaloideas 7*: 19–44.  
Ní Chonaill, Nóra. 1933. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Proinsias Ó Ceallaigh. Imleabhar 47: 62–382.  
— 1934. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Proinsias Ó Ceallaigh. Imleabhar 48: 44b–257.  
— 1934/5. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Proinsias Ó Ceallaigh. Imleabhar 0173 (1): 41–167.  
— 1935. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Proinsias Ó Ceallaigh. Imleabhar 0173 (2): 287–345.  
— 1934. Príomhbhailiúchán CBÉ. Bailitheoir: Proinsias Ó Ceallaigh. Imleabhar 0268: 191–5.

**Foinsí tagartha:**

- O’Toole, Tina, Gearóidín Nic Carthaigh, Síle Ní Chochláin, Patricia Coughlan, agus Éibhear Walshe. 2005. *Dictionary of Munster Women Writers, 1800 to 2000 = Scríbhneoirí Ban Na Mumhan, 1800–2000*. Cork University Press.

---

## S

---

### SCHWEPPE, Róisín (1920–2000)

B'amhránaí agus gníomhaí teanga í Róisín Schweppe a chasadh le Caitlín Bean Uí Thallamháin (1914–2004) (Gan údar 1939, 9) agus [Sorca Ní Ghuairim](#) (1911–1976) (Gan údar 1938a, 11) ag ócáidí Chonradh na Gaeilge. Iníon í Róisín 'Rosaleen', le Fred Schweppe, Meiriceánach, ball d'Óglaigh na hÉireann, agus réabhlóidí 1916, agus a bhean Mary-Ann Mulhall. Rugadh ar [2 Nollaig 1920](#) í. Bhí Róisín ar Choiste na bPáistí (Gan údar 1936, 1; Gan údar 1938b, 6), agus ba rúnaí í lena gcumann 'Cine na nGaedheal' chomh maith (Gan údar 1940, 8). Phós Róisín George Hegarty, agus máthair le Fran, Paul, Anna, Rosemary, agus Gerry í. Fuair sí bás ar 1 Lúnasa 2000, agus cuireadh i Reilig Sheangánaí í (Gan údar 2000, 35).

#### Foinsí tagartha:

Gan údar. 2000. "Deaths." *Irish Independent*. 02 Lúnasa: 35.

Gan údar. 1939. "Coisde offices open for games." *Sunday Independent*. 03 Nollaig: 9.

Gan údar. 1940. "Encourage the use of Irish by children outside school hours." *Irish Press*. 29 Meitheamh: 8.

Gan údar. 1936. "Keep Irish Alive." *Irish Pres*. 05 Deireadh Fómhair: 1.

Gan údar. 1938a. "Aid for Coiste na Paiste." 04 Nollaig:11.

Gan údar. 1938b. "An Ghaeilg a Labhairt." *Irish Independent*. 08 Nollaig: 6.

---

## Y

---

### **YAKE, Hazel (1907–1991)**

Rugadh Hazel Yake, scríbhneoir, múinteoir agus eagarthóir ar 19 Samhain 1907 in Stouffville, Ontario, Ceanada. Ba iad Hiram Yake agus a bhean Isabella Henderson a tuismitheoirí. Ar bhogadh go Toronto di, chas sí ar an scríbhneoir Éireannach, Pádraig Ó Broin. Bheartaigh an bheirt acu Gaeilge a fhoghlaim agus chuir siad a n-irisí *Irisleabhar Ceilteach* agus *Teangadóir* in eagar. Fuair Hazel bás ar 16 Feabhra 1991 in Toronto, agus cuireadh i Reilig Chaitliceach Mount Hope í. Tá beathaisnéis a scríobh Dónall Ó Dubhghaill fúithi ar fáil ar shuíomh *Gaeltacht an Oileáin Úir* (Ó Dubhghaill 2024).

#### **A saothar:**

Yake, Hazel, MacEwan, G., Ball, H., Purdy, A., Colombo, J. R. agus MacKay, I. 1988. “Pádraig Ó Broin: Poet, Publisher, Book Collector.” In *The Untold Story: The Irish in Canada. Imleabhar II*, curtha in eagar ag O’Driscoll, R. agus Reynolds, L: 677–687. Celtic Arts of Canada.

#### **Foinsí tagartha:**

Ó Dubhghaill, Dónall. 2024. “Hazel Yake. Na Gaeil san Áit Ró-Fhuar. Gaeltacht an Oileáin Úir.” *Gaeltacht an Oileáin Úir*. Ar fáil ag <https://www.gaeilge.ca/culture-public/author-yake> [Rochtain faighte: 15/08/2025].  
Ó Siadhail, Pádraig. 2017. “Pádraig Ó Broin (1908–1967): ar thóir a oidhreacht Gaelaí i gCeanada.” *COMHARTaighde* 3 (4).

---

## Z

---

### ZOUCHE FITZGERALD, Elizabeth (c. 1488–1517)

Iníon leis an Iarla Codnor Zouche ó Derbyshire agus gaol le hAnraí VII, phós Elizabeth Zouche Gearóid Óg, Naoú hIarla Chill Dara ar 16 Iúil 1503. De réir bunleabhar Christóir Nuinseann a thug sé don bhanríon Eilís chun Gaeilge a fhoghlaim, bhain Zouche úsáid as an gcóras úd ar bhogadh go hÉirinn di agus ‘in shorte tyme learned to reade, write and perfectly speak the language’ chun dearbhú na huaisle a thuilleamh (féach Bryan 1933; Casey 2016; Lydon; Lennon 2006). Níor luaigh Nuinseann gurb í Elizabeth Zouche a shin-seanmháthair agus meastar mar sin go raibh sé ag baint leas as an ngaol leis na Túdaraigh ar mhaithe leis féin (Casey 2016). Scríobh mac gharpháiste eile dá cuid, William Bathe, bunleabhar iontach cosúil leis seo idir Laidin agus Spáinnis, *Iania linguaram* (1611) (Ó Mathúna 1986; Carey 2016). Tá foinse againn den leabharlann ollmhór a bhí ag an lánúin. In *Gearóid Óg Fitzgerald* le Mary Ann Lyons luaitear an “twenty Gaelic texts” a bhí sa leabharlann (1998, 23) ach i dtaighde Aisling Byrne deirtear nach raibh aon fhianaise den teanga ann (2013, 140). Bhí ceathrar iníon aici agus mac amháin, Tomás an tSíoda Mac Gearailt, 10ú hIarla Chill Dara (1513–1537). Fuair Elizabeth bás ar 6 Deireadh Fómhair 1517 i Leamháin, Baile Átha Cliath, ag cur deireadh leis an gcaidreamh idir Gearóid agus an Choróin (Valenburg 1964, 527). Cuireadh in Reilig New Abbey i gCill Chuillinn, Cill Dara í.

#### Foinsí tagartha:

- Byrne, Aisling. 2013. “The Earls of Kildare and their books at the end of the Middle Ages.” *The Library*, 14 (2): 140.
- Bryan, Donough. 1933. *Gerald Fitzgerald: The Great Earl Of Kildare (1456–1513)*. Talbot Press
- Casey, Denis. 2016. *The Nugents of Westmeath and Queen Elizabeth’s Irish primer*. Four Courts Press.
- Lennon, Colm. 2006. “The Fitzgeralds of Kildare and the Building of a Dynastic Image, 1500–1630.” In *Kildare History & Society*, curtha in eagar ag William Nolan agus Thomas McGrath. Geography Publications: 195–213.
- Lydon, James. 1998. *The making of Ireland: from ancient times to the present*. Routledge.
- O’Mathúna, Sean P. 1986. *William Bathe, S. J., 1564–1614: A Pioneer in Linguistics*. John Benjamins Publishing Company.
- Valkenburg, Augustine. 1964. “Walter Wellesley, Bishop of Kildare 147?–1539.” *Kildare Archaeological Society Journal 1891–2006*: 518–543, 552.

## Aguisín B: Ceisteanna na n-Agallamh

### a. Catagóir 1

1. An bhféadfá tú féin a chur i láthair agus cur síos gearr a dhéanamh ar an bpost atá agat agus ar do ról le Ainm?
2. An ndéanfaidh tú cur síos dom ar Ainm mar a thuigeann tusa é?
3. Cé hiad na daoine ar féidir leo beathaisnéisí a scríobh don bhunachar?
4. An bhféadfá cur síos a dhéanamh dom ar ról an chomheagarthóra?\*
5. Cad é próiseas earcaíochta na gcomheagarthóirí?\*
6. An bhfuil cúlra nó traenáil faoi leith agat a oireann<sup>220</sup>, dar leat, don obair atá ar siúl agat le Ainm?
7. Cé chomh fada is atá tú sa ról seo le Ainm?
8. An é seo an t-aon ról atá agat?
9. An bhféadfá cur síos a dhéanamh ar phróiseas oibre na mbeathaisnéisí sula bhfaigheann Gaois é?
10. Cad é próiseas roghnúcháin na n-ábhar beathaisnéisí?\*
11. Cad iad na deacrachtaí is mó roimh scríbhneoir beathaisnéisí?
12. Cén fáth, dar leat, nach bhfuil níos mó ban sa bhunachar?
13. An bhfuil aon athruithe critéar i ndiaidh tarlú a chabhraigh le hionadaíocht na mban nó an bhfuil aon mholadh agat le haghaidh athrú meoin nó critéar amach anseo?
14. Ag breathnú siar anois duit, an bhfuil aon rud a d'fhéadfaí nó ba chóir a dhéanamh maidir le hionadaíocht na mban nach ndearnadh ag an am?
15. An bhfuil aon ghrúpa eile ar cheart níos mó ionadaíocht a bheith ann dóibh?
16. An mbíonn sé deacair spriocanna bliantúla Ainm maidir le beathaisnéisí a shroicheadh?
17. An bhfuil aon rud ar leith ba mhaith leatsa a bhaint amach agus tú sa ról seo?
18. An bhfuil aon rud eile ar mhaith leat cur leis an méid atá luaite agat?

---

<sup>220</sup> Bhraith aimsir na gceisteanna ar ról na rannpháirtithe (baill / iarbhail).

\* Na ceisteanna breise a cuireadh ar Mhícheál Ó Conghaile.

## **b. Catagóir 2**

### **i. Máire Nic a' Liondain**

1. An bhféadfá tú féin a chur i láthair agus cur síos gearr a dhéanamh ar an bpost atá agat?
2. Cén leagan dá hainm ar cheart úsáid a bhaint as le linn an taighde seo?
3. Seo an t-eolas beathaisnéiseach atá ar lár maidir léi, an bhfuil aon mholadh agat maidir le teacht ar a leithéid d'eolas?
  - 3.1. Áit bhreithe & dáta breithe
  - 3.2. Sonraí oideachais
  - 3.3. Stádas pósta & páistí
  - 3.4. Dáta báis
  - 3.5. Áit bháis & adhlachtha
4. Ar scríobh a deartháir, Pádraig Óg amhráin?
5. An dóigh leat gurb eisceacht ab í Mailligh?
  - 5.1. Más ea, cén fáth?
  - 5.2. Muna raibh, cé eile a bhí ann?
6. An dóigh leat gurb eisceachtúil an ceantar ina d'fhás sí aníos ó thaobh na hamhránaíochta agus an cheoil de?
7. An bhfuil aon rud gur cheart a bheith i mbeathaisnéis Mhailligh?
8. An bhfuil aon chomhairle eile agat i dtaobh an taighde seo?
9. An bhfuil aon rud eile ar mhaith leat cur leis an méid atá luaite agat?

## ii. Nóra Ní Chinnéide

1. An bhféadfá tú féin a chur i láthair agus cur síos gearr a dhéanamh ar an bpost atá agat?
2. Cén leagan dá hainm ar cheart úsáid a bhaint as le linn an taighde seo?
3. Ina haimsir, cá mbíodh na scéalaithe i mbun scéalaíochta sa Rinn?
4. I measc banscéalaithe an cheantair, an raibh sí ina heisceacht?
  - 4.1. Más ea, cén fáth?
  - 4.2. Muna raibh, cé eile a bhí ann?
5. Maidir le scolaíocht na mná, an bhfuil aon tuairim maidir le cá ndeachaigh sí ar scoil?
  - 5.1. Muna bhfuil, an bhfuil aon mholadh agat i dtaobh an taighde sin?
6. An raibh an traidisiún scéalaíochta mór ina teaghlach/ an bhfuil aon eolas againn maidir le cá bhfuair sí a scéalta agus a seanchas?
7. Maidir lena mac, Pádraig, cén sórt scéalta/seanchas a bhí aige?
8. An bhfuil aon rud gur cheart a bheith i mbeathaisnéis Nano?
9. An bhfuil aon chomhairle eile agat i dtaobh an taighde seo?
10. An bhfuil aon rud eile ar mhaith leat cur leis an méid atá luaite agat?

### iii. Maggie Dirrane

1. An bhféadfá tú féin a chur i láthair agus cur síos gearr a dhéanamh ar an bpost atá agat?
2. Cén leagan dá hainm ar cheart úsáid a bhaint as le linn an taighde seo?
3. An raibh aon deartháireacha nó deirfiúracha aici?
4. Cén t-oideachas a bhfuair sí?
5. Cé na poist a bhí aici?
6. Cá bhfuair sí bás agus cár adhlacadh í?
7. An bhfuil aon eolas agat ar a tréimhse i mBaile Átha Cliath in 1916?
8. An bhfuil aon eolas againn ar an bpróiseas earcaíochta i gcomhair *Man of Aran* (1934)?
9. Bhailigh Sidney Robertson Cowell neart amhrán uaithi sna caogaidí, ar bhailigh éinne eile amhráin uaithi?
10. Cén comhthéacs amhránaíocht a bhí ann in Árainn in aimsir Mhaggie?
11. An ndéarfá i réimse na hamhránaíochta in Árainn gurb eisceacht í?
12. Cé na daoine a luaitear in aon anáil léi maidir lena hamhránaíocht nó lena haisteoireacht?
13. An raibh cáil na hamhránaíochta/aisteoireachta ag a páistí?
14. Cén t-eolas atá againn ar cé sórt duine ab ea í?
15. An bhfuil aon rud eile ar mhaith leat cur leis an méid atá luaite agat?

#### **iv. Gráinne Yeats**

1. Could you please introduce yourself and state your relation to Gráinne?
2. Which version of her name should I use in this research?
3. Would you be able to tell me about how she learnt Irish?
4. In her professional career, how did she use the language?
5. In her personal life, how did she use the language?
6. Did she pass the language on?
7. What were Gráinne's musical influences?
8. In her travels with music, was the language something that came into her talks/performances?
9. Was there a community of musicians (specifically women) with similar goals to her?
10. Would you consider her an exception in terms of that fusion of language and music?
11. How would you describe her personality?
12. What hobbies did she have?
13. What would you say is Gráinne's legacy on the language and on Irish harp music?
14. Is there anything else you would like to talk about/ add to?
15. Is there anything that should definitely be in her biography?
16. Ainm uses pictures for the biographies, is there any in particular you would like to suggest?
17. Do you have any suggestions for me regarding further research?

## Aguisín C: Próiseas na hEitice

Agallaimh duine ar dhuine a bhí in agallaimh an taighde seo, agus níor reáchtáladh grúpaí fócais. An chéad chéim den phróiseas agallaimh ná cead eitice a lorg ón gCoiste Eitice Taighde in OCBÁC. Fuarthas cead eitice ar 25 Meán Fómhair 2023. Beartaíodh na hagallaimh phíolótacha a chur i gcrích roimh dheireadh na bliana 2023 agus na hagallaimh a thosú ag tús na bliana 2024. Ní raibh athbhreithniú fógra (*notification review*) i gceist toisc nach bhfuil neamhainmníocht i gceist leis na hagallaimh. Ní raibh athbhreithniú an choiste iomláin (*full committee review*) ag teastáil ach an oiread. Ba iad daoine fásta na rannpháirtithe uile, ní raibh aon duine leochaileach á chur faoi agallamh, fágadh fúthu ceist na hainmníochta, agus ní raibh ceist ar bith íogair nó sáiteach sna hagallaimh ar fad. Rinneadh iarracht cothromaíocht inscne a bheith ann i measc na rannpháirtithe. Ba de dheasca na gcúiseanna thuas gur lorgaíodh athbhreithniú brostaithe (*expedited review*).

Reáchtáladh agallaimh píolótacha idir Deireadh Fómhair 2023 agus Eanáir 2024, agus na príomhagallaimh idir Eanáir 2024 agus Samhain 2024. Caitheadh cinntiú go raibh an léitheoireacht cúlra críochnaithe sular cuireadh tús leis na hagallaimh. Laghdaigh sé seo an brú i rith an agallaimh. Bhí cinntí maidir le stóráil agus cartlannú eolais mínithe ar Bhileog Eolas an Rannpháirtí, mar aon le sonraí teagmhála an agallóra agus an stiúrthóra. Coinníodh na rannpháirtithe ar an eolas faoi fhorbairtí sa tionscadal, dá mba mhian leo cloisteáil fúthu. Soláthraítear thíos foirmeacha eitice na n-agallamh agus litir cheadú na hollscoile.

## **a. Foirmeacha Eitice Chatagóir Agallaimh 1**

### **i. Bileog Eolais an Rannpháirtí**

#### **I. Ráiteas Réamhráiteach**

- Is é teideal an taighde seo ‘Staidéar ar ról imeallach na mban i mbeathaisnéisí Gaeilge: Ról Ainm in athshlánú scéalta na mban’ (‘An Examination of the Marginalized Role of Women in Irish-Language Biographies: The Role of Ainm in the Recovery of Women’s Stories’). Is í Orlaith Hickey príomhthiaighdeoir an taighde seo. Is mac léinn PhD i bhFiontar & Scoil na Gaeilge, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath í, agus tá an taighde seo á dhéanamh mar chuid de chlár PhD 4 bliana. Is iad an Dr Úna Bhreathnach, agus an Dr Pádraig Ó Liatháin, Ollúna Cúnta, Fiontar & Scoil na Gaeilge, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, stiúrthóirí an taighde seo. Is féidir teacht ar shonraí teagmhála an phríomhthiaighdeora agus na stiúrthóirí ag deireadh na Bileoige Eolais seo.

#### **II. Cad faoi a bhfuil an taighde seo?**

- Déanann an tionscadal seo scrúdú ar ionadaíocht na mban sa bhunachar náisiúnta beathaisnéisí Gaeilge, Ainm.ie.

#### **III. Cén fáth a bhfuil an taighde seo á dhéanamh?**

- Chun scrúdú a dhéanamh ar ról na mban sa bhunachar.
- Chun cur le líon bheathaisnéisí na mban sa bhunachar.

#### **IV. Cén fáth ar seoladh cuireadh duit bheith páirteach sa taighde seo?**

- Tugadh cuireadh duit páirt a ghlacadh sa taighde seo de bharr do thaithí le nó d’eolas faoi Ainm.ie.

#### **V. Cad a tharlóidh má ghlacann tú páirt sa taighde seo?**

- Má dhéanann tú cinneadh páirt a ghlacadh sa tionscadal seo, beidh sé riachtanach agallamh a dhéanamh leis an bpríomhthiaighdeoir (PT), ina gcuirfear ceisteanna ort faoi Ainm.ie.
- D’fhéadfadh na hagallaimh seo tarlú i suíomh beo, nó fíorúil (via Zoom).
- Ní mhairfidh na hagallaimh seo níos mó ná uair an chloig.
- Le toiliú an rannpháirtí, déanfar taifeadtaí fuaime de na hagallaimh seo.
- Tarlóidh na hagallaimh idir mí Feabhra - mí an Mheithimh 2024.

#### **VI. Cén chaoi a mbainfear úsáid as do shonraí?**

- Déanfaidh an rannpháirtí/agalláí cinneadh maidir leis an méid sonraí pearsanta a bhaileofar mar chuid den tionscadal taighde seo. Tá an ceart ag na rannpháirtithe athbhreithniú a dhéanamh ar an eolas a soláthraíodh mar chuid den phróiseas agallaimh agus eolas a bhaint ag aon am roimh dheireadh an tionscadail.
- Beidh ainm an rannpháirtí sa tráchtas. Tá sé i gceist ag an PT an tráchtas a fhoilsiú ar DORAS (DCU Online Research Access Service), a bhfuil rochtain oscailte ag an bpobal air ar líne.
- Is é tréimhse choinneáil sonraí an taighde seo ná trí bliana i ndiaidh dheireadh an tionscadail.
- Tá an ceart ag an rannpháirtí gearán a thaisceadh maidir le húsáid sonraí pearsanta leis an [gCoimisiún um Chosaint Sonraí](#).
- Tá an ceart ag na rannpháirtithe rochtain a fháil ar a s(h)onraí pearsanta féin trí theagmháil a dhéanamh leis an PT nó le stiúrthóirí an taighde nó trí dhul i dteagmháil leis an Aonad um Chosaint Sonraí in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá sonraí teagmhála an PT, na stiúrthóirí, agus an Aonad um Chosaint Sonraí le fáil ag deireadh na Bileoige Eolais seo.
- Má bhaineann an PT úsáid as sonraí ar bith a bailíodh mar chuid den taighde seo i gcomhair taighde sa toadhchá, is féidir leis an rannpháirtí aon eolas atá curtha ar fáil a bhaint trí dhul i dteagmháil leis an PT.
- Is é Rialaitheoir Sonraí an taighde seo ná Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.
- Is é Oifigeach Chosaint Sonraí na hOllscoile an tUasal Martin Ward (R-phost: [data.protection@dcu.ie](mailto:data.protection@dcu.ie) Fón.: 7005118 / 7008257). Pléifidh an t-oifigeach le haon inní a eascraíonn ón taighde seo.

## **VII. Conas a chosnófar do phríobháideachas (teorainneacha dlíthiúla rúndachta san áireamh)?**

- Déanfaidh an taighdeoir a mhéid agus is féidir chun príobháideachas an rannpháirtí a chosaint.
- Baintear úsáid as ainmneacha na rannpháirtithe sa tionscadal taighde seo.
- Má léiríonn an rannpháirtí suim gan a n-ainmneacha a bheith luaite sa taighde san Fhoirm Toilithe Fheasaigh - bainfead úsáid as ainm bréige don rannpháirtí sin. Ní bheidh an t-eolas seo ach ar eolas ag an taighdeoir agus scriosfar aon taifead de seo roimh dheireadh an tionscadail.
- Is féidir leis an rannpháirtí a rogha a athrú go dtí go bhfoilseofar an tráchtas agus na beathaisnéisí.
  - Táthar ag súil leis gurb é 1 Deireadh Fómhair 2025 dáta críochnaithe an taighde PhD seo.
- D'athrófaí an cinneadh seo tríd úsáid a bhaint as na sonraí teagmhála ag deireadh na Bileoige Eolais seo.
- Tabhair faoi deara:
  - Ní féidir leis an taighdeoir cinntiú i gcásanna go mbainfí úsáid as ainm bréige, nach n-aithneodh duine den phobal cé hiad rannpháirtí an agallaimh de bharr ábhar an agallaimh.
  - Ní féidir rúndacht an eolais a dheimhniú ach laistigh de theorainneacha an dlí - i.e., d'fhéadfadh sonraí an taighde seo a bheith mar chuid de subpoena nó éileamh shaoráil faisnéise, nó faoi shainordú tuairisce mar chuid de ghairmeacha áirithe.

## **VIII. Cad iad na buntáistí a ghabhann le páirt a ghlacadh sa taighde seo?**

- Tugann an taighde seo ardán don rannpháirtí cur le stair na teanga.
- Sprioc de chuid an taighde seo deis a thabhairt do na rannpháirtithe obair fhoireann Ainm a fhógairt.
- Má dhéanann an rannpháirtí an cinneadh bheith ainmnithe sa taighde, beidh a n-ionchur go doiciméadú chúlra Ainm luaite leo.

## **IX. Cad iad na priacail a ghabhann le páirt a ghlacadh sa taighde seo?**

- Beidh ionchur an rannpháirtí nasctha lena n-ainm. Tabharfar tras-scríbhinní an agallaimh don agalláí i ndiaidh an agallaimh agus tabharfar an rogha dóibh a bhfuil ráite acu a athrú agus a rogha maidir le hainmníocht a athrú ag am ar bith den tionscadal.

## **X. An féidir leat d'intinn a athrú agus tarraingt siar ón taighde?**

- Is féidir leis an rannpháirtí tarraingt siar ón taighde ag am ar bith den phróiseas taighde.
- Is féidir ionchur an rannpháirtí don taighde a bhaint ag am ar bith go dtí go bhfoilseofar an tráchtas.
- Ba cheart úsáid a bhaint as na sonraí teagmhála atá sonraithe ag bun na Bileoige Eolais seo chun toiliú a bhaint.

## **XI. Conas a choinneofaí ar d'eolas tú faoina dtarlaíonn leis an tionscadal?**

- Más mian leis an rannpháirtí an t-eolas is déanaí a fháil faoi thodhchaí an tionscadail, coinneoidh an taighdeoir ar an eolas iad faoi gach céim den taighde go dtí deireadh an tionscadail, ag baint úsáid as na sonraí teagmhála a sholáthraíonn an rannpháirtí.

## **XII. Sonraí teagmhála le haghaidh níos mó eolais:**

**Orlaith Hickey** (Mac Léinn PhD)

R-phost: [orlaith.hickey5@mail.dcu.ie](mailto:orlaith.hickey5@mail.dcu.ie)

**Dr Úna Bhreathnach** (Stiúrthóir PhD)

R-phost: [una.bhreathnach@dcu.ie](mailto:una.bhreathnach@dcu.ie)

**Dr Pádraig Ó Liatháin** (Stiúrthóir PhD)

R-phost: [padraig.oliathain@dcu.ie](mailto:padraig.oliathain@dcu.ie)

Má tá buarthaí ag rannpháirtithe faoin taighde seo, agus má theastaíonn uathu dul i dteagmháil le duine seachtrach, déan teagmháil le:

The Secretary,

Dublin City University Research Ethics Committee,

c/o Research and Innovation Support,

Dublin City University, Dublin 9.

Fón: 01-7008000,

R-phost: [rec@dcu.ie](mailto:rec@dcu.ie)

## **Participant Information Sheet**

### **I. Introductory Statement**

- This research project is entitled ‘Staidéar ar ról imeallach na mban i mbeathaisnéisí Gaeilge: Ról Ainm in athshlánú scéalta na mban’ (‘An Examination of the Marginalized Role of Women in Irish-Language Biographies: The Role of Ainm in the Recovery of Women’s Stories’). The Principal Investigator is Orlaith Hickey, a PhD student in Fiontar & Scoil na Gaeilge, Dublin City University and this research is being undertaken as part of a 4-year PhD programme. The PhD supervisors are Dr Úna Bhreathnach and Dr Pádraig Ó Liatháin, Assistant Professors, Fiontar & Scoil na Gaeilge, Dublin City University. Contact details for the researcher and the PhD supervisors can be found at the end of the Participant Information Sheet.

### **II. What is this research about?**

- This project examines the representation of women in the database of Irish-language biographies, Ainm.

### **III. Why is this research being conducted?**

- To examine the role of women in the database.
- To add to the number of biographies of women in the database.

### **IV. Why have you been invited to take part?**

- You have been invited to participate in this project due to your experience with or knowledge about Ainm.ie.

### **V. What will happen if you decide to take part in this research study?**

- If you decide to participate in this project, you will be invited to complete an interview with the PI, in which you will be asked about Ainm.ie.
- This interview can take place either face-to-face, or via Zoom.
- These interviews will not last longer than 1 hour.
- With the consent of the participant these interviews will be audio-recorded.
- These interviews will take place between February - June 2024.

### **VI. How will your data be used?**

- The extent of the personal data collected as part of this research will be decided by the participant/interviewee who has the right to review all data supplied in the interview process and remove their input at any stage of the research project.
- The participant’s name will be present in the thesis. It is intended to publish the thesis on DORAS DCU Online Research Access Service which is open access.
- The data retention period for this research is three years from the end of the project.
- The participant has the right to lodge a complaint concerning the use of personal data with the [Irish Data Protection Commission](#).
- Participants have the right to access their own personal data by contacting the researcher or the supervisors whose contact details are supplied at the end of this Information Sheet or alternatively by contacting the Data Protection Unit in Dublin City University.
- If any data gathered as part of this research is to be used for future research by the PI, any information supplied by the participant may be removed from the research at the request of the participant.
- The Data Controller of this research data is Dublin City University (DCU).
- The DCU Data Protection Officer is Mr. Martin Ward ([data.protection@dcu.ie](mailto:data.protection@dcu.ie) Ph.: 7005118 / 7008257) who will handle any data protection concerns arising from the research.

### **VII. How will your privacy be protected (including any legal limits to confidentiality)?**

- The privacy of the participant will be protected to the utmost of the ability of the researcher.

- Participants will be named in this research study.
- If the participant outlines their wish not to be named in the Informed Consent Form- a pseudonym will be used for this participant. This information will only be known to the researcher and any documentation of this will be destroyed come the end of the research project.
- The participant may alter which choice they make until the publication of the thesis and the biographies.
- The current expected finish date of this PhD research project is 1<sup>st</sup> October 2025.
- This change can be made using the contact information provided at the end of the Participant Information Sheet.
- Please note:
  - the researcher cannot guarantee in the case of the use of a pseudonym the identity of the interviewee won't be known by a member of the public due to the subject of the interview.
  - confidentiality of information can only be protected within the limitations of the law - i.e., it is possible for data to be subject to subpoena, freedom of information claim or mandated reporting by some professions.

**VIII. What are the benefits of taking part in this research study?**

- This research provides a platform to the participant to contribute to the language record.
- It is intended that this study will give participants the opportunity to advertise the work of the Ainm team.
- If the participant in the interview chooses to be named, their contribution to the documentation of the background of Ainm will be attributed to them.

**IX. What are the risks of taking part in this study?**

- The contribution of the participant to the research will be linked to their name. They will be provided with a transcript of the interview after the interview has taken place and will be allowed to remove participation, change their input, and change their choice regarding naming at any stage of this research project.

**X. Can you change your mind at any stage and withdraw from this study?**

- Participants may withdraw from this study at any stage of the research process.
- The participants' input to the research may be withdrawn at any stage up until publication of the thesis.
- Please refer to the contact details provided at the end of the Participant Information Sheet to withdraw consent.

**XI. How will you find out what happens with this project?**

- If the participant wishes to be updated as to the future of this research project, the researcher will update them as to each step of the project until its expected completion, via the contact details provided by the participant.

**XII. Contact details for further information:**

**Orlaith Hickey** (PhD Student)

E-mail: orlaith.hickey5@mail.dcu.ie

**Dr Úna Bhreathnach** (PhD Supervisor)

E-mail : una.bhreathnach@dcu.ie

**Dr Pádraig Ó Liatháin** (PhD Supervisor)

E-mail: padraig.oliathain@dcu.ie

If participants have concerns about this study and wish to contact an independent person, please contact:

The Secretary,

Dublin City University Research Ethics Committee,

c/o Research and Innovation Support,

Dublin City University, Dublin 9.

Tel 01-7008000,

e-mail rec@dcu.ie

## ii. **Foirm Toilithe Fheasaigh**

### **I. Teideal an taighde**

Is é teideal an taighde seo ‘Staidéar ar ról imeallach na mban i mbeathaisnéisí Gaeilge: Ról Ainm in athshlánú scéalta na mban’ (‘An Examination of the Marginalized Role of Women in Irish-Language Biographies: The Role of Ainm in the Recovery of Women’s Stories’). Is í Orlaith Hickey príomhthaighdeoir an taighde seo. Is mac léinn PhD i bhFiontar & Scoil na Gaeilge, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath í, agus tá an taighde seo á dhéanamh mar chuid de chlár PhD 4 bliana. Is iad an Dr Úna Bhreathnach agus an Dr Pádraig Ó Liatháin, Ollúna Cúnta, Fiontar & Scoil na Gaeilge, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, stiúthóirí an taighde seo.

### **II. Cuspóir an taighde**

Cuspóir an taighde seo scrúdú a dhéanamh ar ról na mban sa bhunachar náisiúnta beathaisnéisí Gaeilge, Ainm.ie, agus chun cur le líon beathaisnéisí na mban sa bhunachar. Tá seans go mbaileofar sonraí pearsanta mar chuid den taighde seo, agus is é Rialaitheoir Sonraí an taighde seo Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Bailítear na sonraí chun cur leis an eolas ar chúlra Ainm mar chuid den tionscadal taighde seo.

### **III. Daingniú riachtanas ar leith mar a léirítear i mBileog Eolas an Rannpháirtí**

Iarrtar ar rannpháirtithe an taighde seo agallamh a dhéanamh leis an taighdeoir, ina cheann beo nó fíorúil (ar Zoom). Iarrfaidh an taighdeoir cead ar an rannpháirtí fuaim an agallaimh a thairfeadh. Fágfar an cinneadh maidir le hainmniú an rannpháirtí sa taighde seo faoin rannpháirtí iad féin, mar atá le feiceáil i mBileog Eolas an Rannpháirtí.

#### Críochnaigh an mhír seo a leanas le do thoil (Cuir ciorcal timpeall Fíor nó Bréagach do gach ráiteas)

*Léigh mé Bileog Eolais an Rannpháirtí (Nó léadh dom é)*

*Fíor/Bréagach*

*Tuigim an t-eolas a soláthraíodh*

*Fíor/Bréagach*

*Bhí an deis agam ceisteanna a chur agus an taighde a phlé*

*Fíor/Bréagach*

*Fuair mé freagraí sásúla ar mo cheisteanna ar fad*

*Fíor/Bréagach*

*Tá a fhios agam go mbeidh fuaim an agallaimh á tairfeadh*

*Fíor/Bréagach*

Tá rannpháirtíocht sa tionscadal taighde seo déanta go toildeonach. Is féidir leis an rannpháirtí a dtoiliú a bhaint gan iarmhairt ag am ar bith roimh dheireadh an taighde.

### **IV. Socruithe chun rúndacht sonraí a chosaint.**

Baintear úsáid as ainmneacha na rannpháirtithe sa taighde seo. Is féidir le rannpháirtithe an taighde an cinneadh maidir le hainmniú a athrú ag am ar bith roimh dheireadh an taighde trí dhul i dteagmháil leis an taighdeoir. Tá rúndacht eolais an taighde seo ag brath ar theorainneacha dlíthiúla. Coinneofar nótaí, tras-scribhinní, agus taifeadtaí ó na hagallaimh agus ní bheidh rochtain ach ag an bpríomhthaighdeoir orthu.

### **V. Daingniú socruithe maidir le cartlannú/scríosadh sonraí.**

Tá sé beartaithe an tráchtas seo a fhoilsiú ar DORAS, DCU Online Research Access Service a bhfuil rochtain oscailte ag an bpobal air ar líne. Beidh ainm an rannpháirtí sa tráchtas, agus is féidir an t-ainm a bhaint den tráchtas trí theagmháil a dhéanamh leis an bpríomhthaighdeoir roimh dheireadh an taighde. Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an taighdeoir ag baint úsáid as na sonraí atá ar fáil i mBileog Eolas an Rannpháirtí. Scríosfar eolas eile, mar shampla foirmeacha toilithe feasacha, taifeadtaí fuaim, agus tras-scribhinní na n-agallamh laistigh de thrí bliana i ndiaidh deireadh an taighde. Táthar ag súil leis gurb é 1 Deireadh Fómhair 2025 dáta críochnaithe an taighde PhD seo.

### **VI. Síniú:**

Léigh mé agus thuig mé an t-eolas ar fad san fhoirm seo. D’fhreagair an taighdeoir mo cheisteanna agus ábhair inní, agus tá cóip agam den Fhoirm Toilithe seo. Dá bhrí sin, táimse sásta páirt a ghlacadh sa tionscadal taighde seo.

**Síniú an Rannpháirtí:**  
**Ainm i mBloclitreacha:**  
**Fínné:**  
**Dáta:**

## **Informed Consent Form**

### **I. Research Study Title**

This research project is entitled ‘Staidéar ar ról imeallach na mban i mbeathaisnéisí Gaeilge: Ról Ainm in athshlánú scéalta na mban’ (‘An Examination of the Marginalized Role of Women in Irish-Language Biographies: The Role of Ainm in the Recovery of Women’s Stories’). The Principal Investigator is Orlaith Hickey, a PhD student in Fiontar & Scoil na Gaeilge, Dublin City University and this research is being undertaken as part of a 4-year PhD programme. The PhD supervisors are Dr Úna Bhreathnach and Dr Pádraig Ó Liatháin, Assistant Professors, Fiontar & Scoil na Gaeilge, Dublin City University.

### **II. Purpose of the research**

The purpose of this research is to investigate the role of women in the database of Irish-language biographies, Ainm.ie, and to add to the number of biographies of women in this database. This research may collect and process personal data and the data controller for this project is Dublin City University. The data provided is collected to add to the information provided on Ainm’s background as part of this research project.

### **III. Confirmation of particular requirements as highlighted in the Participant Information Sheet**

Participants in this research will be requested to participate in a face-to-face interview, or an interview over Zoom, which the researcher will request to audio-record. It is the decision of the interviewee to be named in this research or not, as outlined in the Participant Information Sheet.

#### **Participant – please complete the following (Circle Yes or No for each question)**

|   |               |
|---|---------------|
| <i>I have read the Participant Information Sheet (or had it read to me)</i> | <i>Yes/No</i> |
| <i>I understand the information provided</i>                                | <i>Yes/No</i> |
| <i>I have had an opportunity to ask questions and discuss this study</i>    | <i>Yes/No</i> |
| <i>I have received satisfactory answers to all my questions</i>             | <i>Yes/No</i> |
| <i>I am aware that my interview will be audiotaped</i>                      | <i>Yes/No</i> |
| <i>I agree to have my name mentioned in this research study</i>             | <i>Yes/No</i> |

Participation in this research project is completely voluntary. The participant may withdraw their consent without penalty at any stage before the completion of the research project.

### **IV. Arrangements to protect confidentiality of data.**

Participants will be named as part of this research. This may be changed at any point of this research by contacting the researcher. The confidentiality of information provided during this project is subject to legal limitations. Interview notes, transcripts, and recording will be stored and available only to the researcher of this research project.

### **V. Confirmation of arrangements regarding archiving/destruction of data**

The thesis is intended to be published on DORAS, DCU Online Research Access Service which is open access. The participants name will be in this thesis, and may be removed if the participant wishes by contacting the researcher via the contact details provided on the Participant Information Sheet before research completion. Other data collected as part of the research, including electronic consent forms, audio-recordings and transcripts of the interviews will be destroyed within three years of project completion. The current expected finish date for this project is 1st October 2025.

### **VI. Signature:**

I have read and understood the information in this form. My questions and concerns have been answered by the researcher, and I have a copy of this consent form. Therefore, I consent to take part in this research project.

**Participant’s Signature:**

**Name in Block Capitals:**

**Witness:**

**Date:**

## **b. Foirmeacha Eitice Chatagóir Agallaimh 2**

### **i. Bileog Eolais an Rannpháirtí**

#### **I. Ráiteas Réamhráiteach**

- Is é teideal an taighde seo ‘Staidéar ar ról imeallach na mban i mbeathaisnéisí Gaeilge: Ról Ainm in athshlánú scéalta na mban’ (‘An Examination of the Marginalized Role of Women in Irish-Language Biographies: The Role of Ainm in the Recovery of Women’s Stories’). Is í Orlaith Hickey príomhthaighdeoir an taighde seo. Is mac léinn PhD i bhFiontar & Scoil na Gaeilge, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath í, agus tá an taighde seo á dhéanamh mar chuid de chlár PhD 4 bliana. Is iad an Dr Úna Bhreathnach agus an Dr Pádraig Ó Liatháin, Ollúna Cúnta, Fiontar & Scoil na Gaeilge, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, stiúrthóirí an taighde seo. Is féidir teacht ar shonraí teagmhála an príomhthaighdeora agus na stiúrthóirí ag deireadh na Bileoige Eolais seo.

#### **II. Cad faoi a bhfuil an taighde seo?**

- Déanann an tionscadal seo scrúdú ar ionadaíocht na mban sa bhunachar náisiúnta beathaisnéisí Gaeilge, Ainm.ie.

#### **III. Cén fáth a bhfuil an taighde seo á dhéanamh?**

- Chun scrúdú a dhéanamh ar ról na mban sa bhunachar.
- Chun cur le líon bheathaisnéisí na mban sa bhunachar.

#### **IV. Cén fáth ar seoladh cuireadh duit bheith páirteach sa taighde seo?**

- Tugadh cuireadh duit páirt a ghlacadh sa taighde seo de bharr an eolais atá agat faoi ábhar beathaisnéise atá mar chuid den tionscadal taighde seo.

#### **V. Céard a tharlóidh má ghlacann tú páirt sa taighde seo?**

- Má dhéanann tú cinneadh páirt a ghlacadh sa tionscadal seo, beidh sé riachtanach agallamh a dhéanamh leis an bpríomhthaighdeoir (PT), ina gcuirfear ceisteanna ort faoi ábhar beathaisnéisí ar leith.
- D’fhéadfadh na hagallaimh seo tarlú i suíomh beo, nó fíorúil (via Zoom).
- Ní mhairfidh na hagallaimh seo níos mó ná uair an chloig.
- Le toiliú an rannpháirtí, déanfar taifeadtaí fuaime de na hagallaimh seo.
- Tarlóidh na hagallaimh idir mí Feabhra - mí an Mheithimh 2024.

#### **VI. Cén chaoi a mbainfear úsáid as do shonraí?**

- Déanfaidh an rannpháirtí/agalláí cinneadh maidir leis an méid sonraí pearsanta a bhaileofar mar chuid den tionscadal taighde seo. Tá an ceart ag na rannpháirtithe athbhreithniú a dhéanamh ar an eolas a soláthraíodh mar chuid den phróiseas agallaimh agus eolas a bhaint ag aon am roimh dheireadh an tionscadail.
- Beidh ainm an rannpháirtí sa bheathaisnéis agus sa tráchtas. Tá sé i gceist ag an PT an bheathaisnéis a fhoilsiú in Ainm agus an tráchtas a fhoilsiú ar DORAS (DCU Online Research Access Service), a bhfuil rochtain oscailte ag an bpobal orthu ar líne.
- Is é tréimhse choinneáil sonraí an taighde seo ná trí bliana i ndiaidh dheireadh an tionscadail.
- Tá an ceart ag an rannpháirtí gearán a thaisceadh maidir le húsáid sonraí pearsanta leis an [gCoimisiún um Chosaint Sonraí](#).
- Tá an ceart ag na rannpháirtithe rochtain a fháil ar a s(h)onraí pearsanta féin trí theagmháil a dhéanamh leis an PT nó le stiúrthóirí an taighde nó trí dhul i dteagmháil leis an Aonad um Chosaint Sonraí in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá sonraí teagmhála an PT, na stiúrthóirí, agus an Aonaid um Chosaint Sonraí le fáil ag deireadh na Bileoige Eolais seo.
- Má bhaineann an PT úsáid as sonraí ar bith a bailíodh mar chuid den taighde seo i gcomhair taighde sa todhchaí, is féidir leis an rannpháirtí aon eolas atá curtha ar fáil a bhaint trí dul i dteagmháil leis an PT.
- Is é Rialaitheoir Sonraí an taighde seo ná Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU).

- Is é Oifigeach Chosaint Sonraí na hOllscoile an tUasal Martin Ward (R-phost: [data.protection@dcu.ie](mailto:data.protection@dcu.ie) Fón.: 7005118 / 7008257). Pléifidh an t-oifigeach le haon imní a eascraíonn ón taighde seo.

#### **VII. Conas a chosnófar do phríobháideachas (teorainneacha dlíthiúla rúndachta san áireamh)?**

- Déanfaidh an taighdeoir a mhéid agus is féidir chun príobháideachas an rannpháirtí a chosaint.
- Baintear úsáid as ainmneacha na rannpháirtithe sa tionscadal taighde seo.
- Má léiríonn an rannpháirtí suim gan a n-ainmneacha a bheith luaite sa taighde san Fhoirm Toilithe Fheasaigh - bainfead úsáid as ainm bréige don rannpháirtí sin. Ní bheidh an t-eolas seo ach ar eolas ag an taighdeoir agus scriosfar aon taifead de seo roimh dheireadh an tionscadail.
- Is féidir leis an rannpháirtí a rogha a athrú go dtí go bhfoilseofar an tráchtas agus na beathaisnéisí.
  - o Táthar ag súil leis gurb é 1 Deireadh Fómhair 2025 dáta críochnaithe an taighde PhD seo.
- D'athrófaí an cinneadh seo tríd úsáid a bhaint as na sonraí teagmhála ag deireadh na Bileoige Eolais seo.
- Tabhair faoi deara:
  - o Ní féidir leis an taighdeoir cinntiú i gcásanna go mbainfí úsáid as ainm bréige, nach n-aithneodh duine den phobal cé hiad rannpháirtí an agallaimh toisc ábhar an agallaimh.
  - o Ní féidir rúndacht an eolais a dheimhniú ach laistigh de theorainneacha an dlí - i.e., d'fhéadfadh sonraí an taighde seo a bheith mar chuid de subpoena nó éileamh shaoráil faisnéise, nó faoi shainordú tuairisce mar chuid de ghairmeacha áirithe.

#### **VIII. Cad iad na buntáistí a ghabhann le páirt a ghlacadh sa taighde seo?**

- Tugann an taighde seo ardán don rannpháirtí cur le stair na teanga trí na beathaisnéisí a dhéanann taifead de scéalta mhná imeallaithe.
- Má dhéanann an rannpháirtí an cinneadh bheith ainmnithe sa taighde, beidh a n-ionchur go na beathaisnéisí nó go dtí doiciméadú chúlra Ainm luaite leo.

#### **IX. Cad iad na priacail a ghabhann le páirt a bhaint sa taighde seo?**

- Beidh ionchur an rannpháirtí nasctha lena n-ainm. Tabharfar tras-scríbhinní an agallaimh don agallá i ndiaidh an agallaimh agus tabharfar an rogha dóibh a bhfuil ráite acu a athrú agus a rogha maidir le hainmníocht a athrú ag am ar bith den tionscadal.

#### **X. An féidir leat d'intinn a athrú agus tarraingt siar ón taighde?**

- Is féidir leis an rannpháirtí tarraingt siar ón taighde ag aon am den phróiseas taighde.
- Is féidir ionchur an rannpháirtí don taighde a bhaint ag aon am go dtí go foilseofar an tráchtas.
- Ba cheart úsáid a bhaint as na sonraí teagmhála atá sonraithe ag bun na Bileoige Eolais seo bhith toiliú a bhaint.

#### **XI. Conas a choinneofa ar d'eolas faoina dtarlaíonn leis an tionscadal?**

- Más mian leis an rannpháirtí an t-eolas is déanaí a fháil faoi thodhchaí an tionscadail, coinneoidh an taighdeoir ar an eolas iad faoi gach céim don taighde go dtí deireadh an tionscadail, ag baint úsáid as na sonraí teagmhála a sholáthraíonn an rannpháirtí.

#### **XII. Sonraí teagmhála le haghaidh níos mó eolais:**

**Orlaith Hickey** (Mac Léinn PhD)

R-phost: [orlaith.hickey5@mail.dcu.ie](mailto:orlaith.hickey5@mail.dcu.ie)

**Dr Úna Bhreathnach** (Stiúrthóir PhD)

R-phost: [una.bhreathnach@dcu.ie](mailto:una.bhreathnach@dcu.ie)

**Dr Pádraig Ó Liatháin** (Stiúrthóir PhD)

R-phost: [padraig.oliathain@dcu.ie](mailto:padraig.oliathain@dcu.ie)

Má tá buarthaí ag rannpháirtithe faoin taighde seo, agus má theastaíonn uathu dul i dteagmháil le duine seachtrach, déan teagmháil le:

The Secretary,  
Dublin City University Research Ethics Committee,  
c/o Research and Innovation Support,  
Dublin City University, Dublin 9.  
Fón: 01-7008000,  
R-phost: [rec@dcu.ie](mailto:rec@dcu.ie)

## Participant Information Sheet

### **I. Introductory Statement**

- This research project is entitled ‘Staidéar ar ról imeallach na mban i mbeathaisnéisí Gaeilge: Ról Ainm in athshlánú scéalta na mban’ (‘An Examination of the Marginalized Role of Women in Irish-Language Biographies: The Role of Ainm in the Recovery of Women’s Stories.’). The Principal Investigator is Orlaith Hickey, a PhD student in Fiontar & Scoil na Gaeilge, Dublin City University and this research is being undertaken as part of a 4-year PhD programme. The PhD supervisors are Dr Úna Bhreathnach and Dr Pádraig Ó Liatháin, Assistant Professors, Fiontar & Scoil na Gaeilge, Dublin City University. Contact details for the researcher and the PhD supervisors can be found at the end of the Participant Information Sheet.

### **II. What is this research about?**

- This project examines the representation of women in the database of Irish-language biographies, Ainm.

### **III. Why is this research being conducted?**

- To examine the role of women in the database.
- To add to the number of biographies of women in the database.

### **IV. Why have you been invited to take part?**

- You have been invited to participate in this project due to your knowledge about a biographical subject in this research project.

### **V. What will happen if you decide to take part in this research study?**

- If you decide to participate in this project, you will be invited to complete an interview with the researcher in which you will be asked about the subject of the biography relevant to you.
- This interview can take place either face-to-face, or via Zoom.
- These interviews will not last longer than 1 hour.
- With the consent of the participant these interviews will be audio-recorded.
- These interviews will take place between February - June 2024.

### **VI. How will your data be used?**

- The extent of the personal data collected as part of this research will be decided by the participant/interviewee who has the right to review all data supplied in the interview process and remove their input at any stage of the research project.
- The participant’s name will be present in the biography which is to be published in the thesis and on the database Ainm.ie both of which will be open access. Biographies on the Ainm database can be edited, and the participant may contact the researcher of this investigation to remove/alter information provided at any stage. It is intended to publish the thesis on DORAS DCU Online Research Access Service.
- The data retention period for this research is three years from the end of the project.
- The participant has the right to lodge a complaint concerning the use of personal data with the [Irish Data Protection Commission](#).
- Participants have the right to access their own personal data by contacting the researcher or the supervisors whose contact details are supplied at the end of this Information Sheet or alternatively by contacting the Data Protection Unit in Dublin City University.
- It is intended that the biographies written as part of this research may be used for future research by the PI, any information supplied by the participant may be removed from the research at the request of the participant.
- The Data Controller of this research data is Dublin City University (DCU).
- The DCU Data Protection Officer is Mr. Martin Ward ([data.protection@dcu.ie](mailto:data.protection@dcu.ie) Ph.: 7005118 / 7008257) who will handle any data protection concerns arising from the research.

## **VII. How will your privacy be protected (including any legal limits to confidentiality)?**

- The privacy of the participant will be protected to the utmost of the ability of the researcher.
- Participants will be named in this research study.
- If the participant outlines their wish not to be named in the Informed Consent Form- a pseudonym will be used for this participant. This information will only be known to the researcher and any documentation of this will be destroyed come the end of the research project.
- The participant may alter which choice they make until the publication of the thesis and the biographies.
- The current expected finish date of this PhD research project is 1<sup>st</sup> October 2025.
- This change can be made using the contact information provided at the end of the Participant Information Sheet.
- Please note:
  - the researcher cannot guarantee in the case of the use of a pseudonym the identity of the interviewee won't be known by a member of the public due to the subject of the interview.
  - confidentiality of information can only be protected within the limitations of the law - i.e., it is possible for data to be subject to subpoena, freedom of information claim or mandated reporting by some professions.

## **VIII. What are the benefits of taking part in this research study?**

- This research provides a platform to the participant to contribute to the language record with the biographies which aim to instate the life-stories of marginalised women into the language record.
- If the participant in the interview chooses to be named, their contribution to the biographies or to the background of Ainm will be attributed to them.

## **IX. What are the risks of taking part in this study?**

- The contribution of the participant to the research will be linked to their name. They will be provided with a transcript of the interview after the interview has taken place and will be allowed to remove participation, change their input, and change their choice regarding naming at any stage of this research project.

## **X. Can you change your mind at any stage and withdraw from this study?**

- Participants may withdraw from this study at any stage of the research project.
- The participants' input to the research may be withdrawn at any stage up until publication of the thesis and the biographies.
- Please refer to the contact details provided at the end of the Participant Information Sheet to withdraw consent.

## **XI. How will you find out what happens with this project?**

- If the participant wishes to be updated as to the future of this research project, the researcher will update them as to each step of the project until its expected completion via the contact details provided by the participant.

## **XII. Contact details for further information:**

**Orlaith Hickey** (PhD Student)

E-mail: orlaith.hickey5@mail.dcu.ie

**Dr Úna Bhreathnach** (PhD Supervisor)

E-mail : una.bhreathnach@dcu.ie

**Dr Pádraig Ó Liatháin** (PhD Supervisor)

E-mail: padraig.oliathain@dcu.ie

If participants have concerns about this study and wish to contact an independent person, please contact:

The Secretary,

Dublin City University Research Ethics Committee,

c/o Research and Innovation Support,

Dublin City University, Dublin 9.

Tel 01-7008000,

e-mail rec@dcu.ie

## ii. **Foirm Toilithe Fheasaigh**

### **I. Teideal an taighde**

Is é teideal an taighde seo ‘Staidéar ar ról imeallach na mban i mbeathaisnéisí Gaeilge: Ról Ainm in athshlánú scéalta na mban’ (‘An Examination of the Marginalized Role of Women in Irish-Language Biographies: The Role of Ainm in the Recovery of Women’s Stories’). Is í Orlaith Hickey príomhthaighdeoir an taighde seo. Is mac léinn PhD i bhFiontar & Scoil na Gaeilge, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath í, agus tá an taighde seo á dhéanamh mar chuid de chlár PhD 4 bliana. Is iad an Dr Úna Bhreathnach agus an Dr Pádraig Ó Liatháin, Ollúna Cúnta, Fiontar & Scoil na Gaeilge, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, stiúthóirí an taighde seo.

### **II. Cuspóir an taighde**

Cuspóir an taighde seo scrúdú a dhéanamh ar ról na mban sa bhunachar náisiúnta beathaisnéisí Gaeilge, Ainm.ie, agus chun cur le líon beathaisnéisí na mban sa bhunachar. Tá seans go mbaileofar sonraí pearsanta mar chuid den taighde seo, agus is é Rialaitheoir Sonraí an taighde seo Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Bailítear na sonraí chun cur leis na beathaisnéisí a scríobhtar suas mar chuid den tionscadal taighde seo.

### **III. Daingniú riachtanas ar leith mar a léirítear i mBileog Eolas an Rannpháirtí**

Iarrtar ar rannpháirtithe an taighde seo agallamh a dhéanamh leis an taighdeoir, ina cheann beo nó fíorúil (ar Zoom). Iarrfaidh an taighdeoir cead ar an rannpháirtí fuaim an agallaimh a thaifeadadh. Fághtar an cinneadh maidir le hainmniú an rannpháirtí sa taighde seo faoin rannpháirtí iad féin, mar atá le feiceáil i mBileog Eolas an Rannpháirtí.

#### Críochnaigh an mhír seo a leanas le do thoil (Cuir ciorcal timpeall Fíor nó Bréagach do gach ráiteas)

*Léigh mé Bileog Eolais an Rannpháirtí (Nó léadh dom é)*

*Fíor/Bréagach*

*Tuigim an t-eolas a soláthraíodh*

*Fíor/Bréagach*

*Bhí an deis agam ceisteanna a chur agus an taighde a phlé*

*Fíor/Bréagach*

*Fuair mé freagraí sásúla ar mo cheisteanna ar fad*

*Fíor/Bréagach*

*Tá a fhios agam go mbeidh fuaim an agallaimh á taifeadadh*

*Fíor/Bréagach*

Tá rannpháirtíocht sa tionscadal taighde seo déanta go toildeonach. Is féidir leis an rannpháirtí a dtoiliú a bhaint gan iarmhairt ag aon phointe roimh dheireadh an taighde.

### **IV. Socruithe chun rúndacht sonraí a chosaint.**

Baintear úsáid as ainmneacha na rannpháirtithe sa taighde seo. Is féidir le rannpháirtithe an taighde an cinneadh maidir le hainmniú a athrú ag am ar bith roimh dheireadh an taighde trí dul i dteagmháil leis an taighdeoir. Tá rúndacht eolais an taighde seo ag brath ar theorainneacha dlíthiúla. Coinneofar nótaí, tras-scribhinní, agus taifeadtaí ó na hagallaimh agus ní bheidh rochtain ach ag an bpríomhthaighdeoir orthu.

### **V. Daingniú socruithe maidir le cartlannú/scríosadh sonraí.**

Cuirfear na beathaisnéisí a scríobhtar mar chuid den tionscadal taighde seo i mbunachar Ainm, le cead bhord eagarthóireachta Ainm agus beidh siad mar chuid de thráchtas an taighde chomh maith. Tá sé beartaithe an tráchtas seo a fhoilsiú ar DORAS, DCU Online Research Access Service. Tá rochtain oscailte ag an bpobal ar DORAS agus ar Ainm ar líne. Beidh ainm an rannpháirtí sa beathaisnéis agus sa tráchtas, agus is féidir an t-ainm a bhaint trí theagmháil a dhéanamh leis an bpríomhthaighdeoir roimh dheireadh an taighde. Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an taighdeoir ag baint úsáid as na sonraí atá ar fáil i mBileog Eolas an Rannpháirtí. Scríosfar eolas eile, mar shampla foirmeacha toilithe feasacha, taifeadtaí fuaim, agus tras-scribhinní na n-agallamh laistigh de thrí bliana i ndiaidh deireadh an taighde. Táthar ag súil leis gurb é 1 Deireadh Fómhair 2025 dáta críochnaithe an taighde PhD seo.

### **VI. Daingniú socruithe maidir le cartlannú/scríosadh sonraí.**

Tá seans go mbainfear úsáid as an eolas a chuireann an rannpháirtí ar fáil le haghaidh taighde eile a mbaineann úsáid as na beathaisnéisí scríofa mar chuid den taighde seo sa todhchaí, le cead an rannpháirtí.

## **VII. Síniú:**

Léigh mé agus thuig mé an t-eolas ar fad san fhoirm seo. D'fhreagair an taighdeoir mo cheisteanna agus ábhair inní, agus tá cóip agam den Fhoirm Thoilithe seo. Dá bhrí sin, táimse sásta páirt a ghlacadh sa tionscadal taighde seo.

**Síniú an Rannpháirtí:**

**Ainm i mBloclitreacha:**

**Finné:**

**Dáta:**

## Informed Consent Form

### **I. Research Study Title**

This research project is entitled ‘Staidéar ar ról imeallach na mban i mbeathaisnéisí Gaeilge: Ról Ainm in athshlánú scéalta na mban’ (‘An Examination of the Marginalized Role of Women in Irish-Language Biographies: The Role of Ainm in the Recovery of Women’s Stories.’). The Principal Investigator is Orlaith Hickey, a PhD student in Fiontar & Scoil na Gaeilge, Dublin City University and this research is being undertaken as part of a 4-year PhD programme. The PhD supervisors are Dr Úna Bhreathnach and Dr Pádraig Ó Liatháin, Assistant Professors, Fiontar & Scoil na Gaeilge, Dublin City University.

### **II. Purpose of the research**

The purpose of this research is to investigate the role of women in the database of Irish-language biographies, Ainm.ie, and to add to the number of biographies of women in this database. This research may collect and process personal data and the data controller for this project is Dublin City University. The data provided is collected to add to the biographical entries drawn up as part of this research project.

### **III. Confirmation of particular requirements as highlighted in the Participant Information Sheet**

Participants in this research will be requested to participate in a face-to-face interview, or an interview over Zoom, which the researcher will request to audio-record. It is the decision of the interviewee to be named in this research or not, as outlined in the Participant Information Sheet.

#### Participant – please complete the following (Circle Yes or No for each question)

|   |               |
|---|---------------|
| <i>I have read the Participant Information Sheet (or had it read to me)</i> | <i>Yes/No</i> |
| <i>I understand the information provided</i>                                | <i>Yes/No</i> |
| <i>I have had an opportunity to ask questions and discuss this study</i>    | <i>Yes/No</i> |
| <i>I have received satisfactory answers to all my questions</i>             | <i>Yes/No</i> |
| <i>I am aware that my interview will be audiotaped</i>                      | <i>Yes/No</i> |
| <i>I agree to have my name mentioned in this research study</i>             | <i>Yes/No</i> |

Participation in this research project is completely voluntary. The participant may withdraw their consent without penalty before the completion of the research project.

### **IV. Arrangements to protect confidentiality of data.**

Participants will be named as part of this research. This may be changed at any point of this research by contacting the researcher. The confidentiality of information provided during this project is subject to legal limitations. Interview notes, transcripts, and recording will be stored and available only to the researcher of this research project.

### **V. Confirmation of arrangements regarding archiving/destruction of data**

Biographies will be uploaded onto the Ainm database, with the permission of the Ainm editorial board and will be a part of the thesis which is intended to be published on DORAS DCU Online Research Access Service, both of which are open access. The participants name will be in this biography and thesis, and may be removed if the participant wishes by contacting the researcher via the contact details provided on the Participant Information Sheet before research completion. Other data collected as part of the research, including electronic consent forms, audio-recordings and transcripts of the interviews will be destroyed within three years of project completion. The current expected finish date for this project is 1st October 2025.

### **VI. Confirmations relating to any other relevant information as indicated in the Participant Information Sheet**

The information provided by the participant may be used for future studies which use the biographies written during this research, with the consent of the participant.

**VII. Signature:**

I have read and understood the information in this form. My questions and concerns have been answered by the researcher, and I have a copy of this consent form. Therefore, I consent to take part in this research project.

**Participant's Signature:**

**Name in Block Capitals:**

**Witness:**

**Date:**

## c. Litir Cheadú Eitice

Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath  
Dublin City University



Dr Úna Bhreathnach  
Fiontar & Scoil na Gaeilge 25<sup>th</sup> September 2023

**REC Reference:** DCUREC/2023/197 (Expedited Review)

**Proposal Title:** 'Staidéar ar ról imeallach na mban i mbeathaisnéisí Gaeilge: Ról Ainm in athshlánú scéalta na mban' ('An Examination of the Marginalized Role of Women in Irish-Language Biographies: The Role of Ainm in the Recovery of Women's Stories').

**Applicant(s):** Dr Úna Bhreathnach, Dr Pádraig Ó Liatháin, Ms Orlaith Hickey

Dear Colleague(s),

Thank you for your application to DCU Research Ethics Committee (REC). Further to its review by the committee and resting on the assumption of information accuracy and completeness, DCU REC is pleased to issue ethical approval for this research project. Please include reference to this approval in all materials used to recruit research participants.

Researchers are responsible for ensuring that the research project to which this ethical approval refers is carried out as specifically described in the application form. Should modifications to the research project be required at a later stage, researchers must submit a research amendment application form to REC for approval, prior to the implementation of modifications.

Please note that it is the responsibility of the PI to ensure that any other DCU compliance requirements relevant to the research project, such as those related to data protection, insurance, health and safety, or legal issues, are fully met in advance of initiating the project.

As part of DCU REC's ongoing monitoring process, a research progress report may be required. DCU REC will request this report from the PI as appropriate.

DCU REC wishes you every success in your research.

Yours sincerely,

A handwritten signature in black ink, appearing to read 'Dr. Melrona Kirrane', is written over a light blue horizontal line.

**Dr. Melrona Kirrane**  
Chairperson  
DCU Research Ethics Committee



**Taighde & Nuálaíocht Tacaíocht**  
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath,  
Baile Átha Cliath, Éire

**Research & Innovation Support**  
Dublin City University,  
Dublin 9, Ireland

T +353 1 700 8000  
F +353 1 700 8002  
E [research@dcu.ie](mailto:research@dcu.ie)  
[www.dcu.ie](http://www.dcu.ie)

## Aguisín D: Eolas faoi [Ainm.ie](http://Ainm.ie)

### a. Próiseas an digitithe

Bhain ceithre chéim leis an bpróiseas digitithe ó *Beathaisnéis* go *Ainm.ie*;


1. Reitreadhigitiú: Cuireadh leagan leictreonach de na himleabhair ar fáil agus easpórtáladh go foirm Microsoft DOCX iad. Rinneadh scagadh agus glanadh ar an téacs chomh maith le leasuithe a chur i gcrích (Ó Raghallaigh agus Ó Cleircín 2015, 21).
2. Réamhphróiseáil: Asbhaint meiteashonraí bunúsacha agus ionsá crostagairtí. Cláraíodh meiteashonraí bunúsacha go cúlghabhálach. Bhí sé riachtanach sonraí ar leith a bhaint de láimh. Rinneadh cuardach agus clibeáil inlíne ar ainmneacha aonán (*entity names*) i gcorp na beathaisnéise agus clibeáil ar logainmneacha, fhoilseacháin, eagraíochtaí, institiúidí oideachais, slite beatha agus páirtithe polaitiúla. Rinneadh clibeáil inlíne ar na beathaisnéisí a tháinig ón tsraith leabhar go huathoibríoch ag baint úsáid as clibeálaí a bhí in ann plé le huruithe agus séimhithe sa Ghaeilge (Ó Raghallaigh agus Ó Cleircín 2015, 21-2; Bhreathnach, et al. 2019, 2-3).
3. Próiseáil eagarthóireachta: D'oibrigh eagarthóirí ar na comhaid XML agus rinneadh seiceáil ar an réamhphróiseáil uathoibríoch agus ceartaíodh aon bhotúin. Cuireadh treoir stíle le chéile chun tagairtí, sleachta ó fhoilseacháin, dátaí agus uimhreacha a chaighdeánú agus stíl a mholadh i gcomhair na teanga. Chuathas trí sheanbheathaisnéisí chun cinntiú go raibh “comhleanúnachas” ann maidir le cúrsaí stíle, gramadach, agus litriú (Agallamh GÓC, 00:04:27). De bharr na treorach nua stíle agus de bharr fianaise agus faisnéise nua, cuireadh athruithe i gcrích ar 532 beathaisnéis ó *Beathaisnéis*. Le hionchur na n-údar rinneadh athdhréachtú ar bheathaisnéisí *Beathaisnéis* in amanna, cumascadh na forlíontaí leis na himleabhair déanacha chun iad “a shníomh isteach sa bheatha agus d'úsáideamar athrú rianaithe ar Word chun é sin a dhéanamh” (Agallamh MNL, 00:02:53; Ó Raghallaigh agus Ó Cleircín 2015, 22).
4. Iarphróiseáil: Ullmhúchán deiridh na mbeathaisnéisí i gcomhair fhoilsiú ar líne. Cruthaíodh uirlis a d'easpórtálfadh an bailiúchán ón taisclann go dtí an bunachar (Ó Raghallaigh agus Ó Cleircín 2015, 22).

## **b. Sonraí beathaisnéisí [Ainm.ie](http://Ainm.ie)**

Tá na sonraí beathaisnéisí Ainm.ie á gcoimeád i mbunachar sonraí. Tugann sé seo an deis na sonraí a stóráil agus a mhionathrú ar shlí éifeachtach. Stóráiltear gach leagan anseo chomh maith le gur féidir na hathruithe a dhéantar a rianú (Bhreathnach et. al 2019, 2). Ag gach beathaisnéis Ainm.ie, bíonn uimhir aitheantais ("ID") ar leith, teideal ("TITLE") ar leith, agus cáipéis XML ar leith (atá i bhformáid an Text Encoding Initiative) (Bhreathnach et. al 2019, 2). Is féidir an ID a úsáid chun teacht ar an mbeathaisnéis áirithe sin trí leagan HTML nó XML. Déantar an HTML as an XML réamhbhunaithe trí thrasfhoirmiú XSL (Bhreathnach et. al 2019, 2). Baineann an raon uimhreacha ID 1–1999 le himleabhair 1–9 *Beathaisnéis*, 2000–2999 leis na nótaí gairide ón 9 n-imleabhar, 3000–3999 leis na beathaisnéisí nua a scríobhadh idir 2010–2016, agus 5000+ leis na cinn a scríobhadh ó 2017 i leith (Bhreathnach et. al 2019, 2; Ó Raghallaigh agus Ó Cleircín 2015).

## **c. Saoráidí cuardaigh agus brabhsála**


Tá saoráidí cuardaigh agus brabhsála ar fáil ar shuíomh Ainm.ie chun an próiseas taighde agus brabhsála a éascú don léitheoir. I measc na n-acmhainní atá ar fáil ó na cluaisíní ar an leathanach baile tá boscaí cuardaigh, cuardach lántéacs, liosta aibítreach beathaisnéisí, amlíne beathaisnéisí, liosta téamaí sna beathaisnéisí, léarscáil agus díolamaí. Tá an bosca eolais ar thaobh gach beathaisnéise chomh maith. Tá an bosca cuardaigh le fáil ar an leathanach baile agus ag barr an scáileáin agus tú ar leathanach beathaisnéise chomh maith. Is féidir cuardach a dhéanamh ar eochairfhocail agus ar fhrásaí leis an ‘Cuardach Lántéacs’. Tá liosta aibítreach na mbeathaisnéisí le fáil tríd an gcluaisín ar an leathanach baile. Tá na beathaisnéisí le feiceáil in ord aibítre na sloinnte roinnte faoi na litreacha ar leith. Is féidir cliceáil ar an ainm agus treoraítear chun na beathaisnéise sin thú. Tá ainmneacha na mban le feiceáil faoin leagan baineann agus fireann dá sloinnte (Ó Raghallaigh agus Ó Cleircín 2015, 23).



Figiúr 26:Cluaisín ‘Amlíne’ Ainm.ie<sup>221</sup>

Sa chluaisín ‘Amlíne’ is féidir cuardach a dhéanamh ar dhaoine a rugadh nó a cailleadh sa bhliain sin. Is féidir do rogha bliain a chur isteach nó is féidir dul siar san amlíne de láimh. Is iad na téamaí seo a leanas atá le fáil faoin gcluaisín ‘Téamaí’: ‘Logainmneacha’, ‘Saothair’, ‘Conradh na Gaeilge’, ‘Institiúidí oideachais’, ‘Slite beatha’, ‘Páirtithe polaitíochta’, agus ‘Ainmneacha cleite agus eile’. Chun na téamaí seo a roghnú baineadh úsáid as an naoú himleabhar de *Beathaisnéis*. A bhfuí leis an gclibeáil a tharlaíonn ar gach beathaisnéis is féidir scagadh a dhéanamh ar na téamaí seo ar fad trí chliceáil orthu sa rannóg seo den suíomh agus is féidir na tagairtí ar fad den téama sin, abair ‘Ainmneacha cleite’ (i mBéarla agus i nGaeilge), a fheiceáil in ord minicíochta nó in ord aibítire, agus is féidir chomh maith na cinn is coitianta a fheiceáil nó iad ar fad a fheiceáil. Toisc go bhfuil na téamaí leathan go leor is féidir scagadh breise a dhéanamh orthu de réir fhothéama chomh maith.

<sup>221</sup> Rochtain faighte: 15/10/2024.



Figiúr 27: Ainmneacha cleite agus eile’ atá faoin gcluaisín ‘Téamaí’ in Ainm.ie.<sup>222</sup>

Is féidir cuardach a dhéanamh ar na logainmneacha atá nasctha le hábhair bheathaisnéisí Ainm.ie trí bhrabhsáil faoin gcluaisín ‘Léarscáil’. De réir suíomh Ainm.ie, tá thart ar 11,000 tagairt do thart ar 2,500 logainm ar oileán na hÉireann clibeáilte sna beathaisnéisí agus 1,700 tagairt do 550 logainm thar lear. Mar a luaitear, tá na logainmneacha Éireannacha clibeáilte ag baint úsáid as an uimhir ID Bhunachar Logainmneacha na hÉireann, Logainm.ie. Baintear úsáid as an mbunachar geografach GeoNames do na cinn idirnáisiúnta. Rinneadh é seo i gcomhair gach logainm luaite i mbeathaisnéisí Ainm.ie. Bíonn naisc ar fáil ar Logainm.ie do dhaoine ar rugadh san áit sin iad, agus naisc don bhéaloideas ón áit sin atá ar fáil in dúchas.ie (Agallamh CME; MNL). Foilsítear neart díolama ar shuíomh an bhunachair chomh maith, scríofa ag baill d’fhoireann Fiontar & Scoil na Gaeilge, lena n-áirítear ‘[Aistritheoirí Synge](#)’ (2022) le Jamie Murphy, ‘[Scoláirí Logainmníochta](#)’ (2021) le Justin Ó Gliasáin, ‘[Na bailitheoirí béaloidis](#)’ (2019) le hÉadaoin Ní Mhuircheartaigh ‘[Amhránaíocht ar an sean-nós](#)’ (2018) le Síle Denvir, agus ‘[Beathaí 1916](#)’ (2016). Is é aidhm na ndíolamaí seo túsphointe a thabhairt den phobal ar réimsí ar leith den teanga sna beathaisnéisí (Bhreathnach, et al. 2019, 1). Mar aon leis na díolamaí, ar uairibh, foilsítear blaganna faoi Ainm.ie ar shuíomh Gaois.ie, a réachtálann an fhoireann taighde Gaois. I measc na cinn a bhaineann le hinscne tá ‘[Beathaí Ainm agus ceisteanna combhionannais inscne](#)’ (9/12/2019), agus ‘[Protastúnaigh mhná Chúige Uladh in Ainm](#)’ (24/08/2015).

<sup>222</sup> Rochtain faighte: [15/10/2024].